ISSN 1977-107X

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

26 Deireadh Fómhair 2012

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Clár

Leathanach

**Leaganacha comhdhlúite den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** ........ 1

An Conradh ar an Aontas Eorpach (leagan comhdhlúite) ........ 13

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (leagan comhdhlúite) ........ 47

Prótacail ........ 201

Iarscríbhinní ........ 331

Dearbhuithe a cuireadh i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na Comhdhála Idir-Rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin arna shíniú an 13 Nollaig 2007 ........ 337

Táblaí comhghaoil ........ 363

**Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh** ........ 391

**Nóta don léitheoir** (Féach an dara leathanach den chlúdach)

GA

**Praghas:**
**EUR 10,50**

* Faoin tagairt C 326 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

## COMHAIRLE DON LÉITHEOIR

Is éard atá san fhoilseachán seo na leaganacha comhdhlúite den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar aon leis na Prótacail a chuirtear i gceangal leis na Conarthaí sin agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis na Conarthaí sin, amhail mar atá siad tar éis na leasuithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin arna shíniú i Liospóin an 13 Nollaig 2007, ar conradh é a thainig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009. Tá na dearbhuithe ann freisin a cuireadh i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na Comhdhála Idir-Rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin.

Gheofar san fhoilseachán seo freisin an leasú a rinneadh leis an bPrótacal lena leasaítear an Prótacal maidir le forálacha idirthréimhseacha atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Rinneadh na ceartúcháin a glacadh i mí na Nollag 2011 a ionchorprú san fhoilseachán seo freisin. Gheofar san fhoilseachán seo freisin Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún in Strasbourg an 12 Nollaig 2007 (IO C 303, 14.12.2007, leathanach 1). Leis an téacs seo, déantar an Chairt a fógraíodh an 7 Nollaig 2000 a atáirgeadh, agus leasú á déanamh uirthi, agus déantar ionad na Cairte a ghabháil ón 1 Nollaig 2009, an dáta ar tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm. De bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 6(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tá an stádas dlí céanna ag an gCairt a fógraíodh sa bhliain 2007 agus atá ag na Conarthaí.

Is áis dhoiciméadach é an foilseachán seo nach gcuireann aon dliteanas ar institiúidí an Aontais Eorpaigh.

# LEAGANACHA COMHDHLÚITE

## DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH

## AGUS

## DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH

(2012/C 326/01)

# Clár


| | | Leathanach |
|---|---|---|
| **AN CONRADH AR AN AONTAS EORPACH (LEAGAN COMHDHLÚITE)** | | 13 |
| BROLLACH | | 15 |
| TEIDEAL I | FORÁLACHA COITEANNA | 16 |
| TEIDEAL II | FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA PRIONSABAIL DHAONLATHACHA | 20 |
| TEIDEAL III | FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA hINSTITIÚIDÍ | 22 |
| TEIDEAL IV | FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHAR FEABHSAITHE | 27 |
| TEIDEAL V | FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS AGUS FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA | 28 |
| Caibidil 1 | Forálacha ginearálta maidir le Gníomhaíocht Sheachtrach an Aontais | 28 |
| Caibidil 2 | Forálacha sonracha maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála | 30 |
| Roinn 1 | Forálacha coiteanna | 30 |
| Roinn 2 | Forálacha maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta | 38 |
| TEIDEAL VI | FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA | 41 |
| **AN CONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH (LEAGAN COMHDHLÚITE)** | | 47 |
| BROLLACH | | 49 |
| CUID A hAON | PRIONSABAIL | 50 |
| TEIDEAL I | CATAGÓIRÍ AGUS RÉIMSÍ INNIÚLACHTA AN AONTAIS | 50 |
| TEIDEAL II | FORÁLACHA A bhFUIL FEIDHM GHINEARÁLTA ACU | 53 |
| CUID A DÓ | NEAMH-IDIRDHEALÚ AGUS SAORÁNACHT AN AONTAIS | 56 |
| CUID A TRÍ | BEARTAIS AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INMHEÁNACHA AN AONTAIS | 59 |
| TEIDEAL I | AN MARGADH INMHEÁNACH | 59 |
| TEIDEAL II | SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ | 59 |
| Caibidil 1 | An tAontas Custaim | 60 |

| | | Leathanach |
|---|---|---|
| Caibidil 2 | Comhar custaim | 61 |
| Caibidil 3 | Srianta cainníochtúla idir na Ballstáit a thoirmeasc | 61 |
| TEIDEAL III | AN TALMHAÍOCHT AGUS AN tIASCACH | 62 |
| TEIDEAL IV | SAORGHLUAISEACHT DAOINE, SEIRBHÍSÍ AGUS CAIPITIL | 65 |
| Caibidil 1 | Oibrithe | 65 |
| Caibidil 2 | Ceart Bunaíochta | 67 |
| Caibidil 3 | Seirbhísí | 70 |
| Caibidil 4 | Caipiteal agus Íocaíochtaí | 71 |
| TEIDEAL V | AN LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS | 73 |
| Caibidil 1 | Forálacha ginearálta | 73 |
| Caibidil 2 | Beartais maidir le seiceálacha teorann, le tearmann agus le hinimirce | 75 |
| Caibidil 3 | Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta | 78 |
| Caibidil 4 | Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla | 79 |
| Caibidil 5 | Comhar póilíneachta | 83 |
| TEIDEAL VI | IOMPAR | 85 |
| TEIDEAL VII | COMHRIALACHA MAIDIR LE hIOMAÍOCHT, LE CÁNACHAS AGUS LE COMHFHOGASÚ REACHTAÍOCHTA | 88 |
| Caibidil 1 | Rialacha iomaíochta | 88 |
| Roinn 1 | Rialacha a bhaineann le gnóthais | 88 |
| Roinn 2 | Cabhracha ó Stáit | 91 |
| Caibidil 2 | Forálacha cánachais | 93 |
| Caibidil 3 | Dlíthe a chomhfhogasú | 94 |
| TEIDEAL VIII | BEARTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA | 96 |
| Caibidil 1 | Beartas eacnamaíoch | 97 |
| Caibidil 2 | Beartas airgeadaíochta | 102 |
| Caibidil 3 | Forálacha institiúideacha | 105 |

| | | | Leathanach |
|---|---|---|---|
| | Caibidil 4 | Forálacha is sonrach do Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 106 |
| | Caibidil 5 | Forálacha idirthréimhseacha . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 107 |
| | TEIDEAL IX | FOSTAÍOCHT . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 112 |
| | TEIDEAL X | BEARTAS SÓISIALTA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 114 |
| | TEIDEAL XI | CISTE SÓISIALTA NA hEORPA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 119 |
| | TEIDEAL XII | OIDEACHAS, GAIRMOILIÚINT, AN ÓIGE AGUS AN SPÓRT | 120 |
| | TEIDEAL XIII | CULTÚR . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 121 |
| | TEIDEAL XIV | SLÁINTE PHOIBLÍ . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 122 |
| | TEIDEAL XV | COSAINT AN TOMHALTÓRA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 124 |
| | TEIDEAL XVI | GRÉASÁIN THRAS-EORPACHA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 124 |
| | TEIDEAL XVII | TIONSCAL . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 126 |
| | TEIDEAL XVIII | COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 127 |
| | TEIDEAL XIX | TAIGHDE AGUS FORBAIRT THEICNEOLAÍOCH AGUS AN SPÁS . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 128 |
| | TEIDEAL XX | COMHSHAOL . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 132 |
| | TEIDEAL XXI | FUINNEAMH . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 134 |
| | TEIDEAL XXII | TURASÓIREACHT . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 135 |
| | TEIDEAL XXIII | COSAINT SHIBHIALTA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 135 |
| | TEIDEAL XXIV | COMHAR RIARACHÁIN . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 136 |
| CUID A CEATHAIR | | TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR A CHOMHLACHÚ | 137 |
| CUID A CÚIG | | GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS . . . . . . . . | 139 |
| | TEIDEAL I | FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 139 |
| | TEIDEAL II | COMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 139 |
| | TEIDEAL III | COMHAR LE TRÍÚ TÍORTHA AGUS CABHAIR DHAONNÚIL | 141 |
| | Caibidil 1 | Comhar um fhorbairt . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 141 |
| | Caibidil 2 | Comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha | 142 |
| | Caibidil 3 | Cabhair dhaonnúil . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 143 |

Leathanach

TEIDEAL IV BEARTA SRIANTACHA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 144

TEIDEAL V COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA . . . . . . . . . . . . . . . . . . 144

TEIDEAL VI CAIDREAMH AN AONTAIS LE hEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA AGUS LE TRÍÚ TÍORTHA AGUS TOSCAIREACHTAÍ AN AONTAIS . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 147

TEIDEAL VII CLÁSAL DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 148

CUID A SÉ FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA AGUS AIRGEADAIS . . . . . . . . . . . 149

TEIDEAL I FORÁLACHA AG RIALÚ NA nINSTITIÚIDÍ . . . . . . . . . . . . . . . . . 149

Caibidil 1 Na hInstitiúidí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 149

Roinn 1 Parlaimint na hEorpa . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 149

Roinn 2 An Chomhairle Eorpach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 152

Roinn 3 An Chomhairle . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 153

Roinn 4 An Coimisiún . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 155

Roinn 5 Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . . . . 157

Roinn 6 An Banc Ceannais Eorpach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 167

Roinn 7 An Chúirt Iniúchóirí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 169

Caibidil 2 Gníomhartha dlí an Aontais, nósanna imeachta glactha agus forálacha eile . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 171

Roinn 1 Gníomhartha dlí an Aontais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 171

Roinn 2 Nósanna imeachta chun gníomhartha agus forálacha eile a ghlacadh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 173

Caibidil 3 Comhlachtaí comhairleacha an Aontais . . . . . . . . . . . . . . . . . 177

Roinn 1 An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta . . . . . . . . . . . . . 177

Roinn 2 Coiste na Réigiún . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 178

Caibidil 4 An Banc Eorpach Infheistíochta . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 180

TEIDEAL II FORÁLACHA AIRGEADAIS . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 181

Caibidil 1 Acmhainní dílse an Aontais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 181

Caibidil 2 An creat airgeadais ilbhliantúil . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 182

Caibidil 3 Buiséad bliantúil an Aontais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 183

Caibidil 4 An buiséad a chur chun feidhme agus a urscaoileadh . . . . . . 186

| | | Leathanach |
|---|---|---|
| Caibidil 5 | Forálacha coitianta | 187 |
| Caibidil 6 | An comhrac in aghaidh na calaoise | 188 |
| TEIDEAL III | COMHAR FEABHSAITHE | 189 |
| CUID A SEACHT | FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA | 192 |
| **PRÓTACAIL** | | 201 |
| Prótacal (Uimh. 1) | maidir le Ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach | 203 |
| Prótacal (Uimh. 2) | maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm | 206 |
| Prótacal (Uimh. 3) | ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | 210 |
| Prótacal (Uimh. 4) | maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh | 230 |
| Prótacal (Uimh. 5) | ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta | 251 |
| Prótacal (Uimh. 6) | maidir le suímh institiúidí an Aontais Eorpaigh, suímh comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh a shocrú | 265 |
| Prótacal (Uimh. 7) | ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh | 266 |
| Prótacal (Uimh. 8) | a bhaineann le hAirteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir leis an Aontas a aontú don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint | 273 |
| Prótacal (Uimh. 9) | a bhaineann leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh idir an 1 Samhain 2014 agus an 31 Márta 2017, de pháirt amháin, agus ón 1 Aibreán 2017 ar aghaidh, den pháirt eile | 274 |
| Prótacal (Uimh. 10) | maidir leis an mbuanchomhar struchtúrtha arna bhunú le hAirteagal 42 den Chonradh ar an Aontas Eorpach | 275 |
| Prótacal (Uimh. 11) | maidir le hAirteagal 42 den Chonradh ar an Aontas Eorpach | 278 |
| Prótacal (Uimh. 12) | maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach | 279 |
| Prótacal (Uimh. 13) | maidir leis na critéir um chóineasú | 281 |
| Prótacal (Uimh. 14) | maidir leis an nGrúpa Euro | 283 |

| | | Leathanach |
|---|---|---|
| Prótacal (Uimh. 15) | maidir le forálacha áirithe a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann . . . . . . . . . . . . . . . . | 284 |
| Prótacal (Uimh. 16) | maidir le foralácha áirithe a bhaineann leis an Danmhairg . . . | 287 |
| Prótacal (Uimh. 17) | maidir leis an Danmhairg . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 288 |
| Prótacal (Uimh. 18) | maidir leis an bhFrainc . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 289 |
| Prótacal (Uimh. 19) | maidir le acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 290 |
| Prótacal (Uimh. 20) | maidir le gnéithe áirithe d'Airteagal 26 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar an Ríocht Aontaithe agus ar Éirinn . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 293 |
| Prótacal (Uimh. 21) | maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais . . . . . . . . . . . . . | 295 |
| Prótacal (Uimh. 22) | maidir le seasamh na Danmhairge . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 299 |
| Prótacal (Uimh. 23) | maidir le caidreamh eachtrach na mBallstát i dtaca le teorainneacha seachtracha a thrasnú . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 304 |
| Prótacal (Uimh. 24) | maidir le tearmann do náisiúnaigh de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 305 |
| Prótacal (Uimh. 25) | maidir le hinniúlachtaí roinnte a fheidhmiú . . . . . . . . . . . . . . | 307 |
| Prótacal (Uimh. 26) | maidir le seirbhísí leasa ghinearálta . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 308 |
| Prótacal (Uimh. 27) | maidir leis an margadh inmheánach agus an iomaíocht . . . . . | 309 |
| Prótacal (Uimh. 28) | maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach . . | 310 |
| Prótacal (Uimh. 29) | maidir leis an gcóras craolacháin phoiblí sna Ballstáit . . . . . . . | 312 |
| Prótacal (Uimh. 30) | maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir leis an bPolainn agus leis an Ríocht Aontaithe . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 313 |
| Prótacal (Uimh. 31) | maidir le hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach ar tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre . . . . . . . . . . . . . | 315 |
| Prótacal (Uimh. 32) | maidir le maoin a fháil sa Danmhairg . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 318 |
| Prótacal (Uimh. 33) | maidir le hAirteagal 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 319 |

Leathanach

Prótacal (Uimh. 34) ar shocruithe speisialta don Ghraonlainn . . . . . . . . . . . . . . . . 320

Prótacal (Uimh. 35) maidir le hAirteagal 40.3.3 de Bhunreacht na hÉireann . . . . . . 321

Prótacal (Uimh. 36) maidir le forálacha idirthréimhseacha . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 322

Prótacal (Uimh. 37) maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach . . . 328

**IARSCRÍBHINNÍ** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 331

IARSCRÍBHINN I Liosta dá dtagraítear in Airteagal 38 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 333

IARSCRÍBHINN II Tíortha agus críocha thar lear lena mbaineann forálacha Chuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 336

**DEARBHUITHE** a cuireadh i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na Comhdhála Idir-Rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin arna shíniú an 13 Nollaig 2007 . . . . . . . . . . 337

A. DEARBHUITHE A BHAINEANN LE FORÁLACHA NA gCONARTHAÍ . . . . . . . . . 339

1. Dearbhú maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh . . . . . . . 339

2. Dearbhú maidir le hAirteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach . . . . . 339

3. Dearbhú maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach . . . . . . . 339

4. Dearbhú maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa . . . . . . . . . . . . . . . 339

5. Dearbhú a bhaineann le cinneadh polaitiúil na Comhairle Eorpaí maidir leis an dréacht-Chinneadh i ndáil le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa . . . . . . . . 339

6. Dearbhú maidir le hAirteagal 15(5) agus (6), le hAirteagal 17(6) agus (7) agus le hAirteagal 18 den Chonradh ar an Aontas Eorpach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 340

7. Dearbhú maidir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus maidir le hAirteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 340

8. Dearbhú maidir leis na bearta praiticiúla a thógfar ar theacht i bhfeidhm do Chonradh Liospóin, a mhéid a bhaineann le hUachtaránacht na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle Gnóthaí Eachtracha . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 342

9. Dearbhú maidir le hAirteagal 16(9) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bhaineann leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 343

10. Dearbhú maidir le hAirteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach . . . . . . 344

11. Dearbhú maidir le hAirteagal 17(6) agus (7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach 344

12. Dearbhú maidir le hAirteagal 18 den Chonradh ar an Aontas Eorpach . . . . . . 344

Leathanach

13. Dearbhú maidir leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála ............ 345

14. Dearbhú maidir leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála ............ 345

15. Dearbhú maidir le hAirteagal 27 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ...... 345

16. Dearbhú maidir le hAirteagal 55(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach .... 346

17. Dearbhú maidir le tosaíocht ........................................ 346

18. Dearbhú maidir le hinniúlachtaí a theorannú ........................ 346

19. Dearbhú maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 347

20. Dearbhú maidir le hAirteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 347

21. Dearbhú maidir le sonraí pearsanta a chosaint i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus an chomhair phóilíneachta ......... 347

22. Dearbhú maidir le hAirteagail 48 agus 79 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 348

23. Dearbhú maidir leis an dara mír d'Airteagal 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 348

24. Dearbhú maidir le pearsantacht dhlítheanach an Aontais Eorpaigh .......... 348

25. Dearbhú maidir le hAirteagail 75 agus 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 348

26. Dearbhú maidir le neamh-rannpháirtíocht Ballstáit i mbeart atá bunaithe ar Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh . 348

27. Dearbhú maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 85(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 349

28. Dearbhú maidir le hAirteagal 98 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 349

29. Dearbhú maidir le hAirteagal 107(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 349

30. Dearbhú maidir le hAirteagal 126 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 349

31. Dearbhú maidir le hAirteagal 156 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 350

32. Dearbhú maidir le hAirteagal 168(4)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 350

33. Dearbhú maidir le hAirteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 351

34. Dearbhú maidir le hAirteagal 179 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 351

35. Dearbhú maidir le hAirteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ............................................ 351

Leathanach

36. Dearbhú maidir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis na Ballstáit comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais ... 351

37. Dearbhú maidir le hAirteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ... 351

38. Dearbhú i ndáil le hAirteagal 252 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le líon na nAbhcóidí Ginearálta sa Chúirt Bhreithiúnais 352

39. Dearbhú maidir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ... 352

40. Dearbhú maidir le hAirteagal 329 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ... 352

41. Dearbhú maidir le hAirteagal 352 ... 352

42. Dearbhú maidir le hAirteagal 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ... 353

43. Dearbhú maidir le hAirteagal 355(6) ... 353

B. DEARBHUITHE A BHAINEANN LE PRÓTACAIL ATÁ I gCEANGAL LEIS NA CONARTHAÍ ... 354

44. Dearbhú maidir le hAirteagal 5 den Phrótacal maidir le acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh ... 354

45. Dearbhú maidir le hAirteagal 5(2) den Phrótacal maidir le acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh ... 354

46. Dearbhú maidir le hAirteagal 5(3) den Phrótacal maidir le acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh ... 354

47. Dearbhú maidir le hAirteagal 5(3), (4) agus (5) den Phrótacal maidir le acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh ... 354

48. Dearbhú maidir leis an bPrótacal maidir le seasamh na Danmhairge ... 355

49. Dearbhú maidir leis an Iodáil ... 355

50. Dearbhú maidir le hAirteagal 10 den Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseacha ... 356

C. DEARBHUITHE Ó BHALLSTÁIT ... 357

51. Dearbhú ó Ríocht na Beilge maidir leis na Parlaimintí náisiúnta ... 357

52. Dearbhú ó Ríocht na Beilge, ó Phoblacht na Bulgáire, ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, ón bPoblacht Heilléanach, ó Ríocht na Spáinne, ó Phoblacht na hIodáile, ó Phoblacht na Cipire, ó Phoblacht na Liotuáine, ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, ó Phoblacht na hUngáire, ó Phoblacht Mhálta, ó Phoblacht na hOstaire, ó Phoblacht na Portaingéile, ón Rómáin, ó Phoblacht na Slóivéine agus ó Phoblacht na Slóvaice maidir le siombail an Aontais Eorpaigh ... 357

53. Dearbhú ó Phoblacht na Seice maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ... 357

Leathanach

54. Dearbhú ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, ó Éirinn, ó Phoblacht na hUngáire, ó Phoblacht na hOstaire agus ó Ríocht na Sualainne . . . . . . . . . . . . 358

55. Dearbhú ó Ríocht na Spáinne agus ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire . . . 358

56. Dearbhú ó Éirinn maidir le hAirteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 358

57. Dearbhú ó Phoblacht na hIodáile maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa 359

58. Dearbhú ó Phoblacht na Laitvia, ó Phoblacht na hUngáire agus ó Phoblacht Mhálta maidir le litriú ainm an airgeadra aonair sna Conarthaí . . . . . . . . . . . . 359

59. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le hAirteagal 312 den Chonradh . . . . . . 359

60. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le hAirteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 360

61. Dearbhú ó Phoblacht na Polainne maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 360

62. Dearbhú ó Phoblacht na Polainne maidir leis an bPrótacal maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir leis an bPolainn agus leis an Ríocht Aontaithe . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 360

63. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le sainiú an téarma "náisiúnaigh" . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 360

64. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gceart vótála sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa . . . . . . . . . . . . . 360

65. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le hAirteagal 75 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . 361

**Táblaí comhghaoil** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 363

An Conradh ar an Aontas Eorpach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 363

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 368

# AN CONRADH AR AN AONTAS EORPACH

# (LEAGAN COMHDHLÚITE)

## BROLLACH

TÁ A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH, A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE, UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE, UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ, A SHOILSE RÍ NA SPÁINNE, UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE, UACHTARÁN NA hÉIREANN, UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE, A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG, A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE, UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE, A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN ([1]),

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU tús a chur le céim nua i bpróiseas na lánpháirtíochta Eorpaí a gabhadh ar láimh le bunú na gComhphobal Eorpach,

AGUS INSPIORÁID Á FÁIL acu ó oidhreacht chultúrtha, reiligiúnach agus dhaonnach na hEorpa, ónar fhabhraigh na luachanna uilechoiteanna arb éard iad na cearta dosháraithe doshannta atá ag an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas agus an smacht reachta,

AG MEABHRÚ DÓIBH tábhacht stairiúil deireadh a bheith curtha le roinnt mhór-roinn na hEorpa agus an gá atá ann le boinn dhaingne a chruthú do thógáil Eoraip na todhchaí,

AG DAINGNIÚ a gcion le prionsabail na saoirse, an daonlathais agus urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, agus smachta reachta,

AG DAINGNIÚ a gcion leis na cearta sóisialta bunúsacha mar atá siad sainithe i gCairt Shóisialta na hEorpa arna síniú in Torino ar an 18 Deireadh Fómhair 1961 agus i gCairt Chomhphobail 1989 um chearta sóisialta bunúsacha le haghaidh oibrithe,

ÓS MIAN LEO an dlúthpháirtíocht idir a bpobail a neartú agus a stair, a gcultúr agus a dtraidisiúin á n-urramú acu,

ÓS MIAN LEO oibriú daonlathach agus éifeachtach na n-institiúidí a fheabhsú tuilleadh chun a chumasú dóibh na cúraimí atá curtha orthu a chur i gcrích níos fearr laistigh de chreat institiúideach aonair,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU neartú agus cóineasú a ngeilleagar a ghnóthú agus aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhunú, lena n-áirítear, i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, airgeadra aonair cobhsaí,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a chur ar aghaidh dá bpobail, ag tabhairt aird ar phrionsabal na forbartha inbhuanaithe agus faoi chuimsiú ghnóthú an mhargaidh inmheánaigh agus athneartú ar chomhtháthú agus ar chosaint an chomhshaoil, agus beartais a chur chun feidhme a áiritheoidh go mbeidh dul chun cinn comhthreomhar i réimsí eile ag gabháil le haon dul chun cinn sa lánpháirtíocht eacnamaíoch,

([1]) Tá Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne tar éis teacht chun bheith ina gcomhaltaí den Aontas Eorpach ó shin.

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU saoránacht a bhunú is coiteann do náisiúnaigh a dtíortha,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU comhbheartas eachtrach agus slándála a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhbheartas cosanta a chumadh go comhleanúnach, as a bhféadfadh comhchosaint teacht i gcomhréir le forálacha Airteagal 42, ag athneartú ar an dóigh sin na féiniúlachta Eorpaí agus a neamhspleáchais, d'fhonn an tsíocháin, an tslándáil agus an dul chun cinn san Eoraip agus ar domhan a chur ar aghaidh,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU saorghluaiseacht daoine a éascú, agus sábháilteacht agus slándáil a bpobal á n-áirithiú acu, trí limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur ar bun, i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU leanúint den síorphróiseas ionsar aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa ina nglactar cinntí ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta,

I bhFIANAISE na gcéimeanna eile is gá a ghlacadh chun an lánpháirtíocht Eorpach a chur ar aghaidh,

TAR ÉIS CINNEADH Aontas Eorpach a bhunú agus chun na críche sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar lánchumhachtaigh:

*(liosta na lánchumhachtach gan atáirgeadh)*

NOCH A RINNE, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird a chéile, comhaontú mar a leanas:

## TEIDEAL I

## **FORÁLACHA COITEANNA**

### *Airteagal 1*

(sean-Airteagal 1 CAE) ([1])

Leis an gConradh seo, bunaíonn na hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA AONTAS EORPACH eatarthu féin, dá ngairtear "an tAontas" anseo feasta, dá dtugann na Ballstáit inniúlachtaí chun na cuspóirí is coiteann dóibh a bhaint amach.

Céim nua sa síorphróiseas ionsar aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa is ea an Conradh seo, ina nglactar cinntí ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir.

Fothófar an tAontas ar an gConradh seo agus ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear "na Conarthaí" anseo feasta). Beidh an stádas dlí céanna ag an dá Chonradh sin. Gabhfaidh an tAontas ionad an Chomhphobail Eorpaigh agus tiocfaidh sé i gcomharbas air.

([1]) Níl sa tagairt seo ach treoir. Tá faisnéis níos cuimsithí sna táblaí a léiríonn an comhghaol idir an seanuimhriú agus an t-uimhriú nua ar na conarthaí.

*Airteagal 2*

Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.

*Airteagal 3*

(sean-Airteagal 2 CAE)

1. Is é is aidhm don Aontas an tsíocháin, a chuid luachanna agus dea-bhail a chuid pobal a chur chun cinn.

2. Cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.

3. Bunóidh an tAontas margadh inmheánach. Oibreoidh an tAontas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe na hEorpa arna fothú ar an bhfás eacnamaíoch cothromúil agus ar chobhsaíocht praghsanna, ar gheilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar agus arb é is aidhm dó an lánfhostaíocht agus an dul chun cinn sóisialta, agus ar ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus ar ardleibhéal feabhsaithe ar a cháilíocht. Déanfaidh sé dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch a chur chun cinn.

Déanfaidh sé an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus an ceartas sóisialta agus an chosaint shóisialta, an comhionannas idir mná agus fir, an dlúthpháirtíocht idir na glúnta agus an chosaint ar chearta an linbh a chur chun cinn.

Cuirfidh sé chun cinn an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, mar aon leis an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit.

Urramóidh sé saibhreas a éagsúlachta cultúrtha agus teanga, agus áiritheoidh sé go ndéanfar oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú agus a fheabhsú.

4. Bunóidh an tAontas aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhfuil an euro mar airgeadra aige.

5. Ina chaidreamh leis an domhan mór, déanfaidh an tAontas a chuid luachanna agus leasanna a chumhdach agus a chur chun cinn agus rannchuideoidh sé le cosaint a shaoránach. Rannchuideoidh sé leis an tsíocháin, leis an tslándáil, le forbairt inbhuanaithe na Cruinne, leis an dlúthpháirtíocht agus leis an meas frithpháirteach idir na pobail, leis an tsaorthrádáil chóir, le deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus cearta an duine agus cearta an linbh go háirithe a chosaint, leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a urramú.

6. Saothróidh an tAontas a chuspóirí trí mheáin iomchuí atá comhchuimseach leis na hinniúlachtaí atá tugtha dó sna Conarthaí.

*Airteagal 4*

1. I gcomhréir le hAirteagal 5, inniúlachtaí nach bhfuil tugtha don Aontas sna Conarthaí, fanann siad ag na Ballstáit.

2. Urramóidh an tAontas comhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí, mar aon lena bhféiniúlacht náisiúnta atá ina cuid dhílis dá struchtúir bhunúsacha idir pholaitiúil agus bhunreachtúil, lena n-áirítear an fhéinriail áitiúil agus réigiúnach. Urramóidh sé a bhfeidhmeanna sár-riachtanacha Stáit, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú, an smacht reachta a chaomhnú agus an tslándáil náisiúnta a choimirciú. Fanfaidh an tslándáil náisiúnta, go háirithe, ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin.

3. De bhua phrionsabal an chomhair dhílis, beidh an tAontas agus na Ballstáit de chúnamh ag a chéile, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, i dtaca le cúraimí a chineann ó na Conarthaí a chur i gcrích.

Glacfaidh na Ballstáit gach beart ginearálta nó leithleach is iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a thig ó na Conarthaí nó de dhroim gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais.

Éascóidh na Ballstáit gnóthú chúraimí an Aontais agus staonfaidh siad ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Aontais a chur i gcontúirt.

*Airteagal 5*

(sean-Airteagal 5 CCE)

1. Tá teorainneacha inniúlachtaí an Aontais faoi rialú ag prionsabal na tabhartha. Tá feidhmiú na n-inniúlachtaí faoi rialú ag prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

2. Faoi phrionsabal na tabhartha, gníomhóidh an tAontas faoi theorainneacha na n-inniúlachtaí atá tugtha dó ag na Ballstáit sna Conarthaí d'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach sna Conarthaí a bhaint amach. Inniúlachtaí nach bhfuil tugtha don Aontas sna Conarthaí, fanann siad ag na Ballstáit.

3. Faoi phrionsabal na coimhdeachta, ní ghníomhóidh an tAontas, sna réimsí nach dtig faoina inniúlacht eisiach, ach amháin mura féidir agus a mhéad nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta arna beartú a ghnóthú go leordhóthanach, bíodh sé ar leibhéal lárnach nó ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, ach gur féidir, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta arna beartú, na cuspóirí sin a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais.

Cuirfidh institiúidí an Aontais prionsabal na coimhdeachta i bhfeidhm i gcomhréir leis an bPrótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm. Áiritheoidh na Parlaimintí náisiúnta go ndéanfar an prionsabal sin a chomhlíonadh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach sa Phrótacal sin.

4. Faoi phrionsabal na comhréireachta, ní rachaidh inneachar agus foirm ghníomhaíocht an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach.

Cuirfidh institiúidí an Aontais prionsabal na comhréireachta i bhfeidhm i gcomhréir leis an bPrótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 6*

(sean-Airteagal 6 CAE)

1. Aithníonn an tAontas na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá leagtha amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an 7 Nollaig 2000, amhail mar a oiriúnaíodh í an 12 Nollaig 2007, in Strasbourg, a mbeidh an stádas dlí céanna leis na Conarthaí aici.

Ní dhéanfaidh forálacha na Cairte inniúlachtaí an Aontais, mar atá siad sainithe sna Conarthaí, a leathnú in aon slí.

Forléireofar na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá leagtha amach sa Chairt i gcomhréir le forálacha ginearálta Theideal VII den Chairt a bhfuil léiriú agus cur i bhfeidhm na Cairte faoina rialú agus aird chuí á tabhairt ar na míniúcháin dá dtagraítear sa Chairt agus lena sonraítear foinsí na bhforálacha sin.

2. Aontóidh an tAontas don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Ní dhéanfaidh an t–aontachas sin difear d'inniúlachtaí an Aontais mar atá siad sainithe sna Conarthaí.

3. Is prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a bheidh sna cearta bunúsacha mar atá siad ráthaithe leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus mar a thig siad as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit.

*Airteagal 7*

(sean-Airteagal 7 CAE)

1. Ar thogra réasúnaithe ó aon trian de na Ballstáit, ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gCoimisiún Eorpach, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí cheithre chúigiú dá comhaltaí tar éis toiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil, a shuíomh go bhfuil baol soiléir ann Ballstát do dhéanamh sárú tromchúiseach ar na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2. Sula suífidh sí amhlaidh, éistfidh an Chomhairle an Ballstát i dtrácht agus féadfaidh sí, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta céanna, moltaí a dhíriú chuig an mBallstát sin.

Athbhreithneoidh an Chomhairle go tráthrialta an bhfuil feidhm i gcónaí ag na forais a bhí lena suíomh amhlaidh.

2. Féadfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó thrian de na Ballstáit nó ón gCoimisiún Eorpach agus tar éis toiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil, a shuíomh go bhfuil sárú tromchúiseach leanúnach á dhéanamh ag Ballstát ar na luachanna dá dtagraítear ag Airteagal 2, tar éis iarraidh ar an mBallstát i gceist a bharúlacha a thíolacadh.

3. Nuair a shuífear amhlaidh faoi mhír 2, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh cearta áirithe a chineann ó na Conarthaí a chur i bhfeidhm ar an mBallstát i gceist a fhionraí, lena n-áirítear cearta vótála ionadaí rialtas an Bhallstáit sin sa Chomhairle. Lena linn sin, tabharfaidh an Chomhairle aird ar na hiarmhairtí a fhéadfaidh teacht ón bhfionraíocht sin i dtaca le cearta agus oibleagáidí daoine nádúrtha agus dlítheanacha.

Leanfaidh oibleagáidí an Bhallstáit i gceist faoi na Conarthaí de bheith ina gceangal ar an mBallstát sin ar aon chuma.

4. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh dá éis sin na bearta arna nglacadh faoi mhír 3 a athrú nó a chúlghairm mar fhreagra ar athruithe sa staid ba bhun leis na bearta sin a fhorchur.

5. Déantar na socruithe vótála a bhfuil feidhm acu maidir le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle Eorpach agus leis an gComhairle, chun críocha an Airteagail seo, a leagan síos in Airteagal 354 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 8*

1. Déanfaidh an tAontas gaolmhaireacht speisialta a fhorbairt le tíortha comharsanacha d'fhonn limistéar rathúnais agus dea–chomharsanúlachta a bhunú, arna fhothú ar luachanna an Aontais agus arb iad is sainairíonna ann dlúthchaidreamh síochánta atá bunaithe ar an gcomhar.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh an tAontas comhaontuithe sonracha a thabhairt i gcrích leis na tíortha i dtrácht. Féadfaidh cearta agus oibleagáidí cómhalartacha a bheith ar áireamh sna comhaontuithe sin mar aon leis an gcaoi chun gníomhaíochtaí a ghabháil ar láimh go comhpháirteach. Beidh a gcur chun feidhme ina ábhar do chomhairliúchán tréimhsiúil.

## TEIDEAL II

## FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA PRIONSABAIL DHAONLATHACHA

*Airteagal 9*

Ina chuid gníomhaíochtaí uile, urramóidh an tAontas prionsabal chomhionannas a shaoránach agus gheobhaidh na saoránaigh cóir chomhionann óna chuid institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí. Is saoránach den Aontas é gach náisiúnach de Bhallstát. Beidh saoránacht an Aontais ann de bhreis ar an tsaoránacht náisiúnta agus ní ghabhfaidh sí a hionad.

*Airteagal 10*

1. Beidh oibriú an Aontais fothaithe ar an daonlathas ionadaíoch.

2. Ionadaítear do na saoránaigh go díreach ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa.

Ionadaítear do na Ballstáit sa Chomhairle Eorpach ag a gCeannairí Stáit nó Rialtais agus sa Chomhairle ag a rialtais, atá freagrach iad féin go daonlathach, sin os comhair na bParlaimintí náisiúnta nó os comhair a gcuid saoránach.

3. Beidh an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Glacfar cinntí chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar agus is féidir don saoránach.

4. Rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl.

*Airteagal 11*

1. Tabharfaidh na hinstitiúidí do shaoránaigh agus do chomhlachais ionadaíocha, trí bhealaí iomchuí, an deis a gcuid tuairimí a chur in iúl agus iad a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais.

2. Coimeádfaidh na hinstitiúidí agallamh oscailte, trédhearcach, tráthrialta ar siúl le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta.

3. D'fhonn comhchuibheas agus trédhearcacht ghníomhaíochtaí an Aontais a áirithiú, rachaidh an Coimisiún Eorpach i mbun comhairliúchán leathan le páirtithe lena mbaineann.

4. Féadfaidh saoránaigh den Aontas, ar náisiúnaigh iad de líon suntasach de Bhallstáit agus nach lú a líon ná aon mhilliún amháin ar a laghad, an tionscnamh a ghlacadh iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, faoi chuimsiú a chumhachtaí, togra iomchuí a thíolacadh maidir le ceisteanna a bhfuil gá dar leis na saoránaigh le gníomh dlí de chuid an Aontais ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

Déanfar na nósanna imeachta agus na coinníollacha is gá do thionscnamh den sórt sin ó na saoránaigh a leagan síos i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 24 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 12*

Rannchuidíonn na Parlaimintí náisiúnta go gníomhach le dea-fheidhmiú an Aontais:

(a) trína bheith á gcur ar an eolas ag institiúidí an Aontais agus trí dhréachtghníomhartha reachtacha de chuid an Aontais a bheith á seoladh chucu i gcomhréir leis an bPrótacal maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach;

(b) trína thabhairt go n-urramaítear prionsabal na coimhdeachta i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm;

(c) trí rannpháirtiú, faoi chuimsiú limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais, i sásraí meastóireachta ar chur chun feidhme bheartais an Aontais sa limistéar sin, i gcomhréir le hAirteagal 70 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus trí bheith bainteach le faireachán polaitiúil ar Europol agus le meastóireacht ar ghníomhaíochtaí Eurojust, i gcomhréir le hAirteagail 88 agus 85 den Chonradh sin;

(d) trí rannpháirtiú i nósanna imeachta um athbhreithniú ar na Conarthaí, i gcomhréir le hAirteagal 48 den Chonradh seo;

(e) trína bheith á gcur ar an eolas maidir le hiarratais ar aontachas leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 49 den Chonradh seo;

(f) trí rannpháirtiú i gcomhar idirpharlaiminteach idir Pharlaimintí náisiúnta agus le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an bPrótacal maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach.

TEIDEAL III

## FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA hINSTITIÚIDÍ

*Airteagal 13*

1. Beidh creat institiúideach ag an Aontas arb é is aidhm dó a luachanna a chur chun cinn, a chuspóirí a shaothrú, fónamh dá leasanna, do leasanna a shaoránach agus do leasanna a Bhallstát, maraon le comhchuibheas, éifeachtúlacht agus leanúnachas a chuid beartas agus gníomhaíochtaí a áirithiú.

Is iad institiúidí an Aontais:

— Parlaimint na hEorpa,

— an Chomhairle Eorpach,

— an Chomhairle,

— an Coimisiún Eorpach (dá ngairtear "an Coimisiún" anseo feasta),

— Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

— an Banc Ceannais Eorpach,

— an Chúirt Iniúchóirí.

2. Gníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainneacha na gcumhachtaí atá tugtha di sna Conarthaí, i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus faoi na coinníollacha agus chun na gcríoch atá leagtha amach iontu. Cleachtfaidh na hinstitiúidí comhar dílis eatarthu féin.

3. Déantar na forálacha a bhaineann leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis an gCúirt Iniúchóirí, mar aon le forálacha mionsonraithe maidir leis na hinstitiúidí eile, a leagan amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

4. Beidh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún a fheidhmeoidh feidhmeanna comhairliúcháin de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún.

*Airteagal 14*

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, i gcomhpháirt leis an gComhairle, feidhmeanna reachtacha agus buiséadacha a fheidhmiú. Feidhmeoidh sí feidhmeanna um rialú polaitiúil agus feidhmeanna comhairliúcháin faoi mar atá leagtha síos sna Conarthaí. Toghfaidh sí Uachtarán an Choimisiúin.

2. Beidh Parlaimint na hEorpa comhdhéanta d'ionadaithe do shaoránaigh an Aontais. Ní rachaidh a líon thar seacht gcéad caoga, móide an tUachtarán. Beidh ionadaíocht na saoránach comhréireach go céimlaghdaitheach agus beidh íosmhéid seisear comhaltaí ann do gach Ballstát. Ní bheidh níos mó ná sé shuíochán is nócha ag aon Bhallstát.

Glacfaidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil, ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa agus lena toiliú, cinneadh lena socrófar comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

3. Toghfar comhaltaí Pharlaimint na hEorpa go ceann téarma oifige cúig bliana trí vótáil chomhchoiteann dhíreach i saorbhallóid rúnda.

4. Toghfaidh Parlaimint na hEorpa a hUachtarán agus a cuid oifigeach as líon a cuid comhaltaí.

*Airteagal 15*

1. Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach don Aontas an spreagadh is gá dá fhorbairt agus saineoidh sí na treoirlínte agus na tosaíochtaí polaitiúla ginearálta. Ní fheidhmeoidh sí feidhmeanna reachtacha.

2. Beidh an Chomhairle Eorpach comhdhéanta de Cheannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát mar aon lena hUachtarán agus Uachtarán an Choimisiúin. Glacfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála páirt ina cuid oibre.

3. Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach le chéile faoi dhó gach sé mhí arna comóradh ag a hUachtarán. Nuair a éileoidh an clár oibre é, féadfaidh comhaltaí na Comhairle Eorpaí a chinneadh go mbeidh aire de chúnamh ag gach duine acu, agus, i gcás Uachtarán an Choimisiúin, go mbeidh comhalta den Choimisiún de chúnamh aige. Nuair a éileoidh an staid amhlaidh, déanfaidh an tUachtarán cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach a chomóradh.

4. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí, glacfar cinntí na Comhairle Eorpaí trí chomhthoil.

5. Toghfaidh an Chomhairle Eorpach a hUachtarán, trí thromlach cáilithe, go ceann téarma dhá bhliain go leith, a bheidh inathnuaite uair amháin. Mura féidir dó feidhmiú nó i gcás mí-iompair thromchúisigh, féadfaidh an Chomhairle Eorpach téarma oifige an Uachtaráin a chríochnú i gcomhréir leis an nós imeachta céanna.

6. I dtaca le hUachtarán na Comhairle Eorpaí:

(a) beidh sé i gceannas ar an gComhairle Eorpach agus stiúrfaidh sé a himeachtaí;

(b) i gcomhar le hUachtarán an Choimisiúin, agus ar bhonn imeachtaí na Comhairle Gnóthaí Ginearálta, áiritheoidh sé ullmhúchán agus leanúnachas imeachtaí na Comhairle Eorpaí;

(c) féachfaidh sé le comhchuibheas agus comhthoil a éascú sa Chomhairle Eorpach;

(d) tíolacfaidh sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa tar éis gach ceann de chruinnithe na Comhairle Eorpaí.

Áiritheoidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí ar a leibhéal féin agus sa cháil sin ionadaíocht sheachtrach an Aontais maidir le saincheisteanna a bhaineann lena chomhbheartas eachtrach agus slándála, ach sin gan dochar do chumhachtaí Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

Ní fhéadfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí oifig náisiúnta a shealbhú.

*Airteagal 16*

1. Feidhmeoidh an Chomhairle, i gcomhpháirt le Parlaimint na hEorpa, feidhmeanna reachtacha agus buiséadacha. Feidhmeoidh sí feidhmeanna sainithe beartas agus feidhmeanna comhordaitheacha faoi mar a leagtar síos sna Conarthaí.

2. Beidh an Chomhairle comhdhéanta d'ionadaí do gach Ballstát ar leibhéal aireachta a fhéadfaidh gealltanas a thabhairt thar ceann rialtas an Bhallstáit i dtrácht agus a vóta a chaitheamh.

3. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí.

4. Amhail ón 1 Samhain 2014, saineofar tromlach cáilithe mar 55 % ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle, a chuimsíonn cúig chomhalta dhéag ar a laghad agus a ionadaíonn do Bhallstáit a chuimsíonn 65 % ar a laghad de dhaonra an Aontais.

Ní mór a bheith ar áireamh i mionlach blocála ceithre chomhalta ar a laghad den Chomhairle; dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

Déantar na socruithe eile a mbeidh vótáil trí thromlach cáilithe faoina rialú a leagan síos in Airteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

5. Déantar na forálacha idirthréimhseacha maidir le sainiú an tromlaigh cháilithe a mbeidh feidhm acu go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2014, sa Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseacha mar aon leis na forálacha a mbeidh feidhm acu ón 1 Samhain 2014 go dtí an 31 Márta 2017.

6. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile i bhfoirmíochtaí éagsúla, a nglacfar an liosta dóibh i gcomhréir le hAirteagal 236 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Áiritheoidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta comhchuibheas imeachtaí na bhfoirmíochtaí éagsúla den Chomhairle. Ullmhóidh sí cruinnithe na Comhairle Eorpaí agus áiritheoidh sí go gcuirtear na cinntí i gcrích i gcuibhreann le hUachtarán na Comhairle Eorpaí agus leis an gCoimisiún.

Cumfaidh an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha gníomhaíocht sheachtrach an Aontais de réir na dtreoirlínte straitéiseacha arna leagan síos ag an gComhairle Eorpach agus áiritheoidh sí comhchuibheas ghníomhaíocht an Aontais.

7. Beidh Coiste de Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát freagrach as imeachtaí na Comhairle a ullmhú.

8. Suífidh an Chomhairle i seisiún poiblí nuair a dhéanfaidh sí dréachtghníomh reachtach a phlé agus nuair a dhéanfaidh sí vótáil ina leith. Chuige sin, roinnfear gach cruinniú den Chomhairle ina dhá chuid, ceann a bhaineann le pléití maidir le gníomhartha reachtacha an Aontais agus ceann a bhaineann lena ghníomhartha neamhreachtacha.

9. Amach ó fhoirmíocht na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, déanfaidh ionadaithe na mBallstát sa Chomhairle Uachtaránacht na bhfoirmíochtaí den Chomhairle a shealbhú ar bhonn uainíochta comhionainne, i gcomhréir leis na coinníollacha atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 236 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 17*

1. Déanfaidh an Coimisiún leas ginearálta an Aontais a chur chun cinn agus glacfaidh sé tionscnaimh iomchuí chuige sin. Áiritheoidh sé go gcuirfear i bhfeidhm na Conarthaí agus na bearta a ghlacfaidh na hinstitiúidí de bhun na gConarthaí. Maoirseoidh sé cur i bhfeidhm dhlí an Aontais faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh sé an buiséad a chur chun feidhme agus déanfaidh sé cláir a bhainistiú. Feidhmeoidh sé feidhmeanna comhordaitheacha, feidhmiúcháin agus bainistíochta mar atá leagtha síos sna Conarthaí. Amach ón gcomhbheartas eachtrach agus slándála agus amach ó chásanna eile dá bhforáiltear sna Conarthaí, áiritheoidh sé ionadaíocht sheachtrach an Aontais. Glacfaidh sé tionscnaimh a bhaineann le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil an Aontais d'fhonn teacht ar chomhaontuithe idirinstitiúideacha.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí, ní fhéadfar gníomhartha reachtacha Aontais a ghlacadh ach amháin ar bhonn togra ón gCoimisiún. Glacfar gníomhartha eile ar bhonn togra ón gCoimisiún nuair a fhoráiltear dó sin sna Conarthaí.

3. Beidh téarma oifige cúig bliana ag an gCoimisiún.

Roghnófar comhaltaí an Choimisiúin mar gheall ar a n-inniúlacht i gcoitinne agus a dtiomantas Eorpach as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

I bhfeidhmiú a fhreagrachtaí, beidh an Coimisiún neamhspleách ar fad. Gan dochar d'Airteagal 18(2), ní iarrfaidh comhaltaí an Choimisiúin teagaisc ar aon rialtas ná aon institiúid, aon chomhlacht, aon oifig nó aon ghníomhaireacht eile ná ní ghlacfaidh siad teagasc uathu. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach luíonn lena bhfeidhmeanna nó le comhlíonadh a gcúraimí.

4. Beidh an Coimisiún a ainmneofar idir dáta theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin agus an 31 Deireadh Fómhair 2014 comhdhéanta de náisiúnach amháin as gach Ballstát, lena n-áirítear an tUachtarán agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a bheidh ar dhuine dá Leas-Uachtaráin.

5. Amhail ón 1 Samhain 2014, beidh an Coimisiún comhdhéanta de líon comhaltaí, lena n-áirítear an tUachtarán agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, ar líon é a fhreagróidh do dhá thrian de líon na mBallstát, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di d'aon toil, an líon sin a athrú.

Roghnófar comhaltaí an Choimisiúin as measc náisiúnaigh na mBallstát ar bhonn córais uainíochta fíor-chomhionainne idir na Ballstáit a léireoidh raon déimeagrafach agus geografach na mBallstát uile. Bunóidh an Chomhairle Eorpach an córas sin d'aon toil i gcomhréir le hAirteagal 244 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

6. Déanfaidh Uachtarán an Choimisiúin:

(a) na treoirlínte a leagan síos a bhfeidhmeoidh an Coimisiún laistigh díobh;

(b) eagrúchán inmheánach an Choimisiúin a chinneadh chun comhchuibheas, éifeachtúlacht agus coláisteachas a ghníomhaíochta a áirithiú;

(c) Leas-Uachtaráin, seachas Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, a cheapadh as líon chomhaltaí an Choimisiúin.

Éireoidh comhalta den Choimisiún as oifig arna iarraidh sin don Uachtarán. Éireoidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála as oifig, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 18(1), arna iarraidh sin don Uachtarán.

7. Ag féachaint do na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus tar éis dul i mbun na gcomhairliúchán iomchuí, déanfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an t-iarrthóir atá beartaithe aici d'Uachtaránacht an Choimisiúin a mholadh do Pharlaimint na hEorpa. Toghfaidh Parlaimint na hEorpa an t-iarrthóir sin trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í. Mura sroichfidh sé an tromlach is gá, molfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, iarrthóir nua do Pharlaimint na hEorpa faoi cheann míosa agus toghfaidh Parlaimint na hEorpa é de réir an nós imeachta chéanna.

Glacfaidh an Chomhairle, de chomhthoil leis an Uachtarán toghaí, an liosta de na daoine eile a bheartóidh sí a cheapadh ina gcomhaltaí den Choimisiún. Déanfar an rogha sin ar bhonn moltaí arna ndéanamh ag na Ballstáit, i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach sa dara fomhír de mhír 3 agus sa dara fomhír de mhír 5.

Déanfar an tUachtarán, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus comhaltaí eile an Choimisiúin a chur mar chomhlacht faoi réir vóta um thoiliú ag Parlaimint na hEorpa. Ceapfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an Coimisiún ar bhonn an toilithe sin.

8. Beidh an Coimisiún mar chomhlacht freagrach do Pharlaimint na hEorpa. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa vótáil ar thairiscint cáinte i leith an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 234 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Má ritear tairiscint den sórt sin, caithfidh comhaltaí uile an Choimisiúin scor dá n-oifig d'aon bhuíon agus caithfidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála éirí as na feidhmeanna a fheidhmíonn sé sa Choimisiún.

*Airteagal 18*

1. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, le comhaontú ó Uachtarán an Choimisiúin, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a cheapadh. Féadfaidh an Chomhairle Eorpach a théarma oifige a chríochnú de réir an nós imeachta chéanna.

2. Seolfaidh an tArdionadaí comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais. Rannchuideoidh sé trína thograí leis an mbeartas sin a fhorbairt agus feidhmeoidh sé é faoi mar a shaineoidh an Chomhairle. Gníomhóidh sé amhlaidh maidir leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta.

3. Beidh an tArdionadaí i gceannas ar an gComhairle Gnóthaí Eachtracha.

4. Beidh an tArdionadaí ar dhuine de Leas-Uachtaráin an Choimisiúin. Áiritheoidh sé comhchuibheas ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Beidh sé freagrach laistigh den Choimisiún as na freagrachtaí a thiteann ar an gCoimisiún sa chaidreamh seachtrach agus as gnéithe eile de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a chomhordú. Agus na freagrachtaí sin á bhfeidhmiú aige laistigh den Choimisiún, agus i dtaca leis na freagrachtaí sin amháin, beidh an tArdionadaí faoi réir nósanna imeachta an Choimisiúin, a mhéid a bheidh sé sin comhchuí le míreanna 2 agus 3.

*Airteagal 19*

1. Cuimseoidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Ghinearálta agus cúirteanna speisialaithe. Áiritheoidh sí go gcomhlíonfar an dlí i léiriú na gConarthaí agus ina gcur i bhfeidhm.

Cuirfidh na Ballstáit leighis ar fáil a bheidh leordhóthanach chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais.

2. Beidh an Chúirt Bhreithiúnais comhdhéanta de bhreitheamh amháin as gach Ballstát. Beidh Abhcóidí Ginearálta de chúnamh aici.

Beidh ar an gCúirt Ghinearálta breitheamh amháin ar a laghad as gach Ballstát.

Roghnófar breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais agus breithiúna na Cúirte Ginearálta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a chomhallann na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagail 253 agus 254 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ceapfaidh rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile ar feadh téarma sé bliana. Féadfar breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta atá ag éirí as oifig a athcheapadh.

3. Déanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na Conarthaí:

(a) rialú a thabhairt ar chaingne arna dtabhairt ag Ballstát, institiúid nó duine nádúrtha nó dlítheanach;

(b) réamhrialuithe a thabhairt, arna n-iarraidh sin do chúirteanna nó do bhinsí de chuid na mBallstát, maidir le léiriú dhlí an Aontais nó le bailíocht gníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí;

(c) rialú a thabhairt i gcásanna eile dá bhforáiltear sna Conarthaí.

## TEIDEAL IV

## FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHAR FEABHSAITHE

*Airteagal 20*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

1. Na Ballstáit ar mian leo comhar feabhsaithe a bhunú eatarthu féin faoi chuimsiú inniúlachtaí neamheisiacha an Aontais, féadfaidh siad leas a bhaint as institiúidí an Aontais agus na hinniúlachtaí sin a fheidhmiú trí fhorálacha iomchuí na gConarthaí a chur i bhfeidhm, faoi réir na dteorainneacha agus i gcomhréir leis na socruithe mionsonraithe atá leagtha síos san Airteagal seo agus in Airteagail 326 go 334 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Is é is aidhm don chomhar feabhsaithe dlús a chur le cuspóirí an Aontais, a leasanna a chosaint agus a phróiseas lánpháirtíochta a neartú. Beidh an comhar sin ar oscailt do gach Ballstát tráth ar bith, i gcomhréir le hAirteagal 328 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. Déanfaidh an Chomhairle an cinneadh lena n-údarófar an comhar feabhsaithe a ghlacadh mar rogha dheireanach nuair a bheidh sé suite aici nach bhféadfaidh an tAontas ina iomláine cuspóirí an chomhair sin a bhaint amach laistigh de thréimhse réasúnta, agus ar choinníoll go mbeidh naoi gcinn ar a laghad de na Ballstáit rannpháirteach ann. Gníomhóidh an Chomhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 329 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. Féadfaidh gach comhalta den Chomhairle a bheith rannpháirteach ina pléití, ach ní ghlacfaidh páirt sa vótáil ach na comhaltaí sin amháin den Chomhairle a ionadaíonn do na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe. Tá na rialacha vótála leagtha síos in Airteagal 330 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

4. Ní bheidh gníomhartha arna nglacadh faoi chuimsiú an chomhair fheabhsaithe ina gceangal ach ar na Ballstáit rannpháirteacha amháin. Ní mheasfar iad mar chuid den *acquis* a gcaithfidh Stáit is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas glacadh leis.

## TEIDEAL V

## FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS AGUS FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA

### CAIBIDIL 1

### FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS

#### *Airteagal 21*

1. Beidh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta bunaithe ar na prionsabail a spreag a chruthú, a fhorbairt agus an méadú a tháinig air, prionsabail a bhféachann sé lena gcur ar aghaidh sa domhan mór: an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na mbunsaoirsí, an meas ar dhínit an duine, prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta.

Féachfaidh an tAontas le caidrimh a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí a thógáil le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha nó domhanda a pháirtíonn na prionsabail chéanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Cuirfidh sé réitigh iltaobhacha ar fhadhbanna coiteanna chun cinn, go háirithe faoi chreat na Náisiún Aontaithe.

2. Déanfaidh an tAontas comhbheartais agus gníomhaíochtaí a shainiú agus a shaothrú agus cuirfidh sé roimhe an comhar a chothú go mór i réimsí uile an chaidrimh idirnáisiúnta, d'fhonn:

(a) a luachanna, a bhunleasanna, a shlándáil, a neamhspleáchas agus a iomláine a choimirciú;

(b) an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus tacú leo;

(c) an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú, i gcomhréir le cuspóirí agus le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, le prionsabail Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí agus le cuspóirí Chairt Pháras, lena n-áirítear na prionsabail sin a bhaineann le teorainneacha seachtracha;

(d) tacú le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha, agus é mar phríomhaidhm deireadh a chur leis an mbochtaineacht;

(e) lánpháirtiú na dtíortha uile sa gheilleagar domhanda a chothú, lena n-áirítear trí shrianta ar an trádáil idirnáisiúnta a dhíothú de réir a chéile;

(f) cuidiú le forbairt beart idirnáisiúnta chun mianach an chomhshaoil agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha an domhain a chaomhnú agus a fheabhsú, chun an fhorbairt inbhuanaithe a áirithiú;

(g) cabhrú le pobail, le tíortha agus le réigiúin atá ag tabhairt aghaidh ar thubaistí nádúrtha nó ar thubaistí de dhéantús an duine; agus

(h) córas idirnáisiúnta a chur chun cinn arna bhunú ar chomhar iltaobhach níos láidre agus ar an dea-rialachas domhanda.

3. Urramóidh an tAontas na prionsabail atá leagtha amach i mír 1 agus mír 2 agus saothróidh sé na cuspóirí atá leagtha amach iontu, nuair a bheidh na réimsí éagsúla de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a thagann faoi réim an Teidil seo agus faoi réim Chuid a Cúig den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus gnéithe seachtracha a bheartas eile á bhforbairt agus á gcur chun feidhme.

Áiritheoidh an tAontas comhchuibheas idir na réimsí éagsúla dá ghníomhaíocht sheachtrach agus idir na réimsí sin agus a chuid beartas eile. Áiritheoidh an Chomhairle agus an Coimisiún, le cúnamh ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, an comhchuibheas sin agus comhoibreoidh siad chuige sin.

*Airteagal 22*

1. Ar bhonn na bprionsabal agus na gcuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 21, déanfaidh an Chomhairle Eorpach leasanna agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais a shainaithint.

Beidh cinntí ón gComhairle Eorpach maidir le leasanna agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais bainteach leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála agus le réimsí eile de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Féadfaidh na cinntí sin a bheith bainteach le caidreamh an Aontais le tír shonrach nó réigiún sonrach nó féadfaidh cur chuige téamúil a bheith acu. Saineoidh siad a ré agus na hacmhainní a chuirfidh an tAontas agus na Ballstáit ar fáil.

Gníomhóidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil ar mholadh ón gComhairle arna ghlacadh ag an gComhairle de réir na socruithe arna leagan síos do gach réimse. Cuirfear cinntí ón gComhairle Eorpach chun feidhme de réir na nósanna imeachta dá bhforáiltear sna Conarthaí.

2. Féadfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, do réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, agus an Coimisiún, do réimsí eile den ghníomhaíocht sheachtrach, tograí comhpháirteacha a thíolacadh don Chomhairle.

CAIBIDIL 2

## FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA

*ROINN 1*

### FORÁLACHA COITEANNA

*Airteagal 23*

Beidh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta, de bhun na Caibidle seo, bunaithe ar na prionsabail a leagtar síos i gCaibidil 1, saothróidh sí na cuspóirí a leagtar síos inti agus seolfar í i gcomhréir leis na forálacha ginearálta a leagtar síos inti.

*Airteagal 24*

(sean-Airteagal 11 CAE)

1. In ábhair a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, folóidh inniúlacht an Aontais gach réimse den bheartas eachtrach agus gach ceist a bhaineann le slándáil an Aontais, lena n-áirítear comhbheartas cosanta a chumadh go comhleanúnach, as a bhféadfadh comhchosaint teacht.

Beidh an comhbheartas eachtrach agus slándála faoi réir rialacha sonracha agus nósanna imeachta sonracha. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh d'aon toil, é a shainiú, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí. Déanfar glacadh gníomhartha reachtacha a eisiamh. Déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus na Ballstáit an beartas sin a fheidhmiú i gcomhréir leis na Conarthaí. Sainítear rólanna sonracha Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin sa réimse sin sna Conarthaí. Ní bheidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis na forálacha sin, seachas a dlínse chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagal 40 den Chonradh seo agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cinntí áirithe dá bhforáiltear sa dara mír d'Airteagal 275 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. Faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí a ghníomhaíochta seachtraí, maidir le comhbheartas eachtrach agus slándála, arna bhunú ar an dlúthpháirtíocht pholaitiúil fhrithpháirteach a fhorbairt idir na Ballstáit, ar cheisteanna leasa ghinearálta a shainaithint agus ar chéim chóineasaithe a bheidh ag síormhéadú idir ghníomhaíochtaí na mBallstát, déanfaidh an tAontas é a ghnóthú, a sheoladh, a shainiú agus a chur chun feidhme.

3. Tacóidh na Ballstáit go gníomhach agus gan chuntar le beartas eachtrach agus slándála an Aontais de mheon dílseachta agus dlúthpháirtíochta frithpháirtí agus urramóidh siad gníomhaíocht an Aontais sa réimse sin.

Oibreoidh na Ballstáit le chéile chun a ndlúthpháirtíocht pholaitiúil fhrithpháirteach a fheabhsú agus a fhorbairt. Staonfaidh siad ó aon ghníomhaíocht a bheadh bunoscionn le leasanna an Aontais nó ar dóigh di a éifeachtúlacht mar fhórsa comhtháthaithe sa chaidreamh idirnáisiúnta a dhochrú.

Áiritheoidh an Chomhairle agus an tArdionadaí go gcomhlíonfar na prionsabail sin.

*Airteagal 25*

(sean-Airteagal 12 CAE)

Seolfaidh an tAontas an comhbheartas eachtrach agus slándála:

(a) trí na treoirlínte ginearálta a shainiú;

(b) trí chinntí a ghlacadh lena saineofar:

(i) gníomhaíochtaí atá le cur i gcrích ag an Aontas;

(ii) seasaimh atá le glacadh ag an Aontas;

(iii) socruithe maidir leis na cinntí dá dtagraítear i bpointí (i) agus (ii) a chur chun feidhme;

agus

(c) trí neartú a dhéanamh ar chomhar córasach idir na Ballstáit agus a mbeartas á seoladh acu.

*Airteagal 26*

(sean-Airteagal 13 CAE)

1. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach leasanna straitéiseacha an Aontais a shainaithint, cuspóirí a chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chinneadh agus treoirlínte ginearálta a chomhbheartais eachtraigh agus slándála, lena n-áirítear ábhair a bhfuil impleachtaí cosanta acu, a shainiú. Glacfaidh sí na cinntí is gá.

Má éilíonn forbairtí idirnáisiúnta é, déanfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach a chomóradh d'fhonn línte straitéiseacha bheartas an Aontais a shainiú i bhfianaise na bhforbairtí sin.

2. Cumfaidh an Chomhairle an comhbheartas eachtrach agus slándála agus glacfaidh sí na cinntí is gá chun an comhbheartas sin a shainiú agus a chur chun feidhme ar bhonn na dtreoirlínte ginearálta agus na línte straitéiseacha arna sainiú ag an gComhairle Eorpach.

Áiritheoidh an Chomhairle agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála aontacht, comhchuibheas agus éifeachtúlacht ghníomhaíocht an Aontais.

3. Déanfaidh an tArdionadaí agus na Ballstáit an comhbheartas eachtrach agus slándála a chur in éifeacht, agus leas á bhaint as acmhainní náisiúnta agus acmhainní an Aontais.

*Airteagal 27*

1. Rannchuideoidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, a rachaidh i gceannas ar an gComhairle Gnóthaí Eachtracha, leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála a fhorbairt trína thograí agus áiritheoidh sé cur chun feidhme na gcinntí arna nglacadh ag an gComhairle Eorpach agus ag an gComhairle.

2. Feidhmeoidh an tArdionadaí ar son an Aontais maidir leis na hábhair a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála. Seolfaidh sé agallamh polaitiúil le tríú páirtithe thar ceann an Aontais agus léireoidh sé seasamh an Aontais in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta.

3. Agus a shainordú á chomhall aige, beidh de chúnamh ag Ardionadaí an Aontais Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Oibreoidh an tseirbhís sin i gcomhar le seirbhísí taidhleoireachta na mBallstát agus comhdhéanfar í d'oifigigh ó na rannóga ábhartha d'Ardrúnaíocht na Comhairle agus den Choimisiún mar aon le foireann arna tabhairt ar iasacht ó sheirbhísí taidhleoireachta náisiúnta na mBallstát. Socrófar eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí le cinneadh ón gComhairle. Gníomhóidh an Chomhairle ar thogra ón Ardionadaí, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tar éis toiliú a fháil ón gCoimisiún.

*Airteagal 28*

(sean-Airteagal 14 CAE)

1. Nuair a éileoidh an staid idirnáisiúnta gníomhaíocht oibríochtúil ag an Aontas, glacfaidh an Chomhairle na cinntí is gá. Leagfar síos iontu na cuspóirí atá leo, a raon feidhme, na hacmhainní a chuirfear ar fáil don Aontas, a ré más gá, agus na coinníollacha maidir lena gcur chun feidhme.

Má tharlaíonn athrú sna himthosca a bhfuil éifeacht shuntasach aige ar cheist atá ina ábhar do chinneadh, déanfaidh an Chomhairle prionsabail agus cuspóirí an chinnidh sin a athbhreithniú agus glacfaidh sí na cinntí is gá.

2. Beidh na cinntí dá dtagraítear i mír 1 ina gceangal ar na Ballstáit sna seasaimh a ghlacfaidh siad agus i seoladh a ngníomhaíochta.

3 Aon uair a bheartaítear seasamh náisiúnta a ghlacadh nó gníomhaíocht náisiúnta a dhéanamh de bhun chinnidh dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Ballstát i dtrácht faisnéis ar fáil in am ionas gur féidir, más gá, comhairle a ghlacadh roimh ré i dtionól na Comhairle. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid eolas a chur ar fáil roimh ré maidir le bearta nach mbeidh iontu ach trasuí náisiúnta ar chinntí na Comhairle.

4. I gcás géar-riachtanais a bhaineann le hathruithe ar an staid agus mura mbeidh an t-athbhreithniú déanta ar an gcinneadh ón gComhairle dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh ar bhonn práinne, ag féachaint do chuspóirí ginearálta an chinnidh sin. Cuirfidh an Ballstát i dtrácht an Chomhairle ar an eolas láithreach faoi aon bheart den sórt sin.

5. I gcás mórdheacrachtaí maidir le cinneadh dá dtagraítear san Airteagal seo a chur chun feidhme, cuirfidh Ballstát na deacrachtaí os comhair na Comhairle a dhéanfaidh iad a phlé agus réitigh iomchuí a lorg. Ní féidir leis na réitigh sin bheith bunoscionn le cuspóirí an chinnidh dá dtagraítear i mír 1 ná a éifeachtúlacht a dhochrú.

*Airteagal 29*

(sean-Airteagal 15 CAE)

Glacfaidh an Chomhairle cinntí lena saineofar cur chuige an Aontais faoi ábhar áirithe de chineál geografach nó téamúil. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil a mbeartas náisiúnta i gcomhréir le seasaimh an Aontais.

*Airteagal 30*

(sean-Airteagal 22 CAE)

1. Féadfaidh aon Bhallstát, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, nó an tArdionadaí le tacaíocht ón gCoimisiún, aon cheist a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála a chur os comhair na Comhairle agus féadfaidh aon Bhallstát nó an tArdionadaí tionscnaimh nó tograí, faoi seach, a thíolacadh di.

2. I gcásanna ina mbeidh gá le cinneadh sciobtha, comórfaidh an tArdionadaí, uaidh féin, nó arna iarraidh sin do Bhallstát, cruinniú urghnách den Chomhairle laistigh d'ocht n-uaire an chloig is daichead nó, má tá éigeandáil ann, laistigh de thréimhse níos giorra.

*Airteagal 31*

(sean-Airteagal 23 CAE)

1. Glacfaidh an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle cinntí faoin gCaibidil seo ag gníomhú dóibh d'aon toil, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Chaibidil seo. Déanfar glacadh gníomhartha reachtacha a eisiamh.

Agus é ag staonadh ó vótáil, féadfaidh comhalta den Chomhairle a staonadh ó vótáil a cháiliú trí dhearbhú foirmiúil a dhéanamh faoin bhfomhír seo. Sa chás sin, ní bheidh d'oibleagáid air an cinneadh a chur i bhfeidhm ach glacfaidh sé leis go bhfuil an cinneadh de cheangal ar an Aontas. Staonfaidh an Ballstát i dtrácht, de mheon dlúthpháirtíochta frithpháirtí, ó aon ghníomhaíocht ar dóigh di bheith ar neamhréir le gníomhaíocht an Aontais a bheidh bunaithe ar an gcinneadh sin nó gníomhaíocht sin an Aontais a bhac agus urramóidh na Ballstáit eile a sheasamh. Má ionadaíonn líon na gcomhaltaí den Chomhairle a dhéanann a staonadh ó vótáil a cháiliú amhlaidh do thrian ar a laghad de na Ballstáit a chuimsíonn trian ar a laghad de dhaonra an Aontais, ní ghlacfar an cinneadh.

2. De mhaolú ar fhorálacha mhír 1, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe:

— nuair a ghlacfaidh sí cinneadh lena saineofar gníomhaíocht nó seasamh Aontais ar bhonn cinnidh ón gComhairle Eorpach a bhaineann le leasanna agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 22(1);

— nuair a ghlacfaidh sí cinneadh lena saineofar gníomhaíocht nó seasamh Aontais, ar thogra arna thíolacadh ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála mar thoradh ar iarraidh shonrach chuig an Ardionadaí ón gComhairle Eorpach ar a tionscnamh féin nó ar thionscnamh an Ardionadaí;

— nuair a ghlacfaidh sí aon chinneadh ag cur cinnidh chun feidhme lena saineofar gníomhaíocht nó seasamh Aontais;

— nuair a ainmneoidh sí ionadaí speisialta i gcomhréir le hAirteagal 33.

Má dhearbhaíonn comhalta den Chomhairle go bhfuil sé ar intinn aige, ar chúiseanna bunúsacha sonraithe beartais náisiúnta, cur i gcoinne cinneadh a ghlacadh atá le glacadh trí thromlach cáilithe, ní dhéanfar vótáil. Déanfaidh an tArdionadaí, i ndlúthchomhairle leis an mBallstát i dtrácht, réiteach is inghlactha ag an mBallstát a lorg. Má theipeann ar an iarracht, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar a tharchur chuig an gComhairle Eorpach chun cinneadh a ghlacadh d'aon toil.

3. Féadfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh a ghlacadh d'aon toil lena bhforálfar go ngníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe i gcásanna seachas na cinn dá dtagraítear i mír 2.

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 agus 3 maidir le cinntí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu.

5. I gcás ceisteanna nós imeachta, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach a comhaltaí.

*Airteagal 32*

(sean-Airteagal 16 CAE)

Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile i dtionól na Comhairle Eorpaí agus i dtionól na Comhairle faoi aon ábhar leasa ghinearálta a bhaineann le beartas eachtrach agus slándála chun cur chuige coiteann a shainiú. Sula nglacfaidh sé ar láimh aon ghníomhaíocht ar an ardán idirnáisiúnta nó aon ghealltanas a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna an Aontais, rachaidh gach Ballstát i gcomhairle leis na Ballstáit eile i dtionól na Comhairle Eorpaí nó i dtionól na Comhairle. Áiritheoidh na Ballstáit, trína gcuid gníomhaíochtaí a chóineasú, go mbeidh an tAontas in ann a leasanna agus a luachanna a chur i gcion ar an ardán idirnáisiúnta. Beidh na Ballstáit dlúthpháirteach le chéile.

Nuair a bheidh cur chuige coiteann de chuid an Aontais de réir bhrí na chéad mhíre sainithe ag an gComhairle Eorpach nó ag an gComhairle, déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Airí Gnóthaí Eachtracha na mBallstát a ngníomhaíochtaí a chomhordú i dtionól na Comhairle.

Comhoibreoidh misin taidhleoireachta na mBallstát agus toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus rannchuideoidh siad leis an gcur chuige coiteann a fhoirmiú agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 33*

(sean-Airteagal 18 CAE)

Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, ionadaí speisialta a cheapadh a mbeidh sainordú aige i ndáil le saincheisteanna beartais áirithe. Cuirfidh an tIonadaí Speisialta a shainordú i gcrích faoi údarás an Ardionadaí.

*Airteagal 34*

(sean-Airteagal 19 CAE)

1. Comhordóidh na Ballstáit a ngníomhaíocht in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta. Déanfaidh siad seasaimh an Aontais a chosaint sna fóraim sin. Déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an comhordú sin a eagrú.

In eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta nach bhfuil na Ballstáit go léir rannpháirteach iontu, déanfaidh na Ballstáit sin atá rannpháirteach iontu seasaimh an Aontais a chosaint.

2. I gcomhréir le hAirteagal 24(3), cuirfidh na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu in eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ag comhdhálacha idirnáisiúnta nach bhfuil na Ballstáit go léir rannpháirteach iontu na Ballstáit eile sin, agus an tArdionadaí, ar an eolas faoi aon ábhar comhleasa.

Na Ballstáit atá freisin ina gcomhaltaí de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, déanfaidh siad comhbheartú agus cuirfidh siad na Ballstáit eile agus an tArdionadaí ar an eolas go hiomlán. Na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Chomhairle Slándála, déanfaidh siad, i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, seasaimh agus leasanna an Aontais a chosaint, gan dochar dá bhfreagrachtaí de bhun fhorálacha Chairt na Náisiún Aontaithe.

Nuair a bheidh seasamh sainithe ag an Aontas ar ábhar atá ar chlár oibre Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, iarrfaidh na Ballstáit a shuíonn ar an gComhairle Slándála go n-iarrfar ar an Ardionadaí seasamh an Aontais a chur i láthair.

*Airteagal 35*

(sean-Airteagal 20 CAE)

Déanfaidh misin taidhleoireachta agus consalachta na mBallstát agus toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta, agus a n-ionadaíochtaí chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, comhoibriú chun a áirithiú go ndéantar na cinntí lena saineofar seasaimh agus gníomhaíochtaí Aontais arna nglacadh de bhua na Caibidle seo a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme.

Cuirfidh siad dlús leis an gcomhar trí fhaisnéis a mhalartú agus trí mheasúnachtaí comhpháirteacha a dhéanamh.

Rannchuideoidh siad leis an gceart a chur chun feidhme atá ag saoránaigh an Aontais chun cosaint a fháil ar chríoch tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 20(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 23 den Chonradh sin a chur chun feidhme.

*Airteagal 36*

(sean-Airteagal 21 CAE)

Rachaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa go tráthrialta maidir le príomhghnéithe agus bunroghanna an chomhbheartais eachtraigh agus slándála agus an chomhbheartais slándála agus cosanta agus cuirfidh sé ar an eolas í faoi éabhlóid na mbeartas sin. Áiritheoidh sé go dtabharfar aird chuí ar dhearcadh Pharlaimint na hEorpa. Féadfaidh na hionadaithe speisialta a bheith rannpháirteach maidir le Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa ceisteanna a dhíriú chuig an gComhairle agus chuig an Ardionadaí nó moltaí a thabhairt don Chomhairle agus don Ardionadaí. Cuirfidh sí díospóireacht ar siúl dhá uair sa bhliain ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála lena n-áirítear an comhbheartas slándála agus cosanta.

*Airteagal 37*

(sean-Airteagal 24 CAE)

Féadfaidh an tAontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le Stát amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó sna réimsí a thig faoin gCaibidil seo.

*Airteagal 38*

(sean-Airteagal 25 CAE)

Gan dochar d'Airteagal 240 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfaidh Coiste Polaitiúil agus Slándála faireachán ar an staid idirnáisiúnta sna réimsí a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála, agus rannchuideoidh sé le beartais a shainiú trí thuairimí a thabhairt don Chomhairle arna iarraidh sin don Chomhairle nó arna iarraidh sin d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála nó ar a thionscnamh féin. Déanfaidh sé freisin faireachán ar chur chun feidhme beartas comhaontaithe, gan dochar do chumhachtaí an Ardionadaí.

Faoi chuimsiú na Caibidle seo, feidhmeoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála, faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí, rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach na n-oibríochtaí bainistíochta géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 43.

Féadfaidh an Chomhairle an Coiste a údarú, ar mhaithe le hoibríocht bainistíochta géarchéime agus ar feadh a ré faoi mar atá siad araon arna gcinneadh ag an gComhairle, na cinntí ábhartha maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach na hoibríochta.

*Airteagal 39*

I gcomhréir le hAirteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de mhaolú ar mhír 2 de, glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena leagfar síos na rialacha a bhaineann le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag na Ballstáit nuair atá gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme na Caibidle seo, agus na rialacha a bhaineann le saorghluaiseacht na sonraí sin. Beidh comhlíonadh na rialacha sin faoi rialú údarás neamhspleách.

*Airteagal 40*

(sean-Airteagal 47 CAE)

Ní dhéanfaidh cur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus do raon chumhachtaí na n-institiúidí dá bhforáiltear sna Conarthaí chun na hinniúlachtaí Aontais dá dtagraítear in Airteagail 3 go 6 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a fheidhmiú.

Mar an gcéanna, ní dhéanfaidh cur chun feidhme na mbeartas atá liostaithe sna hAirteagail sin difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus do raon chumhachtaí na n-institiúidí a leagtar síos sna Conarthaí chun na hinniúlachtaí Aontais faoin gCaibidil seo a fheidhmiú.

*Airteagal 41*

(sean-Airteagal 28 CAE)

1. Déanfar an caiteachas riarthach a thabhóidh na hinstitiúidí tríd an gCaibidil seo a chur chun feidhme a mhuirearú ar bhuiséad an Aontais.

2. Aon chaiteachas oibríochtúil atá ann de bharr an Chaibidil sin a chur chun feidhme, muirearófar é ar bhuiséad an Aontais freisin, seachas aon chaiteachas a thig ó oibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu agus cásanna ina gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt ag gníomhú di d'aon toil.

Nuair nach muirearófar an caiteachas ar bhuiséad an Aontais, muirearófar ar na Ballstáit é i gcomhréir le scála na holltáirgeachta náisiúnta mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt ag gníomhú di d'aon toil. I dtaca le caiteachas a thig ó oibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu, ní bheidh d'iallach ar na Ballstáit a bhfuil dearbhú foirmiúil déanta ag a n-ionadaithe sa Chomhairle faoin dara fomhír d'Airteagal 31(1) ranníocaíochtaí a dhéanamh maidir lena maoiniú.

3. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena mbunófar na nósanna imeachta speisialta chun rochtain sciobtha a ráthú ar leithreasaí i mbuiséad an Aontais chun tionscadail faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a mhaoiniú go práinneach, agus go háirithe le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhúcháin do na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 42(1) agus in Airteagal 43. Gníomhóidh sí tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Déanfar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin do na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 42(1) agus in Airteagal 43 nach muirearófar ar bhuiséad an Aontais a mhaoiniú trí chiste tosaithe arna chomhdhéanamh de ranníocaíochtaí ó na Ballstáit.

Glacfaidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, cinntí lena mbunófar:

(a) na nósanna imeachta chun an ciste tosaithe a chur ar bun agus a mhaoiniú, go háirithe na méideanna arna gcionroinnt ar an gciste;

(b) na nósanna imeachta chun an ciste tosaithe a riar;

(c) na nósanna imeachta rialaithe airgeadais.

Nuair nach féidir an cúram arna bheartú i gcomhréir le hAirteagal 42(1) agus le hAirteagal 43 a mhuirearú ar bhuiséad an Aontais, údaróidh an Chomhairle don Ardionadaí an ciste sin a úsáid. Déanfaidh an tArdionadaí tuarascáil don Chomhairle maidir leis an sainordú a chur chun feidhme.

*ROINN 2*

FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA

*Airteagal 42*

(sean-Airteagal 17 CAE)

1. Beidh an comhbheartas slándála agus cosanta ina chuid dhílis den chomhbheartas eachtrach agus slándála. Cuirfidh sé cumas oibríochtúil ar fáil don Aontas trí tharraingt ar shócmhainní sibhialta agus míleata. Féadfaidh an tAontas iad a úsáid maidir le misin lasmuigh den Aontas a bhaineann leis an tsíochánaíocht, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. Cuirfear na cúraimí sin i gcrích ag baint úsáide as cumais arna gcur ar fáil ag na Ballstáit.

2. Beidh ar áireamh sa chomhbheartas slándála agus cosanta comhbheartas cosanta an Aontais a chumadh go comhleanúnach. Tiocfaidh comhchosaint as sin nuair a chinnfidh an Chomhairle Eorpach amhlaidh, ag gníomhú di d'aon toil. Sa chás sin, molfaidh sí do na Ballstáit cinneadh den sórt sin a ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Ní dhéanfaidh beartas an Aontais i gcomhréir leis an Roinn seo dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus urramóidh sé na hoibleagáidí a chineann ó Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i gcás Ballstát áirithe a mheasann go bhfuil a gcomhchosaint bainte amach acu in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), agus beidh sé ag luí leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta arna bhunú sa chreat sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit, d'fhonn an comhbheartas slándála agus cosanta a chur chun feidhme, cumais shibhialta agus mhíleata a chur ar fáil don Aontas chun rannchuidiú leis na cuspóirí arna sainiú ag an gComhairle. Na Ballstáit sin a bhunaíonn fórsaí ilnáisiúnta le chéile, féadfaidh siad freisin na fórsaí sin a chur ar fáil don chomhbheartas slándála agus cosanta.

Gabhfaidh na Ballstáit ar láimh a gcumais mhíleata a fheabhsú go comhleanúnach. Déanfaidh an Ghníomhaireacht sa réimse a bhaineann le cumais chosanta a fhorbairt, le taighde, le soláthar agus le harmálacha ( dá ngairtear "an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint" anseo feasta) riachtanais oibríochtúla a shainaithint, bearta a chur ar aghaidh chun na riachtanais sin a chomhall, rannchuidiú le haon bheart is gá do neartú bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch earnáil na cosanta a shainaithint, agus nuair is iomchuí, a chur chun feidhme, beidh sí rannpháirteach i mbeartas Eorpach chumas agus armálacha a shainiú, agus cuideoidh sí leis an gComhairle chun feabhsú ar a gcumais mhíleata a mheas.

4. Cinntí a bhaineann leis an mbeartas slándála agus cosanta, lena n-áirítear na cinntí sin a chuireann tús le misean dá dtagraítear san Airteagal seo, glacfaidh an Chomhairle iad ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála nó ar thionscnamh ó Bhallstát. Féadfaidh an tArdionadaí a mholadh go rachfar ar iontaoibh acmhainní náisiúnta agus ionstraimí an Aontais araon, i gcomhpháirt leis an gCoimisiún nuair is iomchuí.

5. Féadfaidh an Chomhairle a chur de chúram, i gcreat an Aontais, ar ghrúpa Ballstát cúram a chur i gcrích d'fhonn luachanna an Aontais a chosaint agus fónamh dá leasanna. Beidh cur i gcrích an chúraim sin faoi réir Airteagal 44.

6. Na Ballstáit sin a gcomhallann a gcumais mhíleata critéir níos airde agus a bhfuil gealltanais níos ceangailtí déanta acu i leith a chéile sa réimse sin ar mhaithe leis na cúraimí is déine, bunóidh siad buanchomhar struchtúrtha laistigh de chreat an Aontais. Beidh an comhar sin faoi réir Airteagal 46. Ní dhéanfaidh sé dochar d'fhorálacha Airteagal 43.

7. Má dhéantar ionsaí armtha ar a chríoch ar Bhallstát, caithfidh na Ballstáit rannpháirteacha eile cúnamh agus cabhair a thabhairt dó le gach meán is féidir leo, i gcomhréir le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe. Ní dhéanfaidh sé sin dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe.

Beidh na ceangaltais agus an comhar sa réimse sin comhchuí leis na ceangaltais arna ngabháil ar láimh laistigh d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh a leanann de bheith mar bhunsraith dá gcosaint chomhchoiteann i gcás na Stát atá ina gcomhaltaí de agus mar eagras dá cur chun feidhme.

*Airteagal 43*

1. Beidh san áireamh ar na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 42(1), a bhféadfaidh an tAontas úsáid a bhaint as meáin shibhialta agus mhíleata lena linn, oibríochtaí comhpháirteacha dí-armála, cúraimí daonnúla agus tarrthála, cúraimí comhairle agus cúnaimh míleata, cúraimí a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc agus cúraimí síochánaíochta, cúraimí fórsaí comhraic le linn bainistíochta géarchéime, lena n-áirítear an tsíocháin a dhéanamh agus an cobhsú iarchoinbhleachta. Féadfaidh na cúraimí sin uile rannchuidiú leis an gcomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta, go fiú trí thacú le tríú tíortha chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac ar a gcríocha.

2. Glacfaidh an Chomhairle cinntí maidir leis na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 lena saineofar a gcuspóirí agus a raon feidhme agus na coinníollacha ginearálta lena gcur chun feidhme. Áiritheoidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, ag gníomhú dó faoi údarás na Comhairle agus i ndlúth-thadhall buan leis an gCoiste Polaitiúil agus Slándála, go ndéanfar comhordú ar ghnéithe sibhialta agus míleata na gcúraimí sin.

*Airteagal 44*

1. Faoi chuimsiú na gcinntí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 43, féadfaidh an Chomhairle cur chun feidhme cúraim a chur ar ghrúpa Ballstát a bheidh toilteanach agus a mbeidh an cumas is gá acu le haghaidh cúraim den sórt sin. Comhaontóidh na Ballstáit sin eatarthu féin, i gcomhlachas le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, maidir le bainistiú an chúraim.

2. Coinneoidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach sa chúram an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta faoina dhul chun cinn, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Bhallstát eile. Cuirfidh na Ballstáit sin an Chomhairle ar an eolas láithreach más léir go leanfadh móriarmhairtí ón gcúram a chur i gcrích nó gur ghá leasú ar an gcuspóir, ar an raon feidhme agus ar na coinníollacha arna socrú don chúram sna cinntí dá dtagraítear i mír 1. Sna cásanna sin, glacfaidh an Chomhairle na cinntí is gá.

*Airteagal 45*

1. Is é an cúram a bheidh ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, dá dtagraítear in Airteagal 42(3), agus a bheidh faoi réir údarás na Comhairle:

a) rannchuidiú le cuspóirí na mBallstát i ndáil le cumais mhíleata a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid a urramaítear na ceangaltais chumais atá tugtha ag na Ballstáit;

b) comhchuibhiú ar na riachtanais oibríochtúla a chur cun cinn agus modhanna soláthair éifeachtúla comhoiriúnacha a ghlacadh;

c) tionscadail iltaobhacha a mholadh chun na cuspóirí a chomhall i dtaca le cumais mhíleata de, comhordú ar na cláir arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus bainistiú na gclár sonrach comhair a áirithiú;

d) tacú le taighde i dteicneolaíocht na cosanta, agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha taighde agus staidéar ar réitigh theicneolaíocha a fhreagróidh do riachtanais oibríochtúla todhchaí a chomhordú agus a phleanáil;

e) rannchuidiú le gach beart fóinteach a shainaithint agus, más gá, a chur chun feidhme chun bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch earnáil na cosanta a neartú agus chun éifeachtúlacht an chaiteachais mhíleata a fheabhsú.

2. Beidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint ar oscailt do gach Ballstát ar mian leis a bheith rannpháirteach inti. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, cinneadh lena saineofar reacht, suíomh agus rialacha oibríochtúla na Gníomhaireachta. Ba chóir go dtabharfadh an cinneadh sin aird ar leibhéal na rannpháirtíochta iarbhír i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Cuirfear grúpaí sonracha ar bun laistigh den Ghníomhaireacht a thabharfaidh le chéile Ballstáit a bhfuil tionscadail chomhpháirteacha á gcur i gcrích acu. Cuirfidh an Ghníomhaireacht a cuid cúraimí i gcrích i gcuibhreann leis an gCoimisiún nuair is gá.

*Airteagal 46*

1. Na Ballstáit ar mian leo a bheith rannpháirteach sa bhuanchomhar struchtúrtha dá dtagraítear in Airteagal 42(6), a chomhallfaidh na critéir agus a mbeidh na gealltanais déanta acu maidir le cumais mhíleata atá leagtha amach sa Phrótacal maidir leis an mbuanchomhar struchtúrtha, cuirfidh siad a n-intinn in iúl don Chomhairle agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

2. Laistigh de thrí mhí ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1, glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena mbunófar buanchomhar struchtúrtha agus lena gcinnfear liosta na mBallstát rannpháirteach. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe, tar éis dul i gcomhairle leis an Ardionadaí.

3. Aon Bhallstát ar mian leis, tráth níos déanaí, a bheith rannpháirteach sa bhuanchomhar struchtúrtha, cuirfidh sé a intinn in iúl don Chomhairle agus don Ardionadaí.

Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena ndaingneofar rannpháirtíocht an Bhallstáit i dtrácht a chomhallann na critéir agus a dhéanann na ceangaltais dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 den Phrótacal maidir leis an mbuanchomhar struchtúrtha. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe, tar éis dul i gcomhairle leis an Ardionadaí. Ní ghlacfaidh páirt sa vótáil ach na comhaltaí den Chomhairle a ionadaíonn do na Ballstáit rannpháirteacha.

Saineofar tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

4. Más rud é nach gcomhallann Ballstát rannpháirteach na critéir a thuilleadh nó nach féidir leis na ceangaltais dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 den Phrótacal maidir le buanchomhar struchtúrtha a ghabháil ar láimh a thuilleadh, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a ghlacadh chun rannpháirtíocht an Bhallstáit sin a fhionraí.

Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe. Ní ghlacfaidh páirt sa vótáil ach na comhaltaí den Chomhairle a ionadaíonn do na Ballstáit rannpháirteacha, seachas an Ballstát i dtrácht.

Saineofar tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

5. Más mian le Ballstát rannpháirteach tarraingt siar ón mbuanchomhar struchtúrtha, cuirfidh sé a intinn in iúl don Chomhairle a thabharfaidh dá haire go bhfuil deireadh le rannpháirtíocht an Bhallstáit i dtrácht.

6. Na cinntí agus na moltaí ón gComhairle arna nglacadh faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha, seachas na cinn dá bhforáiltear i míreanna 2 go 5, glacfar d'aon toil iad. Chun críocha na míre seo, is éard is aontoilíocht ann vótaí ionadaithe na mBallstát rannpháirteach amháin.

## TEIDEAL VI

## **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

### *Airteagal 47*

Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an Aontas.

### *Airteagal 48*

(sean-Airteagal 48 CAE)

1. Féadfar na Conarthaí a leasú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta um athbhreithniú. Féadfar freisin na Conarthaí a leasú i gcomhréir le nósanna imeachta um athbhreithniú simplithe.

*An gnáthnós imeachta um athbhreithniú*

2. Féadfaidh Rialtas aon Bhallstáit, Parlaimint na hEorpa nó an Coimisiún tograí a thíolacadh don Chomhairle chun na Conarthaí a leasú. Féadfaidh na tograí sin, i measc nithe eile, fónamh do mhéadú nó do laghdú na n-inniúlachtaí atá tugtha don Aontas leis na Conarthaí. Cuirfidh an Chomhairle na tograí sin chuig an gComhairle Eorpach agus cuirfear in iúl iad do na Parlaimintí náisiúnta.

3. Má dhéanann an Chomhairle Eorpach, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh trí thromlach simplí i bhfabhar scrúdú a dhéanamh ar na leasuithe arna mbeartú, déanfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí Coinbhinsiún a chomóradh arb iad a bheidh air ionadaithe do na Parlaimintí náisiúnta, do Cheannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún. Rachfar i gcomhairle freisin leis an mBanc Ceannais Eorpach i gcás athruithe institiúideacha sa réimse airgeadaíochta. Scrúdóidh an Coinbhinsiún na tograí do leasuithe agus glacfaidh sé de chomhthoil moladh chuig comhdháil d'ionadaithe rialtais na mBallstát dá bhforáiltear i mír 4.

Féadfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh trí thromlach simplí, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, gan Coinbhinsiún a chomóradh más rud é nach bhfuil bonn cirt leis de bharr raon na leasuithe arna mbeartú. Sa chás sin, saineoidh an Chomhairle Eorpach na téarmaí tagartha do chomhdháil d'ionadaithe rialtais na mBallstát.

4. Comórfaidh Uachtarán na Comhairle comhdháil d'ionadaithe rialtais na mBallstát chun na leasuithe a bheidh le déanamh ar na Conarthaí a chinneadh de thoil a chéile.

Tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm tar éis a ndaingnithe ag na Ballstáit go léir i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

5. Más rud é, dhá bhliain tar éis conradh ag leasú na gConarthaí a shíniú, go mbeidh sé daingnithe ag ceithre chúigiú de na Ballstáit agus go mbeidh deacrachtaí ag Ballstát amháin nó níos mó dul ar aghaidh leis an daingniú, déanfar an cheist a tharchur chuig an gComhairle Eorpach.

*Na nósanna imeachta simplithe um athbhreithniú*

6. Féadfaidh rialtas aon Bhallstáit, Parlaimint na hEorpa nó an Coimisiún tograí a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí chun na forálacha i gCuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le beartais inmheánacha agus gníomhaíocht inmheánach an Aontais a athbhreithniú go hiomlán nó go páirteach.

Féadfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh a ghlacadh lena leasófar na forálacha i gCuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go hiomlán nó go páirteach. Gníomhóidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, agus leis an mBanc Ceannais Eorpach i gcás athruithe institiúideacha sa réimse airgeadaíochta. Ní thiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm go dtí go mbeidh sé formheasta ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Ní fhéadfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa dara fomhír na hinniúlachtaí atá tugtha don Aontas leis na Conarthaí a mhéadú.

7. Nuair a fhoráiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó i dTeideal V den Chonradh seo go ngníomhóidh an Chomhairle d'aon toil i réimse nó i gcás faoi leith, féadfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh a ghlacadh lena n-údarófar don Chomhairle gníomhú trí thromlach cáilithe sa réimse sin nó sa chás sin. Ní bheidh feidhm ag an bhfomhír seo maidir le cinntí a bhfuil impleachtaí míleata acu nó maidir le cinntí i réimse na cosanta.

Nuair a fhoráiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go nglacfaidh an Chomhairle gníomhartha reachtacha i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, féadfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh a ghlacadh lena n-údarófar na gníomhartha sin a ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Déanfar gach tionscnamh arna ghlacadh ag an gComhairle Eorpach ar bhonn na chéad fhomhíre nó an dara fomhír a chur in iúl do na Parlaimintí náisiúnta. Ar Pharlaimint náisiúnta a freasúra a chur in iúl laistigh de shé mhí ón bhfógra sin a thabhairt, ní ghlacfar an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír nó sa dara fomhír. Cheal freasúra, féadfaidh an Chomhairle Eorpach an cinneadh sin a ghlacadh.

Chun na cinntí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír a ghlacadh, gníomhóidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa a ghníomhóidh trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í.

*Airteagal 49*

(sean-Airteagal 49 CAE)

Féadfaidh aon Stát Eorpach a urramaíonn na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 agus atá tiomanta iad a chur chun cinn go comhpháirteach iarratas a dhéanamh chun bheith ina chomhalta den Aontas. Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta ar an eolas faoin iarratas sin. Díreoidh an Stát iarrthach a iarratas chun na Comhairle a ghníomhóidh d'aon toil tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus tar éis do Pharlaimint na hEorpa toiliú trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í. Tabharfar aird ar na coinníollacha incháilitheachta a bheidh formheasta ag an gComhairle Eorpach.

Na coinníollacha ar a ligfear Stát isteach agus na hoiriúnuithe is gá dá chionn sin ar na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe, beidh siad ina n-ábhar do chomhaontú idir na Ballstáit agus an Stát iarrthach. Cuirfear an comhaontú sin faoi bhráid na Stát Conarthach uile lena dhaingniú i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

*Airteagal 50*

1. Féadfaidh aon Bhallstát a chinneadh, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla féin, tarraingt siar ón Aontas.

2. Déanfaidh Ballstát a chinnfidh tarraingt siar fógra faoina intinn a chur chuig an gComhairle Eorpach. I bhfianaise na dtreoirlínte ón gComhairle Eorpach, rachaidh an tAontas i mbun caibidlíochta agus tabharfaidh sé comhaontú i gcrích leis an Stát sin, ina leagfar amach na socruithe dá tharraingt siar, ag féachaint don chreat dá ghaolmhaireacht sa todhchaí leis an Aontas. Déanfar an Comhaontú sin a chaibidil i gcomhréir le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, an comhaontú sin a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais.

3. Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an mBallstát i dtrácht ó dháta an comhaontú um tharraingt siar a theacht i bhfeidhm nó, ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 2, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an mBallstát i dtrácht, an tréimhse sin a fhadú.

4. Chun críocha mhíreanna 2 agus 3, ní bheidh an comhalta den Comhairle Eorpach nó den Chomhairle a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléití na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle nó i gcinntí ón gComhairle Eorpach nó ón gComhairle a bhaineann leis an mBallstát sin.

Saineofar tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

5. Má iarrann Stát a tharraing siar ón Aontas aontú athuair, beidh an iarraidh sin faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49.

*Airteagal 51*

Is cuid dhílis de na Conarthaí na Prótacail agus na hIarscríbhinní atá i gceangal leo.

*Airteagal 52*

1. Beidh feidhm ag na Conarthaí maidir le Ríocht na Beilge, le Poblacht na Bulgáire, le Poblacht na Seice, le Ríocht na Danmhairge, le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, le Poblacht na hEastóine, le hÉirinn, leis an bPoblacht Heilléanach, le Ríocht na Spáinne, le Poblacht na Fraince, le Poblacht na hIodáile, le Poblacht na Cipire, le Poblacht na Laitvia, le Poblacht na Liotuáine, le hArd-Diúcacht Lucsamburg, le Poblacht na hUngáire, le Poblacht Mhálta, le Ríocht na hÍsiltíre, le Poblacht na hOstaire, le Poblacht na Polainne, le Poblacht na Portaingéile, leis an Rómáin, le Poblacht na Slóivéine, le Poblacht na Slóvaice, le Poblacht na Fionlainne, le Ríocht na Sualainne agus le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

2. Sonraítear raon feidhme críochach na gConarthaí in Airteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 53*

(sean-Airteagal 51 CAE)

Tá an Conradh seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

*Airteagal 54*

(sean-Airteagal 52 CAE)

1. Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

2. Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1993 ar an gcoinníoll go mbeidh gach ionstraim daingniúcháin taiscthe, nó, ina éagmais sin, ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin.

*Airteagal 55*

(sean-Airteagal 53 CAE)

1. Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de na Stáit shínitheacha.

2. Féadfar an Conradh seo a aistriú chuig aon teanga eile arna cinneadh ag na Ballstáit as measc na dteangacha sin a bhfuil stádas oifigiúil acu ar a gcríoch nó ar chuid di, i gcomhréir le hord bunreachtúil na mBallstát sin. Cuirfidh na Ballstáit i dtrácht cóip dheimhnithe de na haistriúcháin sin ar fáil agus taiscfear iad i gcartlann na Comhairle.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gConradh seo.

Arna dhéanamh i Maastricht, an seachtú lá d'Fheabhra, míle naoi gcéad nócha a dó.

(*liosta na sínitheoirí gan atáirgeadh*)

# AN CONRADH AR
# FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH
# (LEAGAN COMHDHLÚITE)

## BROLLACH

TÁ A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH, UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE, UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE, UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE, A MÓRGACHT RÍOGA ARD-BHANDIÚC LUCSAMBURG, A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE ([1]),

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU na fothaí a leagan síos d'aontas buandlúite idir pobail na hEorpa,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU ascnamh eacnamaíoch agus sóisialta a mBallstát a áirithiú le comhghníomhaíocht chun na bacainní a dhíchur atá ag deighilt na hEorpa,

Á DHEARBHÚ é a bheith de chuspóir bunúsach lena n-iarrachtaí dálaí maireachtála agus oibre a bpobal a shíorchur chun feabhais,

Á AITHINT DÓIBH go bhfuil gá, d'fhonn bacainní atá ann a aschur, le gníomhaíocht chomhbheartaithe chun forleathnú seasta, trádáil chothromúil agus iomaíocht chóir a urrú,

ÓS É A MIANGAS aontacht a ngeilleagar a neartú agus a bhforbairt chomhchuí a áirithiú trí laghdú a thabhairt ar na difríochtaí idir na réigiúin éagsúla agus ar mhallréim na réigiún nach bhfuil bail ar fónamh orthu,

ÓS MIAN LEO, de thoradh comhbheartais tráchtála, cuidiú chun srianta leis an trádáil idirnáisiúnta a dhíothú go comhleanúnach,

LE hINTINN an dlúthpháirtíocht a dhaingniú a chónaisceann an Eoraip agus na tíortha thar lear agus d'fhonn forbairt ar a rathúnas a áirithiú de réir phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU tríd an gcomhthiomsú sin ar a n-acmhainní an tsíocháin agus an tsaoirse a chaomhnú agus a neartú agus á ghairm dóibh ar na pobail eile san Eoraip a pháirtíonn a mbarrshamhail luí isteach lena n-iarrachtaí,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU forbairt an fheasa ar an leibhéal is airde i measc a bpobail a chur ar aghaidh trí rochtain fhorleathan a bheith ann ar oideachas agus tríd an bhfios sin a thabhairt suas chun dáta go leanúnach,

TAR ÉIS NA DAOINE SEO A LEANAS A CHEAPADH mar Lánchumhachtaigh:

*(liosta na lánchumhachtach gan atáirgeadh)*

NOCH A RINNE, tar éis dóibh a lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile, comhaontú mar a leanas.

---

([1]) Tá Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Éire, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tar éis teacht chun bheith ina mBallstáit den Aontas Eorpach ó shin.

# CUID A hAON
## PRIONSABAIL

*Airteagal 1*

1. Eagraítear leis an gConradh seo feidhmiú an Aontais agus cinntear leis réimsí agus críochú a inniúlachtaí agus na socruithe chun iad a fheidhmiú.

2. Is iad an Conradh seo agus an Conradh ar an Aontas Eorpach na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Beidh an stádas dlí céanna ag an dá Chonradh seo, dá ngairtear 'na Conarthaí'.

## TEIDEAL I
### CATAGÓIRÍ AGUS RÉIMSÍ INNIÚLACHTA AN AONTAIS

*Airteagal 2*

1. Nuair a dhéanfar inniúlacht eisiach i réimse sonrach a thabhairt don Aontas leis na Conarthaí, is é an tAontas amháin a fhéadfaidh reachtú agus gníomhartha a ghlacadh a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí, gan na Ballstáit a bheith in ann gníomhú amhlaidh ach amháin má chumhachtaíonn an tAontas amhlaidh iad nó chun gníomhartha an Aontais a chur chun feidhme.

2. Nuair a dhéanfar inniúlacht arna roinnt leis na Ballstáit i réimse sonrach a thabhairt don Aontas leis na Conarthaí, féadfaidh an tAontas agus na Ballstáit reachtú agus gníomhartha a ghlacadh a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí sa réimse sin. Feidhmeoidh na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach bhfuil inniúlacht an Aontais feidhmithe aige. Feidhmeoidh na Ballstáit a n-inniúlacht athuair a mhéad gur chinn an tAontas scor dá feidhmiú.

3. Comhordóidh na Ballstáit a mbeartais eacnamaíocha agus fostaíochta laistigh de shocruithe dá bhforáiltear sa Chonradh seo agus a bhfuil inniúlacht ag an Aontas maidir lena sainiú.

4. Beidh inniúlacht ag an Aontas, i gcomhréir le forálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach, comhbheartas eachtrach agus slándála a shainiú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhbheartas cosanta a chumadh go comhleanúnach.

5. I réimsí áirithe agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Conarthaí, beidh inniúlacht ag an Aontas gníomhaíochtaí a chur i gcrích chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, iad a chomhordú nó a fhorlíonadh gan a inniúlacht féin a chur in ionad a n-inniúlachta siúd sna réimsí sin dá thoradh sin.

Ní bheidh comhchuibhiú ar dhlíthe ná ar rialacháin na mBallstát mar thoradh ar ghníomhartha an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí arna nglacadh ar bhonn na bhforálacha sna Conarthaí a bhaineann leis na réimsí sin.

6. Cinnfear an raon feidhme agus na socruithe chun inniúlachtaí an Aontais a fheidhmiú leis na forálacha sna Conarthaí a bhaineann le gach réimse acu.

*Airteagal 3*

1. Beidh inniúlacht eisiach ag an Aontas sna réimsí seo a leanas:

(a) aontas custaim;

(b) na rialacha iomaíochta is gá a bhunú d'oibriú an mhargaidh inmheánaigh;

(c) beartas airgeadaíochta do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu;

(d) acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú faoin gcomhbheartas iascaigh;

(e) comhbheartas tráchtála.

2. Beidh inniúlacht eisiach freisin ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích nuair a fhorálfar dá thabhairt i gcrích i ngníomh reachtach de chuid an Aontais, nó nuair atá sé riachtanach chun a chumasú don Aontas a inniúlacht inmheánach a fheidhmiú, nó a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do na comhrialacha nó a raon feidhme a athrú.

*Airteagal 4*

1. Déanfaidh an tAontas inniúlacht a roinnt leis na Ballstáit nuair a thugann na Conarthaí inniúlacht dó nach mbaineann leis na réimsí dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 6.

2. Cuirfear i bhfeidhm inniúlachtaí a bheidh á roinnt idir an tAontas agus na Ballstáit sna príomhréimsí seo a leanas:

(a) margadh inmheánach;

(b) beartas sóisialta, i dtaca leis na gnéithe atá sainithe sa Chonradh seo;

(c) comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach;

(d) talmhaíocht agus iascach, amach ó acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú;

(e) comhshaol;

(f) cosaint tomhaltóirí;

(g) iompar;

(h) gréasáin thras-Eorpacha;

(i) fuinneamh;

(j) limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais;

(k) gnáthchúraimí slándála i gcúrsaí sláinte poiblí, i dtaca leis na gnéithe atá sainithe sa Chonradh seo.

3. I réimsí an taighde, na forbartha teicneolaíche agus an spáis, beidh inniúlacht ag an Aontas gníomhaíochtaí a chur i gcrích, go háirithe cláir a shainiú agus a chur chun feidhme; ar a shon sin, ní bheidh mar thoradh ar an inniúlacht sin a fheidhmiú na Ballstáit a chosc ar a n-inniúlacht siúd a fheidhmiú.

4. I réimsí an chomhair um fhorbairt agus na cabhrach daonnúla, beidh inniúlacht ag an Aontas gníomhaíochtaí a chur i gcrích agus comhbheartas a sheoladh; ar a shon sin, ní bheidh mar thoradh ar an inniúlacht sin a fheidhmiú na Ballstáit a chosc ar a n-inniúlacht siúd a fheidhmiú.

*Airteagal 5*

1. Comhordóidh na Ballstáit a mbeartais eacnamaíocha laistigh den Aontas. Chuige sin, glacfaidh an Chomhairle bearta, go háirithe na mórthreoirlínte do na beartais sin.

Beidh feidhm ag forálacha sonracha maidir leis na Ballstáit sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

2. Glacfaidh an tAontas bearta chun comhordú bheartais fostaíochta na mBallstát a áirithiú, go háirithe trí threoirlínte do na beartais sin a shainiú.

3. Féadfaidh an tAontas tionscnaimh a ghlacadh chun comhordú bheartais shóisialta na mBallstát a áirithiú.

*Airteagal 6*

Beidh inniúlacht ag an Aontas gníomhaíochtaí a chur i gcrích chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus chun iad a chomhordú nó a fhorlíonadh. Is iad réimsí na gníomhaíochta sin ar leibhéal Eorpach:

(a) sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú;

(b) tionscal;

(c) cultúr;

(d) turasóireacht;

(e) oideachas, gairmoiliúint, óige agus spórt;

(f) cosaint shibhialta;

(g) comhar riaracháin.

## TEIDEAL II

## FORÁLACHA A bhFUIL FEIDHM GHINEARÁLTA ACU

### *Airteagal 7*

Déanfaidh an tAontas comhchuibheas idir a bheartais agus a ghníomhaíochtaí a áirithiú, ag cur a chuspóirí uile san áireamh agus i gcomhréir leis an bprionsabal tabhartha cumhachtaí.

### *Airteagal 8*

(sean-Airteagal 3(2) CCE) ([1])

Ina ghníomhaíochtaí uile, beidh sé d'aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh.

### *Airteagal 9*

Agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, tabharfaidh an tAontas aird ar na ceanglais atá nasctha le hardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn, le cosaint shóisialta leormhaith a ráthú, leis an eisiamh sóisialta a chomhrac agus le hardleibhéal oideachais, oiliúna agus cosanta do shláinte an duine.

### *Airteagal 10*

Agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, is é is aidhm don Aontas gach idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach.

### *Airteagal 11*

(sean-Airteagal 6 CCE)

Ní foláir ceanglais chosaint an chomhshaoil a lánpháirtiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais, go háirithe d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur ar aghaidh.

([1]) Níl sa tagairt seo ach treoir. Tá faisnéis níos cuimsithí sna táblaí a léiríonn an comhghaol idir an seanuimhriú agus an t-uimhriú nua ar na conarthaí.

*Airteagal 12*

(sean-Airteagal 153(2) CCE)

Tabharfar aird ar cheanglais maidir le cosaint an tomhaltóra i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí eile an Aontais.

*Airteagal 13*

Agus beartais an Aontais maidir leis an talmhaíocht, leis an iascach, leis an iompar, leis an margadh inmheánach agus leis an taighde agus leis an bhforbairt theicneolaíoch agus leis an spás á bhfoirmiú agus á gcur chun feidhme acu, tabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit lánaird, toisc gur neacha mothaitheacha na hainmhithe, ar na ceanglais maidir le leas ainmhithe agus forálacha reachtaíochta nó riaracháin agus nósanna na mBallstát, go háirithe maidir le deasghnátha reiligiúnacha, traidisiúin chultúrtha agus oidhreacht réigiúnach, á n-urramú acu.

*Airteagal 14*

(sean-Airteagal 16 CCE)

Gan dochar d'Airteagal 4 den Chonradh ar an Aontas Eorpach nó d'Airteagail 93, 106 agus 107 den Chonradh seo, agus ag féachaint do thábhacht na seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i measc luachanna comhpháirteacha an Aontais maille leis an ról atá acu i gcomhtháthú sóisialta agus críochach an Aontais a chur ar aghaidh, féachfaidh an tAontas agus na Ballstáit chuige, gach ceann díobh laistigh dá chumhachtaí faoi seach agus laistigh de raon feidhme na gConarthaí, go n-oibreoidh seirbhísí den sórt sin ar bhonn prionsabal agus coinníollacha, go háirithe coinníollacha eacnamaíocha agus airgeadais, a chumasaíonn dóibh a gcúraimí a chomhall. Bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na prionsabail sin agus socróidh siad na coinníollacha sin, gan dochar d'inniúlacht na mBallstát, ar cothrom leis na Conarthaí, chun na seirbhísí sin a sholáthar, a choimisiúnú agus a chistiú.

*Airteagal 15*

(sean-Airteagal 255 CCE)

1. D'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú, seolfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir.

2. Suífidh Parlaimint na hEorpa i seisiún poiblí, agus suífidh an Chomhairle i seisiún poiblí nuair a dhéanfaidh sí dréachtghníomh reachtach a phlé agus nuair a dhéanfaidh sí vótáil ina leith.

3. Beidh ag gach saoránach den Aontas agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe reachtach aige i mBallstát ceart rochtana ar dhoiciméid de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, is cuma cén meán ina bhfuil siad, faoi réir na bprionsabal agus na gcoinníollacha a shaineofar i gcomhréir leis an mír seo.

Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, trí bhíthin rialachán, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na prionsabail ghinearálta agus na teorainneacha ar fhorais leasa phríobháidigh nó phoiblí a rialóidh an ceart rochtana sin ar dhoiciméid.

Déanfaidh gach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht trédhearcacht a chuid oibre nó a cuid oibre a áirithiú agus forálacha sonracha maidir le rochtain ar a dhoiciméid nó ar a doiciméid a ullmhú ina Rialacha Nós Imeachta féin i gcomhréir leis na rialacháin dá dtagraítear sa dara fomhír.

Ní bheidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach ná an Banc Eorpach Infheistíochta faoi réir fhorálacha an Airteagail seo ach amháin nuair a bheidh a bhfeidhmeanna riaracháin á bhfeidhmiú acu.

Áiritheoidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go ndéanfar doiciméid a bhaineann leis na nósanna imeachta reachtacha a fhoilsiú faoi na coinníollacha arna leagan síos leis na rialacháin dá dtagraítear sa dara fomhír.

*Airteagal 16*

(sean-Airteagal 286 CCE)

1. Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a chosaint.

2. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na rialacha a leagan síos a bhaineann le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, ag comhlachtaí, ag oifigí agus ag gníomhaireachtaí an Aontais, agus ag na Ballstáit nuair a bheidh gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme dhlí an Aontais, agus na rialacha a bhaineann le saorghluaiseacht na sonraí sin. Beidh comhlíonadh na rialacha sin faoi rialú údarás neamhspleách.

Beidh na rialacha a ghlacfar ar bhonn an Airteagail seo gan dochar do na rialacha sonracha dá dtagraítear in Airteagal 39 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

*Airteagal 17*

1. Urramaíonn an tAontas an stádas faoin dlí náisiúnta atá ag eaglaisí agus ag comhlachais nó ag pobail reiligiúnacha sna Ballstáit agus ní dhéanann sé dochar don stádas sin.

2. Urramaíonn an tAontas mar an gcéanna an stádas faoin dlí náisiúnta atá ag eagraíochtaí fealsúnacha agus neamhfhaoistiniúla.

3. Agus aitheantas á thabhairt aige dá gcéannacht agus dá rannchuidiú sonrach, déanfaidh an tAontas agallamh oscailte, trédhearcach, tráthrialta a choimeád ar siúl leis na heaglaisí sin agus leis na heagraíochtaí sin.

# CUID A DÓ

## NEAMH-IDIRDHEALÚ AGUS SAORÁNACHT AN AONTAIS

### *Airteagal 18*

(sean-Airteagal 12 CCE)

Laistigh de raon feidhme na gConarthaí, agus gan dochar d'aon fhorálacha speisialta iontu, toirmiscfear aon idirdhealú de bhíthin náisiúntachta.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, rialacha a ghlacadh chun idirdhealú den sórt sin a thoirmeasc.

### *Airteagal 19*

(sean-Airteagal 13 CCE)

1. Gan dochar d'fhorálacha eile na gConarthaí agus laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don Aontas leo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bunphrionsabail beart dreasachta Aontais a ghlacadh, amach ó aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialacháin na mBallstát, chun tacú le gníomhaíocht arna déanamh ag na Ballstáit chun rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1.

### *Airteagal 20*

(sean-Airteagal 17 CCE)

1. Tionscnaítear leis seo saoránacht den Aontas. Is saoránach den Aontas é gach duine a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit aige. Beidh saoránacht an Aontais ann de bhreis ar an tsaoránacht náisiúnta agus ní ghabhfaidh sí a hionad.

2. Beidh ag saoránaigh an Aontais na cearta dá bhforáiltear sna Conarthaí, agus beidh siad faoi réir na ndualgas dá bhforáiltear iontu. Beidh acu, inter alia:

(a) an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát;

(b) an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát ina gcónaíonn siad, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin;

(c) an ceart chun cosaint a fháil ar chríoch tríú tír nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnaigh de iad ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin;

(d) an ceart chun achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa, dul ar iontaoibh an Ombudsman Eorpaigh, agus dul i dteagmháil le hinstitiúidí agus comhlachtaí comhairleacha an Aontais in aon cheann de theangacha na gConarthaí agus freagra a fháil sa teanga chéanna.

Feidhmeofar na cearta sin faoi na coinníollacha agus na teorainneacha a shainítear leis na Conarthaí agus leis na bearta arna nglacadh dá mbun.

### *Airteagal 21*

(sean-Airteagal 18 CCE)

1. Beidh an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus sna forálacha arna nglacadh lena gcur chun feidhme.

2. Más cosúil gur gá gníomh ón Aontas chun an cuspóir sin a bhaint amach agus nach bhfuil na cumhachtaí is gá tugtha sna Conarthaí, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, forálacha a ghlacadh d'fhonn feidhmiú na gceart dá dtagraítear i mír 1 a éascú.

3. Chun críocha ar ionann iad agus na críocha dá dtagraítear i mír 1 agus mura bhfuil na cumhachtaí is gá tugtha leis na Conarthaí, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, bearta a ghlacadh i dtaca le slándáil shóisialta nó le cosaint shóisialta. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

### *Airteagal 22*

(sean-Airteagal 19 CCE)

1. Beidh ag gach saoránach den Aontas a bhfuil cónaí air i mBallstát nach náisiúnach de é an ceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát ina bhfuil cónaí air, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Feidhmeofar an ceart sin faoi réir rialacha mionsonraithe arna nglacadh ag an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa; féadfaidh na rialacha mionsonraithe sin maoluithe a fhoráil nuair a dhlíonn fadhbanna is sonrach do Bhallstát é.

2. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 223(1) agus do na forálacha arna nglacadh lena chur chun feidhme, beidh ag gach saoránach den Aontas a bhfuil cónaí air i mBallstát nach náisiúnach de é an ceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát ina bhfuil cónaí air, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Feidhmeofar an ceart sin faoi réir rialacha mionsonraithe arna nglacadh ag an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa; féadfaidh na rialacha mionsonraithe sin maoluithe a fhoráil nuair a dhlíonn fadhbanna is sonrach do Bhallstát é.

*Airteagal 23*

(sean-Airteagal 20 CCE)

Tairbheoidh gach saoránach den Aontas ar chríoch tríú tír nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnach de é de chosaint ó údaráis taidhleoireachta agus consalacha aon Bhallstáit faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá agus rachaidh siad i mbun na caibidlíochta idirnáisiúnta is gá chun an chosaint sin a áirithiú.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, treoracha a ghlacadh lena mbunófar bearta um chomhordú agus um chomhar chun an chosaint sin a éascú.

*Airteagal 24*

(sean-Airteagal 21 CCE)

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na forálacha a ghlacadh do na nósanna imeachta agus do na coinníollacha is gá do thionscnamh ó na saoránaigh de réir bhrí Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear an t-íoslíon Ballstát as a gcaithfidh na saoránaigh sin teacht.

Beidh ceart achainí ag gach saoránach den Aontas os comhair Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le forálacha Airteagal 227.

Féadfaidh gach saoránach den Aontas dul ar iontaoibh an Ombudsman arna bhunú i gcomhréir le forálacha Airteagal 228.

Féadfaidh gach saoránach den Aontas scríobh chuig aon cheann de na hinstitiúidí nó comhlachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo nó in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach i gceann de na teangacha atá luaite in Airteagal 55(1) den Chonradh sin agus freagra a fháil uaidh nó uaithi sa teanga chéanna.

*Airteagal 25*

(sean-Airteagal 22 CCE)

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta gach trí bliana, ar chur chun feidhme fhorálacha na Coda seo. Cuirfidh an tuarascáil sin forbairt an Aontais san áireamh.

Féadfaidh an Chomhairle, ar an mbonn sin agus gan dochar d'fhorálacha eile na gConarthaí, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, forálacha a ghlacadh chun na dlíthe a liostaítear in Airteagal 20(2), a chomhlánú. Ní thiocfaidh na forálacha sin i bhfeidhm go dtí go mbeidh siad formheasta ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

# CUID A TRÍ

# BEARTAIS AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INMHEÁNACHA AN AONTAIS

## TEIDEAL I

## AN MARGADH INMHEÁNACH

### *Airteagal 26*

(sean-Airteagal 14 CCE)

1. Glacfaidh an tAontas na bearta is gá chun margadh inmheánach a bhunú nó chun oibriú an mhargaidh sin a áirithiú, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de na Conarthaí.

2. Is é rud a bheidh sa mhargadh inmheánach spás gan teorainneacha inmheánacha ina n-áiritheofar saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil de réir fhorálacha na gConarthaí.

3. Saineoidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na treoirlínte agus na coinníollacha is gá chun ascnamh cothromúil a áirithiú i ngach ceann de na hearnálacha lena mbaineann.

### *Airteagal 27*

(sean-Airteagal 15 CCE)

Nuair a bheidh tograí á n-ullmhú aige d'fhonn na haidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 26 a bhaint amach, tabharfaidh an Coimisiún aird ar a mbeidh le déanamh ag geilleagair áirithe nach bhfuil ar aon chéim maidir lena bhforbairt chun an margadh inmheánach a thionscnamh agus féadfaidh sé forálacha iomchuí a mholadh.

Más maoluithe iad na forálacha sin, ní foláir dóibh bheith sealadach agus gan feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a shuaitheadh ach a laghad is féidir.

## TEIDEAL II

## SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

### *Airteagal 28*

(sean-Airteagal 23 CCE)

1. Cuimseoidh an tAontas aontas custaim a bhainfidh leis an trádáil go léir in earraí, agus a bhéarfaidh go dtoirmiscfear idir na Ballstáit dleachtanna custaim ar allmhairí agus onnmhairí agus gach muirear comhéifeachta, agus go nglacfar le comhtharaif chustaim ina gcaidreamh le tríú tíortha.

2. Bainfidh forálacha Airteagal 30 agus Chaibidil 3 den Teideal seo le táirgí de thionscnamh na mBallstát agus le táirgí ó thríú tíortha atá ar saorchúrsaíocht sna Ballstáit.

### *Airteagal 29*

(sean-Airteagal 24 CCE)

Measfar táirgí ó thríú tír a bheith i saorchúrsaíocht ar Bhallstát má comhlíonadh foirmiúlachtaí an allmhairithe agus gur toibhíodh sa Bhallstát sin aon dleachtanna custaim nó muirir chomhéifeachta is iníoctha agus murar thairbhigh siad d'aisíoc iomlán nó páirteach ar na dleachtanna nó na muirir sin.

## CAIBIDIL 1

## AN tAONTAS CUSTAIM

### *Airteagal 30*

(sean-Airteagal 25 CCE)

Toirmiscfear dleachtanna custaim ar allmhairí agus onnmhairí agus muirir chomhéifeachta idir na Ballstáit. Beidh an toirmeasc sin infheidhme freisin ar dhleachtanna custaim de chineál fioscach.

### *Airteagal 31*

(sean-Airteagal 26 CCE)

Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, dleachtanna na Comhtharaife Custaim a shocrú.

### *Airteagal 32*

(sean-Airteagal 27 CCE)

Chun na cúraimí a chuirtear air faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh, beidh mar stiúir ag an gCoimisiún:

(a) a riachtanaí atá sé an trádáil idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chur chun cinn;

(b) forbairtí i gcoinníollacha iomaíochta laistigh den Aontas sa mhéid go dtugann siad feabhsú ar chumas iomaíochta gnóthas;

(c) riachtanais an Aontais maidir le soláthar amhábhar agus earraí leathchríochnaithe; i ndáil leis sin de féachfaidh an Coimisiún chuige nach saobhfar coinníollacha iomaíochta idir na Ballstáit i gcás earraí críochnaithe;

(d) a riachtanaí atá sé suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagair na mBallstát a sheachaint agus a áirithiú go dtiocfaidh forbairt réasúnach faoin táirgeadh agus forleathnú ar úsáid earraí san Aontas.

CAIBIDIL 2

## COMHAR CUSTAIM

### *Airteagal 33*

(sean-Airteagal 135 CCE)

Laistigh de raon feidhme na gConarthaí, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta chun comhar custaim idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún a neartú.

CAIBIDIL 3

## SRIANTA CAINNÍOCHTÚLA IDIR NA BALLSTÁIT A THOIRMEASC

### *Airteagal 34*

(sean-Airteagal 28 CCE)

Toirmiscfear idir na Ballstáit srianta cainníochtúla ar allmhairí agus gach beart comhéifeachta.

### *Airteagal 35*

(sean-Airteagal 29 CCE)

Toirmiscfear idir na Ballstáit srianta cainníochtúla ar onnmhairí agus gach beart comhéifeachta.

### *Airteagal 36*

(sean-Airteagal 30 CCE)

Ní fhágann forálacha Airteagail 34 agus 35 go mbeidh bac ar thoirmisc nó srianta le hallmhairí nó onnmhairí nó earraí faoi bhealach, más gá a leithéid ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó le slándáil an phobail; chun sláinte agus saol daoine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint; nó chun maoin tionscail agus tráchtála a chosaint. Ach ní cead áis a bhaint as na toirmisc ná na srianta sin le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir Ballstáit.

### *Airteagal 37*

(sean-Airteagal 31 CCE)

1. Déanfaidh na Ballstáit coigeartú ar aon Státmhonaplachtaí de chineál tráchtálach chun a áirithiú nach mbeidh aon idirdhealú ann idir náisiúnaigh de na Ballstáit maidir leis na coinníollacha faoina bhfaightear earraí agus faoina gcuirtear ar an margadh iad.

Bainfidh forálacha an Airteagail seo le haon chomhlacht trína ndéanann Ballstát, *de jure* nó *de facto*, maoirsiú nó cinneadh nó ábhar tionchair a oibriú, go díreach nó go hindíreach, ar allmhairí nó onnmhairí idir na Ballstáit. Bainfidh na forálacha sin mar an gcéanna le monaplachtaí a tarmligeadh ón Stát.

2. Staonfaidh na Ballstáit ó aon bheart nua a thabhairt isteach atá bunoscionn leis na prionsabail atá leagtha síos i mír 1 nó a chuireann srian le scóip na nAirteagal a bhaineann le dleachtanna custaim agus srianta cainníochtúla a thoirmeasc idir na Ballstáit.

3. Má bhíonn ag Stát-mhonaplacht de chineál tráchtálach rialacha a ceapadh chun gur fusa táirgí talmhaíochta a dhiúscairt nó an fáltas is fearr a ghnóthú astu, ní mór féachaint chuige, le linn rialacha an Airteagail seo a chur chun feidhme, go mbeidh a chomhionann sin de choimirce ann d'fhostaíocht na dtáirgeoirí a bheidh i gceist agus dá gcaighdeán maireachtála.

## TEIDEAL III

## AN TALMHAÍOCHT AGUS AN tIASCACH

### *Airteagal 38*

(sean-Airteagal 32 CCE)

1. Déanfaidh an tAontas comhbheartas talmhaíochta agus iascaigh a shainiú agus a sheoladh.

Sroichfidh an margadh inmheánach chun na talmhaíochta, chun an iascaigh agus chun na trádála i dtáirgí talmhaíochta. Ciallaíonn "táirgí talmhaíochta" torthaí na talún, na tógála stoic agus na hiascaireachta, agus táirgí próiseála céadchéime a bhaineann go díreach leis na torthaí sin. Tuigfear, i gcás tagairtí don chomhbheartas talmhaíochta nó don talmhaíocht agus i gcás úsáid an téarma "talmhaíocht" go bhfuiltear ag tagairt freisin don iascach, ag féachaint do shainairíonna sonracha na hearnála sin.

2. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt in Airteagail 39 go 44, bainfidh na rialacha atá leagtha síos do bhunú agus d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le táirgí talmhaíochta.

3. Tá liosta in Iarscríbhinn I de na táirgí lena mbaineann forálacha Airteagail 39 go 44.

4. I dteannta an margadh inmheánach do tháirgí talmhaíochta a oibriú agus a fhorbairt ní foláir comhbheartas talmhaíochta a bhunú.

### *Airteagal 39*

(sean-Airteagal 33 CCE)

1. Is iad aidhmeanna an chomhbheartais talmhaíochta:

(a) táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú trí ascnamh teicniúil a chur chun cinn agus trína áirithiú go ndéanfar forbairt réasúnach ar tháirgeadh na talmhaíochta agus go n-úsáidfear mar is fearr is féidir na tosca táirgthe, go háirithe na hoibrithe;

(b) mar sin, caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don lucht talmhaíochta, go háirithe trí thuilleamh gach duine dá mbíonn ag gabháil don talmhaíocht a mhéadú;

(c) margaí a chobhsú;

(d) a chinntiú go mbíonn soláthairtí ar fáil;

(e) a áirithiú go mbíonn soláthairtí á bhfáil ar phraghsanna réasúnta ag tomhaltóirí.

2. Ar an gcomhbheartas talmhaíochta agus na modhanna speisialta chun a fheidhmithe a bheith á n-oibriú amach, cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh:

(a) gníomhaíocht shainghnéitheach na talmhaíochta, mar gheall ar ghréasán sóisialta na talmhaíochta agus na difríochtaí sa ghréasán sin, agus na difríochtaí nádúrtha, ó réigiún talmhaíochta go chéile;

(b) a riachtanaí atá sé na coigeartuithe is cuí a dhéanamh céim ar chéim;

(c) an talmhaíocht sna Ballstáit a bheith ina hearnáil atá dlúth-tháite leis an ngeilleagar ina iomláine.

*Airteagal 40*

(sean-Airteagal 34 CCE)

1. Chun na haidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 39 a ghnóthú, bunófar comheagrú na margaí talmhaíochta.

Is i bhfoirm acu seo a leanas, de réir an táirge áirithe, a bheidh an t-eagrú sin:

(a) comhrialacha iomaíochta;

(b) comhordú éigeantach ar na heagruithe náisiúnta margaidh;

(c) eagrú Eorpach ar an margadh.

2. An comheagrú a bhunófar de réir mhír 1, féadfaidh sí na bearta uile a chuimsiú is gá chun na haidhmeanna a ghnóthú atá leagtha amach in Airteagal 39, go háirithe rialú praghsanna, cabhracha chun na táirgí éagsúla a tháirgeadh agus a chur ar an margadh, córais chun táirgí a stóráil agus a thabhairt anonn agus comhshásra chun allmhairí nó onnmhairí a chobhsú.

Beidh ar an gcomheagrú cloí le gnóthú na n-aidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 39, agus gan idirdhealú ar bith a dhéanamh idir táirgeoirí nó tomhaltóirí san Aontas.

Bunófar aon chomhbheartas praghsanna ar chomhchaighdeáin agus ar chómhodhanna ríomhaireachta.

3. Chun a chumasú don chomheagrú dá dtagraítear i mír 1 a aidhmeanna a ghnóthú, féadfar ciste nó cistí um threoraíocht agus ráthaíocht talmhaíochta a bhunú.

*Airteagal 41*

(sean-Airteagal 35 CCE)

Chun go bhféadfar na haidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 39 a ghnóthú, féadfar socrú a dhéanamh faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta do bhearta mar iad seo:

(a) comhordú éifeachtach ar iarrachtaí i réimsí na gairmoiliúna, an taighde, agus leathadh eolais ar an talmhaíocht; chuige sin, is féidir tionscadail nó institiúidí a mhaoiniú i gcomhar;

(b) comhbhearta chun úsáid táirgí áirithe a chur chun cinn.

*Airteagal 42*

(sean-Airteagal 36 CCE)

Maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta, ní bheidh feidhm ag forálacha na Caibidle a bhaineann le rialacha iomaíochta ach amháin a mhéad a chinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, faoi chuimsiú Airteagal 43(2) agus de réir an nós imeachta atá leagtha síos ansin, agus na haidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 39 a chur san áireamh.

Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, deonú cabhracha a údarú:

(a) chun fiontair a chosaint atá faoi chis mar gheall ar dhálaí struchtúracha nó nádúrtha,

(b) faoi chuimsiú clár forbraíochta don eacnamaíocht.

*Airteagal 43*

(sean-Airteagal 37 CCE)

1. Déanfaidh an Coimisiún tograí a thíolacadh chun an comhbheartas talmhaíochta a leagan amach agus a chur i ngníomh, lena n-áirítear ceann de na foirmeacha comheagraíochta dá bhforáiltear in Airteagal 40(1) a chur in ionad na n-eagraíochtaí náisiúnta, agus chun na bearta a shonraítear sa Teideal seo a chur i ngníomh.

Sna tograí sin cuirfear san áireamh idirthuilleamaíocht na gcúrsaí talmhaíochta atá luaite sa Teideal seo.

2. Bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, comheagrú na margaí talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 40(1) agus na forálacha eile is gá chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta agus an chomhbheartais iascaigh a shaothrú.
.

3. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na bearta a bhaineann le praghsanna, tobhaigh, cabhair agus teorainneacha cainníochtúla a shocrú agus maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt.

4. I gcomhréir le mír 2, féadfar an chomheagraíocht dá bhforáiltear in Airteagal 40(1) a chur in ionad na n-eagraíochtaí náisiúnta margaíochta, más rud é:

(a) go dtairgeann an chomheagraíocht do na Ballstáit atá ina choinne sin, agus a bhfuil eagraíocht dá gcuid féin acu don táirgeadh áirithe, a chomhionann sin de ráthú um fhostaíocht agus caighdeán maireachtála na dtáirgeoirí a bheidh i gceist, ag féachaint do na hoiriúnuithe is indéanta agus don speisialtóireacht is gá le himeacht aimsire;

(b) go n-áirithíonn an eagraíocht sin dálaí trádála san Aontas mar atá i margadh náisiúnta.

5. Má bhíonn comheagraíocht d'amhábhair áirithe bunaithe sula mbeidh comheagraíocht ann do na táirgí próiseáilte a fhreagraíonn dóibh, féadfar na hamhábhair a úsáidtear do tháirgí próiseáilte atá le honnmhairiú go tríú tíortha a allmhairiú ó lasmuigh den Aontas.

### *Airteagal 44*

(sean-Airteagal 38 CCE)

Nuair a dhéantar i mBallstát táirge a thabhairt faoi eagraíocht náisiúnta margaíochta nó faoi rialacha inmheánacha comhéifeachta a imríonn ar staid iomaíochta a shamhail de tháirgeadh i mBallstát eile, cuirfidh na Ballstáit muirear frithchúitimh ar an táirge sin, arna allmhairiú ón mBallstát ina bhfuil an eagraíocht nó na rialacha sin, mura rud é go gcuireann an Stát sin muirear cúiteach chun feidhme ar onnmhairí.

Socróidh an Coimisiún méid na muirear sin ar an leibhéal is gá chun an chothromaíocht a shlánú; féadfaidh sé freisin bearta eile a údarú a gcinnfidh sé a gcoinníollacha agus a sonraí.

# TEIDEAL IV

## SAORGHLUAISEACHT DAOINE, SEIRBHÍSÍ AGUS CAIPITIL

### CAIBIDIL 1

### OIBRITHE

### *Airteagal 45*

(sean-Airteagal 39 CCE)

1. Áiritheofar saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas.

2. Bhéarfaidh an tsaoirse ghluaiseachta sin go ndíothófar aon idirdhealú de bhíthin a náisiúntachta idir oibrithe na mBallstát maidir le fostaíocht, le luach saothair agus le coinníollacha eile oibre.

3. Gabhfaidh léi, faoi réir teorainneacha a bhfuil call leo ar mhaithe leis an mbeartas poiblí, leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte phoiblí, an ceart:

(a) chun glacadh le fostaíocht a tairgeadh iarbhír;

(b) leis an aidhm sin, chun gluaiseacht faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát;

(c) chun fanacht i mBallstát le bheith ag gabháil d'fhostaíocht ann de réir na bhforálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin a bhaineann le fostaíocht náisiúnaigh an Stáit sin;

(d) chun fuireach i gcríoch Bhallstáit tar éis bheith ar fostú sa Stát sin, faoi réir coinníollacha a chorprófar i rialacháin a ullmhóidh an Coimisiún.

4. Ní bhainfidh forálacha an Airteagail seo le fostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

### *Airteagal 46*
(sean-Airteagal 40 CCE)

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, trí bhíthin treoracha nó rialachán, na bearta is gá chun saoirse ghluaiseachta d'oibrithe, mar atá sé sainithe in Airteagal 45, a thabhairt i gcrích, go háirithe:

(a) trí chomhoibriú dlúth a áirithiú idir na seirbhísí náisiúnta fostaíochta;

(b) trí dhíothú a dhéanamh ar na gnásanna agus na cleachtais riaracháin sin agus na tréimhsí cáiliúcháin sin maidir le bheith i dteideal fostaíochta atá ar fáil, cibé acu ó reachtaíocht náisiúnta nó ó chomhaontuithe a bhí déanta idir na Ballstáit a thig siad, a mbeadh a gcoimeád ar bun ina chonstaic ar shaorghluaiseacht oibrithe;

(c) trí dhíothú a dhéanamh ar na tréimhsí cáiliúcháin agus na srianta eile sin go léir, dá bhforáiltear faoi reachtaíocht náisiúnta nó faoi chomhaontuithe a bhí déanta idir na Ballstáit, a chuireann ar oibrithe ó Bhallstáit eile coinníollacha maidir le saor-rogha fostaíochta nach gcuirtear ar oibrithe an Stáit atá i gceist;

(d) trí shásra iomchuí a chur ar bun chun tairiscintí fostaíochta agus iarratais ar fhostaíocht a thabhairt i dteagmháil le chéile agus chun go n-éascófar cothromaíocht idir soláthar agus éileamh ar mhargadh na fostaíochta d'fhonn go seachnófar aon dochar mór don chaighdeán maireachtála agus don leibhéal fostaíochta sna réigiúin agus sna tionscail éagsúla.

*Airteagal 47*

(sean-Airteagal 41 CCE)

Taobhóidh na Ballstáit, faoi chuimsiú cláir chomhpháirtigh, le hoibrithe óga a mhalartú le chéile.

*Airteagal 48*

(sean-Airteagal 42 CCE)

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, cibé bearta i réimse na slándála sóisialta is gá chun saoirse ghluaiseachta a sholáthar d'oibrithe; chuige sin, déanfaidh sí socruithe chun a áirithiú do na hoibrithe imirceacha fostaithe agus féinfhostaithe agus dá gcleithiúnaithe:

(a) go gcomhshuimeofar, d'fhonn an ceart chun sochair a fháil agus a choinneáil agus méid an tsochair a ríomh, na tréimhsí uile a chuirtear san áireamh faoi dhlíthe na dtíortha éagsúla;

(b) go n-íocfar sochair le daoine a chónaíonn ar chríocha na mBallstát.

I gcás ina ndearbhóidh comhalta den Chomhairle go ndéanfadh dréachtghníomh reachtach dá dtagraítear sa chéad fhomhír difear do ghnéithe tábhachtacha dá chóras slándála sóisialta, lena n-áirítear a raon feidhme, a chostas nó a struchtúr airgeadais, nó go ndéanfadh sé difear do chothromaíocht airgeadais an chórais sin, féadfaidh sé a iarraidh an t-ábhar a tharchur chuig an gComhairle Eorpach. Sa chás sin, déanfar an gnáthnós imeachta reachtach a fhionraí. Tar éis an cheist a phlé agus laistigh de cheithre mhí ón bhfionraí sin, maidir leis an gComhairle Eorpach:

(a) déanfaidh sí an dréacht a tharchur ar ais chuig an gComhairle, rud a chuirfidh deireadh le fionraí an ghnáthnóis imeachta reachtaigh, nó

(b) ní ghníomhóidh sí nó iarrfaidh sí ar an gCoimisiún togra nua a thíolacadh; sa chás sin, measfar nach bhfuil an gníomh a beartaíodh an chéad uair glactha.

CAIBIDIL 2

## CEART BUNAÍOCHTA

*Airteagal 49*

(sean-Airteagal 43 CCE)

Faoi chuimsiú na bhforálacha atá leagtha amach thíos, toirmiscfear srianta ar shaoirse bhunaíochta náisiúnaigh de chuid Ballstáit i gcríoch Bhallstáit eile. Bainfidh an toirmeasc sin freisin le srianta ar ghníomhaireachtaí, brainsí nó fochuideachtaí a chur ar bun ag náisiúnaigh d'aon Bhallstát atá bunaithe i gcríoch aon Bhallstáit.

Folóidh saoirse bhunaíochta an ceart chun gabháil le gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar oibrithe ar a gconlán féin, chun gnóthais a chur ar bun agus a bhainistiú, go háirithe cuideachtaí nó gnólachtaí de réir bhrí Airteagal 54, an dara mír, faoi na coinníollacha atá leagtha síos dá náisiúnaigh féin le dlí na tíre ina bhfuil suíomh na bunaíochta sin, faoi réir fhorálacha na Caibidle a bhaineann le caipiteal.

*Airteagal 50*

(sean-Airteagal 44 CCE)

1. Chun an tsaoirse bhunaíochta a bhaint amach i gcás gníomhaíochta áirithe, gníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle trí bhíthin treoracha, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

2. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún na dualgais a thitfidh orthu faoi na forálacha roimhe seo a chomhlíonadh, go háirithe:

(a) trí fhreastal i dtosach báire, de ghnáth, do ghníomhaíochtaí ina ndéanann an tsaoirse bhunaíochta fóntas ar leith d'fhorbairt na táirgeachta agus na trádála;

(b) trí comhoibriú dlúth idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit a áirithiú ionas go gcinnteofar an cor áirithe san Aontas atá ar na gníomhaíochtaí éagsúla atá i gceist;

(c) trí dhíothú na ngnásanna agus na gcleachtas riaracháin sin, cibé acu ó reachtaíocht náisiúnta nó ó chomhaontuithe a bhí déanta idir na Ballstáit a thig siad, a mbeadh a gcoimeád ar bun ina chonstaic ar shaoirse bhunaíochta;

(d) trína áirithiú go bhféadfaidh oibrithe ó Bhallstát amháin atá ar fostú i gcríoch Bhallstáit eile fanacht sa chríoch sin chun gabháil le gníomhaíochtaí ann mar oibrithe ar a gconlán féin, má shásaíonn siad na coinníollacha ba ghá dóibh a shásamh dá mba ag an am a bhí siad ar intinn gabháil leis na gníomhaíochtaí sin a thiocfaidís isteach sa Stát sin;

(e) trína chumasú do náisiúnach Ballstáit amháin talamh agus foirgnimh a fháil agus a úsáid a bhfuil a suíomh i gcríoch Bhallstáit eile, chomh fada is nach bhfuil sin contrártha do na prionsabail atá leagtha síos in Airteagal 39(2);

(f) trí dhíothú comhleanúnach a dhéanamh ar shrianta le saoirse bhunaíochta i ngach brainse gníomhaíochta a bheidh faoi bhreithniú, i gcás na gcoinníollacha maidir le gníomhaireachtaí, brainsí nó fochuideachtaí a chur ar bun i gcríoch Bhallstáit agus i gcás na gcoinníollacha a bhaineann le pearsanra de chuid na príomhbhunaíochta a dhul isteach i bpoist bhainistíochta nó maoirseachta sna gníomhaireachtaí, sna brainsí nó sna fochuideachtaí sin;

(g) trí chomhordú a dhéanamh, a mhéad is gá sin, ar na coimircí a éilíonn Ballstáit ar chuideachtaí nó gnólachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 54, ionas go gcosnófar leasanna comhaltaí agus daoine eile, d'fhonn na coimircí sin a chomhionannú ar fud an Aontais;

(h) trína dheimhniú dóibh féin nach saobhfar na coinníollacha bunaíochta trí chabhracha ó Bhallstáit.

*Airteagal 51*

(sean-Airteagal 45 CCE)

Ní bhainfidh forálacha na Caibidle seo, i gcás aon Bhallstáit áirithe, le gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu sa Stát sin, fiú go hócáideach, le hoibriú údaráis oifigiúil.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, a rialú nach mbainfidh forálacha na Caibidle seo le gníomhaíochtaí áirithe.

### *Airteagal 52*

(sean-Airteagal 46 CCE)

1. Ní rachaidh forálacha na Caibidle seo, agus bearta dá mbun, chun dochair d'infheidhmeacht forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin lena bhforáiltear cóir speisialta do náisiúnaigh choigríche ar mhaithe leis an mbeartas poiblí, leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte phoiblí.

2. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, treoracha a eisiúint chun na forálacha réamhluaite a chomhordú.

### *Airteagal 53*

(sean-Airteagal 47 CCE)

1. Chun gur fusa do dhaoine gabháil le gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar dhaoine féinfhostaithe, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, treoracha a ghlacadh chun dioplómaí, teastais agus cruthúnais eile ar cháilíochtaí foirmiúla a aithint go frithpháirteach agus chun na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin sna Ballstáit i dtaobh gabháil le gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar dhaoine féinfhostaithe a chomhordú.

2. I gcás ghairm na míochaine agus gairmeacha gaolmhara agus ghairm na cógaisíochta, beidh an díothú comhleanúnach ar shrianta ag brath ar chomhordú coinníollacha a gcleachta sin sna Ballstáit éagsúla.

### *Airteagal 54*

(sean-Airteagal 48 CCE)

Cuideachtaí nó gnólachtaí a foirmíodh de réir dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu san Aontas, déileálfar leo, chun críocha na Caibidle seo, ar an gcuma chéanna le daoine nádúrtha is náisiúnaigh de Bhallstáit.

Ciallaíonn "cuideachtaí nó gnólachtaí" cuideachtaí nó gnólachtaí a bunaíodh faoin dlí sibhialta nó faoin dlí tráchtála, lena n-áirítear comharchumainn, agus daoine dlítheanacha eile a rialaítear le dlí poiblí nó le dlí príobháideach, cé is moite díobh siúd atá neamhbhrabúsmhar.

### *Airteagal 55*

(sean-Airteagal 294 CCE)

Tabharfaidh Ballstáit do náisiúnaigh na mBallstát eile an chóir chéanna a thugann siad dá náisiúnaigh féin maidir le rannpháirtíocht i gcaipiteal cuideachtaí nó gnólachtaí, de réir bhrí Airteagal 54, gan dochar d'fheidhmiú na bhforálacha eile de na Conarthaí.

CAIBIDIL 3

SEIRBHÍSÍ

*Airteagal 56*

(sean-Airteagal 49 CCE)

Faoi chuimsiú na bhforálacha atá leagtha amach thíos, déanfar srianta ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar san Aontas a thoirmeasc i gcás náisiúnaigh de chuid Ballstáit atá bunaithe i mBallstát seachas Stát an duine dá bhfuil na seirbhísí ceaptha.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, forálacha na Caibidle seo a chur chun sochair do náisiúnaigh ó thríú tír a thugann seirbhísí agus atá bunaithe san Aontas.

*Airteagal 57*

(sean-Airteagal 50 CCE)

Measfar gur "seirbhísí" de réir bhrí na gConarthaí seirbhísí a thugtar de ghnáth ar luach saothair, sa mhéid nach bhfuil siad faoi réir na bhforálacha a bhaineann le saorghluaiseacht earraí, caipitil agus daoine.

Áireofar go háirithe gur "seirbhísí":

(a) gníomhaíochtaí de chineál tionsclaíoch;

(b) gníomhaíochtaí de chineál tráchtálach;

(c) gníomhaíochtaí aos ceirde;

(d) gníomhaíochtaí aos gairme.

Gan dochar d'fhorálacha na Caibidle a bhaineann leis an gceart bunaíochta, féadfaidh soláthróir seirbhíse, chun go bhféadfaidh sé an tseirbhís a sholáthar, a ghníomhaíocht a shaothrú go sealadach sa Bhallstát ina soláthraítear an tseirbhís, faoi choinníollacha mar a chuireann an Stát sin ar a náisiúnaigh féin.

*Airteagal 58*

(sean-Airteagal 51 CCE)

1. Beidh an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar i réim an iompair faoi rialú fhorálacha an Teidil a bhaineann le hiompar.

2. Déanfar an léirscaoileadh ar sheirbhísí baincéireachta agus árachais a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil i gcomhréim leis an léirscaoileadh ar ghluaiseacht chaipitil.

### *Airteagal 59*

(sean-Airteagal 52 CCE)

1. Chun léirscaoileadh seirbhíse áirithe a ghnóthú, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, treoracha a eisiúint.

2. Maidir leis na treoracha dá dtagraítear i mír 1, tabharfar tosaíocht de ghnáth do na seirbhísí sin a bhfuil éifeacht acu go díreach ar chostais táirgthe nó a gcuidíonn a léirscaoileadh le trádáil in earraí a chur chun cinn.

### *Airteagal 60*

(sean-Airteagal 53 CCE)

Féachfaidh na Ballstáit le seirbhísí a léirscaoileadh thar mar is gá de réir na dtreoracha a eiseofar de bhun Airteagal 59(1), má bhíonn a staid eacnamaíoch i gcoitinne agus bail na hearnála áirithe dá ngeilleagar á cheadú sin.

Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na mBallstát a bheidh i gceist.

### *Airteagal 61*

(sean-Airteagal 54 CCE)

Fad a bheidh srianta ar shaoirse chun seirbhísí a sholáthar gan díothú, cuirfidh gach Ballstát na srianta sin chun feidhme gan idirdhealú de bhíthin náisiúntachta ná áite cónaithe ar gach duine a sholáthraíonn seirbhísí de réir bhrí na chéad mhíre d'Airteagal 56.

### *Airteagal 62*

(sean-Airteagal 55 CCE)

Bainfidh forálacha Airteagail 51 go 54 leis na hábhair a rialaítear leis an gCaibidil seo.

## CAIBIDIL 4

## CAIPITEAL AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ

### *Airteagal 63*

(sean-Airteagal 56 CCE)

1. Faoi chuimsiú na bhforálacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo, toirmiscfear na srianta uile ar ghluaiseacht chaipitil idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha.

2. Faoi chuimsiú na bhforálacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo, toirmiscfear na srianta uile ar íocaíochtaí idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha.

*Airteagal 64*

(sean-Airteagal 57 CCE)

1. Beidh forálacha Airteagal 63 gan dochar do chur chun feidhme i leith tríú tíortha srianta atá ann ar an 31 Nollaig 1993 faoin dlí náisiúnta nó Aontais arna ghlacadh i ndáil le gluaiseacht chaipitil chuig tríú tíortha nó uathu a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach, lena n-áirítear infheistíocht in eastát réadach, le bunaíocht, le soláthar seirbhísí airgeadais nó le hurrúis a ligean isteach ar mhargaí caipitil. I ndáil le srianta atá ann faoin dlí náisiúnta sa Bhulgáir, san Eastóin agus san Ungáir, is é an dáta ábhartha an 31 Nollaig 1999.

2. Agus iad ag iarraidh cuspóir na saorghluaiseachta caipitil a bhaint amach idir na Ballstáit agus tríú tíortha a mhéad is féidir agus gan dochar do Chaibidlí eile na gConarthaí, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a ghlacadh ar ghluaiseacht chaipitil chuig tríú tíortha nó uathu a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach, lena n-áirítear infheistíocht in eastát réadach, le bunaíocht, le soláthar seirbhísí airgeadais nó le hurrúis a ligean isteach ar mhargaí caipitil.

3. De mhaolú ar mhír 2, is í an Chomhairle, agus an Chomhairle amháin, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, a fhéadfaidh bearta a ghlacadh atá in ionannas le céim siar i ndlí an Aontais i dtaca le léirscaoileadh gluaiseachta caipitil chuig tríú tíortha nó uathu.

*Airteagal 65*

(sean-Airteagal 58 CCE)

1. Beidh forálacha Airteagal 63 gan dochar do cheart Ballstát:

(a) forálacha ábhartha a ndlí cánach a chur chun feidhme a idirdhealaíonn idir cáiníocóirí nach bhfuil sa chor céanna maidir lena n-áit chónaithe nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe;

(b) gach beart fíor-riachtanach a ghlacadh chun sáruithe ar an dlí náisiúnta agus ar rialacháin náisiúnta a chosc, go háirithe i réimse an chánachais agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí airgeadais, nó nósanna imeachta a leagan síos maidir le dearbhuithe um ghluaiseachtaí caipitil chun críoch faisnéise riarthaí nó staidrimh, nó bearta a ghlacadh a dhlitear ar fhorais an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí.

2. Beidh forálacha na Caibidle seo gan dochar d'infheidhmeacht na srianta ar an gceart bunaíochta atá ag luí leis na Conarthaí.

3. Ní fhéadfar áis a bhaint as na bearta ná na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar shaorghluaiseacht chaipitil agus íocaíochtaí mar atá sí sainithe in Airteagal 63.

4. Nuair nach mbeidh bearta de bhun Airteagal 64(3) ann, féadfaidh an Coimisiún, nó, nuair nach mbeidh cinneadh ón gCoimisiún ann laistigh de thrí mhí ón mBallstát i dtrácht iarraidh a dhéanamh, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a ghlacadh á rá go measfar go bhfuil na bearta cánachais sriantacha arna nglacadh ag Ballstát i leith tríú tír amháin nó níos mó ag luí leis na Conarthaí má tá bonn cirt leo ar mhaithe le ceann de chuspóirí an Aontais agus go bhfuil siad ag luí le dea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil ar iarratas ó Bhallstát.

*Airteagal 66*

(sean-Airteagal 59 CCE)

Má bhíonn, in imthosca eisceachtúla, gluaiseachtaí caipitil chuig tríú tíortha nó uathu ina gcúis, nó ag bagairt bheith ina gcúis, le deacrachtaí tromchúiseacha d'oibriú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach, bearta coimirce a ghlacadh i leith tríú tíortha go feadh tréimhse nach mó ná sé mhí, má tá fíorghá le bearta den sórt sin.

## TEIDEAL V

## AN LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS

### CAIBIDIL 1

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 67*

(sean-Airteagal 61 CCE agus sean-Airteagal 29 CAE)

1. Is éard a bheidh san Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais ina n-urramófar cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát.

2. Áiritheoidh sé nach mbeidh rialuithe teorann inmheánaí ann do dhaoine agus cumfaidh sé comhbheartas maidir le tearmann, inimirce agus rialú ag teorainneacha seachtracha, arna bhunú ar an dlúthpháirtíocht idir Bhallstáit a thugann cothrom na féinne do náisiúnaigh tríú tíortha. Chun críche an Teidil seo, déileálfar le daoine gan stát mar náisiúnaigh tríú tír.

3. Déanfaidh an tAontas a dhícheall ardleibhéal slándála a áirithiú trí bhearta chun an choireacht, an ciníochas agus an tseineafóibe a chosc agus a chomhrac agus trí bhearta um chomhordú agus um chomhar idir na húdaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile, chomh maith le breithiúnais a aithint go frithpháirteach in ábhair choiriúla, agus, más gá, trí na dlíthe coiriúla a chomhfhogasú.

4. Éascóidh an tAontas an rochtain ar an gceartas, go háirithe trí phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do chinntí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta.

*Airteagal 68*

Saineoidh an Chomhairle Eorpach na treoirlínte straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil laistigh de limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais.

*Airteagal 69*

Áirithíonn na Parlaimintí náisiúnta go gcomhlíonfaidh na tograí agus na tionscnaimh reachtacha arna dtíolacadh faoi Chaibidlí 4 agus 5 prionsabal na coimhdeachta, i gcomhréir leis na socruithe arna leagan síos leis an bPrótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 70*

Gan dochar d'Airteagail 258, 259 agus 260, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta a ghlacadh lena mbunófar na socruithe ar dá réir a dhéanfaidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, meastóireacht oibiachtúil neamhchlaonta ar chur chun feidhme bheartais an Aontais dá dtagraítear sa Teideal seo ag údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe chun lánchur i bhfeidhm phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a éascú. Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta ar an eolas faoina bhfuil sa mheastóireacht agus faoina torthaí.

*Airteagal 71*

(sean-Airteagal 36 CAE)

Cuirfear buanchoiste ar bun laistigh den Chomhairle chun a áirithiú go ndéanfar an comhar oibríochtúil maidir leis an tslándáil inmheánach a chur chun cinn agus a neartú san Aontas. Gan dochar d'Airteagal 240, éascóidh sé an comhordú ar ghníomhaíocht údaráis inniúla na mBallstát. Féadfaidh ionadaithe do na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí Aontais lena mbaineann a bheith rannpháirteach in imeachtaí an choiste sin. Coinneofar Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta ar an eolas faoi na himeachtaí.

*Airteagal 72*

(sean-Airteagal 64(1) CCE agus sean-Airteagal 33 CAE)

Ní dhéanfaidh an Teideal seo difear d'fheidhmiú na bhfreagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir leis an ord poiblí a chaomhnú agus an tslándáil inmheánach a choimirciú.

*Airteagal 73*

Is faoi na Ballstáit a bheidh sé na cineálacha comhair agus comhoibrithe a eagrú eatarthu féin agus faoina bhfreagracht féin de réir mar a mheasfaidh siad is gá idir ranna inniúla a gcuid riarachán arb é an tslándáil náisiúnta a gcúram.

*Airteagal 74*

(sean-Airteagal 66 CCE)

Glacfaidh an Chomhairle bearta chun comhar riaracháin a áirithiú idir ranna inniúla na mBallstát sna réimsí a thig faoin Teideal seo, agus idir na ranna sin agus an Coimisiún. Gníomhóidh sí ar thogra ón gCoimisiún, faoi réir Airteagal 76, agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

*Airteagal 75*

(sean-Airteagal 60 CCE)

Nuair is gá sin chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 67 a ghnóthú, a mhéid a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chosc agus a chomhrac, saineoidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, creat do bhearta riaracháin maidir le gluaiseachtaí caipitil agus le híocaíochtaí amhail cistí, sócmhainní airgeadais nó gnóthachain eacnamaíocha a reo ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, le grúpaí nó le heintitis neamhstáit iad nó atá ina seilbh nó ar teachtadh acu.

Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta chun an creat dá dtagraítear sa chéad mhír a chur chun feidhme.

Beidh sna gníomhartha dá dtagraítear san Airteagal seo na forálacha is gá maidir le coimircí dlíthiúla.

*Airteagal 76*

Na gníomhartha dá dtagraítear i gCaibidlí 4 agus 5, mar aon leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 74 lena n-áiritheofar comhar riaracháin sna réimsí atá luaite sna Caibidlí sin, déanfar iad a ghlacadh:

(a) ar thogra ón gCoimisiún, nó

(b) ar thionscnamh ón gceathrú cuid de na Ballstáit.

CAIBIDIL 2

BEARTAIS MAIDIR LE SEICEÁLACHA TEORANN, LE TEARMANN AGUS LE hINIMIRCE

*Airteagal 77*

(sean-Airteagal 62 CCE)

1. Déanfaidh an tAontas beartas a fhorbairt d'fhonn:

(a) a áirithiú nach mbeidh aon rialú ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha;

(b) seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine agus faireachán éifeachtach a dhéanamh ar thrasnú na dteorainneacha seachtracha;

(c) córas comhtháite bainistíochta do theorainneacha seachtracha a thabhairt isteach de réir a chéile.

2. Chun críocha mhír 1, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) an comhbheartas maidir le víosaí agus maidir le ceadanna cónaithe gearrfhanachta eile;

(b) na seiceálacha a mbeidh daoine faoina réir agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha;

(c) na coinníollacha faoina mbeidh saoirse ag náisiúnaigh tríú tíortha taisteal ar feadh gearrthréimhse laistigh den Aontas;

(d) aon bheart is gá chun córas comhtháite bainistíochta do theorainneacha seachtracha a bhunú de réir a chéile;

(e) nach mbeidh aon rialú ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha.

3. Más cosúil gur gá gníomhaíocht ón Aontas chun feidhmiú an chirt, dá dtagraítear in Airteagal 20(2)(a), a éascú agus nach bhfuil na cumhachtaí is gá tugtha leis na Conarthaí, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, forálacha a ghlacadh a bhaineann le pasanna, le cártaí aitheantais, le ceadanna cónaithe nó le haon doiciméad dá samhail. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

4. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear d'inniúlacht na mBallstát maidir le teorannú geografach a dteorainneacha, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

### *Airteagal 78*

(sean-Airteagail 63(1) agus (2), agus 64(2) CCE)

1. Déanfaidh an tAontas comhbheartas a fhorbairt maidir le tearmann, cosaint choimhdeach agus cosaint shealadach d'fhonn stádas iomchuí a thairiscint do náisiúnach aon tríú tír a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta uaidh agus chun comhlíonadh phrionsabal an *non-refoulement* a áirithiú. Caithfidh an beartas sin a bheith i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 agus le Prótacal an 31 Eanáir 1967 maidir le stádas dídeanaithe agus i gcomhréir le conarthaí ábhartha eile.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a ghlacadh a bhaineann le córas Eorpach tearmainn a chuimseoidh na nithe seo a leanas:

(a) stádas comhionann tearmainn do náisiúnaigh tríú tíortha, a bheidh bailí ar fud an Aontais;

(b) stádas comhionann um chosaint choimhdeach do náisiúnaigh tríú tíortha nach bhfaigheann tearmann Eorpach ach a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta uathu;

(c) comhchóras cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe má bhíonn rabharta mór ann de dhaoine as tír isteach;

(d) comhnósanna imeachta um thearmann comhionann nó stádas cosanta coimhdí a dheonú agus a tharraingt siar;

(e) critéir agus sásraí chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as iarratas ar thearmann nó ar chosaint choimhdeach a scrúdú;

(f) caighdeáin maidir leis na coinníollacha a bhaineann le glacadh lucht iarrtha tearmainn nó cosanta coimhdí;

(g) comhpháirtíocht agus comhar le tríú tíortha chun bainistiú a dhéanamh ar rabhartaí daoine as tír isteach atá ag déanamh iarratais ar thearmann nó ar chosaint choimhdeach.

3. I gcás Ballstát amháin nó níos mó a bheith i láthair staide éigeandála arb é a príomhthréith rabharta tobann de náisiúnaigh tríú tíortha as tír isteach, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta sealadacha a ghlacadh ar mhaithe leis an mBallstát nó leis na Ballstáit lena mbaineann. Gníomhóidh sí tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

*Airteagal 79*

(sean-Airteagal 63(3) agus (4) CCE)

1. Déanfaidh an tAontas comhbheartas inimirce a fhorbairt arb é is aidhm dó a áirithiú ag gach céim go ndéanfar bainistiú éifeachtach ar rabhartaí inimirce, go gcuirfear cóir chothrom ar náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil acu i mBallstáit, go ndéanfar an inimirce neamhdhlíthiúil agus an gháinneáil ar dhaoine a chosc agus bearta feabhsaithe a ghlacadh chun iad sin a chomhrac.

2. Chun críocha mhír 1, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta sna réimsí seo a leanas:

(a) coinníollacha teacht isteach agus cónaithe agus caighdeáin maidir le Ballstáit d'eisiúint víosaí fadtéarmacha agus ceadanna cónaithe, lena n-áirítear víosaí a eisítear chun teaghlaigh a athaontú;

(b) cearta náisiúnach tríú tíortha a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát a shainiú, lena n-áirítear na coinníollacha lena rialaítear an tsaoirse gluaiseachta agus cónaithe i mBallstáit eile;

(c) inimirce neamhdhlíthiúil agus cónaí neamhúdaraithe, lena n-áirítear daoine a chónaíonn gan údarú a aistriú agus a aisdúichiú;

(d) an gháinneáil ar dhaoine, go háirithe an gháinneáil ar mhná agus ar leanaí, a chomhrac.

3. Féadfaidh an tAontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú tíortha maidir le náisiúnaigh tríú tíortha a ligean ar ais ina dtír bhunaidh nó thionscnaimh mura gcomhallfaidh siad nó mura gcomhallfaidh siad a thuilleadh na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch ceann de na Ballstáit, maidir le bheith ar an gcríoch sin nó maidir le cónaí ann.

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a bhunú chun dreasachtaí agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht Ballstát d'fhonn lánpháirtiú náisiúnach tríú tíortha a chónaíonn go dlíthiúil ar a gcríocha a chur chun cinn, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát.

5. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear do cheart na mBallstát líon na náisiúnach tríú tíortha a shocrú a thig as tríú tíortha isteach ar a gcríocha ar thóir oibre, bíodh siad fostaithe nó féinfhostaithe.

### *Airteagal 80*

Beidh beartais an Aontais a leagtar amach sa Chaibidil seo, agus a gcur chun feidhme, faoi rialú ag prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta, lena n-áirítear a impleachtaí airgeadais, idir na Ballstáit. Nuair is gá sin, beidh bearta iomchuí chun éifeacht a thabhairt don phrionsabal sin i ngníomhartha Aontais arna nglacadh de bhun na Caibidle seo.

## CAIBIDIL 3

## COMHAR BREITHIÚNACH IN ÁBHAIR SHIBHIALTA

### *Airteagal 81*

(sean-Airteagal 65 CCE)

1. Déanfaidh an tAontas forbairt ar an gcomhar breithiúnach sna hábhair shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu, arna bhunú ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí i gcásanna seachbhreithiúnacha. Féadfar a áireamh sa chomhar sin bearta a ghlacadh chun dlíthe agus rialacháin na mBallstát a chomhfhogasú.

2. Chun críocha mhír 1, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, go háirithe nuair is gá sin d'oibriú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, arb é is aidhm dóibh na nithe seo a leanas a áirithiú:

(a) breithiúnais agus cinntí i gcásanna seachbhreithiúnacha a aithint go frithpháirteach agus a fhorfheidhmiú idir Bhallstáit;

(b) doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil trasna teorainneacha;

(c) comhchuibheas na rialacha is infheidhme sna Ballstáit maidir le heasaontas dlíthe agus dlínse;

(d) comhar le linn fianaise a ghlacadh;

(e) rochtain éifeachtach ar an gceartas;

(f) constaicí ar dhea-oibriú imeachtaí sibhialta a dhíchur, más gá, trí chomhchuibheas na rialacha maidir leis an nós imeachta sibhialta is infheidhme sna Ballstáit a chur chun cinn;

(g) malairt modhanna a fhorbairt chun díospóidí a shocrú;

(h) tacú le hoiliúint na breithiúnachta agus na foirne breithiúnaí.

3. D'ainneoin mhír 2, bunóidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, bearta maidir le dlí an teaghlaigh a mbeidh impleachtaí trasteorann acu. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh lena gcinnfear na gnéithe sin de dhlí an teaghlaigh a mbeidh impleachtaí trasteorann acu a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar do ghníomhartha arna nglacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Tabharfar fógra faoin togra dá dtagraítear sa dara fomhír do na Parlaimintí náisiúnta. Ar Pharlaimint náisiúnta a freasúra a chur in iúl laistigh de shé mhí ón bhfógra sin, ní ghlacfar an cinneadh. Cheal freasúra, féadfaidh an Chomhairle Eorpach an cinneadh sin a ghlacadh.

## CAIBIDIL 4

## COMHAR BREITHIÚNACH IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA

### *Airteagal 82*

(sean-Airteagal 31 CAE)

1. Déanfar an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla san Aontas a bhunú ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí agus cuimseoidh an comhar breithiúnach comhfhogasú dhlíthe agus rialacháin na mBallstát sna réimsí dá dtagraítear i mír 2 agus in Airteagal 83.

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta d'fhonn:

(a) rialacha agus nósanna imeachta a leagan síos chun a áirithiú go dtabharfar aitheantas ar fud an Aontais do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha de gach cineál;

(b) easaontachtaí dlínse idir Bhallstáit a chosc agus a shocrú;

(c) tacú le hoiliúint na breithiúnachta agus na foirne breithiúnaí;

(d) comhar a éascú idir údaráis bhreithiúnacha nó údaráis choibhéiseacha na mBallstát i ndáil le himeachtaí in ábhair choiriúla agus le breitheanna a fhorfheidhmiú.

2. A mhéid is gá chun aitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha a éascú, chomh maith leis an gcomhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rialacha íosta a bhunú trí bhíthin treoracha a ghlacfar i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Cuirfidh na rialacha íosta sin san áireamh na difríochtaí idir thraidisiúin dlí agus idir chórais dlí na mBallstát.

Bainfidh siad leis na nithe seo a leanas:

(a) inghlacthacht fhrithpháirteach fianaise idir Bhallstáit;

(b) cearta daoine aonair sa nós imeachta coiriúil;

(c) cearta íospartaigh na coireachta;

(d) aon sainghnéithe eile den nós imeachta coiriúil a bheidh sainaitheanta roimh ré ag an gComhairle le cinneadh; chun an cinneadh sin a ghlacadh, gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Ní choiscfidh glacadh na rialacha íosta sin dá dtagraítear sa mhír seo ar na Ballstáit leibhéal níos airde cosanta do dhaoine aonair a choimeád ar bun ná a thabhairt isteach.

3. Má mheasann comhalta den Chomhairle go ndéanfadh dréacht-treoir dá dtagraítear i mír 2 difear do ghnéithe bunúsacha dá chóras dlí coiriúil, féadfaidh sé a iarraidh go ndéanfar an dréacht-treoir a tharchur chuig an gComhairle Eorpach. Sa chás sin, déanfar an gnáthnós imeachta reachtach a fhionraí. Tar éis an cheist a phlé, agus i gcás comhthola, déanfaidh an Chomhairle Eorpach, laistigh de cheithre mhí ón bhfionraí sin, an dréacht a tharchur ar ais chuig an gComhairle, rud a chuirfidh deireadh le fionraí an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

Laistigh den tréimhse chéanna, i gcás easaontais, agus más mian le naoi mBallstát ar a laghad comhar feabhsaithe a bhunú ar bhonn na dréacht-treorach atá i dtrácht, cuirfidh siad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas. Sa chás sin, measfar gur tugadh an t-údarú chun dul ar aghaidh leis an gcomhar feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 20(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 329(1) den Chonradh seo agus beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an gcomhar feabhsaithe.

*Airteagal 83*

(sean-Airteagal 31 CAE)

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach trí bhíthin treoracha, rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i réimsí na coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo mar gheall ar nádúr na gcionta sin nó mar gheall ar an tionchar a bhíonn acu nó toisc go bhfuil gá faoi leith ann iad a chomhrac ar bhonn comhchoiteann.

Is iad seo a leanas na réimsí coireachta: an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil ar dhaoine agus an teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar leanaí, an gháinneáil neamhdhleathach ar dhrugaí, an gháinneáil aindleathach ar airm, sciúradh airgid, an éillitheacht, góchumadh modhanna íocaíochta, coireacht ríomhairí agus an choireacht eagraithe.

De réir mar a tharlaíonn forbairtí sa choireacht, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a ghlacadh lena sainaithneofar réimsí eile coireachta a chomhallann na critéir a shonraítear sa mhír seo. Gníomhóidh sí d'aon toil tar éis toiliú a fháil ó Parlaimint na hEorpa.

2. Más léir go bhfuil sé sár-riachtanach dlíthe coiriúla agus rialacháin choiriúla na mBallstát a chomhfhogasú chun beartas de chuid an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtúil i réimse ina ndearnadh bearta um chomhchuibhiú, féadfar rialacha íosta a bhunú le treoracha maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú sa réimse lena mbaineann. Glacfar na treoracha sin i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach céanna nó leis an nós imeachta reachtach speisialta céanna a leanadh agus na bearta um comhchuibhiú i dtrácht á nglacadh, gan dochar d'Airteagal 76.

3. Má mheasann comhalta den Chomhairle go ndéanfadh dréacht-treoir dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2 difear do ghnéithe bunúsacha dá chóras dlí coiriúil, féadfaidh sé a iarraidh go ndéanfar an dréacht-treoir a tharchur chuig an gComhairle Eorpach. Sa chás sin, déanfar an gnáthnós imeachta reachtach a fhionraí. Tar éis an cheist a phlé, agus i gcás comhthola, déanfaidh an Chomhairle Eorpach, laistigh de cheithre mhí ón bhfionraí sin, an dréacht a tharchur ar ais chuig an gComhairle, rud a chuirfidh deireadh le fionraí an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

Laistigh den tréimhse chéanna, i gcás easaontais, agus más mian le naoi mBallstát ar a laghad comhar feabhsaithe a bhunú ar bhonn na dréacht-treorach atá i dtrácht, cuirfidh siad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas. Sa chás sin, measfar gur tugadh an t-údarú chun dul ar aghaidh leis an gcomhar feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 20(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 329(1) den Chonradh seo agus beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an gcomhar feabhsaithe.

### *Airteagal 84*

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a bhunú chun dreasachtaí agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht na mBallstát maidir le cosc na coireachta a chur chun cinn agus tacú léi, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát.

### *Airteagal 85*

(sean-Airteagal 31 CAE)

1. Beidh de chúram ar Eurojust tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, ar bhonn na n-oibríochtaí arna seoladh agus ar bhonn na faisnéise arna tabhairt ag údaráis na mBallstát agus ag Europol.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, trí bhíthin rialachán arna nglacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Eurojust a chinneadh. Féadfaidh a bheith san áireamh ar na cúraimí sin:

(a) imscrúduithe coiriúla a thosú agus a bheartú go dtosófaí ar ionchúisimh arna seoladh ag údaráis náisiúnta inniúla, go háirithe na hionchúisimh a bhaineann le cionta in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais;

(b) na himscrúduithe coiriúla agus na hionchúisimh choiriúla dá dtagraítear i bpointe (a) a chomhordú;

(c) an comhar breithiúnach a neartú, lena n-áirítear trí easaontachtaí dlínse a shocrú agus trí dhlúth-chomhar leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach.

Cinnfear leis na rialacháin sin freisin socruithe maidir le baint a bheith ag Parlaimint na hEorpa agus ag na Parlaimintí náisiúnta leis an meastóireacht ar ghníomhaíochtaí Eurojust.

2. Faoi chuimsiú na n-ionchúiseamh dá dtagraítear i mír 1, agus gan dochar d'Airteagal 86, is iad na hoifigigh náisiúnta inniúla a dhéanfaidh gníomhartha foirmiúla nós imeachta bhreithiúnaigh a chur i gcrích.

*Airteagal 86*

1. D'fhonn coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí bhíthin rialachán arna nglacadh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a chur ar bun ó Eurojust. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Cheal aontoilíochta, féadfaidh grúpa a bheidh comhdhéanta de naoi mBallstát ar a laghad a iarraidh go ndéanfar an dréachtrialachán a tharchur chuig an gComhairle Eorpach. Sa chás sin, déanfar an nós imeachta sa Chomhairle a chur ar fionraí. Tar éis an cheist a phlé, agus i gcás comhthola, laistigh de cheithre mhí ón bhfionraí sin, déanfaidh an Chomhairle Eorpach an dréacht a tharchur ar ais chuig an gComhairle chun go nglacfaí é.

Laistigh den tréimhse chéanna, i gcás easaontais, agus más mian le naoi mBallstát ar a laghad comhar feabhsaithe a bhunú ar bhonn na dréacht-treorach atá i dtrácht, cuirfidh siad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas. Sa chás sin, measfar gur tugadh an t-údarú chun dul ar aghaidh leis an gcomhar feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 20(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 329(1) den Chonradh seo agus beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an gcomhar feabhsaithe.

2. Beidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh freagrach, i gcuibhreann le Europol nuair is iomchuí, as lucht déanta cionta a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, mar atá siad sainithe leis an rialachán dá bhforáiltear i mír 1, agus as a gcomhchoirithe sna coireanna sin, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais. Feidhmeoidh sí feidhmeanna ionchúi-sitheora i gcúirteanna inniúla na mBallstát i ndáil leis na cionta sin.

3. Cinnfear leis an rialachán dá dtagraítear i mír 1 na rialacha ginearálta a bheidh infheidhme maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, na coinníollacha lena rialófar comhlíonadh a feidhmeanna, na rialacha nós imeachta a bheidh infheidhme maidir lena gníomhaíochtaí chomh maith leis na rialacha lena rialófar inghlacthacht fianaise agus na rialacha a bheidh infheidhme maidir le hathbhreithiú breithiúnach ar bhearta nós imeachta arna nglacadh aici i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

4. Féadfaidh an Chomhairle Eorpach, san am céanna nó dá éis sin, cinneadh a ghlacadh lena leasófar mír 1 d'fhonn cumhachtaí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a leathnú chun go n-áireofar orthu an choireacht thromchúiseach a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi, agus lena leasófar dá réir sin mír 2 maidir le lucht déanta coireanna tromchúiseacha a dhéanann difear do Bhallstát amháin nó níos mó agus maidir lena gcomhchoirithe sna coireanna sin. Gníomhóidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

## CAIBIDIL 5

## COMHAR PÓILÍNEACHTA

### *Airteagal 87*

(sean-Airteagal 30 CAE)

1. Bunóidh an tAontas comhar póilíneachta a mbeidh baint ag údaráis inniúla uile na mBallstát leis, lena n-áirítear seirbhísí póilíneachta, seirbhísí custaim agus sainseirbhísí eile forfheidhmithe dlí i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a bhunú a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) faisnéis ábhartha a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a anailísiú agus a mhalartú;

(b) tacaíocht d'oiliúint foirne, agus comhar i leith malartú foirne, i leith trealaimh agus i leith an taighde ar bhrath na coireachta;

(c) teicníochtaí comhchoiteanna imscrúdaithe i ndáil le saghsanna tromchúiseacha coireachta eagraithe a bhrath.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach speisialta, bearta maidir le comhar oibríochtúil idir na húdaráis dá dtagraítear san Airteagal seo. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Cheal aontoilíochta, féadfaidh grúpa a bheidh comhdhéanta de naoi mBallstát ar a laghad a iarraidh go ndéanfar na dréachtbhearta a tharchur chuig an gComhairle Eorpach. Sa chás sin, déanfar an nós imeachta sa Chomhairle a chur ar fionraí. Tar éis an cheist a phlé, agus i gcás comhthola, laistigh de cheithre mhí ón bhfionraí sin, déanfaidh an Chomhairle Eorpach an dréacht a tharchur ar ais chuig an gComhairle chun go nglacfaí é.

Laistigh den tréimhse chéanna, i gcás easaontais, agus más mian le naoi mBallstát ar a laghad comhar feabhsaithe a bhunú ar bhonn na ndréachtbheart lena mbaineann, cuirfidh siad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas. Sa chás sin, measfar gur tugadh an t-údarú chun dul ar aghaidh leis an gcomhar feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 20(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 329(1) den Chonradh seo agus beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an gcomhar feabhsaithe.

Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta sonrach dá bhforáiltear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír maidir le gníomhartha arb éard atá iontu forbairt ar *acquis* Schengen.

*Airteagal 88*

(sean-Airteagal 30 CAE)

1. Beidh de chúram ag Europol tacú agus treisiú le gníomhaíocht údaráis phóilíneachta na mBallstát agus le seirbhísí eile forfheidhmithe dlí agus lena gcomhar frithpháirteach d'fhonn an choireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó, an sceimhlitheoireacht agus saghsanna eile coireachta a dhochraíonn leas coiteann atá ina ábhar do bheartas de chuid an Aontais a chosc agus a chomhrac.

2. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, trí bhíthin rialachán arna nglacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Europol a chinneadh. Féadfaidh a bheith san áireamh ar na cúraimí sin:

(a) faisnéis, arna cur ar aghaidh go háirithe ag údaráis na mBallstát nó ag tríú tíortha nó ag tríú comhlachtaí, a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a anailísiú agus a mhalartú;

(b) gníomhaíocht imscrúdaitheach agus oibríochtúil, arna cur i gcrích i gcomhpháirt le húdaráis inniúla na mBallstát nó i gcomhthéacs foirne comhpháirteacha imscrúdaitheacha, a chomhordú, a eagrú agus a chur chun feidhme, i gcuibhreann le Eurojust nuair is iomchuí.

Leagfar síos freisin leis na rialacháin sin na nósanna imeachta um ghrinnscrúdú ar ghníomhaíochtaí Europol ag Parlaimint na hEorpa i dteannta leis na Parlaimintí náisiúnta.

3. Ní mór aon ghníomhaíocht oibríochtúil ag Europol a chur i gcrích i gcuibhreann le húdaráis an Bhallstáit nó na mBallstát arb é a chríoch nó a gcríoch atá i dtrácht agus le comhaontú na n-údarás sin. Is ar na húdaráis náisiúnta inniúla a bheidh an fhreagracht eisiach as bearta comhéigneacha a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 89*

(sean-Airteagal 32 CAE)

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, na coinníollacha agus na teorainneacha a leagan síos faoina bhféadfaidh údaráis inniúla na mBallstát dá dtagraítear in Airteagail 82 agus 87 oibriú ar chríoch Ballstáit eile i gcuibhreann le húdaráis an Stáit sin agus le comhaontú na n-údarás sin. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

## TEIDEAL VI

### IOMPAR

*Airteagal 90*

(sean-Airteagal 70 CCE)

Déanfar aidhmeanna na gConarthaí a shaothrú, i gcúrsaí lena mbaineann an Teideal seo, faoi chuimsiú comhbheartais iompair.

*Airteagal 91*

(sean-Airteagal 71 CCE)

1. D'fhonn Airteagal 90 a chur chun feidhme agus ag cur sainghnéithe an iompair san áireamh, leagfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún:

(a) comhrialacha is infheidhme maidir le hiompar idirnáisiúnta go críoch Bhallstáit nó uaithi nó ag gabháil trí chríoch Bhallstáit amháin nó níos mó;

(b) na coinníollacha faoina bhféadfaidh carraeirí nach bhfuil cónaí orthu ann seirbhísí iompair a oibriú laistigh de Bhallstát;

(c) na bearta ar mhaithe le feabhas a thabhairt ar shábháilteacht an iompair;

(d) aon fhorálacha eile is fóinteach.

2. Agus na bearta dá dtagraítear i mír 1 á nglacadh, cuirfear san áireamh na cásanna sin ina bhféadfadh a gcur i bhfeidhm éifeacht thromchúiseach a bheith aige ar an gcaighdeán maireachtála agus ar leibhéal na fostaíochta i réigiúin áirithe, agus ar oibriú saoráidí iompair.

*Airteagal 92*

(sean-Airteagal 72 CCE)

Go dtí go mbeidh na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 91(1) leagtha síos, agus mura mbeidh cinneadh lena ndeonófar maolú glactha d'aon toil ag an gComhairle, ní fhéadfaidh aon Bhallstát cuid is lú fabhar, ina n-éifeacht dhíreach ná indíreach ar charraeirí Ballstát eile i gcomparáid le carraeirí is náisiúnaigh dá chuid féin, a thabhairt sna forálacha éagsúla a bhaineann leis an ábhar ar an 1 Eanáir 1958 nó, i gcás Stát aontach, ar dháta a n-aontachais.

*Airteagal 93*

(sean-Airteagal 73 CCE)

Luífidh cabhracha leis na Conarthaí má fhreastalaíonn siad don riachtanas atá ann le comhordú an iompair nó má fhreagraíonn siad don aisíocaíocht as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí.

*Airteagal 94*

(sean-Airteagal 74 CCE)

Aon bheart a ghlacfar faoi chuimsiú na gConarthaí maidir le rátaí agus coinníollacha iompair, cuirfear san áireamh iontu imthosca eacnamaíocha na gcarraeirí.

*Airteagal 95*

(sean-Airteagal 75 CCE)

1. I gcás iompair san Aontas, toirmiscfear aon idirdhealú trína ndéanann carraeirí rátaí difriúla a bhaint amach agus coinníollacha difriúla a fhorchur as na hearraí céanna a iompar ar na hidirbhealaí iompair céanna mar gheall ar thír thionscnaimh nó ar thír chinn scríbe na n-earraí áirithe.

2. Ní choiscfidh mír 1 den Airteagal seo Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ó bhearta eile a ghlacadh de bhun Airteagal 91(1).

3. Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, rialacha a leagan síos chun forálacha mhír 1 a chur i ngníomh.

Féadfaidh an Chomhairle, go háirithe, na forálacha a leagan síos is gá chun a chumasú d'institiúidí an Aontais a thabhairt go gcomhlíonfar an riail atá leagtha síos i mír 1 agus a áirithiú go mbeidh a tairbhe iomlán ag úsáidirí.

4. Déanfaidh an Coimisiún, uaidh féin nó ar iarratas ó Bhallstát, scrúdú ar aon chásanna idirdhealaithe a thig faoi mhír 1 agus, tar éis dul i gcomhairle le haon Bhallstát lena mbaineann, glacfaidh sé cibé cinntí is gá faoi chuimsiú na rialacha a leagadh síos de réir fhorálacha mhír 3.

*Airteagal 96*

(sean-Airteagal 76 CCE)

1. Toirmiscfear ar Bhallstát rátaí agus coinníollacha, a bhfuil tacaíocht nó cosaint ar bith ag roinnt leo ar mhaithe le gnóthas nó tionscal áirithe amháin nó níos mó, a fhorchur i leith gníomhaíochtaí iompair san Aontas, mura mbeidh sin údaraithe ag an gCoimisiún.

2. Déanfaidh an Coimisiún, uaidh féin nó ar iarratas ó Bhallstát, scrúdú ar na rátaí agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, á chur san áireamh go háirithe, ar thaobh amháin, a bhfuil riachtanach do bheartas eacnamaíoch réigiúnach iomchuí, gánna limistéar tearcfhorbartha agus fadhbanna limistéar a bhfuil imthosca polaitiúla ag cur as dóibh go mór agus, ar an taobh eile, éifeachtaí na rátaí agus na gcoinníollacha sin ar an iomaíocht idir na modhanna éagsúla iompair.

Tar éis dul i gcomhairle le gach Ballstát lena mbaineann, glacfaidh an Coimisiún cibé cinntí is gá.

3. Ní bhainfidh an toirmeasc dá bhforáiltear i mír 1 le taraifí a socraíodh faoi chomhair iomaíochta.

*Airteagal 97*

(sean-Airteagal 77 CCE)

Na muirir nó na dleachtanna a éileoidh carraeir as imeallchríocha a thrasnú, i dteannta na rátaí iompair, ní ghabhfaidh siad thar leibhéal réasúnta, ar na costais a tabhaíodh iarbhír sa trasnú sin a chur san áireamh.

Féachfaidh na Ballstáit leis na costais sin a laghdú go comhleanúnach.

Féadfaidh an Coimisiún moltaí a chur faoi bhráid na mBallstát maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 98*

(sean-Airteagal 78 CCE)

Ní bheidh forálacha an Teidil seo ina gconstaic ar fheidhmiú beart a ghlactar i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, sa mhéid gur gá na bearta sin mar chúiteamh sna míbhuntáistí eacnamaíocha a thug deighilt na Gearmáine ar an ngeilleagar i limistéir áirithe de Phoblacht na Cónaidhme a mbaineann an deighilt sin leo. Cúig bliana tar éis do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh lena n-aisghairfear an tAirteagal seo.

*Airteagal 99*

(sean-Airteagal 79 CCE)

Cuirfear coiste comhairleach, de shaineolaithe arna n-ainmniú ag Rialtais na mBallstát, ag gabháil leis an gCoimisiún. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste, aon uair is fóinteach leis é, i dtaobh cúrsaí iompair.

*Airteagal 100*

(sean-Airteagal 80 CCE)

1. Bainfidh forálacha an Teidil seo le hiompar d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre.

2. Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na forálacha iomchuí don mhuiriompar agus don aeriompar a leagan síos. Gníomhóidh siad tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún.

# TEIDEAL VII

# COMHRIALACHA MAIDIR LE hIOMAÍOCHT, LE CÁNACHAS AGUS LE COMHFHOGASÚ REACHTAÍOCHTA

## CAIBIDIL 1

## RIALACHA IOMAÍOCHTA

### *ROINN 1*

### RIALACHA A BHAINEANN LE GNÓTHAIS

#### *Airteagal 101*

(sean-Airteagal 81 CCE)

1. Toirmisctear na cleachtais seo a leanas mar chleachtais nach luíonn leis an margadh inmheánach: gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais ghnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar an trádáil idir Ballstáit agus arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht iomaíocht sa mhargadh inmheánach a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, agus go háirithe iad siúd trína ndéantar:

(a) praghsanna ceannaithe nó díolta nó aon choinníollacha eile trádála a shocrú, go díreach nó go hindíreach;

(b) táirgeadh, margaí, forbairt theicniúil, nó infheistiú a theorannú nó a rialú;

(c) margaí nó foinsí soláthair a pháirtiú;

(d) coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste iad san iomaíocht;

(e) chun go gcuirfear conarthaí i gcrích, é a chur de choinníoll go nglacfaidh na páirtithe eile le hoibleagáidí forlíontacha nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.

2. Aon chomhaontuithe nó cinntí a thoirmiscfear de bhun an Airteagail seo, beidh siad ar neamhní dá dhroim sin.

3. Féadfar, áfach, a dhearbhú nach mbainfidh forálacha mhír 1:

— le haon chomhaontú nó le haon chineál comhaontuithe idir gnóthais;

— le haon chinneadh nó le haon chineál cinntí ag comhlachais ghnóthas;

— le haon chleachtas comhbheartaithe nó le haon chineál cleachtas comhbheartaithe

a chuidíonn le feabhas a thabhairt ar tháirgeadh nó dáileadh earraí nó leis an ascnamh teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn, agus cion cothrom den tairbhe uaidh sin a ligean le tomhaltóirí, agus:

(a) nach gcuireann ar na gnóthais atá i gceist srianta nach bhfuil fíor-riachtanach chun na haidhmeanna sin a ghnóthú;

(b) nach dtugann do na gnóthais sin breith ar iomaíocht a dhíchur i gcás cuid mhór de na táirgí atá i gceist.

*Airteagal 102*

(sean-Airteagal 82 CCE)

Déanfar aon mhí-úsáid ag gnóthas nó gnóthais ag a bhfuil ceannasacht sa mhargadh inmheánach nó i gcuid mhór de a thoirmeasc mar ní nach luíonn leis an margadh inmheánach sa mhéid gurbh fhéidir éifeacht a bheith aici ar thrádáil idir Ballstáit.

D'fhéadfadh sé go háirithe gurb é a bheadh sa mhí-úsáid sin:

(a) praghsanna míchóra ceannaithe nó díolta nó coinníollacha míchóra eile trádála a fhorchur, go díreach nó go hindíreach;

(b) an táirgeadh, na margaí nó an fhorbairt theicniúil a theorannú chun dochair do thomhaltóirí;

(c) coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht iad;

(d) chun go dtabharfar conarthaí i gcrích, é a chur de choinníoll go nglacfaidh na páirtithe eile le hoibleagáidí forlíontacha nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.

*Airteagal 103*

(sean-Airteagal 83 CCE)

1. Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na rialacháin nó treoracha is iomchuí a leagan síos chun éifeacht a thabhairt do na prionsabail atá leagtha amach in Airteagail 101 agus 102.

2. Na rialacháin nó na treoracha dá dtagraítear i mír 1, ceapfar iad go háirithe:

(a) chun a áirithiú go ngéillfear do na toirmisc atá leagtha síos in Airteagal 101(1) agus in Airteagal 102, trí fhíneálacha agus tráthíocaíochtaí pionósacha a fhoráil ina leith;

(b) chun rialacháin mhionchruinne a leagan síos i dtaobh Airteagal 101(3) a chur chun feidhme, á chur san áireamh a riachtanaí atá sé, ar thaobh amháin, maoirsiú éifeachtach a áirithiú agus, ar an taobh eile, an riarachán a shimpliú chomh fada riamh agus is féidir;

(c) chun sainiú a dhéanamh, más gá, i gcás bhrainsí éagsúla an gheilleagair ar raon na bhforálacha atá in Airteagail 101 agus 102;

(d) chun feidhmeanna an Choimisiúin agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi seach, a shainiú maidir leis na forálacha atá leagtha síos sa mhír seo a chur chun feidhme;

(e) chun an gaol a chinneadh atá idir dlíthe náisiúnta agus na forálacha atá sa Roinn seo nó a glacadh de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 104*

(sean-Airteagal 84 CCE)

Go dtí go dtiocfaidh na forálacha a glacadh de bhun Airteagal 103 i bhfeidhm, bhéarfaidh údaráis na mBallstát rialú, de réir dlí a dtíre agus fhorálacha Airteagal 101, go háirithe mír 3, agus fhorálacha Airteagal 102, ar inghlacthacht chomhaontuithe, cinntí agus cleachtas comhbheartaithe agus ar mhí-úsáid cheannasachta sa mhargadh inmheánach.

*Airteagal 105*

(sean-Airteagal 85 CCE)

1. Gan dochar d'Airteagal 104, féachfaidh an Coimisiún chuige go gcuirfear chun feidhme na prionsabail atá leagtha síos in Airteagail 101 agus 102. Ar iarratas a fháil ó Bhallstát, nó uaidh féin, agus i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát, a thabharfaidh a gcabhair dó, scrúdóidh an Coimisiún cásanna ina bhfuil amhras gur sáraíodh na prionsabail thuasluaite. Má fhaigheann sé gur tharla sárú, molfaidh sé bearta iomchuí chun deireadh a chur leis.

2. Mura gcuirtear deireadh leis an sárú, déanfaidh an Coimisiún an sárú sin ar na prionsabail a thaifeadadh i gcinneadh réasúnaithe. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh a fhoilsiú agus a údarú do Bhallstáit na bearta is gá a dhéanamh chun an scéal a leigheas, agus saineoidh sé coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

3. Féadfaidh an Coimisiún rialacháin a ghlacadh a bhainfidh leis na haicmí comhaontuithe a bhfuil an Chomhairle tar éis rialachán nó treoir a ghlacadh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 103(2)(b).

*Airteagal 106*

(sean-Airteagal 86 CCE)

1. I gcás na ngnóthas poiblí agus na ngnóthas dá dtugann na Ballstáit cearta speisialta nó cearta eisiacha, ní achtóidh na Ballstáit, ná ní choinneoidh siad i bhfeidhm, aon bheart atá bunoscionn le rialacha na gConarthaí, go háirithe na rialacha dá bhforáiltear in Airteagal 18 agus in Airteagail 101 go 109.

2. Gnóthais arb é a gcúram seirbhísí a oibriú is seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne nó seirbhísí de chineál monaplachta fioscaí, beidh siad faoi réir rialacha na gConarthaí, go háirithe na rialacha iomaíochta, chomh fada is nach dtiocfaidh de na rialacha sin a chur chun feidhme bac ar chomhlíonadh, ó dhlí nó ó ghníomh, an chúraim áirithe a ceapadh dóibh. Caithfear gan cur as d'fhorbairt na trádála go feadh méid ba dhochar do leasanna an Aontais.

3. Féachfaidh an Coimisiún chuige go gcuirfear forálacha an Airteagail seo chun feidhme agus, nuair is gá sin, eiseoidh sé treoracha nó cinntí iomchuí chun na mBallstát.

*ROINN 2*

CABHRACHA Ó STÁIT

## *Airteagal 107*

(sean-Airteagal 87 CCE)

1. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí, aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit.

2. Beidh cabhair dá leithéid seo a leanas ag luí leis an margadh inmheánach:

(a) cabhair de chineál comhdhaonnach do thomhaltóirí aonair, ar choinníoll go dtugtar an chabhair sin gan idirdhealú maidir le tionscnamh na dtáirgí áirithe;

(b) cabhair chun damáiste a shlánú a tharla de dheasca tubaistí nádúrtha nó tarlachtaintí neamhchoitianta eile;

(c) cabhair do gheilleagar limistéar áirithe de Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine ar chuir deighilt na Gearmáine as dóibh, sa mhéid gur gá an chabhair sin mar chúiteamh sna míbhuntáistí eacnamaíocha a tháinig den deighilt sin. Cúig bliana tar éis do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh lena n-aisghairfear an pointe seo.

3. Is inmheasta cabhair dá leithéid seo a leanas a bheith ag luí leis an margadh inmheánach:

(a) cabhair chun forbairt eacnamaíoch a thabhairt ar limistéir ina bhfuil an caighdeán maireachtála thar a bheith íseal nó ina bhfuil mórchuid tearcfhostaíochta, agus ar na réigiúin dá dtagraítear in Airteagal 349, ag féachaint dá staid struchtúrtha, eacnamaíoch agus shóisialta;

(b) cabhair chun cuidiú le tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur i gcrích nó chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas;

(c) cabhair chun forbairt ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, nuair nach n-athraíonn an chabhair sin dálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas coiteann;

(d) cabhair chun cultúr agus caomhnú na hoidhreachta a chur ar aghaidh nuair nach gcuireann sí isteach ar dhálaí trádála agus iomaíochta san Aontas go feadh méid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann.

(e) cabhair de cibé cineálacha eile a shonrófar le cinneadh ón gComhairle ar thogra ón gCoimisiún.

*Airteagal 108*

(sean-Airteagal 88 CCE)

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, na córais chabhrach go léir sna Stáit sin a choimeád faoi bhreithniú i gcónaí. Molfaidh sé do na Stáit sin aon bhearta iomchuí is gá chun an margadh inmheánach a fhorbairt go comhleanúnach nó chun a fheidhmithe.

2. Más rud é, tar éis fógra a thabhairt do na páirtithe lena mbaineann a mbarúlacha a chur isteach, go bhfaighidh an Coimisiún go bhfuil cabhair a thug Stát nó a tugadh trí bhíthin acmhainní Stáit gan bheith ag luí leis an margadh inmheánach ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 107, nó go bhfuil an chabhair sin á mí-úsáid, cinnfidh sé go ndlíonn an Stát sin an chabhair sin a dhíothú nó a athrú laistigh de thréimhse a chinnfidh an Coimisiún.

Mura gcomhlíonfaidh an Stát áirithe an cinneadh sin laistigh den tréimhse ordaithe, féadfaidh an Coimisiún nó aon Stát leasmhar eile, de mhaolú ar fhorálacha Airteagail 258 agus 259, an t-ábhar a thabhairt faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go díreach.

Féadfaidh an Chomhairle, ar iarratas ó Bhallstát, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh go measfar cabhair atá á tabhairt nó le tabhairt ag an Stát sin a bheith ag luí leis an margadh inmheánach, de mhaolú ar fhorálacha Airteagal 107 nó ar na rialacháin dá bhforáiltear in Airteagal 109, má fhágann imthosca eisceachtúla gur cinneadh cóir é sin. Más rud é maidir leis an gcabhair sin, go bhfuil an Coimisiún tar éis an nós imeachta dá bhforáiltear sa chéad fhomhír den mhír seo a thionscnamh cheana féin, beidh d'éifeacht ag an iarratas chun na Comhairle ón Stát atá i gceist go bhfionrófar an nós imeachta sin go dtí gur feasach cad é dearcadh na Comhairle.

Más rud é, áfach, nach mbeidh a dearcadh curtha in iúl ag an gComhairle laistigh de thrí mhí ó rinneadh an t-iarratas sin, tabharfaidh an Coimisiún a chinneadh ar an gcás.

3. Cuirfear i bhfios don Choimisiún, in am trátha ionas go bhféadfaidh sé a bharúlacha a thabhairt, aon phleananna chun cabhair a thabhairt nó a athrú. Má mheasann sé go bhfuil aon phlean den sórt sin gan bheith ag luí leis an margadh inmheánach, ag féachaint d'Airteagal 107, tionscnóidh sé, gan mhoill, an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 2. Ní chuirfidh an Ballstát áirithe na bearta atá ceaptha aige in éifeacht go dtí go bhfaighfear cinneadh críochnaitheach de thoradh an nós imeachta sin.

4. Féadfaidh an Coimisiún rialacháin a ghlacadh a bhainfidh leis na haicmí cabhrach Stáit a bhfuil cinneadh glactha ag an gComhairle ina leith, de bhun Airteagal 109, go bhfuil siad díolmhaithe ón nós imeachta dá bhforáiltear i mír 3 den Airteagal seo.

### *Airteagal 109*

(sean-Airteagal 89 CAE)

Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, aon rialacháin fóinteach a dhéanamh chun Airteagail 107 agus 108 a chur chun feidhme, agus féadfaidh sí go háirithe na coinníollacha ina mbeidh Airteagal 108(3) infheidhme a chinneadh mar aon leis na cineálacha cabhrach atá eiscthe ón nós imeachta seo.

## CAIBIDIL 2

## FORÁLACHA CÁNACHAIS

### *Airteagal 110*

(sean-Airteagal 90 CCE)

Ní fhorchuirfidh aon Bhallstát, go díreach ná go hindíreach, ar tháirgí Ballstát eile aon chánachas inmheánach de shaghas ar bith de bhreis ar a bhforchuirtear go díreach nó go hindíreach ar a samhail dá tháirgí náisiúnta féin.

Fairis sin, ní fhorchuirfidh aon Bhallstát ar tháirgí Ballstát eile aon chánachas inmheánach de shaghas a thabharfaidh cosaint indíreach do tháirgí eile.

### *Airteagal 111*

(sean-Airteagal 91 CCE)

I gcás earraí a onnmhairítear go críoch aon Bhallstáit, ní bheidh aon aisíocaíocht ar chánachas inmheánach níos mó ná an cánachas inmheánach a forchuireadh orthu, go díreach nó go hindíreach.

### *Airteagal 112*

(sean-Airteagal 92 CCE)

I gcás muirear seachas cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus cineálacha eile cánachais indírigh, ní cead maithiúnais ná aisíocaíochtaí i leith onnmhairí go Ballstáit eile a dheonú ná ní cead muirir frithchúitimh i leith allmhairí ó Bhallstáit a fhorchur mura mbeidh na bearta a mheabhraítear formheasta roimh ré go ceann tréimhse teoranta ag an gComhairle, ar thogra ón gCoimisiún.

### *Airteagal 113*

(sean-Airteagal 93 CCE)

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na forálacha maidir le comhchuibhiú reachtaíochta a bhaineann le cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus cineálacha eile cánachais indírigh a mhéad is gá an comhchuibhiú sin chun bunú agus oibriú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus chun saobhadh ar an iomaíocht a sheachaint.

## CAIBIDIL 3

## DLÍTHE A CHOMHFHOGASÚ

### *Airteagal 114*

(sean-Airteagal 95 CCE)

1. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí, beidh na forálacha seo a leanas infheidhme d'fhonn na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 26 a bhaint amach. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na bearta maidir le comhfhogasú na bhforálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin atá ceaptha sna Ballstáit chun an margadh inmheánach a bhunú agus a oibriú.

2. Ní bheidh mír 1 infheidhme i leith forálacha fioscacha, forálacha maidir le saorghluaiseacht daoine ná forálacha maidir le cearta agus leas fostaithe.

3. Is ar ardleibhéal cosanta a bheidh tograí an Choimisiúin dá bhforáiltear i mír 1 maidir le sláinte, sábháilteacht, cosaint an chomhshaoil agus cosaint an tomhaltóra bunaithe, agus aon fhorbairt nua atá bunaithe ar fhíorais eolaíocha á cur san áireamh ach go háirithe. Faoi chuimsiú a gcumhachtaí faoi seach, féachfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle freisin leis an gcuspóir sin a bhaint amach.

4. Más rud é, tar éis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, don Chomhairle nó don Choimisiún beart comhchuibhithe a ghlacadh, go measann Ballstát gur gá forálacha náisiúnta a choimeád ar bun de bharr riachtanais thábhachtacha dá dtagraítear in Airteagal 36 nó a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó na timpeallachta oibre, cuirfidh sé na forálacha sin, maille leis na forais atá lena gcoimeád ar bun, in iúl don Choimisiún.

5. Thairis sin, gan dochar do mhír 4, más rud é, tar éis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, don Chomhairle nó don Choimisiún beart comhchuibhithe a ghlacadh, go measann Ballstát gur gá forálacha náisiúnta a thabhairt isteach atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch nua maidir le cosaint an chomhshaoil nó na timpeallachta oibre de bharr fadhb a bhaineann go leithleach leis an mBallstát sin agus a thagann chun cinn tar éis don bheart comhchuibhithe a bheith glactha, cuirfidh sé na forálacha arna mbeartú, maille leis na forais atá lena dtabhairt isteach, in iúl don Choimisiún.

6. Laistigh de shé mhí ó na fógraí dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 a fháil, déanfaidh an Coimisiún na forálacha náisiúnta i gceist a fhormheas nó a dhiúltú tar éis dó a fhíorú an bhfuil nó nach bhfuil áis á baint astu le haghaidh idirdhealú treallach nó chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir Ballstáit agus an bhfuil nó nach bhfuil siad ina gconstaic d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Mura ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh laistigh den tréimhse sin, measfar go bhfuil na forálacha náisiúnta dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 formheasta.

Nuair atá call leis sin mar gheall ar chastacht an ábhair agus in éagmais contúirte do shláinte an duine, féadfaidh an Coimisiún a chur in iúl don Bhallstát i dtrácht go bhféadfar an tréimhse dá dtagraítear sa mhír seo a fhadú go ceann tréimhse eile suas go sé mhí.

7. Nuair a údaraítear do Bhallstát, de bhun mhír 6, forálacha náisiúnta a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach de mhaolú ar bheart comhchuibhithe, scrúdóidh an Coimisiún láithreach an cóir oiriúnú ar an mbeart sin a mholadh.

8. Nuair a ardaíonn Ballstát fadhb shonrach sláinte poiblí i réimse a bhí ina ábhar roimhe sin do bhearta comhchuibhithe, tabharfaidh sé ar aird don Choimisiún í agus scrúdóidh an Coimisiún láithreach an cóir bearta iomchuí a mholadh don Chomhairle.

9. De mhaolú ar an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagail 258 agus 259, féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát ar bith an t-ábhar a thabhairt díreach os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh má mheasann sé go bhfuil Ballstát eile ag baint mí-úsáide as na cumhachtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo.

10. Beidh sna bearta comhchuibhithe dá dtagraítear anseo thuas, i ngach cás is iomchuí, clásal cosanta lena n-údarófar do na Ballstáit, ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna neamheacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 36, bearta sealadacha a ghlacadh faoi réir nós imeachta rialaithe de chuid an Aontais.

*Airteagal 115*

(sean-Airteagal 94 CCE)

Gan dochar d'Airteagal 114, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, treoracha a ghlacadh le haghaidh chomhfhogasú fhorálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin na mBallstát a dhéanann difear go díreach do bhunú nó d'oibriú an mhargaidh inmheánaigh.

*Airteagal 116*

(sean-Airteagal 96 CCE)

Má fhaigheann an Coimisiún go bhfuil difríocht idir na forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin i mBallstáit atá ag saobhadh na gcoinníollacha iomaíochta sa mhargadh inmheánach agus gur gá an saobhadh dá dheasca sin a dhíchur, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit atá i gceist.

Mura dtiocfaidh as an dáil chomhairle sin comhaontú trína ndíchuirfear an saobhadh áirithe, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na treoracha is gá a eisiúint. Féadfar gach beart iomchuí eile dá bhforáiltear sna Conarthaí a ghlacadh.

### *Airteagal 117*

(sean-Airteagal 97 CCE)

1. Má bhíonn cúis ann chun a cheapadh gur baolach saobhadh de réir bhrí Airteagal 116 a theacht as foráil reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin a ghlacadh nó a leasú, rachaidh Ballstát i gcomhairle leis an gCoimisiún má theastaíonn uaidh dul ar aghaidh leis an bhforáil sin a ghlacadh nó a leasú. Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit, molfaidh an Coimisiún do na Stáit lena mbaineann cibé bearta is iomchuí chun an saobhadh sin a sheachaint.

2. Mura gcomhlíonfaidh an Stát a dteastaíonn uaidh forálacha dá chuid féin a thabhairt isteach nó a leasú an moladh a thug an Coimisiún dó, ní iarrfar, de bhun Airteagal 116, ar na Ballstáit eile a bhforálacha féin a leasú chun an saobhadh sin a dhíchur. Má bhíonn an Ballstát a thug neamhaird ar mholadh an Choimisiúin ina chúis le saobhadh a rachaidh chun dochair dó féin amháin, ní bheidh feidhm le forálacha Airteagal 116.

### *Airteagal 118*

Faoi chuimsiú an margadh inmheánach a bhunú nó a oibriú, bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta maidir le cearta Eorpacha maoine intleachtúla a chruthú chun cosaint chomhionann ar chearta maoine intleachtúla a áirithiú ar fud an Aontais agus maidir le córais lárnaithe um údarú, um chomhordú agus um maoirsiú a chur ar bun ar leibhéal an Aontais.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, na socruithe teanga do na cearta Eorpacha maoine intleachtúla a ghlacadh trí bhíthin rialachán. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

## TEIDEAL VIII

## **BEARTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA**

### *Airteagal 119*

(sean-Airteagal 4 CCE)

1. Chun na gcríoch atá luaite in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuimseoidh gníomhaíochtaí na mBallstát agus an Aontais, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí, beartas eacnamaíoch a ghlacadh atá fothaithe ar chomhordú dlúth idir beartais eacnamaíocha na mBallstát, ar an margadh inmheánach agus ar shainiú comhchuspóirí agus a sheoltar i gcomhréir le prionsabal geilleagair mhargaidh oscailte le saoriomaíocht.

2. Go comhthreomhar leis sin, agus faoi na coinníollacha agus de réir na nósanna imeachta dá bhforáiltear sna Conarthaí, cuimseoidh na gníomhaíochtaí sin airgeadra aonair, an euro, beartas aonair airgeadaíochta agus beartas aonair rátaí malairte a shainiú agus a sheoladh arb é is cuspóir príomhúil leo araon cobhsaíocht phraghsanna a choimeád ar bun agus, gan dochar don chuspóir sin, tacú leis na beartais eacnamaíocha ghinearálta san Aontas, i gcomhréir le prionsabal geilleagair mhargaidh oscailte le saoriomaíocht.

3. Béarfaidh gníomhaíochtaí sin na mBallstát agus an Aontais go ndéanfar na treoirphrionsabail seo a leanas a urramú: praghsanna cobhsaí, airgeadas poiblí fónta agus dálaí airgeadaíochta fónta agus comhardú inbhuanaithe íocaíochtaí.

## CAIBIDIL 1

## BEARTAS EACNAMAÍOCH

### *Airteagal 120*

(sean-Airteagal 98 CCE)

Seolfaidh na Ballstáit a mbeartais eacnamaíocha d'fhonn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Aontais, mar atá siad sainithe in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus faoi chuimsiú na mór-threoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 121(2). Gníomhóidh na Ballstáit agus an tAontas i gcomhréir le prionsabal geilleagair mhargaidh oscailte le saoriomaíocht ar mhaithe le cionroinnt éifeachtach acmhainní agus ag comhlíonadh na bprionsabal atá leagtha amach in Airteagal 119.

### *Airteagal 121*

(sean-Airteagal 99 CCE)

1. Measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn a mbeartais eacnamaíocha agus déanfaidh siad comhordú orthu i dtionól na Comhairle, i gcomhréir le forálacha Airteagal 120.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, dréacht a fhoirmiú de mhór-threoirlínte bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais agus déanfaidh sí tuarascáil ar a machnamh don Chomhairle Eorpach.

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di ar bhonn na tuarascála sin ón gComhairle, conclúid a phlé ar mhór-threoirlínte bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais.

Ar bhonn na conclúide sin, glacfaidh an Chomhairle moladh a shocróidh na mór-threoirlínte sin. Cuirfidh an Chomhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoina moladh.

3. D'fhonn comhordú níos dlúithe ar na beartais eacnamaíocha agus cóineasú marthanach ar fheidhmiú eacnamaíoch na mBallstát a áirithiú, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascálacha a chuirfidh an Coimisiún faoina bráid, faireachán ar fhorbairt eacnamaíoch i ngach ceann de na Ballstáit agus san Aontas agus ar chomhchuibheas na mbeartas eacnamaíoch leis na mór-threoirlínte dá dtagraítear i mír 2 agus measúnú foriomlán go tráthrialta.

Chun críocha an fhaireacháin iltaobhaigh sin, cuirfidh na Ballstáit faisnéis chuig an gCoimisiún ar bhearta tábhachtacha arna nglacadh acu i réimse a mbeartais eacnamaíoch agus pé faisnéis eile a mheasann siad is gá.

4. Má shuitear, faoi chuimsiú an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3, nach bhfuil beartais eacnamaíocha Ballstáit comhchuí leis na mór-threoirlínte dá dtagraítear i mír 2 nó gur dóigh dóibh oibriú rianúil an Aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a chur i gcontúirt, féadfaidh an Coimisiún foláireamh a dhíriú chuig an mBallstát i dtrácht. Féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, na moltaí is gá a dhíriú chuig an mBallstát i dtrácht. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh, ar thogra ón gCoimisiún, a moltaí a phoibliú.

Faoi chuimsiú na míre seo, gníomhóidh an Chomhairle gan vóta chomhalta na Comhairle a ionadaíonn don Bhallstát i dtrácht a chur san áireamh.

Saineofar tromlach cáilithe chomhaltaí eile na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a).

5. Déanfaidh Uachtarán na Comhairle agus an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa ar thorthaí an fhaireacháin iltaobhaigh. Féadfar a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle láithriú os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa má bhíonn a moltaí poiblithe ag an gComhairle.

6. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, rialacha mionsonraithe a ghlacadh don nós imeachta faireacháin iltaobhaigh dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4.

*Airteagal 122*

(sean-Airteagal 100 CCE)

1. Gan dochar do na nósanna imeachta eile dá bhforáiltear sna Conarthaí, féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, de mheon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, na bearta is iomchuí don staid eacnamaíoch a chinneadh, go háirithe má tharlaíonn géardheacrachtaí maidir le soláthar táirgí áirithe, go háirithe i réimse an fhuinnimh.

2. I gcás Ballstát a bheith i ndeacrachtaí nó géardheacrachtaí a bheith ag dianbhagairt air de bhun tubaistí nádúrtha nó tarluithe eisceachtúla nach bhfuil neart aige orthu, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cabhair airgeadais Aontais a dheonú faoi choinníollacha áirithe don Bhallstát i dtrácht. Cuirfidh Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gcinneadh a glacadh.

*Airteagal 123*

(sean-Airteagal 101 CCE)

1. Toirmiscfear ar an mBanc Ceannais Eorpach agus ar bhainc cheannais na mBallstát (dá ngairtear "bainc cheannais náisiúnta" anseo feasta) saoráidí rótharraingtí nó aon saoráid chreidmheasa de shaghas ar bith eile a thabhairt i bhfabhar institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí Aontais, Rialtais Láir, údarás réigiúnach nó áitiúil nó údarás poiblí eile, comhlachtaí eile arna rialú ag an dlí poiblí nó gnóthas poiblí sna Ballstáit, agus toirmiscfear freisin ar an mBanc Ceannais Eorpach nó ar bhainc cheannais náisiúnta ionstraimí fiachais a cheannach go díreach uathu.

2. Ní bheidh forálacha mhír 1 infheidhme ar institiúidí creidmheasa ar úinéireacht phoiblí ar a gcuirfidh bainc cheannais náisiúnta agus an Banc Ceannais Eorpach, i gcomhthéacs soláthar cúlchistí ó bhainc cheannais, an chóir chéanna a chuirtear ar institiúidí creidmheasa príobháideacha.

*Airteagal 124*

(sean-Airteagal 102 CCE)

Toirmiscfear aon bheart, nach bhfuil bunaithe ar dhálaí stuamachta, a thugann rochtain phribhléideach d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí nó do ghníomhaireachtaí Aontais, do Rialtais Láir, d'údaráis réigiúnacha nó áitiúla nó d'údaráis phoiblí eile, do chomhlachtaí eile arna rialú faoin dlí poiblí nó do ghnóthais phoiblí sna Ballstáit ar institiúidí airgeadais.

*Airteagal 125*

(sean-Airteagal 103 CCE)

1. Ceangaltais Rialtais Láir, údarás réigiúnach nó áitiúil nó údarás poiblí eile, comhlachtaí eile arna rialú faoin dlí poiblí nó gnóthas poiblí de chuid aon Bhallstáit, ní bheidh an tAontas faoi dhliteanas ina leith ná ní ghabhfaidh sé air féin iad, gan dochar do ráthaíochtaí airgeadais frithpháirteacha ar mhaithe le comhghnóthú tionscadail shonraigh. Ceangaltais Rialtais Láir, údarás réigiúnach nó áitiúil nó údarás poiblí eile, comhlachtaí eile arna rialú faoin dlí poiblí nó gnóthas poiblí de chuid Ballstáit eile, ní bheidh Ballstát faoi dhliteanas ina leith, ná ní ghabhfaidh sé air féin iad, gan dochar do ráthaíochtaí airgeadais frithpháirteacha ar mhaithe le comhghnóthú tionscadail shonraigh.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, más gá, na sainmhínithe a shonrú maidir le cur i bhfeidhm na dtoirmeasc dá dtagraítear in Airteagail 123 agus 124 agus san Airteagal seo.

*Airteagal 126*

(sean-Airteagal 104 CCE)

1. Seachnóidh na Ballstáit easnaimh rialtais iomarcacha.

2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fhorbairt an choir bhuiséadaigh agus ar stoc an fhiachais rialtais sna Ballstáit d'fhonn ollearráidí a shainaithint. Scrúdóidh sé ach go háirithe comhlíonadh smachta bhuiséadaigh ar bhonn an dá chritéar seo a leanas:

(a) an dtéann an cóimheas idir an t-easnamh rialtais pleanáilte nó iarbhír agus an olltáirgeacht intíre thar luach tagartha:

— mura bhfuil an cóimheas tar éis ísliú go suntasach leanúnach agus mura bhfuil sé tar éis leibhéal a shroicheadh atá gar don luach tagartha;

— nó, ina mhalairt de chás, mura bhfuil an farasbarr thar an luach tagartha eisceachtúil agus sealadach amháin agus mura bhfanann an cóimheas gar don luach tagartha;

(b) an dtéann an cóimheas idir an fiachas rialtais agus an olltáirgeacht intíre thar luach tagartha, mura bhfuil an cóimheas ag laghdú a dhóthain agus ag druidim ar luas sásúil leis an luach tagartha.

Sonraítear na luachanna tagartha sa Phrótacal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis na Conarthaí.

3. Mura ndéanann Ballstát na ceanglais faoi cheann amháin de na critéir sin nó faoin dá cheann a chomhall, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil. Cuirfear san áireamh freisin i dtuarascáil an Choimisiúin an dtéann an t-easnamh rialtais thar chaiteachas infheistíochta rialtais maille le gach toisc ábhartha eile lena n-áirítear cor eacnamaíoch agus buiséadach meántéarmach an Bhallstáit.

Féadfaidh an Coimisiún tuarascáil a ullmhú freisin má tá sé den tuairim, d'ainneoin chomhall na gceanglas faoi na critéir, go bhfuil baol easnaimh iomarcaigh ann i mBallstát.

4. Foirmeoidh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais tuairim ar thuarascáil an Choimisiúin.

5. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil easnamh iomarcach nó baol easnaimh iomarcaigh ann i mBallstát, déanfaidh sé tuairim a dhíriú chuig an mBallstát i dtrácht agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas.

6. Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis aon bharúlacha a chur san áireamh is mian leis an mBallstát i dtrácht a chur faoina bráid, a chinneadh tar éis measúnú foriomlán an bhfuil easnamh iomarcach ann.

7. Má chinneann an Chomhairle de réir mhír 6 go bhfuil easnamh iomarcach ann, glacfaidh sí, gan mhoill mhíchuí, ar mholadh ón gCoimisiún, na moltaí arna ndíriú chuig an mBallstát i dtrácht chun deireadh a chur leis an staid sin laistigh de thréimhse a thugtar. Faoi réir fhorálacha mhír 8, ní dhéanfar na moltaí sin a phoibliú.

8. Má shuíonn an Chomhairle nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach déanta mar fhreagra ar a moltaí laistigh den tréimhse fhorordaithe, féadfaidh sí a moltaí a phoibliú.

9. Má leanann Ballstát de bheith ag mainneachtain na moltaí ón gComhairle a chur i ngníomh, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh foláireamh a thabhairt don Bhallstát bearta a ghlacadh laistigh de thréimhse shonraithe chun an laghdú easnaimh a bhaint amach a mheasann an Chomhairle a bheith riachtanach chun an cor a leigheas.

Féadfaidh an Chomhairle, i gcás den sórt sin, a iarraidh ar an mBallstát i dtrácht tuarascálacha a chur chuici de réir tráthchláir shonraigh chun iarrachtaí coigeartaithe an Bhallstáit sin a scrúdú.

10. Ní fhéadfar na cearta chun caingne a thionscnamh, dá bhforáiltear in Airteagail 258 agus 259, a fheidhmiú faoi chuimsiú mhíreanna 1 go 9 den Airteagal seo.

11. Fad nach gcomhlíonann Ballstát cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le mír 9, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh beart nó bearta de na cinn seo a leanas a chur chun feidhme nó, de réir mar a bheidh, a threisiú:

— a cheangal ar an mBallstát i dtrácht tuilleadh faisnéise, a shonróidh an Chomhairle, a fhoilsiú sula n-eiseoidh sé bannaí agus urrúis;

— a iarraidh ar an mBanc Eorpach Infheistíochta a bheartas a athbhreithniú maidir le hiasachtaí a thabhairt don Bhallstát i dtrácht;

— a cheangal ar an mBallstát i dtrácht taisce neamhúsmhar de mhéid iomchuí a dhéanamh leis an Aontas go dtí go measfaidh an Chomhairle go bhfuil an t-easnamh iomarcach ceartaithe;

— fíneálacha iomchuí a ghearradh.

Cuirfidh Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na cinntí a glacadh.

12. Déanfaidh an Chomhairle cuid dá cinntí nó a cinntí uile nó cuid dá moltaí nó a moltaí uile dá dtagraítear i míreanna 6 go 9 agus 11 a aisghairm a mhéad atá an t-easnamh iomarcach sa Bhallstát i dtrácht ceartaithe, dar léi. Má tá moltaí poiblí déanta ag an gComhairle roimhe sin, déanfaidh sí, a luaithe a aisghairfear an cinneadh faoi mhír 8, ráiteas poiblí nach bhfuil easnamh iomarcach ann a thuilleadh sa Bhallstát i dtrácht.

13. Agus na cinntí nó na moltaí dá dtagraítear i míreanna 8, 9, 11 agus 12 á nglacadh aici, gníomhóidh an Chomhairle ar mholadh ón gCoimisiún.

Agus bearta dá dtagraítear i míreanna 6 go 9, i mír 11 agus i mír 12 á nglacadh aici, gníomhóidh sí gan vóta chomhalta na Comhairle a ionadaíonn don Bhallstát i dtrácht a chur san áireamh.

Saineofar tromlach cáilithe chomhaltaí eile na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a).

14. Tá a thuilleadh forálacha maidir le cur chun feidhme an nós imeachta atá tuairiscithe san Airteagal seo leagtha amach sa Phrótacal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis na Conarthaí.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Ceannais Eorpach, na forálacha iomchuí a ghlacadh a chuirfear in ionad an Phrótacail sin.

Faoi réir fhorálacha eile na míre seo, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, rialacha mionsonraithe agus sainmhínithe a leagan síos chun forálacha an Phrótacail sin a chur chun feidhme.

CAIBIDIL 2

## BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

### *Airteagal 127*

(sean-Airteagal 105 CCE)

1. Beidh de chuspóir príomhúil ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais, dá ngairtear "CEBC" anseo feasta, cobhsaíocht phraghsanna a choimeád ar bun. Gan dochar do chuspóir na cobhsaíochta praghsanna, tacóidh CEBC leis na beartais ghinearálta eacnamaíocha san Aontas d'fhonn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Aontais mar atá siad leagtha síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Gníomhóidh CEBC i gcomhréir le prionsabal geilleagair mhargaidh oscailte le saoriomaíocht ar mhaithe le cionroinnt éifeachtach acmhainní agus na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 119 á n-urramú aige.

2. Is iad na bunchúraimí a chuirfear i gcrích trí CEBC:

— beartas airgeadaíochta an Aontais a shainiú agus a chur chun feidhme;

— oibríochtaí um malairt eachtrach is comhchuí le forálacha Airteagal 219 a sheoladh;

— cúlchistí oifigiúla eachtracha na mBallstát a shealbhú agus a bhainisteoireacht;

— oibriú rianúil córais íocaíochtaí a chur ar aghaidh.

3. Beidh an tríú fleasc de mhír 2 gan dochar do Rialtais Bhallstát iarmhéideanna oibre malairte eachtraí a shealbhú agus a bhainisteoireacht.

4. I dtaca leis an mBanc Ceannais Eorpach:

— rachfar i gcomhairle leis maidir le haon ghníomh Aontais arna bheartú laistigh dá réimsí inniúlachta;

— rachaidh údaráis náisiúnta i gcomhairle leis maidir le haon dréachtfhoráil reachtaíochta laistigh dá réimsí inniúlachta, ach faoi na teorainneacha agus na coinníollacha atá leagtha amach ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 129(4).

Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach tuairimí ar ábhair laistigh dá réimsí inniúlachta a chur faoi bhráid institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí Aontais iomchuí nó faoi bhráid na n-údarás náisiúnta.

5. Rannchuideoidh CEBC le seoladh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniúla a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais.

6. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí bhíthin rialachán i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, d'aon toil agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Ceannais Eorpach, cúraimí sonracha a chur ar an mBanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais eile seachas gnóthais árachais.

## *Airteagal 128*

(sean-Airteagal 106 CCE)

1. Beidh ag an mBanc Ceannais Eorpach an ceart eisiach chun eisiúint nótaí bainc in euro laistigh den Aontas a údarú. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta nótaí bainc den sórt sin a eisiúint. Is ag na nótaí bainc arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag na bainc cheannais náisiúnta, agus ag nótaí bainc den sórt sin amháin, a bheidh an stádas dlíthairisceana laistigh den Aontas.

2. Féadfaidh na Ballstáit monaí in euro a eisiúint faoi réir ceadú ón mBanc Ceannais Eorpach maidir le méid na heisiúna. Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Ceannais Eorpach, bearta a ghlacadh chun ainmníochtaí agus sonraíochtaí teicniúla na monaí go léir le haghaidh cúrsaíochta a chomhchuibhiú a mhéad is gá chun a gcúrsaíocht réidh laistigh den Aontas a cheadú.

## *Airteagal 129*

(sean-Airteagal 107 CCE)

1. Is iad comhlachtaí cinnteoireachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh, arb iad an Chomhairle Rialaithe agus an Bord Feidhmiúcháin, a rialóidh CEBC.

2. Tá Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, dá ngairtear anseo feasta "Reacht an CEBC agus an BCE", leagtha síos i bPrótacal atá i gceangal leis na Conarthaí.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, leasú a dhéanamh ar Airteagail 5.1, 5.2, 5.3, 17, 18, 19.1, 22, 23, 24, 26, 32.2, 32.3, 32.4, 32.6, 33.1(a) agus 36 de Reacht an CEBC agus an BCE. Gníomhóidh siad ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, nó ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Ceannais Eorpach nó ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 4, 5.4, 19.2, 20, 28.1, 29.2, 30.4 agus 34.3 de Reacht an CEBC agus an BCE a ghlacadh.

*Airteagal 130*

(sean-Airteagal 108 CCE)

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu sna Conarthaí agus i Reacht an CEBC agus an BCE, ní fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach, banc ceannais Ballstáit ná aon chomhalta dá gcomhlachtaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí, ó chomhlachtaí, ó oifigí nó ó ghníomhaireachtaí Aontais, ó aon Rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht eile. Gabhfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais maille le Rialtais na mBallstát orthu féin an prionsabal sin a urramú agus gan a iarraidh tionchar a oibriú ar chomhaltaí chomhlachtaí cinnteoireachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh nó na mbanc ceannais náisiúnta i gcomhlíonadh a gcúraimí.

*Airteagal 131*

(sean-Airteagal 109 CCE)

Áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil a chuid reachtaíochta náisiúnta, lena n-áirítear Reachtanna a bhainc cheannais náisiúnta, ag luí leis na Conarthaí agus le Reacht an CEBC agus an BCE.

*Airteagal 132*

(sean-Airteagal 110 CCE)

1. D'fhonn na cúraimí a chuirtear de chúram ar CEBC a chomhlíonadh, déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcomhréir le forálacha na gConarthaí agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos i Reacht an CEBC agus an BCE:

— rialacháin a dhéanamh a mhéad is gá chun na cúraimí atá sainithe sa chéad fhleasc d'Airteagal 3.1, in Airteagail 19.1, 22 nó 25.2 de Reacht an CEBC agus an BCE a chur chun feidhme agus i gcásanna a leagfar síos i ngníomhartha na Comhairle dá dtagraítear in Airteagal 129(4);

— cinntí a ghlacadh is gá chun na cúraimí a chuirtear de chúram ar CEBC faoi na Conarthaí agus faoi Reacht an CEBC agus an BCE a chomhlíonadh;

— moltaí agus tuairimí a thabhairt.

2. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a chinneadh a chinntí, a mholtaí agus a thuairimí a fhoilsiú.

3. Faoi na teorainneacha agus faoi na coinníollacha arna nglacadh ag an gComhairle faoin nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 129(4), beidh an Banc Ceannais Eorpach i dteideal fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ar ghnóthais mura gcomhlíonfar na hoibleagáidí faoina rialacháin agus faoina chinntí.

### *Airteagal 133*

Gan dochar d'inniúlachtaí an Bhainc Cheannais Eorpaigh, bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá chun an euro a úsáid mar airgeadra aonair. Glacfar na bearta sin tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach.

## CAIBIDIL 3

## FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

### *Airteagal 134*

(sean-Airteagal 114 CCE)

1. Chun comhordú bheartais na mBallstát a chur ar aghaidh a mhéad is gá ar mhaithe le hoibriú an mhargaidh inmheánaigh, bunaítear leis seo Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.

2. Beidh sé de chúram ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais:

— tuairimí a thabhairt, arna iarraidh sin don Chomhairle nó don Choimisiún nó ar a thionscnamh féin, le cur faoi bhráid na n-institiúidí sin;

— cor eacnamaíoch agus airgeadais na mBallstát agus an Aontais a choimeád faoi léirmheas agus tuarascáil a dhéanamh go tráthrialta don Chomhairle agus don Choimisiún, go háirithe ar an gcaidreamh airgeadais le tríú tíortha agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta;

— gan dochar d'Airteagal 240, rannchuidiú le hullmhú obair na Comhairle dá dtagraítear in Airteagail 66, 75, 121(2), (3), (4) agus (6), 122, 124, 125, 126, 127(6), 128(2), 129(3) agus (4), 138, 140(2) agus (3), 143, 144(2) agus (3) agus in Airteagal 219, agus na cúraimí comhairleacha agus ullmhúcháin arna sannadh ag an gComhairle dó a chur i gcrích;

— an cor a scrúdú, ar a laghad uair sa bhliain, maidir le gluaiseacht chaipitil agus saoirse íocaíochtaí, mar a leanann siad ó chur chun feidhme na gConarthaí agus beart arna nglacadh ag an gComhairle; folóidh an scrúdú gach beart a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil agus le híocaíochtaí; déanfaidh an Coiste tuarascáil don Choimisiún agus don Chomhairle ar thoradh an scrúdaithe sin.

Ceapfaidh na Ballstáit, an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach faoi seach dhá chomhalta ar a mhéad den Choiste.

3. Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis an gCoiste dá dtagraítear san Airteagal seo, forálacha mionsonraithe maidir le comhdhéanamh an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais a leagan síos. Cuirfidh Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi chinneadh den sórt sin.

4. De bhreis ar na cúraimí atá leagtha amach i mír 2, má tá agus fad atá Ballstáit a bhfuil maolú acu dá dtagraítear in Airteagal 139 ann, coimeádfaidh an Coiste cor airgeadaíochta agus airgeadais maille le córas ginearálta íocaíochtaí na mBallstát sin faoi léirmheas agus déanfaidh sé tuarascáil go tráthrialta don Chomhairle agus don Choimisiún ar an ábhar sin.

### *Airteagal 135*

(sean-Airteagal 115 CCE)

Féadfaidh an Chomhairle nó Ballstát, i gcúrsaí faoi raon feidhme Airteagail 121(4), 126 seachas mír 14, 138, 140(1), 140(2), an chéad fhomhír, 140(3) agus 219, iarraidh ar an gCoimisiún moladh nó togra a dhéanamh, mar is iomchuí. Scrúdóidh an Coimisiún an iarraidh sin agus cuirfidh sé a chonclúidí faoi bhráid na Comhairle gan mhoill.

## CAIBIDIL 4

## FORÁLACHA IS SONRACH DO BHALLSTÁIT A BHFUIL AN EURO MAR AIRGEADRA ACU

### *Airteagal 136*

1. D'fhonn oibriú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta mar is cuí a áirithiú, agus i gcomhréir le forálacha ábhartha na gConarthaí, déanfaidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha as measc na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 121 agus 126 seachas an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 126(14), bearta a ghlacadh a bhaineann go sonrach leis na Ballstáit sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu d'fhonn:

(a) an comhordú ar a smacht buiséadach agus an mhaoirseacht air a neartú;

(b) treoirlínte beartais eacnamaíoch a leagan amach dóibh, agus é á áirithiú go bhfuil siad ag luí leis na treoirlínte arna nglacadh don Aontas ina iomláine agus go bhfuil maoirseacht á déanamh orthu.

2. Ní ghlacfaidh páirt sa vótáil maidir leis na bearta atá luaite i mír 1 ach na comhaltaí sin den Chomhairle a ionadaíonn do Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

Saineofar tromlach cáilithe chomhaltaí eile na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a).

*Airteagal 137*

Leagtar amach leis an bPrótacal maidir leis an nGrúpa Euro na socruithe do chruinnithe idir airí na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

*Airteagal 138*

(sean-Airteagal 111(4) CCE)

1. D'fhonn ionad an euro sa chóras idirnáisiúnta airgeadaíochta a áirithiú, glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh lena mbunófar na comhsheasaimh ar ábhair ina bhfuil leas ar leith don aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta laistigh de na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais inniúla agus de na comhdhálacha idirnáisiúnta airgeadais inniúla. Gníomhóidh an Chomhairle tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta iomchuí a ghlacadh chun ionadaíocht aontaithe laistigh de na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais inniúla agus de na comhdhálacha idirnáisiúnta airgeadais inniúla a áirithiú. Gníomhóidh an Chomhairle tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach.

3. Ní ghlacfaidh páirt sa vótáil maidir leis na bearta atá luaite i míreanna 1 agus 2 ach comhaltaí sin na Comhairle a ionadaíonn do Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

Saineofar tromlach cáilithe chomhaltaí eile na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a).

CAIBIDIL 5

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

*Airteagal 139*

1. "Ballstáit a bhfuil maolú acu" a ghairfear anseo feasta de na Ballstáit nach bhfuil cinnte ag an gComhairle ina leith go gcomhallann siad na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh.

2. Ní bheidh na forálacha seo a leanas de na Conarthaí infheidhme maidir le Ballstáit a bhfuil maolú acu:

(a) glacadh na gcodanna sin de na mór-threoirlínte beartais eacnamaíoch a bhaineann leis an limistéar euro i gcoitinne (Airteagal 121(2));

(b) meáin chomhéigneacha chun easnaimh iomarcacha a leigheas (Airteagal 126(9) agus (11));

(c) cuspóirí an CEBC agus na cúraimí atá air (Airteagal 127(1) go (3) agus (5));

(d) eisiúint an euro (Airteagal 128);

(e) gníomhartha ón mBanc Ceannais Eorpach (Airteagal 132);

(f) bearta a rialaíonn úsáid an euro (Airteagal 133);

(g) comhaontuithe airgeadaíochta agus bearta eile a bhaineann leis an mbeartas ráta malairte (Airteagal 219);

(h) ceapachán chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh (Airteagal 283(2));

(i) cinntí lena mbunófar comhsheasaimh ar cheisteanna atá fíor-ábhartha don aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta laistigh de na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais inniúla agus de na comhdhálacha idirnáisiúnta airgeadais inniúla (Airteagal 138(1));

(j) bearta chun ionadaíocht aontaithe laistigh de na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus de na comhdhálacha idirnáisiúnta airgeadais a áirithiú (Airteagal 138(2)).

Dá bhrí sin, sna hAirteagail dá dtagraítear i bpointí (a) go (j), ciallaíonn "Ballstáit" na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

3. Faoi Chaibidil IX de Reacht an CEBC agus an BCE, tá Ballstáit a bhfuil maolú acu agus a mbainc cheannais náisiúnta eisiata ó na cearta agus ó na hoibleagáidí faoi chuimsiú an CEBC.

4. Déanfar cearta vótála chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn do Bhallstáit a bhfuil maolú acu a fhionraí nuair a bheidh na bearta dá dtagraítear sna hAirteagail a liostaítear i mír 2 á nglacadh ag an gComhairle, agus sna cásanna seo a leanas:

(a) moltaí arna gcur faoi bhráid na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu faoi chuimsiú an fhaireacháin iltaobhaigh, lena n-áirítear moltaí ar chláir chobhsaíochta agus foláirimh (Airteagal 121(4));

(b) bearta i dtaca le heasnaimh iomarcacha a bhaineann leis na Ballstáit sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu (Airteagal 126(6), (7), (8), (12) agus (13)).

Saineofar tromlach cáilithe chomhaltaí eile na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a).

*Airteagal 140*

(sean-Airteagail 121(1), 122(2), an dara habairt, agus 123(5) CCE)

1. Ar a laghad uair sa dá bhliain, nó arna iarraidh sin do Bhallstát a bhfuil maolú aige, déanfaidh an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach tuarascáil don Chomhairle ar dhul chun cinn na mBallstát a bhfuil maolú acu i gcomhall a n-oibleagáidí maidir le gnóthú an Aontais eacnamaíoch

agus airgeadaíochta. Cuimseoidh na tuarascálacha sin scrúdú an bhfuil reachtaíocht náisiúnta gach ceann de na Ballstáit sin, lena n-áirítear Reachtanna a bhainc cheannais náisiúnta, ag luí le hAirteagail 130 agus 131 agus le Reacht an CEBC agus an BCE. Scrúdóidh na tuarascálacha freisin gnóthú mórchóineasú inbhuanaithe faoi threoir chomhall na gcritéar seo a leanas ag gach Ballstát:

— gnóthú ardleibhéal cobhsaíochta praghsanna; beidh sé sin follasach ó ráta boilscithe atá gar do ráta na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht phraghsanna;

— inbhuaine an riochta airgeadais rialtais; beidh sé sin follasach óir beidh riocht buiséadach rialtais gnóthaithe aige gan easnamh is iomarcach mar atá arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 126(6);

— urramú na ngnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáiltear le meicníocht rátaí malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta, ar feadh dhá bhliain ar a laghad, gan díluacháil in aghaidh an euro;

— marthanacht an chóineasaithe a bheidh gnóthaithe ag an mBallstát a bhfuil maolú aige agus a rannpháirtíochta sa mheicníocht rátaí malairte á brath i leibhéil fhadtéarmacha rátaí úis.

Déantar na ceithre chritéar atá luaite sa mhír seo agus na tréimhsí ábhartha ar lena linn atá siad le hurramú a fhorbairt a thuilleadh i bPrótacal atá i gceangal leis na Conarthaí. Tabharfaidh tuarascálacha an Choimisiúin agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh aird freisin ar thorthaí imeascadh na margaí, ar riocht agus ar fhorbairt chomhardú na n-íocaíochtaí ar cuntas reatha, agus ar scrúdú ar fhorbairt i gcostais aonad saothair agus ar innéacsanna praghsanna eile.

2. Tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tar éis plé sa Chomhairle Eorpach, cinnfidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cé hiad na Ballstáit a bhfuil maolú acu agus a chomhallann na coinníollacha is gá ar bhonn na gcritéar atá leagtha amach i mír 1 agus aisghairfidh sí maoluithe na mBallstát i dtrácht.

Gníomhóidh an Chomhairle tar éis moladh a fháil ó thromlach cáilithe de na comhaltaí dá cuid a ionadaíonn do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Gníomhóidh na comhaltaí sin laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle an togra ón gCoimisiún a fháil.

Saineofar tromlach cáilithe chomhaltaí eile na Comhairle, dá dtagraítear sa dara fomhír, i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a).

3. Má chinntear, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach i mír 2, deireadh a chur le maolú, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus an Bhallstáit i dtrácht, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle

leis an mBanc Ceannais Eorpach, an ráta a ghlacadh go neamh-inchúlghairthe ar a gcuirfear an euro in ionad airgeadra an Bhallstáit i dtrácht, agus na bearta eile a ghlacadh is gá chun an euro a thabhairt isteach mar an t-airgeadra aonair sa Bhallstát i dtrácht.

*Airteagal 141*

(sean-Airteagal 123(3) agus 117(2), na cúig fhleasc thosaigh, CCE)

1. Má tá agus fad atá Ballstáit a bhfuil maolú acu ann, agus gan dochar d'Airteagal 129(1), cuirfear Comhairle Ghinearálta an Bhainc Ceannais Eorpaigh atá luaite in Airteagal 44 de Reacht an CEBC agus an BCE ar bun mar thríú comhlacht cinnteoireachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

2. Má tá agus fad a bheidh Ballstáit ann a bhfuil maolú acu, déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach, i dtaca leis na Ballstáit sin:

— an comhar idir na bainc cheannais náisiúnta a neartú;

— comhordú bheartais airgeadaíochta na mBallstát a neartú ar mhaithe le cobhsaíocht phraghsanna a áirithiú;

— faireachán a dhéanamh ar oibriú na meicníochta rátaí malairte;

— comhairliúcháin a chur ar siúl maidir le saincheisteanna a thig faoi inniúlacht na mbanc ceannais náisiúnta agus a dhéanann difear do chobhsaíocht institiúidí agus margaí airgeadais;

— na cúraimí a bhí ar an gCiste Eorpach um Chomhar Airgeadaíochta tráth, agus a ghabh an Institiúid Airgeadaíochta Eorpach ar láimh ina dhiaidh sin, a fheidhmiú.

*Airteagal 142*

(sean-Airteagal 124(1) CCE)

Déanfaidh gach Ballstát a bhfuil maolú aige a bheartas rátaí malairte a bhreithniú mar ábhar leasa choitinn. Lena linn sin, cuirfidh na Ballstáit san áireamh taithí an chomhair faoi chuimsiú na meicníochta rátaí malairte.

*Airteagal 143*

(sean-Airteagal 119 CCE)

1. I gcás Ballstát a bhfuil maolú aige a bheith i ndeacrachtaí, nó deacrachtaí a bheith ag dianbhagairt air, maidir lena chomhardú íocaíochtaí mar thoradh ar éagothromaíocht fhoriomlán sa chomhardú sin nó mar thoradh ar an saghas airgeadra atá ar láimh aige, agus nuair is dóigh go háirithe do na deacrachtaí sin oibriú an mhargaidh inmheánaigh nó cur chun feidhme comhleanúnach an chomhbheartais tráchtála a chur i gcontúirt, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú láithreach ar riocht an Stáit i gceist agus ar an ngníomh a bheidh déanta ag an Stát sin nó a fhéadfaidh sé a dhéanamh i gcomhréir le forálacha na gConarthaí, agus úsáid á baint aige as gach meán atá ar láimh aige. Sonróidh an Coimisiún na bearta a mholann sé don Stát i dtrácht lena nglacadh.

Mura leor gníomh an Bhallstáit a bhfuil maolú aige agus na bearta arna moladh ag an gCoimisiún chun na deacrachtaí atá tagtha chun cinn nó atá ag bagairt a shárú, molfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, don Chomhairle cabhair fhrith-pháirteach a dheonú maille leis na modhanna iomchuí chuige sin.

Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta ar an gcor agus ar aon athrú ann.

2. Deonóidh an Chomhairle cúnamh frithpháirteach den sórt sin; glacfaidh sí treoracha nó cinntí ag leagan síos coinníollacha agus mionsonraí do chabhair den sórt sin a fhéadfaidh a bheith mar seo a leanas:

(a) triall comhbheartaithe chuig aon eagraíocht idirnáisiúnta eile, nó laistigh di, a bhféadfaidh Ballstát a bhfuil maolú aige dul ar a hiontaoibh;

(b) bearta is gá chun sraonadh trádála a sheachaint nuair a dhéanann an Stát an Ballstát a bhfuil maolú aige agus a bhfuil deacrachtaí aige srianta cainníochtúla i leith tríú tíortha a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach athuair;

(c) Ballstáit eile creidmheasanna teoranta a dheonú, faoi réir a gcomhaontaithe.

3. Mura ndeonaíonn an Chomhairle an chabhair fhrithpháirteach a mholann an Coimisiún nó mura leor an cúnamh frithpháirteach a dheonaítear agus na bearta a dhéantar, údaróidh an Coimisiún don Bhallstát a bhfuil maolú aige agus a bhfuil deacrachtaí aige bearta coimirce a ghlacadh agus socróidh an Coimisiún coinníollacha agus rialacha mionsonraithe na mbeart sin.

Féadfaidh an Chomhairle údarú den sórt sin a chúlghairm agus coinníollacha agus mionsonraí den sórt sin a athrú.

*Airteagal 144*

(sean-Airteagal 120 CCE)

1. Nuair a tharlaíonn géarchéim thobann i gcomhardú na n-íocaíochtaí agus nach nglactar cinneadh de réir bhrí Airteagal 143(2) láithreach, féadfaidh Ballstát a bhfuil maolú aige na bearta cosanta is gá a ghlacadh mar réamhchúram. Ní foláir do bhearta den sórt sin an suaitheadh is lú is féidir a dhéanamh in oibriú an mhargaidh inmheánaigh agus gan a raon a bheith níos leithne ná mar is fíorghá chun na deacrachtaí tobanna atá tagtha chun cinn a leigheas.

2. Cuirfear an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas i dtaobh beart cosanta den sórt sin tráth a dteacht i bhfeidhm ar a dhéanaí. Féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle cabhair a dheonú de réir Airteagal 143.

3. Tar éis don Choimisiún a mholadh a thabhairt, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfaidh an Ballstát i dtrácht na bearta cosanta dá dtagraítear thuas a leasú, a fhionraí nó a dhíothú.

## TEIDEAL IX

## FOSTAÍOCHT

### *Airteagal 145*

(sean-Airteagal 125 CCE)

Saothróidh na Ballstáit agus an tAontas i gcomhréir leis an Teideal seo chun straitéis chomhordaithe don fhostaíocht a fhorbairt agus go háirithe chun fórsa saothair sciliúil oilte solúbtha agus margaí fostaíochta atá oscailte don athrú eacnamaíoch a chur ar aghaidh d'fhonn na cuspóirí a ghnóthú atá sainithe in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

### *Airteagal 146*

(sean-Airteagal 126 CCE)

1. Rannchuideoidh na Ballstáit, trína mbeartais fostaíochta, le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 145 ar dhóigh is comhchuí le mórthreoirlínte bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais arna nglacadh de bhun Airteagal 121(2).

2. Measfaidh na Ballstáit, ag féachaint do chleachtais náisiúnta a bhaineann le freagrachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta, gur ábhar comhleasa fostaíocht a chur ar aghaidh agus déanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíocht ina leith i dtionól na Comhairle, i gcomhréir le forálacha Airteagal 148.

### *Airteagal 147*

(sean-Airteagal 127 CCE)

1. Rannchuideoidh an tAontas le hardleibhéal fostaíochta tríd an gcomhar idir Ballstáit a chothú agus trí thacú lena ngníomhaíocht agus, más gá, tríd an ngníomhaíocht sin a chomhlánú. Lena linn sin, déanfar inniúlachtaí na mBallstát a urramú.

2. Tabharfar aird ar chuspóir an ardleibhéil fostaíochta i bhfoirmiú agus i gcur chun feidhme bheartais an Aontais.

### *Airteagal 148*

(sean-Airteagal 128 CCE)

1. Breithneoidh an Chomhairle Eorpach gach bliain staid na fostaíochta san Aontas agus glacfaidh sí conclúidí ar an ábhar sin ar bhonn tuarascála comhpháirtí bliantúla ón gComhairle agus ón gCoimisiún.

2. Ar bhonn chonclúidí na Comhairle Eorpaí, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, le Coiste na Réigiún agus leis an gCoiste Fostaíochta dá dtagraítear in Airteagal 150, treoirlínte a tharraingt suas gach bliain a chuirfidh na Ballstáit san áireamh ina mbeartais fostaíochta. Beidh na treoirlínte sin comhchuí leis na mórthreoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 121(2).

3. Cuirfidh gach Ballstát tuarascáil bhliantúil ar fáil don Chomhairle agus don Choimisiún maidir leis na príomhbhearta arna nglacadh chun a bheartas fostaíochta a chur chun feidhme i bhfianaise na dtreoirlínte don fhostaíocht dá dtagraítear i mír 2.

4. Gach bliain, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 3 agus tar éis di dearcadh an Choiste Fostaíochta a fháil, scrúdú ar chur chun feidhme bheartais fostaíochta na mBallstát i bhfianaise na dtreoirlínte don fhostaíocht. Féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, moltaí a dhéanamh chuig Ballstáit má mheasann sí gurb iomchuí sin i bhfianaise an scrúdaithe sin.

5. Ar bhonn thorthaí an scrúdaithe sin, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún tuarascáil chomhpháirteach bhliantúil a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí maidir le staid na fostaíochta san Aontas agus cur chun feidhme na dtreoirlínte don fhostaíocht.

*Airteagal 149*

(sean-Airteagal 129 CCE)

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, bearta dreasachta a ghlacadh atá ceaptha chun comhar a chothú idir Ballstáit agus chun tacú lena ngníomhaíocht i réimse na fostaíochta trí thionscnaimh arb é is aidhm dóibh malairtí faisnéise agus dea-chleachtais a fhorbairt, trí anailís chomparáideach agus comhairle a sholáthar mar aon le cur chuige nuálaíoch a chur ar aghaidh agus an taithí a mheas, go háirithe trí leas a bhaint as treoirthionscadail.

Ní chuimseoidh na bearta sin comhchuibhiú ar dhlíthe agus rialacháin na mBallstát.

*Airteagal 150*

(sean-Airteagal 130 CCE)

Bunóidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, Coiste Fostaíochta le stádas comhairleach chun comhordú idir na Ballstáit maidir le beartais fostaíochta agus mhargadh an tsaothair a chur ar aghaidh. Is iad cúraimí an Choiste:

— faireachán a dhéanamh ar staid na fostaíochta agus ar na beartais fostaíochta sna Ballstáit agus san Aontas;

— gan dochar d'Airteagal 240, tuairimí a fhoirmiú, arna iarraidh sin don Chomhairle nó don Choimisiún nó ar a thionscnamh féin, agus rannchuidiú le hullmhú imeachtaí na Comhairle dá dtagraítear in Airteagal 148.

Agus a shainordú á chomhall aige, rachaidh an Coiste i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta.

Ceapfaidh gach Ballstát dhá chomhalta den Choiste agus ceapfaidh an Coimisiún dhá chomhalta den Choiste.

## TEIDEAL X

## BEARTAS SÓISIALTA

### *Airteagal 151*

(sean-Airteagal 136 CCE)

Beidh de chuspóirí ag an Aontas agus ag na Ballstáit, agus aird á tabhairt acu ar chearta sóisialta bunúsacha amhail iad sin atá leagtha amach i gCairt Shóisialta na hEorpa arna síniú in Torino ar an 18 Deireadh Fómhair 1961 agus i gCairt Chomhphobail 1989 um chearta sóisialta bunúsacha le haghaidh oibrithe, dlús a chur le fostaíocht, le dálaí feabhsaithe maireachtála agus oibre, chun go bhféadfar iad a chomhchuibhiú agus an feabhsú á choimeád ar bun, le cosaint chuí shóisialta, leis an agallamh idir na comhpháirtithe sóisialta, le hacmhainní daonna a fhorbairt ar mhaithe le hardleibhéal marthanach fostaíochta agus leis an eisiamh a chomhrac.

Chun na críche sin, cuirfidh an tAontas agus na Ballstáit gníomhaíochtaí chun feidhme a chuirfidh san áireamh éagsúlacht na gcleachtas náisiúnta, go háirithe i réimse an chaidrimh chonarthaigh, agus an riachtanas cumas iomaíochta gheilleagar an Aontais a choimeád ar bun.

Creideann siad go leanfaidh forbairt den sórt sin ní amháin as feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chuirfidh ar aghaidh comhchuibhiú na gcóras sóisialta, ach freisin as na nósanna imeachta dá bhforáiltear sna Conarthaí agus as comhfhogasú na bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin.

### *Airteagal 152*

Déanann an tAontas ról na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais a aithint agus a chur chun cinn, agus éagsúlacht na gcóras náisiúnta á cur san áireamh aige. Éascóidh sé an t-agallamh idir na comhpháirtithe sóisialta, agus a neamhspleáchas á urramú aige.

An Cruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach ar mhaithe leis an bhFás agus leis an bhFostaíocht, rannchuideoidh sé leis an agallamh sóisialta.

### *Airteagal 153*

(sean-Airteagal 137 CCE)

1. D'fhonn cuspóirí Airteagal 151 a ghnóthú, tacóidh an tAontas le gníomhaíochtaí na mBallstát agus comhlánóidh sé iad sna réimsí seo a leanas:

(a) an timpeallacht oibre go háirithe a fheabhsú d'fhonn sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint;

(b) dálaí oibre;

(c) slándáil shóisialta agus cosaint shóisialta oibrithe;

(d) cosaint oibrithe i gcás fhoirceannadh a gconartha oibre;

(e) oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo;

(f) ionadú agus comhchosaint leasanna oibrithe agus fostóirí, lena n-áirítear comhchinneadh, faoi réir mhír 5;

(g) dálaí fostaíochta náisiúnach tríú tíortha ina gcónaí go dlíthiúil ar chríoch an Aontais;

(h) lánpháirtiú daoine atá arna n-eisiamh ó mhargadh an tsaothair, gan dochar d'Airteagal 166;

(i) comhionannas idir fir agus mná ar mhargadh an tsaothair agus cóir chomhionann san obair;

(j) an t-eisiamh sóisialta a chomhrac;

(k) córais chosanta sóisialta a nuachóiriú, gan dochar do phointe (c).

2. Chun na críche sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle:

(a) bearta a ghlacadh atá ceaptha chun comhar idir na Ballstáit a chothú trí thionscnaimh arb é is aidhm dóibh eolas a fheabhsú, malairtí faisnéise agus dea-chleachtais a fhorbairt, cur chuige nuálaíoch a chur ar aghaidh agus an taithí a mheas, amach ó aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialacháin na mBallstát;

(b) trí bhíthin treoracha, ceanglais íosta a chuirfear chun feidhme de réir a chéile a ghlacadh sna réimsí dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) de mhír 1, ag féachaint do na dálaí agus do na rialacha teicniúla i ngach ceann de na Ballstáit. Staonfar sna treoracha sin ó shrianta riarthacha, airgeadais agus dlíthiúla a fhorchur a bheadh ina mbac ar bhunú nó ar fhorbairt gnóthas beag agus meánmhéide.

Gníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún.

Sna réimsí dá dtagraítear i mír 1(c), (d), (f) agus (g), gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil, i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Coistí thuasluaite.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, a chinneadh an gnáthnós imeachta reachtach a dhéanamh infheidhme maidir le pointí (d), (f) agus (g) de mhír 1.

3. Féadfaidh Ballstát cur chun feidhme na dtreoracha arna nglacadh de bhun mhír 2 a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta, arna iarraidh sin go comhpháirteach dóibh nó, más iomchuí, cinneadh ón gComhairle arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 155 a chur chun feidhme.

Sa chás sin, áiritheoidh sé go bhfuil, ar dháta nach déanaí ná an dáta nach mór treoir nó cinneadh a thrasuí nó a chur chun feidhme, na bearta is gá tugtha isteach trí chomhaontú ag na comhpháirtithe sóisialta, agus an Ballstát i dtrácht faoi cheangal gach beart is gá a ghlacadh chun a chumasú dó tráth ar bith a bheith in inmhe na torthaí arna bhforchur leis an treoir sin nó leis an gcinneadh sin a áirithiú.

4. Forálacha arna nglacadh de bhun an Airteagail seo:

— ní dhéanfaidh siad difear do cheart na mBallstát prionsabail bhunúsacha a gcóras slándála sóisialta a shainiú agus caithfidh siad gan mórdhifear a dhéanamh do chothromaíocht airgeadais na gcóras sin;

— ní choiscfidh siad ar Bhallstát bearta cosanta níos déine atá ag luí leis na Conarthaí a choimeád ar bun ná a thabhairt isteach.

5. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le pá, leis an gceart comhlachais, leis an gceart dul ar stailc ná leis an gceart frithdhúnadh a fhorchur.

*Airteagal 154*

(sean-Airteagal 138 CCE)

1. Beidh sé de chúram ar an gCoimisiún comhairliúchán idir na comhpháirtithe sóisialta a chur ar aghaidh ar leibhéal an Aontais agus glacfaidh sé aon bheart ábhartha chun an t-agallamh eatarthu a éascú trína áirithiú go dtugtar tacaíocht chothromúil do na páirtithe.

2. Chuige sin, sula dtíolacfaidh sé tograí i réimse an bheartais shóisialta, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta ar threo ionchasach gníomhaíochta Aontais.

3. Má mheasann an Coimisiún, tar éis an chomhairliúcháin sin, go bhfuil gníomhaíocht Aontais inmhianaithe, rachaidh sé i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta ar inneachar an togra arna bheartú. Díreoidh na comhpháirtithe sóisialta tuairim, nó moladh más iomchuí, chuig an gCoimisiún.

4. Tráth na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, féadfaidh na comhpháirtithe sóisialta a chur i bhfios don Choimisiún gur mian leo an próiseas dá bhforáiltear in Airteagal 155 a thionscnamh. Ní mhairfidh ré an phróisis sin níos mó ná naoi mí mura gcinnfidh na comhpháirtithe sóisialta i dtrácht agus an Coimisiún i gcomhpháirt í a fhadú.

*Airteagal 155*

(sean-Airteagal 139 CCE)

1. Más é sin is toil leis na comhpháirtithe sóisialta, féadfaidh caidreamh conarthach, lena n-áirítear comhaontuithe, a bheith mar thoradh ar an agallamh eatarthu ar leibhéal an Aontais.

2. Is i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na cleachtais is cuí do na comhpháirtithe sóisialta agus do na Ballstáit nó, in ábhair a thig faoi Airteagal 153, trí chinneadh ón gComhairle ar thogra ón gCoimisiún, arna iarraidh sin i gcomhpháirt do na páirtithe sínitheacha, a chuirfear chun feidhme na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ar leibhéal an Aontais. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas.

Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil nuair atá foráil amháin nó níos mó sa chomhaontú i dtrácht a bhaineann le ceann de na réimsí inar gá aontoilíocht de bhun Airteagal 153(2).

*Airteagal 156*

(sean-Airteagal 140 CCE)

Chun cuspóirí Airteagal 151 a ghnóthú agus gan dochar d'fhorálacha eile na gConarthaí, cothóidh an Coimisiún comhar idir na Ballstáit agus déanfaidh sé comhordú a ngníomhaíochta a éascú i réimsí uile an bheartais shóisialta faoin gcaibidil seo, go háirithe i gcúrsaí a bhaineann leis na nithe seo:

— fostaíocht;

— dlí an tsaothair agus dálaí oibre;

— gairmoiliúint bhunchéime agus ardchéime;

— slándáil shóisialta;

— tionóiscí agus galair cheirde a chosc;

— sláinteachas ceirde;

— an ceart chun dul i gcomhlachas, agus cómhargáil idir fostóirí agus oibrithe.

Chun na críche sin, gníomhóidh an Coimisiún i ndlúth-thadhall leis na Ballstáit trí staidéir a dhéanamh, tuairimí a thabhairt agus comhairliúcháin a shocrú i dtaobh fadhbanna a thagann chun cinn ar leibhéal náisiúnta agus fadhbanna is ábhar cúraim d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe trí thionscnaimh arb é is aidhm dóibh treoirlínte agus táscairí a bhunú, malairtí dea-chleachtais a eagrú agus na heilimintí is gá a ullmhú don fhaireachán tréimhsiúil agus don mheastóireacht thréimhsiúil. Coinneofar Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas.

Sula dtabharfaidh an Coimisiún na tuairimí dá bhforáiltear san Airteagal seo, rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

*Airteagal 157*

(sean-Airteagal 141 CCE)

1. Áiritheoidh gach Ballstát cur chun feidhme an phrionsabail go bhfuil pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach ag dul d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe baineanna.

2. Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn "pá" an gnáthphá nó an gnáth-thuarastal bunaidh nó íosta maille le haon chomaoin eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach, óna fhostóir as ucht a fhostaíochta.

Ciallaíonn "pá comhionann gan idirdhealú bunaithe ar ghnéas":

(a) go ndéantar an pá as an obair chéanna ar thascrátaí a ríomh ar bhonn an aonaid tomhais chéanna;

(b) i gcás obair de réir amrátaí gurb é an pá céanna a íoctar as an jab céanna.

3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, bearta a ghlacadh d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm prionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, lena n-áirítear prionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach.

4. D'fhonn comhionannas iomlán iarbhír idir fir agus mná a áirithiú i saol na hoibre, ní chuirfidh prionsabal na córa comhionainne cosc ar aon Bhallstát bearta a choimeád ar bun nó a ghlacadh lena ndéantar foráil maidir le buntáistí sonracha chun gur fusa don ghnéas tearcionadaithe gabháil le gairm bheatha nó chun míbhuntáistí i slite beatha gairmiúla a chosc nó a chúiteamh.

*Airteagal 158*

(sean-Airteagal 142 CCE)

Féachfaidh na Ballstáit leis an gcoibhéis atá ann idir scéimeanna saoire le pá a choimeád mar atá.

*Airteagal 159*

(sean-Airteagal 143 CCE)

Tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil gach bliain ar an dul chun cinn atá déanta i ngnóthú chuspóirí Airteagal 151, lena n-áirítear staid dhéimeagrafach an Aontais. Díreoidh sé an tuarascáil sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

*Airteagal 160*

(sean-Airteagal 144 CCE)

Bunóidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, Coiste um Chosaint Shóisialta le stádas comhairleach chun comhordú idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún maidir le cosaint shóisialta a chur ar aghaidh. Is iad cúraimí an Choiste:

— faireachán a dhéanamh ar an staid shóisialta agus ar fhorbairt beartas cosanta sóisialta sna Ballstáit agus san Aontas;

— malairtí faisnéise, taithí agus dea-chleachtais a chur ar aghaidh idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún;

— gan dochar d'Airteagal 240, tuarascálacha a ullmhú nó tuairimí a fhoirmiú nó gníomhaíochtaí eile a dhéanamh laistigh de réimsí a inniúlachta, arna iarraidh sin don Chomhairle nó don Choimisiún nó ar a thionscnamh féin.

Agus a shainordú á chomhall aige, bunóidh an Coiste tadhaill iomchuí leis na comhpháirtithe sóisialta.

Ceapfaidh gach Ballstát dhá chomhalta den Choiste agus ceapfaidh an Coimisiún dhá chomhalta den Choiste.

### *Airteagal 161*

(sean-Airteagal 145 CCE)

Cuirfidh an Coimisiún isteach ina thuarascáil bhliantúil do Pharlaimint na hEorpa caibidil ar leith ar fhorbairtí sóisialta san Aontas.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún tuarascálacha a tharraingt suas i dtaobh aon fhadhbanna áirithe a bhaineann le dálaí sóisialta.

## TEIDEAL XI

## CISTE SÓISIALTA NA hEORPA

### *Airteagal 162*

(sean-Airteagal 146 CCE)

Chun go bhfeabhsófar na deiseanna ar fhostaíocht d'oibrithe sa mhargadh inmheánach agus chun go rannchuideofar amhlaidh leis an gcaighdeán maireachtála a ardú, cuirtear Ciste Sóisialta na hEorpa ar bun i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach thíos, arb é is aidhm dó fostú d'oibrithe a éascú agus méadú a thabhairt ar a soghluaisteacht gheografach agus ghairmiúil laistigh den Aontas agus oiriúnú d'athruithe tionsclaíocha agus d'athruithe sna córais táirgeachta a éascú go háirithe trí bhíthin na gairmoiliúna agus na hathghairmoiliúna.

### *Airteagal 163*

(sean-Airteagal 147 CCE)

Is é an Coimisiún a riarfaidh an Ciste.

Sa chúram sin gheobhaidh an Coimisiún cuidiú ó Choiste a mbeidh comhalta den Choimisiún i gceannas air agus arb iad a bheidh air ionadaithe ó rialtais agus ó cheardchumainn agus ó eagraíochtaí fostóirí.

### *Airteagal 164*

(sean-Airteagal 148 CCE)

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, na rialacháin chur chun feidhme a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa a ghlacadh.

## TEIDEAL XII

## OIDEACHAS, GAIRMOILIÚINT, AN ÓIGE AGUS AN SPÓRT

### *Airteagal 165*

(sean-Airteagal 149 CCE)

1. Rannchuideoidh an tAontas le hoideachas de chaighdeán a fhorbairt tríd an gcomhar idir Ballstáit a chothú agus, más gá, trí thacú lena ngníomhaíocht agus í a fhorlíonadh, agus freagracht na mBallstát i leith inneachar an teagaisc agus eagrúchán an chórais oideachais agus a n-éagsúlacht chultúrtha agus teanga á hurramú aige.

Rannchuideoidh an tAontas leis an spórt Eorpach a chur chun cinn, ag féachaint do shain-nádúr an spóirt, dá struchtúir atá bunaithe ar an ngníomhaíocht shaorálach agus d'fheidhm shóisialta agus oideachasúil an spóirt.

2. Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

— éirim Eorpach an oideachais a fhorbairt go háirithe trí theangacha na mBallstát a theagasc agus a leathadh;

— taobhú le soghluaisteacht mhac léinn agus múinteoirí, lena n-áirítear aitheantas acadúil dioplómaí agus tréimhsí staidéir;

— comhar a chur ar aghaidh idir bunaíochtaí oideachais;

— malartuithe faisnéise agus taithí a fhorbairt ar shaincheisteanna is coiteann do chórais oideachais na mBallstát;

— taobhú le forbairt comhaiseag idir daoine óga agus idir teagascóirí sochoideachasúla, agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i saol daonlathach na hEorpa a chothú;

— forbairt an chianoideachais a chothú;

— an ghné Eorpach a fhorbairt sa spórt, trí chothrom na féinne agus an oscailteacht i gcomórtais spóirt agus comhar idir chomhlachtaí atá freagrach as an spórt a chur chun cinn agus trí iomláine choirp agus mhorálta na lúthchleasaithe, go háirithe na lúthchleasaithe is óige ina measc, a chosaint.

3. Taobhóidh an tAontas agus na Ballstáit leis an gcomhar le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta is inniúil maidir le hoideachas agus leis an spórt, agus go háirithe le Comhairle na hEorpa.

4. Chun rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo:

— glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, gníomhaíochtaí dreasachta, amach ó aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialúcháin na mBallstát;

— glacfaidh an Chomhairle moltaí, ar thogra ón gCoimisiún.

*Airteagal 166*

(sean-Airteagal 150 CCE)

1. Cuirfidh an tAontas beartas gairmoiliúna chun feidhme a thacóidh le gníomhaíochtaí na mBallstát agus a fhorlíonfaidh iad, agus freagracht na mBallstát i leith inneachar agus eagrúchán na gairmoiliúna á hurramú aige.

2. Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

— oiriúnú d'athruithe tionsclaíocha a éascú, go háirithe trí bhíthin na hoiliúna agus na hathghairmoiliúna;

— an ghairmoiliúint tosaigh agus leanúnach a fheabhsú chun an t-imeascadh agus an t-athimeascadh gairmiúil ar mhargadh an tsaothair a éascú;

— rochtain ar an ngairmoiliúint a éascú agus taobhú le soghluaisteacht oidí agus daoine faoi oiliúint, go háirithe daoine óga;

— comhar i réimse na hoiliúna a spreagadh idir bunaíochtaí oideachais agus oiliúna agus gnóthais;

— malartuithe faisnéise agus taithí a fhorbairt ar shaincheisteanna is coiteann do chórais oiliúna na mBallstát.

3. Taobhóidh an tAontas agus na Ballstáit leis an gcomhar le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta is inniúil maidir le gairmoiliúint.

4. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, bearta a ghlacadh chun rannchuidiú leis na cuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo a ghnóthú, gan aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialacháin na mBallstát, agus glacfaidh an Chomhairle moltaí, ar thogra ón gCoimisiún.

## TEIDEAL XIII

## **CULTÚR**

*Airteagal 167*

(sean-Airteagal 151 CCE)

1. Rannchuideoidh an tAontas le borradh chultúir na mBallstát, ag urramú a n-éagsúlacht náisiúnta agus réigiúnach agus ag tabhairt na comhoidhreachta cultúrtha chun suntais dó.

2. Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais comhar idir Ballstáit a chothú agus, más gá, tacú lena ngníomhaíocht agus í a fhorlíonadh sna réimsí seo a leanas:

— feabhsú ar eolas agus ar leathadh chultúr agus stair na bpobal Eorpach;

— caomhnú agus coimirciú na hoidhreachta cultúrtha de thábhacht Eorpach;

— comhaisig neamhthráchtála i réimse an chultúir;

— cruthú ealaíonta agus liteartha, go fiú in earnáil an chlosamhairc.

3. Taobhóidh an tAontas agus na Ballstát leis an gcomhar le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta is inniúil i réimse an chultúir agus go háirithe le Comhairle na hEorpa.

4. Tabharfaidh an tAontas aird ar ghnéithe cultúrtha ina ghníomhaíocht faoi fhorálacha eile na gConarthaí, go háirithe d'fhonn éagsúlacht a chuid cultúr a urramú agus a chur ar aghaidh.

5. Chun rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo:

— glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún, gníomhaíochtaí dreasachta, amach ó aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialúcháin na mBallstát;

— glacfaidh an Chomhairle moltaí ar thogra ó gCoimisiún.

## TEIDEAL XIV

## **SLÁINTE PHOIBLÍ**

### *Airteagal 168*

(sean-Airteagal 152 CCE)

1. Déanfar ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.

Bainfidh gníomhaíocht an Aontais, a chomhlánóidh beartais náisiúnta, leis an tsláinte phoiblí a fheabhsú, le tinnis agus galair an duine a chosc agus le foinsí contúirte do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach a sheachaint. Folóidh gníomhaíocht den saghas sin an comhrac in aghaidh na móraicídí trí thaighde a chur ar aghaidh ar na cúiseanna atá leo agus ar mhodhanna a seolta agus a gcoiscthe, maille le faisnéis agus oideachas sláinte, agus faireachán a dhéanamh ar mhórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte, rabhadh a thabhairt go luath faoi bhagairtí den sórt sin, agus iad a chomhrac.

Comhlánóidh an tAontas gníomhaíocht na mBallstát chun damáiste don tsláinte a thig ó dhrugaí a laghdú, lena n-áirítear faisnéis agus cosc.

2. Cothóidh an tAontas comhar idir na Ballstáit sna réimsí dá dtagraítear san Airteagal seo agus, más gá, tacóidh sé lena ngníomhaíocht. Cothóidh sé go háirithe comhar idir na Ballstáit chun comhlántacht a gcuid seirbhísí sláinte sna réigiúin trasteorann a fheabhsú.

Déanfaidh na Ballstáit comhordú eatarthu féin, i gcuibhreann leis an gCoimisiún, ar a mbeartais agus ar a gcláir sna réimsí dá dtagraítear i mír 1. Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúth-thadhall leis na Ballstáit, aon tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú sin a chur ar aghaidh, go háirithe tionscnaimh arb é is aidhm dóibh treoirlínte agus táscairí a bhunú, malairtí dea-chleachtais a eagrú agus na heilimintí is gá a ullmhú d'fhaireachán tréimhsiúil agus do mheastóireacht thréimhsiúil. Coinneofar Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas.

3. Taobhóidh an tAontas agus na Ballstáit le comhar le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla i réimse na sláinte poiblí.

4. De mhaolú ar Airteagal 2(5), agus ar Airteagal 6(a), agus i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(k), rannchuideoidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo, trí na bearta seo a leanas a ghlacadh, chun déileáil le gnáthcheisteanna sábháilteachta:

(a) bearta ag leagan síos ardchaighdeán cáilíochta agus sábháilteachta d'orgáin agus substaintí de bhunús daonna, d'fhuil agus do dhíorthaigh fola; ní chuirfidh na bearta sin cosc ar aon Bhallstát bearta cosanta níos déine a choimeád ar bun ná a thabhairt isteach;

(b) bearta i réimsí na tréidliachta agus na fíteasláintíochta a bhfuil sé mar chuspóir díreach acu an tsláinte phoiblí a chosaint;

(c) bearta ag leagan síos ardchaighdeán cáilíochta agus sábháilteachta do tháirgí sláinte agus d'fheistí míochaine.

5. Ina theannta sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, bearta dreasachta a bhunú a bheidh ceaptha chun sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú, agus go háirithe chun na móraicídí trasteorann a chomhrac, bearta a bhunú a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar mhórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte, le rabhadh a thabhairt go luath faoi bhagairtí den sórt sin, agus lena gcomhrac, mar aon le bearta a bhunú arb é is cuspóir díreach dóibh an tsláinte phoiblí a chosaint i dtaca le tobac agus le mí-úsáid alcóil, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe ná ar rialacháin na mBallstát.

6. Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, moltaí a ghlacadh freisin chun na gcríoch atá leagtha amach san Airteagal seo.

7. Déanfaidh gníomhaíocht an Aontais urraim a thabhairt do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a

sholáthar. Áirítear ar fhreagrachtaí na mBallstát seirbhísí sláinte agus cúram liachta a bhainistiú, agus na hacmhainní a shanntar dóibh a chionroinnt orthu. Ní dhéanfaidh na bearta dá dtagraítear i mír 4(a) difear d'fhorálacha náisiúnta maidir le deonú nó úsáid mhíochaine orgán agus fola.

## TEIDEAL XV

## COSAINT AN TOMHALTÓRA

### *Airteagal 169*

(sean-Airteagal 153 CCE)

1. Chun leasanna na dtomhaltóirí a chur ar aghaidh agus chun ardleibhéal cosanta don tomhaltóir a áirithiú, rannchuideoidh an tAontas le sláinte, sábháilteacht agus leasanna eacnamaíocha na dtomhaltóirí a chosaint, maille lena gceart a chur ar aghaidh chun faisnéise agus oideachais agus chun iad féin a eagrú ar mhaithe lena leasanna a choimirciú.

2. Rannchuideoidh an tAontas leis na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú:

(a) trí bhearta arna nglacadh de bhun Airteagal 114 faoi chuimsiú chomhlánú an mhargaidh inmheánaigh;

(b) trí bhearta a thacaíonn leis an mbeartas arna shaothrú ag na Ballstáit, a fhorlíonann é agus a dhéanann faireachán air.

3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na bearta dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 a ghlacadh.

4. Ní chuirfidh bearta arna nglacadh de bhun mhír 3 cosc ar aon Bhallstát bearta cosanta níos déine a choimeád ar bun ná a thabhairt isteach. Ní mór do bhearta den sórt sin a bheith ag luí leis na Conarthaí. Cuirfear in iúl don Choimisiún iad.

## TEIDEAL XVI

## GRÉASÁIN THRAS-EORPACHA

### *Airteagal 170*

(sean-Airteagal 154 CCE)

1. D'fhonn rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 26 agus 174 agus d'fhonn cumasú do shaoránaigh an Aontais, d'oibreoirí eacnamaíocha agus do phobail réigiúnacha agus áitiúla tairbhiú go hiomlán de na buntáistí a chinfidh ó limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chur ar bun, rannchuideoidh an tAontas le gréasáin thras-Eorpacha a bhunú agus a fhorbairt in earnálacha bhonneagair an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh.

2. Faoi chuimsiú córas margaí a bheidh ar oscailt agus iomaíoch, beidh sé d'aidhm ag gníomhaíocht an Aontais taobhú le hidirnascadh agus le hidirinoibritheacht na ngréasán náisiúnta agus le rochtain ar na gréasáin sin. Tabharfaidh sí aird go háirithe ar a riachtanaí atá sé na réigiúin oileánacha, talamhiata agus forimeallacha a cheangal le réigiúin láir an Aontais.

### *Airteagal 171*

(sean-Airteagal 155 CCE)

1. D'fhonn na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 170 a ghnóthú:

— bunóidh an tAontas sraith treoirlínte a fholaíonn cuspóirí, tosaíochtaí agus imlínte na ngníomhaíochtaí arna mbeartú i réimse na ngréasán tras-Eorpach; sonróidh na treoirlínte sin tionscadail leasa choitinn;

— cuirfidh an tAontas chun feidhme gach gníomhaíocht a mheastar is gá chun idirinoibritheacht na ngréasán a áirithiú, go háirithe i réimse chomhchuibhiú na gcaighdeán teicniúil;

— féadfaidh an tAontas tacú le tionscadail chomhleasa lena dtacaíonn na Ballstáit agus a shonraítear faoi chuimsiú na dtreoirlínte dá dtagraítear sa chéad fhleasc, go háirithe trí bhíthin staidéar indéantachta, ráthaíochtaí iasachta nó fóirdheontas úis; féadfaidh an tAontas rannchuidiú freisin tríd an gCiste Comhtháthaithe arna chur ar bun de bhun fhorálacha Airteagal 177 le maoiniú tionscadal sonrach i mBallstáit i réimse bonneagar iompair.

Tabharfaidh gníomhaíocht an Aontais aird ar inmharthanacht eacnamaíoch acmhainneach na dtionscadal.

2. Déanfaidh na Ballstáit comhordú eatarthu féin, i gcuibhreann leis an gCoimisiún, ar bheartais a shaothrófar ar leibhéal náisiúnta a bhféadfaidh éifeacht shonraíoch a bheith acu ar ghnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 170. Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomharaíocht leis na Ballstáit, gach tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú sin a chur ar aghaidh.

3. Féadfaidh an tAontas a chinneadh comhoibriú le tríú tíortha chun tionscadail leasa choitinn a chur ar aghaidh agus idirinoibritheacht na ngréasán a áirithiú.

### *Airteagal 172*

(sean-Airteagal 156 CCE)

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, na treoirlínte agus na bearta eile dá dtagraítear in Airteagal 171(1).

Is gá ceadú an Bhallstáit i dtrácht do threoirlínte agus tionscadail leasa choitinn a bhaineann le críoch an Bhallstáit sin.

# TEIDEAL XVII

## TIONSCAL

### *Airteagal 173*

(sean-Airteagal 157 CCE)

1. Féachfaidh an tAontas agus na Ballstáit chuige go mbeidh na dálaí ann is gá chun cumas iomaíochta thionscal an Aontais a áirithiú.

Chun na críche sin, i gcomhréir le córas margaí a bheidh ar oscailt agus iomaíoch, is é is aidhm dá ngníomhaíocht:

— oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha a bhrostú;

— timpeallacht a chothú atá fabhrach don tionscnamh agus d'fhorbairt ghnóthas ar fud an Aontais, go háirithe gnóthais bheaga agus meánmhéide;

— timpeallacht a chothú atá fabhrach do chomhar idir gnóthais;

— taobhú le hacmhainneacht thionsclaíoch beartas nuála, taighde agus forbartha teicneolaíche a shaothrú níos fearr.

2. Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile i gcuibhreann leis an gCoimisiún agus, más gá, déanfaidh siad a ngníomhaíochtaí a chomhordú. Féadfaidh an Coimisiún gach tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú sin a chur ar aghaidh go háirithe tionscnaimh arb é is aidhm dóibh treoirlínte agus táscairí a bhunú, malairtí dea-chleachtais a eagrú agus na heilimintí is gá a ullmhú don fhaireachán tréimhsiúil agus don mheastóireacht thréimhsiúil. Coinneofar Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas.

3. Rannchuideoidh an tAontas le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1 trí bhíthin na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí a shaothraíonn sé faoi fhorálacha eile de na Conarthaí. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, bearta sonracha a chinneadh chun tacú le gníomhaíochtaí de chuid na mBallstát d'fhonn na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát.

Ní féidir leis an Aontas leas a bhaint as an Teideal seo chun aon bheart a thabhairt isteach ar dóigh dó an iomaíocht a shaobhadh nó ina bhfuil forálacha cánachais nó forálacha a bhaineann le cearta agus leasanna daoine fostaithe.

# TEIDEAL XVIII

## COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH

### *Airteagal 174*

(sean-Airteagal 158 CCE)

D'fhonn a fhorbairt chomhchuí i gcoitinne a chur ar aghaidh, déanfaidh an tAontas a chuid gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a shaothrú ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú.

Féachfaidh an tAontas go háirithe leis na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú.

As na réigiúin lena mbaineann, tabharfar aird faoi leith ar limistéir thuaithe, ar limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu agus ar nós na réigiún oileánach, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach.

### *Airteagal 175*

(sean-Airteagal 159 CCE)

Déanfaidh na Ballstáit a mbeartas eacnamaíoch a sheoladh agus a chomhordú d'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 174 a bhaint amach freisin. Saineofar agus cuirfear beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais chun feidhme agus cuirfear an margadh inmheánach chun feidhme le haird ar na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 174 agus rannpháirteoidh siad i ngnóthú na gcuspóirí sin. Tacóidh an tAontas leis na cuspóirí sin a ghnóthú agus é ag gníomhú trí bhíthin na gcistí struchtúracha (Roinn Treoraíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta, Ciste Sóisialta na hEorpa, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa), tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta agus trí na hionstraimí airgeadais eile atá ann cheana.

Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus do Choiste na Réigiún gach trí bliana ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a ghnóthú agus ar an tslí inar rannchuidigh na meáin éagsúla dá bhforáiltear san Airteagal seo leis. Beidh tograí iomchuí in éineacht leis an tuarascáil más gá.

Más léir gur gá gníomhaíochtaí sonracha lasmuigh de na cistí agus gan dochar do na bearta arna gcinneadh faoi chuimsiú bheartais eile an Aontais, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na gníomhaíochtaí sin a ghlacadh, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún.

### *Airteagal 176*

(sean-Airteagal 160 CCE)

Tá ceaptha do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú, trí rannpháirtiú i bhforbairt agus i gcoigeartú struchtúrach na réigiún a bhfuil a bhforbairt tite ar gcúl agus in athrúchán na réigiún tionsclaíoch atá ag meath.

*Airteagal 177*

(sean-Airteagal 161 CCE)

Gan dochar d'Airteagal 178, saineoidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, cúraimí, cuspóirí tosaíochta agus eagrúchán na gcistí struchtúracha a fhéadfaidh grúpáil na gcistí a chuimsiú. Saineofar tríd an nós imeachta céanna na rialacha ginearálta is infheidhme ar na cistí maille leis na forálacha is gá chun éifeachtúlacht na gcistí agus an comhordú eatarthu agus leis na hionstraimí airgeadais eile atá ann cheana a áirithiú.

Déanfaidh Ciste Comhtháthaithe arna chur ar bun i gcomhréir leis an nós imeachta céanna ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach i gcúrsaí bonneagair iompair.

*Airteagal 178*

(sean-Airteagal 162 CCE)

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, na rialacháin cur chun feidhme a bhaineann le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Leanfaidh Airteagail 43 agus 164 faoi seach de bheith infheidhme maidir le Roinn Treoraíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta agus le Ciste Sóisialta na hEorpa.

## TEIDEAL XIX

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT THEICNEOLAÍOCH AGUS AN SPÁS

*Airteagal 179*

(sean-Airteagal 163 CCE)

1. Beidh sé de chuspóir ag an Aontas a chuid fothaí eolaíocha agus teicneolaíocha a neartú trí limistéar Eorpach taighde a ghnóthú ina mbeidh taighdeoirí, fios eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse, agus trí bhreis iomaíochais a spreagadh ann, lena n-áirítear an t-iomaíochas i gcúrsaí tionsclaíochta, agus gach gníomhaíocht taighde a chur chun chinn a mheasfar is gá de bhua Chaibidlí eile na gConarthaí.

2. Chuige sin, cothóidh an tAontas gnóthais ar fud an Aontais, lena n-áirítear gnóthais bheaga agus meánmhéide, lárionaid taighde agus ollscoileanna ina n-iarrachtaí maidir le taighde agus forbairt theicneolaíoch d'ardchaighdeán; tacóidh sé lena n-iarrachtaí comhair, go háirithe d'fhonn a chumasú do lucht taighde comhoibriú faoi shaoirse trasna teorainneacha agus do ghnóthais leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh go háirithe trí bhíthin conarthaí náisiúnta poiblí a oscailt, comhchaighdeáin a shainiú agus constaicí dlíthiúla agus fioscacha ar chomhar den sórt sin a dhíchur.

3. Déanfar gach gníomhaíocht Aontais de bhun na gConarthaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taisealbhaidh, i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche, a chinneadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le forálacha an Teidil seo.

*Airteagal 180*

(sean-Airteagal 164 CCE)

Agus na cuspóirí sin á saothrú aige, déanfaidh an tAontas na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích chun na gníomhaíochtaí atá ar siúl sna Ballstáit a fhorlíonadh:

(a) cláir a chur chun feidhme maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh trí chomhar le gnóthais, lárionaid taighde agus ollscoileanna agus eatarthu a chur ar aghaidh;

(b) comhar maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh Aontais a chur ar aghaidh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta;

(c) torthaí gníomhaíochtaí maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh Aontais a leathadh agus leas iomlán a bhaint astu;

(d) oiliúint agus soghluaisteacht lucht taighde san Aontas a spreagadh.

*Airteagal 181*

(sean-Airteagal 165 CCE)

1. Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit a ngníomhaíocht a chomhordú maidir le taighde agus forbairt theicneolaíoch chun a áirithiú go mbeidh comhchuibheas frithpháirteach idir na beartais náisiúnta agus an beartas Aontais.

2. Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomharaíocht leis na Ballstáit, gach tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú dá dtagraítear i mír 1 a chur ar aghaidh, go háirithe tionscnaimh arb é is aidhm dóibh treoirlínte agus táscairí a bhunú, malairtí dea-chleachtais a eagrú agus na heilimintí is gá a ullmhú don fhaireachán tréimhsiúil agus don mheastóireacht thréimhsiúil. Coinneofar Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas.

*Airteagal 182*

(sean-Airteagal 166 CCE)

1. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, clár réime ilbhliantúil ina leagfar amach gníomhaíochtaí uile an Aontais.

Déanfaidh an clár réime:

— na cuspóirí eolaíocha agus teicneolaíocha atá le gnóthú sna gníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 180 agus na tosaíochtaí a bheidh ag gabháil leo a shocrú;

— imlínte do na gníomhaíochtaí sin a chur i bhfios;

— an t-uasmhéid foriomlán agus na rialacha mionsonraithe a shocrú do rannpháirtíocht airgeadais an Aontais sa chlár réime maille leis an gcion faoi seach i ngach gníomhaíocht arna beartú.

2. Déanfar an clár réime a oiriúnú nó a fhorlíonadh de réir mar a thagann cor nua sa scéal.

3. Cuirfear an clár réime chun feidhme trí bhíthin clár sonrach a dhéanfar a fhorbairt laistigh de gach gníomhaíocht. Déanfaidh gach clár sonrach rialacha mionsonraithe a chur chun feidhme a shonrú, a ré a shocrú agus an maoiniú a mheastar is gá a fhoráil. Ní fhéadfaidh suim na méideanna a mheastar is gá arna socrú sna cláir shonracha a bheith níos mó ná an t-uasmhéid foriomlán arna shocrú don chlár réime agus do gach gníomhaíocht.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na cláir shonracha a ghlacadh.

5. Mar chomhlánú ar na gníomhaíochtaí a bheartófar leis an gclár réime ilbhliantúil, bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na bearta is gá chun an limistéar Eorpach taighde a chur chun feidhme.

### *Airteagal 183*

(sean-Airteagal 167 CCE)

Ar mhaithe le cur chun feidhme an chláir réime ilbhliantúil, socróidh an tAontas:

— na rialacha a bhaineann le rannpháirtíocht ghnóthas, lárionaid taighde agus ollscoileanna;

— na rialacha is infheidhme maidir le torthaí an taighde a leathadh.

### *Airteagal 184*

(sean-Airteagal 168 CCE)

Agus an clár réime ilbhliantúil á chur chun feidhme, féadfar cinneadh ar chláir fhorlíontacha nach mbeidh rannpháirteach iontu ach Ballstáit áirithe a dhéanfaidh iad a mhaoiniú faoi réir rannpháirtíocht ionchasach an Aontais.

Glacfaidh an tAontas na rialacha is infheidhme maidir leis na cláir fhorlíontacha, go háirithe maidir le leathadh eolais agus rochtain ag Ballstáit eile.

*Airteagal 185*

(sean-Airteagal 169 CCE)

Agus an clár réime ilbhliantúil á chur chun feidhme aige, féadfaidh an tAontas, le comhaontú na mBallstát i dtrácht, foráil do rannpháirtíocht i gcláir thaighde agus forbartha a bheidh gafa ar láimh ag Ballstáit éagsúla, lena n-áirítear rannpháirtíocht sna struchtúir arna gcur ar bun chun na cláir sin a chur i gcrích.

*Airteagal 186*

(sean-Airteagal 170 CCE)

Agus an clár réime ilbhliantúil á chur chun feidhme aige, féadfaidh an tAontas foráil do chomhar maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh Aontais le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Féadfaidh rialacha mionsonraithe an chomhair sin a bheith ina n-ábhar do chomhaontuithe idir an tAontas agus na tríú páirtithe i dtrácht.

*Airteagal 187*

(sean-Airteagal 171 CCE)

Féadfaidh an tAontas comhghnóthais nó aon struchtúr eile a chur ar bun is gá do dhea-chur i gcrích cláir Aontais maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh.

*Airteagal 188*

(sean-Airteagal 172 CCE)

Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 187 a ghlacadh.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 183, 184 agus 185 a ghlacadh. Beidh gá le comhaontú na mBallstát i dtrácht chun na cláir fhorlíontacha a ghlacadh.

*Airteagal 189*

1. Ullmhóidh an tAontas beartas Eorpach spáis d'fhonn an forás eolaíoch agus teicniúil, an t-iomaíochas tionsclaíoch agus cur chun feidhme a chuid beartas a chur chun cinn. Chuige sin, féadfaidh sé tionscnaimh chomhpháirteacha a chur chun cinn, tacú leis an taighde agus leis an bhforbairt theicneolaíoch agus comhordú a dhéanamh ar na hiarrachtaí is gá a dhéanamh chun an spás a thaiscéaladh agus a shaothrú.

2. D'fhonn rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá a bhunú, a fhéadfaidh a bheith i bhfoirm cláir Eorpaigh spáis, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát.

3. Bunóidh an tAontas gach caidreamh is iomchuí leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis.

4. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo dochar d'fhorálacha eile an Teidil seo.

*Airteagal 190*

(sean-Airteagal 173 CCE)

Ag tús gach bliana, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Folóidh an tuarascáil sin go háirithe na gníomhaíochtaí a rinneadh maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus leathadh na dtorthaí i gcaitheamh na bliana roimhe sin agus an clár oibre don bhliain reatha.

## TEIDEAL XX

## COMHSHAOL

*Airteagal 191*

(sean-Airteagal 174 CCE)

1. Rannchuideoidh beartas an Aontais i réimse an chomhshaoil leis na cuspóirí seo a leanas a shaothrú:

— mianach an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú;

— sláinte an duine a chosaint;

— acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama réasúnach;

— bearta a chur chun cinn ar leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna réigiúnacha nó domhanda an chomhshaoil, agus go háirithe an comhrac in aghaidh athrú aeráide.

2. Beidh sé d'aidhm ag beartas an Aontais i réimse an chomhshaoil ardleibhéal cosanta a shroicheadh ag tabhairt aird ar éagsúlacht na staideanna i réigiúin éagsúla an Aontais. Fothófar é ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar na prionsabail gur cóir bearta coisctheacha a ghlacadh, go dtabharfar tosaíocht do bhearta chun damáiste don chomhshaol a cheartú ag an bhfoinse agus gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as.

Sa chomhthéacs sin, beidh sna bearta comhchuibhithe a fhreagraíonn do cheanglais maidir le cosaint an chomhshaoil, i gcásanna iomchuí, clásal cosanta a údaróidh do na Ballstáit bearta sealadacha a bheidh faoi réir nós imeachta rialaithe ag an Aontas a ghlacadh ar fhorais chomhshaoil neamheacnamaíocha.

3. Agus a bheartas i réimse an chomhshaoil á ullmhú aige, cuirfidh an tAontas san áireamh:

— a bhfuil ar fáil de shonraí eolaíocha agus teicniúla;

— dálaí an chomhshaoil i réigiúin éagsúla an Aontais;

— na buntáistí agus na costais a fhéadfaidh a theacht as gníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta;

— forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais ina iomláine agus forbairt chothromúil a chuid réigiún.

4. Faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, comhoibreoidh an tAontas agus na Ballstáit le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla. Féadfaidh rialacha mionsonraithe chomhar an Aontais a bheith ina n-ábhar do chomhaontuithe idir an tAontas agus na tríú páirtithe i dtrácht.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar d'inniúlacht na mBallstát dul i mbun caibidlíochta i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 192*

(sean-Airteagal 175 CCE)

1. Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, an ghníomhaíocht a ghabhfaidh an tAontas ar láimh chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 191 a ghnóthú.

2. De mhaolú ar an nós imeachta cinnteoireachta dá bhforáiltear i mír 1 agus gan dochar d'Airteagal 114, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún:

(a) forálacha atá de chineál fioscach go príomha;

(b) bearta a dhéanann difear:

— do bhearta maidir le pleanáil bhaile agus tuaithe;

— do bhainisteoireacht chainníochtúil ar acmhainní uisce nó a dhéanann difear go díreach nó go hindíreach do na hacmhainní sin a bheith ar fáil;

— d'úsáid talún seachas bainisteoireacht dramhaíola;

(c) bearta a dhéanann difear suntasach do rogha Bhallstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, an gnáthnós imeachta reachtach a dhéanamh infheidhme maidir leis na hábhair dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

3. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, cláir ghníomhaíochta ghinearálta a shocraíonn na cuspóirí tosaíochta a bheidh le gnóthú.

Glacfar na bearta is gá chun na cláir sin a chur chun feidhme, faoi théarmaí mhír 1 nó mhír 2, de réir mar a bheidh.

4. Gan dochar do bhearta áirithe arna nglacadh ag an Aontas, déanfaidh na Ballstáit an beartas comhshaoil a mhaoiniú agus a chur i gcrích.

5. Gan dochar don phrionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, i gcás go mbéarfaidh beart arna bhunú ar fhorálacha mhír 1 costais a mheastar is díréireach d'údaráis phoiblí Ballstáit, forálfar leis an mbeart sin d'fhorálacha iomchuí amhail:

— maoluithe sealadacha agus/nó

— tacaíocht airgeadais ón gCiste Comhtháthaithe arna chur ar bun de bhun fhorálacha Airteagal 177.

### *Airteagal 193*

(sean-Airteagal 176 CCE)

Ní chuirfidh na bearta cosanta arna nglacadh de bhun Airteagal 192 bac ar aon Bhallstát bearta cosanta níos déine a choimeád ar bun ná a thabhairt isteach. Ní mór do bhearta den sórt sin a bheith ag luí leis na Conarthaí. Cuirfear in iúl don Choimisiún iad.

## TEIDEAL XXI

## **FUINNEAMH**

### *Airteagal 194*

1. I gcomhthéacs bhunú agus oibriú an mhargaidh inmheánaigh agus ag féachaint don ghá atá ann an comhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú, beidh sé d'aidhm ag beartas an Aontais maidir le fuinneamh, de mheon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit:

(a) oibriú an mhargaidh fuinnimh a áirithiú;

(b) slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas a áirithiú;

(c) an tíosacht agus an bharainn ar an bhfuinneamh a chur chun cinn mar aon le forbairt foirmeacha nua, inathnuaite fuinnimh; agus

(d) idirnascadh na ngréasán fuinnimh a chur chun cinn.

2. Gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha eile na gConarthaí, bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú. Glacfar na bearta sin tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún.

Ní dhéanfaidh na bearta sin difear don cheart atá ag Ballstát na coinníollacha a chinneadh maidir lena acmhainní fuinnimh a shaothrú, dá rogha idir fhoinsí éagsúla fuinnimh agus do struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh, gan dochar d'Airteagal 192(2)(c).

3. De mhaolú ar mhír 2, bunóidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na bearta dá dtagraítear sa mhír sin nuair is bearta de chineál fioscach go príomha iad.

## TEIDEAL XXII

## TURASÓIREACHT

### *Airteagal 195*

1. Comhlánóidh an tAontas gníomhaíocht na mBallstát in earnáil na turasóireachta, go háirithe trí iomaíochas fhiontair an Aontais inti a chur chun cinn.

Chuige sin, díreofar gníomhaíocht an Aontais ar na nithe seo a leanas:

(a) cruthú timpeallachta a spreagadh a bheidh fabhrach d'fhorbairt na bhfiontar san earnáil seo;

(b) comhar idir na Ballstáit a chur chun cinn, go háirithe trí mhalartú dea-chleachtais.

2. Bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta sonracha arb é is aidhm dóibh gníomhaíochtaí laistigh de na Ballstáit a chomhlánú chun na cuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo a ghnóthú, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát.

## TEIDEAL XXIII

## COSAINT SHIBHIALTA

### *Airteagal 196*

1. Cothóidh an tAontas comhar idir Bhallstáit d'fhonn cur le héifeachtúlacht na gcóras chun tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine a chosc agus cosaint ina gcoinne.

Beidh sé d'aidhm ag gníomhaíocht an Aontais:

(a) gníomhaíocht na mBallstát a chothú agus a chomhlánú ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil maidir le rioscaí a chosc, maidir lena bhfoirne cosanta sibhialta a ullmhú agus maidir le hidirghabháil i gcás tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine laistigh den Aontas;

(b) comhar sciobtha éifeachtúil oibríochtúil a chur chun cinn laistigh den Aontas idir na seirbhísí náisiúnta cosanta sibhialta;

(c) an chomhsheasmhacht a chur chun cinn in obair idirnáisiúnta cosanta sibhialta.

2. Bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá chun rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát.

## TEIDEAL XXIV

## COMHAR RIARACHÁIN

### *Airteagal 197*

1. Measfar gur ábhar leasa choitinn atá sár-riachtanach do dhea-oibriú an Aontais é na Ballstáit dlí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach.

2. Féadfaidh an tAontas tacú le hiarrachtaí na mBallstát a gcumas riaracháin a fheabhsú chun dlí an Aontais a chur chun feidhme. Féadfaidh a bheith san áireamh leis sin malartú faisnéise agus státseirbhíseach a éascú agus tacú le scéimeanna oiliúna. Ní bheidh oibleagáid ar Bhallstát ar bith tarraingt ar an tacaíocht sin. Bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá chun na críche sin, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát.

3. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'oibleagáid na mBallstát dlí an Aontais a chur chun feidhme nó do shainchumais agus do dhualgais an Choimisiúin. Beidh an tAirteagal gan dochar freisin d'fhorálacha eile na gConarthaí lena bhforáiltear do chomhar riaracháin idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus an tAontas.

# CUID A CEATHAIR

## TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR A CHOMHLACHÚ

### *Airteagal 198*

(sean-Airteagal 182 CCE)

Comhaontaíonn na Ballstáit na tíortha agus na críocha neamh-Eorpacha a bhfuil caidreamh speisialta acu leis an Danmhairg, leis an bhFrainc, leis an Ísiltír agus leis an Ríocht Aontaithe a chomhlachú leis an Aontas. Tá na tíortha agus na críocha sin (dá ngairtear "na tíortha agus na críocha" anseo feasta) sa liosta in Iarscríbhinn II.

Is é is cuspóir don chomhlachas forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na dtíortha agus na gcríoch a chur chun cinn agus dlúthchaidreamh eacnamaíoch a bhunú idir iad agus an tAontas ina iomláine.

De réir na bprionsabal atá leagtha amach sa Bhrollach don Chonradh seo, fónfaidh an comhlachas go príomha chun leasanna agus rathúnas áitritheoirí na dtíortha agus na gcríoch sin a chur ar aghaidh, d'fhonn iad a sheoladh i dtreo na forbraíochta, idir eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha, a bhfuil a ndóchas léi.

### *Airteagal 199*

(sean-Airteagal 183 CCE)

Is iad seo a leanas aidhmeanna an chomhlachais.

1) Cuirfidh na Ballstáit chun feidhme ar a dtrádáil leis na tíortha agus na críocha an chóir chéanna a bhíonn acu dá chéile de bhun na gConarthaí.

2) Cuirfidh gach tír nó críoch chun feidhme ar a trádáil leis na Ballstáit agus leis na tíortha agus na críocha eile an chóir chéanna a bhíonn aici don Stát Eorpach a bhfuil caidreamh speisialta aici leis.

3) Cuideoidh na Ballstáit leis na hinfheistíochtaí is gá chun na tíortha agus na críocha sin a fhorbairt go comhleanúnach.

4) I gcás na n-infheistíochtaí atá maoinithe ag an Aontas, beidh rannpháirtíocht sna tairiscintí agus sna soláthairtí ar oscailt, ar choinníollacha comhionanna, do na daoine go léir, idir nádúrtha agus dlítheanach, is náisiúnaigh de Bhallstát nó de cheann de na tíortha agus na críocha.

5) Sa chaidreamh idir Ballstáit agus na tíortha agus na críocha, déanfar an ceart bunaíochta do náisiúnaigh agus do chuideachtaí nó gnólachtaí a rialú de réir na bhforálacha agus an nós imeachta atá leagtha síos sa Chaibidil a bhaineann leis an gceart bunaíochta agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, faoi réir aon fhorálacha speisialta a leagfar síos de bhun Airteagal 203.

*Airteagal 200*

(sean-Airteagal 184 CCE)

1. Déanfar dleachtanna custaim ar earraí de thionscnamh na dtíortha agus na gcríoch a allmhaireofar isteach sna Ballstáit a thoirmeasc i gcomhréir leis an toirmeasc dleachtanna custaim idir na Ballstáit de réir fhorálacha na gConarthaí.

2. Déanfar dleachtanna custaim ar allmhairí isteach i ngach tír nó críoch ó Bhallstáit nó ó na tíortha nó na críocha eile a thoirmeasc i gcomhréir le forálacha Airteagal 30.

3. Féadfaidh na tíortha agus na críocha, áfach, dleachtanna custaim a thobhach a fhreagraíonn do riachtanais a bhforbraíochta agus a dtionsclaíochta nó a ghnóthaíonn ioncam dá mbuiséid.

Ní fhéadfaidh na dleachtanna dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo dul thar leibhéal na ndleachtanna a fhorchuirtear ar tháirgí a allmhairítear ón mBallstát a bhfuil caidreamh speisialta ag gach tír nó críoch ar leith leis.

4. Ní bhainfidh mír 2 leis na tíortha agus na críocha a dhéanann cheana féin, mar gheall ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta áirithe atá de cheangal orthu, taraif chustaim neamh-idirdhealaitheach a chur chun feidhme.

5. Má thugtar isteach nó má athraítear ar dhóigh ar bith dleachtanna custaim ar earraí a allmhairítear isteach sna tíortha agus sna críocha, ní bheidh sin ina chúis, ó dhlí ná ó ghníomh, le haon idirdhealú, díreach ná indíreach, a dhéanamh idir allmhairí ó na Ballstáit éagsúla.

*Airteagal 201*

(sean-Airteagal 185 CCE)

I gcás na dleachtanna is inchurtha ar earraí ó thríú tír, ar a dteacht isteach i dtír nó i gcríoch, a bheith ar leibhéal ar cosúil dó, nuair a chuirtear forálacha Airteagal 200(1) chun feidhme, trádáil a shraonadh chun dochair d'aon Bhallstát, féadfaidh an Stát sin a iarraidh ar an gCoimisiún na bearta is gá mar leigheas ar an gcor sin a mholadh do na Ballstáit eile.

*Airteagal 202*

(sean-Airteagal 186 CCE)

Faoi réir na bhforálacha a bhaineann le sláinte phoiblí, slándáil phoiblí nó beartas poiblí, déanfar an tsaoirse ghluaiseachta laistigh de Bhallstáit le haghaidh oibrithe ó na tíortha agus na críocha, agus laistigh de na tíortha agus na críocha le haghaidh oibrithe ó na Ballstáit, a rialú le gníomhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 203.

### *Airteagal 203*

(sean-Airteagal 187 CCE)

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, ar bhonn na taithí atá faighte faoi chuimsiú chomhlachú na dtíortha agus na gcríoch leis an Aontas agus ar bhonn na bprionsabal atá leagtha amach sna Conarthaí, forálacha a leagan síos maidir leis na rialacha mionsonraithe agus an nós imeachta chun na tíortha agus na críocha a chomhlachú leis an Aontas. Nuair a ghlacfaidh an Chomhairle na forálacha atá i gceist i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, gníomhóidh sí d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

### *Airteagal 204*

(sean-Airteagal 188 CCE)

Beidh feidhm ag Airteagail 198 go 203 i leith na Graonlainne, faoi réir na bhforálacha sonracha don Ghraonlainn arna leagan amach sa Phrótacal ar shocruithe speisialta don Ghraonlainn atá i gceangal leis na Conarthaí.

# CUID A CÚIG

# GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS

## TEIDEAL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS

### *Airteagal 205*

Beidh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta, de bhun na coda seo, á stiúradh ag na prionsabail, saothróidh sí na cuspóirí agus seolfar í i gcomhréir leis na forálacha ginearálta a leagtar síos i gCaibidil 1 de Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

## TEIDEAL II

## COMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA

### *Airteagal 206*

(sean-Airteagal 131 CCE)

Trí aontas custaim a bhunú i gcomhréir le hAirteagail 28 go 32, rannchuideoidh an tAontas, ar mhaithe leis an leas coiteann, le forbairt chomhchuí na trádála domhanda, le díothú comhleanúnach srianta ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar infheistíocht dhíreach choigríche, agus le hísliú bacainní custaim agus bacainní eile.

*Airteagal 207*

(sean-Airteagal 133 CCE)

1. Fothófar an comhbheartas tráchtála ar phrionsabail chomhionanna, go háirithe maidir le hathruithe ar rátaí taraife, le comhaontuithe taraife agus trádála a bhaineann le trádáil in earraí agus i seirbhísí a thabhairt i gcrích, agus gnéithe tráchtála na maoine intleachtúla, le hinfheistíocht dhíreach choigríche, le comhionannas a ghnóthú i mbearta léirscaoilte, le beartas onnmhairiúcháin agus le bearta chun trádáil a chosaint amhail bearta a ghlacfar i gcás dumpála nó fóirdheontas. Seolfar an comhbheartas tráchtála faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

2. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta ina saineofar an creat chun an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme.

3. Nuair is gá comhaontuithe le tríú tír amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó a chaibidil agus a thabhairt i gcrích, beidh feidhm ag Airteagal 218, faoi réir fhorálacha speisialta an Airteagail seo.

Cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle agus údaróidh an Chomhairle dó tús a chur leis an gcaibidlíocht is gá. Beidh an Chomhairle agus an Coimisiún freagrach as a áirithiú go bhfuil na comhaontuithe arna gcaibidil ag luí le beartais agus le rialacha inmheánacha an Aontais.

Is é an Coimisiún a sheolfaidh an chaibidlíocht sin, i gcomhairle le coiste speisialta arna cheapadh ag an gComhairle chun bheith de chúnamh ag an gCoimisiún sa chúram sin, agus faoi chuimsiú na dtreoracha a fhéadfaidh an Chomhairle a dhíriú chuige. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil go tráthrialta don choiste speisialta agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le dul chun cinn na caibidlíochta.

4. D'fhonn na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 3 a chaibidil agus a thabhairt i gcrích, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.

D'fhonn comhaontuithe a bhaineann le réimse na trádála i seirbhísí agus i réimse ghnéithe tráchtála na maoine intleachtúla, mar aon le hinfheistíocht dhíreach choigríche, a chaibidil agus a thabhairt i gcrích, gníomhóidh an Chomhairle d'aontoil nuair atá forálacha sna comhaontuithe sin ar gá aontoilíocht a bheith leo chun rialacha inmheánacha a ghlacadh.

Gníomhóidh an Chomhairle d'aontoil freisin maidir le comhaontuithe a chaibidil agus a thabhairt i gcrích:

(a) i réimse na trádála i seirbhísí cultúrtha agus closamhairc nuair is dóigh do na comhaontuithe sin dochar a dhéanamh d'éagsúlacht chultúrtha agus teanga an Aontais;

(b) i réimse na trádála i seirbhísí sóisialta, oideachais agus sláinte, nuair is dóigh dóibh eagrúchán náisiúnta na seirbhísí sin a shuaitheadh go tromchúiseach ar leibhéal náisiúnta agus dochar a dhéanamh do fhreagracht na mBallstát na seirbhísí sin a sholáthar.

5. Beidh caibidlíocht agus tabhairt i gcrích comhaontuithe idirnáisiúnta i réimse an iompair faoi réir Theideal VI de Chuid a Trí agus Airteagal 218.

6. Ní dhéanfaidh feidhmiú na n-inniúlachtaí arna dtabhairt san Airteagal seo i réimse an chomhbheartais tráchtála difear do theorannú na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit ná ní bheidh comhchuibhiú ar fhorálacha reachtacha ná rialúcháin na mBallstát mar thoradh air a mhéid a eisiann na Conarthaí comhchuibhiú den sórt sin.

## TEIDEAL III

## COMHAR LE TRÍÚ TÍORTHA AGUS CABHAIR DHAONNÚIL

### CAIBIDIL 1

### COMHAR UM FHORBAIRT

#### *Airteagal 208*

(sean-Airteagal 177 CCE)

1. Seolfar beartas an Aontais i réimse an chomhair um fhorbairt faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Déanfaidh beartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt agus beartas na mBallstát a chéile a chomhlánú agus a neartú.

Is é is cuspóir príomhúil do bheartas an Aontais maidir leis an gcomhar um fhorbairt an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur léi ar fad. Tabharfaidh an tAontas aird ar chuspóirí an chomhair um fhorbairt sna beartais a chuirfidh sé chun feidhme ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do thíortha atá i mbéal forbartha.

2. Urramóidh an tAontas agus na Ballstáit na gealltanais agus tabharfaidh siad aird ar na cuspóirí a bheidh formheasta acu faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla eile.

#### *Airteagal 209*

(sean-Airteagal 179 CCE)

1. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá chun beartas comhair um fhorbairt a chur chun feidhme, bearta a fhéadfaidh a bheith bainteach le cláir ilbhliantúla comhair le tíortha i mbéal forbartha nó le cláir a bhfuil cur chuige téamúil acu.

2. Féadfaidh an tAontas aon chomhaontú a chuideoidh le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 208 den Chonradh seo a thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar d'inniúlacht na mBallstát dul i mbun caibidlíochta i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe a thabhairt i gcrích.

3. Rannchuideoidh an Banc Eorpach Infheistíochta, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear ina Reacht, le cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i mír 1.

### *Airteagal 210*

(sean-Airteagal 180 CCE)

1. D'fhonn comhlántacht agus éifeachtúlacht a ngníomhaíochta a chur chun cinn, déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit comhordú ar a mbeartais maidir le comhar um fhorbairt agus comhbheartóidh siad le chéile a gcláir chabhrach, go fiú in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta. Féadfaidh siad gníomhaíochtaí comhpháirteacha a ghabháil ar láimh. Rannchuideoidh na Ballstáit, más gá, le cur chun feidhme chláir chabhrach an Aontais.

2. Féadfaidh an Coimisiún aon tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú dá dtagraítear i mír 1 a chur ar aghaidh.

### *Airteagal 211*

(sean-Airteagal 181 CCE)

Faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, comhoibreoidh an tAontas agus na Ballstáit le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla.

## CAIBIDIL 2

## COMHAR EACNAMAÍOCH, AIRGEADAIS AGUS TEICNIÚIL LE TRÍÚ TÍORTHA

### *Airteagal 212*

(sean-Airteagal 181a CCE)

1. Gan dochar d'fhorálacha eile na gConarthaí, agus go háirithe d'Airteagail 208 go 211, cuirfidh an tAontas i gcrích bearta comhair eacnamaíoch, airgeadais agus theicniúil, lena n-áirítear cúnamh, agus cúnamh airgeadais go háirithe, le tríú tíortha seachas na tíortha i mbéal forbartha. Beidh na gníomhaíochtaí sin comhchuí le beartas forbartha an Aontais agus cuirfear i gcrích iad faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí a ghníomhaíochta seachtraí. Déanfaidh oibríochtaí an Aontais agus oibríochtaí na mBallstát a chéile a chomhlánú agus a neartú.

2. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá chun mír 1 a chur chun feidhme.

3. Faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, rachaidh an tAontas agus na Ballstáit i gcomhar le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla. Féadfaidh na rialacha mionsonraithe um chomhar Aontais a bheith ina n-ábhar do chomhaontuithe idir an tAontas agus na tríú páirtithe i dtrácht.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar d'inniúlacht na mBallstát dul i mbun caibidlíochta i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 213*

Nuair a éilíonn an staid i dtríú tír cúnamh airgeadais práinneach ón Aontas, glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na cinntí is gá.

CAIBIDIL 3

## CABHAIR DHAONNÚIL

*Airteagal 214*

1. Seolfar oibríochtaí an Aontais i réimse na cabhrach daonnúla faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Beidh na hoibríochtaí sin ceaptha chun cúnamh ad hoc, faoiseamh agus cosaint a sholáthar do dhaoine i dtríú tíortha is íospartaigh i dtubaistí nádúrtha nó i dtubaistí de dhéantús an duine d'fhonn freastal ar na riachtanais dhaonnúla a leanann ó na staideanna éagsúla sin. Déanfaidh oibríochtaí an Aontais agus oibríochtaí na mBallstát a chéile a chomhlánú agus a neartú.

2. Seolfar oibríochtaí cabhrach daonnúla i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta agus le prionsabail na neamhchlaontachta, na neodrachta agus an neamh-idirdhealaithe.

3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a bhunú ina saineofar an creat ina ndéanfar oibríochtaí cabhrach daonnúla an Aontais a chur chun feidhme.

4. Féadfaidh an tAontas aon chomhaontú a chuideoidh le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1 agus in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar d'inniúlacht na mBallstát dul i mbun caibidlíochta i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe a thabhairt i gcrích.

5. D'fhonn creat a bhunú chun go bhféadfaidh Eorpaigh óga rannchuidiú go comhpháirteach le hoibríochtaí cabhrach daonnúla an Aontais, cuirfear ar bun Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil. Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na rialacha agus na nósanna imeachta d'oibriú an Chóir.

6. Féadfaidh an Coimisiún gach tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú idir gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát a chur chun cinn d'fhonn éifeachtúlacht agus comhlántacht bhearta cabhrach daonnúla an Aontais agus beart cabhrach daonnúla náisiúnta a fheabhsú.

7. Áiritheoidh an tAontas go mbeidh a oibríochtaí cabhrach daonnúla comhordaithe agus comhchuí le hoibríochtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhlachtaí idirnáisiúnta, go háirithe leo sin atá ina gcuid de chóras na Náisiún Aontaithe.

## TEIDEAL IV

### BEARTA SRIANTACHA

*Airteagal 215*

(sean-Airteagal 301 CCE)

1. Nuair a fhorálfar le cinneadh, arna ghlacadh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go ndéanfar an caidreamh eacnamaíoch agus airgeadais le tríú tír amháin nó níos mó a bhriseadh nó a laghdú, go hiomlán nó go páirteach, glacfaidh an Chomhairle na bearta is gá, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún. Cuirfidh sí Parlaimint na hEorpa ar an eolas.

2. Nuair a fhorálfar amhlaidh le cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, féadfaidh an Chomhairle bearta sriantacha a ghlacadh faoin nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, in aghaidh grúpaí nó in aghaidh eintiteas neamhstáit.

3. Beidh sna gníomhartha dá dtagraítear san Airteagal seo na forálacha is gá i dtaca le coimircí dlíthiúla.

## TEIDEAL V

### COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

*Airteagal 216*

1. Féadfaidh an tAontas comhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó má fhoráiltear amhlaidh sna Conarthaí nó nuair is gá comhaontú a thabhairt i gcrích d'fhonn ceann de na cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a ghnóthú faoi chuimsiú bheartais an Aontais, nó má fhoráiltear do chomhaontú a thabhairt i gcrích i ngníomh Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí nó más dóigh do chomhaontú a thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú.

2. Beidh na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas ina gceangal ar institiúidí an Aontais agus ar a Bhallstáit.

*Airteagal 217*

(sean-Airteagal 310 CCE)

Féadfaidh an tAontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó, ag bunú comhlachais lena ngabhfaidh cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, comhghníomhaíochtaí agus nósanna imeachta speisialta.

*Airteagal 218*

(sean-Airteagal 300 CCE)

1. Gan dochar do na forálacha sonracha atá leagtha síos in Airteagal 207, déanfar comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis an nós imeachta anseo thíos.

2. Údaróidh an Chomhairle an chaibidlíocht a thosú, glacfaidh sí na treoracha caibidlíochta, údaróidh sí síniú comhaontuithe agus tabharfaidh sí na comhaontuithe i gcrích.

3. Déanfaidh an Coimisiún, nó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála nuair a bhainfidh an comhaontú arna bheartú go heisiach nó go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, moltaí a thíolacadh don Chomhairle, agus glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar an chaibidlíocht a thosú agus lena n-ainmneofar, i bhfianaise ábhar an chomhaontaithe arna bheartú, idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

4. Féadfaidh an Chomhairle treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú nach foláir an chaibidlíocht a sheoladh i gcomhairle leis.

5. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, cinneadh lena n-údarófar an comhaontú a shíniú agus, más gá, é a chur i bhfeidhm go sealadach roimh a theacht i bhfeidhm.

6. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i gcrích.

Ach amháin nuair a bhainfidh an comhaontú go heisiach leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i gcrích:

(a) tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa sna cásanna seo a leanas:

   (i) comhaontuithe comhlachais;

   (ii) comhaontú maidir le haontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint;

   (iii) comhaontuithe lena mbunófar creat institiúideach sonrach trí nósanna imeachta comhair a eagrú;

   (iv) comhaontuithe a mbeidh impleachtaí buiséadacha suntasacha acu don Aontas;

   (v) comhaontuithe a fholaíonn réimsí a mbeidh feidhm ina leith ag an ngnáthnós imeachta reachtach nó, nuair is gá toiliú ó Pharlaimint na hEorpa, ag an nós imeachta reachtach speisialta.

   Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i gcás práinne, teorainn ama don toiliú a chomhaontú.

(b) tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa i ngach cás eile. Tabharfaidh Parlaimint na hEorpa a tuairim laistigh den teorainn ama a fhéadfaidh an Chomhairle a shocrú i bhfianaise phráinn an ábhair. Cheal tuairime laistigh den teorainn ama sin, féadfaidh an Chomhairle gníomhú.

7. Agus comhaontú á thabhairt i gcrích aici, féadfaidh an Chomhairle, de mhaolú ar mhíreanna 5, 6 agus 9, a údarú don idirbheartaí formheas a thabhairt thar ceann an Aontais ar leasuithe ar an gcomhaontú nuair a fhorálfar ann go nglacfar iad trí nós imeachta simplithe nó trí chomhlacht arna bhunú leis an gcomhaontú. Féadfaidh an Chomhairle coinníollacha sonracha a chur ag gabháil leis an údarú sin.

8. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe i gcaitheamh an nós imeachta.

Gníomhóidh sí d'aon toil, áfach, nuair a bhainfidh an comhaontú le réimse inar gá aontoilíocht chun gníomh Aontais a ghlacadh, i gcás comhaontuithe comhlachais agus i gcás na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 212 leis na Stáit is iarrthóirí ar aontachas. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil chomh maith ar mhaithe leis an gcomhaontú a bhaineann le haontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint; ní thiocfaidh an cinneadh a bhaineann leis an gcomhaontú sin a chur i gcrích i bhfeidhm go dtí go mbeidh sé formheasta ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

9. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, cinneadh lena bhfionrófar cur i bhfeidhm comhaontaithe agus lena mbunófar na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.

10. Cuirfear Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas láithreach ag gach céim den nós imeachta.

11. Féadfaidh Ballstát, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún tuairim na Cúirte Breithiúnais a fháil i dtaobh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil comhaontú atáthar ag brath a dhéanamh ag luí leis na Conarthaí. I gcás tuairime diúltaí ón gCúirt, ní fhéadfaidh an comhaontú atáthar ag brath a dhéanamh teacht i bhfeidhm gan leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú nó gan athbhreithniú a dhéanamh ar na Conarthaí.

### *Airteagal 219*

(sean-Airteagal 111(1) go (3) agus (5) CCE)

1. De mhaolú ar Airteagal 218, féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach, nó ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach d'fhonn teacht ar chomhthoil is comhchuí leis an gcuspóir cobhsaíochta praghsanna, comhaontuithe foirmiúla a thabhairt i gcrích ar chóras rátaí malairte don euro i ndáil le hairgeadraí tríú Stáit. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 3.

Féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach nó ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach d'fhonn teacht ar comhthoil is comhchuí leis an gcuspóir cobhsaíochta praghsanna, rátaí lárnacha an euro a ghlacadh, a choigeartú agus a thréigean laistigh den chóras rátaí malairte. Cuirfidh Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le glacadh, coigeartú nó tréigean rátaí lárnacha an euro.

2. In éagmais córais rátaí malairte i ndáil le hairgeadraí tríú Stáit amháin nó níos mó dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach nó ag gníomhú di ar thogra ón mBanc Ceannais Eorpach, treoshuímh ghinearálta le haghaidh beartas rátaí malairte a fhoirmiú i ndáil leis na hairgeadraí sin. Beidh na treoshuímh ghinearálta sin gan dochar do chuspóir príomhúil CEBC .i. cobhsaíocht phraghsanna a choimeád ar bun.

3. De mhaolú ar Airteagal 218, más gá comhaontuithe a bhaineann le cúrsaí airgeadaíochta nó cúrsaí córais mhalairte eachtraí a chaibidil ag an Aontas le tríú Stát amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó, déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach, na socruithe do chaibidlíocht agus do thabhairt i gcrích na gcomhaontuithe sin a chinneadh. Áiritheoidh na socruithe sin go gcuireann an tAontas friotal ar sheasamh aonair. Beidh an Coimisiún comhlachaithe go hiomlán leis an gcaibidlíocht sin.

4. Gan dochar d'inniúlacht Aontais agus do chomhaontuithe Aontais maidir leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, féadfaidh na Ballstáit dul i mbun caibidlíochta i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.

## TEIDEAL VI

## CAIDREAMH AN AONTAIS LE hEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA AGUS LE TRÍÚ TÍORTHA AGUS TOSCAIREACHTAÍ AN AONTAIS

### *Airteagal 220*

(sean-Airteagal 302 go 304 CCE)

1. Bunóidh an tAontas gach comhar is iomchuí le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe agus lena sainghníomhaireachtaí, le Comhairle na hEorpa, leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.

Déanfaidh an tAontas freisin caidreamh mar is iomchuí a choimeád ar bun le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

2. Cuirfear de chúram ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ar an gCoimisiún an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

### *Airteagal 221*

1. Feidhmeoidh toscaireachtaí an Aontais ar son an Aontais i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta.

2. Cuirtear toscaireachtaí an Aontais faoi údarás Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála. Gníomhóidh siad i ndlúthchomhar le misin taidhleoireachta agus chonsalacha na mBallstát.

TEIDEAL VII

**CLÁSAL DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA**

*Airteagal 222*

1. Gníomhóidh an tAontas agus na Ballstáit i gcomhpháirt le chéile de mheon dlúthpháirtíochta má fhulaingíonn Ballstát ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéantús an duine. Slógfaidh an tAontas na hionstraimí uile dá bhfuil ar láimh aige, lena n-áirítear na hacmhainní míleata arna gcur ar fáil ag na Ballstáit, chun:

(a) — bagairt na sceimhlitheoireachta ar chríoch na mBallstát a chosc;

— institiúidí daonlathacha agus an pobal sibhialta a chosaint ar aon ionsaí sceimhlitheoireachta;

— bheith de chúnamh ag Ballstát ar a chríoch arna iarraidh sin dá údaráis pholaitiúla i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta;

(b) bheith de chúnamh ag Ballstát ar a chríoch arna iarraidh sin dá údaráis pholaitiúla i gcás tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéantús an duine.

2. Má fhulaingíonn Ballstát ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéantús an duine, beidh na Ballstáit eile de chúnamh aige arna iarraidh sin dá údaráis pholaitiúla. Chuige sin, comhordóidh na Ballstáit le chéile i dtionól na Comhairle.

3. Saineofar na socruithe maidir leis an Aontas an clásal dlúthpháirtíochta seo a chur chun feidhme le cinneadh a ghlacfaidh an Chomhairle, ar chomhthogra ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála. Nuair a bheidh impleachtaí cosanta ag an gcinneadh sin, gníomhóidh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas.

Chun críocha na míre seo agus gan dochar d’Airteagal 240, beidh de chúnamh ag an gComhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála, le tacaíocht ó na struchtúir arna bhforbairt faoi chuimsiú an chomhbheartais slándála agus cosanta, agus an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 71, tabharfaidh an dá choiste tuairimí comhpháirteacha, más gá.

4. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú go tráthrialta ar na bagairtí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu ag an Aontas chun a chumasú don Aontas agus do na Ballstáit gníomhú go héifeachtúil.

# CUID A SÉ

# FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA AGUS AIRGEADAIS

## TEIDEAL I

## FORÁLACHA AG RIALÚ NA nINSTITIÚIDÍ

### CAIBIDIL 1

### NA hINSTITIÚIDÍ

#### *ROINN 1*

#### PARLAIMINT NA HEORPA

*Airteagal 223*

(sean-Airteagal 190(4) agus (5) CCE)

1. Tarraingeoidh Parlaimint na hEorpa suas togra d'fhonn na bearta is gá a bhunú do thoghadh a cuid comhaltaí trí vótáil chomhchoiteann dhíreach i gcomhréir le nós imeachta comhionann sna Ballstáit go léir nó i gcomhréir le prionsabail ar comhphrionsabail iad ag na Ballstáit go léir.

Saineoidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, a ghníomhóidh trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, na forálacha is gá. Tiocfaidh na forálacha sin i bhfeidhm tar éis a bhformheasta ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí bhíthin rialachán ar a tionscnamh féin i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, tar éis tuairim ón gCoimisiún a iarraidh agus formheas ón gComhairle a fháil, na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta a leagan síos a rialaíonn comhlíonadh a gcuid dualgas ag a comhaltaí. Is gá aontoilíocht laistigh den Chomhairle a bheith le gach riail nó coinníoll a bhaineann le cáin a ghearradh ar chomhaltaí nó iarchomhaltaí.

*Airteagal 224*

(sean-Airteagal 191, an dara mír, CCE)

Leagfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, reacht na bpáirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe na rialacha maidir lena maoiniú.

*Airteagal 225*

(sean-Airteagal 192, an dara mír, CCE)

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach na gcomhaltaí a chomhdhéanann í, a iarraidh ar an gCoimisiún aon togra iomchuí a chur faoina bráid ar na hábhair ar gá, dar léi, gníomh Aontais ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme. Mura gcuirfidh an Coimisiún aon togra faoina bráid, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na cúiseanna.

*Airteagal 226*

(sean-Airteagal 193 CCE)

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, agus a cúraimí á gcomhall aici, arna iarraidh sin don cheathrú cuid de na comhaltaí a chomhdhéanann í, coiste fiosrúcháin sealadach a chur ar bun chun iniúchadh a dhéanamh, gan dochar do na cumhachtaí a thugtar d'institiúidí nó do chomhlachtaí eile sna Conarthaí, ar líomhaintí maidir le sárú nó le drochriarachán i gcur chun feidhme dhlí an Aontais, ach amháin má tá na fíorais a líomhnaítear faoi scrúdú os comhair cúirte agus fad nach mbeidh na himeachtaí dlíthiúla críochnaithe.

Beidh deireadh leis an gcoiste fiosrúcháin sealadach ar thaisceadh a thuarascála dó.

Cinnfidh Parlaimint na hEorpa na rialacha mionsonraithe maidir leis an gceart chun fiosrúchán a fheidhmiú, ag gníomhú di trí bhíthin rialachán ar a tionscnamh féin i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, tar éis toiliú a fháil ón gComhairle agus ón gCoimisiún.

*Airteagal 227*

(sean-Airteagal 194 CCE)

Beidh ag gach saoránach den Aontas agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát, ar a chonlán féin nó i gcomhlachas le saoránaigh nó daoine eile, an ceart achainí a chur os comhair Pharlaimint na hEorpa ar ábhar a thig faoi réimsí gníomhaíochta an Aontais agus a bhaineann go díreach leis.

*Airteagal 228*

(sean-Airteagal 195 CCE)

1. Cumhachtófar Ombudsman Eorpach, a thoghfaidh Parlaimint na hEorpa, chun gearáin a ghlacadh ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát maidir le cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhfeidhmiú a feidhmeanna breithiúnacha di. Scrúdóidh sé nó sí na gearáin sin agus déanfaidh sé nó sí tuarascáil orthu.

I gcomhréir lena dhualgais, cuirfidh an tOmbudsman na fiosrúcháin i gcrích a bhfuil forais faighte aige chucu ar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearán a dhéantar leis go díreach nó trí chomhalta de Pharlaimint na hEorpa, ach amháin má tá nó má bhí na fíorais a líomhnaítear ina n-ábhar d'imeachtaí dlíthiúla. I gcás go suíonn an tOmbudsman go bhfuil drochriarachán i gceist, cuirfidh sé an cás faoi bhráid na hinstitiúide i dtrácht agus beidh trí mhí aici chun a tuairim a thabhairt dó. Ansin díreoidh an tOmbudsman tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an institiúid i dtrácht. Cuirfear an duine a rinne an gearán ar an eolas faoi thoradh na bhfiosrúchán sin.

Tíolacfaidh an tOmbudsman tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa gach bliain ar thorthaí a chuid fiosrúchán.

2. Toghfar an tOmbudsman tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa go ceann théarma oifige Pharlaimint na hEorpa. Féadfar a théarma oifige a athnuachan.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais an tOmbudsman a bhriseadh arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa mura gcomhallfaidh sé a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach.

3. Beidh an tOmbudsman neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. I gcomhlíonadh a dhualgas dó, ní iarrfaidh sé ná ní ghlacfaidh sé teagaisc ó aon rialtas, ó aon institiúid eile, ó aon chomhlacht eile, ó aon oifig eile nó ó aon ghníomhaireacht eile. Ní cead dó, le linn a théarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach.

4. Socróidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí bhíthin rialachán ar a tionscnamh féin i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, tar éis tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún agus le formheas ón gComhairle, na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman.

### *Airteagal 229*

(sean-Airteagal 196 CCE)

Beidh seisiún in aghaidh na bliana ag Parlaimint na hEorpa. Tiocfaidh sí le chéile, gan a bheith de riachtanas í a chomóradh, an dara Máirt de Mhárta.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa teacht le chéile i bpáirtseisiún de sheisiún urghnách arna iarraidh sin ag tromlach na gcomhaltaí a chomhdhéanann í nó arna iarraidh ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún.

### *Airteagal 230*

(sean-Airteagal 197, an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír, CCE)

Féadfaidh an Coimisiún a bheith i láthair ag na cruinnithe go léir agus, arna iarraidh sin dó, tabharfar éisteacht dó.

Freagróidh an Coimisiún ó bhéal nó i scríbhinn ceisteanna a chuirfidh Parlaimint na hEorpa nó comhaltaí Pharlaimint na hEorpa chuige.

Tabharfaidh Parlaimint na hEorpa éisteacht don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle de réir na gcoinníollacha a bheidh leagtha síos i Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí agus i Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

### *Airteagal 231*

(sean-Airteagal 198 CCE)

Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis na Conarthaí, gníomhóidh Parlaimint na hEorpa trí thromlach de na vótaí a caitheadh.

Socrófar an córam leis na rialacha nós imeachta.

### *Airteagal 232*

(sean-Airteagal 199 CCE)

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa a Rialacha Nós Imeachta, ag gníomhú di trí thromlach dá comhaltaí.

Foilseofar imeachtaí Pharlaimint na hEorpa ar an modh a leagfar síos sna Conarthaí agus ina Rialacha Nós Imeachta.

### *Airteagal 233*

(sean-Airteagal 200 CCE)

Pléifidh Parlaimint na hEorpa i seisiún poiblí an tuarascáil ghinearálta bhliantúil a bheidh curtha faoina bráid ag an gCoimisiún.

### *Airteagal 234*

(sean-Airteagal 201 CCE)

Má leagtar faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa tairiscint ag cáineadh ghníomhaíochtaí an Choimisiúin, ní vótálfaidh Parlaimint na hEorpa ar an tairiscint sin go ceann trí lá ar a laghad tar éis an tairiscint a leagan faoina bráid, agus is trí vótáil phoiblí a dhéanfar sin.

Má ritear an tairiscint cháinte trí thromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh, agus gurb ionann sin agus tromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann Parlaimint na hEorpa, éireoidh comhaltaí an Choimisiúin as a n-oifig d'aon bhuíon agus éireoidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála as na dualgais a fheidhmíonn sé nó sí sa Choimisiún. Fanfaidh siad i mbun oifige agus leanfaidh siad orthu ag déileáil le gnó reatha go dtí go gceapfar daoine ina n-ionad i gcomhréir le hAirteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Sa chás sin, rachaidh téarma oifige chomhaltaí an Choimisiúin a cheapfar chun a n-ionad a ghabháil in éag ar an dáta a rachadh téarma oifige chomhaltaí an Choimisiúin ar tugadh orthu éirí as d'aon bhuíon in éag.

## *ROINN 2*

## AN CHOMHAIRLE EORPACH

### *Airteagal 235*

1. Nuair a dhéantar vótáil, féadfaidh comhalta ar bith den Chomhairle Eorpach gníomhú freisin thar ceann comhalta amháin eile ar a mhéid.

Beidh feidhm ag Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ag Airteagal 238(2) den Chonradh seo maidir leis an gComhairle Eorpach nuair a ghníomhóidh sí trí thromlach cáilithe. Nuair a ghlacfaidh an Chomhairle Eorpach cinntí trí vóta a chaitheamh, ní ghlacfaidh an tUachtarán ná Uachtarán an Choimisiúin páirt sa vótáil.

Ní choiscfidh staonadh ó vótáil ag comhaltaí atá i láthair go pearsanta nó a n-ionadaítear dóibh an Chomhairle Eorpach ar chinntí ar gá aontoilíocht dóibh a ghlacadh.

2. Féadfaidh an Chomhairle Eorpach cuireadh chun éisteacht a thabhairt d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.

3. Gníomhóidh an Chomhairle Eorpach trí thromlach simplí maidir le ceisteanna nós imeachta agus maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta.

4. Beidh Ardrúnaíocht na Comhairle de chúnamh ag an gComhairle Eorpach.

*Airteagal 236*

Glacfaidh an Chomhairle Eorpach trí thromlach cáilithe:

(a) cinneadh lena mbunaítear liosta d'fhoirmíochtaí na Comhairle seachas foirmíocht na Comhairle Gnóthaí Ginearálta agus foirmíocht na Comhairle Gnóthaí Eachtracha i gcomhréir le hAirteagal 16(6) den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

(b) cinneadh maidir le hUachtaránacht fhoirmíochtaí na Comhairle seachas foirmíocht na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, i gcomhréir le hAirteagal 16(9) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

*ROINN 3*

AN CHOMHAIRLE

*Airteagal 237*

(sean-Airteagal 204 CCE)

Tiocfaidh an Chomhairle le chéile arna comóradh ag a hUachtarán ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do chomhalta den Chomhairle nó don Choimisiún.

*Airteagal 238*

(sean-Airteagal 205(1) agus (2) CCE)

1. Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach simplí, gníomhóidh sí trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í.

2. De mhaolú ar Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, amhail ón 1 Samhain 2014 agus faoi réir na bhforálacha a leagtar síos sa Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseacha, nuair

nach ngníomhóidh an Chomhairle ar thogra ón gCoimisiún nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, saineofar an tromlach cáilithe mar 72 % ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn do Bhallstáit a chuimsíonn 65 % ar a laghad de dhaonra an Aontais Eorpaigh.

3. Amhail ón 1 Samhain 2014, agus faoi réir na bhforálacha a leagtar síos sa Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseacha, más rud é, de bhun na gConarthaí, nach nglacfaidh comhaltaí uile na Comhairle páirt sa vótáil, saineofar an tromlach cáilithe mar seo a leanas:

(a) Saineofar tromlach cáilithe mar 55 % ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle, a ionadaíonn do na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65 % ar a laghad de dhaonra na Stát sin.

Ní mór a bheith ar áireamh i mionlach blocála an t-íoslíon ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn do chéatadán ar mó é ná 35 % de dhaonra na mBallstát rannpháirteach, móide comhalta amháin; dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

(b) De mhaolú ar phointe (a), nuair nach ar thogra ón gCoimisiún ná ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a ghníomhóidh an Chomhairle, saineofar an tromlach cáilithe mar 72 % ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn do na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65 % ar a laghad de dhaonra na Stát sin.

4. Ní bac ar an gComhairle do ghlacadh le gníomhartha ar gá aontoilíocht dóibh comhaltaí a bheidh i láthair go pearsanta nó trí ionadaíocht a staonadh ó vótáil.

### *Airteagal 239*

(sean-Airteagal 206 CCE)

Má dhéantar vótáil, féadfaidh comhalta ar bith den Chomhairle gníomhú freisin thar ceann comhalta amháin eile ar a mhéad.

### *Airteagal 240*

(sean-Airteagal 207 CCE)

1. Beidh coiste arna chomhdhéanamh de Bhuanionadaithe na mBallstát freagrach as obair na Comhairle a ullmhú agus as na cúraimí a chuireann an Chomhairle air a chur i gcrích. Féadfaidh an Coiste cinntí maidir le nós imeachta a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear i Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

2. Beidh Ardrúnaíocht de chúnamh ag an gComhairle, faoi fhreagracht Ardrúnaí arna cheapadh ag an gComhairle.

Cinnfidh an Chomhairle trí thromlach simplí eagrúchán na hArdrúnaíochta.

3. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach simplí maidir le ceisteanna nós imeachta agus maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta.

### *Airteagal 241*

(sean-Airteagal 208 CCE)

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí, a iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun aon staidéir a mheasann an Chomhairle a bheith fóinteach chun na comhaidhmeanna a ghnóthú, agus aon tograí iomchuí a chur faoina bráid. Mura dtíolacfaidh an Coimisiún togra, cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoi na cúiseanna.

### *Airteagal 242*

(sean-Airteagal 209 CCE)

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, na rialacha a chinneadh a rialóidh na coistí dá bhforáiltear sna Conarthaí.

### *Airteagal 243*

(sean-Airteagal 210 CCE)

Cinnfidh an Chomhairle tuarastail, slánaíochtaí agus pinsin Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, chomhaltaí agus Chláraitheoirí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus Ardrúnaí na Comhairle. Cinnfidh sí aon íocaíocht is intugtha in ionad luach saothair chomh maith.

## *ROINN 4*

## AN COIMISIÚN

### *Airteagal 244*

I gcomhréir le hAirteagal 17(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, roghnófar comhaltaí an Choimisiúin ar bhonn córais uainíochta arna bhunú d'aon toil ag an gComhairle Eorpach ar bhonn na bprionsabal a leanas:

(a) cuirfear an chóir chomhionann cheannann chéanna ar na Ballstáit i dtaca leis an ord san am agus an ré ina mbeidh a náisiúnaigh mar chomhaltaí den Choimisiún a chinneadh; dá bhrí sin, ní fhéadfaidh an difríocht idir líon iomlán na dtéarmaí oifige arna sealbhú ag náisiúnaigh aon dá Bhallstát ar leith bheith níos mó ná téarma amháin;

(b) faoi réir phointe (a), beidh gach Coimisiún leanúnach comhdhéanta ar dhóigh a léireoidh go sásúil raon déimeagrafach agus geografach na mBallstát uile.

### *Airteagal 245*

(sean-Airteagal 213 CCE)

Staonfaidh comhaltaí an Choimisiúin ó aon ghníomh nach luíonn le cineál a bhfeidhmeanna. Urramóidh na Ballstáit a neamhspleáchas agus ní fhéachfaidh siad le tionchar a oibriú orthu i gcomhlíonadh a gcúraimí dóibh.

Ní cead do chomhaltaí an Choimisiúin, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh. Má dhéantar aon sárú ar na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach simplí nó ón gCoimisiún, a rialú, de réir na n-imthosca, go bhfuil an comhalta áirithe le scor go héigeantach i gcomhréir le forálacha Airteagal 247 nó go bhfuil a cheart chun pinsin nó chun sochar eile in ionad pinsin le baint de.

### *Airteagal 246*

(sean-Airteagal 215 CCE)

Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalta den Choimisiún ar é d'éirí as oifig nó ar é a scor go héigeantach.

Déanfar folúntas a tharlóidh de bharr éirí as oifig nó scor go héigeantach nó de bharr báis a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta le comhalta nua den náisiúntacht chéanna arna cheapadh ag an gComhairle, de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach sa dara fomhír d'Airteagal 17(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó Uachtarán an Choimisiúin, a chinneadh nach gá an folúntas a líonadh, go háirithe nuair nach bhfuil fágtha ach beagán ama de théarma oifige an chomhalta.

I gcás an tUachtarán d'éirí as oifig, do scor go héigeantach nó d'fháil bháis, déanfar duine a cheapadh ina ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige. Is é an nós imeachta dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 17(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach is infheidhme chun duine a cheapadh in ionad an Uachtaráin.

I gcás Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála d'éirí as oifig, do scor go héigeantach nó d'fháil bháis, déanfar duine a cheapadh ina ionad nó ina hionad ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma nó dá téarma oifige, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach

I gcás na gcomhaltaí uile den Choimisiún do scor, fanfaidh siad i mbun oifige agus leanfaidh siad orthu ag déileáil le gnó reatha go dtí go gceapfar daoine ina n-ionad, ar feadh a bhfuil fágtha dá dtéarma oifige, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

*Airteagal 247*

(sean-Airteagal 216 CCE)

Aon chomhalta den Choimisiún nach bhfuil na coinníollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú á gcomhall aige a thuilleadh nó a bhí ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach simplí nó ón gCoimisiún, é a scor go héigeantach.

*Airteagal 248*

(sean-Airteagal 217(2) CCE)

Gan dochar d'Airteagal 18(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, déanfaidh an tUachtarán na freagrachtaí is dlite don Choimisiún a struchtúrú agus a dháileadh idir a chomhaltaí, i gcomhréir le hAirteagal 17(6) den Chonradh sin. Féadfaidh an tUachtarán na freagrachtaí sin a athdháileadh i rith théarma oifige an Choimisiúin. Feidhmeoidh comhaltaí an Choimisiúin na feidhmeanna a thugann an tUachtarán dóibh faoina údarás siúd.

*Airteagal 249*

(sean-Airteagail 218(2) agus 212 CCE)

1. Glacfaidh an Coimisiún a rialacha nós imeachta chun a áirithiú go n-oibreoidh sé féin agus a ranna. Áiritheoidh sé go bhfoilseofar na rialacha sin.

2. Foilseoidh an Coimisiún go bliantúil, tráth nach déanaí ná mí roimh oscailt sheisiún Pharlaimint na hEorpa, tuarascáil ghinearálta ar ghníomhaíochtaí an Aontais.

*Airteagal 250*

(sean-Airteagal 219 CCE)

Gníomhóidh an Coimisiún trí thromlach dá chomhaltaí.

Socrófar an córam ina Rialacha Nós Imeachta.

*ROINN 5*

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

*Airteagal 251*

(sean-Airteagal 221 CCE)

Suífidh an Chúirt Bhreithiúnais i ndlí-sheomraí nó i Mór-Dhlísheomra i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú chuige sin i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais suí mar chúirt iomlán freisin nuair a fhoráiltear dó sin sa Reacht.

*Airteagal 252*

(sean-Airteagal 222 CCE)

Beidh ochtar Abhcóidí Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Bhreithiúnais. Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú.

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna ina n-éilítear a rannpháirtíocht i gcomhréir le Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 253*

(sean-Airteagal 223 CCE)

Roghnófar Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais ó dhaoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu na cáilíochtaí is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha faoi seach nó is dlí-eolaithe a n-aithnítear a n-inniúlacht; ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile ar feadh téarma sé bliana, tar éis dul i gcomhairle leis an bpainéal dá bhforáiltear in Airteagal 255.

Athrófar cuid de na Breithiúna agus de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana faoi na coinníollacha atá leagtha amach i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Breithiúnais as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

Féadfar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta a bheidh ag scor a athcheapadh.

Ceapfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rialacha nós imeachta. Is gá formheas ón gComhairle a bheith leis na rialacha sin.

*Airteagal 254*

(sean-Airteagal 224 CCE)

Socrófar líon Bhreithiúna na Cúirte Ginearálta i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Féadfar a fhoráil sa Reacht go mbeidh Abhcóidí Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Ghinearálta.

Roghnófar comhaltaí na Cúirte Ginearálta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile go ceann téarma sé bliana, tar éis dul i gcomhairle leis an bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 255. Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Féadfar comhaltaí a bheidh ag scor a athcheapadh.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Ginearálta as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

Ceapfaidh an Chúirt Ghinearálta a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

Glacfaidh an Chúirt Ghinearálta a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas ón gComhairle a bheith leis na rialacha sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, beidh feidhm maidir leis an gCúirt Ghinearálta ag forálacha na gConarthaí a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais.

### *Airteagal 255*

Cuirfear painéal ar bun chun tuairim a thabhairt ar oiriúnacht na n-iarrthóirí chun feidhmeanna Breithimh agus Abhcóide Ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais agus den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú sula ndéanfaidh rialtais na mBallstát na ceapacháin dá dtagraítear in Airteagail 253 agus 254.

Beidh ar an bpainéal seachtar arna dtoghadh as measc iarchomhaltaí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, comhaltaí de chúirteanna uachtaracha náisiúnta agus dlíodóirí a n-aithnítear a n-inniúlacht, agus déanfaidh Parlaimint na hEorpa duine amháin acu a mholadh. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena mbunófar rialacha oibriúcháin an phainéil agus cinneadh lena gceapfar a chomhaltaí. Gníomhóidh sí ar thionscnamh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais.

### *Airteagal 256*

(sean-Airteagal 225 CCE)

1. Beidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta caingne nó imeachtaí dá dtagraítear in Airteagail 263, 265, 268, 270 agus 272, cé is moite díobh siúd a shanntar do chúirt speisialaithe arna cur ar bun de bhun Airteagal 257 agus díobh siúd a fhorchoimeádtar sa Reacht chuig an gCúirt Bhreithiúnais, a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim. Féadfar a fhoráil sa Reacht go mbeidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta maidir le haicmí eile caingne nó imeachtaí.

Beidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Ghinearálta de bhun na míre seo faoi réir ceart achomhairc a bheith ann chun na Cúirte Breithiúnais ar phoncanna dlí amháin, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht.

2. Beidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta caingne nó imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne breitheanna ó na cúirteanna speisialaithe a éisteacht agus a chinneadh.

Féadfaidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Ghinearálta de bhun na míre seo a bheith go heisceachtúil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht, nuair atá baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais.

3. Beidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 267 a éisteacht agus a chinneadh in ábhair shonracha atá leagtha síos sa Reacht.

Má mheasann an Chúirt Ghinearálta go n-éilíonn an cás breith ar phrionsabal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais, féadfaidh sí an cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun go dtabharfaidh sí breith.

Féadfaidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Ghinearálta ar cheisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú a bheith go heisceachtúil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht, i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais.

*Airteagal 257*

(sean-Airteagal 225a CCE)

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, cúirteanna speisialaithe a bhunú a bheidh i gceangal leis an gCúirt Ghinearálta chun aicmí áirithe caingne nó imeachtaí i réimsí áirithe a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim. Gníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle trí bhíthin rialachán ar thogra ón gCoimisiún tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Bhreithiúnais nó arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

Socrófar sa rialachán ag cur cúirteanna speisialaithe ar bun na rialacha maidir le comhdhéanamh na cúirte sin agus sonrófar ann raon na dlínse a thugtar di.

Beidh breitheanna arna dtabhairt ag na cúirteanna speisialaithe faoi réir ceart achomhairc a bheith ann ar phoncanna dlí amháin nó, nuair a fhoráiltear amhlaidh sa rialachán ag cur cúirt speisialaithe ar bun, faoi réir ceart achomhairc freisin ar cheisteanna fíorais a bheith ann chun na Cúirte Ginearálta.

Roghnófar comhaltaí na gcúirteanna speisialaithe as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Ceapfaidh an Chomhairle iad, ag gníomhú di d'aon toil.

Glacfaidh na cúirteanna speisialaithe a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas ón gComhairle a bheith leis na rialacha sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt sa rialachán ag cur cúirteanna speisialaithe ar bun, beidh feidhm maidir leis na painéil bhreithiúnacha ag na forálacha sin de na Conarthaí a bhaineann le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ag forálacha Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm ar aon chaoi ag Teideal I den Reacht agus ag Airteagal 64 de maidir leis na cúirteanna speisialaithe.

*Airteagal 258*

(sean-Airteagal 226 CCE)

Má mheasann an Coimisiún gur mhainnigh Ballstát oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh, tabharfaidh sé tuairim réasúnaithe ina thaobh sin tar éis caoi a thabhairt don Stát áirithe ráiteas ina thaobh a chur isteach.

Mura ndéanfaidh an Stát a bheidh i gceist de réir na tuairime laistigh den tréimhse a bheidh leagtha síos ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún an t-ábhar a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

### *Airteagal 259*

(sean-Airteagal 227 CCE)

Aon Bhallstát a mheasfaidh gur mhainnigh Ballstát eile oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh, féadfaidh sé an t-ábhar a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Sula dtabharfaidh Ballstát caingean in aghaidh Ballstáit eile mar gheall ar shárú a líomhnaítear a bheith déanta ar oibleagáid faoi na Conarthaí, tabharfaidh sé an t-ábhar os comhair an Choimisiúin.

Tabharfaidh an Coimisiún tuairim réasúnaithe tar éis caoi a bheith tugtha do gach Stát dá mbeidh i gceist a chás féin agus a ráiteas ar chás an pháirtí eile a chur faoi bhráid an Choimisiúin ó bhéal agus i scríbhinn.

Mura mbíonn tuairim tugtha ag an gCoimisiún laistigh de thrí mhí ón dáta a tugadh an t-ábhar os a chomhair, ní fhágfaidh easnamh na tuairime sin nach bhféadfar an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte.

### *Airteagal 260*

(sean-Airteagal 228 CCE)

1. Má shuíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur mhainnigh Ballstát oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhall, cuirfear de cheangal ar an Stát sin na bearta is gá a ghlacadh chun breithiúnas na Cúirte a chomhlíonadh.

2. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil na bearta is gá do chomhlíonadh bhreithiúnas na Cúirte glactha ag an mBallstát i dtrácht, féadfaidh sé an cás a thabhairt os comhair na Cúirte, tar éis caoi a thabhairt don Bhallstát sin a bharúlacha a thíolacadh. Cuirfidh sé in iúl méid na cnapshuime nó na híocaíochta pionósaí a bheidh le híoc ag an mBallstát i dtrácht a mheasfaidh sé is iomchuí sna himthosca.

Má fhaigheann an Chúirt nach bhfuil a breithiúnas comhlíonta ag an mBallstát i dtrácht, féadfaidh sí cnapshuim nó íocaíocht phionósach a ghearradh air.

Beidh an nós imeachta sin gan dochar d’Airteagal 259.

3. Nuair a thabharfaidh an Coimisiún cás os comhair na Cúirte de bhun Airteagal 258 ar an bhforas gur mhainnigh an Ballstát i dtrácht a oibleagáidí a chomhall maidir le bearta a chur in iúl lena ndéantar treoir a glacadh i gcomhréir le nós imeachta reachtach a thrasuí, féadfaidh sé, nuair is iomchuí leis, méid na cnapshuime nó na híocaíochta pionósaí a shonrú a bheidh le híoc ag an mBallstát i dtrácht a mheasfaidh sé is iomchuí sna himthosca.

Má fhaigheann an Chúirt gur tharla sárú, féadfaidh sí cnapshuim nó íocaíocht phionósach nach mó a méid ná an méid arna shonrú ag an gCoimisiún a ghearradh ar an mBallstát i dtrácht. Gabhfaidh éifeacht leis an íocaíocht phionósach ar an dáta arna shocrú ag an gCúirt ina breithiúnas.

### *Airteagal 261*

(sean-Airteagal 229 CCE)

Féadfaidh rialacháin arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle go comhpháirteach, agus ag an gComhairle de bhun fhorálacha na gConarthaí, dlínse neamhtheoranta a thabhairt do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis na pionóis dá bhforáiltear sna rialacháin sin.

### *Airteagal 262*

(sean-Airteagal 229a CCE)

Gan dochar d'fhorálacha eile na gConarthaí, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, forálacha a ghlacadh chun dlínse a thabhairt, go feadh méid a chinnfidh sí, do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le cur i bhfeidhm gníomhartha arna nglacadh ar bhonn na gConarthaí a chruthaíonn cearta Eorpacha maoine intleachtúla. Tiocfaidh na forálacha sin i bhfeidhm tar éis a bhformheasta ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

### *Airteagal 263*

(sean-Airteagal 230 CCE)

Déanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh léirmheas ar dhlíthiúlacht gníomhartha reachtacha, na Comhairle, an Choimisiúin agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, seachas moltaí nó tuairimí, agus na ngníomhartha sin de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle Eorpach atá ceaptha chun éifeacht dhlíthiúil a bheith acu i leith tríú páirtithe. Déanfaidh sí freisin athbhreithniú ar dhlíthiúlacht na ngníomhartha sin de chomhlachtaí, d'oifigí nó de ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais atá ceaptha chun éifeacht dhlíthiúil a bheith acu i leith tríú páirtithe.

Chuige sin beidh dlínse aici i gcaingne arna dtionscnamh ag Ballstát, ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún mar gheall ar easpa inniúlachta, ar shárú ceanglais fhíorriachtanaigh nós imeachta, ar shárú na gConarthaí nó aon riail dlí a bhaineann lena gcur chun feidhme nó ar mhí-úsáid cumhachtaí.

Beidh dlínse ag an gCúirt i gcaingne arna dtionscnamh ag an gCúirt Iniúchóirí, ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag Coiste na Réigiún d'fhonn a sainchumais a choimirciú.

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa chéad mhír agus sa dara mír, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh gnímh a díríodh chuig an duine sin nó gnímh is dá chúram go díreach agus go leithleach, agus in aghaidh gnímh rialúcháin is dá chúram go díreach agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leis.

Féadfaidh gníomhartha lena gcuirfear comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais ar bun coinníollacha agus socruithe mionsonraithe a leagan síos maidir le caingne arna dtionscnamh ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha in aghaidh gníomhartha de chuid na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí sin atá ceaptha chun éifeacht dhlíthiúil a bheith acu ina leith.

Déanfar na himeachtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo a thionscnamh laistigh de dhá mhí ón uair a foilsíodh an beart, nó a cuireadh in iúl don ghearánaí é nó, murar cuireadh, ón lá a fuair sé fios air, de réir mar a bheidh.

### *Airteagal 264*

(sean-Airteagal 231 CCE)

Má tá foras ar fónamh leis an gcaingean, dearbhóidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an gníomh áirithe a bheith ar neamhní.

Ar a shon sin, cuirfidh an Chúirt in iúl, má mheasann sí gur gá é, cé acu d'éifeachtaí an ghnímh a dhearbhaigh sí a bheith ar neamhní is inmheasta a bheith cinntitheach.

### *Airteagal 265*

(sean-Airteagal 232 CCE)

Más rud é, de shárú ar na Conarthaí, go mainneoidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Coimisiún nó an Banc Ceannais Eorpach gníomhú, féadfaidh na Ballstáit agus institiúidí eile an Aontais caingean a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun an sárú sin a shuíomh. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin faoi na coinníollacha céanna maidir le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a mhainníonn gníomhú.

Ní bheidh an chaingean inghlactha ach amháin sa chás inar iarradh i dtosach ar an institiúid, ar an gcomhlacht, ar an oifig nó ar an ngníomhaireacht i dtrácht gníomhú. Más rud é, laistigh de dhá mhí tar éis a iarrtha sin uirthi, go mbeidh an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht i dtrácht gan a sheasamh nó a seasamh sa chás a shonrú, féadfar an chaingean a thabhairt ar aghaidh laistigh de thréimhse bhreise dhá mhí.

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna míreanna roimhe seo, gearán a dhéanamh leis an gCúirt gur mhainnigh ceann d'institiúidí, de chomhlachtaí, d'oifigí nó de ghníomhaireachtaí an Aontais aon ghníomh seachas moladh nó tuairim a dhíriú chun an duine sin.

### *Airteagal 266*

(sean-Airteagal 233 CCE)

An institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht ar dearbhaíodh a ngníomh a bheith ar neamhní nó ar dearbhaíodh a neamhghníomh a bheith contrártha leis na Conarthaí, ceanglófar uirthi na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

Ní dhéanfaidh an oibleagáid sin difear d'aon oibleagáid ab fhéidir a theacht ón dara mír d'Airteagal 340 a chur chun feidhme.

*Airteagal 267*

(sean-Airteagal 234 CCE)

Beidh dlínse Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun réamhrialú a thabhairt:

(a) ar léiriú na gConarthaí;

(b) ar bhailíocht agus léiriú gníomhartha de chuid institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais.

Nuair a thabharfar ceist den sórt sin ar aird os comhair cúirte nó binse de chuid Ballstáit, féadfaidh an chúirt nó an binse sin, má mheasann sé nó sí gur gá cinneadh ar an gceist ionas go bhféadfaidh sé nó sí breithiúnas a thabhairt, a iarraidh ar an gCúirt rialú a thabhairt ar an gceist sin.

Má thugtar aon cheist den sórt sin ar aird i gcás a bheidh ar feitheamh os comhair cúirte nó binse de chuid Ballstáit, agus nach bhfuil leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh chinntí na cúirte nó an bhinse sin, tabharfaidh an chúirt nó an binse sin an t-ábhar os comhair na Cúirte.

Má thugtar cás den sórt sin ar aird i gcás a bheidh ar feitheamh os comhair cúirte nó binse de chuid Ballstáit maidir le duine atá faoi choimeád, gníomhóidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a luaithe is féidir.

*Airteagal 268*

(sean-Airteagal 235 CCE)

Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí maidir leis an gcúiteamh i ndamáiste dá bhforáiltear sa dara mír agus sa tríú mír d'Airteagal 340.

*Airteagal 269*

Ní bheidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais breith a thabhairt maidir le dlíthiúlacht gnímh arna ghlacadh ag an gComhairle Eorpach nó ag an gComhairle de bhun Airteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ach amháin arna iarraidh sin don Bhallstát atá ina ábhar do shuíomh ón gComhairle Eorpach nó ón gComhairle agus ach amháin i ndáil leis na réamhchoinníollacha nós imeachta san Airteagal sin.

Ní mór an iarraidh sin a dhéanamh laistigh de mhí ón dáta ar suíodh amhlaidh. Rialóidh an Chúirt laistigh de mhí ó dháta na hiarrata.

*Airteagal 270*

(sean-Airteagal 236 CCE)

Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aon díospóid idir an tAontas agus a sheirbhísigh faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais agus le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais.

### *Airteagal 271*
(sean-Airteagal 237 CCE)

Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos ina dhiaidh seo, i ndíospóidí a bhaineann le:

(a) comhall oibleagáidí faoi Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ag na Ballstáit. I dtaca leis sin de, beidh ag Bord Stiúrthóirí an Bhainc na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún in Airteagal 258;

(b) bearta arna nglacadh ag Bord Ghobharnóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. I dtaca leis sin de, féadfaidh aon Bhallstát nó an Coimisiún nó Bord Stiúrthóirí an Bhainc imeachtaí a thionscnamh faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 263;

(c) bearta arna nglacadh ag Bord Stiúrthóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Ní bheidh imeachtaí in aghaidh beart den sórt sin intionscanta ach amháin ag Ballstáit nó ag an gCoimisiún faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 263, agus ar na forais sin amháin nár comhlíonadh an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 19(2), (5), (6) agus (7) de Reacht an Bhainc;

(d) comhall na n-oibleagáidí a thig ó na Conarthaí agus ó Reacht an CEBC agus an BCE ag bainc cheannais náisiúnta. I dtaca leis sin de, beidh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh i leith na mbanc ceannais náisiúnta na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún in Airteagal 258 i leith na mBallstát. Má fhaigheann an Chúirt gur mhainnigh banc ceannais náisiúnta oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhall, cuirfear de cheangal ar an mbanc ceannais náisiúnta sin na bearta is gá a ghlacadh chun breithiúnas na Cúirte a chomhlíonadh.

### *Airteagal 272*
(sean-Airteagal 238 CCE)

Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána i gconradh arna dhéanamh ag an Aontas nó thar a cheann, cibé acu faoin dlí poiblí nó faoin dlí príobháideach don chonradh sin.

### *Airteagal 273*
(sean-Airteagal 239 CCE)

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais in aon díospóid idir Ballstáit a bhaineann le hábhar na gConarthaí, má chuirtear an díospóid faoina bráid faoi chomhaontú speisialta idir na páirtithe.

### *Airteagal 274*
(sean-Airteagal 240 CCE)

Ach amháin mar a dtugann na Conarthaí dlínse do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ní bheidh díospóidí ar páirtí iontu an tAontas eisiata ar an bhforas sin ó dhlínse chúirteanna nó bhinsí na mBallstát.

*Airteagal 275*

Ní bheidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil leis na forálacha a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, ná maidir leis na gníomhartha a ghlacfar bunaithe ar na forálacha sin.

Ar a shon sin, beidh dlínse ag an gCúirt chun faireachán a dhéanamh maidir le comhlíonadh Airteagal 40 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus chun rialú a thabhairt ar imeachtaí, arna dtionscnamh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa cheathrú mír d'Airteagal 263 den Chonradh seo, a dhéanann athbhreithniú ar dhlíthiúlacht na gcinntí lena bhforáiltear do bhearta sriantacha in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, arna nglacadh ag an gComhairle ar bhonn Chaibidil 2 de Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

*Airteagal 276*

Agus a cuid cumhachtaí maidir le forálacha Chaibidil 4 agus Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais á bhfeidhmiú aici, ní bheidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le bailíocht nó le comhréireacht oibríochtaí arna ndéanamh ag póilíní nó ag seirbhísí eile forfheidhmithe dlí de chuid Ballstáit nó le feidhmiú na bhfreagrachtaí atá ar na Ballstáit i dtaca leis an ord poiblí a chaomhnú agus slándáil inmheánach a choimirciú.

*Airteagal 277*

(sean-Airteagal 241 CCE)

D'ainneoin an tréimhse atá leagtha síos sa séú mír d'Airteagal 263 a bheith caite, féadfaidh aon pháirtí, i gcás imeachtaí ina mbeidh gníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige arna ghlacadh ag institiúid, ag comhlacht, ag oifig nó ag gníomhaireacht de chuid an Aontais faoi shaincheist, na forais a phléadáil dá bhforáiltear sa dara mír d'Airteagal 263 d'fhonn neamhfheidhmeacht an ghnímh sin a agairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 278*

(sean-Airteagal 242 CCE)

Ní bheidh éifeacht fionraíochta le caingne a thabharfar os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh an Chúirt, áfach, má mheasann sí gur gá sin sna himthosca, a ordú go bhfionrófar feidhm an ghnímh a chonspóidtear.

*Airteagal 279*

(sean-Airteagal 243 CCE)

Féadfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, in aon chásanna os a comhair, aon bhearta idirlinne is gá a ordú.

### *Airteagal 280*

(sean-Airteagal 244 CCE)

Beidh breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inchurtha i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 299.

### *Airteagal 281*

(sean-Airteagal 245 CCE)

Tá Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh leagtha síos i bPrótacal ar leith.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, forálacha an Reachta a leasú, cé is moite de Theideal I agus d'Airteagal 64 de. Gníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, nó ar thogra ón gCoimisiún tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Bhreithiúnais.

## *ROINN 6*

## AN BANC CEANNAIS EORPACH

### *Airteagal 282*

1. Comhdhéanfar an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) den Bhanc Ceannais Eorpach i dteannta leis na bainc cheannais náisiúnta. Déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach i dteannta le bainc cheannais náisiúnta na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu, a chomhdhéanann an tEurochóras, beartas airgeadaíochta an Aontais a sheoladh.

2. Is iad comhlachtaí cinnteoireachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh a rialóidh an CEBC. Beidh de chuspóir príomhúil ag an CEBC cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Gan dochar don chuspóir sin, tacóidh sé leis na beartais eacnamaíocha ghinearálta san Aontas d'fhonn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Aontais.

3. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an mBanc Ceannais Eorpach. Eisean amháin a fhéadfaidh eisiúint an euro a údarú. Beidh sé neamhspleách i bhfeidhmiú a chumhachtaí agus i mbainistiú a chúrsaí airgeadais. Déanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus rialtais na mBallstát an neamhspleáchas sin a urramú.

4. Glacfaidh an Banc Ceannais Eorpach pé bearta is gá chun a chúraimí a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagail 127 go 133 agus le hAirteagal 138, agus leis na coinníollacha atá socraithe i Reacht an CEBC agus an BCE. I gcomhréir leis na hAirteagail chéanna sin, coinneoidh na Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, agus a gcuid Banc Ceannais, a gcumhachtaí in ábhair airgeadaíochta.

5. Rachfar i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach, sna réimsí a thig faoina fhreagrachtaí, maidir le gach gníomh Aontais arna bheartú, agus le gach togra rialacháin ar leibhéal náisiúnta, agus féadfaidh sé tuairimí a thabhairt.

*Airteagal 283*

(sean-Airteagal 112 CCE)

1. Beidh ar Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannas Eorpaigh agus Gobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

2. Beidh ar Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh an tUachtarán, an Leasuachtarán agus ceithre chomhalta eile.

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di le tromlach cáilithe, ar mholadh ón gComhairle tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh, Uachtarán, Leasuachtarán agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a cheapadh as measc daoine a bhfuil gradam agus taithí ghairmiúil aitheanta acu i réimsí airgeadaíochta nó baincéireachta.

Ocht mbliana a bheidh ina dtéarma oifige agus ní fhéadfar é a athnuachan.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin ach amháin náisiúnaigh de na Ballstáit.

*Airteagal 284*

(sean-Airteagal 113 CCE)

1. Féadfaidh Uachtarán na Comhairle agus comhalta den Choimisiún bheith rannpháirteach, gan ceart vótála, i gcruinnithe Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Féadfaidh Uachtarán na Comhairle tairiscint plé a chur faoi bhráid Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

2. Iarrfar ar Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh bheith rannpháirteach i gcruinnithe na Comhairle nuair a bheidh ceisteanna a bhaineann le cuspóirí agus le cúraimí CEBC á bplé ag an gComhairle.

3. Díreoidh an Banc Ceannais Eorpach tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí CEBC agus ar bheartas airgeadaíochta na bliana roimhe sin agus na bliana reatha chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus chuig an gComhairle Eorpach freisin. Tíolacfaidh Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh an tuarascáil sin don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa; féadfaidh Parlaimint na hEorpa díospóireacht ghinearálta a chur ar siúl ar an mbonn sin.

Féadfaidh na coistí inniúla de chuid Pharlaimint na hEorpa Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a éisteacht arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Uachtarán agus do na comhaltaí ar a dtionscnamh féin.

*ROINN 7*

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

*Airteagal 285*

(sean-Airteagal 246 CCE)

Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí iniúchóireacht ar chuntais an Aontais.

Beidh sí comhdhéanta de náisiúnach amháin as gach Ballstát. Beidh a comhaltaí, chun leas ginearálta an Aontais, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

*Airteagal 286*

(sean-Airteagal 247 CCE)

1. Roghnófar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí as measc daoine a bhaineann nó a bhain ina Stáit faoi seach le comhlachtaí seachtracha iniúchóireachta nó a bhfuil cáilíocht speisialta acu le haghaidh na hoifige sin. Ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

2. Ceapfar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí go ceann téarma sé bliana. Glacfaidh an Chomhairle, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Féadfar téarma oifige chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a athnuachan.

Toghfaidh siad Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí as a líon féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtarán a atoghadh.

3. I gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí teagaisc ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach luíonn lena bhfeidhmeanna.

4. Ní cead do chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh.

5. Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí, nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalta den Chúirt Iniúchóirí ar é d'éirí as oifig, nó ar é a scor go héigeantach de bhíthin rialú ón gCúirt Bhreithiúnais de bhun mhír 6.

Déanfar folúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach, fanfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

6. Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ach amháin i gcás ina suífidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gCúirt Iniúchóirí, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhall ná na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh.

7. Cinnfidh an Chomhairle coinníollacha fostaíochta Uachtarán agus chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí agus go háirithe a dtuarastail, a slánaíochtaí agus a bpinsin. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith aon slánaíocht is intugtha in ionad luach saothair.

8. Na forálacha den Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh a bhaineann le Breithiúna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, beidh siad infheidhme freisin ar chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí.

*Airteagal 287*

(sean-Airteagal 248 CCE)

1. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Aontais. Scrúdóidh sí freisin na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta, gach oifige nó gach gníomhaireachta arna bhunú nó arna bunú ag an Aontas a mhéad nach gcoisceann ionstraim a bhunaithe an scrúdú sin.

Cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo agus foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Féadfar an ráiteas sin a fhorlíonadh le measúnú sonrach ar gach mór-réimse de ghníomhaíocht an Aontais.

2. Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí scrúdú féachaint an bhfuarthas an t-ioncam uile agus ar tabhaíodh an caiteachas uile ar mhodh dleathach rialta, agus an ndearnadh bainistíocht fhónta ar an airgeadas. Lena linn sin, déanfaidh sí tuarascáil ach go háirithe ar aon chásanna neamhrialtachta.

Iniúchfar an t-ioncam ar bhonn na suimeanna is dlite arna suíomh agus ar bhonn na suimeanna arna n-íoc iarbhír leis an Aontas.

Iniúchfar an caiteachas ar bhonn ceangaltas arna nglacadh ar láimh agus íocaíochtaí arna ndéanamh.

Féadfar an iniúchóireacht sin a dhéanamh roimh dhúnadh na gcuntas don bhliain airgeadais atá i gceist.

3. Bunófar an iniúchóireacht ar thaifid agus, más gá, déanfar ar an bhfód í in institiúidí eile an Aontais, in áitreabh aon chomhlachta, aon oifige nó aon ghníomhaireachta a dhéanann bainistíocht ar ioncam nó caiteachas thar ceann an Aontais agus sna Ballstáit, lena n-áirítear áitreabh aon duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a fhaigheann íocaíochtaí ón mbuiséad. Sna Ballstáit déanfar an iniúchóireacht i gcuibhreann le comhlachtaí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhachtaí riachtanacha acu sin, leis na ranna náisiúnta inniúla. Comhoibreoidh an Chúirt Iniúchóirí agus comhlachtaí náisiúnta iniúchóireachta na mBallstát de mheon muiníne ach gan a neamhspleáchas a thréigean. Cuirfidh na comhlachtaí, na hoifigí, na gníomhaireachtaí nó na ranna sin i bhfios don Chúirt Iniúchóirí an bhfuil siad chun páirt a ghlacadh san iniúchóireacht.

Déanfaidh institiúidí eile an Aontais, aon chomhlachtaí, aon oifigí nó aon ghníomhaireachtaí a dhéanann bainistíocht ar ioncam nó caiteachas thar ceann an Aontais, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a fhaigheann íocaíochtaí ón mbuiséad agus na comhlachtaí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhachtaí riachtanacha acu sin, na ranna náisiúnta inniúla, aon doiciméad nó faisnéis is gá chun a cúram a chomhlíonadh a chur ar aghaidh chuig an gCúirt Iniúchóirí, arna iarraidh sin di.

I ndáil le gníomhaíocht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta le linn bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas agus ioncam an Aontais, beidh cearta rochtana na Cúirte ar fhaisnéis arna sealbhú ag an mBanc faoi rialú ag comhaontú idir an Chúirt, an Banc agus an Coimisiún. Cheal comhaontú, beidh rochtain ag an gCúirt áfach ar an bhfaisnéis is gá chun caiteachas agus ioncam de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht an Bhainc a iniúchadh.

4. Tar éis dheireadh gach bliana airgeadais tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig institiúidí eile an Aontais í agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* í, mar aon le freagraí na n-institiúidí sin ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí ina theannta sin, tráth ar bith, a barúlacha, go háirithe i bhfoirm tuarascálacha speisialta, a thíolacadh ar cheisteanna sonracha agus tuairimí a thabhairt arna iarraidh sin do cheann d'institiúidí eile an Aontais.

Glacfaidh sí a cuid tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta nó tuairimí trí thromlach a comhaltaí. Ar a shon sin, féadfaidh sí seomraí inmheánacha a bhunú chun aicmí áirithe tuarascálacha nó tuairimí a ghlacadh faoi na coinníollacha atá leagtha síos ina rialacha nós imeachta.

Beidh sí de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna rialaithe chun an buiséad a chur i ngníomh.

Glacfaidh an Chúirt Iniúchóirí a rialacha nós imeachta. Is gá formheas ón gComhairle a bheith leis na rialacha sin.

## CAIBIDIL 2

## GNÍOMHARTHA DLÍ AN AONTAIS, NÓSANNA IMEACHTA GLACTHA AGUS FORÁLACHA EILE

### *ROINN 1*

### GNÍOMHARTHA DLÍ AN AONTAIS

#### *Airteagal 288*

(sean-Airteagal 249 CCE)

D'fhonn inniúlachtaí an Aontais a fheidhmiú, glacfaidh na hinstitiúidí rialacháin, treoracha, cinntí, moltaí agus tuairimí.

Beidh feidhm ghinearálta ag rialachán. Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Beidh treoir ina ceangal, maidir leis an toradh atá le gnóthú, ar gach Ballstát chuig a ndíreofar í, ach fágfar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú.

Beidh an cinneadh ina cheangal go huile agus go hiomlán. Nuair a shonróidh cinneadh iad siúd chuig a ndíreofar é is orthu sin amháin a bheidh sé ina cheangal.

Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le moltaí ná le tuairimí.

*Airteagal 289*

1. Is éard is gnáthnós imeachta reachtach ann go nglacfadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach, ar thogra ón gCoimisiún, rialachán, treoir nó cinneadh. Sainítear an nós imeachta seo in Airteagal 294.

2. Sna cásanna sonracha dá bhforáiltear sna Conarthaí, is éard is nós imeachta reachtach speisialta ann go nglacfadh Parlaimint na hEorpa rialachán, treoir nó cinneadh, le rannpháirtíocht ón gComhairle, nó go nglacfadh an Chomhairle rialachán, treoir nó cinneadh, le rannpháirtíocht ó Pharlaimint na hEorpa.

3. Is éard is gníomhartha reachtacha ann na gníomhartha dlí a glacadh trí nós imeachta reachtach.

4. Sna cásanna sonracha dá dtagraítear sna Conarthaí, féadfar na gníomhartha reachtacha a ghlacadh ar thionscnamh ó ghrúpa Ballstát nó ó Pharlaimint na hEorpa, ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach nó arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais nó don Bhanc Eorpach Infheistíochta.

*Airteagal 290*

1. Féadfar le gníomh reachtach an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo agus a fhorlíonann nó a leasaíonn gnéithe neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach sin a ghlacadh.

Déanfar cuspóirí, inneachar, raon feidhme agus ré tharmligean na cumhachta a shainiú go sainráite sna gníomhartha reachtacha. Déanfar na heilimintí sár-riachtanacha d'aon réimse a fhorchoimeád don ghníomh reachtach agus ní bheidh na heilimintí sin dá réir sin ina n-ábhar do tharmligean cumhachta.

2. Leagfar síos go sainráite le gníomhartha reachtacha na coinníollacha a mbeidh an tarmligean faoina réir; féadfaidh na coinníollacha sin a bheith mar a leanas:

(a) féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a chinneadh an tarmligean a chúlghairm;

(b) ní fhéadfaidh an gníomh arna tharmligean teacht i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse arna socrú leis an ngníomh reachtach.

Chun críocha (a) agus (b), gníomhóidh Parlaimint na hEorpa trí thromlach na gcomhaltaí a chomhdhéanann í, agus gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.

3. Déantar "arna tharmligean" nó "arna tarmligean" a chur isteach de réir mar is iomchuí i gceannteidil gníomhartha tarmligthe.

### *Airteagal 291*

1. Glacfaidh na Ballstáit gach beart dlí náisiúnta is gá chun gníomhartha Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme.

2. Nuair is gá coinníollacha comhionanna chun gníomhartha Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme, tabharfaidh na gníomhartha sin cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún, nó, i gcásanna sonracha cuí-réasúnaithe agus sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 24 agus in Airteagal 26 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, don Chomhairle.

3. Chun críocha mhír 2, bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle roimh ré, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

4. Cuirtear ‘cur chun feidhme’ isteach i gceannteidil na ngníomhartha cur chun feidhme.

### *Airteagal 292*

Glacfaidh an Chomhairle moltaí. Gníomhóidh sí ar thogra ón gCoimisiún sna cásanna uile ina bhforáiltear sna Conarthaí go nglacfaidh sí gníomhartha ar thogra ón gCoimisiún. Gníomhóidh sí d’aon toil sna réimsí sin inar gá aontoilíocht chun gníomh Aontais a ghlacadh. Déanfaidh an Coimisiún, agus an Banc Ceannais Eorpach sna cásanna sonracha dá bhforáiltear sna Conarthaí, moltaí a ghlacadh.

## *ROINN 2*

## NÓSANNA IMEACHTA CHUN GNÍOMHARTHA AGUS FORÁLACHA EILE A GHLACADH

### *Airteagal 293*

(sean-Airteagal 250 CCE)

1. Nuair a ghníomhóidh an Chomhairle, de bhun na gConarthaí, ar thogra ón gCoimisiún, ní fhéadfaidh an Chomhairle an togra sin a leasú ach amháin ag gníomhú d’aon toil di, seachas sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 294(10) agus (13), in Airteagail 310, 312 agus 314, agus sa dara mír d’Airteagal 315.

2. Fad a bheidh an Chomhairle gan gníomhú, féadfaidh an Coimisiún a thogra a leasú tráth ar bith le linn na nósanna imeachta as a dtiocfaidh glacadh gnímh Aontais.

### *Airteagal 294*

(sean-Airteagal 251 CCE)

1. Nuair a thagraítear sna Conarthaí don ghnáthnós imeachta reachtach chun gníomh a ghlacadh, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas.

2. Tíolacfaidh an Coimisiún togra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

*An chéad léamh*

3. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh sa chéad léamh agus cuirfidh sí i bhfios don Chomhairle é.

4. Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh i dtrácht sa fhriotal a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

5. Más rud é nach bhformheasfaidh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfaidh sí a seasamh sa chéad léamh agus cuirfidh sí in iúl do Pharlaimint na hEorpa é.

6. Tabharfaidh an Chomhairle gach eolas do Pharlaimint na hEorpa faoi na cúiseanna a thug uirthi a seasamh a ghlacadh sa chéad léamh. Tabharfaidh an Coimisiún gach eolas do Pharlaimint na hEorpa faoina sheasamh.

*An dara léamh*

7. Más rud é, laistigh de thrí mhí ón dáta a gcuirfear an t-eolas sin chuici:

(a) go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa seasamh na Comhairle sa chéad léamh a fhormheas nó nach mbeidh cinneadh glactha aici, measfar go bhfuil an gníomh i dtrácht glactha sa fhriotal a fhreagraíonn do sheasamh na Comhairle;

(b) go ndiúltóidh Parlaimint na hEorpa seasamh na Comhairle sa chéad léamh, trí thromlach na gcomhaltaí a chomhdhéanann í, measfar nach bhfuil an gníomh arna bheartú glactha;

(c) go molfaidh Parlaimint na hEorpa, trí thromlach na gcomhaltaí a chomhdhéanann í, leasuithe ar sheasamh na Comhairle sa chéad léamh, cuirfear an téacs arna leasú amhlaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún a thabharfaidh tuairim ar na leasuithe sin.

8. Má dhéanann an Chomhairle, laistigh de thrí mhí ó na leasuithe a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe:

(a) na leasuithe sin uile a fhormheas, measfar go bhfuil an gníomh i dtrácht glactha;

(b) gan na leasuithe uile a fhormheas, comórfaidh Uachtarán na Comhairle, le comhaontú Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, cruinniú den Choiste Idir-réitigh laistigh de shé seachtaine.

9. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil ar na leasuithe a bhfuil tuairim dhiúltach tugtha ag an gCoimisiún ina dtaobh.

*Idir-réiteach*

10. Beidh de chúram ar an gCoiste Idir-réitigh, a chomhdhéanfar de chomhaltaí na Comhairle nó dá n-ionadaithe agus a chomhlíon de chomhaltaí a ionadóidh Parlaimint na hEorpa, teacht ar chomhaontú maidir le téacs comhpháirteach, trí thromlach cáilithe de chomhaltaí na Comhairle nó dá n-ionadaithe agus trí thromlach de na comhaltaí a ionadóidh Parlaimint na hEorpa, laistigh de shé seachtaine óna chomóradh ar bhonn sheasaimh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle sa dara léamh.

11. Beidh an Coimisiún rannpháirteach in imeachtaí an Choiste Idir-réitigh agus glacfaidh sé gach tionscnamh is gá d'fhonn seasamh Pharlaimint na hEorpa agus seasamh na Comhairle a thabhairt le chéile.

12. Más rud é nach bhformheasfaidh an Coiste Idir-réitigh téacs comhpháirteach laistigh de shé seachtaine óna chomóradh, measfar nach bhfuil an gníomh arna bheartú glactha.

*An tríú léamh*

13. Má fhormheasann an Coiste Idir-réitigh téacs comhpháirteach laistigh den tréimhse sin, beidh tréimhse sé seachtaine ag Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach de na vótaí arna gcaitheamh, agus ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tar éis an fhormheasa sin chun an gníomh i dtrácht a ghlacadh i gcomhréir leis an téacs comhpháirteach. Má theipeann orthu sin a dhéanamh, measfar nach bhfuil an gníomh arna bheartú glactha.

14. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, déanfar na tréimhsí trí mhí agus sé seachtaine dá dtagraítear san Airteagal seo a fhadú mí amháin nó dhá sheachtain faoi seach ar a mhéid.

*Forálacha speisialta*

15. Más rud é, sna cásanna dá bhforáiltear sna Conarthaí, go gcuirfear gníomh reachtach faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh ar thionscnamh ó ghrúpa Ballstát, nó ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach, nó arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais, ní bheidh feidhm ag mír 2, ag an dara habairt de mhír 6 ná ag mír 9.

Sna cásanna sin, cuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an gníomh arna bheartú in iúl don Choimisiún mar aon lena seasaimh sa chéad léamh agus sa dara léamh. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a thuairim a iarraidh ar an gCoimisiún i gcaitheamh an nós imeachta, agus féadfaidh an Coimisiún tuairim a thabhairt ar a thionscnamh féin freisin. Féadfaidh sé freisin, má mheasann sé gur gá, a bheith rannpháirteach sa Choiste Idir-réitigh i gcomhréir le mír 11.

### *Airteagal 295*

Rachaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i gcomhairle le chéile agus déanfaidh siad socruithe de thoil a chéile don chomhar eatarthu. Chuige sin, féadfaidh siad, agus na conarthaí á gcomhlíonadh acu, comhaontuithe idirinstitiúideacha a thabhairt i gcrích a fhéadfaidh a bheith de chineál ceangailteach.

### *Airteagal 296*

(sean-Airteagal 253 CCE)

Nuair nach sonraítear leis an Conarthaí an saghas gnímh atá le glacadh, roghnóidh na hinstitiúidí é de réir an cháis, agus na nósanna imeachta is infheidhme agus prionsabal na comhréireachta á gcomhlíonadh.

Sonrófar sna gníomhartha dlí na réasúin is bun leo agus tagróidh siad do na tograí, na tionscnaimh, na moltaí, na hiarrataí nó na tuairimí is gá de bhun na gConarthaí.

Agus dréachtghníomhartha reachtacha á bplé acu, staonfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ó ghníomhartha a ghlacadh nach bhforáiltear dóibh sa nós imeachta reachtach is ábhartha sa réimse i dtrácht.

### *Airteagal 297*

(sean-Airteagal 254 CCE)

1. Is iad Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle a shíneoidh na gníomhartha reachtacha arna nglacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Síneoidh Uachtarán na hinstitiúide a ghlac iad na gníomhartha reachtacha a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta speisialta.

Foilseofar na gníomhartha reachtacha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an dáta a socrófar iontu nó, mura socrófar an dáta, ar an bhfichiú lá tar éis a bhfoilsithe.

2. Síneoidh Uachtarán na hinstitiúide a ghlac iad na gníomhartha neamhreachtacha a glacadh i bhfoirm rialachán, treoracha agus cinntí, nuair nach sonrófar iontu cé chuige a bhfuil siad dírithe.

Foilseofar na rialacháin agus na treoracha a bheidh dírithe chuig na Ballstáit ar fad, mar aon leis na cinntí, nuair nach sonrófar iontu cé chuige a bhfuil siad dírithe, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an dáta a socrófar iontu nó, mura socrófar an dáta, ar an bhfichiú lá tar éis a bhfoilsithe.

Cuirfear treoracha eile, agus cinntí a sonrófar iontu cé chucu a bhfuil siad dírithe, in iúl dóibh siúd chuig a ndíreofar iad agus gabhfaidh éifeacht leo ar iad a chur in iúl amhlaidh. .

### *Airteagal 298*

1. Beidh de thacaíocht ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus a gcúraimí á gcomhall acu, riarachán Eorpach a bheidh oscailte, éifeachtach agus neamhspleách.

2. Agus na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta arna nglacadh ar bhonn Airteagal 336 á gcomhlíonadh, socróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, forálacha chun na críche sin.

### *Airteagal 299*

(sean-Airteagal 256 CCE)

Na gníomhartha ón gComhairle, ón gCoimisiún nó ón mBanc Ceannais Eorpach a fhorchuirfidh oibleagáid airgeadais ar dhaoine nach Stáit iad, beidh siad inchurtha i bhfeidhm.

Rialófar a gcur i bhfeidhm leis na rialacha i dtaobh nós imeachta shibhialta atá i bhfeidhm sa Stát ar ina chríoch a dhéantar an cur i bhfeidhm. Beidh an t-ordú á chur i bhfeidhm i gceangal leis an gcinneadh, gan d'fhoirmiúlacht ach fíorú ar bharántúlacht an chinnte, ón údarás náisiúnta a cheapfaidh Rialtas gach Ballstáit chuige sin agus a chuirfidh sé i bhfios don Choimisiún agus do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Nuair a bheidh na foirmiúlachtaí sin comhlánaithe, ar iarratas ón bpáirtí atá i gceist, féadfaidh seisean dul i gceann an churtha i bhfeidhm de réir an dlí náisiúnta tríd an ábhar a thabhairt go díreach os comhair an údaráis inniúil.

Ní féidir an cur i bhfeidhm a fhionraí ach amháin trí bhreith na Cúirte. Ach beidh dlínse ag cúirteanna na tíre lena mbaineann ar ghearáin go bhfuil an forghníomhú á dhéanamh ar dhóigh neamhrialta.

## CAIBIDIL 3

## COMHLACHTAÍ COMHAIRLEACHA AN AONTAIS

### *Airteagal 300*

1. Beidh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún a fheidhmeoidh feidhmeanna comhairliúcháin de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún.

2. Beidh an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta comhdhéanta d'ionadaithe d'eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha.

3. Beidh Coiste na Réigiún comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

4. Ní bheidh comhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Choiste na Réigiún faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha. Beidh siad, chun leas ginearálta an Aontais, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

5. Déanfaidh an Chomhairle na rialacha dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a bhaineann le cineál chomhdhéanamh na gCoistí sin a athbhreithniú go tráthrialta chun forbairtí eacnamaíocha, sóisialta agus déimeagrafacha san Aontas a chur san áireamh. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cinntí chuige sin.

## *ROINN 1*

## AN COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

### *Airteagal 301*

(sean-Airteagal 258 CCE)

Ní rachaidh líon chomhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta thar 350.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh lena gcinnfear comhdhéanamh an Choiste.

Cinnfidh an Chomhairle slánaíochtaí chomhaltaí an Choiste.

*Airteagal 302*

(sean-Airteagal 259 CCE)

1. Ceapfar comhaltaí an Choiste ar feadh cúig bliana. Glacfaidh an Chomhairle liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Féadfar téarma oifige chomhaltaí an Choiste a athnuachan.

2. Gníomhóidh an Chomhairle tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Féadfaidh sí tuairim a fháil ó chomhlachtaí Eorpacha a ionadaíonn do na hearnálacha eacnamaíocha agus sóisialta éagsúla agus an tsochaí shibhialta ar cúram leo gníomhaíochtaí an Aontais.

*Airteagal 303*

(sean-Airteagal 260 CCE)

Déanfaidh an Coiste a chathaoirleach agus a oifigigh a thoghadh as líon a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain go leith.

Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta.

Déanfaidh a chathaoirleach an Coiste a chomóradh, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle nó don Choimisiún. Féadfaidh an Coiste teacht le chéile freisin ar a thionscnamh féin.

*Airteagal 304*

(sean-Airteagal 262 CCE)

Rachaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste sna cásanna dá bhforáiltear sna Conarthaí. Féadfaidh na hinstitiúidí sin dul i gcomhairle leis an gCoiste i ngach cás inar cuí leo é. Féadfaidh an Coiste, ar a thionscnamh féin, tuairim a thabhairt i gcásanna inar cuí leis é.

Má mheasann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá sin, sonróidh siad don Choiste, chun a thuairim a thíolacadh, tréimhse nach giorra ná mí ón dáta ar a bhfaighidh an cathaoirleach scéala dá réir sin. Mura mbeidh tuairim faighte ar an tréimhse sin a bheith caite, ní chuirfidh sin cosc le dul ar aghaidh tuilleadh.

Cuirfear ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tuairim an Choiste, maille le taifead ar na himeachtaí.

*ROINN 2*

COISTE NA RÉIGIÚN

*Airteagal 305*

(sean-Airteagal 263, an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír, CCE)

Ní rachaidh líon chomhaltaí Choiste na Réigiún thar 350.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh lena gcinnfear comhdhéanamh an Choiste.

Déanfar comhaltaí an Choiste mar aon lena chomhlíon de mhalartaigh a cheapadh go ceann cúig bliana. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan. Glacfaidh an Chomhairle liosta na gcomhaltaí agus na malartach arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Ar dhul in éag don sainordú dá dtagraítear in Airteagal 300(3) ar dá bhun a rinneadh an togra ina dtaobh, tiocfaidh deireadh go huathoibríoch lena dtéarma oifige ar an gCoiste agus cuirfear comhaltaí ina n-ionad i gcomhréir leis an nós imeachta céanna ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige sin. Ní fhéadfaidh comhalta den Choiste bheith ina chomhalta de Pharlaimint na hEorpa san am céanna.

### *Airteagal 306*

(sean-Airteagal 264 CCE)

Déanfaidh Coiste na Réigiún a chathaoirleach agus a oifigigh a thoghadh as líon a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain go leith.

Glacfaidh sé a Rialacha Nós Imeachta.

Déanfaidh a chathaoirleach an Coiste a chomóradh, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle nó don Choimisiún. Féadfaidh an Coiste teacht le chéile freisin ar a thionscnamh féin.

### *Airteagal 307*

(sean-Airteagal 265 CCE)

Rachaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún i gcomhairle le Coiste na Réigiún sna cásanna dá bhforáiltear sna Conarthaí agus i ngach cás eile, go háirithe sna cásanna a bhaineann le comhar trasteorann, inar cuí le ceann amháin de na hinstitiúidí sin é.

Má mheasann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá sin, sonróidh siad don Choiste, chun a thuairim a thíolacadh, tréimhse nach giorra ná mí ón dáta ar a bhfaighidh an cathaoirleach scéala dá réir sin. Mura mbeidh tuairim faighte ar an tréimhse sin a bheith caite, ní chuirfidh sin cosc le dul ar aghaidh tuilleadh.

Gach uair a rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta de bhun Airteagal 304, cuirfidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún Coiste na Réigiún ar an eolas faoin iarraidh sin ar thuairim. Féadfaidh Coiste na Réigiún, má mheasann sé go bhfuil sainleasanna réigiúnacha i dtreis, tuairim a thíolacadh i dtaca leis sin.

Féadfaidh sé tuairim a thabhairt ar a thionscnamh féin i gcásanna ina measann sé is gá sin.

Cuirfear ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tuairim an Choiste maille le taifead ar na himeachtaí.

CAIBIDIL 4

## AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

### *Airteagal 308*

(sean-Airteagal 266 CCE)

Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Is iad na Ballstáit is comhaltaí den Bhanc Eorpach Infheistíochta.

Tá Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta leagtha síos i bPrótacal atá i gceangal leis na Conarthaí. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach speisialta, arna iarraidh sin don Bhanc Eorpach Infheistíochta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, nó ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, Reacht an Bhainc a leasú.

### *Airteagal 309*

(sean-Airteagal 267 CCE)

Is é is cúram don Bhanc Eorpach Infheistíochta rannchuidiú, trí dhul ar iontaoibh mhargadh an chaipitil agus trína acmhainní féin a úsáid, le forbairt chothromúil rianúil an mhargaidh inmheánaigh chun leas an Aontais. Chuige sin déanfaidh an Banc, ag oibriú dó ar bhonn neamhbhrabúsmhar, iasachtaí agus ráthaíochtaí a thabhairt a éascóidh maoiniú na dtionscadal seo a leanas i ngach earnáil den gheilleagar:

(a) tionscadail le haghaidh fhorbairt na réigiún lagfhorbartha;

(b) tionscadail chun gnóthais a nuachóiriú nó a athrú nó chun gníomhaíochtaí úra a fhorbairt a mbeidh call leo mar gheall ar bhunú nó ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh, i gcás nach féidir, mar gheall ar mhéid nó cineál na dtionscadal sin, iad a mhaoiniú go hiomlán ar na modhanna éagsúla atá ar fáil sna Ballstáit leithleacha;

(c) tionscadail leasa choitinn do Bhallstáit éagsúla nach féidir, mar gheall ar a méid nó a gcineál, iad a mhaoiniú go hiomlán ar na modhanna éagsúla atá ar fáil sna Ballstáit leithleacha.

I gcomhlíonadh a chúraimí dó, éascóidh an Banc maoiniú clár infheistíochta i gcuibhreann le cabhair ó na cistí struchtúracha agus ó ionstraimí airgeadais Aontais eile.

TEIDEAL II

**FORÁLACHA AIRGEADAIS**

*Airteagal 310*

(sean-Airteagal 268 CCE)

1. Déanfar gach ioncam agus caiteachas de chuid an Aontais a áireamh i meastacháin a tharraingeofar suas do gach bliain airgeadais agus taispeánfar iad sa bhuiséad.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle buiséad bliantúil an Aontais a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 314.

Ní foláir an t-ioncam agus an caiteachas a thaispeántar sa bhuiséad a bheith ar comhardú.

2. Údarófar an caiteachas arna thaispeáint sa bhuiséad don tréimhse bhuiséadach bhliantúil i gcomhréir leis an rialachán dá dtagraítear in Airteagal 322.

3. Chun an caiteachas arna thaispeáint sa bhuiséad a chur chun feidhme beidh gá le gníomh de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh roimh ré chun bunús dlí a sholáthar dá ghníomhaíocht agus do chur chun feidhme an chaiteachais chomhfhreagraigh i gcomhréir leis an Rialachán dá dtagraítear in Airteagal 322, ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear sa dlí sin.

4. D'fhonn an smacht buiséadach a áirithiú, ní ghlacfaidh an tAontas aon ghníomh ar dóigh dó iarmhairtí suntasacha a bheith aige ar an mbuiséad gan a dheimhniú go bhféadfar an caiteachas a eascraíonn ón ngníomh sin a mhaoiniú laistigh de theorainneacha acmhainní dílse an Aontais agus i gcomhréir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 312.

5. Déanfar an buiséad a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Comhoibreoidh na Ballstáit leis an Aontas chun a áirithiú go n-úsáidfear na leithreasaí sa bhuiséad i gcomhréir leis an bprionsabal sin.

6. Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 325, an chalaois agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac.

CAIBIDIL 1

ACMHAINNÍ DÍLSE AN AONTAIS

*Airteagal 311*

(sean-Airteagal 269 CCE)

Cuirfidh an tAontas ar fáil dó féin na meáin is gá chun a chuspóirí a bhaint amach agus a bheartais a chur i gcrích.

Gan dochar d'ioncam eile, maoineofar an buiséad go hiomlán as acmhainní dílse.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, cinneadh lena leagfar síos na forálacha a bhaineann le córas acmhainní dílse an Aontais. Sa chomhthéacs sin, féadfar catagóirí nua acmhainní dílse a bhunú nó catagóir atá ann a dhíothú. Ní thiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm go dtí go mbeidh sé formheasta ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí bhíthin rialachán i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, bearta cur chun feidhme chóras acmhainní dílse an Aontais a leagan síos a mhéid a fhoráiltear sa chinneadh arna ghlacadh ar bhonn an tríú mír. Gníomhóidh an Chomhairle tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

## CAIBIDIL 2

## AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

### *Airteagal 312*

1. Áiritheoidh an creat airgeadais ilbhliantúil go dtiocfaidh forbairt ar chaiteachas an Aontais ar dhóigh ordúil agus laistigh de theorainneacha a acmhainní dílse.

Bunófar é ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad.

Comhlíonfaidh buiséad bliantúil an Aontais an creat airgeadais ilbhliantúil.

2. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, rialachán lena mbunófar an creat airgeadais ilbhliantúil. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa arna thabhairt ag tromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í.

Féadfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh a ghlacadh d'aon toil lena n-údarófar don Chomhairle gníomhú trí thromlach cáilithe nuair a bheidh an rialachán dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ghlacadh.

3. Cinnfear leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil méideanna na n-uasteorainneacha bliantúla ar leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí de réir aicme caiteachais agus méideanna na huasteorann bliantúla ar leithreasaí íocaíochta. Freagróidh na haicmí caiteachais, ar teoranta a líon, do phríomhearnálacha gníomhaíochta an Aontais.

Leagfar síos leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil aon fhorálacha eile is gá chun go n-oibreoidh an nós imeachta buiséadach bliantúil go réidh.

4. Mura mbeidh an rialachán ón gComhairle lena gcinnfear creat nua airgeadais glactha roimh dheireadh an chreata airgeadais roimhe sin, fadófar na huasteorainneacha agus na forálacha eile a fhreagraíonn do bhliain dheireanach an chreata sin go dtí go nglacfar an gníomh sin.

5. I gcaitheamh an nós imeachta as a dtiocfaidh glacadh an chreata airgeadais ilbhliantúil, glacfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún gach beart is gá chun an glacadh sin a éascú.

CAIBIDIL 3

## BUISÉAD BLIANTÚIL AN AONTAIS

### *Airteagal 313*

(sean-Airteagal 272(1) CCE)

Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

### *Airteagal 314*

(sean-Airteagal 272(2) go (10), CCE)

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le nós imeachta speisialta, buiséad bliantúil an Aontais a bhunú i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:

1. Roimh an 1 Iúil, déanfaidh gach institiúid, seachas an Banc Ceannais Eorpach, meastacháin ar a caiteachas a tharraingt suas don bhliain bhuiséadach dár gcionn. Comhdhlúthóidh an Coimisiún na meastacháin sin i ndréachtbhuiséad a bhféadfaidh meastacháin éagsúla a bheith ann.

Beidh meastachán ar ioncam agus meastachán ar chaiteachas sa dréachtbhuiséad sin.

2. Tíolacfaidh an Coimisiún togra ina mbeidh an dréachtbhuiséad do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair den bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur chun feidhme.

Féadfaidh an Coimisiún an dréachtbhuiséad a leasú le linn an nós imeachta go dtí go ndéanfar an Coiste Idir-réitigh, dá dtagraítear i mír 5, a chomóradh.

3. Glacfaidh an Chomhairle a seasamh ar an dréachtbhuiséad agus cuirfidh sí ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa é lá nach déanaí ná an 1 Deireadh Fómhair den bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur chun feidhme. Cuirfidh an Chomhairle Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas faoi na cúiseanna a thug uirthi a seasamh a ghlacadh.

4. Más rud é, laistigh de dhá lá is daichead ón eolas sin a chur:

(a) go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa seasamh na Comhairle a fhormheas, glacfar an buiséad;

(b) nach mbeidh cinneadh glactha ag Parlaimint na hEorpa, measfar go bhfuil an buiséad glactha;

(c) go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa, trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, leasuithe a ghlacadh, cuirfear an dréacht arna leasú amhlaidh ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún. Déanfaidh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, i gcomhaontú le hUachtarán na Comhairle, cruinniú

den Choiste Idir-réitigh a chomóradh láithreach. Ar a shon sin, más amhlaidh, laistigh de dheich lá tar éis an dréacht sin a chur ar aghaidh, go gcuirfidh an Chomhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas go bhfuil a cuid leasuithe uile formheasta aici, ní thiocfaidh an Coiste Idir-réitigh le chéile.

5. Beidh de chúram ar an gCoiste Idir-réitigh, a chomhdhéanfar de chomhaltaí na Comhairle nó dá n-ionadaithe agus a chomhlíon de chomhaltaí a ionadóidh do Pharlaimint na hEorpa, teacht ar chomhaontú, ar bhonn na seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le téacs comhpháirteach trí thromlach cáilithe de chomhaltaí na Comhairle nó d'ionadaithe dóibh agus trí thromlach ionadaithe Pharlaimint na hEorpa laistigh d'aon lá fichead óna comóradh.

Glacfaidh an Coimisiún páirt in imeachtaí an Choiste Idir-réitigh agus glacfaidh sí gach tionscnamh is gá d'fhonn seasamh Pharlaimint na hEorpa agus seasamh na Comhairle a thabhairt le chéile.

6. Más rud é, laistigh den tréimhse aon lá fichead dá dtagraítear i mír 5, go dtiocfaidh an Coiste Idir-réitigh ar chomhaontú maidir le téacs comhpháirteach, beidh tréimhse ceithre lá dhéag ó dháta an chomhaontaithe sin ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon chun an téacs comhpháirteach a fhormheas.

7. Más rud é, laistigh den tréimhse ceithre lá dhéag dá dtagraítear i mír 6:

(a) go bhformheasfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon an téacs comhpháirteach nó go mainneoidh siad cinneadh a ghlacadh, nó go bhformheasfaidh ceann de na hinstitiúidí sin an téacs comhpháirteach agus go mainneoidh an ceann eile cinneadh a ghlacadh, measfar go bhfuil an buiséad glactha go cinntitheach i gcomhréir leis an téacs comhpháirteach; nó

(b) go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, agus an Chomhairle araon an téacs comhpháirteach a dhiúltú, nó go ndiúltóidh ceann de na hinstitiúidí sin an téacs comhpháirteach agus go mainneoidh an ceann eile cinneadh a ghlacadh, tíolacfaidh an Coimisiún dréachtbhuiséad nua;

(c) go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, an téacs comhpháirteach a dhiúltú ach go bhformheasfaidh an Chomhairle é, tíolacfaidh an Coimisiún dréachtbhuiséad nua; nó

(d) go bhformheasfaidh Parlaimint na hEorpa an téacs comhpháirteach ach go ndiúltóidh an Chomhairle é, féadfaidh an Pharlaimint, laistigh de thréimhse ceithre lá dhéag amhail ón gComhairle téacs a dhiúltú, agus ag gníomhú di trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í agus le trí chúigiú de na vótaí arna gcaitheamh, a chinneadh na leasuithe uile dá dtagraítear i mír 4(c) nó cuid díobh a dhearbhú. Nuair nach ndéanfar leasú de chuid Pharlaimint na hEorpa a dhearbhú, coinneofar an seasamh a comhaontaíodh sa Choiste Idir-réitigh maidir leis an gceannteideal buiséadach is ábhar don leasú. Measfar go bhfuil an buiséad glactha go cinntitheach ar an mbonn sin.

8. Más rud é, laistigh den tréimhse aon lá fichead dá dtagraítear i mír 5, nach dtiocfaidh an Coiste Idir-réitigh ar chomhaontú maidir le téacs comhpháirteach, tíolacfaidh an Coimisiún dréachtbhuiséad nua.

9. Nuair a bheidh deireadh leis an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo, dearbhóidh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go bhfuil glactha go cinntitheach leis an mbuiséad.

10. Feidhmeoidh gach Institiúid na cumhachtaí a thugtar di san Airteagal seo, agus forálacha na gConarthaí agus na gníomhartha arna nglacadh dá mbun á gcomhlíonadh, go háirithe i dtaca le hacmhainní dílse an Aontais agus leis an gcomhardú idir ioncam agus caiteachas.

*Airteagal 315*

(sean-Airteagal 273 CCE)

Más rud é, i dtosach bliana airgeadais, nach bhfuil an buiséad glactha go cinntitheach fós, féadfar suim nach mó ná an dóú cuid déag de na leithreasaí buiséid don bhliain airgeadais roimhe sin a chaitheamh gach mí i leith aon chaibidle den bhuiséad, de réir fhorálacha na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 322, ach ní bheidh d'éifeacht leis an socrú sin go gcuirfear ar láimh an Choimisiúin leithreasaí de bhreis ar an dóú cuid déag díobh siúd dá bhforáiltear sa chaibidil sin den dréachtbhuiséad atá á ullmhú.

Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, agus ar chuntar go gcomhlíontar na coinníollacha eile atá leagtha síos sa chéad fhomhír, caiteachas de bhreis ar an dóú cuid déag a údarú i gcomhréir leis na rialacháin a dhéanfar de bhun Airteagal 322. Cuirfidh an Chomhairle an cinneadh ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa láithreach.

Leagfar síos leis an gcinneadh dá dtagraítear sa dara mír na bearta is gá a bhaineann le hacmhainní chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 311.

Tiocfaidh sé i bhfeidhm tríocha lá tar éis a ghlactha ach amháin más rud é nach mbeidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, tar éis a chinneadh an caiteachas sin a laghdú laistigh den teorainn ama sin.

*Airteagal 316*

(sean-Airteagal 271 CCE)

De réir coinníollacha a leagfar síos de bhun Airteagal 322, aon leithreasaí, seachas iad siúd a bhaineann le caiteachas ar fhoireann, a bheidh gan chaitheamh i ndeireadh na bliana airgeadais, féadfar iad a thabhairt ar aghaidh chuig an mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, ach ní níos faide ná sin.

Aicmeofar na leithreasaí faoi chaibidlí éagsúla, agus míreanna caiteachais á ngrúpáil de réir a gcineáil nó a gcuspóra, agus á bhforoinnt, de réir na rialachán a dhéanfar de bhun Airteagal 322.

Déanfar caiteachas Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle, an Choimisiúin, agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leagan amach i gcodanna leithleacha den bhuiséad gan dochar do shocruithe speisialta le haghaidh míreanna áirithe caiteachais a bheidh orthu i gcoiteannas.

CAIBIDIL 4

## AN BUISÉAD A CHUR CHUN FEIDHME AGUS A URSCAOILEADH

### *Airteagal 317*

(sean-Airteagal 274 CCE)

Cuirfidh an Coimisiún an buiséad i ngníomh i gcomhar leis na Ballstáit, i gcomhréir le forálacha na rialachán arna ndéanamh de bhun Airteagal 322, ar a fhreagracht féin agus laistigh de theorainneacha na leithreasaí, ag féachaint do phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais. Comhoibreoidh na Ballstáit leis an gCoimisiún chun a áirithiú go n-úsáidtear na leithreasaí i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais.

Leagfar síos leis na rialacháin na hoibleagáidí maidir le rialú agus iniúchóireacht a bheidh ar na Ballstáit i gcur chun feidhme an bhuiséid agus na freagrachtaí a bheidh mar thoradh air sin. Leagfar síos leo chomh maith na freagrachtaí agus na rialacha mionsonraithe do gach institiúid maidir lena páirt ina caiteachas féin a chur i ngníomh.

Laistigh den bhuiséad, féadfaidh an Coimisiún, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha arna leagan síos sna rialacháin arna ndéanamh de bhun Airteagal 322, leithreasaí a aistriú ó chaibidil go chéile nó ó fhoroinn go chéile.

### *Airteagal 318*

(sean-Airteagal 275 CCE)

Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach bliain cuntais na bliana airgeadais roimhe sin maidir leis an mbuiséad a chur i ngníomh. Cuirfidh an Coimisiún chucu freisin ráiteas airgeadais ar shócmhainní agus dhliteanais an Aontais.

Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil meastóireachta ar riocht airgeadais an Aontais do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle arna bunú ar na torthaí atá gnóthaithe go háirithe i ndáil leis na sonraí arna dtabhairt ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle de bhun Airteagal 319.

### *Airteagal 319*

(sean-Airteagal 276 CCE)

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di ar mholadh ón gComhairle, urscaoileadh a thabhairt don Choimisiún i leith an buiséad a chur i ngníomh. Chun na críche sin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, i ndiaidh na Comhairle, scrúdú ar na cuntais, ar an ráiteas airgeadais agus ar an tuarascáil mheastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 318, ar thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí, maille le freagraí na n-institiúidí faoi iniúchadh ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí, ar an ráiteas dearbhaithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 287(1) agus ar aon tuarascálacha speisialta ábhartha ón gCúirt Iniúchóirí.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, sula dtabharfaidh sí urscaoileadh don Choimisiún nó chun aon chríche eile faoi chuimsiú fheidhmiú chumhachtaí an Choimisiúin i leith an buiséad a chur i ngníomh, a iarraidh an Coimisiún a éisteacht ar chur i ngníomh an chaiteachais nó ar oibriú na gcóras rialú airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún gach eolas is gá faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh sin di.

3. Déanfaidh an Coimisiún gach dícheall chun go gcuirfear na barúlacha i gcrích atá i gceangal leis na cinntí urscaoilte maille le barúlacha eile Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcaiteachas a chur i ngníomh agus na gluaiseanna a bheidh in éineacht leis na moltaí urscaoilte arna nglacadh ag an gComhairle.

Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar na bearta a bheidh glactha i bhfianaise na mbarúlacha agus na ngluaiseanna sin agus go háirithe ar na teagaisc a bheidh tugtha do na ranna atá freagrach as an mbuiséad a chur i ngníomh. Cuirfear na tuarascálacha sin chun na Cúirte Iniúchóirí freisin.

## CAIBIDIL 5

## FORÁLACHA COITIANTA

### *Airteagal 320*

(sean-Airteagal 277 CCE)

Tarraingeofar suas an creat airgeadais ilbhliantúil agus an buiséad bliantúil in euro.

### *Airteagal 321*

(sean-Airteagal 278 CCE)

Féadfaidh an Coimisiún, ach é a chur in iúl d'údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, aistriú go hairgead reatha ceann de na Ballstáit a dhéanamh ar a bhfuil ina sheilbh aige d'airgead reatha Ballstáit eile, a mhéad is gá le go bhféadfar é a úsáid chun na gcríoch a cheaptar dó leis na Conarthaí. Seachnóidh an Coimisiún aistriú dá leithéid sin, chomh fada agus is féidir, má bhíonn airgead nó sócmhainní insóinseáilte ar seilbh aige sna hairgid reatha atá ag teastáil uaidh.

Déileálfaidh an Coimisiún le gach Ballstát tríd an údarás a bheidh sonraithe ag an Stát áirithe. Chun oibríochtaí a chur i gcrích, bainfidh an Coimisiún leas as seirbhísí bhanc eisiúna an Bhallstáit atá i gceist nó aon institiúid airgeadais eile a bheidh formheasta ag an Stát sin.

### *Airteagal 322*

(sean-Airteagal 279 CCE)

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Iniúchóirí, trí bhíthin rialachán:

(a) na rialacha airgeadais lena sonrófar go háirithe an gnáthnós imeachta chun an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh;

(b) na rialacha ina bhforálfar do sheiceálacha ar an bhfreagracht atá ar oibreoirí airgeadais, agus go háirithe ar oifigigh um údarú agus ar oifigigh cuntais.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCúirt Iniúchóirí, na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh an t-ioncam buiséid dá bhforáiltear faoi na socruithe i dtaobh acmhainní dílse an Aontais féin le cur ar fáil don Choimisiún agus na bearta a chinneadh a bheidh le cur i bhfeidhm, más gá, chun freastal do riachtanais airgeadais.

### *Airteagal 323*

Áiritheoidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go gcuirfear na meáin airgeadais ar fáil chun go bhféadfaidh an tAontas a chuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhall i leith tríú páirtithe.

### *Airteagal 324*

Ar thionscnamh ón gCoimisiún, comórfar cruinnithe tráthrialta idir Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin faoi na nósanna imeachta buiséadacha dá dtagraítear sa Teideal seo. Glacfaidh na hUachtaráin gach beart is gá chun comhairliúchán a chur chun cinn agus seasaimh na n-institiúidí a bhfuil siad i gceannas orthu a thabhairt chun réitigh chun cur chun feidhme an Teidil seo a éascú.

## CAIBIDIL 6

## AN COMHRAC IN AGHAIDH NA CALAOISE

### *Airteagal 325*

(sean-Airteagal 280 CCE)

1. Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit calaois agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac trí bhearta a ghlacfar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a bheidh mar chosc agus a thabharfaidh cosaint éifeachtúil sna Ballstáit agus in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais.

2. Glacfaidh na Ballstáit na bearta céanna chun calaois a chomhrac a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais is a ghlacann siad chun calaois a chomhrac a dhéanann díobháil dá leasanna airgeadais féin.

3. Gan dochar d'fhorálacha eile na gConarthaí, comhordóidh na Ballstáit a ngníomhaíocht chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcoinne na calaoise. Chuige sin, eagróidh siad, i dteannta leis an gCoimisiún, dlúthchomhar rialta idir na húdaráis inniúla.

4. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Iniúchóirí, na bearta is gá maidir le calaois a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac d'fhonn cosaint éifeachtúil choibhéiseach a thabhairt sna Ballstáit agus in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais.

5. Tíolacfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach bliain ar na bearta a glacadh chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

## TEIDEAL III

## **COMHAR FEABHSAITHE**

### *Airteagal 326*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

Comhlíonfaidh aon chomhar feabhsaithe Conarthaí an Aontais agus dlí an Aontais.

Ní fhéadfaidh an comhar sin dochar a dhéanamh don mhargadh inmheánach ná don chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Ní bheidh sé ina bhacainn ar an trádáil ná ní dhéanfaidh sé idirdhealú sa trádáil idir Bhallstáit agus ní shaobhfaidh sé an iomaíocht eatarthu.

### *Airteagal 327*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

Comhlíonfaidh aon chomhar feabhsaithe inniúlachtaí, cearta agus oibleagáidí na mBallstát sin nach mbeidh rannpháirteach ann. Ní chuirfidh na Ballstáit sin bac ar a chur chun feidhme ag na Ballstáit rannpháirteacha.

### *Airteagal 328*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

1. Nuair a bheidh an comhar feabhsaithe á chur ar bun, beidh sé ar oscailt do na Ballstáit uile, faoi réir aon choinníollacha rannpháirtíochta arna leagan síos leis an gcinneadh um údarú a chomhlíonadh. Beidh sé ar oscailt dóibh, tráth ar bith eile freisin, faoi réir chomhlíonadh na ngníomhartha arna nglacadh cheana faoina chuimsiú sin, de bhreis ar na coinníollacha sin.

Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit a bheidh rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe go ndéanfaidh siad rannpháirtíocht a oiread Ballstát agus is féidir a chur chun cinn.

2. Déanfaidh an Coimisiún agus, nuair is iomchuí, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas go tráthrialta faoi fhorbairtí sa chomhar feabhsaithe.

### *Airteagal 329*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

1. Ballstáit ar mian leo comhar feabhsaithe a bhunú eatarthu i gceann de na réimsí atá folaithe sna Conarthaí, seachas réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach agus an comhbheartas eachtrach agus slándála, díreoidh siad chuig an gCoimisiún iarraidh a shonróidh raon feidhme agus cuspóirí an chomhair fheabhsaithe arna bheartú. Féadfaidh an Coimisiún togra chuige sin a thíolacadh don Chomhairle. Mura ndéanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh, cuirfidh sé na Ballstáit i dtrácht ar an eolas faoi na cúiseanna nár thíolaic sé togra.

Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, an t-údarú chun dul ar aghaidh leis an gcomhar feabhsaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dheonú.

2. Díreofar chuig an gComhairle an iarraidh ó na Ballstáit ar mian leo comhar feabhsaithe faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a bhunú eatarthu. Déanfar an iarraidh a chur ar aghaidh chuig Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus do Bheartas Slándála, a thabharfaidh tuairim an bhfuil an comhar feabhsaithe arna bheartú comhchuí le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, agus chuig an gCoimisiún, a thabharfaidh a thuairim go háirithe an bhfuil an comhar feabhsaithe arna bheartú comhchuí le beartais eile an Aontais. Cuirfear ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa í freisin mar eolas.

Is le cinneadh ón gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a dheonófar an t-údarú chun dul ar aghaidh leis an gcomhar feabhsaithe.

### *Airteagal 330*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

Féadfaidh gach comhalta den Chomhairle a bheith rannpháirteach ina pléití, ach ní ghlacfaidh páirt sa vótáil ach na comhaltaí sin amháin den Chomhairle a ionadaíonn do na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe.

Is éard is aontoilíocht ann vótaí ionadaithe na mBallstát rannpháirteach amháin.

Saineofar an tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3).

### *Airteagal 331*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

1. Aon Bhallstát ar mian leis bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe a bheidh ar siúl i gceann de na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 329(1), cuirfidh sé a intinn in iúl don Chomhairle agus don Choimisiún.

Laistigh de cheithre mhí ó dháta an fhógra a fháil, daingneoidh an Coimisiún rannpháirtíocht an Bhallstáit i dtrácht. Suífidh sé más gá go bhfuil na coinníollacha rannpháirtíochta comhallta agus glacfaidh sé aon bhearta idirthréimhseacha is gá maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha arna nglacadh cheana faoi chuimsiú an chomhair fheabhsaithe.

Ar a shon sin, má mheasann an Coimisiún nach bhfuil na coinníollacha rannpháirtíochta comhallta, sonróidh sé na socruithe atá le glacadh chun na coinníollacha sin a chomhall agus socróidh sé teorainn ama chun an iarraidh ar rannpháirtíocht a athscrúdú. Ar an teorainn ama sin a bheith caite, athscrúdóidh sé an iarraidh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach sa dara fomhír. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil na coinníollacha rannpháirtíochta comhalta fós, féadfaidh an Ballstát i dtrácht an cheist a tharchur chuig an gComhairle a ghlacfaidh cinneadh ar an iarraidh. Gníomhóidh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 330. Féadfaidh sí freisin, ar thogra ón gCoimisiún, na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh.

2. Gach Ballstát ar mian leis bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe a bheidh ar siúl faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, cuirfidh sé a intinn in iúl don Chomhairle, d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus don Choimisiún.

Daingneoidh an Chomhairle rannpháirtíocht an Bhallstáit i gceist, tar éis dul i gcomhairle le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus tar éis a shuíomh, más gá, go bhfuil na coinníollacha rannpháirtíochta comhalta. Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, aon bhearta idirthréimhseacha is gá a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha atá glactha cheana faoi chuimsiú an chomhair fheabhsaithe. Má mheasann an Chomhairle, áfach, nach bhfuil na coinníollacha rannpháirtíochta comhalta, sonróidh sí na socruithe a bheidh le glacadh chun na coinníollacha sin a chomhall agus socróidh sí teorainn ama chun an iarraidh ar rannpháirtíocht a athscrúdú.

Chun críocha na míre seo, gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil agus i gcomhréir le hAirteagal 330.

### *Airteagal 332*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

Is iad na Ballstáit rannpháirteacha a iompróidh an caiteachas a thig ón gcomhar feabhsaithe a chur chun feidhme, seachas costais riaracháin a thabhóidh na hinstitiúidí, mura gcinnfidh comhaltaí uile na Comhairle a mhalairt, ag gníomhú dóibh d'aon toil, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

### *Airteagal 333*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

1. Nuair a leagfar síos le foráil de na Conarthaí a fhéadfar a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an chomhair fheabhsaithe go ngníomhóidh an Chomhairle d'aon toil, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir leis na socruithe atá leagtha síos in Airteagal 330, cinneadh a ghlacadh lena leagfar síos mar choinníoll go ngníomhóidh sí trí thromlach cáilithe.

2. Nuair a leagtar síos le foráil de na Conarthaí a fhéadfar a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an chomhair fheabhsaithe go nglacfaidh an Chomhairle gníomhartha faoi nós imeachta reachtach speisialta, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir leis na socruithe atá leagtha síos in Airteagal 330, cinneadh a ghlacadh lena leagfar síos go ngníomhóidh sí faoin ngnáthnós imeachta reachtach. Gníomhóidh an Chomhairle tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir leis na cinntí a mbeidh impleachtaí míleata nó cosanta acu.

### *Airteagal 334*

(sean-Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 CAE agus sean-Airteagail 11 agus 11a CCE)

Áiritheoidh an Chomhairle agus an Coimisiún comhchuibheas na ngníomhaíochtaí arna ngabháil ar láimh i gcomhthéacs an chomhair fheabhsaithe agus comhchuibheas na ngníomhaíochtaí sin le beartais an Aontais, agus comhoibreoidh siad le chéile siad chuige sin.

# CUID A SEACHT

# **FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA**

### *Airteagal 335*

(sean-Airteagal 282 CCE)

I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an Aontas an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil faoina dhlíthe ag daoine dlítheanacha; féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla. Chuige sin, feidhmeoidh an Coimisiún ar son an Aontais. Ar a shon sin, feidhmeoidh gach ceann de na hinstitiúidí, de bhua a neamhspleáchais riaracháin, thar ceann an Aontais in ábhair a bhaineann lena hoibriú faoi seach.

### *Airteagal 336*

(sean-Airteagal 283 CCE)

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile i dtrácht, Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais a leagan síos.

### *Airteagal 337*

(sean-Airteagal 284 CCE)

Chun na cúraimí a chuirtear air a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis a chruinniú, agus aon fhíorú is gá a dhéanamh, faoi na teorainneacha agus na coinníollacha a bheidh leagtha síos ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí, de réir fhorálacha na gConarthaí.

### *Airteagal 338*

(sean-Airteagal 285 CCE)

1. Gan dochar d'Airteagal 5 den Phrótacal ar Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a ghlacadh chun staidreamh a chur ar fáil nuair is gá sin chun gníomhaíochtaí an Aontais a chomhlíonadh.

2. Cuirfear an staidreamh Aontais ar fáil i gcomhréir le neamhchlaontacht, iontaofacht, oibiachtúlacht, neamhspleáchas eolaíoch, éifeachtúlacht costais agus rúndacht an staidrimh; ní bheidh ualaí iomarcacha ar oibreoirí eacnamaíocha dá bharr.

### *Airteagal 339*

(sean-Airteagal 287 CCE)

Beidh de cheangal ar chomhaltaí institiúidí an Aontais, ar chomhaltaí coistí, agus ar oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais, gan faisnéis a nochtadh is de chineál atá faoi chumhdach na rúndachta gairmiúla, go háirithe faisnéis a bhaineann le gnóthais, lena gcaidreamh gnó nó le comhdhéanamh a gcostas.

### *Airteagal 340*

(sean-Airteagal 288 CCE)

Beidh dliteanas conarthach an Aontais faoi rialú ag an dlí a bhaineann leis an gconradh atá i gceist.

I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, déanfaidh an tAontas, de réir na bprionsabal ginearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a raibh a institiúidí nó a sheirbhísigh ina siocair leis i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna.

D’ainneoin an dara mír, déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a mbeidh sé féin ina chúis leis nó a mbeidh a sheirbhísigh ina gcúis leis i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna.

Beidh dliteanas pearsanta a sheirbhísigh i leith an Aontais faoi rialú ag na forálacha arna leagan síos sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta a bhaineann leo.

### *Airteagal 341*

(sean-Airteagal 289 CCE)

Cinnfidh Rialtais na mBallstát, de thoil a chéile, suíomh institiúidí an Aontais.

### *Airteagal 342*

(sean-Airteagal 290 CCE)

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú trí bhíthin rialachán di d’aon toil, na rialacha i dtaobh theangacha institiúidí an Aontais a chinneadh, gan dochar do na forálacha atá i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 343*

(sean-Airteagal 291 CCE)

Beidh ag an Aontas, i gcríocha na mBallstát, na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha atá leagtha síos i bPrótacal an 8 Aibreán 1965 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh. Is mar an gcéanna a bheidh maidir leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

*Airteagal 344*

(sean-Airteagal 292 CCE)

Gabhann na Ballstáit orthu féin nach gcuirfidh siad díospóid maidir le léiriú nó feidhmiú na gConarthaí á réiteach ar mhodh ar bith seachas mar a fhoráiltear iontu.

*Airteagal 345*

(sean-Airteagal 295 CCE)

Ní dhéanfaidh na Conarthaí dochar ar dhóigh ar bith do na rialacha a bhaineann leis an gcóras úinéireachta maoine i mBallstáit.

*Airteagal 346*

(sean-Airteagal 296 CCE)

1. Ní chuirfidh forálacha na gConarthaí bac ar fheidhmiú na rialacha seo a leanas:

(a) ní bheidh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála;

(b) féadfaidh aon Bhallstát cibé bearta is gá leis a ghlacadh chun leasanna bunúsacha a shlándála a chosaint agus ar bearta iad a bhaineann le hairm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a thrádáil. Ní foláir, áfach, gan na bearta sin a dhul chun dochair do na coinníollacha iomaíochta sa mhargadh inmheánach i gcás táirgí nach bhfuil ceaptha chun críoch míleata go sonrach.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, athruithe a dhéanamh ar an liosta a tharraing sí suas ar an 15 Aibreán 1958 de na táirgí a bhfuil forálacha phointe (b) de mhír 1 infheidhme orthu.

*Airteagal 347*

(sean-Airteagal 297 CCE)

Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile d'fhonn go ndéanfar i gcomhar na nithe is gá chun nach gcoiscfí feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh mar gheall ar bhearta a bheadh le déanamh ag Ballstát i gcás suaitheadh tromchúiseach inmheánach a dhul i gcion ar an ord poiblí, i gcás cogaidh nó i gcás mórtheannas idirnáisiúnta a mbeadh bagairt chogaidh ann, nó chun oibleagáidí a chomhlíonadh a bhí glactha aige d'fhonn an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choimeád.

*Airteagal 348*

(sean-Airteagal 298 CCE)

Más rud é go dtiocfaidh de na bearta a ghlacfar sna himthosca dá dtagraítear in Airteagail 346 agus 347 saobhadh ar na coinníollacha iomaíochta sa mhargadh inmheánach, scrúdóidh an Coimisiún an scéal, i gcomhar leis an Stát atá i gceist, féachaint conas is féidir na bearta sin a oiriúnú do na rialacha atá leagtha síos sna Conarthaí.

De mhaolú ar an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagail 258 agus 259, féadfaidh an Coimisiún nó aon Bhallstát an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais go díreach má mheasann sé go bhfuil Ballstát eile ag baint mí-úsáid as na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 346 agus 347. Tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a breith i gcúirt iata.

*Airteagal 349*

(sean-Airteagal 299(2), an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír, CCE)

Ag tabhairt aird ar staid shóisialta agus eacnamaíoch struchtúrach Ghuadalúip, Ghuáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Saint-Barthélemy, Saint-Martin, na nAsór, Mhaidéara agus na nOileán Canárach, staid is measa fós mar gheall ar a n-iargúltacht, a n-oileánachas, a mbeagmhéid, a dtopagrafaíocht agus a n-aeráid achrannach, agus a spleáchas eacnamaíoch ar bheagán táirgí, a ndéanann a mbuaine agus comhcheangal díobh mórdhochar dá bhforbairt, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, bearta sonracha a ghlacadh a mbeidh sé d'aidhm acu, ach go háirithe, na coinníollacha a leagan síos chun na Conarthaí, lena n-áirítear comhbheartais, a chur i bhfeidhm ar na réigiúin sin. Nuair a ghlacfaidh an Chomhairle na bearta sonracha i dtrácht i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, gníomhóidh sí freisin ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Bainfidh na bearta dá dtagraítear sa chéad mhír go háirithe le réimsí amhail beartais chustaim agus trádála, beartas fioscach, saorlimistéir, beartais talmhaíochta agus iascaigh, coinníollacha maidir le soláthar amhábhar agus earraí tomhaltais fíor-riachtanacha, státchabhracha agus coinníollacha rochtana ar chistí struchtúracha agus ar chláir chothrománacha Aontais.

Glacfaidh an Chomhairle na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír ag cur ghnéithe agus shrianta speisialta na réigiún is forimeallaí san áireamh ach gan baint d'iomláine ná de chomhchuibheas dhlíchóras an Aontais, lena n-áirítear an margadh inmheánach agus na comhbheartais.

*Airteagal 350*

(sean-Airteagal 306 CCE)

Ní chuirfidh forálacha na gConarthaí bac le haontais réigiúnacha idir an Bheilg agus Lucsamburg, nó idir an Bheilg, Lucsamburg agus an Ísiltír, a bheith ann nó a chomhlánú, sa mhéid nach bhfuil aidhmeanna na n-aontas réigiúnach sin á ngnóthú trí fheidhmiú na gConarthaí.

*Airteagal 351*

(sean-Airteagal 307 CCE)

Ní dhéanfaidh forálacha na gConarthaí difear do na cearta agus na hoibleagáidí a éiríonn as comhaontuithe a tugadh i gcrích roimh an 1 Eanáir 1958, nó i gcás Stát aontach, roimh dháta a n-aontachais, idir Ballstát nó Ballstáit ar thaobh amháin agus tríú tír nó tríú tíortha ar an taobh eile.

Sa mhéid nach bhfuil na comhaontuithe sin ag luí leis na Conarthaí, glacfaidh an Ballstát nó na Ballstáit áirithe gach slí iomchuí chun deireadh a chur leis an neamhluí sin. Nuair is gá, cabhróidh na Ballstáit le chéile chun na críche sin agus glacfaidh siad comhdhearcadh nuair is iomchuí sin.

Ag cur na gcomhaontuithe dá dtagraítear sa chéad mhír chun feidhme dóibh, cuirfidh na Ballstáit san áireamh gur cuid dhílis de bhunú an Aontais na buntáistí a fhaightear faoi na Conarthaí ó gach Ballstát agus uime sin go bhfuil siad i ndlúthnasc doscartha le bunú comhinstitiúidí, le cumhachtaí a thabhairt dóibh, agus leis na buntáistí céanna a bheith á ndeonú ag na Ballstáit eile go léir.

*Airteagal 352*

(sean-Airteagal 308 CCE)

1. Más cosúil gur gá gníomhaíocht ag an Aontas, faoi chuimsiú na mbeartas atá sainithe sna Conarthaí, chun ceann de na cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a bhaint amach agus nach dtugtar sna Conarthaí na cumhachtaí is gá, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, na forálacha iomchuí a ghlacadh. Má ghlacann an Chomhairle na forálacha atá i gceist i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, gníomhóidh sí freisin d'aon toil, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

2. Faoi chuimsiú an nós imeachta chun faireachán a dhéanamh ar phrionsabal na coimhdeachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tarraingeoidh an Coimisiún aird na bParlaimintí náisiúnta ar na tograí arna mbunú ar an Airteagal seo.

3. Ní bheidh mar thoradh ar bhearta arna mbunú ar an Airteagal seo comhchuibhiú ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát sna cásanna ina n-eisiatar comhchuibhiú den sórt sin leis na Conarthaí.

4. Ní fhéadfar an tAirteagal seo a úsáid mar bhunús chun cuspóir a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála a bhaint amach agus urramóidh gach gníomh a ghlacfar i gcomhréir leis an Airteagal seo na teorainneacha a leagtar amach sa dara mír d'Airteagal 40 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

### *Airteagal 353*

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 48(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir leis na hAirteagail seo a leanas:

— Airteagal 311, an tríú mír agus an ceathrú mír,

— Airteagal 312(2), an chéad mhír,

— Airteagal 352, agus

— Airteagal 354.

### *Airteagal 354*

(sean-Airteagal 309 CCE)

Chun críocha Airteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bhaineann le cearta áirithe a leanann ó bhallraíocht san Aontas a fhionraí, ní ghlacfaidh an comhalta den Chomhairle Eorpach nó den Chomhairle a ionadaíonn don Bhallstát i dtrácht páirt sa vótáil agus ní chuirfear an Ballstát i dtrácht san áireamh nuair a bheidh trian nó ceithre chúigiú de na Ballstáit dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal sin á ríomh. Ní choiscfidh staonadh ó vótáil ag comhaltaí atá i láthair go pearsanta nó a n-ionadaítear dóibh ar na cinntí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal thuasluaite a ghlacadh.

D'fhonn na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 7(3) agus (4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a ghlacadh, saineofar tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(b) den Chonradh seo.

Nuair a dhéanfaidh an Chomhairle, tar éis cinneadh a ghlacadh cearta vótála a fhionraí i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, gníomhú trí thromlach cáilithe ar bhonn ceann d'fhorálacha na gConarthaí, saineofar an tromlach cáilithe sin i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(b) den Chonradh seo nó, nuair a ghníomhóidh an Chomhairle ar thogra ón gCoimisiún nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a).

Chun críocha Airteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, gníomhóidh Parlaimint na hEorpa trí thromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh, a bheidh in ionannas le tromlach na gcomhaltaí a chomhdhéanann í.

### *Airteagal 355*

(sean-Airteagal 299(2), an chéad mhír, agus (3) go (6) CCE)

Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas chomh maith le forálacha Airteagal 52 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le raon feidhme críochach na gConarthaí.

1. Beidh feidhm ag forálacha na gConarthaí maidir le Guadalúip, le Guáin na Fraince, le Martinique, le La Réunion, le Saint-Barthélemy, le Saint-Martin, leis na hAsóir, le Maidéara agus leis na hOileáin Chanáracha, i gcomhréir le hAirteagal 349.

2. Bainfidh na socruithe speisialta i dtaobh comhlachais atá leagtha amach i gCuid a Ceathair leis na tíortha agus na críocha thar lear atá luaite sa liosta in Iarscríbhinn II.

Ní bhainfidh na Conarthaí leis na tíortha agus na críocha thar lear a bhfuil caidreamh speisialta acu le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus nach bhfuil luaite sa liosta réamhráite.

3. Bainfidh forálacha na gConarthaí leis na críocha Eorpacha a bhfuil Ballstát freagrach ina gcaidreamh eachtrach.

4. Beidh forálacha na gConarthaí infheidhme ar Oileáin Åland i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach i bPrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

5. De mhaolú ar Airteagal 52 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ar mhíreanna 1 go 4 den Airteagal seo:

(a) ní bheidh na Conarthaí infheidhme ar Oileáin Fharó;

(b) ní bheidh feidhm ag na Conarthaí maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Akrotiri agus Dhekelia de chuid Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir ach amháin a mhéad is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na socruithe atá leagtha amach sa Phrótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach agus i gcomhréir le téarmaí an Phrótacail sin;

(c) ní bhainfidh forálacha na gConarthaí le hOileáin Mhuir nIocht ná le hOileán Mhanann ach a mhéad is gá chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an córas dá bhforáiltear do na hoileáin sin sa Chonradh i dtaobh aontachas na mBallstát nua le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh an 22 Eanáir 1972.

6. Féadfaidh an Chomhairle Eorpach, ar thionscnamh ón mBallstát i dtrácht, cinneadh a ghlacadh lena leasófar an stádas i leith an Aontais atá ag tír nó ag críoch de chuid na Danmhairge, na Fraince nó na hÍsiltíre dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Gníomhóidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

### *Airteagal 356*

(sean-Airteagal 312 CCE)

Tá an Conradh seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

### *Airteagal 357*

(sean-Airteagal 313 CCE)

Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin. Más rud é, áfach, go ndéanfar an taisceadh sin faoi bhun cúig lá dhéag roimh thús na míosa le teacht, ní thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm go dtí an chéad lá den dara mí tar éis dháta an taiscthe sin.

*Airteagal 358*

Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 55 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir leis an gConradh seo.

DÁ FHIANÚ SIN chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gConradh seo.

Arna dhéanamh sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

*(liosta na sínitheoirí gan atáirgeadh)*

# PRÓTACAIL

# PRÓTACAL (Uimh. 1)

## MAIDIR LE RÓL NA bPARLAIMINTÍ NÁISIÚNTA SAN AONTAS EORPACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH gur ceist a bhaineann le heagrúchán agus le cleachtas bunreachtúil gach Ballstáit é an dóigh a ndéanann na Parlaimintí náisiúnta grinnscrúdú ar a rialtas féin i ndáil le gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh,

ÓS MIAN LEO níos mó rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chothú sna Parlaimintí náisiúnta agus feabhas a chur ar a n-ábaltacht a ndearcadh a nochtadh ar dhréachtghníomhartha reachtacha an Aontais Eorpaigh agus ar ábhair eile a bhfuil suim ar leith acu iontu,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

## TEIDEAL I

### FAISNÉIS LE hAGHAIDH NA bPARLAIMINTÍ NÁISIÚNTA

*Airteagal 1*

Cuirfidh an Coimisiún gach doiciméad comhairliúcháin dá chuid (páipéir ghlasa, páipéir bhána agus cumarsáidí) chuig na Parlaimintí náisiúnta go díreach ar iad a fhoilsiú. Cuirfidh an Coimisiún an clár reachtach bliantúil mar aon le gach ionstraim eile a bhaineann le pleanáil reachtach nó beartas chuig na Parlaimintí náisiúnta freisin san am céanna a gcuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle iad.

*Airteagal 2*

Dréachtghníomhartha reachtacha a chuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, cuirfear chuig na Parlaimintí náisiúnta iad.

Chun críocha an Phrótacail seo, ciallaíonn "dréachtghníomhartha reachtacha" tograí ón gCoimisiún, tionscnaimh ó ghrúpa Ballstát, tionscnaimh ó Pharlaimint na hEorpa, iarrataí ón gCúirt Bhreithiúnais, moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach agus iarrataí ón mBanc Eorpach Infheistíochta, d'fhonn gníomh reachtach a ghlacadh.

Dréachtghníomhartha reachtacha a eascróidh ón gCoimisiún, cuirfidh an Coimisiún go díreach chuig na Parlaimintí náisiúnta iad san am céanna a gcuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle iad.

Dréachtghníomhartha reachtacha a eascróidh ó Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh Parlaimint na hEorpa go díreach chuig na Parlaimintí náisiúnta iad.

Dréachtghníomhartha reachtacha a eascróidh ó ghrúpa Ballstát, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ón mBanc Eorpach Infheistíochta, cuirfidh an Chomhairle chuig na Parlaimintí náisiúnta iad.

*Airteagal 3*

Féadfaidh na Parlaimintí náisiúnta tuairim réasúnaithe a chur chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, chuig Uachtarán na Comhairle agus chuig Uachtarán an Choimisiúin á rá an gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta, de réir an nós imeachta a leagtar síos sa Phrótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

Más ó ghrúpa Ballstát a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach, cuirfidh Uachtarán na Comhairle an tuairim nó na tuairimí réasúnaithe chuig rialtais na mBallstát sin.

Más ón gCúirt Bhreithiúnais, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ón mBanc Eorpach Infheistíochta a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach, cuirfidh Uachtarán na Comhairle an tuairim nó na tuairimí réasúnaithe chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht i dtrácht.

*Airteagal 4*

Rachaidh tréimhse ocht seachtaine in éag idir an dáta a gcuirfear dréachtghníomh reachtach ar fáil do na Parlaimintí náisiúnta i dteangacha oifigiúla an Aontais agus an dáta a gcuirfear ar chlár oibre sealadach na Comhairle é lena ghlacadh nó le seasamh a ghlacadh faoi chuimsiú nós imeachta reachtaigh. Féadfaidh eisceachtaí i gcásanna práinne a bheith ann a sonrófar na cúiseanna atá leo i ngníomh nó i seasamh na Comhairle. Ach amháin i gcásanna práinneacha a bhfuil cúiseanna cuí tugtha ina leith, ní fhéadfar teacht ar aon chomhaontú ar dhréachtghníomh reachtach le linn na n-ocht seachtaine sin. Ach amháin i gcásanna práinneacha a bhfuil cúiseanna cuí tugtha ina leith, rachaidh tréimhse deich lá in éag idir dréachtghníomh reachtach a chur ar chlár oibre sealadach na Comhairle agus seasamh a ghlacadh.

*Airteagal 5*

Na cláir oibre do chruinnithe na Comhairle mar aon le torthaí na gcruinnithe sin, lena n-áirítear miontuairiscí na gcruinnithe ina mbíonn dréachtghníomhartha reachtacha á bplé ag an gComhairle, cuirfear go díreach chuig na Parlaimintí náisiúnta san am céanna a gcuirfear chuig rialtais na mBallstát iad.

*Airteagal 6*

Nuair a bheidh sé ar intinn ag an gComhairle Eorpach leas a bhaint as an gcéad fhomhír nó as an dara fomhír d'Airteagal 48(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfear na Parlaimintí náisiúnta ar an eolas faoin tionscnamh ón gComhairle Eorpach sé mhí ar a laghad sula nglacfar aon chinneadh.

*Airteagal 7*

Cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí a tuarascáil bhliantúil chuig na Parlaimintí náisiúnta mar eolas san am céanna a gcuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle í.

*Airteagal 8*

Nuair nach seomra amháin atá sa chóras parlaiminteach náisiúnta, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 7 maidir le seomraí a chomhdhéanta.

## TEIDEAL II

## COMHAR IDIRPHARLAIMINTEACH

*Airteagal 9*

Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta i gcomhar le chéile conas an comhar idirpharlaiminteach a eagrú agus a chur chun cinn go héifeachtúil tráthrialta san Aontas.

*Airteagal 10*

Féadfaidh Comhdháil de na Coistí Parlaiminteacha um Ghnóthaí an Aontais aon rannchuidiú a mheasann sí is iomchuí a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin. Ina theannta sin, cuirfidh an Chomhdháil sin chun cinn malartú faisnéise agus dea-chleachtais idir na Parlaimintí náisiúnta agus Parlaimint na hEorpa, go fiú idir a gcoistí speisialta. Féadfaidh sí comhdhálacha idirpharlaiminteacha a eagrú freisin ar théamaí sonracha, go háirithe chun ábhair a phlé a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, lena n-áirítear an comhbheartas slándála agus cosanta. Ní bheidh rannchuidithe ón gComhdháil ina gceangal ar na Parlaimintí náisiúnta ná ní dhéanfaidh siad réamhbhreith ar a seasaimh.

# PRÓTACAL (Uimh. 2)

## MAIDIR LE PRIONSABAIL NA COIMHDEACHTA AGUS NA COMHRÉIREACHTA A CHUR I bhFEIDHM

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO a áirithiú go nglacfar cinntí ar leibhéal chomh gar agus is féidir do shaoránaigh an Aontais,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, mar atá siad leagtha síos in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a bhunú, agus córas a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bprionsabal sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Féachfaidh gach institiúid chuige go ndéanfar prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, mar atá siad leagtha síos in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a urramú i gcónaí.

*Airteagal 2*

Sula ndéanfaidh sé gníomh reachtach a mholadh, glacfaidh an Coimisiún comhairle go forleathan. Cuirfidh na comhairliúcháin sin san áireamh, más iomchuí, éirim réigiúnach agus áitiúil na gníomhaíochta arna beartú. Má tá práinn eisceachtúil ann, ní ghlacfaidh an Coimisiún comhairle amhlaidh. Tabharfaidh sé cúiseanna leis an gcinneadh sin ina thogra.

*Airteagal 3*

Chun críocha an Phrótacail seo, ciallaíonn “dréachtghníomhartha reachtacha” tograí ón gCoimisiún, tionscnaimh ó ghrúpa Ballstát, tionscnaimh ó Pharlaimint na hEorpa, iarrataí ón gCúirt Bhreithiúnais, moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach agus iarrataí ón mBanc Eorpach Infheistíochta d’fhonn gníomh reachtach a ghlacadh.

*Airteagal 4*

Cuirfidh an Coimisiún a dhréachtghníomhartha reachtacha agus a dhréachtaí leasaithe chuig na Parlaimintí náisiúnta san am céanna a gcuirfear chuig reachtóir an Aontais iad.

Cuirfidh Parlaimint na hEorpa a dréachtghníomhartha reachtacha agus a dréachtaí leasaithe chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cuirfidh an Chomhairle chuig na Parlaimintí náisiúnta na dréachtghníomhartha reachtacha a eascraíonn ó ghrúpa Ballstát, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ón mBanc Eorpach Infheistíochta, mar aon leis na dréachtaí leasaithe.

Ar iad a ghlacadh, cuirfidh Parlaimint na hEorpa a rúin reachtacha chuig na Parlaimintí náisiúnta agus cuirfidh an Chomhairle a cuid seasamh chucu.

*Airteagal 5*

Déanfar na dréachtghníomhartha reachtacha a fhírinniú i ndáil le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Is cóir ráiteas mionsonraithe a bheith i ngach dréachtghníomh reachtach ionas gur féidir a mheas an ndéantar prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chomhlíonadh. Is cóir a bheith sa ráiteas sin freisin measúnú áirithe ar iarmhairt airgeadais an togra agus, más treoir atá ann, measúnú ar a himpleachtaí maidir leis na rialacha atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit, lena n-áirítear, más gá, an reachtaíocht réigiúnach. Tabharfar táscairí cáilíochtúla, agus, nuair is féidir, táscairí cainníochtúla mar bhunús leis na cúiseanna ar dá mbun a chonclúidítear gur fearr is féidir cuspóir de chuid an Aontais a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Déanfar aird a thabhairt leis na dréachtghníomhartha reachtacha ar an ngá atá ann aon ualach, bíodh sé ina ualach airgeadais nó ina ualach riarthach, a bheidh ar an Aontas, ar rialtais náisiúnta, ar údaráis réigiúnacha nó áitiúla, ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar shaoránaigh, a íosmhéadú agus é a bheith comhchuimseach leis an gcuspóir a bheidh le gnóthú.

*Airteagal 6*

Féadfaidh aon Pharlaimint náisiúnta nó aon seomra de chuid Parlaiminte náisiúnta, laistigh d'ocht seachtaine ón dáta a gcuirfear dréachtghníomh reachtach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh chuig an bParlaimint nó chuig an seomra sin, tuairim réasúnaithe a chur chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin á rá cad chuige a measann sé nó sí nach gcomhlíonann an dréacht i gceist prionsabal na coimhdeachta. Is faoi gach Parlaimint náisiúnta nó faoi gach seomra de chuid Parlaiminte náisiúnta dul i gcomhairle, nuair is iomchuí, le Parlaimintí réigiúnacha a bhfuil cumhachtaí reachtacha acu.

Más ó ghrúpa Ballstát a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach, cuirfidh Uachtarán na Comhairle an tuairim chuig rialtais na mBallstát sin.

Más ón gCúirt Bhreithiúnais, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ón mBanc Eorpach Infheistíochta a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach, cuirfidh Uachtarán na Comhairle an tuairim chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht i dtrácht.

*Airteagal 7*

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus más iomchuí, an grúpa Ballstát, an Chúirt Bhreithiúnais, an Banc Ceannais Eorpach nó an Banc Eorpach Infheistíochta, más uathu a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach, na tuairimí réasúnaithe ó na Parlaimintí náisiúnta nó ó sheomra de Pharlaimint náisiúnta a chur san áireamh.

Beidh dhá vóta ag gach Parlaimint náisiúnta, arna gcionroinnt ar bhonn an chórais pharlaimintigh náisiúnta. Má tá córas parlaiminteach ann ina bhfuil dhá sheomra, beidh vóta amháin ag gach ceann den dá sheomra.

2. Nuair a bhíonn tuairimí réasúnaithe á rá nach gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta in ionannas le trian ar a laghad de na vótaí uile arna gcionroinnt ar na Parlaimintí náisiúnta i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1, ní mór an dréacht a athbhreithniú. Beidh an tairseach sin in ionannas leis an gceathrú cuid más dréachtghníomh reachtach é arna thíolacadh ar bhonn Airteagal 76 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

Ar athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún nó, más iomchuí, an grúpa Ballstát, Parlaimint na hEorpa, an Chúirt Bhreithiúnais, an Banc Ceannais Eorpach nó an Banc Eorpach Infheistíochta, más uathu a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach, a chinneadh an dréacht a choimeád ar bun, a leasú nó a tharraingt siar. Ní mór cúiseanna a thabhairt don chinneadh sin.

3. Ina theannta sin, faoi chuimsiú an ghnáthnós imeachta reachtaigh, nuair a bhíonn tuairimí réasúnaithe á rá nach gcomhlíonann togra do ghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta in ionannas le tromlach simplí na vótaí uile arna gcionroinnt ar na Parlaimintí náisiúnta i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1, ní mór an togra a athbhreithniú. Ar athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an togra a choimeád ar bun, a leasú nó a tharraingt siar.

Má roghnaíonn an Coimisiún an togra a choimeád ar bun, beidh air a fhírinniú i dtuairim réasúnaithe cad chuige a measann sé go gcomhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta. Ní foláir an tuairim réasúnaithe sin maille leis na tuairimí réasúnaithe ó na Parlaimintí náisiúnta a chur faoi bhráid reachtóir an Aontais chun go dtabharfar aird orthu faoi chuimsiú an nós imeachta:

(a) sula gcríochnófar an chéad léamh, féachfaidh an reachtóir (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle) an gcomhlíonann an togra reachtach prionsabal na coimhdeachta, agus na cúiseanna a agraíonn agus a pháirtíonn tromlach na bParlaimintí náisiúnta agus an tuairim réasúnaithe ón gCoimisiún á gcur san áireamh aige;

(b) más rud é gurb é tuairim an reachtóra, trí thromlach 55 % de chomhaltaí na Comhairle nó trí thromlach na vótaí arna gcaitheamh i bParlaimint na hEorpa, nach gcomhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta, ní leanfar leis an togra reachtach a phlé.

*Airteagal 8*

Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcaingne mar gheall ar ghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta a shárú, arna dtionscnamh ag Ballstáit i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear in Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó arna gcur in iúl acu i gcomhréir lena ndlíchóras thar ceann a bParlaiminte náisiúnta nó thar ceann seomra den Pharlaimint sin.

I gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear san Airteagal sin, féadfaidh Coiste na Réigiún caingne den sórt sin a thionscnamh freisin in aghaidh na ngníomhartha reachtacha sin dá bhforáiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nach mór dul i gcomhairle leis chun iad a ghlacadh.

*Airteagal 9*

Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil gach bliain don Chomhairle Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do na Parlaimintí náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil sin freisin chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún.

# PRÓTACAL (Uimh. 3)

## AR REACHT CHÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear in Airteagal 281 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a leagan síos,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

*Airteagal 1*

Comhdhéanfar Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus feidhmeoidh sí de réir fhorálacha na gConarthaí, an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh CEFA) agus an Reachta seo.

## TEIDEAL I

### BREITHIÚNA AGUS ABHCÓIDÍ GINEARÁLTA

*Airteagal 2*

Sula rachaidh sé i mbun a dhualgas glacfaidh gach Breitheamh mionn, os comhair na Cúirte Breithiúnais, ina suí di i gcúirt oscailte, go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfadh sé plé na Cúirte faoi rún.

*Airteagal 3*

Beidh na breithiúna díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla. Tar éis dóibh scor dá n-oifig, leanfaidh siad de dhíolúine a bheith acu i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ina suí di mar chúirt iomlán, an díolúine a tharscaoileadh. Má bhaineann an bhreith le comhalta den Chúirt Ghinearálta nó le comhalta de chúirt speisialaithe, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith tar éis dul i gcomhairle leis an gcúirt lena mbaineann.

I gcás inar tarscaoileadh díolúine agus ina dtionscnófar imeachtaí coiriúla i gcoinne Breithimh, ní intriailte é, in aon cheann de na Ballstáit, ach amháin ag an gCúirt atá inniúil ar bhreithiúnas a thabhairt ar na breithiúna is airde dlínse náisiúnta.

Beidh Airteagail 11 go 14 agus Airteagal 17 den Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh infheidhme ar Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta, Cláraitheoir agus Rapóirtéirí Cúnta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, gan dochar do na forálacha a bhaineann le Breithiúna a bheith díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla agus atá leagtha amach sna míreanna sin roimhe seo.

*Airteagal 4*

Ní fhéadfaidh na Breithiúna oifig pholaitíochta ná riaracháin a shealbhú.

Ní fhéadfaidh siad bheith ag gabháil d'aon slí bheatha, sochrach ná neamhshochrach, mura dtabharfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí, díolúine d'eisceacht.

Nuair a rachaidh siad i mbun a ndualgas, tabharfaidh siad gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh sin, na hoibleagáidí a bheidh orthu de bharr na hoifige sin, go háirithe an dualgas chun bheith ionraic discréideach maidir le ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis dóibh scor dá n-oifig.

Déanfar aon amhras ina thaobh sin a shocrú le breith ón gCúirt Bhreithiúnais. Má bhaineann an bhreith le comhalta den Chúirt Ghinearálta nó le comhalta de chúirt speisialaithe, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith tar éis dul i gcomhairle leis an gcúirt lena mbaineann.

*Airteagal 5*

Amach ó ghnáthathrú ar Bhreithiúna, nó i gcás breitheamh d'fháil bháis, críochnóidh dualgais Bhreithimh ar é d'éirí as oifig.

Nuair a éireoidh Breitheamh as oifig, díreofar a litir ag éirí as oifig chuig Uachtarán na Cúirte Breithiúnais lena tarchur chuig Uachtarán na Comhairle. Ar an bhfógra sin a thabhairt beidh folúntas ar an mBinse.

Ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 6, fanfaidh Breitheamh i seilbh a oifige go dtí go rachaidh a chomharba i mbun a dhualgas.

*Airteagal 6*

Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de Bhreitheamh, ach amháin más rud é, i dtuairim d'aon toil Bhreithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh. Ní ghlacfaidh an Breitheamh a bheidh i gceist páirt in aon phlé den sórt sin. Más comhalta den Chúirt Ghinearálta nó de chúirt speisialaithe an duine lena mbaineann, tabharfaidh an Chúirt breith tar éis dul i gcomhairle leis an gcúirt lena mbaineann.

Cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte breith na Cúirte in iúl d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus d'Uachtarán an Choimisiúin agus tabharfaidh sé fógra faoi d'Uachtarán na Comhairle.

I gcás breithe ag baint a oifige de Bhreitheamh, beidh folúntas ar an mBinse nuair a thabharfar an fógra sin is déanaí atá luaite.

*Airteagal 7*

Breitheamh a ghabhfaidh ionad comhalta den Chúirt nach bhfuil a théarma oifige caite, ceapfar é go ceann a bhfuil fágtha de théarma a réamhtheachtaí.

*Airteagal 8*

Bainfidh forálacha Airteagail 2 go 7 leis na hAbhcóidí Ginearálta.

## TEIDEAL II

## EAGRÚ NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS

*Airteagal 9*

Nuair a athrófar cuid de na Breithiúna gach trí bliana, athrófar ceithre Bhreitheamh déag agus trí Bhreitheamh déag díobh gach re seach.

Nuair a athrófar cuid de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana, athrófar ceathrar Abhcóidí Ginearálta ar gach ócáid.

*Airteagal 10*

Glacfaidh an Cláraitheoir mionn os comhair na Cúirte Breithiúnais go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh sé plé na Cúirte faoi rún.

*Airteagal 11*

Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais socrú chun duine a dhul in ionad an Chláraitheora ar ócáidí nach féidir dó freastal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

*Airteagal 12*

Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile ag gabháil leis an gCúirt Bhreithiúnais ionas go bhféadfaidh sí feidhmiú. Beidh siad freagrach don Chláraitheoir faoi údarás an Uachtaráin.

*Airteagal 13*

Ar iarraidh ón gCúirt Bhreithiúnais, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, foráil a dhéanamh chun Rapóirtéirí Cúnta a cheapadh agus na rialacha a leagan síos a rialóidh a seirbhís. Féadfar a cheangal ar Rapóirtéirí Cúnta, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta, páirt a ghlacadh i réamhfhiosrúcháin i gcásanna atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais agus comhoibriú leis an mBreitheamh a ghníomhaíonn mar Rapóirtéir.

Roghnófar na Rapóirtéirí Cúnta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil na cáilíochtaí dlí acu is gá; is í an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí, a cheapfaidh iad. Glacfaidh siad mionn os comhair na Cúirte go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh siad plé na Cúirte faoi rún.

*Airteagal 14*

Beidh de cheangal ar na Breithiúna, ar na hAbhcóidí Ginearálta agus ar an gCláraitheoir cónaí san áit a bhfuil suíomh na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 15*

Leanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais go buan ar seisiún. Cinnfidh an Chúirt, ag féachaint go cuí do riachtanais a gnó, tréimhsí na saoire breithiúnta.

*Airteagal 16*

Cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais eagar dlísheomraí de thriúr agus de chúigear Breithiúna uirthi féin. Toghfaidh na Breithiúna Uachtaráin na ndlísheomraí as a líon féin. Toghfar Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu go ceann téarma trí bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.

Trí Bhreitheamh déag a bheidh ar an Mór-Dhlísheomra. Uachtarán na Cúirte a bheidh ina uachtarán air. Is cuid den Mhór-Dhlísheomra freisin Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu agus Breithiúna eile arna gceapadh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Suífidh an Chúirt mar Mhór-Dhlísheomra arna iarraidh sin do Bhallstát nó d'institiúid de chuid an Aontais is páirtí sna himeachtaí.

Suífidh an Chúirt mar chúirt iomlán nuair a thugtar cásanna os a comhair de bhun Airteagal 228(2), Airteagal 245(2), Airteagal 247 nó Airteagal 286(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Fairis sin, nuair a mheasann sí go bhfuil mórthábhacht ag roinnt le cás os a comhair, féadfaidh an Chúirt a chinneadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, an cás a tharchur chuig an gcúirt iomlán.

*Airteagal 17*

Ní bheidh breitheanna na Cúirte Breithiúnais bailí ach amháin nuair is uimhir chorr dá comhaltaí a bheidh ina suí le linn an phlé.

Ní bheidh breitheanna na ndlísheomraí a bhfuil triúr nó cúigear Breithiúna iontu bailí ach amháin má ghlacann triúr Breithiúna iad.

Ní bheidh breitheanna an Mhór-Dhlísheomra bailí ach amháin má tá naonúr Breithiúna ina suí.

Ní bheidh breitheanna na Cúirte iomláine bailí ach amháin má tá cúig Bhreitheamh déag ina suí.

Mura féidir do dhuine de na Breithiúna as dlísheomra bheith i láthair, féadfar glaoch ar Bhreitheamh dlísheomra eile chun suí i gcomhréir le coinníollacha arna leagan síos sna rialacha nós imeachta.

*Airteagal 18*

Ní fhéadfaidh aon Bhreitheamh ná Abhcóide Ginearálta páirt a ghlacadh i dtriail aon cháis inar ghlac sé páirt roimhe sin mar ghníomhaire nó comhairleoir nó inar ghníomhaigh sé thar ceann duine de na páirtithe, nó inar glaodh air breith a thabhairt mar chomhalta de chúirt nó de bhinse, de choimisiún fiosrúcháin nó in aon cháil eile.

Má mheasann aon Bhreitheamh nó Abhcóide Ginearálta nach ceart dó, ar chúis speisialta éigin, páirt a ghlacadh sa bhreithiúnacht nó sa scrúdú ar aon chás áirithe, cuirfidh sé é sin in iúl don Uachtarán. Má mheasann an tUachtarán, ar chúis speisialta éigin, nach ceart go suífeadh Breitheamh nó Abhcóide Ginearálta áirithe, nó go ndéanfadh sé aighneachtaí i gcás áirithe, cuirfidh sé sin in iúl dó.

Socrófar le breith ón gCúirt Bhreithiúnais aon deacracht a éireoidh maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme.

Ní fhéadfaidh páirtí athrú ar chomhdhéanamh na Cúirte ná dlísheomra dá cuid a iarraidh mar gheall ar náisiúntacht Bhreithimh nó toisc Breitheamh de náisiúntacht an pháirtí sin a bheith as láthair ón gCúirt nó ón dlísheomra.

## TEIDEAL III

## NÓS IMEACHTA OS COMHAIR NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS

*Airteagal 19*

Beidh gníomhaire a cheapfar do gach cás ag Ballstáit agus institiúidí an Aontais chun feidhmiú ar a son os comhair na Cúirte Breithiúnais; féadfaidh an gníomhaire comhairleoir nó dlíodóir a bheith aige de chúnamh dó.

Beidh na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear sa Chomhaontú sin ionadaithe ar an gcuma chéanna.

Caithfidh páirtithe eile dlíodóir a bheith acu chun feidhmiú ar a son.

Dlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirte de chuid Ballstáit nó de chuid Stáit eile is páirtí sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, eisean amháin a fhéadfaidh ionadú do pháirtí nó bheith de chúnamh aige os comhair na Cúirte.

Beidh ag na gníomhairí, na comhairleoirí agus na dlíodóirí sin nuair a láithreoidh siad os comhair na Cúirte, na cearta agus na díolúintí is gá lena ndualgais a fheidhmiú go neamhspleách, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Maidir leis na comhairleoirí agus na dlíodóirí a láithreoidh os a comhair, beidh ag an gCúirt na cumhachtaí a thugtar de ghnáth do chúirteanna dlí, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Múinteoirí ollscoile is náisiúnaigh de Bhallstát a dtugann a dhlí ceart éisteachta dóibh, beidh acu os comhair na Cúirte na cearta céanna a thugtar leis an Airteagal seo do dhlíodóirí.

*Airteagal 20*

Roinnfear an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais ina dhá chuid: i scríbhinn agus ó bhéal.

Is éard é an nós imeachta i scríbhinn, iarratais, ráitis cháis, cosaintí agus tuairimí, agus freagraí, más ann, mar aon leis na páipéir agus na doiciméid uile i dtaca leo, nó cóipeanna deimhnithe díobh, a chur chuig na páirtithe agus chuig institiúidí de chuid an Aontais a bhfuil a gcinntí faoi dhíospóid.

Cuirfidh an Cláraitheoir na nithe sin chucu san ord agus laistigh den am a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Is éard é an nós imeachta ó bhéal, an tuarascáil a léamh a thíolaic Breitheamh ag gníomhú dó mar Rapóirtéir, an Chúirt d'éisteacht gníomhairí, comhairleoirí agus dlíodóirí, agus aighneachtaí ón Abhcóide Ginearálta agus, ina theannta sin, má bhíonn ann, finnéithe agus saineolaithe a éisteacht.

Má mheasann sí nach n-ardaíonn an cás aon phonc nua dlí, féadfaidh an Chúirt a chinneadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go dtabharfar breith ar an gcás gan aighneacht ón Abhcóide Ginearálta.

*Airteagal 21*

Tabharfar cás os comhair na Cúirte Breithiúnais trí iarratas i scríbhinn arna dhíriú chuig an gCláraitheoir. Beidh san iarratas ainm agus buanseoladh an iarratasóra agus tuairisc an tsínitheora, ainm an pháirtí nó ainmneacha na bpáirtithe ar ina choinne nó ina gcoinne a dhéantar an t-iarratas, ábhar na díospóide, an saghas ordaithe atá á lorg agus ráiteas gearr ar na pléadálacha dlí ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe.

Beidh ag gabháil leis an iarratas, nuair is cuí sin, an beart a bhfuil a neamhniú á iarraidh nó, sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 265 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh fianaise dhoiciméid ar an dáta a iarradh ar institiúid gníomhú, de réir an Airteagail sin. Mura gcuirfear na doiciméid isteach i dteannta an iarratais, iarrfaidh an Cláraitheoir ar an bpáirtí lena mbaineann iad a thabhairt ar aird laistigh de thréimhse réasúnta, ach, más mar sin a bheidh, ní thitfidh cearta an pháirtí ar lár bíodh is nach dtabharfar na doiciméid sin ar aird go dtí tar éis an tráth chun imeachtaí a bhunú.

*Airteagal 22*

Sna cásanna atá faoi rialú ag Airteagal 18 de Chonradh CEFA, is trí achomharc arna dhíriú chun an Chláraitheora a thabharfar an t-ábhar os comhair na Cúirte Breithiúnais. Beidh san achomharc ainm agus buanseoladh an achomharcóra agus tuairisc an tsínitheora, tagairt don chinneadh ar ina aghaidh a rinneadh an t-achomharc, ainmneacha na bhfreagróirí, ábhar na díospóide, na haighneachtaí a rinneadh agus ráiteas gearr ar na príomhfhorais ar a bhfuiltear ag seasamh.

Beidh ag gabháil leis an achomharc cóip dheimhnithe den chinneadh ón gCoiste Eadrána atá á dhíospóid.

Má dhiúltaíonn an Chúirt don achomharc, tiocfaidh cinneadh an Choiste Eadrána chun bheith ina chinneadh críochnaitheach.

Má neamhníonn an Chúirt cinneadh an Choiste Eadrána, féadfar an t-ábhar a tharraingt anuas athuair, más iomchuí, ar thionscnamh ceann de na páirtithe sa chás, os comhair an Choiste Eadrána. Déanfaidh an Coiste sin de réir aon chinntí ón gCúirt maidir le poncanna dlí.

*Airteagal 23*

Sna cásanna atá faoi rialú ag Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nuair a chinnfidh cúirt nó binse de chuid Ballstáit ar a himeachtaí a fhionraí agus cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, cuirfidh an chúirt nó an binse sin an cinneadh sin in iúl don Chúirt. Ansin cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte an cinneadh in iúl do na páirtithe, do na Ballstáit agus don Choimisiún, agus don institiúid, don chomhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht de chuid an Aontais a ghlac an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi dhíospóid, agus do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle más gníomh a ghlac an dá institiúid sin go comhpháirteach a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi dhíospóid.

Laistigh de dhá mhí ó cuireadh sin in iúl amhlaidh, beidh na páirtithe, na Ballstáit, an Coimisiún agus, más iomchuí, an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais a ghlac an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi dhíospóid, i dteideal ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte.

Sna cásanna atá faoi rialú ag Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina theannta sin, cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte an cinneadh ón gcúirt nó ón mbinse náisiúnta in iúl do na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus d'Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear sa Chomhaontú a dúradh agus féadfaidh siad, laistigh de dhá mhí ó cuireadh sin in iúl agus nuair atá ceann de réimsí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe i gceist, ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte.

Nuair atá sé leagtha síos i gcomhaontú a bhaineann le réimse sonrach, arna thabhairt i gcrích ag an gComhairle le tríú Stát amháin nó níos mó, go bhfuil na Stáit sin i dteideal sonruithe cáis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh sa chás nuair a chuireann cúirt nó binse de chuid Ballstáit ceist chun réamhrialú a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe faoi bhráid na Cúirte, cuirtear an bhreith ón gcúirt nó binse náisiúnta a fholaíonn an cheist sin in iúl freisin do na tríú Stáit i dtrácht agus féadfaidh siad, laistigh de dhá mhí ón bhfógra sin a fháil, sonruithe cáis nó barúlacha i scríbhinn a thaisceadh os comhair na Cúirte.

*Airteagal 23a* (*)

Féadfar a fhoráil leis na Rialacha Nós Imeachta do nós imeachta brostaithe agus, i gcás tarchur chun réamhrialú a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, do nós imeachta práinne.

Féadfar a fhoráil leis na nósanna imeachta sin, maidir le ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh, do thréimhse is giorra ná an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 23, agus, de mhaolú ar an gceathrú mír d'Airteagal 20, féadfar a fhoráil leo go gcinnfear an cás gan aighneacht ón Abhcóide Ginearálta.

Chomh maith leis sin, féadfar a fhoráil leis an nós imeachta práinne do shrianadh a dhéanamh ar na páirtithe agus ar na daoine leasmhara eile a luaitear in Airteagal 23, a n-údaraítear dóibh ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh agus, i gcásanna deargphráinne, féadfar a fhoráil go bhfágfaí céim scríbhinne an nós imeachta ar lár.

(*) Airteagal a tugadh isteach le Cinneadh 2008/79/CE, Euratom (IO L 145, 4 Meitheamh 2008, leathanach 240).

*Airteagal 24*

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a cheangal ar na páirtithe na doiciméid go léir a thabhairt ar aird, agus an fhaisnéis go léir a sholáthar, a mheasfaidh an Chúirt Bhreithiúnais is inmhianaithe. Déanfar nóta foirmiúil d'aon diúltú.

Féadfaidh an Chúirt a cheangal, freisin, ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí, ar na comhlachtaí, ar na hoifigí agus ar na gníomhaireachtaí nach páirtithe iad sa chás gach faisnéis a thabhairt a mheasfaidh an Chúirt is gá le haghaidh na n-imeachtaí.

*Airteagal 25*

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais tráth ar bith dul ar iontaoibh duine, comhlachta, údaráis, coiste nó eagraíochta eile ar bith is rogha léi chun tuairim shaineolach a thabhairt.

*Airteagal 26*

Féadfar finnéithe a éisteacht faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

*Airteagal 27*

Maidir le finnéithe mainneachtana beidh ag an gCúirt Bhreithiúnais na cumhachtaí is gnách a thabhairt do chúirteanna agus do bhinsí agus féadfaidh sí pionóis airgid a ghearradh faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

*Airteagal 28*

Féadfar finnéithe agus saineolaithe a éisteacht faoi mhionn arna ghlacadh san fhoirm a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta nó ar an modh atá leagtha síos i ndlí thír an fhinné nó an tsaineolaí.

*Airteagal 29*

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a ordú go n-éistfear finné nó saineolaí ag údarás breithiúnach a áite buanchónaithe.

Cuirfear an t-ordú lena fheidhmiú go dtí an t-údarás breithiúnach inniúil faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta. Cuirfear ar ais chun na Cúirte faoi na coinníollacha céanna na doiciméid a tarraingíodh suas i gcomhlíonadh na litreacha rogáide.

Íocfaidh an Chúirt na caiteachais, gan dochar don cheart chun iad a mhuirearú, nuair is cuí sin, ar na páirtithe.

*Airteagal 30*

Déileálfaidh Ballstát le haon sárú mionna ag finné nó saineolaí ionann is dá mba os comhair ceann dá chúirteanna a bhfuil dlínse aici in imeachtaí sibhialta a rinneadh an cion. Ar thionscnamh na Cúirte Breithiúnais, déanfaidh an Ballstát an ciontóir a ionchúiseamh os comhair a chúirte inniúla.

*Airteagal 31*

Is i gcúirt oscailte a éistfear cásanna mura ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, uaithi féin nó ar iarratas ó na páirtithe, a mhalairt a chinneadh ar chúiseanna troma.

*Airteagal 32*

Le linn na héisteachta féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais na saineolaithe, na finnéithe agus na páirtithe féin a cheistiú. Ní fhéadfaidh siad siúd, áfach, an Chúirt Bhreithiúnais a aitheasc ach amháin trína n-ionadaithe.

*Airteagal 33*

Scríobhfar miontuairiscí ar gach éisteacht agus síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir iad.

*Airteagal 34*

Socróidh an tUachtarán liosta na gcásanna.

*Airteagal 35*

Beidh plé na Cúirte Breithiúnais ina rún agus fanfaidh sé amhlaidh.

*Airteagal 36*

Luafaidh na breithiúnais na réasúin ar a bhfuil siad bunaithe. Beidh iontu ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sa phlé.

*Airteagal 37*

Síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir na breithiúnais. Léifear amach iad i gcúirt oscailte.

*Airteagal 38*

Breithneoidh an Chúirt Bhreithiúnais na costais.

*Airteagal 39*

Féadfaidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, i modh nós imeachta achomair ar féidir, a mhéad is gá sin, difear a bheith idir é agus cuid de na rialacha atá sa Reacht seo agus a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta, breithniú a dhéanamh ar iarratais chun forghníomhú a fhionraí, mar a fhoráiltear in Airteagal 278 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 157 de Chonradh CEFA, nó bearta eatramhacha a ordú de bhun Airteagal 279 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó forfheidhmiú a fhionraí de réir an ceathrú mír d'Airteagal 299 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó an tríú mír d'Airteagal 164 de Chonradh CEFA.

Mura féidir don Uachtarán bheith i láthair, gabhfaidh Breitheamh eile a ionad faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Rialú sealadach a bheidh i rialú an Uachtaráin nó an Bhreithimh a ghabhfaidh a ionad agus ní bheidh dochar ansin ar dhóigh ar bith do bhreith na Cúirte ar shubstaint an cháis.

*Airteagal 40*

Féadfaidh Ballstáit agus institiúidí an Aontais idiragairt i gcásanna os comhair na Cúirte Bhreithiúnais.

Beidh an ceart céanna ar fáil do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais agus d'aon duine eile ar féidir leis leas a shuíomh i dtoradh cáis a cuireadh faoi bhráid na Cúirte. Ní fhéadfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha idiragairt i gcásanna idir Bhallstáit, idir institiúidí de chuid an Aontais nó idir Ballstáit agus institiúidí de chuid an Aontais.

Gan dochar don dara mír, féadfaidh na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear sa Chomhaontú a dúradh idiragairt i gcásanna os comhair na Cúirte nuair atá ceann de réimsí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin i gceist.

Beidh iarratas ar idiragairt teoranta do thacaíocht a thabhairt don saghas ordaithe atá á lorg ag ceann de na páirtithe.

*Airteagal 41*

Má mhainníonn páirtí na cosanta, arna thoghairm go cuí, aighneachtaí scríofa cosanta a chomhdú, tabharfar breithiúnas mainneachtana i gcoinne an pháirtí sin. Féadfar agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin a thaisceadh laistigh de mhí tar éis é a fhógairt. Ní chuirfidh an agóid bac ar fhorghníomhú an bhreithiúnais mhainneachtana, mura gcinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais a mhalairt.

*Airteagal 42*

Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus aon duine eile, nádúrtha nó dlítheanach, i gcásanna agus faoi choinníollacha a bheidh le cinneadh leis na rialacha nós imeachta, imeachtaí tríú páirtí a thionscnamh chun breithiúnas a chomhrac a tugadh gan éisteacht a thabhairt dóibh, má théann an breithiúnas chun dochair dá gcearta.

*Airteagal 43*

Má bhíonn amhras ann faoi bhrí nó réim bhreithiúnais, forléireoidh an Chúirt Bhreithiúnais é ar iarratas ó aon pháirtí nó ó aon institiúid de chuid an Aontais a shuífidh a leas ann.

*Airteagal 44*

Ní fhéadfar athbhreithniú breithiúnais a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais ach amháin má aimsítear fíoras is de chineál cinntitheach agus nárbh eol, nuair a tugadh an breithiúnas, don Chúirt ná don pháirtí a bhfuil an t-athbhreithniú á éileamh aige.

Tosófar an t-athbhreithniú le breithiúnas ón gCúirt á thaifeadadh go sainráiteach fíoras nua a bheith ann, á aithint gur fíoras é de chineál a leathann an cás ar oscailt chun a athbhreithnithe agus á dhearbhú go bhfuil an t-iarratas inghlactha ar an bhforas sin.

Ní bheidh aon iarratas ar athbhreithniú indéanta tar éis deich mbliana a bheith caite ó dháta an bhreithiúnais.

*Airteagal 45*

Cinnfear leis na rialacha nós imeachta tréimhsí breise a bhunófar ar an bhfad ó láthair.

Ní dochar é do cheart ar bith tréimhse ama a bheith imithe in éag má chruthaíonn an páirtí lena mbaineann gur tharla imthosca nárbh fhéidir a thuar nó go raibh *force majeure* ann.

*Airteagal 46*

Beidh imeachtaí i gcoinne an Aontais in ábhair a éireoidh as dliteanais neamhchonarthacha faoi urchosc tar éis thréimhse cúig bliana ó tharla an teagmhas as ar éirigh siad. Brisfear an tréimhse teorann má thionscnaítear imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais nó má dhéanann an páirtí éagóirithe iarratas roimhe sin chun na hinstitiúide iomchuí de chuid an Aontais. Sa chás deireanach sin, caithfear na himeachtaí a thionscnamh laistigh den tréimhse dhá mhí dá bhforáiltear in Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; beidh feidhm ag forálacha an dara mír d'Airteagal 265 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nuair is cuí sin.

Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le himeachtaí i gcoinne an Bhainc Cheannais Eorpaigh a bhaineann le dliteanas neamhchonarthach.

## TEIDEAL IV

## **AN CHÚIRT GHINEARÁLTA**

*Airteagal 47*

Beidh feidhm ag an gcéad mhír d'Airteagal 9, ag Airteagal 14 agus ag Airteagal 15, ag an gcéad mhír, ag an dara mír, ag an gceathrú mír agus ag an gcúigiú mír d'Airteagal 17 agus ag Airteagal 18 maidir leis an gCúirt Ghinearálta agus maidir lena comhaltaí.

Beidh feidhm *mutatatis mutandis* ag an gceathrú mír d'Airteagal 3 agus ag Airteagail 10, 11 agus 14 maidir le Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 48*

Seacht mBreitheamh is fiche a bheidh ar an gCúirt Ghinearálta.

*Airteagal 49*

Féadfar a iarraidh ar chomhaltaí na Cúirte Ginearálta cúram an Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú.

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna a tugadh os comhair na Cúirte Ginearálta, chun cuidiú leis an gCúirt Ghinearálta i gcomhlíonadh a cúraim.

Leagfar síos i rialacha nós imeachta na Cúirte Ginearálta na critéir chun cásanna den sórt sin a roghnú mar aon leis na nósanna imeachta chun na hAbhcóidí Ginearálta a ainmniú.

Ní fhéadfaidh comhalta ar iarradh air cúram an Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú i gcás páirt a ghlacadh i mbreithiúnas an cháis sin.

*Airteagal 50*

Suífidh an Chúirt Ghinearálta i ndlísheomraí de thriúr nó cúigear Breithiúna. Toghfaidh na Breithiúna Uachtaráin na ndlísheomraí as a líon féin. Toghfar Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu go ceann téarma trí bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.

Beidh comhdhéanamh na ndlísheomraí agus sannadh na gcásanna dóibh faoi rialú ag na rialacha nós imeachta. I gcásanna áirithe atá sainithe sna rialacha nós imeachta, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta suí mar chúirt iomlán nó féadfar í a chomhdhéanamh de Bhreitheamh aonair.

Féadfar a fhoráil sna rialacha nós imeachta go bhféadfaidh an Chúirt Ghinearálta suí mar Mhór-Dhlísheomra sna cásanna agus faoi na coinníollacha atá sonraithe iontu.

*Airteagal 51*

De mhaolú ar an riail atá leagtha síos in Airteagal 256(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, forchoimeádtar dlínse chuig an gCúirt Bhreithiúnais sna caingne dá dtagraítear in Airteagail 263 agus 265 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nuair a thionscnaíonn Ballstát iad:

(a) i gcoinne gnímh nó neamhghnímh de chuid Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, nó de chuid an dá institiúid sin ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, seachas:

— cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle faoin tríú fomhír d'Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

— gníomhartha de chuid na Comhairle arna nglacadh de bhun rialacháin ón gComhairle a bhaineann le bearta chun trádáil a chosaint de réir bhrí Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

— gníomhartha de chuid na Comhairle lena gcuireann sí cumhachtaí feidhmithe chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 291(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(b) i gcoinne gnímh nó neamhghnímh de chuid an Choimisiúin faoi Airteagal 331(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Forchoimeádtar dlínse freisin chuig an gCúirt Bhreithiúnais sna caingne dá dtagraítear sna hAirteagail chéanna nuair a thionscnaíonn institiúid de chuid an Aontais iad i gcoinne gnímh nó neamhghnímh de chuid Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, nó de chuid an dá institiúid sin ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, nó de chuid an Choimisiúin, nó nuair a thionscnaíonn institiúid de chuid an Aontais iad i gcoinne gnímh nó neamhghnímh de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

*Airteagal 52*

Leagfaidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais agus Uachtarán na Cúirte Ginearálta síos de thoil a chéile na coinníollacha faoina ndéanfaidh oifigigh agus seirbhísigh eile atá ag gabháil leis an gCúirt Bhreithiúnais a seirbhísí a sholáthar don Chúirt Ghinearálta ionas go bhféadfaidh sí feidhmiú. Beidh oifigigh áirithe nó seirbhísigh áirithe eile freagrach do Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta faoi údarás Uachtarán na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 53*

Beidh an nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta faoi rialú ag Teideal III.

Aon fhorálacha níos mionchruinne is gá de bhreis, déanfar iad a leagan síos ina rialacha nós imeachta. Féadfar maolú sna rialacha nós imeachta ar an gceathrú mír d’Airteagal 40 agus ar Airteagal 41 d’fhonn tréithe sonracha na dlíthíochta i réimse na maoine intleachtúla a chur san áireamh.

De mhaolú ar an gceathrú mír d’Airteagal 20, féadfaidh an tAbhcóide Ginearálta a chuid aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i scríbhinn.

*Airteagal 54*

Má dhéantar iarratas nó doiciméad eile nós imeachta a seoladh chuig an gCúirt Ghinearálta a thaisceadh de dhearmad le Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, déanfaidh an Cláraitheoir sin é a sheoladh láithreach chuig Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta; mar an gcéanna, má dhéantar iarratas nó doiciméad eile nós imeachta a seoladh chuig an gCúirt Bhreithiúnais a thaisceadh de dhearmad le Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta, déanfaidh an Cláraitheoir sin é a sheoladh láithreach chuig Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais.

Má chinneann an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil dlínse aici caingean a éisteacht agus a chinneadh a bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais ina leith, déanfaidh sí an chaingean sin a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais; mar an gcéanna, má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go mbaineann caingean le dlínse na Cúirte Ginearálta, déanfaidh sí an chaingean sin a tharchur chun na Cúirte Ginearálta, agus ní fhéadfaidh sise ansin dlínse a dhiúltú.

Má thugtar cásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta araon ina bhfuil an faoiseamh céanna á éileamh, ina dtógtar an tsaincheist chéanna léirithe nó ina gcaitear amhras ar bharántúlacht an ghnímh chéanna, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tar éis di na páirtithe a éisteacht, bac a chur ar na himeachtaí os a comhair go dtí go mbeidh breithiúnas tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais nó, i gcás caingne arna dtionscnamh de bhun Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh sí dlínse a dhiúltú chomh maith chun go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith a thabhairt ar na caingne sin. Sna himthosca céanna, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a chinneadh freisin bac a chur ar na himeachtaí a tugadh os a comhair; má dhéanann sí amhlaidh, leanfar de na himeachtaí a tugadh os comhair na Cúirte Ginearálta.

Má dhéanann Ballstát agus institiúid de chuid an Aontais an gníomh céanna a chonspóid, diúltóidh an Chúirt Ghinearálta dlínse chun go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith a thabhairt ar na hiarratais sin.

*Airteagal 55*

Déanfaidh Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta breitheanna críochnaitheacha na Cúirte Ginearálta, breitheanna nach réitíonn na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach, nó a réitíonn saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht, a chur in iúl do gach páirtí lena mbaineann agus freisin do na Ballstáit uile agus d'institiúidí an Aontais fiú mura bhfuil idiragairt déanta acu sa chás os comhair na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 56*

Laistigh de dhá mhí tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreitheanna críochnaitheacha na Cúirte Ginearálta agus i gcoinne bhreitheanna na Cúirte sin nach réitíonn na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach nó a réitíonn saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht.

Féadfaidh aon pháirtí ar theip ar a chuid aighneachtaí go hiomlán nó go páirteach a leithéid sin d'achomharc a dhéanamh. Ní fhéadfaidh, áfach, idiragraithe nach Ballstáit nó institiúidí de chuid an Aontais iad achomharc den chineál sin a dhéanamh ach amháin má bhaineann breith na Cúirte Ginearálta go díreach leo.

Cé is moite de chásanna a bhaineann le díospóidí idir an tAontas agus a chuid seirbhíseach, féadfaidh Ballstáit agus institiúidí de chuid an Aontais nach ndearna idiragairt sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta achomharc a dhéanamh chomh maith. Cuirfear an chóir chéanna ar na Ballstáit agus na hinstitiúidí sin a chuirtear ar Bhallstáit nó institiúidí a rinne idiragairt ag an gcéad chéim.

*Airteagal 57*

Aon duine a ndéanfaidh an Chúirt Ghinearálta a iarratas idiragartha a dhíbhe, féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais laistigh de dhá sheachtain tar éis an bhreith ag díbhe an iarratais a bheith curtha in iúl.

Féadfaidh páirtithe sna himeachtaí achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais i gcoinne aon bhreithe de chuid na Cúirte Ginearálta a rinneadh de bhun Airteagal 278 nó Airteagal 279 nó an ceathrú mír d'Airteagal 299 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó de bhun Airteagal 157 nó an tríú mír d'Airteagal 164 de Chonradh CEFA laistigh de dhá mhí tar éis a curtha in iúl.

Éistfear na hachomhairc dá dtagraítear sa chéad dá mhír den Airteagal seo, agus déanfar breith orthu, de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 39.

*Airteagal 58*

Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais ach ar phoncanna dlí amháin. Is é a bheidh de bhonn aige easpa dlínse na Cúirte Ginearálta, sárú nós imeachta os a comhair a théann chun dochair do leas an achomharcóra nó sárú ar reachtaíocht an Aontais ag an gCúirt Ghinearálta.

Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh nach mbaineann ach amháin le méid na gcostas nó leis an bpáirtí ar ordaíodh dó iad a íoc.

*Airteagal 59*

Má dhéantar achomharc i gcoinne breithe de chuid na Cúirte Ginearálta, beidh cuid den nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais i scríbhinn agus cuid de ó bhéal. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sna rialacha nós imeachta, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta agus na páirtithe a éisteacht, an nós imeachta ó bhéal a fhágáil ar lár.

*Airteagal 60*

Gan dochar d'Airteagail 278 agus 279 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó d'Airteagal 157 de Chonradh CEFA, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag achomharc.

De mhaolú ar Airteagal 280 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní ghlacfaidh breitheanna na Cúirte Ginearálta á dhearbhú rialachán a bheith ar neamhní éifeacht ach amháin ón dáta a mbeidh an tréimhse dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 56 den Reacht seo dulta in éag, nó má rinneadh achomharc laistigh den tréimhse sin, ón dáta a díbheadh an t-achomharc, gan dochar, ar a shon sin, do cheart an pháirtí chun a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais, de bhun Airteagail 278 agus 279 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó d'Airteagal 157 de Chonradh CEFA, éifeachtaí an rialacháin neamhnithe a fhionraí nó aon bhearta idirlinne eile a ordú.

*Airteagal 61*

Má tá bunús leis an achomharc, neamhneoidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta. Féadfaidh sí féin breithiúnas críochnaitheach a thabhairt san ábhar má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid, nó an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais.

Má tharchuirtear cás ar ais go dtí an Chúirt Ghinearálta, beidh breith na Cúirte Breithiúnais maidir le poncanna dlí ina ceangal ar an gCúirt sin.

Má tá bunús le hachomharc a dhéanann Ballstát nó institiúid de chuid an Aontais nach ndearna idiragairt sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, más dóigh léi gur gá sin, a rá cad iad na héifeachtaí de bhreith neamhnithe na Cúirte Ginearálta a mheasfar a bheith críochnaitheach i leith na bpáirtithe sa dlíthíocht.

*Airteagal 62*

Sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 256(2) agus (3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nuair a mheasann an Chéad Abhcóide Ginearálta go bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht agus do chomhchuibheas dhlí an Aontais, féadfaidh sé togra a dhéanamh go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta a athbhreithniú.

Ní foláir an togra a dhéanamh laistigh de mhí ón tráth a thugann an Chúirt Ghinearálta an bhreith. Laistigh de mhí tar éis di an togra ón gCéad Abhcóide Ginearálta a fháil, cinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais an cóir nó nach cóir an bhreith a athbhreithniú.

*Airteagal 62a*

Tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith ar na ceisteanna atá faoi réir athbhreithniú trí bhíthin nós imeachta práinne ar bhonn an chomhaid arna sheoladh chuici ag an gCúirt Ghinearálta.

Beidh na daoine dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht seo agus, sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 256(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, na páirtithe sna himeachtaí atá os comhair na Cúirte Ginearálta, i dteideal ráitis nó barúlacha i scríbhinn a bhaineann leis na ceisteanna atá faoi réir athbhreithniú a thaisceadh leis an gCúirt Bhreithiúnais laistigh den tréimhse arna forordú chun na críche sin.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nós imeachta ó bhéal a oscailt sula dtabharfaidh sí breith.

*Airteagal 62b*

Sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 256(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, gan dochar d'Airteagal 278 ná d'Airteagal 279 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag tograí ar athbhreithniú ná ag cinntí an nós imeachta um athbhreithniú a oscailt. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go ndéanann breith na Cúirte Ginearálta difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais, tarchuirfidh sí an cás ar ais go dtí an Chúirt Ghinearálta a bheidh faoi cheangal ag breith na Cúirte Breithiúnais maidir le poncanna dlí; féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rá cé acu de na héifeachtaí atá ag breith na Cúirte Ginearálta a mheasfar a bheith críochnaitheach i leith na bpáirtithe sa chúis dlí. Más amhlaidh, áfach, ag féachaint do thoradh an athbhreithnithe, go n-eascraíonn toradh na n imeachtaí ó na cinntí fíorais ar orthu a bunaíodh breith na Cúirte Ginearálta, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas críochnaitheach.

Sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cheal tograí ar athbhreithiniú nó cinntí an nós imeachta um athbhreithniú a oscailt, is ar dhul in éag don tréimhse a shonraítear chuige sin sa dara mír d'Airteagal 62 a bheidh éifeacht ag an bhfreagra nó ag na freagraí a thug an Chúirt Bhreithiúnais ar na ceisteanna a cuireadh faoina bráid. I gcás go n-osclaítear nós imeachta um athbhreithniú, beidh éifeacht ag an bhfreagra nó ag na freagraí atá faoi réir athbhreithniú i ndiaidh an nós imeachta sin, mura gcinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais a mhalairt. Má chineann an Chúirt Breithiúnais go ndéanann breith na Cúirte Breithiúnais difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais, cuirfear an freagra a thug an Chúirt Bhreithiúnais ar na ceisteanna atá faoi réir athbhreithniú in ionad an fhreagra a thug an Chúirt Ghinearálta.

## TEIDEAL IVa

## **CÚIRTEANNA SPEISIALAITHE**

*Airteagal 62c*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Reacht seo na forálacha a bhaineann le dlínse, comhdhéanamh, eagrú agus nós imeachta na gcúirteanna speisialaithe arna mbunú faoi Airteagal 257 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## TEIDEAL V

## **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 63*

Beidh i rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta aon fhorálacha eile is gá chun an Reacht seo a chur chun feidhme agus, más gá, chun é a fhorlíonadh.

*Airteagal 64*

Leagfar síos le rialachán ón gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na rialacha i dtaobh na socruithe teanga is infheidhme i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Glacfar an rialachán sin ar iarraidh ón gCúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le Parlaimint na hEorpa, nó ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Bhreithiúnais agus le Parlaimint na hEorpa.

Go dtí go nglacfar na rialacha sin, leanfaidh na forálacha i rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta a rialaíonn socruithe teanga d'fheidhm a bheith acu. De mhaolú ar Airteagail 253 agus 254 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní fhéadfar na forálacha sin a leasú ná a aisghairm ach amháin le toiliú d'aon toil ón gComhairle.

---

*IARSCRÍBHINN*

**AN BINSE UM SHEIRBHÍS SHIBHIALTA AN AONTAIS EORPAIGH**

*Airteagal 1*

Déanfaidh an Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear "Binse na Seirbhíse Sibhialta" anseo feasta) dlínse a fheidhmiú ag an gcéad chéim i ndíospóidí idir an tAontas agus a chuid seirbhíseach dá dtagraítear in Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear díospóidí idir gach comhlacht agus a chuid seirbhíseach agus gach gníomhaireacht agus a cuid seirbhíseach a bhfuil dlínse tugtha ina leith do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 2*

Seachtar breithiúna a bheidh ar Bhinse na Seirbhíse Sibhialta. Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thromlach cáilithe, líon na mbreithiúna a mhéadú.

Ceapfar na breithiúna ar feadh tréimhse sé bliana. Féadfar breithiúna a bheidh ag scor a athcheapadh.

Déanfar aon fholúntas a líonadh trí bhreitheamh nua a cheapadh ar feadh tréimhse sé bliana.

*Airteagal 3*

1. Ceapfaidh an Chomhairle na breithiúna, ag gníomhú di i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 257 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste dá bhforáiltear san Airteagal seo. Agus breithiúna á gceapadh aici, féachfaidh an Chomhairle leis an gcothromaíocht a chinntiú i gcomhdhéanamh Bhinse na Seirbhíse Sibhialta ar bhonn geografach a bheidh chomh fairsing agus is féidir ó thaobh náisiúnaigh na mBallstát agus ó thaobh na gcóras náisiúnta dlí arna n-ionadú.

2. Féadfaidh duine ar bith ar saoránach de chuid an Aontais é agus a chomhallfaidh na coinníollacha atá leagtha síos sa cheathrú mír d'Airteagal 257 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh iarratas a chur isteach. Féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCúirt Bhreithiúnais, na coinníollacha agus na socruithe a chinneadh maidir le hiarratais a chur isteach agus iarratais a mheas.

3. Cuirfear coiste ar bun ar a mbeidh seachtar arna dtoghadh as measc iarchomhaltaí den Chúirt Bhreithiúnais agus den Chúirt Ghinearálta agus as measc dlíodóirí a bhfuil cumas aitheanta iontu. Cinnfidh an Chomhairle comhaltaí agus rialacha oibriúcháin an choiste, ag gníomhú di ar mholadh ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais.

4. Tabharfaidh an Coiste tuairim ar oiriúnacht na n-iarrthóirí chun feidhmeanna breithimh a fheidhmiú ag Binse na Seirbhíse Sibhialta sula ndéanfar cinneadh maidir le ceapacháin. Déanfaidh an Coiste liosta de na hiarrthóirí sin is oiriúnaí taithí ardleibhéil a chur i gceangal lena Thuairim. Beidh ainmneacha a dhá oiread iarrthóirí ar an liosta sin agus a bheidh de bhreithiúna le ceapadh ag an gComhairle.

*Airteagal 4*

1. Toghfaidh na breithiúna Uachtarán Bhinse na Seirbhíse Sibhialta as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

2. Suífidh Binse na Seirbhíse Sibhialta i ndlísheomraí de thriúr breithiúna. I gcásanna áirithe a shainítear ina rialacha nós imeachta, féadfaidh sé suí i seisiún iomlánach, i ndlísheomra de chúigear breithiúna nó de bhreitheamh aonair.

3. Beidh Uachtarán Bhinse na Seirbhíse Sibhialta ina uachtarán ar an seisiún iomlánach agus ar an dlísheomra de chúigear breithiúna. Ainmneofar Uachtaráin na ndlísheomraí de thriúr breithiúna de réir mar a fhoráiltear i mír 1. Má dhéantar Uachtarán Bhinse na Seirbhíse Sibhialta a shannadh chuig dlísheomra de thriúr breithiúna, is é a bheidh ina uachtarán ar an dlísheomra sin.

4. Beidh dlínse agus córam an tseisiúin iomlánaigh maille le comhdhéanamh na ndlísheomraí agus sannadh na gcásanna dóibh faoi rialú ag na rialacha nós imeachta.

*Airteagal 5*

Beidh feidhm ag Airteagail 2 go 6, ag Airteagail 14 agus 15, ag an gcéad mhír, ag an dara mír agus ag an gcúigiú mír d'Airteagal 17, agus ag Airteagal 18 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le Binse na Seirbhíse Sibhialta agus maidir lena chomhaltaí.

Glacfar os comhair na Cúirte Breithiúnais an mionn dá dtagraítear in Airteagal 2 den Reacht agus glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais na cinntí dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 6 de, tar éis dul i gcomhairle le Binse na Seirbhíse Sibhialta.

*Airteagal 6*

1. Beidh tacaíocht ag Binse na Seirbhíse Sibhialta ó ranna riaracháin na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta. Déanfaidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais nó, i ngach cás is iomchuí, Uachtarán na Cúirte Ginearálta, a leagan síos de chomhthoil le hUachtarán Bhinse na Seirbhíse Sibhialta na coinníollacha faoina ndéanfaidh oifigigh agus seirbhísigh eile atá ag gabháil leis an gCúirt Bhreithiúnais nó leis an gCúirt Ghinearálta a seirbhísí a sholáthar do Bhinse na Seirbhíse Sibhialta ionas go bhféadfaidh sé feidhmiú. Beidh oifigigh áirithe nó seirbhísigh áirithe eile freagrach do Chláraitheoir Bhinse na Seirbhíse Sibhialta faoi údarás Uachtarán an Bhinse sin.

2. Ceapfaidh Binse na Seirbhíse Sibhialta a Chláraitheoir agus leagfaidh sé síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís. Beidh feidhm ag an gceathrú mír d'Airteagal 3 agus ag Airteagail 10, 11 agus 14 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le Cláraitheoir an Bhinse.

*Airteagal 7*

1. Beidh an nós imeachta os comhair Bhinse na Seirbhíse Sibhialta faoi rialú ag Teideal III de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cé is moite d'Airteagail 22 agus 23. Leagfar síos sna rialacha nós imeachta aon fhorálacha níos mionchruinne is gá de bhreis.

2. Beidh feidhm ag na forálacha i dtaobh shocruithe teanga na Cúirte Ginearálta maidir le Binse na Seirbhíse Sibhialta.

3. Is éard a bheidh sa chéim scríofa den nós imeachta an t-iarratas agus an ráiteas cosanta a chur i láthair, mura gcinnfidh Binse na Seirbhíse Sibhialta gur gá an dara malartú pléadálacha i scríbhinn. I gcás ina mbíonn an dara malartú den sórt sin ann, féadfaidh Binse na Seirbhíse Sibhialta, le comhaontú ó na páirtithe, a chinneadh go ngabhfaidh sé i gcionn na breithe d'uireasa aon imeachtaí ó bhéal.

4. Ag gach céim den nós imeachta, lena n-áirítear tráth taiscthe an iarratais, féadfaidh Binse na Seirbhíse Sibhialta scrúdú a dhéanamh ar na bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun teacht ar réiteach cairdiúil ar dhíospóidí agus féadfaidh sé iarracht a dhéanamh socrú den sórt sin a éascú.

5. Déanfaidh Binse na Seirbhíse Sibhialta rialú maidir le costais cáis. Faoi réir fhorálacha sonracha na rialacha nós imeachta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc má chinneann an chúirt amhlaidh.

*Airteagal 8*

1. Má dhéantar iarratas nó doiciméad eile nós imeachta a díríodh chuig Binse na Seirbhíse Sibhialta a thaisceadh de dhearmad le Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta, déanfaidh an Cláraitheoir sin é a sheoladh láithreach chuig Cláraitheoir Bhinse na Seirbhíse Sibhialta. Mar an gcéanna, má dhéantar iarratas nó doiciméad eile nós imeachta a díríodh chuig an gCúirt Bhreithiúnais nó chuig an gCúirt Ghinearálta a thaisceadh de dhearmad le Cláraitheoir Bhinse na Seirbhíse Sibhialta, déanfaidh an Cláraitheoir sin é a sheoladh láithreach chuig Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta.

2. Má chinneann Binse na Seirbhíse Sibhialta nach bhfuil dlínse aige caingean a éisteacht agus a chinneadh a bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta ina leith, déanfaidh sé an chaingean sin a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais nó chun na Cúirte Ginearálta. Mar an gcéanna, má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta go mbaineann caingean le dlínse Bhinse na Seirbhíse Sibhialta, déanfaidh an Chúirt a bhfuil an chaingean os a comhair í a tharchur chun Binse na Seirbhíse Sibhialta, agus ní fhéadfaidh an Binse sin dlínse a dhiúltú.

3. Má thugtar cásanna os comhair Bhinse na Seirbhíse Sibhialta agus na Cúirte Ginearálta araon ina dtógtar an tsaincheist chéanna léirithe nó ina gcaitear amhras ar bharántúlacht an ghnímh chéanna, féadfaidh Binse na Seirbhíse Sibhialta, tar éis di na páirtithe a éisteacht, bac a chur ar na himeachtaí go dtí go mbeidh breithiúnas tugtha ag an gCúirt Ghinearálta.

Má thugtar cásanna os comhair Bhinse na Seirbhíse Sibhialta agus na Cúirte Ginearálta araon ina bhfuil an faoiseamh céanna á éileamh, féadfaidh Binse na Seirbhíse Sibhialta dlínse a dhiúltú chun go bhféadfaidh an Chúirt Ghinearálta gníomhú i leith na gcásanna sin.

*Airteagal 9*

Laistigh de dhá mhí tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Ginearálta i gcoinne bhreitheanna críochnaitheacha Bhinse na Seirbhíse Sibhialta agus i gcoinne bhreitheanna an Bhinse sin nach réitíonn na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach nó a réitíonn saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le doghlacthacht.

Féadfaidh aon pháirtí ar theip ar a chuid aighneachtaí, go hiomlán nó go páirteach, a leithéid sin d'achomharc a dhéanamh. Ní fhéadfaidh idiragraithe nach Ballstáit ná institiúidí de chuid an Aontais iad achomharc den chineál sin a dhéanamh, áfach, ach amháin má bhaineann breith Bhinse na Seirbhíse Sibhialta go díreach leo.

*Airteagal 10*

1. Aon duine a ndéanfaidh Binse na Seirbhíse Sibhialta a iarratas idiragartha a dhíbhe, féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Ginearálta laistigh de choicís tar éis an bhreith ag díbhe an iarratais a bheith curtha in iúl.

2. Féadfaidh páirtithe sna himeachtaí achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Ginearálta i gcoinne aon bhreithe de chuid Bhinse na Seirbhíse Sibhialta a rinneadh de bhun Airteagal 278 nó Airteagal 279 nó an ceathrú mír d'Airteagal 299 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó de bhun Airteagal 157 nó an tríú mír d'Airteagal 164 de Chonradh CEFA laistigh de dhá mhí tar éis a curtha in iúl.

3. Féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta, i modh nós imeachta achomair ar féidir, a mhéad is gá sin, difear a bheith idir é agus cuid de na rialacha atá san Iarscríbhinn seo agus a bheidh leagtha síos i rialacha nós imeachta na Cúirte Ginearálta, breithniú a dhéanamh ar achomhairc arna dtabhairt i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 11*

1. Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Ginearálta ach ar phoncanna dlí amháin. Is é a bheidh de bhonn aige easpa dlínse Bhinse na Seirbhíse Sibhialta, sárú nós imeachta os a chomhair a dhéanann dochar do leas an achomharcóra nó sárú ar reachtaíocht an Aontais ag an mBinse.

2. Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh nach mbaineann ach le méid na gcostas nó leis an bpáirtí ar ordaíodh dó iad a íoc.

*Airteagal 12*

1. Gan dochar d'Airteagal 278 ná d'Airteagal 279 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ná d'Airteagal 157 de Chonradh CEFA, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag achomharc.

2. Má dhéantar achomharc i gcoinne breithe de chuid Bhinse na Seirbhíse Sibhialta, beidh cuid den nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta i scríbhinn agus cuid de ó bhéal. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sna rialacha nós imeachta, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tar éis di na páirtithe a éisteacht, an nós imeachta ó bhéal a fhágáil ar lár.

*Airteagal 13*

1. Má bhíonn bunús leis an achomharc, neamhneoidh an Chúirt Ghinearálta breith Bhinse na Seirbhíse Sibhialta agus déanfaidh sí féin breithiúnas a thabhairt san ábhar. Déanfaidh sí an cás a tharchur ar ais chuig Binse na Seirbhíse Sibhialta le haghaidh breithiúnais nuair nach gceadaíonn staid na n-imeachtaí breith ón gCúirt.

2. Má tharchuirtear cás ar ais go dtí Binse na Seirbhíse Sibhialta, beidh breith na Cúirte Ginearálta maidir le poncanna dlí ina ceangal ar an gCúirt sin.

# PRÓTACAL (Uimh. 4)

## MAIDIR LE REACHT AN CHÓRAIS EORPAIGH BANC CEANNAIS AGUS AN BHAINC CHEANNAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh dá bhforáiltear sa dara mír d'Airteagal 129 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chinneadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CAIBIDIL I

## AN CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS

*Airteagal 1*

**An Córas Eorpach Banc Ceannais**

I gcomhréir le hAirteagal 282(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, comhdhéanfar an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) den Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) i dteannta leis na bainc cheannais náisiúnta. Comhdhéanfar an tEurochóras den BCE agus de bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

Comhlíonfaidh an CEBC agus an BCE a gcúraimí agus cuirfidh siad i gcrích a ngníomhaíochtaí i gcomhréir le forálacha na gConarthaí agus an Reachta seo.

CAIBIDIL II

## CUSPÓIRÍ AGUS CÚRAIMÍ CEBC

*Airteagal 2*

**Cuspóirí**

I gcomhréir le hAirteagal 127(1) agus le hAirteagal 282(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, beidh de chuspóir príomhúil ag CEBC cobhsaíocht phraghsanna a choimeád ar bun. Gan dochar do chuspóir na cobhsaíochta praghsanna, tacóidh sé leis na beartais ghinearálta eacnamaíocha san Aontas d'fhonn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Aontais mar atá siad leagtha síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Gníomhóidh CEBC i gcomhréir le prionsabal geilleagar margaidh oscailte le saoriomaíocht ar mhaithe le cionroinnt éifeachtach acmhainní agus na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 119 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh á n-urramú aige.

*Airteagal 3*

**Cúraimí**

3.1. I gcomhréir le hAirteagal 127(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is iad na bunchúraimí a chuirfear i gcrích trí CEBC:

— beartas airgeadaíochta an Aontais a shainiú agus a chur chun feidhme;

— oibríochtaí um malairt eachtrach is comhchuí le forálacha Airteagal 219 den Chonradh sin a sheoladh;

— cúlchistí oifigiúla eachtracha na mBallstát a shealbhú agus a bhainisteoireacht;

— oibriú rianúil córais íocaíochta a chur ar aghaidh.

3.2. I gcomhréir le hAirteagal 127(3) den Chonradh sin, beidh an tríú fleasc d'Airteagal 3.1 gan dochar do Rialtais Bhallstát iarmhéideanna oibre malairte eachtraí a shealbhú agus a bhainisteoireacht.

3.3. I gcomhréir le hAirteagal 127(5) den Chonradh sin, rannchuideoidh CEBC le seoladh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniúla a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais.

*Airteagal 4*

**Feidhmeanna comhairleacha**

I gcomhréir le hAirteagal 127(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

(a) i dtaca leis an BCE:

  — rachfar i gcomhairle leis maidir le haon ghníomh Aontais arna bheartú laistigh dá réimsí inniúlachta;

  — faoi na teorainneacha agus na coinníollacha atá leagtha amach ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, rachaidh údaráis náisiúnta i gcomhairle le BCE maidir le haon dréachtfhoráil reachtaíochta laistigh dá réimsí inniúlachta;

(b) féadfaidh sé tuairimí ar ábhair laistigh dá réimsí inniúlachta a chur faoi bhráid na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí Aontais nó na n-údarás náisiúnta.

*Airteagal 5*

**Faisnéis staidrimh a bhailiú**

5.1. D'fhonn cúraimí CEBC a ghlacadh ar láimh, baileoidh BCE, le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta, an fhaisnéis staidrimh is gá ó na húdaráis náisiúnta inniúla nó go díreach ó na gníomhairí eacnamaíocha. Chuige sin, comhoibreoidh sé le hinstitiúidí, le comhlachtaí, le hoifigí nó le gníomhaireachtaí Aontais, leis na húdaráis inniúla sna Ballstáit nó i dtríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

5.2. Cuirfidh na bainc cheannais náisiúnta i gcrích, a mhéad is féidir, na cúraimí atá tuairiscithe in Airteagal 5.1.

5.3. Rannchuideoidh BCE le comhchuibhiú, más gá, ar na rialacha agus ar na cleachtais a rialaíonn bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna raonta faoina réimsí inniúlachta.

5.4. Déanfaidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá faoi réir oibleagáidí maidir le tuairisciú, an córas rúndachta agus na forálacha iomchuí um fhorghníomhú a shainiú.

*Airteagal 6*

**Comhar idirnáisiúnta**

6.1. I réimse an chomhair idirnáisiúnta maidir leis na cúraimí a chuirtear ar CEBC, cinnfidh BCE cad é mar a dhéanfar CEBC a ionadú.

6.2. Féadfaidh BCE agus, faoi réir a cheadaithe, na bainc cheannais náisiúnta a bheith rannpháirteach in institiúidí idirnáisiúnta airgeadaíochta.

6.3. Beidh forálacha Airteagail 6.1 agus 6.2 gan dochar d'fhorálacha Airteagal 138 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CAIBIDIL III

EAGRÚCHÁN CEBC

*Airteagal 7*

**Neamhspleáchas**

I gcomhréir le hAirteagal 130 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu sna Conarthaí agus sa Reacht seo, ní fhéadfaidh BCE ná banc ceannais náisiúnta ná aon chomhalta dá gcomhlachtaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí Aontais, ó aon Rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht eile. Gabhfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais maille le Rialtais na mBallstát orthu féin an prionsabal sin a urramú agus gan a iarraidh tionchar a oibriú ar chomhaltaí chomhlachtaí cinnteoireachta BCE nó na mbanc ceannais náisiúnta i gcomhlíonadh a gcúraimí.

*Airteagal 8*

**Prionsabal ginearálta**

Is iad comhlachtaí cinnteoireachta BCE a rialóidh CEBC.

*Airteagal 9*

**An Banc Ceannais Eorpach**

9.1. Beidh ag BCE, i gcomhréir le hAirteagal 282(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh pearsantacht dhlítheanach, agus beidh aige i ngach Ballstát an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil ag daoine dlítheanacha faoina dhlí; féadfaidh sé go háirithe maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus bheith ina pháirtí in imeachtaí dlí.

9.2. Áiritheoidh BCE go ndéanfar na cúraimí atá curtha ar CEBC faoi Airteagal 127(2), (3) agus (5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme trína ghníomhaíochtaí féin de bhun an Reachta seo nó trí na bainc cheannais náisiúnta de bhun Airteagail 12.1 agus 14.

9.3. I gcomhréir le hAirteagal 129(1) den Chonradh sin, is iad an Chomhairle Rialaithe agus an Bord Feidhmiúcháin comhlachtaí cinnteoireachta BCE.

*Airteagal 10*

**An Chomhairle Rialaithe**

10.1. I gcomhréir le hAirteagal 283(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, beidh ar an gComhairle Rialaithe comhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin agus Gobharnóirí banc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

10.2. Beidh vóta amháin ag gach comhalta den Chomhairle Rialaithe. Amhail ón dáta ar mó líon chomhaltaí na Comhairle Rialaithe ná 21, beidh vóta amháin ag gach comhalta den Bhord Feidhmiúcháin agus is ag 15 de líon na ngobharnóirí a bheidh ceart vótála. Déanfar na cearta vótála sin a shannadh de réir na huainíochta seo a leanas:

— amhail ón dáta ar mó líon na ngobharnóirí ná 15, go dtí go sroicheann sé 22, cionroinnfear na gobharnóirí ar dhá ghrúpa de réir an chéimnithe atá ag méid scair Bhallstát a mbainc ceannais náisiúnta san olltáirgeacht intíre chomhiomlán de réir margadhphraghsanna agus i lánchlár comhardaithe comhiomlán institiúidí airgeadais airgeadaíochta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Sannfar ualú 5/6 agus 1/6 faoi seach do na scaireanna san olltáirgeacht intíre chomhiomlán de réir margadhphraghsanna agus i lánchlár comhordaithe comhiomlán na n-institiúidí airgeadais airgeadaíochta. Beidh cúigear gobharnóir sa chéad ghrúpa agus beidh na gobharnóirí eile sa dara grúpa. Ní bheidh minicíocht chearta vótála na ngobharnóirí sa chéad ghrúpa níos ísle ná minicíocht chearta vótála na ngobharnóirí sa dara grúpa. Faoi réir na habairte sin roimhe seo, déanfar ceithre cheart vótála a shannadh don chéad ghrúpa agus aon cheart vótála déag a shannadh don dara grúpa;

— amhail ón dáta a shroichfidh líon na ngobharnóirí 22, cionroinnfear na gobharnóirí ar thrí ghrúpa de réir an céimnithe atá bunaithe ar na critéir thuas. Beidh cúigear gobharnóir sa chéad ghrúpa agus sannfar ceithre cheart vótála dó. Beidh leath an líon iomlán gobharnóirí sa dara grúpa, agus aon chodán á chothromú suas go dtí an tslánuimhir is gaire, agus sannfar ocht gceart vótála don ghrúpa sin. Beidh na gobharnóirí eile sa tríú grúpa agus sannfar trí cheart vótála dó;

— laistigh de gach grúpa, beidh a gcearta vótála ag na gobharnóirí go ceann tréimhsí comhionanna;

— chun na scaireanna san olltáirgeacht intíre chomhiomlán de réir margadhphraghsanna a ríomh, beidh feidhm ag Airteagal 29.2. Déanfar lánchlár comhardaithe comhiomlán na n-institiúidí airgeadais airgeadaíochta a ríomh i gcomhréir leis an gcreat staidrimh a bhfuil feidhm aige san Aontas Eorpach tráth an ríomha;

— aon uair a dhéantar an olltáirgeacht intíre chomhiomlán de réir margadhphraghsanna a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 29.3, nó aon uair a thagann méadú ar líon na ngobharnóirí, déanfar líon agus/nó comhdhéanamh na ngrúpaí a choigeartú i gcomhréir leis na prionsabail thuas;

— déanfaidh an Chomhairle Rialaithe, ag gníomhú di trí thromlach dhá thrian dá comhaltaí uile, bíodh ceart vótála acu nó ná bíodh, gach beart a ghlacadh is gá chun na prionsabail thuas a chur chun feidhme agus féadfaidh sí a chinneadh tús an chórais uainíochta a chur ar athló go dtí an dáta ar mó líon na ngobharnóirí ná 18.

Ní mór an ceart vótála a fheidhmiú go pearsanta. De mhaolú ar an riail sin, féadfar a leagan síos sna Rialacha Nós Imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12.3 go bhféadfaidh comhaltaí den Chomhairle Rialaithe vótáil trí bhíthin teileachomhdhála. Forálfar freisin sna rialacha sin go bhféadfaidh comhalta den Chomhairle Rialaithe nach féidir dó ar feadh tréimhse fada freastal ar chruinnithe na Comhairle Rialaithe malartach a cheapadh chun a ionad a ghabháil mar chomhalta den Chomhairle Rialaithe.

Tá forálacha na míreanna sin roimhe seo gan dochar do chearta vótála chomhaltaí uile na Comhairle Rialaithe, bíodh ceart vótála acu nó ná bíodh, Airteagail 10.3, 40.2 agus 40.3.

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht seo, gníomhóidh an Chomhairle Rialaithe trí thromlach simplí de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu. I gcás comhionannais vótaí, is ag an Uachtarán a bheidh an vóta réitigh.

Chun go bhféadfaidh an Chomhairle Rialaithe vótáil, ní mór córam dhá thrian de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu a bheith ann. Mura sroichfear an córam, féadfaidh an tUachtarán cruinniú urghnách a chomóradh ina bhféadfar cinntí a ghlacadh gan aird ar an gcóram.

10.3. Chun go nglacfar cinntí de bhun Airteagail 28, 29, 30, 32 agus 33, déanfar na vótaí sa Chomhairle Rialaithe a ualú i gcomhréir le scaireanna na mbanc ceannais náisiúnta i gcaipiteal suibscríofa BCE. Is ionann agus nialas ualuithe vótaí chomhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin. Déanfar cinneadh ar gá tromlach cáilithe chuige a ghlacadh má fhaigheann sé líon vótaí ina fhabhar is ionannas ar a laghad le dhá thrian de chaipiteal suibscríofa BCE agus is ionannas ar a laghad le leath na scairshealbhóirí. Mura féidir le Gobharnóir bheith i láthair, féadfaidh sé malartach a ainmniú chun a vóta ualaithe a chaitheamh.

10.4. Beidh imeachtaí na gcruinnithe faoi rún. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe toradh a pléití a phoibliú.

10.5. Tiocfaidh an Chomhairle Rialaithe le chéile ar a laghad deich n-uaire sa bhliain.

*Airteagal 11*

**An Bord Feidhmiúcháin**

11.1. I gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 283(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, beidh ar an mBord Feidhmiúcháin an tUachtarán, an Leasuachtarán agus ceithre chomhalta eile.

Comhlíonfaidh na comhaltaí a gcuid dualgas go lánaimseartha. Ní ghabhfaidh aon chomhalta le haon slí bheatha, sochrach ná neamhshochrach, mura ndeonóidh an Chomhairle Rialaithe díolúine go heisceachtúil dó.

11.2. I gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 283(2) den Chonradh sin, déanfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, ar mholadh ón gComhairle agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle Rialaithe, Uachtarán, Leasuachtarán agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a cheapadh as measc daoine a bhfuil gradam agus taithí ghairmiúil aitheanta acu i réimsí airgeadaíochta nó baincéireachta.

Ocht mbliana a bheidh ina dtéarma oifige agus ní fhéadfar é a athnuachan.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin ach amháin náisiúnaigh de na Ballstáit.

11.3. Leagfar síos téarmaí agus coinníollacha fostaíochta chomhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin, go háirithe a dtuarastail, a bpinsin agus a sochair slándála sóisialta eile i gconarthaí le BCE agus socróidh an Chomhairle Rialaithe iad ar thogra ó choiste ar a mbeidh trí chomhalta arna gceapadh ag an gComhairle Rialaithe agus trí chomhalta arna gceapadh ag an gComhairle. Ní bheidh ceart vótála ag comhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin ar ábhair dá dtagraítear sa mhír seo.

11.4. Mura gcomhallfaidh comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a chuid dualgas a chomhlíonadh nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle Rialaithe nó ón mBord Feidhmiúcháin, é a scor go héigeantach.

11.5. Beidh ceart vótála ag gach comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a bheidh i láthair go pearsanta agus chuige sin beidh vóta amháin aige. Mura bhforáiltear a mhalairt, gníomhóidh an Bord Feidhmiúcháin trí thromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh. I gcás comhionannas vótaí, is ag an Uachtarán a bheidh an vóta réitigh. Sonrófar na socruithe vótála sna rialacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12.3.

11.6. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as gnó reatha BCE.

11.7. Déanfar aon fholúntas a tharlóidh ar an mBord Feidhmiúcháin a líonadh trí chomhalta nua a cheapadh i gcomhréir le forálacha Airteagal 11.2.

*Airteagal 12*

**Freagrachtaí na gcomhlachtaí cinnteoireachta**

12.1. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na treoirlínte agus na cinntí is gá chun a áirithiú go gcomhlíontar na cúraimí a chuireann na Conarthaí agus an Reacht seo ar CEBC. Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe síos beartas airgeadaíochta an Aontais lena n-áirítear, más iomchuí, cinntí maidir le cuspóirí meánreatha airgeadaíochta, eochair-rátaí úis agus soláthar cúlchistí in CEBC agus cinnfidh sí na treoirlínte is gá lena gcur chun feidhme.

Cuirfidh an Bord Feidhmiúcháin an beartas airgeadaíochta chun feidhme i gcomhréir leis na treoirlínte agus na cinntí arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe. Tabharfaidh sé lena linn sin na teagaisc riachtanacha do bhainc cheannais náisiúnta. Ina theannta sin, féadfar cumhachtaí áirithe a tharmligean chuige má chinneann an Chomhairle Rialaithe amhlaidh.

A mhéad a mheastar is féidir agus is iomchuí agus gan dochar d'fhorálacha an Airteagail seo, rachaidh BCE ar iontaoibh na mbanc ceannais náisiúnta chun oibríochtaí is cuid de chúraimí CEBC a chur i gcrích.

12.2. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as cruinnithe na Comhairle Rialaithe a ullmhú.

12.3. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe rialacha nós imeachta a chinnfidh eagrúchán inmheánach BCE agus a chuid comhlachtaí cinnteoireachta.

12.4. Is í an Chomhairle Rialaithe a fheidhmeoidh na feidhmeanna comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 4.

12.5. Is í an Chomhairle Rialaithe a ghlacfaidh na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 6.

*Airteagal 13*

**An tUachtarán**

13.1. Is é an tUachtarán nó, má bhíonn sé as láthair, an Leasuachtarán a bheidh i gceannas ar Chomhairle Rialaithe agus ar Bhord Feidhmiúcháin BCE.

13.2. Gan dochar d'Airteagal 38, is é an tUachtarán nó a ainmnitheach a ionadóidh do BCE.

*Airteagal 14*

**Bainc cheannais náisiúnta**

14.1. I gcomhréir le hAirteagal 131 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil a chuid reachtaíochta náisiúnta, lena n-áirítear Reachtanna a bhainc cheannais náisiúnta, ag luí leis na Conarthaí agus leis an Reacht seo.

14.2. Leagfaidh Reachtanna na mbanc ceannais náisiúnta síos go háirithe nach lú ná cúig bliana téarma oifige Gobharnóir banc ceannais náisiúnta.

Ní fhéadfar a oifig a bhaint de Ghobharnóir ach amháin mura gcomhallann sé a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a chuid dualgas a chomhlíonadh, nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach. Féadfaidh an Gobharnóir i dtrácht nó an Chomhairle Rialaithe cinneadh chuige sin a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, mar gheall ar shárú na gConarthaí nó aon riail dlí a bhaineann lena gcur chun feidhme. Déanfar imeachtaí den sórt sin a thionscnamh laistigh de dhá mhí ón uair a foilsíodh an cinneadh, nó a cuireadh in iúl don ghearánaí é nó, murar cuireadh, ón lá a fuair sé fios air, de réir mar a bheidh.

14.3. Is cuid dhílis de CEBC na bainc cheannais náisiúnta agus gníomhóidh siad i gcomhréir le treoirlínte agus teagaisc BCE. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na bearta is gá chun comhlíonadh threoirlínte agus theagaisc BCE a áirithiú agus éileoidh sí gach eolas riachtanach a thabhairt di.

14.4. Féadfaidh bainc cheannais náisiúnta feidhmeanna seachas na feidhmeanna arna sonrú sa Reacht seo a chomhlíonadh mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe, trí thromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh, go gcuireann na feidhmeanna sin isteach ar chuspóirí agus cúraimí CEBC. Comhlíonfar feidhmeanna den sórt sin ar fhreagracht agus dliteanas bainc cheannais náisiúnta agus ní mheasfar gur cuid d'fheidhmeanna CEBC iad.

*Airteagal 15*

**Ceangaltais maidir le tuairisciú**

15.1. Tarraingeoidh BCE suas agus foilseoidh sé tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí CEBC uair sa ráithe ar a laghad.

15.2. Foilseofar ráiteas comhdhlúite airgeadais CEBC in aghaidh na seachtaine.

15.3. I gcomhréir le hAirteagal 284(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, díreoidh BCE tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí CEBC agus ar bheartas airgeadaíochta na bliana roimhe sin agus na bliana reatha chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus chuig an gComhairle Eorpach freisin.

15.4. Cuirfear na tuarascálacha agus na ráitis dá dtagraítear san Airteagal seo ar fáil saor in aisce do pháirtithe leasmhara.

*Airteagal 16*

**Nótaí bainc**

I gcomhréir le hAirteagal 128(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, beidh ag an gComhairle Rialaithe an ceart eisiach chun eisiúint nótaí bainc in euro laistigh den Aontas a údarú. Féadfaidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta nótaí bainc den sórt sin a eisiúint. Is ag na nótaí bainc arna n-eisiúint ag BCE agus ag na bainc cheannais náisiúnta, agus ag nótaí bainc den sórt sin amháin, a bheidh an stádas dlíthairisceana laistigh den Aontas.

Urramóidh BCE a mhéad is féidir cleachtais atá ann cheana maidir le heisiúint agus le dearadh nótaí bainc.

CAIBIDIL IV

## FEIDHMEANNA AIRGEADAÍOCHTA AGUS OIBRÍOCHTAÍ CEBC

### *Airteagal 17*

**Cuntais le BCE agus leis na bainc cheannais náisiúnta**

Chun a n-oibríochtaí a sheoladh, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta cuntais a oscailt le haghaidh institiúidí creidmheasa, eagras poiblí agus rannpháirtithe eile sa mhargadh agus sócmhainní, lena n-áirítear urrúis i gcuntais reatha, a ghlacadh mar chomhthaobhacht.

### *Airteagal 18*

**Oibríochtaí margaidh oscailte agus creidmheasa**

18.1. Chun cuspóirí CEBC a ghnóthú agus a chúraimí a chur i gcrích, féadfaidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta:

— oibriú ar na margaí airgeadais, trí cheannach nó díol thar barr amach (spotbheart agus réamhdhéileáil) nó trí chomhaontú athcheannaigh, trí éilimh agus ionstraimí indíolta a thabhairt agus a fháil ar iasacht, bídís in euro nó in airgeadraí eile, maille le miotail lómhara;

— oibríochtaí creidmheasa a sheoladh le hinstitiúidí creidmheasa agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh, agus na hiasachtaí á mbunú ar bhonn comhthaobhachta leordhóthanaí.

18.2. Bunóidh BCE prionsabail ghinearálta maidir leis na hoibríochtaí margaidh oscailte agus creidmheasa a chuireann sé féin nó na bainc cheannais náisiúnta i gcrích; craolfaidh sé freisin na coinníollacha faoina mbeidh siad ullamh idirbhearta den sórt sin a dhéanamh.

### *Airteagal 19*

**Cúlchistí íosta**

19.1. Faoi réir Airteagal 2, féadfaidh BCE a cheangal ar institiúidí creidmheasa arna mbunú i mBallstáit cúlchistí íosta a shealbhú ar cuntais le BCE agus le bainc cheannais náisiúnta chun cuspóirí beartas airgeadaíochta a shaothrú. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe rialacháin a bhunú maidir le háireamh agus le cinneadh na gcúlchistí íosta is gá. Mura gcomhlíonfar na rialacháin sin, beidh BCE i dteideal ús pionósach a thobhach agus smachtbhannaí eile a ghlacadh a bhfuil éifeacht inchomórtais leo.

19.2. D'fhonn an tAirteagal seo a chur chun feidhme, saineoidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, an bunús le haghaidh cúlchistí íosta agus na cóimheasa uasta is incheadaithe idir na cúlchistí sin agus an bunús atá leo, mar aon le smachtbhannaí iomchuí i gcás neamhchomhlíonadh.

*Airteagal 20*

**Ionstraimí eile um rialú airgeadaíochta**

Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh, trí thromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh, dul ar iontaoibh pé modhanna oibríochtúla eile um rialú airgeadaíochta is cuí léi, agus Airteagal 2 á urramú aici.

Déanfaidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, raon feidhme modhanna den sórt sin a shainiú má fhorchuireann siad oibleagáidí ar thríú páirtithe.

*Airteagal 21*

**Oibríochtaí le heagrais phoiblí**

21.1. I gcomhréir le hAirteagal 123 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, toirmiscfear ar BCE agus ar bhainc cheannais náisiúnta rótharraingtí nó aon saoráid chreidmheasa de shaghas ar bith eile a thabhairt i bhfabhar institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí Aontais, Rialtais Láir, údarás réigiúnach nó áitiúil nó údarás poiblí eile, comhlachtaí eile arna rialú faoin dlí poiblí nó gnóthas poiblí sna Ballstáit, agus toirmiscfear freisin ar BCE nó ar bhainc cheannais náisiúnta ionstraimí fiachais a cheannach go díreach uathu.

21.2. Féadfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta gníomhú amhail gníomhairí cánachais thar ceann na n-eagras dá dtagraítear in Airteagal 21.1.

21.3. Ní bheidh forálacha an Airteagail seo infheidhme ar institiúidí creidmheasa ar úinéireacht phoiblí ar a gcuirfidh bainc cheannais náisiúnta agus BCE, i gcomhthéacs soláthar cúlchistí ó bhainc cheannais, an chóir chéanna a chuirtear ar institiúidí creidmheasa príobháideacha.

*Airteagal 22*

**Córais imréitigh agus íocaíochta**

Féadfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta saoráidí a chur ar fáil, agus féadfaidh BCE rialacháin a dhéanamh, d'fhonn córais éifeachtúla fhónta imréitigh agus íocaíochta a áirithiú laistigh den Aontas agus le tríú tíortha.

*Airteagal 23*

**Oibríochtaí seachtracha**

Féadfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta:

— caidreamh a bhunú le bainc cheannais agus le hinstitiúidí airgeadais i dtríú tíortha agus, más iomchuí, le heagraíochtaí idirnáisiúnta;

— gach saghas sócmhainní airgid eachtraigh agus miotal lómhar a fháil agus a dhíol trí spotbheart agus réamhdhéileáil; cuimseoidh an abairt "sócmhainn airgid eachtraigh" urrúis agus gach sócmhainn eile in airgeadra aon tíre nó in aonaid chuntais, is cuma cén fhoirm ina sealbhaítear iad;

— na sócmhainní dá dtagraítear san Airteagal seo a shealbhú agus a bhainisteoireacht;

— gach saghas idirbheart baincéireachta a sheoladh i ndáil le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt.

*Airteagal 24*

**Oibríochtaí eile**

I dteannta le hoibríochtaí a eascraíonn óna gcúraimí, féadfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta oibríochtaí a dhéanamh ar mhaithe lena gcríocha riarthacha nó ar mhaithe lena bhfoireann.

CAIBIDIL V

## MAOIRSEACHT STUAMACHTA

*Airteagal 25*

**Maoirseacht stuamachta**

25.1. Féadfaidh BCE comhairle a thabhairt don Chomhairle, don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát agus féadfaidh siad dul i gcomhairle leis maidir le raon feidhme agus le cur chun feidhme reachtaíocht Aontais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais.

25.2. I gcomhréir le haon rialachán ón gComhairle faoi Airteagal 127(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh BCE cúraimí sonracha a chomhlíonadh i leith beartas a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais eile seachas gnóthais árachais.

CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA AIRGEADAIS CEBC

*Airteagal 26*

**Cuntais airgeadais**

26.1. Tosóidh bliain airgeadais BCE agus bainc cheannais náisiúnta ar an gcéad lá d'Eanáir agus críochnóidh sí ar an lá deiridh de Nollaig.

26.2. Tarraingeoidh an Bord Feidhmiúcháin suas cuntais bhliantúla BCE i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag an gComhairle Rialaithe. Formheasfaidh an Chomhairle Rialaithe na cuntais agus foilseofar dá éis sin iad.

26.3. Ar mhaithe le cuspóirí anailíseacha agus oibríochtúla, tarraingeoidh an Bord Feidhmiúcháin suas clár comhardaithe comhdhlúite CEBC a chuimseoidh sócmhainní agus dliteanais sin na mbanc ceannais náisiúnta a thig faoi CEBC.

26.4. Chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na rialacha is gá chun cuntasaíocht agus tuairisciú oibríochtaí a bheidh gafa ar láimh ag na bainc cheannais náisiúnta a chaighdeánú.

*Airteagal 27*

**Iniúchóireacht**

27.1. Déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha arna moladh ag an gComhairle Rialaithe agus arna gceadú ag an gComhairle cuntais BCE agus cuntais bhainc cheannais náisiúnta a iniúchadh. Beidh lánchumhacht ag na hiniúchóirí leabhair agus cuntais uile an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus bainc cheannais náisiúnta a scrúdú agus gach eolas a fháil maidir lena n-idirbhearta.

27.2. Ní bheidh forálacha Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh infheidhme ach amháin ar scrúdú maidir le héifeachtúlacht oibríochtúil bhainistíocht BCE.

*Airteagal 28*

**Caipiteal BCE**

28.1. Beidh ag BCE caipiteal EURO 5 000 milliún. Féadfar an caipiteal a mhéadú pé méid a chinnfidh an Chomhairle Rialaithe ag gníomhú di tríd an tromlach cáilithe dá bhforáiltear in Airteagal 10.3, faoi na teorainneacha agus na coinníollacha arna socrú ag an gComhairle faoin nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41.

28.2. Is iad na bainc cheannais náisiúnta amháin a shuibscríobhfaidh agus a shealbhóidh caipiteal BCE. Déanfar an caipiteal a shuibscríobh de réir an scála arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 29.

28.3. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe, ag gníomhú di tríd an tromlach cáilithe dá bhforáiltear in Airteagal 10.3, méid an chaipitil is iníoctha agus an fhoirm ina n-íocfar é.

28.4. Faoi réir Airteagal 28.5, ní fhéadfar scaireanna na mbanc ceannais náisiúnta i gcaipiteal suibscríofa BCE a aistriú, a chur i ngeall ná a astú.

28.5. Má choigeartaítear an scála dá dtagraítear in Airteagal 29, aistreoidh na bainc cheannais náisiúnta eatarthu féin scaireanna caipitil a mhéad is gá d'fhonn a áirithiú go bhfuil dáileadh na scaireanna caipitil sin i gcomhréir leis an scála coigeartaithe. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe téarmaí agus coinníollacha na n-aistrithe sin.

*Airteagal 29*

**An scála le haghaidh shuibscríobh an chaipitil**

29.1. Déanfar an scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE a socraíodh den chéad uair i 1998 nuair a bunaíodh CEBC a chinneadh trína shannadh do gach banc ceannais náisiúnta ualú sa scála is ionann agus suim:

— 50 % de scair a Bhallstáit faoi seach i ndaonra an Aontais sa bhliain leathdhéanach roimh CEBC a bhunú;

— 50 % de scair a Bhallstáit faoi seach in olltáirgeacht intíre an Aontais de réir margadhphraghsanna mar a bheidh sí arna taifeadadh sna cúig bliana deiridh roimh an mbliain leathdhéanach roimh CEBC a bhunú.

Cothromófar na céatadáin suas nó síos don iolraí is gaire de 0.0001 pointe céatadáin.

29.2. Déanfaidh an Coimisiún na sonraí staidrimh is gá do chur chun feidhme an Airteagail seo a chur ar fáil i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh ag an gComhairle faoin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 41.

29.3. Déanfar na hualuithe arna sannadh do na bainc cheannais náisiúnta a choigeartú gach cúig bliana tar éis CEBC a bhunú de réir analaí leis na forálacha atá leagtha síos in Airteagal 29.1. Beidh an scála coigeartaithe infheidhme ón gcéad lá den bhliain ina dhiaidh sin.

29.4. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 30*

**Cúlsócmhainní eachtracha a aistriú chuig BCE**

30.1. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 28, cuirfidh na bainc cheannais náisiúnta ar fáil do BCE cúlsócmhainní eachtracha seachas airgeadraí Ballstát, euroanna, riochtaí chúlchistí an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) nó cearta speisialta tarraingthe (CST), go feadh suim is ionann agus EURO 50 000 milliún. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe ar an gcionúireacht a bheidh le glaoch ag BCE ar mbunú dó ar chur chun feidhme an Reachta seo agus na suimeanna a ghlaofar níos déanaí. Beidh láncheart ag BCE na cúlchistí eachtracha a aistreofar chuige a shealbhú agus a bhainisteoireacht, agus iad a úsáid chun na gcríoch atá leagtha amach sa Reacht seo.

30.2. Socrófar ranníocaíochtaí gach banc ceannais náisiúnta i gcomhréir lena scair i gcaipiteal suibscríofa BCE.

30.3. Cuirfidh BCE chun sochair gach banc ceannais náisiúnta éileamh is ionann agus a ranníocaíocht. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe ainmníocht éileamh den sórt sin agus an íocaíocht ina leith.

30.4. Féadfaidh BCE cúlsócmhainní eachtracha breise a ghlaoch thar an teorainn atá socraithe in Airteagal 30.1, i gcomhréir le hAirteagal 30.2, faoi na teorainneacha agus na coinníollacha arna socrú ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41.

30.5. Féadfaidh BCE suímh chúlchistí CAI agus CST a shealbhú agus a bhainisteoireacht agus socrú a dhéanamh le sócmhainní den sórt sin a chomhthiomsú.

30.6. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 31*

**Cúlsócmhainní eachtracha arna sealbhú ag bainc cheannais náisiúnta**

31.1. Ceadófar do na bainc cheannais náisiúnta idirbhearta a chur i gcrích ar mhaithe lena n-oibleagáidí i leith eagraíochtaí idirnáisiúnta a chomhall i gcomhréir le hAirteagal 23.

31.2. Gach oibríocht eile maidir leis na cúlsócmhainní eachtracha a bheidh fós sna bainc cheannais náisiúnta tar éis na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30, agus idirbhearta Ballstát lena sócmhainní eachtracha de chuid iarmhéideanna oibre malairte eachtraí, beidh siad, os cionn teorann a bhunófar faoi chuimsiú Airteagal 31.3, faoi réir cheadú BCE d'fhonn a áirithiú go mbeidh siad comhchuí le beartais ráta malairte agus airgeadaíochta an Aontais.

31.3. Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe síos treoirlínte chun oibríochtaí den sórt sin a éascú.

*Airteagal 32*

**Cionroinnt ioncam airgeadaíochta bainc cheannais náisiúnta**

32.1. Déanfar an t-ioncam a fhaibhreoidh do na bainc cheannais náisiúnta i gcomhlíonadh fheidhm bheartas airgeadaíochta CEBC (dá ngairtear "ioncam airgeadaíochta" anseo feasta) a chionroinnt ag deireadh gach bliain airgeadais i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

32.2. Is ionann méid ioncam airgeadaíochta gach banc ceannais náisiúnta agus an t-ioncam bliantúil a dhíorthóidh ó na sócmhainní arna sealbhú in aghaidh nótaí bainc i gcúrsaíocht agus dliteanais taisce i leith institiúidí creidmheasa. Cuirfidh bainc cheannais náisiúnta na sócmhainní sin in áirithe i gcomhréir le treoirlínte a ghlacfaidh an Chomhairle Rialaithe.

32.3. Más dóigh leis an gComhairle Rialaithe,, tar éis an euro a thabhairt isteach, nach féidir Airteagal 32.2 a chur chun feidhme toisc struchtúir chlár comhardaithe na mbanc ceannais náisiúnta, féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, a chinneadh go ndéanfar, de mhaolú ar Airteagal 32.2, an t-ioncam airgeadaíochta a áireamh de réir modha mhalartaigh go ceann tréimhse nach mó ná cúig bliana.

32.4. Laghdófar méid ioncam airgeadaíochta gach banc ceannais náisiúnta méid is ionann agus pé ús a bheidh íoctha ag an mbanc ceannais sin ar a chuid dliteanas taisce d'institiúidí creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 19.

Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go slánófar bainc cheannais náisiúnta in aghaidh costas a bheidh tabhaithe acu i ndáil le heisiúint nótaí bainc nó, in imthosca eisceachtúla, ar chaill-teanais shonracha a eascraíonn ó oibríochtaí beartais airgeadaíochta a bheidh gafa ar láimh thar ceann CEBC. Beidh an slánú i bhfoirm a mheasfar is iomchuí de réir na Comhairle Rialaithe; féadfar na méideanna sin a fhritháireamh in aghaidh ioncam airgeadaíochta na mbanc ceannais náisiúnta.

32.5. Cionroinnfear suim ioncam airgeadaíochta na mbanc ceannais náisiúnta ar na bainc cheannais náisiúnta i gcoibhneas lena scaireanna íoctha i gcaipiteal BCE, faoi réir aon chinneadh arna ghlacadh ag an gComhairle Rialaithe de bhun Airteagal 33.2.

32.6. Cuirfidh BCE i gcrích imréiteach agus socrú na n-iarmhéideanna a thig as cionroinnt an ioncaim airgeadaíochta i gcomhréir leis na treoirlínte arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe.

32.7. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 33*

**Brabúis ghlana agus caillteanais ghlana BCE a chionroinnt**

33.1. Aistreofar brabús glan BCE san ord seo a leanas:

(a) déanfar méid a chinnfidh an Chomhairle Rialaithe nach bhféadfaidh bheith níos mó ná 20 % den bhrabús glan a aistriú chuig an gcúlchiste ginearálta faoi réir teorann is ionann agus 100 % den chaipiteal;

(b) déanfar fuíoll an bhrabúis ghlain a dháileadh ar scairshealbhóirí BCE i gcoibhneas lena scaireanna íoctha.

33.2. I gcás BCE caillteanas a thabhú, féadfar an gannchion a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE agus, más gá, tar éis cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais ábhartha i gcoibhneas leis na méideanna arna gcionroinnt ar na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 32.5 agus gona bhfeadh.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 34*

**Gníomhartha dlí**

34.1. I gcomhréir le hAirteagal 132 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfaidh BCE:

— rialacháin a dhéanamh a mhéad is gá chun na cúraimí atá sainithe sa chéad fhleasc d'Airteagal 3.1, in Airteagail 19.1, 22 nó 25.2 a chur chun feidhme agus i gcásanna a leagfar síos i ngníomhartha na Comhairle dá dtagraítear in Airteagal 41;

— cinntí a ghlacadh is gá chun na cúraimí a chuirtear de chúram ar CEBC faoi na Conarthaí agus faoin Reacht seo a chomhlíonadh;

— moltaí agus tuairimí a thabhairt.

34.2. Féadfaidh BCE a chinneadh a chinntí, a mholtaí agus a thuairimí a fhoilsiú.

34.3. Faoi na teorainneacha agus faoi na coinníollacha arna nglacadh ag an gComhairle faoin nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, beidh BCE i dteideal fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a ghearradh ar ghnóthais mura gcomhlíonfar na hoibleagáidí faoina rialacháin agus faoina chinntí.

## *Airteagal 35*

### Léirmheas breithiúnach agus ábhair ghaolmhara

35.1. Féadfar gníomhartha nó neamhghníomhartha BCE a athbhreithniú agus a léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sna cásanna agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Conarthaí. Féadfaidh BCE imeachtaí a thionscnamh sna cásanna agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

35.2. Is iad na cúirteanna náisiúnta inniúla a chinnfidh díospóidí idir BCE, ar thaobh amháin, agus a chreidiúnaithe, a fhiachóirí nó aon duine eile, ar an taobh eile, ach amháin nuair atá dlínse tugtha do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

35.3. Beidh BCE faoi réir an chórais dliteanais dá bhforáiltear in Airteagal 340 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Beidh na bainc cheannais náisiúnta faoi dhliteanas de réir a ndlíthe náisiúnta faoi seach.

35.4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána atá in aon chonradh arna rialú ag an dlí poiblí nó ag an dlí príobháideach a thugann BCE i gcrích nó a thugtar i gcrích thar a cheann.

35.5. Is í an Chomhairle Rialaithe a ghlacfaidh cinneadh ó BCE maidir le caingean a thionscnamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

35.6. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le banc ceannais náisiúnta a chuid oibleagáidí a chomhall faoi na Conarthaí agus faoin Reacht seo. Má mheasann BCE go bhfuil mainnithe ag banc ceannais náisiúnta oibleagáid a chomhall faoi na Conarthaí agus faoin Reacht seo, tabharfaidh sé tuairim réasúnaithe ar an ábhar tar éis deis a thabhairt don bhanc ceannais náisiúnta i dtrácht a chuid barúlacha a thíolacadh. Mura ngéillfidh an banc ceannais náisiúnta don tuairim laistigh den tréimhse atá leagtha síos ag BCE, féadfaidh BCE an t-ábhar a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

## *Airteagal 36*

### Foireann

36.1. Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe síos, ar thogra ón mBord Feidhmiúcháin, coinníollacha fostaíochta fhoireann BCE.

36.2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aon díospóid idir BCE agus a sheirbhísigh faoi na teorainneacha agus na coinníollacha atá leagtha síos sna coinníollacha fostaíochta.

*Airteagal 37* (sean-Airteagal 38)

**Rúndacht ghairmiúil**

37.1. Beidh de cheangal ar chomhaltaí chomhlachtaí rialaithe BCE agus ar fhoireann BCE agus na mbanc ceannais náisiúnta, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais, gan aon fhaisnéis a nochtadh is de shaghas atá faoi chumhdach oibleagáid na rúndachta gairmiúla.

37.2. Beidh daoine a mbeidh teacht acu ar shonraí atá faoi chumhdach reachtaíocht Aontais a fhorchuireann oibleagáid rúndachta faoi réir reachtaíocht den sórt sin.

*Airteagal 38* (sean-Airteagal 39)

**Sínitheoirí**

Cuirfear BCE faoi dhliteanas dlíthiúil i leith tríú páirtithe ag an Uachtarán nó ag dhá chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin nó ag síniú dhá chomhalta d'fhoireann BCE arna n-údarú go cuí ag an Uachtarán chun síniú thar ceann BCE.

*Airteagal 39* (sean-Airteagal 40)

**Pribhléidí agus díolúintí**

Beidh ag BCE ar chríocha na mBallstát na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh.

## CAIBIDIL VIII

## LEASÚ AN REACHTA AGUS REACHTAÍOCHT FHORLÍONTACH

*Airteagal 40* (sean-Airteagal 41)

**Nós imeachta leasaithe simplithe**

40.1. I gcomhréir le hAirteagal 129(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, ar mholadh ó BCE agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún nó ag gníomhú dóibh ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, Airteagail 5.1, 5.2, 5.3, 17, 18, 19.1, 22, 23, 24, 26, 32.2, 32.3, 32.4, 32.6, 33.1(a) agus 36 den Reacht seo a leasú.

40.2. Féadfar Airteagal 10.2 a leasú le cinneadh ón gComhairle Eorpach ag gníomhú di d'aon toil ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, nó ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Ceannais Eorpach. Ní thiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm go dtí go mbeidh siad formheasta ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

40.3. Is gá cinneadh d'aon toil ón gComhairle Rialaithe chun BCE a dhéanamh moladh faoin Airteagal seo.

### *Airteagal 41* (sean-Airteagal 42)

**Reachtaíocht fhorlíontach**

I gcomhréir le hAirteagal 129(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfaidh an Chomhairle ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Ceannais Eorpach nó ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 4, 5.4, 19.2, 20, 28.1, 29.2, 30.4 agus 34.3 den Reacht seo a ghlacadh.

## CAIBIDIL IX

## FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS EILE DO CEBC

### *Airteagal 42* (sean-Airteagal 43)

**Forálacha ginearálta**

42.1. Béarfaidh maolú dá dtagraítear in Airteagal 139 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nach dtabharfaidh na hAirteagail seo a leanas den Reacht seo aon chearta don Bhallstát i dtrácht ná nach bhforchuirfidh siad aon oibleagáidí air: 3, 6, 9.2, 12.1, 14.3, 16, 18, 19, 20, 22, 23, 26.2, 27, 30, 31, 32, 33, 34 agus 49.

42.2. Coinneoidh bainc cheannais Bhallstát a bhfuil maolú mar atá sonraithe in Airteagal 139 den Chonradh sin acu a gcuid cumhachtaí i réimse an bheartais airgeadaíochta de réir an dlí náisiúnta.

42.3. I gcomhréir le hAirteagal 139 den Chonradh sin, tuigfear gur Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu "Ballstáit" sna hAirteagail seo a leanas den Reacht seo: 3, 11.2 agus 19.

42.4. Tuigfear gur bainc cheannais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu "bainc cheannais náisiúnta" sna hAirteagail seo a leanas den Reacht seo: 9.2, 10.2, 10.3, 12.1, 16, 17, 18, 22, 23, 27, 30, 31, 32, 33.2 agus 49.

42.5. Tuigfear gur bainc cheannais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu "scair-shealbhóirí" in Airteagail 10.3 agus 33.1.

42.6. Tuigfear gur caipiteal BCE arna shuibscríobh ag bainc cheannais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu "caipiteal suibscríofa an Bhainc Cheannais Eorpaigh" in Airteagail 10.3 agus 30.2.

*Airteagal 43* (sean-Airteagal 44)

**Cúraimí idirthréimhseacha BCE**

Gabhfaidh BCE chuige na cúraimí sin de IEA dá dtagraítear in Airteagal 141(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nach foláir, de bhun maoluithe Ballstáit amháin nó níos mó, a chomhlíonadh fós tar éis an euro a thabhairt isteach.

Tabharfaidh an BCE comhairle in ullmhúcháin aisghairm na maoluithe atá sonraithe in Airteagal 140 den Chonradh sin.

*Airteagal 44* (sean-Airteagal 45)

**Comhairle Ghinearálta BCE**

44.1. Gan dochar d'Airteagal 129(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tionscnófar an Chomhairle Ghinearálta mar thríú comhlacht cinnteoireachta BCE.

44.2. Beidh ar an gComhairle Ghinearálta Uachtarán agus Leasuachtarán BCE agus Gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta. Féadfaidh comhaltaí eile an Bhoird Feidhmiúcháin bheith rannpháirteach i gcruinnithe na Comhairle Ginearálta, ach ní bheidh ceart vótála acu.

44.3. Tá freagrachtaí na Comhairle Ginearálta ina n-iomláine liostaithe in Airteagal 46.

*Airteagal 45* (sean-Airteagal 46)

**Rialacha nós imeachta na Comhairle Ginearálta**

45.1. An tUachtarán nó, mura féidir dó bheith i láthair, an Leasuachtarán a bheidh i gceannas ar Chomhairle Ghinearálta BCE.

45.2. Féadfaidh Uachtarán na Comhairle agus comhalta de chuid an Choimisiúin a bheith rannpháirteach i gcruinnithe na Comhairle Ginearálta, ach ní bheidh ceart vótála acu.

45.3. Ullmhóidh an tUachtarán cruinnithe na Comhairle Ginearálta.

45.4. De mhaolú ar Airteagal 12.3, glacfaidh an Chomhairle Ghinearálta a rialacha nós imeachta.

45.5. Soláthróidh BCE rúnaíocht na Comhairle Ginearálta.

*Airteagal 46* (sean-Airteagal 47)

**Freagrachtaí na Comhairle Ginearálta**

46.1. Déanfaidh an Chomhairle Ghinearálta:

— na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43 a chomhlíonadh;

— rannchuidiú leis na feidhmeanna comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 4 agus 25.1.

46.2. Rannchuideoidh an Chomhairle Ghinearálta le:

— bailiú na faisnéise staidrimh dá dtagraítear in Airteagal 5;

— gníomhaíochtaí BCE maidir le tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 15;

— bunú na rialacha is gá chun Airteagal 26 a chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 26.4;

— glacadh gach beart eile is gá chun Airteagal 29 a chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 29.4;

— leagan síos choinníollacha fostaíochta fhoireann BCE dá dtagraítear in Airteagal 36.

46.3. Rannchuideoidh an Chomhairle Ghinearálta leis na hullmhúcháin is gá chun rátaí malairte airgeadraí na mBallstát a bhfuil maolú acu a shocrú go neamh-inchúlghairthe in aghaidh an euro, dá dtagraítear in Airteagal 140(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

46.4. Cuirfidh Uachtarán BCE an Chomhairle Ghinearálta ar an eolas faoi chinntí na Comhairle Rialaithe.

*Airteagal 47* (sean-Airteagal 48)

**Forálacha idirthréimhseacha maidir le caipiteal BCE**

I gcomhréir le hAirteagal 29.1, sannfar ualú sa scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE do gach banc ceannais náisiúnta. De mhaolú ar Airteagal 28.3, ní íocfaidh bainc cheannais Bhallstát a bhfuil maolú acu a gcaipiteal suibscríofa mura gcinneann an Chomhairle Ghinearálta, a ionadaíonn do dhá thrian ar a laghad de chaipiteal suibscríofa BCE agus leath na scairshealbhóirí ar a laghad, go gcaithfear céatadán íosta a íoc mar ranníocaíocht le haghaidh chostais oibríochtúla BCE.

*Airteagal 48* (sean-Airteagal 49)

**Íocaíocht iarchurtha chaipiteal, chúlchistí agus sholáthairtí BCE**

48.1. Déanfaidh an banc ceannais Ballstáit a bhfuil a mhaolú aisghairthe a scair shuibscríofa de chaipiteal BCE a íoc go feadh an méid a bheidh íoctha ag bainc cheannais eile na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, agus aistreoidh sé chuig BCE sócmhainní cúlchistí eachtracha i gcomhréir le hAirteagal 30.1. Cinnfear an tsuim atá le haistriú tríd an euro-luach ag rátaí reatha malairte shócmhainní na gcúlchistí eachtracha a aistríodh cheana chuig BCE i gcomhréir le hAirteagal 30.1 a iolrú ar an gcóimheas idir líon na scaireanna arna suibscríobh ag an mbanc ceannais náisiúnta i dtrácht agus líon na scaireanna atá íoctha cheana ag na bainc cheannais náisiúnta eile.

48.2. I dteannta na híocaíochta a bheidh le déanamh i gcomhréir le 48.1, rannchuideoidh an banc ceannais i dtrácht le cúlchistí BCE, leis na soláthairtí sin is comhionann le cúlchistí, agus leis an méid a bheidh fós le leithghabháil leis na cúlchistí agus na soláthairtí i gcomhréir leis an gcomhardú sa chuntas brábúis agus caillteanais amhail ar an 31 Nollaig den bhliain roimh an maolú a aisghairm.

Cinnfear an tsuim atá le rannchuidiú trí mhéid na gcúlchistí, mar atá sé sainithe thuas agus mar atá sé luaite i gclár comhardaithe formheasta BCE, a iolrú leis an gcóimheas idir líon na scaireanna arna suibscríobh ag an mbanc ceannais i dtrácht agus líon na scaireanna atá íoctha cheana ag na bainc cheannais eile.

48.3. Tráth tír amháin nó níos mó a theacht chun bheith ina mBallstáit agus a mbainc cheannais náisiúnta faoi seach a theacht chun bheith ina gcuid de CEBC, méadófar go huathoibríoch caipiteal suibscríofa BCE agus an teorainn ar mhéid na sócmhainní cúlchistí eachtracha is féidir a aistriú chuig BCE. Cinnfear an méadú trí na méideanna faoi seach atá ann an tráth sin a iolrú ar an gcóimheas, laistigh den scála caipitil arna fhairsingiú, idir ualú na mbanc ceannais náisiúnta i dtrácht atá ag teacht isteach agus ualú na mbanc ceannais náisiúnta is comhaltaí de CEBC cheana. Déanfar ualú gach banc ceannais náisiúnta sa scála caipitil a ríomh de réir analaí le hAirteagal 29.1 agus i gcomhlíonadh Airteagal 29.2. Beidh na tréimhsí tagartha a úsáidfear do na sonraí staidrimh comhionann leis na tréimhsí tagartha arna gcur i bhfeidhm don choigeartú cúigbhliantúil is déanaí ar na hualuithe faoi Airteagal 29.3.

### *Airteagal 49* (sean-Airteagal 52)

**Malartú nótaí bainc in airgeadraí na mBallstát**

Tar éis na rátaí malairte a shocrú go neamh-inchúlghairthe, i gcomhréir le hAirteagal 140(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh na bainc cheannais náisiúnta nótaí bainc arna n-ainmniú in airgeadraí le rátaí malairte atá socraithe go neamh-inchúlghairthe a mhalartú ar a luachanna pair faoi seach.

### *Airteagal 50* (sean-Airteagal 53)

**Infheidhmeacht na bhforálacha idirthréimhseacha**

Má tá agus fad atá Ballstáit a bhfuil maolú acu ann, beidh Airteagail 42 go 47 go huile infheidhme.

# PRÓTACAL (Uimh.5)

## AR REACHT AN BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta dá bhforáiltear in Airteagal 308 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chinneadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Comhdhéantar leis seo an Banc Eorpach Infheistíochta a bunaíodh le hAirteagal 308 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear an "Banc" anseo feasta); comhlíonfaidh sé a fheidhmeanna agus déanfaidh sé a ghníomhaíochtaí de réir fhorálacha na gConarthaí agus an Reachta seo.

*Airteagal 2*

Sainítear le hAirteagal 309 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an cúram a bheidh ar an mBanc.

*Airteagal 3*

I gcomhréir le hAirteagal 308 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is iad na Ballstáit comhaltaí an Bhainc.

*Airteagal 4*

1. Is é is caipiteal don Bhanc 232 392 989 000 EUR, arna shuibscríobh ag na Ballstáit mar a leanas:

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | 37 578 019 000 |
| An Fhrainc | 37 578 019 000 |
| An Iodáil | 37 578 019 000 |
| An Ríocht Aontaithe | 37 578 019 000 |
| An Spáinn | 22 546 811 500 |
| An Bheilg | 10 416 365 500 |
| An Ísiltír | 10 416 365 500 |
| An tSualainn | 6 910 226 000 |
| An Danmhairg | 5 274 105 000 |
| An Ostair | 5 170 732 500 |
| An Pholainn | 4 810 160 500 |
| An Fhionlainn | 2 970 783 000 |

| | |
|---|---|
| An Ghréig | 2 825 416 500 |
| An Phortaingéil | 1 820 820 000 |
| Poblacht na Seice | 1 774 990 500 |
| An Ungáir | 1 679 222 000 |
| Éire | 1 318 525 000 |
| An Rómáin | 1 217 626 000 |
| An tSlóvaic | 604 206 500 |
| An tSlóivéin | 560 951 500 |
| An Bhulgáir | 410 217 500 |
| An Liotuáin | 351 981 000 |
| Lucsamburg | 263 707 500 |
| An Chipir | 258 583 500 |
| An Laitvia | 214 805 000 |
| An Eastóin | 165 882 000 |
| Málta | 98 429 500 |

Ní bheidh na Ballstáit faoi dhliteanas ach amháin go feadh méid a scaire den chaipiteal a suibscríobhadh agus nár íocadh.

2. Má ligtear isteach comhalta nua bhéarfaidh sin méadú ar an gcaipiteal suibscríofa i gcomhréir lena dtabharfaidh an comhalta nua de chaipiteal isteach.

3. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, a chinneadh go méadófar an caipiteal suibscríofa.

4. Ní féidir scair chomhalta sa chaipiteal suibscríofa a aistriú, a chur i ngeall ná a astú.

*Airteagal 5*

1. Íocfaidh na Ballstáit an caipiteal suibscríofa go feadh 5 % ar mheán na méideanna a shonraítear in Airteagal 4(1).

2. I gcás méadú a theacht ar an gcaipiteal suibscríofa, socróidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, an céatadán a bheidh le híoc agus modh a íoctha. Déanfar na híocaíochtaí in airgead tirim go heisiach in euro.

3. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí a cheangal go ndéanfar iarmhéid an chaipitil shuibscríofa a íoc, a mhéad is gá don Bhanc chun freastal dá oibleagáidí.

An íocaíocht a bheidh le déanamh amhlaidh ag gach Ballstát, beidh sí i gcomhréir lena scair den chaipiteal suibscríofa.

*Airteagal 6*

(sean-Airteagal 8)

Beidh an Banc á stiúradh agus á bhainistiú ag Bord Gobharnóirí, Bord Stiúrthóirí agus Coiste Bainistíochta.

*Airteagal 7*

(sean-Airteagal 9)

1. Is iad a bheidh ar an mBord Gobharnóirí na hAirí a bheidh ceaptha ag na Ballstáit.

2. Leagfaidh an Bord Gobharnóirí síos treoracha ginearálta do bheartas creidmheasa an Bhainc, i gcomhréir le cuspóirí an Aontais. Féachfaidh an Bord Gobharnóirí chuige go gcuirfear na treoracha sin i ngníomh.

3. Ina theannta sin déanfaidh an Bord Gobharnóirí mar a leanas:

(a) cinnfidh sé an bhfuil an caipiteal suibscríofa le méadú de réir Airteagal 4(3) agus Airteagal 5(2);

(b) chun críocha Airteagal 9(1), cinnfidh sé na prionsabail is infheidhme ar na hoibríochtaí maoinithe a ghabhfar ar láimh faoi chuimsiú chúram an Bhainc;

(c) feidhmeoidh sé na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 9 agus 11 maidir le comhaltaí an Bhord Stiúrthóirí agus an Choiste Bainistíochta a cheapadh agus lena scor go héigeantach, mar aon leis na cumhachtaí a fhoráiltear sa dara fomhír d’Airteagal 11(1);

(d) glacfaidh sé cinntí maidir le maoiniú a dheonú le haghaidh oibríochtaí infheistíochta atá le cur i gcrích, go hiomlán nó go páirteach, lasmuigh de chríocha na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 16(1);

(e) formheasfaidh sé tuarascáil bhliantúil an Bhord Stiúrthóirí;

(f) formheasfaidh sé an clár comhardaithe bliantúil maille leis an gcuntas sochair agus dochair;

(g) feidhmeoidh sé na cumhachtaí agus na feidhmeanna dá bhforáiltear sa Reacht seo;

(h) formheasfaidh sé rialacha nós imeachta an Bhainc.

4. Faoi chuimsiú an Chonartha agus an Reachta seo, beidh an Bord Gobharnóirí inniúil ar aon chinntí a ghlacadh, ag gníomhú dó d’aon toil, a bhaineann le fionraí oibríochtaí an Bhainc agus, dá dtarlódh sin, lena leachtú.

*Airteagal 8*

(sean-Airteagal 10)

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht seo, is trí thromlach dá chomhaltaí a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí cinntí. Ní mór an tromlach sin a bheith in ionannas le 50 % ar a laghad den chaipiteal suibscríofa.

Is gá ocht vóta dhéag agus 68 % den chaipiteal suibscríofa ina fhabhar do thromlach cáilithe.

Ní chuirfidh staonadh ó vótáil ag comhaltaí a bheidh i láthair go pearsanta nó a mbeidh ionadaithe ag feidhmiú thar a gceann cosc ar chinntí a ghlacadh.

*Airteagal 9*

(sean-Airteagal 11)

1. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí cinntí maidir le maoiniú a dheonú, go háirithe i bhfoirm iasachtaí agus ráthaíochtaí, agus maidir le hiasachtaí a chruinniú; socróidh sé na rátaí úis ar iasachtaí a dheonófar agus an coimisiún agus muirir eile. Féadfaidh sé cuid dá fheidhmeanna a tharmligean chuig an gCoiste Bainistíochta ar bhonn cinnidh arna ghlacadh trí thromlach cáilithe. Cinnfidh sé na téarmaí agus na coinníollacha do tharmligean den sórt sin agus maoirseoidh sé a fhorghníomhú.

Féachfaidh an Bord Stiúrthóirí chuige go bhfuil an Banc á rith mar is cuí; áiritheoidh sé go bhfuil an Banc á bhainistiú i gcomhréir le forálacha na gConarthaí agus an Reachta agus i gcomhréir leis na treoracha ginearálta a leagfaidh an Bord Gobharnóirí síos.

I ndeireadh na bliana airgeadais, cuirfidh an Bord Stiúrthóirí tuarascáil faoi bhráid an Bhord Gobharnóirí agus foilseoidh sé í tar éis a formheasta.

2. Ocht stiúrthóir is fiche agus ocht stiúrthóir malartacha déag a bheidh ar an mBord Stiúrthóirí.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na Stiúrthóirí a cheapadh go ceann cúig bliana, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát, agus stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na malartaigh a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Spáinne agus ag Poblacht na Portaingéile,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Beilge, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus ag Ríocht na hÍsiltíre,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Danmhairge, ag an bPoblacht Heilléanach, ag Éirinn agus ag an Rómáin,

— beirt mhalartach arna ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na hEastóine, ag Poblacht na Laitvia, ag Poblacht na Liotuáine, ag Poblacht na hOstaire, ag Poblacht na Fionlainne agus ag Ríocht na Sualainne,

— triúr malartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na Bulgáire, ag Poblacht na Seice, ag Poblacht na Cipire, ag Poblacht na hUngáire, ag Poblacht Mhálta, ag Poblacht na Polainne, ag Poblacht na Slóivéine agus ag Poblacht na Slóvaice,

— malartach amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Comhthoghfaidh an Bord Stiúrthóirí seisear saineolaithe gan ceart vótála: triúr mar chomhaltaí agus triúr mar mhalartaigh

Féadfar ceapacháin na stiúrthóirí agus na malartach a athnuachan.

Leagfar síos leis na Rialacha Nós Imeachta na socruithe maidir le bheith rannpháirteach i gcruinnithe den Bhord Stiúrthóirí agus na forálacha is infheidhme ar mhalartaigh agus ar shaineolaithe arna gcomhthoghadh.

Beidh Uachtarán an Choiste Bainistíochta nó, má bhíonn sé as láthair, duine dá Leas-Uachtaráin, i gceannas ar chruinnithe den Bhord Stiúrthóirí, ach ní vótálfaidh sé.

Roghnófar comhaltaí an Bhord Stiúrthóirí as daoine nach bhfuil a neamhspleáchas ná a n-inniúlacht inchurtha in amhras; ní bheidh siad freagrach ach amháin don Bhanc.

3. Ní fhéadfaidh an Bord Gobharnóirí stiúrthóir a scor go héigeantach ach amháin sa chás nach bhfuil na coinníollacha is gá chun a dhualgais a dhéanamh á gcomhlíonadh aige a thuilleadh; ní foláir don Bhord gníomhú trí thromlach cáilithe.

Mura dtugtar formheas ar an tuarascáil bhliantúil, éireoidh an Bord Stiúrthóirí as oifig.

4. Aon fholúntas a tharlóidh trí bhás comhalta, nó trína éirí as oifig dá dheoin féin, nó trína éirí as go héigeantach, nó trí chomhaltaí d'éirí as d'aon bhuíon, líonfar é de réir mhír 2 den Airteagal seo. Ach amháin i gcás an Bord Stiúrthóirí ar fad a athrú, gabhfar ionad comhalta go ceann a bhfuil fágtha dá théarma oifige.

5. Cinnfidh an Bord Gobharnóirí an luach saothair do chomhaltaí an Bhord Stiúrthóirí. Leagfaidh an Bord Gobharnóirí síos cad iad na gníomhaíochtaí nach luíonn le dualgais stiúrthóra nó mhalartaigh.

*Airteagal 10*

(sean-Airteagal 12)

1. Beidh vóta amháin ag gach stiúrthóir ar an mBord Stiúrthóirí. Féadfaidh sé a vóta a tharmligean i ngach cás, ar an modh a leagfar sios le rialacha nós imeachta an Bhainc.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht seo, is trí thromlach trian ar a laghad dá chomhaltaí atá i dteideal vótáil agus iad in ionannas le caoga faoin gcéad ar a laghad den chaipiteal suibscríofa a dhéanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinntí. Do thromlach cáilithe is gá ocht vóta dhéag ina fhabhar agus seasca a hocht faoin gcéad den chaipiteal suibscríofa. Leagfar síos i rialacha nós imeachta an Bhainc an córam is gá chun gur bailí iad cinntí an Bhord Stiúrthóirí.

*Airteagal 11*

(sean-Airteagal 13)

1. Beidh ar an gCoiste Bainistíochta Uachtarán agus ochtar Leas-Uachtarán arna gceapadh ag an mBord Gobharnóirí go ceann tréimhse sé bliana ar thogra ón mBord Stiúrthóirí. Féadfar na ceapacháin sin a athnuachan.

Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, líon na gcomhaltaí ar an gCoiste Bainistíochta a athrú.

2. Ar thogra ón mBord Stiúrthóirí arna ghlacadh trí thromlach cáilithe, féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe freisin, comhalta den Choiste Bainistíochta a scor go héigeantach.

3. Beidh an Coiste Bainistíochta freagrach i ngnóthaí reatha an Bhainc, faoi údarás an Uachtaráin agus faoi mhaoirseacht an Bhord Stiúrthóirí.

Ullmhóidh sé cinntí an Bhord Stiúrthóirí, go háirithe cinntí i dtaobh iasachtaí a chruinniú agus i dtaobh iasachtaí agus maoiniú a dheonú, go háirithe i bhfoirm iasachtaí agus ráthaíochtaí; féachfaidh sé chuige go gcuirfear na cinntí sin i ngníomh.

4. Gníomhóidh an Coiste Bainistíochta trí thromlach ag tabhairt tuairimí dó ar thograí chun iasachtaí a chruinniú nó maoiniú a dheonú, go háirithe i bhfoirm iasachtaí agus ráthaíochtaí.

5. Cinnfidh an Bord Gobharnóirí luach saothair comhaltaí an Choiste Bainistíochta agus leagfaidh síos cad iad na gníomhaíochtaí nach luíonn lena ndualgais.

6. Feidhmeoidh an tUachtarán nó, mura féidir dó é, Leas-Uachtarán, ar son an Bhainc in ábhair dhlíthiúla agus in ábhair eile.

7. Beidh foireann an Bhainc faoi údarás an Uachtaráin. Is é a fhostóidh agus a scoirfidh iad. Chun foireann a roghnú, cuirfear san áireamh ní hamháin cumas agus cáilíochtaí pearsanta ach ina theannta sin ionadaíocht chothromais náisiúnaigh na mBallstát. Cinnfear leis na Rialacha Nós Imeachta cad é an comhlacht is inniúil chun forálacha a bheidh infheidhme maidir leis an bhfoireann a ghlacadh.

8. Ní bheidh Coiste Bainistíochta agus foireann an Bhainc freagrach ach don Bhanc amháin agus beidh siad neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a ndualgas.

*Airteagal 12*

(sean-Airteagal 14)

1. Déanfaidh Coiste ar a mbeidh sé chomhalta, arna gceapadh ag an mBord Gobharnóirí ar bhonn a n-inniúlachta, a fhíorú gach bliain go gcomhlíonann gníomhaíochtaí an Bhainc dea-chleachtas baincéireachta agus beidh sé freagrach as a chuntais a iniúchadh.

2. Déanfaidh an Coiste dá dtagraítear i mír 1 a chinntiú gach bliain gur seoladh oibríochtaí an Bhainc agus gur coimeádadh a leabhair ar mhodh cuí. Chuige sin, fíoróidh sé go ndearnadh oibríochtaí an Bhainc a sheoladh ar cothrom leis na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear leis an Reacht seo agus leis na Rialacha Nós Imeachta.

3. Daingneoidh an Coiste dá dtagraítear i mír 1 go dtugann na ráitis airgeadais mar aon le gach faisnéis airgeadais eile dá bhfuil sna cuntais bhliantúla arna dtarraingt suas ag an mBord Stiúrthóirí léargas fíorcheart ar riocht airgeadais an Bhainc i dtaca lena shochair agus a dhochair, agus ar thorthaí a chuid oibríochtaí agus a shreafaí airgid thirim don bhliain airgeadais faoi bhreithniú.

4. Sonrófar leis na Rialacha Nós Imeachta na cáilíochtaí atá riachtanach do chomhaltaí an Choiste agus leagfaidh sé síos na téarmaí agus na coinníollacha do ghníomhaíocht an Choiste dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 13*

(sean-Airteagal 15)

Déileálfaidh an Banc le gach Ballstát tríd an údarás a bheidh ceaptha ag an Stát sin. Ag seoladh a oibríochtaí airgeadais dó, rachaidh an Banc ar iontaoibh bhanc ceannais náisiúnta an Bhallstáit atá i gceist nó institiúidí eile airgeadais a bheidh formheasta ag an Stát sin.

*Airteagal 14*

(sean-Airteagal 16)

1. Comhoibreoidh an Banc le gach eagraíocht idirnáisiúnta atá gníomhach i réimeanna cosúil lena chuid féin.

2. Féachfaidh an Banc le comhtheagmhálacha cuí a bhunú ar mhaithe leis an gcomhoibriú le hinstitiúidí baincéireachta agus airgeadais sna tíortha a sroicheann a oibríochtaí chucu.

*Airteagal 15*

(sean-Airteagal 17)

Arna iarraidh sin do Bhallstát nó don Choimisiún, nó uaidh féin, déanfaidh an Bord Gobharnóirí, de réir na gcoinníollacha céanna a bhain lena nglacadh, na treoracha a bheidh leagtha síos aige faoi Airteagal 7 den Reacht seo a léiriú nó a fhorlíonadh.

*Airteagal 16*

(sean-Airteagal 18)

1. Faoi chuimsiú an chúraim atá leagtha amach in Airteagal 309 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, deonóidh an Banc maoiniú, go háirithe i bhfoirm iasachtaí agus ráthaíochtaí dá chomhaltaí nó do ghnóthais phríobháideacha nó phoiblí le haghaidh infheistíochtaí a bheidh le cur in éifeacht i gcríocha Ballstát, sa méid nach bhfuil cistí le fáil ó fhoinsí eile ar théarmaí réasúnta.

Ach trí chinneadh ón mBord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe ar thogra ón mBord Stiúrthóirí, féadfaidh an Banc maoiniú a dheonú le haghaidh infheistíochtaí a bheidh le cur in éifeacht, go hiomlán nó go páirteach, lasmuigh de chríocha Ballstát.

2. Chomh fada agus is féidir, ní dheonófar iasachtaí ach ar an gcoinníoll go n-úsáidfear foinsí eile airgeadais freisin.

3. Nuair a bheidh iasacht á deonú aige do ghnóthas nó do chomhlacht seachas Ballstát, cuirfidh an Banc de choinníoll leis an iasacht sin go bhfaighfear ráthaíocht ón mBallstát ar ina chríoch atá an infheistíocht le cur in éifeacht nó go bhfaighfear ráthaíochtaí leormhaithe eile nó go mbeidh láidreacht airgeadais ag an bhféichiúnaí.

Fairis sin, i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag an mBord Gobharnóirí de bhun Airteagal 7(3)(b), agus nuair is gá sin chun na tionscadail dá bhforáiltear in Airteagal 309 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, socróidh an Bord Stiúrthóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe, téarmaí agus coinníollacha aon oibríochta um maoiniú a bhfuil próifíl riosca shonrach ag gabháil léi agus a mheastar mar sin mar ghníomhaíocht speisialta.

4. Féadfaidh an Banc iasachtaí a ráthú a thógfaidh gnóthais phoiblí nó phríobháideacha nó a thógfaidh comhlachtaí eile chun tionscadail dá bhforáiltear in Airteagal 309 de na Conarthaí a chur in éifeacht.

5. An méid comhiomlán a bheidh amuigh tráth ar bith d’iasachtaí agus de ráthaíochtaí ón mBanc, ní mó é ná 250 % dá chaipiteal suibscríofa, dá chúlchistí, dá sholáthairtí neamhchionroinnte agus den bharrachas ón gcuntas brabúis agus caillteanais. Laghdófar an méid comhiomlán sin méid is ionann agus an méid atá suibscríofa, bíodh nó ná bíodh sé íoctha isteach, i gcomhair aon rannpháirtíochta cothromais de chuid an Bhainc.

Méid na rannpháirtíochtaí cothromais de chuid an Bhainc atá íoctha amach, ní mó é tráth ar bith ná méid is comhfhreagrach le hiomlán a chaipitil shuibscríofa atá íoctha isteach, a chúlchistí, a sholáthairtí neamhchionroinnte agus a bharrachas ón gcuntas brabúis agus caillteanais.

Mar eisceacht, beidh ag gníomhaíochtaí speisialta an Bhainc, arna gcinneadh ag an mBord Gobharnóirí agus ag an mBord Stiúrthóirí i gcomhréir le mír 3, cionroinnt shonrach cúlchiste.

Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le cuntais chomhdhlúite an Bhainc.

6. Cosnóidh an Banc é féin in aghaidh fiontar malairte trí cibé clásail is cuí leis a chur isteach i gconarthaí le haghaidh iasachtaí agus ráthaíochtaí.

### *Airteagal 17*

(sean-Airteagal 19)

1. Déanfar na rátaí úis ar iasachtaí ón mBanc agus coimisiún agus muirir eile a oiriúnú do na coinníollacha atá i dtreis ar mhargadh an chaipitil agus iad a ríomh ar dhóigh go gcuirfidh an t-ioncam astu ar chumas an Bhainc freastal dá oibleagáidí, a chaiteachais agus a rioscaí a ghlanadh agus cúlchiste a thiomargadh mar a fhoráiltear in Airteagal 22.

2. Ní dheonóidh an Banc aon laghdú ar rátaí úis. I gcás inar cosúil gur mhaith an rud é an t-ús a laghdú mar gheall ar an saghas infheistíochta atá le maoiniú, féadfaidh an Ballstát atá i gceist nó gníomhaireacht éigin eile cabhair a thabhairt chun íoctha an úis, sa mhéid go luífidh sin le hAirteagal 107 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

### *Airteagal 18*

(sean-Airteagal 20)

Ina oibríochtaí i ndáil le maoiniú, urramóidh an Banc na prionsabail seo a leanas:

1. Féachfaidh sé chuige go n-úsáidfear a chistí ar an gcuma is réasúnaí is féidir ar mhaithe le leasanna an Aontais.

Ní fhéadfaidh sé iasachtaí ná ráthaíochtaí a thabhairt ach amháin:

(a) más rud é, i gcás infheistíochtaí atá á gcur in éifeacht ag gnóthais in earnáil an táirgthe, go bhfuil íocaíochtaí in aghaidh úis agus amúchta á gcumhdach as brabúis oibriúcháin nó, i gcás infheistíochtaí eile, trí oibleagáidí faoina ndeachaigh an Stát a bhfuil an infheistíocht á cur in éifeacht ann nó ar mhodh éigin eile; agus

(b) más rud é go gcuidíonn feidhmiú na hinfheistíochta le méadú ar an táirgiúlacht eacnamaíoch i gcoitinne agus go gcuireann sé gnóthú an mhargaidh inmheánaigh ar aghaidh.

2. Ní cead dó aon leas a fháil i ngnóthas ná aon fhreagracht a ghlacadh ina bhainistíocht, mura gá sin le go gcosnófaí cearta an Bhainc chun a áirithiú go bhfaighfear ar ais cistí a tugadh ar iasacht.

Ar a shon sin, i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag an mBord Gobharnóirí de bhun Airteagal 7(3)(b), agus nuair is gá sin chun na hoibríochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 309 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, socróidh an Bord Stiúrthóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe, na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht cothromais a ghlacadh i ngnóthas tráchtála, de ghnáth mar chomhlánú ar iasacht nó ar ráthaíocht, a mhéid is gá sin chun infheistíocht nó clár a mhaoiniú.

3. Féadfaidh sé a chuid éileamh a dhíol ar an margadh caipitil agus, chun na críche sin, féadfaidh sé a cheangal ar a fhéichiúnaithe bannaí nó urrúis eile a eisiúint.

4. Ní fhorchuirfidh an Banc ná na Ballstáit coinníollacha á cheangal cistí a fuarthas ar iasacht ón mBanc a chaitheamh i gcríoch Bhallstáit shonraithe.

5. Féadfaidh an Banc é a chur de choinníoll le hiasachtaí uaidh go ndéanfar socrú le haghaidh iarraidh idirnáisiúnta ar thairiscintí.

6. Ní mhaoineoidh an Banc, go hiomlán ná go páirteach, aon infheistíocht a bhfuil cur ina choinne ag an mBallstát ar ina chríoch atá sí le cur in éifeacht.

7. Mar chomhlánú ar a ghníomhaíocht um iasachtú, féadfaidh an Banc seirbhísí cabhrach teicniúla a chur ar fáil i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha arna leagan síos ag an mBord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe, agus i gcomhlíonadh an Reachta seo.

*Airteagal 19*

(sean-Airteagal 21)

1. Féadfaidh aon ghnóthas, nó aon eagras poiblí nó príobháideach, iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh go díreach chun an Bhainc. Féadfar iarratais a dhéanamh freisin tríd an gCoimisiún nó tríd an mBallstát ar ina chríoch atá an infheistíocht le cur in éifeacht.

2. Iarratais a dhéanfar tríd an gCoimisiún, cuirfear iad faoi bhráid an Bhallstáit ar ina chríoch atá an infheistíocht le cur in éifeacht, d'fhonn tuairim a fháil. Iarratais a dhéanfar trí Bhallstát, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad le tuairim a fháil. Iarratais a dhéanfaidh gnóthas go díreach, cuirfear iad faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann agus faoi bhráid an Choimisiúin.

Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún a dtuairimí laistigh de dhá mhí. Mura bhfaighfear freagra laistigh den tréimhse sin, féadfaidh an Banc glacadh leis nach bhfuil aon chur i gcoinne an tionscadail.

3. Tabharfaidh an Bord Stiúrthóirí rialú ar oibríochtaí maoinithe a chuirfidh an Coiste Bainistíochta faoina bhráid.

4. Scrúdóidh an Coiste Bainistíochta na hoibríochtaí maoinithe a cuireadh faoina bhráid féachaint an gcomhlíonann siad forálacha an Reachta seo, go háirithe Airteagail 16 agus 18. Má bhíonn an Coiste Bainistíochta i bhfabhar na hoibríochta maoinithe, cuirfidh sé an togra comhfhreagrach faoi bhráid an Bhord Stiúrthóirí. Féadfaidh an Coiste cibé coinníollacha is fíor-riachtanach leis a chur lena thuairim fhabhrach. Má bhíonn an Coiste Bainistíochta in aghaidh an maoiniú a dheonú, cuirfidh sé na doiciméid iomchuí faoi bhráid an Bhord Stiúrthóirí mar aon lena thuairim.

5. Má thugann an Coiste Bainistíochta tuairim neamhfhabhrach, ní fhéadfaidh an Bord Stiúrthóirí an maoiniú áirithe a dheonú mura gcinnfidh sé é sin d'aon toil.

6. Má thugann an Coimisiún tuairim neamhfhabhrach, ní fhéadfaidh an Bord Stiúrthóirí an maoiniú áirithe a dheonú mura gcinnfidh sé é sin d'aon toil, gan an stiúrthóir a bheidh ainmnithe ag an gCoimisiún a bheith páirteach sa vótáil.

7. Má thugann an Coiste Bainistíochta agus an Coimisiún araon tuairim neamhfhabhrach, ní fhéadfaidh an Bord Stiúrthóirí an maoiniú a dheonú.

8. Más gá oibríocht maoinithe a bhaineann le hinfheistíocht fhormheasta a athstruchtúrú chun cearta agus leasanna an Bhainc a chosaint, glacfaidh an Coiste Bainistíochta gan mhoill na bearta éigeandála a mheasann sé is gá, faoi réir an Bord Stiúrthóirí a chur ar an eolas faoi láithreach.

*Airteagal 20*

(sean-Airteagal 22)

1. Gheobhaidh an Banc ar iasacht ar na margaí caipitil na cistí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh.

2. Féadfaidh an Banc iasachtaí a fháil ar mhargaí caipitil na mBallstát, de réir na bhforálacha dlíthiúla a bhaineann leis na margaí sin.

Ní fhéadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a bhfuil maolú aige de réir bhrí Airteagal 139(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh cur ina choinne sin ach amháin nuair is baolach suaitheadh tromchúiseach a theacht ar mhargadh caipitil an Stáit sin.

*Airteagal 21*

(sean-Airteagal 23)

1. Féadfaidh an Banc aon chistí dá chuid atá ar fáil agus nach bhfuil de dhíth air láithreach chun freastal dá oibleagáidí a úsáid mar a leanas:

(a) féadfaidh sé infheistiú ar na margaí airgid;

(b) féadfaidh sé, faoi réir fhorálacha Airteagal 18(2), urrúis a cheannach agus a dhíol;

(c) féadfaidh sé aon oibríochtaí eile airgeadais a bhfuil baint acu lena chuspóirí a dhéanamh.

2. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 23, ní dhéanfaidh an Banc, ag bainistí a infheistíochtaí dó, páirt a ghabháil in aon airbeatráiste airgid reatha nach gá go díreach chun a oibríochtaí iasachtúcháin a dhéanamh nó chun oibleagáidí a chomhlíonadh a d'éirigh as iasachtaí a thóg sé nó as ráthaíochtaí a thug sé.

3. Sna réimeanna atá faoi thrácht san Airteagal seo, gníomhóidh an Banc i gcomhaontacht le húdaráis inniúla nó le banc ceannais náisiúnta an Bhallstáit atá i gceist.

*Airteagal 22*

(sean-Airteagal 24)

1. Déanfar cúlchiste go feadh 10 % den chaipiteal suibscríofa a thiomargadh go comhleanúnach. Má bhíonn call leis mar gheall ar an staid ina bhfuil dliteanais an Bhainc, féadfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh ar chúlchistí breise a chur ar bun. Go dtí go mbeidh an cúlchiste tiomargtha go hiomlán, cothófar é:

(a) le hús a fuarthas ar iasachtaí a dheonaigh an Banc as suimeanna is iníoctha ag na Ballstáit de bhun Airteagal 5,

(b) le hús a fuarthas ar iasachtaí a dheonaigh an Banc as cistí a fuarthas de thoradh aisíoc na n-iasachtaí dá dtagraítear i bhfomhír (a),

sa mhéid nach bhfuil an t-ioncam sin ag teastáil faoi chomhair oibleagáidí an Bhainc nó chun a chaiteachais a íoc.

2. Déanfar acmhainní an chúlchiste a infheistiú ar dhóigh go mbeidh siad ar fáil tráth ar bith faoi chomhair chuspóir an chiste.

*Airteagal 23*

(sean-Airteagal 25)

1. Beidh teideal ag an mBanc gach tráth a shócmhainní in airgead reatha Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige a aistriú isteach chun oibríochtaí airgeadais a chur i gcrích a fhreagraíonn don chúram atá leagtha amach in Airteagal 309 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ag cur forálacha Airteagal 21 den Reacht seo san áireamh. Seachnóidh an Banc, oiread agus is féidir, aistriú dá leithéid sin, má bhíonn airgead tirim nó sócmhainní leachtacha aige san airgead reatha atá ag teastáil.

2. Ní fhéadfaidh an Banc a shócmhainní in airgead reatha Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige a shóinseáil go hairgead reatha tríú tír, gan chomhaontú an Bhallstáit sin.

3. Féadfaidh an Banc úsáid a dhéanamh gan bhac den chuid sin dá chaipiteal atá íoctha, agus d'aon airgead reatha a fuarthas ar iasacht ar mhargaí lasmuigh den Aontas.

4. Gabhann na Ballstáit orthu féin go gcuirfidh siad ar fáil d'fhéichiúnaithe an Bhainc an t-airgead reatha is gá chun aisíoctha an chaipitil agus chun íoctha an úis ar iasachtaí nó an choimisiúin ar ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an mBanc le haghaidh infheistíochtaí atá le cur in éifeacht ina gcríoch.

### *Airteagal 24*

(sean-Airteagal 26)

Mura bhfreastalóidh Ballstát dá oibleagáidí mar chomhalta de dhroim an Reachta seo, agus go háirithe an oibleagáid chun a scair den chaipiteal suibscríofa a íoc nó na hiasachtaí a fuair sé a sheirbhísiú, féadfar deonú iasachtaí nó ráthaíochtaí don Bhallstát sin nó dá náisiúnaigh a fhionraí le cinneadh ón mBord Gobharnóirí.

Ní shaorfaidh an cinneadh sin an Stát ná a náisiúnaigh óna n-oibleagáidí i leith an Bhainc.

### *Airteagal 25*

(sean-Airteagal 27)

1. Má chinneann an Bord Gobharnóirí oibríochtaí an Bhainc a fhionraí, stadfaidh a ghníomhaíochtaí uile láithreach, ach amháin na cinn is gá chun a áirithiú go ndéanfar a shócmhainní a réadú, a chosaint agus a chaomhnú agus a dhliteanais a shocrú mar is cuí.

2. I gcás a leachtaithe, ceapfaidh an Bord Gobharnóirí na leachtaitheoirí agus tabharfaidh teagaisc dóibh chun an leachtú a chur in éifeacht. Áiritheoidh sé go ndéanfar cearta bhaill na foirne a chosaint.

### *Airteagal 26*

(sean-Airteagal 28)

1. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an mBanc an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil faoina ndlíthe ag daoine dlítheanacha; féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe nó maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

2. Beidh maoin an Bhainc díolmhaithe ó fhoréileamh nó díshealbhú de chineál ar bith.

### *Airteagal 27*

(sean-Airteagal 29)

Aon díospóidí a tharlóidh idir an Banc ar thaobh amháin, agus a chreidiúnaithe, a fhéichiúnaithe nó duine ar bith eile ar an taobh eile, cinnfidh na cúirteanna náisiúnta inniúla iad, ach amháin mar a bhfuil dlínse tugtha do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh an Banc socrú le haghaidh eadrána a fhoráil i gconradh.

Beidh seoladh le haghaidh seirbheála i ngach Ballstát ag an mBanc. Féadfaidh sé áfach seoladh áirithe le haghaidh seirbheála a shonrú in aon chonradh.

Ni fhéadfar sócmhainní agus maoin an Bhainc a astú ná iad a urghabháil trí fhorghníomhú ach amháin le cinneadh cúirte.

## *Airteagal 28*

(sean-Airteagal 30)

1. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, a chinneadh fochomhlachtaí nó eintitis eile a bhunú a mbeidh pearsantacht dhlítheanach agus uathriail airgeadais acu.

2. Bunóidh an Bord Gobharnóirí Reachtanna na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 trí chinneadh d'aon toil. Saineofar leis na Reachtanna go háirithe a gcuspóirí, a struchtúr, a gcaipiteal, a gcomhaltas, a suíomh, a n-acmhainní airgeadais, a modhanna idirghabhála agus a socruithe iniúchóireachta maille leis an ngaol idir iad agus orgáin an Bhainc.

3. Féadfaidh an Banc a bheith rannpháirteach i mbainistíocht na gcomhlachtaí sin agus ranníocaíocht a dhéanamh i leith a gcaipitil shuibscríofa go feadh méid arna shainiú ag an mBord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil.

4. Beidh feidhm ag an bPrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir leis na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a mhéid a bheidh siad corpraithe faoi dhlí an Aontais, le comhaltaí a n-orgán i gcomhlíonadh a ndualgas sa cháil sin dóibh agus lena bhfoireann, faoi na téarmaí agus na coinníollacha céanna is infheidhme maidir leis an mBanc.

Ar a shon sin, na díbhinní, na gnóthachain chaipitiúla nó na saghsanna eile ioncaim a thig ó chomhlachtaí den sórt sin a mbeidh na comhaltaí, seachas an tAontas Eorpach agus an Banc, ina dteideal, fanfaidh siad faoi réir fhorálacha fioscacha na reachtaíochta is infheidhme.

5. Laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos anseo thíos, beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le bearta arna nglacadh ag orgáin chomhlachta atá corpraithe faoi dhlí an Aontais. Féadfaidh aon chomhalta de chomhlacht den sórt sin ina cháil mar chomhalta nó na Ballstáit imeachtaí i gcoinne beart den sórt sin a thionscnamh faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

6. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, a chinneadh foireann comhlachtaí atá corpraithe faoi dhlí an Aontais a ligean isteach i scéimeanna comhpháirteacha leis an mBanc, ar cothrom leis na nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

# PRÓTACAL (Uimh. 6)

## MAIDIR LE SUÍMH INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH, SUÍMH COMHLACHTAÍ, OIFIGÍ, GNÍOMHAIREACHTAÍ AGUS RANNA ÁIRITHE DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH A SHOCRÚ

TÁ IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT,

AG FÉACHAINT d'Airteagal 341 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 189 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

AG MEABHRÚ DÓIBH AGUS AG DEIMHNIÚ Chinneadh an 8 Aibreán 1965 agus gan dochar do na cinntí maidir le suíomh institiúidí, comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna a bheidh ann amach anseo,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

*Airteagal Aonair*

(a) Beidh suíomh Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg agus is ansin a thionólfar 12 tréimhse de sheisiúin iomlánacha mhíosúla, lena n-áirítear an seisiún buiséadach. Is sa Bhruiséil a thionólfar na tréimhsí de sheisiúin iomlánacha breise. Tiocfaidh Coistí Pharlaimint na hEorpa le chéile sa Bhruiséil. Fanfaidh Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa agus a cuid ranna i Lucsamburg.

(b) Beidh suíomh na Comhairle sa Bhruiséil. Tionólfar cruinnithe na Comhairle i Lucsamburg i rith Aibreáin, Meithimh agus Deireadh Fómhair.

(c) Beidh suíomh an Choimisiúin sa Bhruiséil. Beidh na ranna atá liostaithe in Airteagail 7, 8 agus 9 de Chinneadh an 8 Aibreán 1965 lonnaithe i Lucsamburg.

(d) Beidh suíomh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i Lucsamburg.

(e) Beidh suíomh na Cúirte Iniúchóirí i Lucsamburg.

(f) Beidh suíomh an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta sa Bhruiséil.

(g) Beidh suíomh Choiste na Réigiún sa Bhruiséil.

(h) Beidh suíomh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta i Lucsamburg.

(i) Beidh suíomh an Bhainc Ceannais Eorpaigh in Frankfurt.

(j) Beidh suíomh na hOifige Eorpaí Póilíní (Europol) sa Háig.

# PRÓTACAL (Uimh. 7)

# AR PHRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ AN AONTAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ, de réir d'Airteagal 343 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (CEFA), go mbeidh ag an Aontas Eorpach agus ag an CEFA, i gcríocha na mBallstát, na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a gcúraimí a chur i gcrích,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

## CAIBIDIL I

## MAOIN, CISTÍ, SÓCMHAINNÍ AGUS OIBRÍOCHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### *Airteagal 1*

Beidh áitribh agus foirgnimh an Aontais dosháraithe. Beidh siad díolmhaithe ó chuardach, fhoréileamh, choigistiú nó dhíshealbhú. Ní bheidh maoin agus sócmhainní an Aontais ina n-ábhar d'aon bheart comhéigin, riarthach ná dlíthiúil, gan údarás na Cúirte Breithiúnais.

### *Airteagal 2*

Beidh cartlann an Aontais dosháraithe.

### *Airteagal 3*

Beidh an tAontas, a shócmhainní, a ioncam agus a mhaoin eile saortha ó gach cáin dhíreach.

Déanfaidh Rialtais na mBallstát, i ngach cás inar féidir é, na bearta is iomchuí chun méid na gcánacha indíreacha nó na gcánacha díolacháin a bheidh ar áireamh i bpraghas maoine sochorraithe nó dochorraithe a mhaitheamh nó a aisíoc nuair a dhéanann an tAontas, le haghaidh a úsáide oifigiúla, ceannacháin thábhachtacha a bhfuil cánacha den sórt sin ar áireamh ina bpraghas. Ní chuirfear na forálacha sin chun feidhme, áfach, ionas go mbeidh de thoradh orthu iomaíocht laistigh den Aontas a shaobhadh.

Ní dheonófar saoirseacht ar bith i leith muirir, cánacha agus dleachtanna nach bhfuil iontu ach táillí as seirbhísí fóntais phoiblí.

### *Airteagal 4*

Beidh an tAontas saortha ó gach dleacht chustaim, ó gach toirmeasc agus ó gach srian ar allmhairí agus onnmhairí maidir le hearraí le haghaidh a úsáide oifigiúla; ní dhéanfar earraí a allmhaireofar amhlaidh a dhiúscairt, ar íocaíocht nó gan íocaíocht, i gcríoch na tíre ar allmhairíodh isteach inti iad, ach amháin faoi choinníollacha arna bhformheas ag Rialtas na tíre sin.

Beidh an tAontas saortha freisin ó aon dleachtanna custaim agus ó aon toirmisc agus srianta ar allmhairí agus onnmhairí maidir lena fhoilseacháin.

## CAIBIDIL II

## CUMARSÁIDÍ AGUS *LAISSEZ-PASSER*

### *Airteagal 5*

(sean-Airteagal 6)

Le haghaidh a gcumarsáidí oifigiúla agus do tharchur a ndoiciméad go léir, gheobhaidh institiúidí an Aontais i gcríoch gach Ballstáit an chóir a thugann an Stát sin do mhisin taidhleoireachta.

Ní bheidh comhfhreagras oifigiúil ná cumarsáidí oifigiúla eile de chuid institiúidí an Aontais inchurtha faoi chinsireacht.

### *Airteagal 6*

(sean-Airteagal 7)

Féadfaidh Uachtaráin institiúidí an Aontais *laissez-passer* i bhfoirm a ordóidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí, agus a dtabharfaidh údaráis na mBallstát aitheantas dóibh mar dhoiciméid taistil bhailí, a eisiúint chuig comhaltaí agus seirbhísigh na n-institiúidí sin. Eiseofar na *laissez-passer* sin chuig oifigigh agus seirbhísigh eile faoi choinníollacha arna leagan síos i Rialacháin Foirne oifigeach agus i gCoinníollacha Fostaíochta seirbhíseach eile don Aontas.

Féadfaidh an Coimisiún comhaontuithe a dhéanamh chun na *laissez-passer* sin a aithint mar dhoiciméid taistil bhailí i gcríocha tríú tíortha.

## CAIBIDIL III

## COMHALTAÍ PHARLAIMINT NA hEORPA

### *Airteagal 7*

(sean-Airteagal 8)

Ní chuirfear aon srian riaracháin ná aon srian eile ar shaorghluaiseacht chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa ag taisteal dóibh go dtí áit chruinnithe Pharlaimint na hEorpa nó uaidh.

Tabharfar do chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa, maidir le custam agus rialú malairte:

(a) óna Rialtas féin, na saoráidí céanna a thugtar d'oifigigh shinsearacha agus iad ag taisteal ar an gcoigcrích ar mhisin oifigiúla shealadacha;

(b) ó Rialtais Bhallstát eile, na saoráidí céanna a thugtar d'ionadaithe Rialtas eachtrach ar mhisin oifigiúla shealadacha.

*Airteagal 8*

(sean-Airteagal 9)

Ní bheidh comhaltaí Pharlaimint na hEorpa inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a thug siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh.

*Airteagal 9*

(sean-Airteagal 10)

Le linn sheisiúin Pharlaimint na hEorpa, beidh ag a comhaltaí:

(a) i gcríoch a Stáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí a bparlaiminte féin;

(b) i gcríoch aon Bhallstáit eile, díolúine ó aon bheart coinneála agus ó imeachtaí dlíthiúla.

Bainfidh an díolúine mar an gcéanna le comhaltaí ag taisteal dóibh go dtí áit chruinnithe Pharlaimint na hEorpa agus uaidh.

Ní féidir díolúine a éileamh nuair a gheofar comhalta i mbun cion a dhéanamh ná ní choiscfidh sí Parlaimint na hEorpa óna ceart a fheidhmiú chun díolúine dhuine dá comhaltaí a tharscaoileadh.

CAIBIDIL IV

IONADAITHE BALLSTÁT A GHLACANN PÁIRT IN OBAIR INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

*Airteagal 10*

(sean-Airteagal 11)

Na hionadaithe do Bhallstáit a ghlacann páirt in obair institiúidí an Aontais, beidh acu féin agus ag a gcomhairleoirí agus a saineolaithe teicniúla, i gcomhlíonadh a ndualgas agus le linn a dtaistil go dtí áit an chruinnithe agus uaidh, na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí is gnách.

Bainfidh an tAirteagal seo freisin le comhaltaí de chomhlachtaí comhairleacha an Aontais.

## CAIBIDIL V

## OIFIGIGH AGUS SEIRBHÍSIGH EILE AN AONTAIS EORPAIGH

### *Airteagal 11*

(sean-Airteagal 12)

I gcríoch gach Ballstáit agus cibé náisiúntacht atá acu, na hoifigigh agus na seirbhísigh eile don Aontas:

(a) beidh siad díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa, faoi réir fhorálacha na gConarthaí a bhaineann, ar thaobh amháin, leis na rialacha i dtaobh freagracht oifigeach agus seirbhíseach eile i leith an Aontais, agus ar an taobh eile, le dlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun breith a thabhairt ar ábhair atá faoi dhíospóid idir an tAontas agus a oifigigh agus a sheirbhísigh eile. Fanfaidh an díolúine sin acu tar éis scor dá n-oifig;

(b) ní bheidh siad féin ná a gcéilí ná daoine cleithiúnacha dá dteaghlaigh inchurtha faoi shrianta inimirce ná faoi fhoirmiúlachtaí chun eachtrannaigh a chlárú;

(c) tabharfar dóibh, maidir le rialacháin airgid reatha nó mhalairte, na saoráidí céanna is gnách a thabhairt d'oifigigh eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(d) beidh acu an ceart chun a dtroscán agus a n-éifeachtaí a allmhairiú saor ó dhleacht, ag dul i mbun a bpoist i gcéaduair dóibh sa tír áirithe, agus an ceart chun a dtroscán agus a n-éifeachtaí a athonnmhairiú saor ó dhleacht ar chríochnú a ndualgas sa tír sin, ach i gceachtar cás díobh faoi réir na gcoinníollacha is riachtanach le Rialtas na tíre ina bhfeidhmítear an ceart sin;

(e) beidh acu an ceart chun gluaisteán le haghaidh a n-úsáide pearsanta féin a allmhairiú saor ó dhleacht, más gluaisteán é a fuarthas sa tír dheiridh ina raibh cónaí orthu nó sa tír ar náisiúnaigh di iad, ar théarmaí mhargadh baile na tíre sin, agus é a athonnmhairiú saor ó dhleacht, ach i gceachtar cás díobh faoi réir na gcoinníollacha is riachtanach le Rialtas na tíre áirithe.

### *Airteagal 12*

(sean-Airteagal 13)

Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais inchurtha faoi cháin, chun tairbhe don Aontas, ar thuarastail, phá agus éadálacha a d'íoc an tAontas leo, de réir na gcoinníollacha agus an nós imeachta a leagfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí lena mbaineann.

Beidh siad díolmhaithe ó chánacha náisiúnta ar thuarastail, pá agus éadálacha a íocfaidh an tAontas.

*Airteagal 13*

(sean-Airteagal 14)

Maidir le cáin ioncaim, cáin rachmais, agus dleachtanna báis a chur chun feidhme agus maidir le coinbhinsiúin chun cánachas dúbailte a sheachaint, a tugadh i gcrích idir Ballstáit den Aontas, a chur chun feidhme, na hoifigigh agus na seirbhísigh eile don Aontas a dhéanann, d'aon toisc mar gheall ar chomhlíonadh a ndualgas i seirbhís an Aontais, áit chónaithe a bhunú i gcríoch Bhallstáit seachas a dtír shainchónaithe chun críocha cánach le linn dóibh dul isteach i seirbhís an Aontais, measfar i dtír a gcónaithe iarbhír agus sa tír shainchónaithe chun críocha cánach, gur chothaigh siad a sainchónaí sa tír sin is déanaí atá luaite, ar choinníoll gur comhalta den Aontas í. Bainfidh an fhoráil sin le céile freisin, sa mhéid nach bhfuil an céile sin ag gabháil go leithleach do phost sochair, agus le leanaí atá i gcleithiúnas agus faoi chúram na ndaoine dá dtagraítear san Airteagal seo.

Beidh maoin shochorraithe le daoine dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus atá i gcríoch na tíre ina bhfuil siad ag cur fúthu saortha ó dhleachtanna báis sa tír sin; measfar, chun an dleacht sin a mheasúnú, an mhaoin sin a bheith sa tír shainchónaithe chun críocha cánach, faoi réir ceart tríú tíortha agus ar an gcuntar go bhféadfadh sé go gcuirfí chun feidhme forálacha coinbhinsiún idirnáisiúnta ar chánachas dúbailte.

Ag cur forálacha an Airteagail seo chun feidhme, déanfar neamhshuim d'aon sainchónaí a fuarthas d'aon toisc mar gheall ar dhualgais a chomhlíonadh i seirbhís eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

*Airteagal 14*

(sean-Airteagal 15)

Leagfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí lena mbaineann scéim na sochar slándála sóisialta d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais.

*Airteagal 15*

(sean-Airteagal 16)

Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach na haicmí oifigeach agus seirbhíseach eile don Aontas a mbainfidh forálacha Airteagal 11, an dara mír d'Airteagal 12 agus Airteagal 13 leo, go hiomlán nó go páirteach.

Cuirfear ainmneacha, gráid agus seoltaí na n-oifigeach agus na seirbhíseach eile a áirítear sna haicmí sin in iúl ó am go chéile do Rialtais na mBallstát.

CAIBIDIL VI

## PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ MISEAN Ó THRÍÚ TÍORTHA A CREIDIÚNAÍODH DON AONTAS EORPACH

### *Airteagal 16*

(sean-Airteagal 17)

Déanfaidh an Ballstát ar ina chríoch atá a suíomh ag an Aontas na díolúintí agus na pribhléidí taidhleoireachta is gnách a thabhairt do mhisin tríú tíortha atá creidiúnaithe don Aontas.

CAIBIDIL VII

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

### *Airteagal 17*

(sean-Airteagal 18)

Is chun leasa an Aontais agus chuige sin amháin a thabharfar pribhléidí, díolúintí agus saoráidí d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais.

Beidh de cheangal ar gach institiúid de chuid an Aontais an díolúine a tugadh d'oifigeach nó do sheirbhíseach eile a tharscaoileadh aon uair a mheasfaidh an institiúid sin nach bhfuil tarscaoileadh na díolúine sin contrártha do leasanna an Aontais.

### *Airteagal 18*

(sean-Airteagal 19)

D'fhonn an Prótacal seo a chur chun feidhme, comhoibreoidh institiúidí an Aontais le húdaráis fhreagracha na mBallstát lena mbaineann.

### *Airteagal 19*

(sean-Airteagal 20)

Bainfidh Airteagail 11 go 14 agus Airteagal 17 le hUachtarán na Comhairle Eorpaí.

Bainfidh siad le comhaltaí an Choimisiúin freisin.

### *Airteagal 20*

(sean-Airteagal 21)

Bainfidh Airteagail 11 go 14 agus Airteagal 17 le Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta, Cláraitheoir agus Rapóirtéirí Cúnta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gan dochar do na forálacha d'Airteagal 3 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta a bheith díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla.

### *Airteagal 21*

(sean-Airteagal 22)

Bainfidh an Prótacal seo freisin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, le comhaltaí a orgán, lena fhoireann agus le hionadaithe na mBallstát a ghlacann páirt ina ghníomhaíochtaí, gan dochar d'fhorálacha an Phrótacail ar Reacht an Bhainc.

Beidh an Banc Eorpach Infheistíochta saortha ina theannta sin ó aon saghas cánachais nó aon mhuirir dá shamhail ar ócáid aon mhéadaithe ar a chaipiteal agus ó na foirmiúlachtaí éagsúla ab fhéidir a bheith ag baint leis na nithe sin sa Stát ina bhfuil suíomh an Bhainc. Ar an gcuma chéanna, ní thiocfaidh aon mhuirear de dhíscaoileadh ná de leachtú an Bhainc. Ar deireadh thiar, ní bheidh na gníomhaíochtaí de chuid an Bhainc agus a orgán a dhéanfar de réir a Reachta inchurtha faoi aon cháin láimhdeachais.

### *Airteagal 22*

(sean-Airteagal 23)

Beidh an Prótacal seo infheidhme freisin ar an mBanc Ceannais Eorpach, ar chomhaltaí a orgán agus ar a fhoireann, gan dochar d'fhorálacha an Phrótacail maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Beidh an Banc Ceannais Eorpach díolmhaithe ina theannta sin ó aon saghas cánachais nó aon mhuirir dá shamhail ar ócáid aon mhéadaithe ar a chaipiteal agus ó na foirmiúlachtaí éagsúla ab fhéidir a bheith ag baint leis na nithe sin sa Stát ina bhfuil suíomh an Bhainc. Ní bheidh na gníomhaíochtaí de chuid an Bhainc agus a orgán a dhéanfar i gcomhréir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh inchurtha faoi aon cháin láimhdeachais.

# PRÓTACAL (Uimh. 8)

## A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 6(2) DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH MAIDIR LEIS AN AONTAS A AONTÚ DON CHOINBHINSIÚN EORPACH CHUN CEARTA AN DUINE AGUS SAOIRSÍ BUNÚSACHA A CHOSAINT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Forálfar sa chomhaontú a bhaineann leis an Aontas aontú don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (dá ngairtear "an Coinbhinsiún Eorpach" anseo feasta) dá bhforáiltear in Airteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go ndéanfar sainairíonna an Aontais agus dhlí an Aontais a chaomhnú, go háirithe maidir leis:

(a) na socruithe speisialta le haghaidh rannpháirtíocht ionchasach an Aontais i gcomhlachtaí rialaithe an Choinbhinsiúin Eorpaigh;

(b) na sásraí is gá chun a áirithiú go ndéanfar imeachtaí arna dtabhairt ag Stáit nach Ballstáit iad agus iarratais leithleacha a dhíriú i gceart chuig na Ballstáit agus/nó an Aontas, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 2*

Áiritheoidh an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 1 nach ndéanfaidh aontachas an Aontais difear d'inniúlachtaí an Aontais ná do chumhachtaí a chuid institiúidí. Áiritheoidh sé nach ndéanfaidh aon ní ann difear do staid na mBallstát i ndáil leis an gCoinbhinsiún Eorpach, go háirithe i ndáil leis na Prótacail atá i gceangal leis, le bearta arna nglacadh ag na Ballstáit de mhaolú ar an gCoinbhinsiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 15 de agus le forchoimeádais arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir leis an gCoinbhinsiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 57 de.

*Airteagal 3*

Ní dhéanfaidh aon ní sa chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 1 difear d'Airteagal 344 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

# PRÓTACAL (Uimh. 9)

## A BHAINEANN LEIS AN gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AIRTEAGAL 16(4) DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH AGUS AIRTEAGAL 238(2) DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH IDIR AN 1 SAMHAIN 2014 AGUS AN 31 MÁRTA 2017, DE PHÁIRT AMHÁIN, AGUS ÓN 1 AIBREÁN 2017 AR AGHAIDH, DEN PHÁIRT EILE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG CUR SAN ÁIREAMH a thábhachtaí agus a bhunúsaí atá sé, nuair a fhormheasfar Conradh Liospóin, go dtiocfar ar chomhaontú ar an gCinneadh ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh idir an 1 Samhain 2014 agus an 31 Márta 2017, de pháirt amháin, agus ón 1 Aibreán 2017 ar aghaidh, den pháirt eile (dá ngairtear ‘an Cinneadh’ anseo feasta),

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal aonair*

Sula bpléifidh an Chomhairle aon dréacht a mbeadh sé d’aidhm aige an Cinneadh nó ceann dá fhorálacha a leasú nó a aisghairm, nó a raon feidhme nó a bhrí a mhodhnú go hindíreach trí ghníomh dlíthiúil eile de chuid an Aontais a mhodhnú, déanfaidh an Chomhairle Eorpach an dréacht sin a phlé roimh ré, ag gníomhú di trí chomhthoil i gcomhréir le hAirteagal 15(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

# PRÓTACAL (Uimh. 10)

## MAIDIR LEIS AN mBUANCHOMHAR STRUCHTÚRTHA ARNA BHUNÚ LE hAIRTEAGAL 42 DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG FÉACHAINT d'Airteagal 42(6) agus d'Airteagal 46 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil comhbheartas eachtrach agus slándála á sheoladh ag an Aontas atá fothaithe ar chóineasú méadaitheach ar ghníomhaíocht na mBallstát a ghnóthú;

AG MEABHRÚ DÓIBH gur cuid dhílis den chomhbheartas eachtrach agus slándála an comhbheartas slándála agus cosanta; go gcuireann sé cumas oibríochtúil ar fáil don Aontas trí tharraingt ar shócmhainní sibhialta agus míleata; go bhféadfaidh an tAontas na sócmhainní sin a úsáid i mbun na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43 den Chonradh ar an Aontas Eorpach lasmuigh den Aontas maidir leis an tsíochánaíocht, maidir le coinbhleachtaí a chosc agus maidir leis an tslándáil idirnáisiúnta a neartú i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe; go gcuirfear na cúraimí sin i gcrích agus leas á bhaint as cumais arna gcur ar fáil ag na Ballstáit, i gcomhréir le prionsabal na foinse aonair fórsaí;

AG MEABHRÚ DÓIBH nach ndéanann comhbheartas slándála agus cosanta an Aontais dochar do cháilíocht shonrach bheartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe;

AG MEABHRÚ DÓIBH go n-urramaíonn comhbheartas slándála agus cosanta an Aontais na hoibleagáidí a chineann ó Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i gcás na mBallstát sin a mheasann go bhfuil a gcomhchosaint bainte amach acu in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh a leanann de bheith mar bhunsraith do chomhchosaint a cuid comhaltaí, agus go bhfuil sé ag luí leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta arna bhunú sa chreat sin;

AR A BHEITH DEARFA go rannchuideoidh ról níos teanntásaí ag an Aontas i gcúrsaí slándála agus cosanta le beogacht Comhghuaillíochta Atlantaí athnuaite, i gcomhréir leis na socraíochtaí dá ngairtear "Beirlín Plus";

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU a áirithiú go mbeidh ar chumas an Aontais a chuid freagrachtaí sa chomhphobal idirnáisiúnta a ghabháil ar láimh;

Á AITHINT DÓIBH go bhféadfaidh Eagraíocht na Náisiún Aontaithe cúnamh a iarraidh ar an Aontas chun misin arna nglacadh ar láimh faoi Chaibidil VI agus faoi Chaibidil VII de Chairt na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go práinneach;

Á AITHINT DÓIBH go mbeidh ar na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh i réimse na gcumas de bharr neartú ar an mbeartas slándála agus cosanta;

ÓS FEASACH DÓIBH go mbeidh tréaniarracht ó na Ballstáit i dtrácht ag gabháil le tosú ar chéim nua i bhforbairt bheartais Eorpaigh slándála agus cosanta;

AG MEABHRÚ DÓIBH a thábhachtaí atá sé go mbeadh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála gafa go hiomlán leis na himeachtaí a bhaineann le buanchomhar struchtúrtha,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Beidh an buanchomhar struchtúrtha dá dtagraítear in Airteagal 42(6) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ar oscailt do gach Ballstát a ghabhfaidh ar láimh, ó dháta Chonradh Liospóin a theacht i bhfeidhm:

(a) iarrachtaí níos tréine a dhéanamh chun a chumais cosanta a fhorbairt trína rannpháirtíochtaí náisiúnta a fhorbairt agus trí bheith rannpháirteach, nuair is iomchuí, i bhfórsaí ilnáisiúnta, sna príomhchláir Eorpacha trealaimh agus i ngníomhaíocht na Gníomhaireachta a bhaineann le cumais chosanta a fhorbairt, le taighde, le soláthar agus le harmálacha (Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint), agus

(b) an cumas a bheith aige faoi 2010 ar a dhéanaí, bíodh sé ar leibhéal náisiúnta nó mar chomhbhall de ghrúpaí ilnáisiúnta d'fhórsaí, spriocaonaid chomhraic a chur ar fáil do na misin a phleanálfar, a bheidh struchtúrtha ar leibhéal na hoirbheartaíochta mar chathghrúpa, a mbeidh eilimintí tacaíochta acu lena n-áirítear iompar agus lóistíocht, a bheidh in ann na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a chur i gcrích laistigh de thréimhse 5 go 30 lá, go háirithe chun freagairt d'iarrataí ó Eagraíocht na Náisiún Aontaithe, agus a fhéadfar a choimeád ar bun ar feadh tréimhse tosaigh 30 lá agus leanúint leo ar feadh 120 lá ar a laghad.

*Airteagal 2*

D'fhonn na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 1 a bhaint amach, gabhfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa bhuanchomhar struchtúrtha ar láimh:

(a) comhoibriú, amhail ó Chonradh Liospóin a theacht i bhfeidhm, d'fhonn cuspóirí formheasta a bhaint amach maidir le leibhéal an chaiteachais infheistíochta ar threalamh cosanta, agus na cuspóirí sin a athbhreithniú go tráthrialta i bhfianaise thimpeallacht na slándála agus fhreagrachtaí idirnáisiúnta an Aontais;

(b) a ngairis cosanta a chur in oiriúint dá chéile oiread agus is féidir, go háirithe trí bhíthin sainaithint a riachtanas míleata a chomhchuibhiú, a meáin agus a gcumais cosanta a chomhthiomsú, agus, nuair is iomchuí, speisialtóireacht a dhéanamh orthu, agus taobhú leis an gcomhar i réimsí na hoiliúna agus na lóistíochta;

(c) bearta táigiúla a ghlacadh chun infhaighteacht, idir-inoibritheacht, solúbthacht agus in-imscarthacht a gcuid fórsaí a fheabhsú, go háirithe trí chomhchuspóirí a shainaithint maidir le fórsaí a sholáthar, lena bhféadfaí athbhreithniú ar a nósanna imeachta náisiúnta cinnteoireachta a áireamh;

(d) comhoibriú chun a áirithiú go nglacfaidh siad na bearta is gá, lena n-áirítear trí chur chuige ilnáisiúnta agus gan dochar do na gealltanais ina leith sin laistigh d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, chun na heasnaimh arna suíomh faoi chuimsiú an "tSásra Forbartha Cumais" a shlánú;

(e) páirt a ghlacadh, nuair is iomchuí, i bhforbairt mórchlár comhpháirteach trealaimh nó mórchlár Eorpach trealaimh faoi chuimsiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

*Airteagal 3*

Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint le measúnú tráthrialta ar rannpháirtíochtaí na mBallstát rannpháirteach i dtaca le cumais, go háirithe na rannpháirtíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis na critéir a bhunófar inter alia ar bhonn Airteagal 2, agus déanfaidh sí tuarascáil air ar a laghad uair sa bhliain. Féadfar an measúnú sin a úsáid mar bhonn do mholtaí agus do chinntí ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 46 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

# PRÓTACAL (Uimh. 11)

## MAIDIR LE hAIRTEAGAL 42 DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH an gá chun forálacha an dara fomhír d'Airteagal 42(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a chur chun feidhme go hiomlán,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH nach ndéanfaidh beartas an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42 dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe, agus go n-urramóidh sé na hoibleagáidí a chineann ó Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i gcás Ballstát áirithe a mheasann go bhfuil a gcomhchosaint bainte amach acu in ECAT, agus go mbeidh sé ag luí leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta arna bhunú sa chreat sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Tarraingeoidh an tAontas Eorpach suas, i dteannta le hAontas Iarthar na hEorpa, socruithe maidir le comhar feabhsaithe eatarthu.

# PRÓTACAL (Uimh. 12)

## MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA UM EASNAMH IOMARCACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO sonraí an nós imeachta um easnamh iomarcach dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chinneadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Is iad na luachanna tagartha dá dtagraítear in Airteagal 126(2) Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

— 3 % don chóimheas idir an t-easnamh rialtais, pleanáilte nó iarbhír, agus an olltáirgeacht intíre ag praghsanna margaidh;

— 60 % don chóimheas idir an fiachas rialtais agus an olltáirgeacht intíre ag praghsanna margaidh.

*Airteagal 2*

In Airteagal 126 den Chonradh sin agus sa Phrótacal seo:

— ciallaíonn "Rialtas" Rialtas Ginearálta, is é sin, Rialtas Láir, rialtas réigiúnach nó áitiúil agus cistí slándála sóisialta, seachas oibríochtaí tráchtála mar atá siad sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeáilte;

— ciallaíonn "easnamh" an ghlanfháil ar iasacht mar atá sí sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeáilte;

— ciallaíonn "infheistíocht" ollfhoirmiú caipitil sheasta mar atá sé sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeáilte;

— ciallaíonn "fiachas" ollfhiachas iomlán ar luach ainmniúil atá amuigh ag deireadh na bliana agus arna chomhdhlúthú idir earnálacha rialtais ghinearálta agus laistigh díobh mar atá sé sainithe sa chéad fhleasc.

*Airteagal 3*

Chun éifeachtúlacht an nós imeachta um easnamh iomarcach a áirithiú, beidh Rialtais na mBallstát freagrach faoin nós imeachta sin as easnaimh Rialtais Ghinearálta mar atá sé sainithe sa chéad fhleasc

d'Airteagal 2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcumasóidh nósanna imeachta náisiúnta sa réimse buiséadach dóibh a n-oibleagáidí sa réimse sin a chineann ó na Conarthaí a chomhlíonadh. Déanfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún go pras, tráthrialta ar a n-easnaimh phleanáilte agus iarbhír agus ar leibhéil a bhfiachais.

*Airteagal 4*

Soláthróidh an Coimisiún na sonraí staidrimh a úsáidfear chun an Prótacal seo a chur chun feidhme.

# PRÓTACAL (Uimh. 13)

## MAIDIR LEIS NA CRITÉIR UM CHÓINEASÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO sonraí na gcritéar um chóineasú a threoróidh an tAontas agus na cinntí á nglacadh aige maidir le deireadh a chur le maoluithe na mBallstát a bhfuil maolú acu, dá dtagraítear in Airteagal 140 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Ciallóidh an critéar um chobhsaíocht phraghsanna dá dtagraítear sa chéad fhleasc d'Airteagal 140(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbeidh ag Ballstát feidhmiú praghsanna atá inbhuanaithe agus meánráta boilscithe, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, nach dtéann níos mó ná 1.5 pointe céatadáin os cionn ráta boilscithe na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht phraghsanna. Déanfar an boilsciú a thomhas trí bhíthin innéacs praghsanna do thomhaltóirí (IPT) ar bhonn inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur san áireamh.

*Airteagal 2*

Ciallóidh an critéar um an riocht buiséadach rialtais dá dtagraítear sa dara fleasc d'Airteagal 140(1) den Chonradh sin nach mbeidh an Ballstát, tráth an scrúdaithe, faoi réir cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 126(6) den Chonradh sin go bhfuil easnamh iomarcach ann i gcás an Bhallstáit i dtrácht.

*Airteagal 3*

Ciallóidh an critéar um rannpháirtíocht i Meicníocht Rátaí Malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta dá dtagraítear sa tríú fleasc d'Airteagal 140(1) den Chonradh sin go bhfuil Ballstát tar éis na gnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáiltear i Meicníocht Rátaí Malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta a urramú gan ghéartheannais i rith an dá bhliain deiridh ar a laghad roimh an scrúdú. Go háirithe, ní bheidh an Ballstát tar éis ráta lárnach déthaobhach airgeadra a thíre a dhíluachháil in aghaidh an euro ar a thogra féin ar feadh na tréimhse céanna.

*Airteagal 4*

Ciallóidh an critéar um chóineasú rátaí úis dá dtagraítear sa cheathrú fleasc d'Airteagal 140(1) den Chonradh sin go raibh ag Ballstát, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, meánráta ainmniúil fadtéarmach úis nach dtéann níos mó ná 2 pointe céatadáin os cionn ráta na dtrí

Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht phraghsanna. Déanfar rátaí úis a thomhas ar bhonn bannaí fadtéarmacha rialtais nó urrúis inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur san áireamh.

*Airteagal 5*

Soláthróidh an Coimisiún na sonraí staidrimh a úsáidfear chun an Prótacal seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 6*

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa nó le BCE de réir mar a bheidh, agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, na forálacha iomchuí chun sonraí na gcritéar um chóineasú dá dtagraítear in Airteagal 140 den Chonradh sin a leagan síos agus cuirfear na forálacha sin in ionad an Phrótacail seo.

# PRÓTACAL (Uimh. 14)

## MAIDIR LEIS AN nGRÚPA EURO

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO dálaí a chur chun cinn d'fhás eacnamaíoch níos láidre san Aontas Eorpach agus, chuige sin, comhordú níos buandlúithe na mbeartas eacnamaíoch sa limistéar euro a fhorbairt,

ÓS FEASACH DÓIBH an gá atá ann forálacha speisialta a leagan síos d'agallamh feabhsaithe idir na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, go dtí go dtiocfaidh an euro chun bheith ina airgeadra do Bhallstáit uile an Aontais,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Tiocfaidh Airí na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu le chéile go neamhfhoirmiúil. Beidh na cruinnithe sin ann, nuair is gá, chun ceisteanna a phlé a bhaineann leis na freagrachtaí sonracha atá á roinnt acu maidir leis an airgeadra aonair. Glacfaidh an Coimisiún páirt sna cruinnithe sin. Tabharfar cuireadh don Bhanc Ceannais Eorpach páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin a ullmhóidh ionadaithe Airí sin na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu atá freagrach as cúrsaí airgeadais agus ionadaí an Choimisiúin.

*Airteagal 2*

Toghfaidh Airí na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu uachtarán go ceann dhá bhliain go leith, trí thromlach na mBallstát sin.

# PRÓTACAL (Uimh. 15)

## MAIDIR LE FORÁLACHA ÁIRITHE A BHAINEANN LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG AITHINT DÓIBH nach gcuirfear de cheangal ar an Ríocht Aontaithe ná nach mbeidh sí faoi ghealltanas an euro a ghlacadh gan a rialtas agus a Parlaimint cinneadh ar leith chuige sin a ghlacadh,

ÓS RUD É gur chuir rialtas na Ríochta Aontaithe in iúl don Chomhairle an 16 Deireadh Fómhair 1996 agus an 30 Deireadh Fómhair 1997 nach raibh sé ar intinn aige a bheith rannpháirteach sa tríú céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH cleachtas rialtas na Ríochta Aontaithe a riachtanas iasachta a chistiú trí fhiachas a dhíol leis an earnáil phríobháideach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

1. Mura gcuirfidh an Ríocht Aontaithe in iúl don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn aici an euro a ghlacadh, ní bheidh aon iallach uirthi déanamh amhlaidh.

2. Ag féachaint don fhógra a thug rialtas na Ríochta Aontaithe don Chomhairle an 16 Deireadh Fómhair 1996 agus an 30 Deireadh Fómhair 1997, beidh feidhm ag míreanna 3 go 8 agus mír 10 maidir leis an Ríocht Aontaithe.

3. Coimeádfaidh an Ríocht Aontaithe a cumhachtaí i réimse beartas airgeadaíochta i gcomhréir lena dlí náisiúnta.

4. Ní bheidh Airteagal 282(2), cé is moite den chéad abairt agus den abairt dheiridh de, Airteagal 282(5), an dara mír d'Airteagal 119, Airteagal 126(1), (9) agus (11), Airteagal 127(1) go (5), Airteagal 128, Airteagail 130, 131, 132 agus 133, Airteagal 138, Airteagal 140(3), Airteagal 219 agus Airteagal 283 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh infheidhme ar an Ríocht Aontaithe. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 121(2) den Chonradh seo maidir léi, a mhéid a bhaineann le glacadh na gcodanna sin de na mórthreoirlínte beartais eacnamaíoch a bhaineann leis an limistéar euro i gcoitinne. Sna forálacha sin, ní áireofar an Ríocht Aontaithe ar na tagairtí don Aontas ná do na Ballstáit agus ní áireofar Banc Shasana ar na tagairtí do bhainc cheannais náisiúnta.

5. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe gach dícheall easnamh rialtais iomarcach a sheachaint.

Leanfaidh Airteagail 143 agus 144 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh de bheith infheidhme ar an Ríocht Aontaithe. Beidh Airteagail 134(4) agus 142 infheidhme ar an Ríocht Aontaithe amhail is dá mbeadh maolú aici.

6. Déanfar cearta vótála na Ríochta Aontaithe a fhionraí nuair a bheidh an Chomhairle ag glacadh na mbeart dá dtagraítear sna hAirteagail atá liostaithe i mír 4 agus sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 139(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Chun na críche sin, beidh feidhm ag an dara fomhír d'Airteagal 139(4) den Chonradh sin.

Ní bheidh aon cheart ag an Ríocht Aontaithe ach oiread a bheith rannpháirteach i gceapadh Uachtarán, Leasuachtarán agus chomhaltaí eile Bhord Feidhmiúcháin BCE faoin dara mír d'Airteagal 283(2) den Chonradh sin.

7. Ní bheidh Airteagail 3, 4, 6, 7, 9.2, 10.1, 10.3, 11.2, 12.1, 14, 16, 18,19, 20, 22, 23, 26, 27, 30 go 34 agus 49 den Phrótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh ("an Reacht") infheidhme ar an Ríocht Aontaithe.

Sna hAirteagail sin, ní áireofar an Ríocht Aontaithe ar na tagairtí don Aontas ná do na Ballstáit agus ní áireofar Banc Shasana ar na tagairtí do bhainc cheannais náisiúnta.

Ní áireofar caipiteal suibscríofa Bhanc Shasana ar na tagairtí do "chaipiteal suibscríofa an Bhainc Cheannais Eorpaigh" in Airteagail 10.3 agus 30.2 den Reacht.

8. Beidh éifeacht ag Airteagal 141(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ag Airteagail 43 go 47 den Reacht, bíodh Ballstát a bhfuil maolú aige ann nó ná bíodh, faoi réir na leasuithe seo a leanas:

(a) Áireofar na tagairtí in Airteagal 43 do chúraimí BCE agus IEA ar na cúraimí sin nach mór a chomhall fós tar éis an euro a thabhairt isteach de dheasca aon chinnidh ón Ríocht Aontaithe gan an euro a ghlacadh.

(b) I dteannta na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 46 tabharfaidh BCE comhairle freisin a bhaineann le hullmhú aon chinnidh ón gComhairle maidir leis an Ríocht Aontaithe arna ghlacadh i gcomhréir le míreanna 9(a) agus 9(c), agus rannchuideoidh sé le hullmhú an chinnidh sin.

(c) Íocfaidh Banc Shasana a shuibscríbhinn le caipiteal BCE mar ranníocaíocht chuig a chostais oibríochtúla ar an mbonn céanna le bainc cheannais náisiúnta Bhallstát a bhfuil maolú acu.

9. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe a chur in iúl don Chomhairle tráth ar bith go bhfuil ar intinn aici an euro a ghlacadh. Sa chás sin:

(a) Ní bheidh an ceart ag an Ríocht Aontaithe an euro a ghlacadh ach amháin ar an gcoinníoll go gcomhallann sí na coinníollacha is gá. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di arna iarraidh sin don Ríocht Aontaithe agus faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 140(1) agus (2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an gcomhallann sí fós na coinníollacha is gá.

(b) Íocfaidh Banc Shasana a chaipiteal suibscríofa, aistreoidh sé sócmhainní chuig cúlchistí eachtracha an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus ranníocfaidh sé lena chúlchistí ar an mbonn céanna le banc ceannais náisiúnta Ballstáit a bhfuil a mhaolú aisghairthe.

(c) Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 140(3) den Chonradh sin, gach cinneadh eile is gá a ghlacadh chun a chumasú don Ríocht Aontaithe an euro a ghlacadh.

Má ghlacann an Ríocht Aontaithe an euro de bhun fhorálacha an Airteagail seo, scoirfidh míreanna 3 go 8 d'éifeacht a bheith leo.

10. D'ainneoin fhorálacha Airteagail 123 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 21.1 den Reacht, féadfaidh Rialtas na Ríochta Aontaithe a shaoráid "ways and means" le Banc Shasana a choimeád ar bun mura nglacfaidh agus fad nach nglacfaidh an Ríocht Aontaithe an euro.

# PRÓTACAL (Uimh. 16)

## MAIDIR LE FORALÁCHA ÁIRITHE A BHAINEANN LEIS AN DANMHAIRG

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG FÉACHAINT DO Bhunreacht na Danmhairge ina bhfuil forálacha a fhéadfaidh a thabhairt reifreann a bheith intuigthe sa Danmhairg sula dtarscaoilfidh an Danmhairg a maolú,

ÓS RUD É gur chuir rialtas na Danmhairge in iúl don Chomhairle an 3 Samhain 1993 nach raibh sé ar intinn aige a bheith rannpháirteach sa tríú céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

1. Ag féachaint don fhógra a thug Rialtas na Danmhairge don Chomhairle an 3 Samhain 1993, beidh maolú ag an Danmhairg. Is é éifeacht an mhaolaithe go mbeidh airteagail uile agus forálacha uile na gConarthaí agus Reacht an CEBC agus BCE a dhéanann tagairt do mhaolú infheidhme ar an Danmhairg.

2. Maidir leis an maolú a aisghairm, ní thionscnófar an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 140 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ach amháin arna iarraidh sin don Danmhairg.

3. I gcás stádas an mhaolaithe a aisghairm, ní bheidh forálacha an Phrótacail seo infheidhme a thuilleadh.

# PRÓTACAL (Uimh. 17)

## MAIDIR LEIS AN DANMHAIRG

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna speisialta áirithe a bhaineann leis an Danmhairg a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Ní dhéanfaidh forálacha Airteagal 14 den Phrótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh difear do cheart Bhanc Ceannais na Danmhairge a chúraimí láithreacha a bhaineann leis na codanna sin de Ríocht na Danmhairge nach cuid den Aontas iad a chomhlíonadh.

# PRÓTACAL (Uimh. 18)

## MAIDIR LEIS AN bhFRAINC

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO pointe áirithe a bhaineann leis an bhFrainc a chur san áireamh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Coimeádfaidh an Fhrainc pribhléid na heisiúna airgeadaíochta sa Nua-Chaladóin, i bPolainéis na Fraince agus i Vailís agus Futúna faoi na téarmaí arna mbunú faoina dlíthe náisiúnta agus is ise amháin a bheidh i dteideal paireacht fhranc CFP a chinneadh.

# PRÓTACAL (Uimh. 19)

## MAIDIR LE *ACQUIS* SCHENGEN ARNA LÁNPHÁIRTIÚ I gCREAT AN AONTAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gurb é is aidhm do na Comhaontuithe maidir le seiceálacha ag na comhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a shínigh roinnt Ballstát den Aontas Eorpach in Schengen ar an 14 Meitheamh 1985 agus an 19 Meitheamh 1990, maille leis na comhaontuithe a bhaineann leo agus na rialacha arna nglacadh ar bhonn na gcomhaontuithe sin, a rinneadh a lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh le Conradh Amstardam an 2 Deireadh Fómhair 1997,

ÓS MIAN LEO *acquis* Schengen a chaomhnú, forbartha mar atá ó tháinig Conradh Amstardam i bhfeidhm agus é a fhorbairt chun rannchuidiú leis an gcuspóir a ghnóthú limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais,

AG TABHAIRT AIRD ar sheasamh speisialta na Danmhairge,

AG CUR SAN ÁIREAMH nach bhfuil Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann rannpháirteach i bhforálacha uile *acquis* Schengen agus, ar a shon sin, gur cóir a fhoráil go bhféadfaidh na Ballstáit sin glacadh go hiomlán nó go páirteach le forálacha eile an *acquis* sin,

Á AITHINT DÓIBH gur gá mar sin leas a bhaint as forálacha na gConarthaí maidir le comhar níos dlúithe idir roinnt Ballstát,

AG CUR SAN ÁIREAMH a riachtanaí atá sé caidreamh speisialta a choimeád ar bun le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, ar Stáit iad sin araon atá faoi cheangal ag forálacha aontas Nordach na bpasanna, mar aon leis na Stáit Nordacha is Ballstáit den Aontas Eorpach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

### *Airteagal 1*

Údarófar do Ríocht na Beilge, do Phoblacht na Bulgáire, do Phoblacht na Seice, do Ríocht na Danmhairge, do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, do Phoblacht na hEastóine, don Phoblacht Heilléanach, do Ríocht na Spáinne, do Phoblacht na Fraince, do Phoblacht na hIodáile, do Phoblacht na Cipire, do Phoblacht na Laitvia, do Phoblacht na Liotuáine, d'Ard-Diúcacht Lucsamburg, do Phoblacht na hUngáire, do Phoblacht Mhálta, do Ríocht na hÍsiltíre, do Phoblacht na hOstaire, do Phoblacht na Polainne, do Phoblacht na Portaingéile, don Rómáin, do Phoblacht na Slóivéine, do Phoblacht na Slóvaice, do Phoblacht na Fionlainne agus do Ríocht na Sualainne comhar níos dlúithe a bhunú eatarthu féin sna réimsí a thig faoi fhorálacha arna sainiú ag an gComhairle arb éard iad *acquis* Schengen. Seolfar an comhar sin laistigh de chreat institiúideach dlíthiúil an Aontais Eorpaigh agus forálacha ábhartha na gConarthaí á n-urramú.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag *acquis* Schengen maidir leis na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 1, gan dochar d'Airteagal 3 d'Ionstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 ná d'Airteagal 4 d'Ionstraim Aontachais an 25 Aibreán 2005. Gabhfaidh an Chomhairle ionad an Choiste Feidhmiúcháin arna chur ar bun le comhaontuithe Schengen.

*Airteagal 3*

Beidh rannpháirtíocht na Danmhairge i nglacadh beart arb éard iad forbairt ar *acquis* Schengen, maille leis na bearta sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm sa Danmhairg, faoi rialú ag forálacha ábhartha an Phrótacail maidir le seasamh na Danmhairge.

*Airteagal 4*

Féadfaidh Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a iarraidh, tráth ar bith, bheith rannpháirteach i bhforálacha uile *acquis* Schengen nó i roinnt díobh.

Cinnfidh an Chomhairle ar an iarraidh le haontoilíocht na gcomhaltaí sin dá cuid dá dtagraítear in Airteagal 1 agus ionadaí rialtas an Stáit i dtrácht.

*Airteagal 5*

1. Beidh tograí agus tionscnaimh chun cur le *acquis* Schengen faoi réir fhorálacha ábhartha na gConarthaí.

Sa chomhthéacs sin, mura mbeidh fógra i scríbhinn tugtha ag Éirinn nó ag an Ríocht Aontaithe don Chomhairle laistigh de thréimhse réasúnta gur mian léi a bheith rannpháirteach, measfar an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 329 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bheith deonaithe do na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 1 agus d'Éirinn nó don Ríocht Aontaithe nuair is mian le ceachtar díobh a bheith rannpháirteach sna réimsí comhair atá i gceist.

2. Má mheastar go bhfuil fógra tugtha ag Éirinn nó ag an Ríocht Aontaithe de bhun cinnidh faoi Airteagal 4, féadfaidh ceachtar acu, mar sin féin, fógra a thabhairt don Chomhairle i scríbhinn, taobh istigh de 3 mhí, nach mian léi a bheith rannpháirteach i dtogra nó i dtionscnamh den sórt sin. Sa chás sin, ní bheidh Éire ná an Ríocht Aontaithe rannpháirteach ina ghlacadh. Ón bhfógra deiridh sin ar aghaidh, déanfar an nós imeachta chun an beart chun cur le *acquis* Schengen a fhionraí go dtí deireadh an nós imeachta a leagtar amach i mír 3 nó i mír 4 nó go dtí go n-aisghairfear an fógra sin tráth ar bith le linn an nós imeachta sin.

3. I dtaca le Ballstát a bhfuil an fógra tugtha aige dá dtagraítear i mír 2, ní bheidh feidhm a thuilleadh maidir leis ag aon chinneadh a dhéanfaidh an Chomhairle de bhun Airteagal 4, ón dáta a dtiocfaidh an beart molta i bhfeidhm, a mhéid a mheasfaidh an Chomhairle is gá sin agus faoi na coinníollacha a chinnfear i gcinneadh ón gComhairle a fheidhmeoidh trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún. Déanfar an cinneadh sin i gcomhréir leis na critéir seo a leanas: féachfaidh an Chomhairle lena oiread rannpháirtíochta ón mBallstát lena mbaineann agus is féidir a choinneáil gan dochar tromchúiseach a dhéanamh d'inoibritheacht phraiticiúil na gcodanna éagsúla d'*acquis* Schengen, agus a gcomhchuibheas á urramú. Cuirfidh an Coimisiún a thogra isteach a luaithe is

féidir tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 2. Gníomhóidh an Chomhairle, más gá tar éis dhá chruinniú i ndiaidh a chéile a chomóradh, taobh istigh de cheithre mhí den togra ón gCoimisiún.

4. Mura mbeidh cinneadh glactha ag an gComhairle faoi dheireadh na tréimhse ceithre mhí, féadfaidh Ballstát a éileamh ar an toirt go gcuirfí an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Sa chás sin, déanfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear i mír 3 ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

5. Má tharlaíonn, faoi dheireadh an nós imeachta a leagtar amach i mír 3 nó i mír 4, nach bhfuil a cinneadh glactha ag an gComhairle nó ag an gComhairle Eorpach, de réir mar a bheidh, déanfar fionraí an nós imeachta maidir le beart chun cur le *acquis* Schengen a ghlacadh a fhoirceannadh. Má ghlactar an beart sin ina dhiaidh sin, ní bheidh feidhm feasta ag aon chinneadh a dhéanfaidh an Chomhairle de bhun Airteagal 4, ón dáta a dtiocfaidh an beart sin i bhfeidhm, maidir leis an mBallstát lena mbaineann a mhéad a chinnfidh an Coimisiún agus faoi na coinníollacha a chinnfidh an Coimisiún, mura mbeidh an fógra dá dtagraítear i mír 2 tarraingthe siar ag an mBallstát sin sula nglacfar an beart. Gníomhóidh an Coimisiún roimh dháta an ghlactha sin. Nuair a bheidh a chinneadh á dhéanamh aige, urramóidh an Coimisiún na critéir dá dtagraítear i mír 3.

*Airteagal 6*

Beidh Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua bainteach le *acquis* Schengen a chur chun feidhme agus a fhorbairt tuilleadh. Comhaontófar ar nósanna imeachta iomchuí chuige sin i gComhaontú a dhéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di le haontoilíocht na gcomhaltaí sin dá cuid atá luaite in Airteagal 1, a thabhairt i gcrích leis na Stáit sin. Cuimseoidh Comhaontú den sórt sin forálacha maidir le rannchuidiú na hÍoslainne agus na hIorua le haon iarmhairtí airgeadais a thig ón bPrótacal seo a chur chun feidhme.

Tabharfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, Comhaontú ar leith i gcrích leis an Íoslainn agus an Iorua ar mhaithe le cearta agus oibleagáidí a bhunú idir Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann de pháirt amháin, agus an Íoslainn agus an Iorua de pháirt eile, i réimsí de *acquis* Schengen a bhfuil feidhm acu maidir leis na Stáit sin.

*Airteagal 7*

Chun críche na caibidlíochta chun Ballstáit nua a ligean isteach san Aontas Eorpach, measfar gur *acquis* nach foláir do gach Stát is iarrthóir glacadh leis ina iomláine *acquis* Schengen agus bearta eile arna nglacadh ag na hinstitiúidí laistigh dá raon feidhme.

# PRÓTACAL (Uimh. 20)

## MAIDIR LE GNÉITHE ÁIRITHE d'AIRTEAGAL 26 DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH A CHUR I bhFEIDHM AR AN RÍOCHT AONTAITHE AGUS AR ÉIRINN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO ceisteanna áirithe a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn a shocrú,

AG FÉACHAINT do na socruithe speisialta taistil atá ann le blianta fada idir an Ríocht Aontaithe agus Éire,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

D'ainneoin Airteagail 26 agus 77 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, aon fhorála eile den Chonradh sin nó den Chonradh ar an Aontas Eorpach, aon bhirt arna ghlacadh faoi na Conarthaí sin, nó aon chomhaontaithe idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas nó ag an Aontas agus a Bhallstáit le tríú Stát amháin nó níos mó, beidh an Ríocht Aontaithe i dteideal cibé rialuithe a mheasfaidh sí is gá a fheidhmiú ag a teorainneacha le Ballstáit eile ar dhaoine atá ag iarraidh teacht isteach sa Ríocht Aontaithe:

(a) d'fhonn a fhíorú an bhfuil an ceart chun teacht isteach sa Ríocht Aontaithe ag saoránaigh Ballstát, ag a gcleithiúnaithe atá ag feidhmiú ceart arna dtabhairt le dlí an Aontais agus ag saoránaigh Stát eile ar tugadh cearta den sórt sin dóibh le comhaontú atá ina cheangal ar an Ríocht Aontaithe; agus

(b) d'fhonn a chinneadh an dtabharfar nó nach dtabharfar cead do dhaoine eile teacht isteach sa Ríocht Aontaithe.

Ní dhéanfaidh aon ní in Airteagail 26 agus 77 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ná in aon fhoráil eile den Chonradh sin ná den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná in aon bheart arna ghlacadh fúthu dochar do cheart na Ríochta Aontaithe aon rialuithe den sórt sin a ghlacadh nó a fheidhmiú. Cuimseoidh tagairtí don Ríocht Aontaithe san Airteagal seo críocha a bhfuil an Ríocht Aontaithe freagrach as a gcaidreamh seachtrach.

*Airteagal 2*

Féadfaidh an Ríocht Aontaithe agus Éire leanúint de shocruithe a dhéanamh eatarthu féin maidir le gluaiseacht daoine idir a gcríocha ('an Comhlimistéar Taistil'), agus cearta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 1 den Phrótacal seo á n-urramú go hiomlán acu. Dá réir sin, fad a choimeádfaidh siad socruithe den sórt sin ar bun, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 1 den

Phrótacal seo maidir le hÉirinn faoi na téarmaí céanna agus na coinníollacha céanna atá ann i gcás na Ríochta Aontaithe. Ní dhéanfaidh aon ní in Airteagail 26 agus 77 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ná in aon fhoráil eile den Chonradh sin ná den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná in aon bheart eile arna ghlacadh fúthu difear d'aon socruithe den sórt sin.

*Airteagal 3*

Beidh na Ballstáit eile i dteideal rialuithe den sórt sin a fheidhmiú ag a dteorainneacha nó ag aon phointe teacht isteach ina gcríocha ar dhaoine atá ag iarraidh teacht isteach ina gcríocha ón Ríocht Aontaithe nó ó aon chríocha a bhfuil sí freagrach as a gcaidreamh seachtrach chun na gcríoch céanna atá luaite in Airteagal 1 den Phrótacal seo, nó ó Éirinn fad a bheidh feidhm ag forálacha Airteagal 1 den Phrótacal seo maidir le hÉirinn.

Ní dhéanfaidh aon ní in Airteagail 26 agus 77 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ná in aon fhoráil eile den Chonradh sin ná den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná in aon bheart arna ghlacadh fúthu dochar do cheart na mBallstát eile rialuithe den sórt sin a ghlacadh nó a fheidhmiú.

# PRÓTACAL (Uimh. 21)

## MAIDIR LE SEASAMH NA RÍOCHTA AONTAITHE AGUS NA hÉIREANN I dTACA LEIS AN LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO ceisteanna áirithe a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn a shocrú,

AG FÉACHAINT don Phrótacal maidir le gnéithe áirithe d'Airteagal 26 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar an Ríocht Aontaithe agus ar Éirinn,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Faoi réir Airteagal 3, ní bheidh an Ríocht Aontaithe agus Éire rannpháirteach nuair a ghlacfaidh an Chomhairle bearta arna mbeartú de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Beidh gá le haontoilíocht chomhaltaí na Comhairle, seachas ionadaithe rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, i gcás chinntí na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 2*

De dhroim Airteagal 1 agus faoi réir Airteagail 3, 4 agus 6, ní bheidh aon fhoráil de Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, aon bheart arna ghlacadh de bhun an Teidil sin, aon fhoráil d'aon chomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun an Teidil sin ná aon bhreith de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag léiriú aon fhorála nó birt den sórt sin ina cheangal ar an Ríocht Aontaithe ná ar Éirinn ná infheidhme iontu; agus ní dhéanfaidh aon fhoráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith d'inniúlachtaí, cearta agus oibleagáidí na Stát sin; agus ní dhéanfaidh aon fhoráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith don *acquis* communautaire ná d'*acquis* an Aontais ná ní bheidh siad ina gcuid de dhlí an Aontais mar a bheidh feidhm ag an *acquis* agus an dlí sin maidir leis an Ríocht Aontaithe nó le hÉirinn.

*Airteagal 3*

1. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe nó Éire fógra a thabhairt i scríbhinn d'Uachtarán na Comhairle, laistigh de thrí mhí tar éis do thogra nó tionscnamh a bheith tíolactha don Chomhairle de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, gur mian léi bheith rannpháirteach in aon bheart beartaithe den sórt sin a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, agus leis sin, beidh an Stát sin i dteideal bheith rannpháirteach amhlaidh.

Beidh gá le haontoilíocht chomhaltaí na Comhairle, seachas comhalta nach mbeidh fógra den sórt sin tugtha aige, i gcás chinntí na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil. Beidh beart arna ghlacadh faoin mír seo ina cheangal ar na Ballstáit uile a bheidh rannpháirteach ina ghlacadh.

Leagfar síos le bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 70 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh na coinníollacha do rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann sna meastacháin a bhaineann leis na réimsí atá folaithe le Teideal V de Chuid a Trí den Chonradh sin.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

2. Murar féidir tar éis tréimhse réasúnta beart dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe nó na hÉireann, féadfaidh an Chomhairle beart den sórt sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 1 gan rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe nó na hÉireann. Sa chás sin, beidh feidhm ag Airteagal 2.

*Airteagal 4*

Féadfaidh an Ríocht Aontaithe nó Éire, tráth ar bith tar éis don Chomhairle beart a ghlacadh de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, fógra faoina hintinn a thabhairt don Chomhairle agus don Choimisiún gur mian léi glacadh leis an mbeart sin. Sa chás sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 331(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 4a*

1. Beidh feidhm ag forálacha an Phrótacail seo maidir leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn chomh maith maidir le bearta a mholfar nó a ghlacfar de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena leasófar beart atá ann cheana atá ina cheangal orthu.

2. I gcásanna, áfach, ina gcinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, nach bhféadfaí, gan rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe nó na hÉireann sa leagan leasaithe de bheart atá ann, an beart sin a chur i bhfeidhm i leith Ballstát eile nó i leith an Aontais, féadfaidh sí a áiteamh orthu fógra a thabhairt faoi Airteagal 3 nó faoi Airteagal 4. Chun críocha Airteagal 3 tosóidh tréimhse bhreise dhá mhí ón dáta a gcinnfidh an Chomhairle amhlaidh.

Má tharlaíonn, nuair a rachaidh an tréimhse dhá mhí sin ó chinneadh na Comhairle in éag, nach mbeidh fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe ná ag Éirinn faoi Airteagal 3 nó faoi Airteagal 4, ní bheidh an beart atá ann ina cheangal uirthi ná ní bheidh sé infheidhme maidir léi a thuilleadh, mura mbeidh fógra faoi Airteagal 4 tugtha ag an mBallstát lena mbaineann sula dtiocfaidh an beart leasaitheach i bhfeidhm. Gabhfaidh éifeacht leis seo ón dáta a dtiocfaidh an beart leasaitheach i bhfeidhm nó ón dáta a rachaidh an tréimhse dhá mhí in éag, cibé acu is déanaí.

Chun críche na míre seo, gníomhóidh an Chomhairle, tar éis plé iomlán ar an ábhar, trí thromlach cáilithe dá comhaltaí a ionadaíonn do na Ballstáit a bheidh rannpháirteach nó a bhí rannpháirteach i nglacadh an bhirt leasaithigh. Saineofar tromlach cáilithe den Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh go n-iompróidh an Ríocht Aontaithe nó Éire na hiarmhairtí díreacha airgeadais, más ann dóibh, a thabhófar le riachtanas agus ar dhóigh dhosheachanta de thoradh a rannpháirtíochta sa bheart atá ann a scor.

4. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo dochar d'Airteagal 4.

*Airteagal 5*

Ní iompróidh Ballstát nach bhfuil faoi cheangal ag beart arna ghlacadh de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh aon iarmhairtí airgeadais a ghabhann leis an mbeart sin seachas costais riarthacha a thabhóidh na hinstitiúidí, ach amháin má chinneann comhaltaí uile na Comhairle a mhalairt, ag gníomhú dóibh d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

*Airteagal 6*

Más rud é, i gcásanna dá dtagraítear sa Phrótacal seo, go mbeidh beart arna ghlacadh ag an gComhairle de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina cheangal ar an Ríocht Aontaithe nó ar Éirinn, beidh feidhm ag forálacha ábhartha na gConarthaí, maidir leis an Stát sin i ndáil leis an mbeart sin.

*Airteagal 6a*

Na rialacha a leagtar síos ar bhonn Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag na Ballstáit agus gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh sin, ní bheidh siad ina gceangal ar an Ríocht Aontaithe ná ar Éirinn nuair nach mbeidh na rialacha ina gceangal orthu lena rialaítear cineálacha an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla nó cineálacha an chomhair phóilíneachta a cheanglaíonn na forálacha a leagtar síos ar bhonn Airteagal 16 a chomhlíonadh.

*Airteagal 7*

Beidh Airteagail 3, 4 agus 4a gan dochar don Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 8*

Féadfaidh Éire fógra a thabhairt i scríbhinn don Chomhairle nach mian léi bheith faoi réir théarmaí an Phrótacail seo a thuilleadh. Sa chás sin, beidh feidhm ag gnáthfhorálacha an Chonartha maidir le hÉirinn.

*Airteagal 9*

A mhéid a bhaineann le hÉirinn, ní bheidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir le hAirteagal 75 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

# PRÓTACAL (Uimh. 22)

## MAIDIR LE SEASAMH NA DANMHAIRGE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH an Chinnidh ó na Ceannairí Stáit nó Rialtais, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann ar an 12 Nollaig 1992, maidir le fadhbanna áirithe arna dtógáil ag an Danmhairg maidir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS A THABHAIRT DÁ nAIRE seasamh na Danmhairge maidir le Saoránacht, le hAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, leis an mBeartas Cosanta agus le Ceartas agus Gnóthaí Baile mar atá sé leagtha síos i gCinneadh Dhún Éideann,

ÓS FEASACH DÓIBH go ndéanfaidh leanúint faoi na Conarthaí de na socruithe dlí a d'eascair ó Chinneadh Dhún Éideann rannphháirtíocht na Danmhairge i réimsí tábhachtacha den chomhar san Aontas a theorannú go suntasach agus gurb é lár leas an Aontais iomláine an *acquis* a áirithiú i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais,

ÓS MIAN LEO mar sin creat dlí a bhunú a thabharfaidh rogha don Danmhairg a bheith rannpháirteach i nglacadh na mbeart arna mbeartú ar bhonn Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ag fáiltiú dóibh roimh intinn na Danmhairge leas a bhaint as an rogha sin nuair is féidir i gcomhréir lena riachtanais bhunreachtúla,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE nach gcoiscfidh an Danmhairg na Ballstáit eile ar a gcomhar a fhorbairt tuilleadh i ndáil le bearta nach bhfuil ina gceangal ar an Danmhairg,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH Airteagal 3 den Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

### CUID I

*Airteagal 1*

Ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach nuair a ghlacfaidh an Chomhairle bearta arna mbeartú de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Beidh gá le haontoilíocht chomhaltaí na Comhairle, seachas ionadaí rialtas na Danmhairge, i gcás chinntí na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 2*

Ní bheidh aon fhoráil de Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, aon bheart arna ghlacadh de bhun an Teidil sin, aon fhoráil d'aon chomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun an Teidil sin, ná aon chinneadh ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag léiriú aon fhoráil nó aon bheart den sórt sin nó aon bheart a leasaíodh nó atá inleasaithe de bhun an Teidil sin ina cheangal nó ina ceangal ar an Danmhairg ná infheidhme inti; agus ní dhéanfaidh aon fhoráil, aon bheart ná aon chinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith d'inniúlachtaí, do chearta ná d'oibleagáidí na Danmhairge; agus ní dhéanfaidh aon fhoráil, aon bheart ná aon chinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith don acquis Comhphobail ná Aontais ná ní bheidh siad ina gcuid de dhlí an Aontais mar a bheidh feidhm ag an acquis agus an dlí sin maidir leis an Danmhairg. Go háirithe, leanfaidh gníomhartha an Aontais i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a glacadh sula dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm agus a ndearnadh leasú orthu de cheangal a bheith acu ar an Danmhairg agus de bheith infheidhme maidir léi, gan athrú.

*Airteagal 2a*

Beidh feidhm ag Airteagal 2 den Phrótacal seo freisin maidir leis na rialacha sin a leagtar síos ar bhonn Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bhaineann le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag na Ballstáit nuair atá gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh sin.

*Airteagal 3*

Ní iompróidh an Danmhairg aon iarmhairtí airgeadais a ghabhann le bearta dá dtagraítear in Airteagal 1, seachas costais riarthacha a thabhóidh na hinstitiúidí.

*Airteagal 4*

1. Cinnfidh an Danmhairg, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle beart a ghlacadh ar thogra nó tionscnamh chun cur le *acquis* Schengen atá folaithe leis an gCuid seo, an gcuirfidh sí an beart sin chun feidhme ina dlí náisiúnta. Má chinneann sí é sin a dhéanamh, cruthóidh an beart sin oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta idir an Danmhairg agus na Ballstáit eile a mbeidh an beart ina cheangal orthu.

2. Má chinneann an Danmhairg gan beart ón gComhairle dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme, déanfaidh na Ballstáit a mbeidh an beart sin ina cheangal orthu agus an Danmhairg na bearta iomchuí a bheidh le glacadh a mheas.

CUID II

*Airteagal 5*

I dtaca le bearta arna nglacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 26(1), Airteagal 42 agus Airteagail 43 go 46 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu. Dá bhrí sin, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na

mbeart sin. Ní choiscfidh an Danmhairg na Ballstáit eile ar a gcomhar a fhorbairt tuilleadh sa réimse sin. Ní bheidh d'iallach ar an Danmhairg rannchuidiú le maoiniú an chaiteachais oibríochtúil a thig ó na bearta sin ná cumais mhíleata a chur ar fáil don Aontas.

Beidh gá le haontoilíocht chomhaltaí na Comhairle, seachas ionadaí rialtas na Danmhairge, do ghníomhartha na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## CUID III

### *Airteagal 6*

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 1, 2 agus 3 maidir le bearta ag cinneadh na dtríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosa a bheith ina seilbh acu nuair a bheidh teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú acu, ná ar bhearta maidir le formáid chomhionann do víosaí.

## CUID IV

### *Airteagal 7*

Féadfaidh an Danmhairg tráth ar bith, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla, a chur in iúl do na Ballstáit eile nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as an Prótacal seo nó cuid de. Sa chás sin, cuirfidh an Danmhairg i bhfeidhm go hiomlán na bearta ábhartha uile a bheidh i bhfeidhm ag an am sin arna nglacadh i gcreat an Aontais Eorpaigh.

### *Airteagal 8*

1. Tráth ar bith agus gan dochar d'Airteagal 7, féadfaidh an Danmhairg, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla, fógra a thabhairt do na Ballstáit eile gurb éard é Cuid I den Phrótacal seo, amhail ón gcéad lá den mhí i ndiaidh an fhógra, na forálacha san Iarscríbhinn. Sa chás sin, déanfar Airteagail 5 go 8 a athuimhriú dá réir.

2. Sé mhí tar éis an dáta a ghabhfaidh éifeacht leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1, beidh *acquis* Schengen uile agus bearta arna nglacadh chun cur leis an *acquis* sin, a bhí ina gceangal ar an Danmhairg go dtí sin mar oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, ina gceangal ar an Danmhairg mar chuid de dhlí an Aontais.

# *IARSCRÍBHINN*

## *Airteagal 1*

Faoi réir Airteagal 3, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach nuair a ghlacfaidh an Chomhairle bearta arna mbeartú de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Beidh gá le haontoilíocht chomhaltaí na Comhairle, seachas ionadaí rialtas na Danmhairge, do chinntí na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 238(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## *Airteagal 2*

De bhua Airteagal 1 agus faoi réir Airteagail 3, 4 agus 8, ní bheidh aon fhoráil i dTeideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, aon bheart arna ghlacadh de bhun an Teidil sin, aon fhoráil d'aon chomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun an Teidil sin ná aon bhreith de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag léiriú aon fhorála nó aon bhirt den sórt sin ina cheangal ar an Danmhairg ná infheidhme inti. Ní dhéanfaidh aon fhoráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith d'inniúlachtaí, cearta agus oibleagáidí na Danmhairge. Ní dhéanfaidh aon fhoráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith don *acquis* Comhphobail ná Aontais ná ní bheidh siad ina gcuid de dhlí an Aontais mar a bheidh feidhm ag an *acquis* agus an dlí sin maidir leis an Danmhairg.

## *Airteagal 3*

1. Féadfaidh an Danmhairg fógra a thabhairt i scríbhinn d'Uachtarán na Comhairle, laistigh de thrí mhí tar éis an dáta ar tíolacadh togra nó tionscnamh don Chomhairle de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, gur mian léi bheith rannpháirteach le linn aon bheart den sórt sin arna bheartú a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, agus leis sin beidh an Danmhairg i dteideal bheith rannpháirteach amhlaidh.

2. Mura féidir tar éis tréimhse réasúnta beart dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh le rannpháirtíocht na Danmhairge, féadfaidh an Chomhairle an beart sin dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 1 gan rannpháirtíocht na Danmhairge. Sa chás sin beidh feidhm ag Airteagal 2.

## *Airteagal 4*

Féadfaidh an Danmhairg, tráth ar bith tar éis an dáta ar glacadh beart de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, fógra faoina hintinn a thabhairt don Chomhairle agus don Choimisiún gur mian léi glacadh leis an mbeart sin. Sa chás sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 331(1) den Chonradh sin.

## *Airteagal 5*

1. Beidh feidhm ag forálacha an Phrótacail seo maidir leis an Danmhairg chomh maith maidir le bearta a mholfar nó a ghlacfar de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena leasaítear beart atá ann cheana atá ina cheangal uirthi.

2. Ach i gcásanna ina gcinnfidh an Chomhairle, áfach, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, nach bhféadfaí, gan rannpháirtíocht na Danmhairge sa leagan leasaithe de bheart atá ann, an beart sin a chur i bhfeidhm i leith Ballstát eile nó i leith an Aontais, féadfaidh sí a áiteamh uirthi fógra a thabhairt faoi Airteagal 3 nó 4. Chun críocha Airteagal 3 tosóidh tréimhse bhreise dhá mhí ón dáta a suífidh an Chomhairle amhlaidh.

Má tharlaíonn, nuair a rachaidh an tréimhse dhá mhí sin ó shuíomh na Comhairle in éag, nach mbeidh fógra tugtha ag an Danmhairg faoi Airteagal 3 nó faoi Airteagal 4, ní bheidh an beart atá ann ina cheangal uirthi ná ní bheidh sé infheidhme maidir léi a thuilleadh, mura mbeidh fógra tugtha aici faoi Airteagal 4 sula dtiocfaidh an beart leasaitheach i bhfeidhm. Gabhfaidh éifeacht leis seo ón dáta a dtiocfaidh an beart leasaitheach i bhfeidhm nó ón dáta a rachaidh an tréimhse dhá mhí in éag, cibé acu is déanaí.

Chun críche na míre seo, gníomhóidh an Chomhairle, tar éis plé iomlán ar an ábhar, trí thromlach cáilithe dá comhaltaí a ionadaíonn do na Ballstáit a bheidh rannpháirteach nó a bhí rannpháirteach i nglacadh an bhirt leasaithigh. Saineofar tromlach cáilithe den Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh go n-iompróidh an Danmhairg na hiarmhairtí díreacha airgeadais, más ann dóibh, a thabhófar de thoradh a rannpháirtíocht sa bheart atá ann a scor.

4. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo dochar d'Airteagal 4.

*Airteagal 6*

1. Tíolacfar fógra de bhun Airteagal 4 tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an dáta ar glacadh beart go cinntitheach má tá an beart sin ag cur le *acquis* Schengen.

Mura dtíolacfaidh an Danmhairg fógra i gcomhréir le hAirteagal 3 nó Airteagal 4 maidir le beart chun cur le *acquis* Schengen, déanfaidh na Ballstáit a mbeidh an beart sin ina cheangal orthu agus an Danmhairg na bearta iomchuí a bheidh le glacadh a mheas.

2. Fógra de bhun Airteagal 3 i ndáil le beart chun chur le *acquis* Schengen, measfar go neamh-inchúlghairthe gur fógra é de bhun Airteagal 3 i ndáil le haon togra nó tionscnamh eile arb é is aidhm dó cur leis an mbeart sin a mhéid atá an togra nó an tionscnamh sin ag cur le *acquis* Schengen.

*Airteagal 7*

Na rialacha a leagtar síos ar bhonn Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus a bhaineann le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag na Ballstáit agus gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh sin, ní bheidh siad ina gceangal ar an Danmhairg nuair nach mbeidh na rialacha ina gceangal uirthi lena rialaítear cineálacha an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla nó cineálacha an chomhair phóilíneachta a cheanglaíonn na forálacha a leagtar síos ar bhonn Airteagal 16 a chomhlíonadh.

*Airteagal 8*

Más rud é, i gcásanna dá dtagraítear sa Chuid seo, go mbeidh beart arna ghlacadh ag an gComhairle de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina cheangal ar an Danmhairg, beidh feidhm ag na forálacha ábhartha de na Conarthaí maidir leis an Danmhairg i ndáil leis an mbeart sin.

*Airteagal 9*

Nuair nach mbeidh an Danmhairg faoi cheangal ag beart arna ghlacadh de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní iompróidh sí aon iarmhairtí airgeadais a ghabhfaidh leis an mbeart sin seachas costais riaracháin a thabhóidh na hinstitiúidí, ach amháin má chinneann an Chomhairle a mhalairt, ag gníomhú di d'aon toil a chomhaltaí uile tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

# PRÓTACAL (Uimh. 23)

## MAIDIR LE CAIDREAMH EACHTRACH NA mBALLSTÁT I dTACA LE TEORAINNEACHA SEACHTRACHA A THRASNÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AGUS AIRD Á TABHAIRT ACU ar a riachtanaí atá sé do na Ballstáit rialuithe éifeachtúla ag a dteorainneacha seachtracha a áirithiú, i gcomhar le tríú tíortha nuair is iomchuí,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Beidh na forálacha ar na bearta maidir le teorainneacha seachtracha a thrasnú atá in Airteagal 77(2)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh gan dochar d'inniúlacht na mBallstát comhaontuithe a chaibidil nó a thabhairt i gcrích le tríú tíortha fad a dhéanfaidh siad dlí an Aontais agus comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha eile a urramú.

# PRÓTACAL (Uimh. 24)

## MAIDIR LE TEARMANN DO NÁISIÚNAIGH DE CHUID BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go n-aithníonn an tAontas na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá leagtha amach sa Chairt um Chearta Bunúsacha,

DE BHRÍ, de bhun Airteagal 6(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go bhfuil na cearta bunúsacha mar atá siad ráthaithe leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint ina gcuid de dhlí an Aontais mar phrionsabail ghinearálta,

DE BHRÍ go bhfuil dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go ndéanfaidh an tAontas an dlí a urramú, agus Airteagal 6(1) agus (3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach á léiriú agus á chur i bhfeidhm aige,

DE BHRÍ, de bhun Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, nach foláir d'aon Stát Eorpach, agus iarratas á dhéanamh aige chun bheith ina chomhalta den Aontas, na luachanna atá leagtha amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH go mbunaíonn Airteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach sásra chun cearta áirithe a fhionraí i gcás go ndéanann Ballstát na luachanna sin a shárú go tromchúiseach leanúnach,

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil ag gach náisiúnach de chuid Ballstáit, mar shaoránach den Aontas, stádas agus cosaint speisialta a dhéanfaidh na Ballstáit a ráthú i gcomhréir le forálacha Chuid a Dó den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH go mbunaíonn na Conarthaí limistéar gan teorainneacha inmheánacha agus go dtugann siad do gach saoránach an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát,

ÓS MIAN LEO a chinntiú nach mbainfear leas as an tearmann chun críoch atá bunoscionn leis na críocha ar ceapadh chucu é,

DE BHRÍ go n-urramaíonn an Prótacal seo críochnaitheacht agus cuspóirí Choinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 maidir le stádas dídeanaithe,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal Aonair*

Ag féachaint do leibhéal na cosanta maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha a thugann Ballstáit an Aontais Eorpaigh, measfar gur tíortha sábháilte tionscnaimh iad na Ballstáit i leith a chéile fad a bhaineann le críocha dlí agus críocha praiticiúla i ndáil le hábhair thearmainn. Dá réir sin, ní fhéadfar aon iarratas ar thearmann arna dhéanamh ag náisiúnach de chuid Ballstáit a chur san áireamh ná ní fhéadfar a dhearbhú go bhfuil sé inghlactha lena phróiseáil ag Ballstát eile, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) má dhéanann an Ballstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir, agus leas á bhaint aige as forálacha Airteagal 15 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, bearta a ghlacadh, tar éis do Chonradh Amstardam teacht i bhfeidhm, chun a oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún sin a mhaolú ar a chríoch;

(b) má tá tús curtha leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go dtí go nglacfaidh an Chomhairle, nó, más iomchuí, an Chomhairle Eorpach, cinneadh ina leith sin i dtaca leis an mBallstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir;

(c) má tá cinneadh glactha ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach i dtaca leis an mBallstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir, nó má tá cinneadh glactha ag an gComhairle Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Chonradh sin i dtaca leis an mBallstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir;

(d) dá gcinnfeadh Ballstát amhlaidh go haontaobhach maidir leis an iarratas ó náisiúnach de chuid Ballstáit eile; sa chás sin, cuirfear an Chomhairle ar an eolas láithreach; déileálfar leis an iarratas ar bhonn na toimhdean go bhfuil sé go follasach gan bhunús, gan difear a dhéanamh ar dhóigh ar bith, gan spleáchas do na cásanna, do chumhacht chinnteoireachta an Bhallstáit.

# PRÓTACAL (Uimh. 25)

## MAIDIR LE hINNIÚLACHTAÍ ROINNTE A FHEIDHMIÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal aonair*

Maidir le hAirteagal 2(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hinniúlachtaí roinnte, i gcás ina nglacfaidh an tAontas beart i réimse áirithe, ní chumhdóidh raon feidhme fheidhmiú na hinniúlachta sin ach na gnéithe a rialaítear leis an ngníomh sin de chuid an Aontais atá i gceist agus ní chumhdóidh sé dá bhrí sin an réimse go léir.

# PRÓTACAL (Uimh. 26)

## MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ LEASA GHINEARÁLTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO béim a leagan ar thábhacht seirbhísí leasa ghinearálta,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Cuimsíonn comhluachanna an Aontais maidir le seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta, de réir bhrí Airteagal 14 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an méid seo a leanas go háirithe:

— an ról riachtanach agus an rogha leathan atá ag na húdaráis náisiúnta, ag na húdaráis réigiúnacha agus ag na húdaráis áitiúla maidir le seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta a sholáthar, a chur á n-úsáid agus a eagrú ar bhealach a fhreagraíonn a oiread agus is féidir do riachtanais na n-úsáideoirí;

— éagsúlacht na seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta agus na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir riachtanais na n-úsáideoirí agus idir a roghanna de bharr staideanna geografacha, staideanna sóisialta nó staideanna cultúrtha éagsúla;

— leibhéal ard cáilíochta, sábháilteachta agus incheannaitheachta, an chóir chomhionann agus rochtain do chách agus cearta úsáideoirí a chur chun cinn.

*Airteagal 2*

Ní dhéanfaidh forálacha na gConarthaí difear ar dhóigh ar bith d'inniúlacht na mBallstát maidir le seirbhísí leasa ghinearálta nach den gheilleagar iad a sholáthar, a chur á n-úsáid agus a eagrú.

# PRÓTACAL (Uimh. 27)

## MAIDIR LEIS AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS AN IOMAÍOCHT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG CUR SAN ÁIREAMH go gcuimsíonn an margadh inmheánach mar a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach é córas a áirithíonn nach ndéanfar an iomaíocht a shaobhadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ

chun na críche sin, go nglacfaidh an tAontas, más gá, bearta faoi chuimsiú fhorálacha na gConarthaí, lena n-áirítear Airteagal 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Cuirfear an Prótacal seo i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

# PRÓTACAL (Uimh. 28)

## MAIDIR LE COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH go luann Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach an cuspóir comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a chur chun cinn agus go bhfuil an comhtháthú a dúradh ar cheann de na réimsí ina bhfuil inniúlacht arna roinnt san Aontas atá liostaithe in Airteagal 4(2)c den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

AG MEABHRÚ DÓIBH go soláthraíonn forálacha Chuid a Trí, Teideal XVIII maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach ina n-iomláine bonn dlíthiúil le gníomhaíocht an Aontais i réimse an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh a chomhdhlúthú agus a fhorbairt níos mó, lena n-áirítear cur ar bun ionchasach ciste nua,

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhforáiltear le forálacha Airteagal 177 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh Ciste Comhtháthaithe a chur ar bun,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhfuil suimeanna móra, agus iad ag dul i méid, á dtabhairt ar iasacht ag BEI chun leas na réigiún is boichte,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an dúil i mbreis solúbthachta le haghaidh rialacha mionsonraithe um chionrannta ó na cistí strúchtúracha,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an dúil i leibhéil rannpháirtíocht an Aontais i gcláir agus i dtionscadail i dtíortha áirithe a mhodhnú,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an togra rathúlacht choibhneasta Bhallstát a chur san áireamh níos mó sa chóras acmhainní dílse,

ATHDHAINGNÍONN SIAD go bhfuil cur ar aghaidh an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh sár-riachtanach do lánfhorbairt agus do rath marthanach an Aontais;

ATHDHAINGNÍONN SIAD a n-áitiús gur chóir go leanfadh na cistí struchtúracha de pháirt thábhachtach a imirt i ngnóthú cuspóirí Aontais i réimse an chomhtháthaithe;

ATHDHAINGNÍONN SIAD a n-áitiús gur chóir go leanfadh BEI den chuid is mó dá acmhainní a chur i leith comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur ar aghaidh agus dearbhaíonn siad a bhfonnmhaireacht riachtanais chaipitil BEI a athbhreithniú a luaithe a bheidh gá leis sin chun na críche sin;

COMHAONTAÍONN SIAD go soláthróidh an Ciste Comhtháthaithe ranníocaíochtaí airgeadais Aontais le haghaidh tionscadal i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach i mBallstáit ag a bhfuil OTI in aghaidh an duine níos lú ná 90 % den mheán Aontais agus ag a bhfuil clár chun na coinníollacha do chóineasú eacnamaíoch mar atá siad leagtha amach in Airteagal 126 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chomhall;

DEARBHAÍONN SIAD a n-intinn lamháil níos mó solúbthachta a cheadú chun airgeadas ó na cistí struchtúracha a chionroinnt ar riachtanais shonracha nach bhfolaítear faoi rialacháin láithreacha na gcistí struchtúracha;

DEARBHAÍONN SIAD a bhfonnmhaireacht leibhéil rannpháirtíocht an Aontais a mhodhnú i gcomhthéacs chláir agus thionscadail na gcistí struchtúracha d'fhonn méaduithe iomarcacha i gcaiteachas bhuiséad na mBallstát is lagrathúla a sheachaint;

COMHAONTAÍONN SIAD gur gá faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar an dul chun cinn ionsar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a ghnóthú agus dearbhaíonn siad a bhfonnmhaireacht staidéar a dhéanamh ar gach beart is gá ina leith sin;

DEARBHAÍONN SIAD a rún aird níos mó a thabhairt ar chumas ranníocaíochta na mBallstát leithleach sa chóras acmhainní dílse agus modhanna a scrúdú a chearthódh i gcás na mBallstát is lagrathúla eilimintí cúlchéimnitheacha atá sa chóras láithreach acmhainní dílse;

COMHAONTAÍONN SIAD go gcuirfear an Prótacal seo i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

# PRÓTACAL (Uimh. 29)

## MAIDIR LEIS AN gCÓRAS CRAOLACHÁIN PHOIBLÍ SNA BALLSTÁIT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ go bhfuil baint dhíreach ag an gcóras craolacháin phoiblí sna Ballstáit leis na riachtanais dhaonlathacha, shóisialta agus chultúrtha atá ag gach sochaí agus an riachtanas atá le hiolrachas sna meáin a chaomhnú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha léiriúcháin seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Beidh forálacha na gConarthaí gan dochar d'inniúlacht na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le craolachán seirbhíse poiblí a mhaoiniú a mhéad a thugtar maoiniú den sórt sin d'eagraíochtaí craolacháin chun cúram na seirbhíse poiblí a chomhall mar atá tugtha, sainithe agus eagraithe ag gach Ballstát, agus a mhéad nach ndéanann an maoiniú sin difear do dhálaí trádála agus iomaíochta san Aontas go feadh méid a bheadh bunoscionn leis an gcomhleas, agus aird á tabhairt ar réadú chúram na seirbhíse poiblí sin.

# PRÓTACAL (Uimh. 30)

## MAIDIR LE CAIRT UM CHEARTA BUNÚSACHA AN AONTAIS EORPAIGH A CHUR I bhFEIDHM MAIDIR LEIS AN bPOLAINN AGUS LEIS AN RÍOCHT AONTAITHE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ go n-aithníonn an tAontas, le hAirteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

DE BHRÍ go gcaithfear an Chairt a chur i bhfeidhm i gcomhréir dhlúth le forálacha Airteagal 6 dá dtagraítear thuas agus le Teideal VII den Chairt féin;

DE BHRÍ go bhforáiltear le hAirteagal 6 dá dtagraítear thuas nach mór do chúirteanna na Polainne agus na Ríochta Aontaithe an Chairt a chur i bhfeidhm agus a léiriú i gcomhréir dhlúth leis na míniúcháin dá dtagraítear san Airteagal sin;

DE BHRÍ go bhfuil idir chearta agus phrionsabail sa Chairt;

DE BHRÍ go bhfuil forálacha sa Chairt ar forálacha sibhialta agus forálacha polaitiúla iad, agus forálacha ar forálacha eacnamaíocha agus forálacha sóisialta iad;

DE BHRÍ go n-athdhaingnítear leis an gCairt na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a aithnítear san Aontas agus go dtugann sí chun léargais iad, ach mar sin féin nach gcruthaíonn sí cearta nua ná prionsabail nua;

AG MEABHRÚ DÓIBH na hoibleagáidí a chuirtear ar an bPolainn agus ar an Ríocht Aontaithe de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de bhun dhlí an Aontais i gcoitinne;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gur mian leis an bPolainn agus leis an Ríocht Aontaithe soiléiriú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de chur i bhfeidhm na Cairte;

ÓS MIAN LEO dá bhrí sin soiléiriú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Cairte i ndáil le dlíthe agus i ndáil le gníomhaíocht riaracháin na Polainne agus na Ríochta Aontaithe agus ar a hinbhreithnitheacht sa Pholainn agus sa Ríocht Aontaithe;

AG ATHDHAINGNIÚ DÓIBH, maidir leis na tagairtí atá sa Phrótacal seo do chur chun feidhme forálacha áirithe den Chairt, nach dochar ar bith iad do chur chun feidhme forálacha eile den Chairt;

AG ATHDHAINGNIÚ DÓIBH nach dochar an Prótacal seo do chur i bhfeidhm na Cairte maidir leis na Ballstáit eile;

AG ATHDHAINGNIÚ DÓIBH nach dochar an Prótacal seo do na hoibleagáidí eile atá ar an bPolainn agus ar an Ríocht Aontaithe de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de bhun dhlí an Aontais i gcoitinne,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

1. Ní chuireann an Chairt le cumas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná le cumas aon chúirte nó aon bhinse de chuid na Polainne nó na Ríochta Aontaithe a shuíomh nach bhfuil dlíthe, rialacháin nó forálacha, cleachtais nó gníomhaíocht riaracháin na Polainne nó na Ríochta Aontaithe ar comhréir leis na cearta, leis na saoirsí agus leis na prionsabail bhunúsacha sin a athdhaingníonn sí.

2. Go háirithe, agus chun amhras a sheachaint, ní chruthaíonn aon ní i dTeideal IV den Chairt aon chearta inbhreithnithe a bheidh infheidhme maidir leis an bPolainn nó an Ríocht Aontaithe, ach amháin a mhéid a fhoráiltear do na cearta sin i ndlí náisiúnta na Polainne nó na Ríochta Aontaithe.

*Airteagal 2*

I gcás ina dtagróidh foráil den Chairt do dhlíthe náisiúnta agus do chleachtais náisiúnta, ní bheidh feidhm aici maidir leis an bPolainn ná leis an Ríocht Aontaithe ach a mhéid a aithnítear i ndlí nó i gcleachtais na Polainne nó na Ríochta Aontaithe na cearta agus na prionsabail atá inti.

# PRÓTACAL (Uimh. 31)

## MAIDIR LE hALLMHAIRIÚ ISTEACH SAN AONTAS EORPACH AR THÁIRGÍ PEITRILIAM ARNA SCAGADH IN AINTILLÍ NA hÍSILTÍRE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO cruinneas a bheith ag baint leis na socruithe trádála is infheidhme maidir le hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach ar tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Baineann an Prótacal seo leis na táirgí peitriliam faoi cheannteidil 27.10, 27.11, 27.12, ex 27.13 (pairifín, céireacha peitriliam nó scealla agus iarmhair phairifíneacha) agus 27.14 in ainmníocht na Bruiséile a allmhairítear lena gcur in úsáid sna Ballstáit.

*Airteagal 2*

Gabhann na Ballstáit orthu féin go dtabharfar do tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre na buntáistí taraife a thig dá gcomhlachú leis an Aontas, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Phrótacal seo. Beidh feidhm leis na forálacha sin, cibé rialacha i dtaobh tionscnamh earraí a chuireann na Ballstáit chun feidhme.

*Airteagal 3*

1. Nuair a shonróidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát nó uaidh féin, go bhfuil an t-allmhairiú isteach san Aontas ar tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, faoin socrú dá bhforáiltear in Airteagal 2 thuas, ag tarraingt deacraí iarbhír ar mhargadh Ballstáit nó Ballstát cinnfidh sé go ndéanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na dleachtanna custaim is inchurtha ar na hallmhairí sin a thabhairt isteach, a mhéadú nó a atabhairt isteach, a mhéid is gá agus don tréimhse is gá chun freagairt don chor sin. Ní fhéadfaidh rátaí na ndleachtanna custaim a thabharfar isteach, a mhéadófar nó a atabharfar isteach amhlaidh bheith níos mó ná rátaí na ndleachtanna custaim is infheidhme i leith tríú tíortha i gcás na dtáirgí céanna.

2. Féadfar na forálacha atá leagtha síos sa mhír roimhe seo a chur chun feidhme i ngach cás nuair a shroichfidh a n-allmhaireofar isteach san Aontas de tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre dhá mhilliún tonna méadrach sa bhliain.

3. Cuirfear i bhfios don Chomhairle na cinntí a ghlac an Coimisiún de bhua na míreanna roimhe seo, lena n-áirítear na cinntí a bhéarfadh go ndiúltófaí don iarratas ó Bhallstát. Féadfaidh an Chomhairle gníomhú ina leith ar iarratas ó gach Bhallstát agus féadfaidh sí i gcónaí iad a leasú nó iad a chúlghairm.

*Airteagal 4*

1. Má mheasann Ballstát go bhfuil allmhairiú táirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, go díreach nó trasna Ballstáit eile, faoin socrú dá bhforáiltear in Airteagal 2 thuas, ag tarraingt deacraí iarbhír ar a mhargadh agus gur gá gníomhú láithreach chun freagairt dóibh, féadfaidh sé a chinneadh uaidh féin ar dhleachtanna custaim a chur ar na hallmhairí sin nach mbeidh a rátaí níos mó ná rátaí na ndleachtanna custaim is infheidhme i leith tríú tíortha i gcás na dtáirgí céanna. Cuirfidh sé an cinneadh sin i bhfios don Choimisiún agus cinnfidh an Coimisiún laistigh de thréimse míosa cé acu a fhéadfar cloí leis na bearta a ghlac an Stát nó a dhlífear iad a leasú nó a chealú. Bainfidh forálacha Airteagal 3(3) le cinneadh sin an Choimisiúin.

2. I gcás a n-allmhaireofar de tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, go díreach nó trasna Ballstáit eile faoin socrú dá bhforáiltear in Airteagal 2 thuas, isteach i mBallstát amháin nó níos mó den Aontas Eorpach a dhul, i rith bliana féilire, thar na tonnáistí a thaispeántar in Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo, measfar na bearta a bheadh le glacadh de bhun mhír 1 ag an mBallstát nó ag na Ballstáit sin don bhliain reatha a bheith ina mbearta bailí. Déanfaidh an Coimisiún, ar a bheith deimhin de gur sroicheadh na tonnáistí socraithe, na bearta a glacadh a thabhairt dá aire. Sa chás sin, ní chuirfidh na Ballstáit eile aon iarratas faoi bhráid na Comhairle.

*Airteagal 5*

Má chinneann an tAontas ar shrianta cainníochtúla a chur chun feidhme ar allmhairiú táirgí peitriliam ó gach áit, féadfar na srianta sin a chur i bhfeidhm chomh maith ar allmhairiú na dtáirgí sin ó Aintillí na hÍsiltíre. I gcás den sórt sin déanfar cóir fhabhrach i gcomparáid le tríú tíortha a áirithiú d’Aintillí na hÍsiltíre.

*Airteagal 6*

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, na forálacha atá leagtha síos in Airteagail 2 go 5 a leasú, ar chomhshainiú tionscnaimh a ghlacadh i gcás na dtáirgí peitriliam ó thríú tíortha agus ó tíortha comhlachaithe nó ar chinntí a ghlacadh faoi chuimsiú comhbheartais tráchtála do na táirgí atá i gceist nó ar chomhbheartas fuinnimh a bhunú.

2. Ach, nuair a dhéanfar leasú amhlaidh, dlífear i ngach cás buntáistí coibhéiseacha a choinneáil ar bun i leith Aintillí na hÍsiltíre i bhfoirm iomchuí agus le haghaidh cainníocht nach lú ná dhá mhilliún go leith tonna méadrach de tháirgí peitriliam.

3. Féadfar oibleagáidí an Aontais maidir leis na buntáistí coibhéiseacha atá luaite i mír 2 den Airteagal seo a chionroinnt, más gá sin, idir na tíortha, agus na tonnáistí a thaispeántar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo á gcur san áireamh.

### *Airteagal 7*

Chun an Prótacal seo a chomhalladh, beidh de chúram ar an gCoimisiún faire a choimeád ar a mbeidh á n-allmhairiú isteach sna Ballstáit de tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre. Déanfaidh na Ballstáit gach faisnéis fhóinteach ina leith sin a chur in iúl don Choimisiún, a áiritheoidh go dtabharfar leathantas di, ar na modhanna riaracháin a mholann sé.

## *IARSCRÍBHINN LEIS AN bPRÓTACAL*

Chun go gcuirfear i ngníomh mír 2 d'Airteagal 4 den Phrótacal a bhaineann le hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach ar tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, tá na hArdpháirtithe Conarthacha tar éis a chinneadh go ndéanfar dhá mhilliún tonna méadrach de tháirgí peitriliam ó na hAintillí a chionroinnt mar a leanas idir na Ballstáit:

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | 625 000 tonna méadrach |
| Aontas Eacnamaíochta na Beilge-Lucsamburg | 200 000 tonna méadrach |
| An Fhrainc | 75 000 tonna méadrach |
| An Iodáil | 100 000 tonna méadrach |
| An Ísiltír | 1 000 000 tonna méadrach |

# PRÓTACAL (Uimh. 32)

## MAIDIR LE MAOIN A FHÁIL SA DANMHAIRG

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna speisialta áirithe a bhaineann leis an Danmhairg a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

D'ainneoin fhorálacha na gConarthaí, féadfaidh an Danmhairg a cuid reachtaíochta atá ann cheana a choimeád ar bun maidir le háit chónaithe thánaisteach a fhá

# PRÓTACAL (Uimh. 33)

## MAIDIR LE hAIRTEAGAL 157 DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Chun críocha chur chun feidhme Airteagal 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní mheasfar mar phá sochair de bhun córas gairmiúil slándála sóisialta más féidir agus a mhéad is féidir iad a chur i leith tréimhsí fostaíochta roimh an 17 Bealtaine 1990, amach ó chás oibrithe nó a gcleithiúnaithe a bheidh tar éis caingean nó éileamh is comhionann léi a thionscnamh roimh an dáta sin de réir an dlí náisiúnta is infheidhme.

# PRÓTACAL (Uimh. 34)

## AR SHOCRUITHE SPEISIALTA DON GHRAONLAINN

*Airteagal aonair*

1. An chóir a thugtar, ar a n-allmhairiú isteach san Aontas, do tháirgí atá faoi réir ag comheagraíocht an mhargaidh do tháirgí iascaireachta agus ar de thionscnamh na Graonlainne iad, beidh ar áireamh inti, gan dochar do shásra chomheagraíocht an mhargaidh, díolúine ó dhleachtanna custaim agus ó mhuirir chomhéifeachta agus saoirse ó shrianta cainníochtúla agus bearta comhéifeachta, más sásúil don Aontas na deiseanna rochtana ar limistéir iascaireachta na Graonlainne a dheonófar don Aontas de bhun comhaontú idir an tAontas agus an t-údarás is freagrach as an nGraonlainn.

2. Na bearta uile a bhaineann leis na socruithe d'allmhairiú na dtáirgí sin, ar a n-áirítear iad siúd a bhaineann le glacadh na mbeart sin, glacfar iad de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

# PRÓTACAL (Uimh.35)

## MAIDIR LE hAIRTEAGAL 40.3.3 DE BHUNREACHT NA hÉIREANN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

Ní dhéanfaidh aon ní sna Conarthaí, sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ná sna Conarthaí agus sna hIonstraimí ag leasú nó ag forlíonadh na gConarthaí sin aon difear d'Airteagal 40.3.3 de Bhunreacht na hÉireann do chur chun feidhme in Éirinn.

# PRÓTACAL (Uimh. 36)

## MAIDIR LE FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ, d'fhonn an trasdul a eagrú ó fhorálacha institiúideacha na gConarthaí a bhí infheidhme roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin go dtí na forálacha sa Chonradh sin, gur gá forálacha idirthréimhseacha a leagan síos,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

*Airteagal 1*

Sa Phrótacal seo, ciallóidh "na Conarthaí" an Conradh ar an Aontas Eorpach, an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

## TEIDEAL I

### FORÁLACHA A BHAINEANN LE PARLAIMINT NA hEORPA

*Airteagal 2*

1. Don tréimhse sin den téarma parlaiminteach 2009-2014 atá fágtha an dáta a dtiocfaidh an tAirteagal seo i bhfeidhm, agus de mhaolú ar an dara mír d'Airteagal 189 agus ar Airteagal 190(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus ar an dara mír d'Airteagal 107 agus ar Airteagal 108(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a bhí i bhfeidhm tráth thoghcháin Pharlaimint na hEorpa i Meitheamh 2009, agus de mhaolú ar líon na suíochán dá bhforáiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 14(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfear na 18 suíochán seo a leanas leis na 736 shuíochán atá ann cheana, rud a fhágfaidh gur 754 líon iomlán chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa go sealadach go dtí deireadh an téarma pharlaimintigh 2009-2014:

| | | | |
|---|---|---|---|
| an Bhulgáir | 1 | an Ísiltír | 1 |
| an Spáinn | 4 | an Ostair | 2 |
| an Fhrainc | 2 | an Pholainn | 1 |
| an Iodáil | 1 | an tSlóivéin | 1 |
| an Laitvia | 1 | an tSualainn | 2 |
| Málta | 1 | an Ríocht Aontaithe | 1 |

2. De mhaolú ar Airteagal 14(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na daoine a líonfaidh na suíocháin bhreise dá dtagraítear i mír 1 a ainmniú i gcomhréir le reachtaíocht na mBallstát lena mbaineann agus ar choinníoll gur trí vótáil chomhchoiteann dhíreach a toghadh na daoine a bheidh i gceist:

(a) trí thoghcháin *ad hoc* le vótáil chomhchoiteann dhíreach sa Bhallstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na forálacha atá infheidhme maidir le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa;

(b) trí thagairt do thorthaí thoghcháin Pharlaimint na hEorpa a bhí ann ón 4 Meitheamh go dtí an 7 Meitheamh 2009; nó

(c) trí líon na gcomhaltaí is gá a bheith á ainmniú ag parlaimint náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, as measc a comhaltaí, i gcomhréir leis an nós imeachta a chinnfidh gach ceann de na Ballstáit sin.

3. In am trátha roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa sa bhliain 2014, glacfaidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 14(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cinneadh lena socrófar comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa.

TEIDEAL II

**FORÁLACHA A BHAINEANN LEIS AN TROMLACH CÁILITHE**

*Airteagal 3*

1. I gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, gabhfaidh éifeacht le forálacha na míre seo agus le forálacha Airteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir leis an tromlach cáilithe sa Chomhairle Eorpach agus sa Chomhairle a shainiú, an 1 Samhain 2014.

2. Idir an 1 Samhain 2014 agus an 31 Márta 2017, nuair a bheidh gníomh le glacadh, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go nglacfar é tríd an tromlach cáilithe mar atá sé sainithe i mír 3. Sa chás sin, beidh feidhm ag míreanna 3 agus 4.

3. Go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2014, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas, gan dochar don dara fomhír d'Airteagal 235(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Le haghaidh gníomhartha na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle nach foláir tromlach cáilithe dóibh, déanfar vótaí na gcomhaltaí a ualú mar a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Bheilg | 12 | Lucsamburg | 4 |
| An Bhulgáir | 10 | An Ungáir | 12 |
| Poblacht na Seice | 12 | Málta | 3 |
| An Danmhairg | 7 | An Ísiltír | 13 |
| An Ghearmáin | 29 | An Ostair | 10 |
| An Eastóin | 4 | An Pholainn | 27 |
| Éire | 7 | An Phortaingéil | 12 |
| An Ghréig | 12 | An Rómáin | 14 |
| An Spáinn | 27 | An tSlóivéin | 4 |
| An Fhrainc | 29 | An tSlóvaic | 7 |
| An Iodáil | 29 | An Fhionlainn | 7 |
| An Chipir | 4 | An tSualainn | 10 |
| An Laitvia | 4 | An Ríocht Aontaithe | 29 |
| An Liotuáin | 7 | | |

Glacfar gníomhartha má bhíonn 255 vóta ar a laghad i bhfabhar atá in ionannas le tromlach na gcomhaltaí nuair is gá faoi na Conarthaí iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún. I gcásanna eile glacfar cinntí má tá 255 vóta i bhfabhar atá in ionannas le dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí.

Féadfaidh comhalta den Chomhairle Eorpach nó comhalta den Chomhairle a iarraidh, nuair a ghlacfaidh an Chomhairle Eorpach nó an Chomhairle gníomh, go ndéanfar a fhíorú go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62 % ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más amhlaidh nach mar sin atá, ní ghlacfar an gníomh.

4. Go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2014, más rud é, de bhun na gConarthaí, nach nglacfaidh comhaltaí uile na Comhairle páirt sa vótáil, is é sin sna cásanna ina dtagraítear don tromlach cáilithe mar atá sé sainithe in Airteagal 238(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, saineofar an tromlach cáilithe mar an chionmhaireacht chéanna de na vótaí ualaithe agus an chionmhaireacht chéanna de chomhaltaí na Comhairle agus, más iomchuí, an céatadán céanna de dhaonra na mBallstát i dtrácht, agus atá leagtha síos i mír 3 den Airteagal seo.

## TEIDEAL III

## FORÁLACHA MAIDIR LE FOIRMÍOCHTAÍ NA COMHAIRLE

### *Airteagal 4*

Go dtí go dtiocfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(6) den Chonradh ar an Aontas Eorpach i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile sna foirmíochtaí arna leagan síos sa dara fomhír agus sa tríú fomhír den mhír sin agus sna foirmíochtaí eile atá ar an liosta arna bhunú le cinneadh ón gComhairle Gnóthaí Ginearálta, ag gníomhú di trí thromlach simplí.

## TEIDEAL IV

## FORÁLACHA A BHAINEANN LEIS AN gCOIMISIÚN, LENA nÁIRÍTEAR ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

### *Airteagal 5*

Na comhaltaí den Choimisiún a bheidh i seilbh oifige ar an dáta a dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm, fanfaidh siad i seilbh oifige go dtí deireadh a dtéarma oifige. Ar a shon sin, an lá a gceapfar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, tiocfaidh deireadh le téarma oifige an chomhalta a bhfuil an náisiúntacht chéanna aige leis an Ardionadaí.

## TEIDEAL V

## FORÁLACHA A BHAINEANN LE hARDRÚNAÍ NA COMHAIRLE, ARDIONADAÍ DON CHOMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA, AGUS LE LEAS-ARDRÚNAÍ NA COMHAIRLE

### *Airteagal 6*

Tiocfaidh deireadh le téarma oifige Ardrúnaí na Comhairle, Ardionadaí don Chomhbheartas eachtrach agus slándála, agus le téarma oifige Leas-Ardrúnaí na Comhairle ar an dáta a dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm. Ceapfaidh an Chomhairle Ardrúnaí i gcomhréir le hAirteagal 240(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

# TEIDEAL VI

## FORÁLACHA A BHAINEANN LE COMHLACHTAÍ COMHAIRLEACHA

### *Airteagal 7*

Go dtí go dtiocfaidh an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 301 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm, is mar seo a leanas a chionroinnfear comhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta:

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Bheilg | 12 | Lucsamburg | 6 |
| An Bhulgáir | 12 | An Ungáir | 12 |
| Poblacht na Seice | 12 | Málta | 5 |
| An Danmhairg | 9 | An Ísiltír | 12 |
| An Ghearmáin | 24 | An Ostair | 12 |
| An Eastóin | 7 | An Pholainn | 21 |
| Éire | 9 | An Phortaingéil | 12 |
| An Ghréig | 12 | An Rómáin | 15 |
| An Spáinn | 21 | An tSlóivéin | 7 |
| An Fhrainc | 24 | An tSlóvaic | 9 |
| An Iodáil | 24 | An Fhionlainn | 9 |
| An Chipir | 6 | An tSualainn | 12 |
| An Laitvia | 7 | An Ríocht Aontaithe | 24 |
| An Liotuáin | 9 | | |

### *Airteagal 8*

Go dtí go dtiocfaidh an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 305 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm, is mar seo a leanas a chionroinnfear comhaltaí Choiste na Réigiún:

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Bheilg | 12 | Lucsamburg | 6 |
| An Bhulgáir | 12 | An Ungáir | 12 |
| Poblacht na Seice | 12 | Málta | 5 |
| An Danmhairg | 9 | An Ísiltír | 12 |
| An Ghearmáin | 24 | An Ostair | 12 |
| An Eastóin | 7 | An Pholainn | 21 |
| Éire | 9 | An Phortaingéil | 12 |
| An Ghréig | 12 | An Rómáin | 15 |
| An Spáinn | 21 | An tSlóivéin | 7 |
| An Fhrainc | 24 | An tSlóvaic | 9 |
| An Iodáil | 24 | An Fhionlainn | 9 |
| An Chipir | 6 | An tSualainn | 12 |
| An Laitvia | 7 | An Ríocht Aontaithe | 24 |
| An Liotuáin | 9 | | |

## TEIDEAL VII

## FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LEIS NA GNÍOMHARTHA ARNA nGLACADH AR BHONN THEIDIL V AGUS VI DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH ROIMH CHONRADH LIOSPÓIN A THEACHT I bhFEIDHM

### *Airteagal 9*

Gníomhartha institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais arna nglacadh ar bhonn an Chonartha ar an Aontas Eorpach sula dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm, déanfar a n-éifeachtaí dlíthiúla a chaomhnú go dtí go ndéanfar iad a aisghairm, a neamhniú nó a leasú de bhun na gConarthaí. Is mar an gcéanna a bheidh maidir le comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir Bhallstáit ar bhonn an Chonartha ar an Aontas Eorpach.

### *Airteagal 10*

1. Mar bheart idirthréimhseach, agus maidir le gníomhartha an Aontais i dtaca le comhar póilíneachta agus le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta arna nglacadh sula dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm, is iad seo a leanas na cumhachtaí a bheidh ag na hinstitiúidí ar an dáta a dtiocfaidh an Conradh sin i bhfeidhm: ní bheidh cumhachtaí an Choimisiúin faoi Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh infheidhme agus fanfaidh cumhachtaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Theideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach, sa leagan a bheidh i bhfeidhm sula dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm, mar atá siad, lena n-áirítear i gcásanna inar glacadh iad faoi Airteagal 35(2) den Chonradh sin ar an Aontas Eorpach.

2. Béarfaidh an leasú ar ghníomh dá dtagraítear i mír 1 infheidhmeacht chumhachtaí na n-institiúidí dá dtagraítear sa mhír sin mar a leagtar amach sna Conarthaí iad i dtaca leis an ngníomh leasaithe maidir leis na Ballstáit sin a mbeidh feidhm ag an ngníomh leasaithe maidir leo.

3. Scoirfidh an beart idirthréimhseach dá dtagraítear i mír 1 d'éifeacht a bheith aige, ar scor ar bith, cúig bliana tar éis an dáta a dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm.

4. Sé mhí, ar a dhéanaí, roimh dhul in éag na hidirthréimhse dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh an Ríocht Aontaithe fógra a thabhairt don Chomhairle nach nglacann sí, i ndáil leis na gníomhartha dá dtagraítear i mír 1, le cumhachtaí na n-institiúidí dá dtagraítear i mír 1 mar a leagtar amach sna Conarthaí iad. Má bhíonn an fógra sin tugtha ag an Ríocht Aontaithe, scoirfidh na gníomhartha ar fad dá dtagraítear i mír 1 d'fheidhm a bheith acu maidir léi ón dáta a rachaidh an idirthréimhse dá dtagraítear i mír 3 in éag. Ní bheidh feidhm ag an bhfomhír seo maidir leis na gníomhartha leasaithe atá infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe mar a luaitear i mír 2.

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na socruithe iarmhartacha agus na socruithe idirthréimhseacha is gá. Ní bheidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an chinnidh seo. Saineofar tromlach cáilithe den Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh freisin lena gcinnfear go n-iompróidh an Ríocht Aontaithe na hiarmhairtí díreacha airgeadais, más ann dóibh, a thabhófar le riachtanas agus ar dhóigh dhosheachanta de bharr gur scoir sí de bheith rannpháirteach sna gníomhartha sin.

5. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe, tráth ar bith ina dhiaidh sin, fógra a thabhairt don Chomhairle á rá gur mian léi bheith rannpháirteach i ngníomhartha nach bhfuil infheidhme a thuilleadh maidir léi de bhun na chéad fhomhíre de mhír 4. Sa chás sin, beidh feidhm ag forálacha ábhartha an Phrótacail maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh nó ag forálacha ábhartha an Phrótacail maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, de réir mar a bheidh. Is iad na cumhachtaí a leagfar amach sna Conarthaí cumhachtaí na n-institiúidí i leith na ngníomhartha sin. Agus iad ag gníomhú faoi na Prótacail ábhartha, féachfaidh institiúidí an Aontais agus an Ríocht Aontaithe lena oiread rannpháirtíochta agus is féidir ón Ríocht Aontaithe in *acquis* an Aontais a athbhunú i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais gan éifeacht thromchúiseach a bheith aige sin ar inoibritheacht phraiticiúil na gcodanna éagsúla de, ag urramú a gcomhchuibhis dóibh.

# PRÓTACAL (Uimh. 37)

## MAIDIR LEIS NA hIARMHAIRTÍ AIRGEADAIS TOISC CONRADH CEGC A DHUL IN ÉAG AGUS LEIS AN gCISTE TAIGHDE UM GHUAL AGUS CRUACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH go ndearnadh sócmhainní agus dócmhainní uile an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, faoi mar a bhí siad an 23 Iúil 2002, a aistriú chuig an gComhphobal Eorpach an 24 Iúil 2002,

AG CUR SAN ÁIREAMH DÓIBH gurb inmhianaithe na cistí sin a úsáid le haghaidh taighde i réimsí atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach agus gur gá dá bharr sin rialacha sonracha áirithe a bhunú i dtaca leis sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

*Airteagal 1*

1. Faoi réir aon mhéadú nó laghdú a fhéadfaidh tarlú de thoradh ar na hoibríochtaí leachtaithe, measfar glanluach na sócmhainní agus na ndócmhainní sin, faoi mar a thaispeántar iad i gclár comhardaithe CEGC an 23 Iúil 2002, mar shócmhainní atá ceaptha le haghaidh taighde sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach, dá dtagraítear mar 'CEGC faoi leachtú'. Ar an leachtú a bheith críochnaithe, tagrófar dóibh mar 'Sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach'.

2. An t-ioncam ó na sócmhainní sin, dá dtagraítear mar 'An Ciste Taighde um Ghual agus Cruach', bainfear leas eisiach as le haghaidh taighde, lasmuigh den chlár réime taighde, sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach i gcomhréir le forálacha an Phrótacail seo agus na ngníomhartha arna nglacadh dá bhun.

*Airteagal 2*

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, na forálacha is gá chun an Prótacal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear na prionsabail shár-riachtanacha.

Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, bearta lena mbunófar treoirlínte ilbhliantúla airgeadais le haghaidh sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistíocht agus treoirlínte teicniúla a ghlacadh do chlár taighde an Chiste sin.

*Airteagal 3*

Beidh feidhm ag forálacha na gConarthaí, mura bhforáiltear a mhalairt sa Phrótacal seo agus sna gníomhartha arna nglacadh dá bhun.

# IARSCRÍBHINNÍ

# *IARSCRÍBHINN I*

## LIOSTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 38 DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH

| (1)<br>Uimhir in Ainmníocht na Bruiséile | (2)<br>Tuairisc na dtáirgí |
|---|---|
| Caibidil 1 | Ainmhithe beo |
| Caibidil 2 | Feoil agus scartach feola inite |
| Caibidil 3 | Iasc, crústaigh agus moilisc |
| Caibidil 4 | Toradh déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha |
| Caibidil 5 | |
| 05.04 | Inní, lamhnáin agus goilí ainmhithe (seachas iasc), go hiomlán agus ina bpíosaí |
| 05.15 | Táirgí ó ainmhithe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe marbha faoi Chaibidil 1 nó faoi Chaibidil 3, mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine |
| Caibidil 6 | Crainn agus plandaí beo eile; bleibíní; fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach |
| Caibidil 7 | Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite |
| Caibidil 8 | Torthaí agus cnónna inite; craiceann mealbhacán nó torthaí ciotrais |
| Caibidil 9 | Caife, tae agus spíosraí, gan maité (ceannteideal Uimh. 09.03) a áireamh |
| Caibidil 10 | Gránaigh |
| Caibidil 11 | Táirgí an tionscail mhuilleoireachta; braich agus stáirsí; glútan; iniúilin |
| Caibidil 12 | Síolta ola agus torthaí olúla; gráin, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionscail agus leighis; tuí agus farae |
| Caibidil 13 | |
| ex 13.03 | Peictin |
| Caibidil 15 | |
| 15.01 | Blonag agus saill leáite eile mhuice; saill leáite éanlaithe clóis |
| 15.02 | Saillte neamhleáite ó eallach buaibheach, caoirigh nó gabhair; geir (lena n-áirítear 'premier jus') ó na saillte sin |
| 15.03 | Stéirin bhlonaige, stéirin ola agus stéirin gheire; ola bhlonaige, oleo-ola, agus ola gheire, gan eibliú ná mheascadh ná ullmhú ar bith eile |
| 15.04 | Saillte agus olaí, ó éisc agus mamaigh farraige, scagtha nó gan scagadh |
| 15.07 | Olaí plandúla fosaithe, sreabhach nó soladach, amh, scagtha nó íonaithe |
| 15.12 | Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla, hidriginithe, scagtha nó gan scagadh, ach gan ullmhú thairis sin orthu |

| (1)<br>Uimhir in Ainmníocht na Bruiséile | (2)<br>Tuairisc na dtáirgí |
|---|---|
| 15.13 | Margairín, blonag bhréige agus saillte inite ullmhaithe eile |
| 15.17 | Iarmhair de thoradh substaintí sailleacha nó céireacha ainmhíocha nó plandúla a chóireáil |
| Caibidil 16 | Ullmhóidí feola, éisc, crústach nó moileasc |
| Caibidil 17 | |
| 17.01 | Siúcra biatais agus siúcra cána, soladach |
| 17.02 | Siúcraí eile; síoróipí siúcra; mil shaorga (measctha le mil aiceanta nó gan a bheith); caramal |
| 17.03 | Molás, dídhathaithe nó gan a bheith |
| 17.05 (*) | Siúcraí, síoróipí agus moláis arna n-aramatú nó arna mbreisiú le dathúcháin (agus siúcra fanaile nó fanailin san áireamh) ach amháin súnna torthaí arna mbreisiú le siúcra i gcionúireacht ar bith |
| Caibidil 18 | |
| 18.01 | Síol cócó, iomlán nó briste, amh nó rósta |
| 18.02 | Blaoscanna, mogaill, craicne agus dramh cócó |
| Caibidil 20 | Ullmhóidí glasraí, torthaí nó codanna eile de phlandaí |
| Caibidil 22 | |
| 22.04 | Úrfhíon fíonchaor, faoi choipeadh nó coiscthe ó choipeadh ar dhóigh seachas trí alcól a chur leis |
| 22.05 | Fíon as fíonchaora; úrfhíon fíonchaor agus é coiscthe ó choipeadh trí alcól a chur leis |
| 22.07 | Deochanna coipthe eile (mar shampla, leann úll, leann piorraí agus meá) |
| ex 22.08 (*)<br>ex 22.09 (*) | Alcól eitileach, dínádúraithe nó gan dínádúrú, ar neart ar bith, ó tháirgí talmhaíochta a áirítear in Iarscríbhinn I, ach amháin uisce beatha, licéir agus deochanna biotáilleacha eile, ullmhóidí alcólacha cumaisc (dá ngairtear 'eastóscáin thiubhaithe') chun deochanna a mhonarú |
| ex 22.10 (*) | Fínéagair chun úsáide tís agus a n-ionadaigh |
| Caibidil 23 | Iarmhair agus dramh ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe |
| Caibidil 24 | |
| 24.01 | Tobac neamh-mhonaraithe, bruscar tobac |
| Caibidil 45 | |
| 45.01 | Corc aiceanta, neamhoibrithe, brúite, gráinnithe nó meilte; dramh coirc |

| (1)<br>Uimhir in Ainmníocht na Bruiséile | (2)<br>Tuairisc na dtáirgí |
|---|---|
| Caibidil 54 | |
| 54.01 | Líon, amh nó próiseáilte ach gan bheith sníofa; barrach lín agus dramhlíon (lena n-áirítear ceirteacha tarraingthe nó gairnéadaithe) |
| Caibidil 57 | |
| 57.01 | Fíorchnáib (Cannabis sativa), amh nó próiseáilte ach gan bheith sníofa; barrach agus dramh d'fhíorchnáib (lena n-áirítear ceirteacha nó rópaí tarraingthe nó gairnéadaithe) |

(*) Ceannteideal a cuireadh isteach le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 7a ó Chomhairle Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa an 18 Nollaig 1959 (IO 7, 30.1.1961, lch. 71/61)

# *IARSCRÍBHINN II*

## TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR LENA mBAINEANN FORÁLACHA CHUID A CEATHAIR DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH

— An Ghraonlainn,

— An Nua-Chaladóin agus a Spleáchríocha,

— Polainéis na Fraince,

— Críocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince,

— Oileáin Wallis agus Futuna,

— Mayotte,

— San Pierre agus Miquelon,

— Arúba,

— Aintillí na hÍsiltíre:

  — Bonaire,

  — Cúrasó,

  — Saba,

  — Sint Eustasius,

  — Sint Maarten,

— Anguilla,

— Oileáin Cayman,

— Oileáin Fháclainne,

— An tSeoirsia Theas agus Oileáin Sandwich Theas,

— Montserrat,

— Pitcairn,

— San Héilin agus a Spleáchríocha,

— Críoch na Breataine san Antartach,

— Críoch na Breataine san Aigéan Indiach,

— Oileáin na dTurcach agus na gCaiceos,

— Ógh-Oileáin na Breataine,

— Beirmiúda.

# DEARBHUITHE

## A CUIREADH I gCEANGAL LE hIONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH NA COMHDHÁLA IDIR-RIALTASAÍ A GHLAC CONRADH LIOSPÓIN

*arna shíniú an 13 Nollaig 2007*

# A. DEARBHUITHE A BHAINEANN LE FORÁLACHA NA gCONARTHAÍ

## 1. Dearbhú maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

Daingníonn Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá ceangailteach ó thaobh dlí, na cearta bunúsacha atá ráthaithe leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus mar a thig siad ó na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit

Ní dhéanann an Chairt raon feidhme dhlí an Aontais a fhorleathnú thar chumhachtaí an Aontais ná aon chumhacht nua ná aon chúram nua a bhunú don Aontas, ná cumhachtaí agus cúraimí atá sainithe leis na Conarthaí a mhodhnú.

## 2. Dearbhú maidir le hAirteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Comhaontaíonn an Chomhdháil gur chóir aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a chosaint a dhéanamh ar dhóigh a chaomhnódh sainairíonna dhlí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhdháil dá haire go bhfuil agallamh ann go tráthrialta idir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine; d'fhéadfaí an t-agallamh sin a neartú nuair a aontóidh an tAontas Eorpach don Choinbhinsiún sin.

## 3. Dearbhú maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Cuirfidh an tAontas san áireamh staid shonrach na dtíortha beagmhéide a dhéanann caidreamh sonrach gaireachta a choimeád ar bun leis.

## 4. Dearbhú maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa

Sannfar an suíochán breise i bParlaimint na hEorpa don Iodáil.

## 5. Dearbhú a bhaineann le cinneadh polaitiúil na Comhairle Eorpaí maidir leis an dréacht-Chinneadh i ndáil le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa

Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an dréacht-Chinneadh athbhreithnithe i ndáil le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa don téarma parlaiminte 2009-2014, ar bhonn togra ó Pharlaimint na hEorpa.

## 6. Dearbhú maidir le hAirteagal 15(5) agus (6), le hAirteagal 17(6) agus (7) agus le hAirteagal 18 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Nuair atá daoine á roghnú chun feidhmeanna Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a shealbhú, ní mór aird chuí a thabhairt ar an ngá atá ann éagsúlacht gheografach agus dhéimeagrafach an Aontais agus a chuid Ballstát a urramú.

## 7. Dearbhú maidir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus maidir le hAirteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Chomhdháil go nglacfaidh an Chomhairle an cinneadh maidir le cur chun feidhme Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an dáta a síneofar Conradh Liospóin agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an lá a dtiocfaidh an Conradh sin i bhfeidhm. Tá an dréachtchinneadh leagtha amach anseo thíos:

Dréacht-Chinneadh ón gComhairle

maidir le cur chun feidhme Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh idir an 1 Samhain 2014 agus an 31 Márta 2017, de pháirt amháin, agus ón 1 Aibreán 2017 ar aghaidh, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ba chóir forálacha a ghlacadh chun go bhféadfar aistriú go réidh ón gcóras cinnteoireachta sa Chomhairle trí thromlach cáilithe, mar atá sé sainithe in Airteagal 3(3) den Phrótacal maidir leis na forálacha idirthréimhseacha, a leanfaidh de bheith infheidhme go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2014, go dtí an córas vótála dá bhforáiltear in Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a mbeidh feidhm aige ón 1 Samhain 2014, lena n-áirítear, le linn idirthréimhse go dtí an 31 Márta 2017, na sainfhorálacha dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Phrótacal sin.

(2) Meabhraítear gurb é cleachtas na Comhairle a seandícheall a dhéanamh chun dlisteanacht dhaonlathach na ngníomhartha arna nglacadh trí thromlach cáilithe a neartú,

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

## Roinn 1

## Na forálacha a chuirfear i bhfeidhm idir an 1 Samhain 2014 agus an 31 Márta 2017

### *Airteagal 1*

Má tharlaíonn, idir an 1 Samhain 2014 agus an 31 Márta 2017, go ndéanfaidh comhaltaí na Comhairle, a ionadaíonn

(a) do thrí cheathrú ar a laghad den daonra, nó

(b) do thrí cheathrú ar a laghad de líon na mBallstát,

is gá chun bheith ina mionlach blocála mar thoradh ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ar Airteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bhfreasúra in aghaidh an Chomhairle gníomh a ghlacadh trí thromlach cáilithe a chur i bhfios, pléifidh an Chomhairle an cheist.

### *Airteagal 2*

Le linn na bpléití sin, déanfaidh an Chomhairle a seandícheall, laistigh de thréimhse réasúnta agus gan dochar do na teorainneacha oibleagáideacha ama arna leagan síos le dlí an Aontais, teacht ar réiteach sásúil chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní arna dtarraingt anuas ag na comhaltaí sin den Chomhairle dá dtagraítear in Airteagal 1.

### *Airteagal 3*

Chuige sin, glacfaidh Uachtarán na Comhairle, le cúnamh ón gCoimisiún agus i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, gach tionscnamh is gá chun gur fusa teacht ar bhonn níos leithne don chomhaontú sa Chomhairle. Tabharfaidh comhaltaí na Comhairle gach cúnamh dó nó di.

## Roinn 2

## Forálacha a chuirfear i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2017

### *Airteagal 4*

Má tharlaíonn ón 1 Aibreán 2017 go ndéanfaidh comhaltaí na Comhairle, a ionadaíonn:

(a) do 55 % den daonra ar a laghad, nó

(b) do 55 % de líon na mBallstát ar a laghad,

is gá chun bheith ina mionlach blocála mar thoradh ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ar Airteagal 238(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm a bhfreasúra in aghaidh an Chomhairle gníomh a ghlacadh trí thromlach cáilithe a chur i bhfios, pléifidh an Chomhairle an cheist.

*Airteagal 5*

Le linn na bpléití sin, déanfaidh an Chomhairle a seandícheall, laistigh de thréimhse réasúnta agus gan dochar do na teorainneacha oibleagáideacha ama arna leagan síos le dlí an Aontais, teacht ar réiteach sásúil chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní arna dtarraingt anuas ag na comhaltaí sin den Chomhairle dá dtagraítear in Airteagal 4.

*Airteagal 6*

Chuige sin, glacfaidh Uachtarán na Comhairle, le cúnamh ón gCoimisiún agus i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, gach tionscnamh is gá chun gur fusa teacht ar bhonn níos leithne don chomhaontú sa Chomhairle. Tabharfaidh comhaltaí na Comhairle gach cúnamh dó nó di.

Roinn 3

Teacht i bhfeidhm an chinnidh

*Airteagal 7*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm.

## 8. Dearbhú maidir leis na bearta praiticiúla a thógfar ar theacht i bhfeidhm do Chonradh Liospóin a mhéid a bhaineann le hUachtaránacht na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle Gnóthaí Eachtracha

I gcás ina dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir 2009, iarrfaidh an Chomhdháil ar údaráis inniúla an Bhallstáit a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige ag an am sin, de thaobh amháin, agus ar an duine a thoghfar ina Uachtarán ar an gComhairle Eorpach agus ar an duine a ainmneofar ina Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, de thaobh eile, na bearta sonracha atá riachtanach a thógáil, i gcomhairle leis an Uachtaránacht atá le bheith ann don chéad leathbhliain eile, chun go mbeidh trasdul éifeachtach ann i leith gnéithe ábharacha agus eagrúcháin d'fheidhmiú Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle Gnóthaí Eachtracha.

## 9. **Dearbhú maidir le hAirteagal 16(9) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bhaineann leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle**

Dearbhaíonn an Chomhdháil gur chóir don Chomhairle tús a chur leis an gcinneadh a ullmhú lena mbunófar nósanna cur chun feidhme an chinnidh maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle a luaithe a bheidh Conradh Liospóin sínithe agus gur chóir di a formheas polaitiúil a thabhairt taobh istigh de shé mhí. Leagtar amach thíos dréacht-Chinneadh ón gComhairle Eorpach a ghlacfar an lá a dtiocfaidh an Conradh sin i bhfeidhm:

Dréacht-Chinneadh ón gComhairle Eorpach

maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle

*Airteagal 1*

1. Sealbhóidh grúpaí réamhbhunaithe de thrí Bhallstát uachtaránacht fhoirmíochtaí na Comhairle, seachas foirmíocht na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, go ceann tréimhse ocht mí dhéag. Beidh na grúpaí comhdhéanta ar bhonn uainíochta comhionainne idir na Ballstáit ag féachaint dá n-éagsúlacht agus don chothromaíocht gheografach san Aontas.

2. Beidh gach comhalta den ghrúpa ina chathaoirleach de réir uainíochta, go ceann tréimhse sé mhí, ar fhoirmíochtaí uile na Comhairle, seachas an fhoirmíocht Gnóthaí Eachtracha. Beidh comhaltaí eile an ghrúpa de chúnamh ag an gCathaoirleach i dtaca lena fhreagrachtaí uile ar bhonn comhchláir. Féadfaidh comhaltaí an ghrúpa socruithe eile a chinneadh eatarthu féin.

*Airteagal 2*

Beidh ionadaí de chuid an Bhallstáit a bheidh i gceannas ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta ina chathaoirleach ar Choiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát.

Beidh ionadaí d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ina chathaoirleach ar an gCoiste Polaitiúil agus Slándála.

Mura bhforáiltear a mhalairt i gcomhréir le hAirteagal 4, beidh an comhalta den ghrúpa a bheidh i gceannas ar an bhfoirmíocht ábhartha den Chomhairle i gceannas ar na comhlachtaí ullmhúcháin d'fhoirmíochtaí éagsúla na Comhairle, seachas an fhoirmíocht Gnóthaí Eachtracha.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, i gcomhar leis an gCoimisiún, comhchuibheas agus leanúnachas imeachtaí na bhfoirmíochtaí éagsúla den Chomhairle a áirithiú faoi chuimsiú clár ilbhliantúil. Glacfaidh na Ballstáit a shealbhaíonn an Uachtaránacht gach beart is gá maidir le heagrú agus dea-oibriú imeachtaí na Comhairle, agus Ardrúnaíocht na Comhairle de chúnamh acu.

*Airteagal 4*

Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena mbunófar na bearta chun an cinneadh seo a chur chun feidhme.

### 10. Dearbhú maidir le hAirteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Measann an Chomhdháil, nuair nach mbeidh náisiúnaigh de chuid na mBallstát uile ina gcomhaltaí den Choimisiún a thuilleadh, gur chóir don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar an ngá atá ann trédhearcacht iomlán a áirithiú ina chaidreamh leis na Ballstáit uile. Dá dheasca sin, ba chóir don Choimisiún fanacht i ndlúth-thadhall leis na Ballstáit uile, bíodh náisiúnach dá gcuid ina chomhalta den Choimisiún nó ná bíodh, agus sa chomhthéacs sin, aird ar leith a thabhairt ar an ngá atá ann faisnéis a pháirtiú leis na Ballstáit uile agus dul i gcomhairle leo.

Measann an Chomhdháil freisin gur chóir don Choimisiún gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar na réaltachtaí polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha sna Ballstáit uile, lena n-áirítear iadsan nach bhfuil náisiúnach dá gcuid ina chomhalta den Choimisiún, a chur san áireamh go hiomlán. Ba chóir go mbeadh ar áireamh sna bearta sin ráthaíocht go gcuirfear staid na mBallstát sin san áireamh trí shocruithe eagrúcháin iomchuí a ghlacadh.

### 11. Dearbhú maidir le hAirteagal 17(6) agus (7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Measann an Chomhdháil, i gcomhréir le forálacha na gConarthaí, go bhfuil Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach freagrach go comhpháirteach as dea-oibriú an phróisis chun Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh a thoghadh. Dá dheasca sin, sula nglacfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh, rachaidh ionadaithe Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Eorpaí i mbun an chomhairliúcháin is gá faoin gcreat a mheastar is iomchuí. Beidh an comhairliúchán sin dírithe ar chúlra na n-iarrthóirí d’oifig Uachtarán an Choimisiúin agus aird á tabhairt ar na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 17(7). Féadfar na socruithe don chomhairliúchán sin a chinneadh in am trátha de chomhthoil idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach.

### 12. Dearbhú maidir le hAirteagal 18 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

1. Dearbhaíonn an Chomhdháil go ndéanfar teagmháil mar is iomchuí le Parlaimint na hEorpa le linn na hoibre ullmhúcháin a bheidh ann roimh cheapachán Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a dhéanfar an dáta a dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le hAirteagal 5 den Phrótacal maidir leis na forálacha idirthréimhseacha; tosóidh téarma oifige an Ardionadaí an dáta céanna sin agus mairfidh sé go dtí deireadh théarma oifige an Choimisiúin a bheidh i bhfeidhm an dáta sin.

2. Meabhraítear don Chomhdháil chomh maith go gceapfar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, a dtosóidh a théarma oifige siúd i Samhain 2009 ag an am céanna agus ar feadh na tréimhse céanna leis an gcéad Choimisiún eile, i gcomhréir le forálacha Airteagal 17 agus 18 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

### 13. Dearbhú maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála

Cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir nach ndéanann forálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach a bhaineann leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, lena n-áirítear oifig Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a chruthú agus Seirbhís Gníomhaíochta Seachtraí a bhunú, difear do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit, faoi mar atá na freagrachtaí faoi láthair, a mbeartas eachtrach a shaothrú agus a sheoladh ná do fhreagrachtaí a n-ionadaíochta náisiúnta i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Meabhraíonn an Chomhdháil freisin nach ndéanann na forálacha lena rialaítear an Comhbheartas Slándála agus Cosanta dochar do cháilíocht shonrach bheartais slándála agus cosanta na mBallstát.

Cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir go leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de bheith faoi cheangal ag forálacha Chairt na Náisiún Aontaithe agus, go háirithe, ag an bpríomh-fhreagracht atá ar an gComhairle Slándála agus ar a mBallstáit an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chaomhnú.

### 14. Dearbhú maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála

I dteannta na rialacha sonracha agus na nósanna imeachta sonracha dá bhforáiltear in Airteagal 24(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir nach ndéanfaidh na forálacha a bhaineann leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, lena n-áirítear an méid a bhaineann siad le hArdionadaí an Aontais don Chomhbheartas Eachtrach is Slándála agus leis an tSeirbhís Gníomhaíochta Seachtraí, difear don bhonn dlíthiúil atá ann, do fhreagrachtaí ná do chumhachtaí gach Ballstáit i dtaca lena mbeartas eachtrach a shaothrú agus a sheoladh, lena seirbhís taidhleoireachta, lena gcaidreamh le tríú tíortha agus lena rannpháirtíocht in eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Ballstát a bheith ina chomhalta de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Tugann an Chomhdháil dá haire freisin nach dtugann na forálacha maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála cumhachtaí nua don Choimisiún chun cinntí a thionscnamh agus nach ndéanann siad ról Pharlaimint na hEorpa a mhéadú.

Meabhraíonn an Chomhdháil freisin nach ndéanann na forálacha lena rialaítear an Comhbheartas Slándála agus Cosanta dochar do cháilíocht shonrach bheartais slándála agus cosanta na mBallstát.

### 15. Dearbhú maidir le hAirteagal 27 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Dearbhaíonn an Chomhdháil gur chóir d'Ardrúnaí na Comhairle, Ardionadaí don Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála, don Choimisiún agus do na Ballstáit, a luaithe atá Conradh Liospóin sínithe, obair ullmhúcháin a thosú ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.

## 16. Dearbhú maidir le hAirteagal 55(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Measann an Chomhdháil go rannchuidíonn an chaoi chun aistriúcháin a dhéanamh de na Conarthaí sna teangacha atá luaite in Airteagal 55(2) leis an gcuspóir a ghnóthú maidir le saibhreas éagsúlachta cultúrtha agus teanga an Aontais a urramú mar atá leagtha amach sa cheathrú fomhír d'Airteagal 3(3). Sa chomhthéacs sin, daingníonn an Chomhdháil cion an Aontais le héagsúlacht chultúrtha na hEorpa agus an aire ar leith a leanfaidh sé de bheith á tabhairt do na teangacha sin agus do theangacha eile.

Molann an Chomhdháil do na Ballstáit sin ar mian leo an chaoi atá aitheanta in Airteagal 55(2) a thapú a chur i bhfios don Chomhairle, laistigh de shé mhí ó dháta Conradh Liospóin a shíniú, an teanga nó na teangacha chun a ndéanfar na Conarthaí a aistriú.

## 17. Dearbhú maidir le tosaíocht

Meabhraíonn an Chomhdháil gurb amhlaidh, i gcomhréir le cásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go bhfuil tosaíocht ag na Conarthaí agus ag an dlí arna ghlacadh ar bhonn na gConarthaí ar dhlí na mBallstát, faoi na coinníollacha a shainmhínítear leis an gcásdlí sin.

Tá an Chomhdháil tar éis a chinneadh freisin Tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir leis an tosaíocht atá ag dlí CE mar a leagtar amach in 11197/07 (JUR 260) í a chur i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

*"Tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle*

*an 22 Meitheamh 2007*

*Tá sé mar thoradh ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais go bhfuil tosaíocht dhlí an Chomhphobail ar cheann de phrionsabail bhunúsacha dhlí an Chomhphobail. Dar leis an gCúirt, is prionsabal é atá de dhlúth agus d'inneach i gcineál sonrach an Chomhphobail Eorpaigh. Tráth tugtha chéad bhreithiúnas an chásdlí shocair sin (Costa/ENEL, an 15 Iúil 1964, Cás 6/64 ([1])) níor luadh tosaíocht sa Chonradh. Is amhlaidh atá an cás fós sa lá atá inniu ann. Ní dhéanfaidh easpa tagartha do phrionsabal na tosaíochta sa Chonradh nua aon athrú ar an bprionsabal sin a bheith ann ná ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais atá i bhfeidhm.*

([1]) *'Is é an toradh atá ar (…) nach bhféadfadh forálacha dlíthiúla baile, is cuma cén tslí ina gcumfaí iad, cur go breithiúnach i gcoinne an dlí a eascraíonn ón gConradh, mar gheall ar chineál sonrach bunaidh an dlí sin, ar foinse dhlí neamhspleách é, gan a chineál mar dhlí Comhphobail a bhaint de agus gan bonn dlíthiúil an Chomhphobail féin a thabhairt faoi cheist.' "*

## 18. Dearbhú maidir le hinniúlachtaí a theorannú

Dearbhaíonn an Chomhairle gurb amhlaidh, i gcomhréir le córas roinnte na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit dá bhforáiltear leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go bhfanann na hinniúlachtaí uile nach dtugtar don Aontas sna Conarthaí leis na Ballstáit.

Nuair a dhéanann na Conarthaí inniúlacht arna roinnt leis na Ballstáit i réimse áirithe a thabhairt don Aontas, feidhmeoidh na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach bhfuil an tAontas tar éis a inniúlacht a fheidhmiú, nó gur chinn an tAontas scor dá feidhmiú. Féadfaidh an méid sin tarlú i gcás ina gcinnfidh institiúidí ábhartha an Aontais gníomh reachtach a aisghairm, go háirithe d'fhonn gur fearr a d'áiritheofaí urramú phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta i gcónaí. Féadfaidh an Chomhairle, ar thionscnamh ó chomhalta amháin nó níos mó ná comhalta amháin dá cuid (ionadaithe na mBallstát) agus i gcomhréir le hAirteagal 241 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a iarraidh ar an gCoimisiún tograí chun gníomh reachtach a aisghairm a chur faoina bráid. Tá áthas ar an gComhdháil go bhfuil an Coimisiún ag fógairt go dtabharfaidh sé aird ar leith ar an gcineál éilimh sin.

Ar an gcuma chéanna, féadfaidh ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i gComhdháil Idir-Rialtasach, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach dá bhforáiltear in Airteagal 48(2) go (5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a chinneadh go leasófaí na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe, lena n-áirítear na cumhachtaí a thugtar don Aontas leis na Conarthaí sin a mhéadú nó a laghdú.

## 19. Dearbhú maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Comhaontaíonn an Chomhdháil gurb é is aidhm don Aontas ina bheartais éagsúla, faoi chuimsiú a chuid iarrachtaí ginearálta na neamhionannais idir mná agus fir a dhíchur, gach saghas foréigin bhaile a chomhrac. Is cóir do na Ballstáit gach beart is gá a ghlacadh chun na gníomhartha coiriúla sin a chosc agus a phionósú agus chun tacú leis na híospartaigh agus iad a chosaint.

## 20. Dearbhú maidir le hAirteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Chomhdháil nach mór aird chuí a thabhairt ar shainghnéithe sonracha an ábhair nuair atá rialacha le glacadh ar bhonn Airteagal 16 a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint a bhféadfadh impleachtaí díreacha a bheith acu ar an tslándáil náisiúnta. Meabhraíonn sí go bhfuil maoluithe sonracha i dtaca leis sin ar áireamh sa reachtaíocht atá infheidhme faoi láthair (féach go háirithe Treoir 95/46/CE).

## 21. Dearbhú maidir le sonraí pearsanta a chosaint i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus an chomhair phóilíneachta

Aithníonn an Chomhdháil go bhféadfadh sé gur gá rialacha sonracha a bheith ann maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus le saorghluaiseacht na sonraí sin i réimsí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus an chomhair phóilíneachta atá bunaithe ar Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar gheall ar chineál sonrach na réimsí sin.

## 22. Dearbhú maidir le hAirteagail 48 agus 79 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Measann an Chomhdháil más rud é go ndéanfadh dréachtghníomh reachtach arna bhunú ar Airteagal 79(2) difear do ghnéithe tábhachtacha de chóras slándála sóisialta Ballstáit, lena n-áirítear a raon feidhme, a chostas nó a struchtúr airgeadais, nó go ndéanfadh sé difear do chothromaíocht airgeadais an chórais sin mar atá leagtha amach sa dara mír d'Airteagal 48, go dtabharfar aird chuí ar leasanna an Bhallstáit sin.

## 23. Dearbhú maidir leis an dara mír d'Airteagal 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Meabhraíonn an Chomhdháil go nglacann an Chomhairle Eorpach cinntí sa chás sin trí chomhthoil, i gcomhréir le hAirteagal 15(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

## 24. Dearbhú maidir le pearsantacht dhlítheanach an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Chomhdháil nach n-údaróidh pearsantacht dhlítheanach a bheith ag an Aontas Eorpach don Aontas reachtú nó gníomhú lasmuigh de na cumhachtaí atá tugtha ag na Ballstáit dó sna Conarthaí.

## 25. Dearbhú maidir le hAirteagail 75 agus 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Meabhraíonn an Chomhdháil go leanann sé go háirithe ó chearta agus saoirsí bunúsacha a urramú go dtabharfar aire chuí do chearta próisis chuí na ndaoine aonair agus na n-eintiteas i dtrácht a chosaint agus a urramú. Chuige sin agus chun athbhreithniú breithiúnach críochnúil a ráthú ar chinntí a chuireann duine aonair nó eintiteas faoi réir beart sriantach, ní mór na cinntí sin a fhothú ar chritéir shoiléire leithleacha. Ba chóir na critéir sin a chur in oiriúint do na saintréithe atá ag gach beart sriantach.

## 26. Dearbhú maidir le neamh-rannpháirtíocht Ballstáit i mbeart atá bunaithe ar Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Chomhdháil gurb amhlaidh, nuair a roghnaíonn Ballstát gan a bheith rannpháirteach i mbeart atá bunaithe ar Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaidh an Chomhairle dianphlé ar na himpleachtaí agus ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr neamh-rannpháirtíocht an Bhallstáit sa bheart sin.

Ina theannta sin, féadfaidh gach Ballstát iarraidh ar an gCoimisiún an staid a iniúchadh ar bhonn Airteagal 116 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Ní dochar na míreanna thuas do Bhallstát a bheith in ann an cheist sin a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí.

## 27. Dearbhú maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 85(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Measann an Chomhdháil gur cóir do na rialacháin dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 85(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh aird a thabhairt ar rialacha agus ar chleachtais náisiúnta a bhaineann le himscrúduithe coiriúla a thionscnamh.

## 28. Dearbhú maidir le hAirteagal 98 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Tugann an Chomhdháil dá haire go gcuirfear forálacha Airteagal 98 i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Forléireofar an abairt "sa mhéid gur gá na bearta sin mar chúiteamh sna míbhuntáistí eacnamaíocha a thug deighilt na Gearmáine ar an ngeilleagar i limistéir áirithe de Phoblacht na Cónaidhme ar chuir an deighilt sin as dóibh" i gcomhréir leis an gcásdlí atá ann de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

## 29. Dearbhú maidir le hAirteagal 107(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Tugann an Chomhdháil dá haire go léireofar Airteagal 107(2)(c) i gcomhréir leis an gcásdlí atá ann de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil le hinfheidhmeacht na bhforálacha sin maidir le cabhair arna deonú do limistéir áirithe de Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine ar chuir seandeighilt na Gearmáine as dóibh.

## 30. Dearbhú maidir le hAirteagal 126 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

I dtaca le hAirteagal 126, daingníonn an Chomhdháil gurb iad an dá philéar atá le beartas eacnamaíoch agus fioscach an Aontais agus na mBallstát cumas fáis a ardú agus riochtaí buiséadacha cobhsaí a ráthú. Is uirlis thábhachtach é an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis chun na spriocanna sin a ghnóthú.

Athdhaingníonn an Chomhdháil a tiomantas do na forálacha maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis mar chreat chun beartais bhuiséadacha sna Ballstáit a chomhordú.

Daingníonn an Chomhdháil gur córas atá bunaithe ar rialacha an dóigh is fearr chun a ráthú go ndéanfar na gealltanais a fhorfheidhmiú agus go gcuirfear cóir chomhionann ar na Ballstáit uile.

Laistigh den chreat sin, athdhaingníonn an Chomhdháil freisin a tiomantas do spriocanna straitéis Liospóin: cruthú fostaíochta, athchóiriú struchtúrach agus comhtháthú sóisialta.

Is é is aidhm don Aontas fás eacnamaíoch cothromaithe agus cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach. Dá dheasca sin, caithfidh na beartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha na tosaíochtaí

leormhaithe a shocrú maidir le leasúcháin eacnamaíocha, nuáil, iomaíochas, agus leis an infheistíocht phríobháideach agus an tomhaltas príobháideach a neartú le linn tréimhsí lag-fháis eacnamaíoch. Is cóir é sin a léiriú i dtreoirlínte na gcinntí buiséadacha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe tríd an ioncam agus an caiteachas poiblí a athstruchtúrú agus an smacht buiséadach á urramú i gcomhréir leis na Conarthaí agus leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

Na dúshláin bhuiséadacha agus eacnamaíocha atá le tabhairt ag na Ballstáit, cuireann siad i dtreis an tábhacht atá le beartas buiséadach cobhsaí i gcaitheamh an timthrialla eacnamaíoch.

Comhaontaíonn an Chomhdháil gur chóir do na Ballstáit leas gníomhach a bhaint as tréimhsí téarnaimh eacnamaíoch chun an t-airgeadas poiblí a chomhdhlúthú agus a riocht buiséadach a fheabhsú. Is é an cuspóir atá aige seo barrachas buiséadach a bhaint amach de réir a chéile aimsir an dea-shaoil ionas go mbeifear in ann déileáil le cora chun donais eacnamaíocha agus rannchuidiú mar sin le hinbhuaine fhadtéarmach an airgeadais phoiblí.

Tá na Ballstáit ag tnúth le haon tograí a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh mar aon le haighneachtaí breise ó na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a neartú agus a shoiléiriú. Glacfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun cumas fáis a ngeilleagar a ardú. D'fhéadfadh comhordú feabhsaithe ar an mbeartas eacnamaíoch tacú leis an gcuspóir seo. Tá an Dearbhú seo gan dochar don díospóireacht sa todhchaí maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

## 31. Dearbhú maidir le hAirteagal 156 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Daingníonn an Chomhdháil go dtagann na beartais atá tuairiscithe in Airteagal 156 faoi inniúlacht na mBallstát don mhórchuid. Is bearta de chineál comhlántach na bearta atá le glacadh ar leibhéal an Aontais i gcomhréir leis an Airteagal seo chun dreasacht a chur ar fáil agus an comhordú a chur chun cinn. Fónfaidh siad chun comhar idir na Ballstáit a neartú agus ní chun córais náisiúnta a chomhchuibhiú. Ní dhéanfar difear do na ráthaíochtaí agus na cleachtais atá ann i ngach Ballstát maidir le freagracht na gcomhpháirtithe sóisialta.

Tá an Dearbhú seo gan dochar d'fhorálacha na gConarthaí a thugann inniúlacht don Aontas, lena n-áirítear inniúlacht i gcúrsaí sóisialta.

## 32. Dearbhú maidir le hAirteagal 168(4)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Chomhdháil nach foláir do na bearta a ghlacfar de bhun Airteagal 168(4)(c) cúraimí comhchoiteanna slándála a chomhlíonadh agus nach foláir é a bheith de chuspóir acu ardchaighdeáin cháilíochta agus slándála a shocrú, i gcás ina gcoiscfeadh na caighdeáin náisiúnta a théann i gcion ar an margadh inmheánach, murach sin, ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a bhaint amach.

## 33. Dearbhú maidir le hAirteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Measann an Chomhdháil go bhféadfar Stáit oileánacha ina n-iomláine a bheith ar áireamh sa tagairt in Airteagal 174 do "limistéir oileánacha", faoi réir na critéir is gá a chomhall.

## 34. Dearbhú maidir le hAirteagal 179 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Comhaontaíonn an Chomhdháil go dtabharfaidh gníomhaíocht an Aontais i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche aird chuí ar threoirlínte agus roghanna bunúsacha bheartais taighde na mBallstát.

## 35. Dearbhú maidir le hAirteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Creideann an Chomhdháil nach ndéanann Airteagal 194 difear do cheart na mBallstát na bearta is gá a ghlacadh chun a soláthar fuinnimh a áirithiú faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 347.

## 36. Dearbhú maidir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis na Ballstáit comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais

Daingníonn an Chomhdháil go bhféadfaidh na Ballstáit comhaontuithe a chaibidil agus a thabhairt i gcrích le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta sna réimsí atá folaithe i gCaibidlí 3, 4 agus 5 de Theideal V de Chuid a Trí a mhéad a chomhlíonann na comhaontuithe sin dlí an Aontais.

## 37. Dearbhú maidir le hAirteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Gan dochar do na bearta arna nglacadh ag an Aontas chun a oibleagáid dlúthpháirtíochta a chomhlíonadh i leith Ballstáit a fhulaingíonn ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaiste nádúrtha nó de dhéantús an duine, ní hé is aidhm d'aon fhoráil in Airteagal 222 difear a dhéanamh do cheart Ballstáit eile na meáin is iomchuí a roghnú chun a oibleagáid dlúthpháirtíochta féin i leith an Bhallstáit sin a chomhlíonadh.

## 38. Dearbhú i ndáil le hAirteagal 252 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le líon na nAbhcóidí Ginearálta sa Chúirt Bhreithiúnais

Dearbhaíonn an Chomhdháil, más rud é go n-iarrann an Chúirt Bhreithiúnais, i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 252 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go méadófar ar líon na nAbhcóidí Ginearálta le trí dhuine bhreise (aon duine dhéag seachas ochtar), aontóidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, leis an méadú sin.

Sa chás sin, aontaíonn an Chomhdháil go mbeidh Abhcóide Ginearálta buan ag an bPolainn, faoi mar atá faoi láthair ag an nGearmáin, ag an bhFrainc, ag an Iodáil, ag an Spáinn, agus ag an Ríocht Aontaithe, agus nach mbeidh sí rannpháirteach a thuilleadh sa chóras uainíochta; fairis sin, beidh cúigear Abhcóidí Ginearálta sa chóras uainíochta atá ann faoi láthair in ionad triúir.

## 39. Dearbhú maidir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Tugann an Chomhdháil dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, i gcomhréir lena chleachtas seanbhunaithe, leanúint de dhul i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, agus dréachtghníomhartha arna dtarmligean i réimse na seirbhísí airgeadais á n-ullmhú aige.

## 40. Dearbhú maidir le hAirteagal 329 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Chomhdháil go bhféadfaidh na Ballstáit a chur i bhfios, nuair a dhéanann siad iarraidh comhar feabhsaithe a chur ar bun, an bhfuil sé ar intinn acu cheana ag an bpointe sin leas a bhaint as Airteagal 333 lena bhforáiltear don vótáil trí thromlach cáilithe a fhorleathnú nó dul ar iontaoibh an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

## 41. Dearbhú maidir le hAirteagal 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Chomhdháil gur tagairt do na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 3(2) agus (3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus do na cuspóirí in Airteagal 3(5) den Chonradh sin i ndáil le gníomhaíocht sheachtrach de bhua Chuid a Cúig den Chonradh ar an Aontas Eorpach an tagairt do chuspóirí an Aontais atá in Airteagal 352(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní féidir nach bhféachfadh aon ghníomhaíocht atá bunaithe ar Airteagal 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh le cuspóirí eile a shaothrú chomh maith leis na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 3(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I dtaca leis sin, tugann an Chomhdháil dá haire nach bhféadfar, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, gníomhartha reachtacha a ghlacadh i réimse an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála.

## 42. Dearbhú maidir le hAirteagal 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir gurb amhlaidh, i gcomhréir le cásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nach bhféadfaidh Airteagal 352 den Chonradh maidir le Feidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar chuid dhílis de chóras institiúideach atá bunaithe ar phrionsabal na gcumhachtaí arna dtabhairt, bheith ina bhunús chun raon chumhachtaí an Aontais a fhairsingiú thar an gcreat atá cruthaithe le forálacha na gConarthaí ina n-iomláine agus go háirithe leis na forálacha sin lena sainmhínítear cúraimí agus gníomhaíochtaí an Aontais. Ní fhéadfar, ar chor ar bith, leas a bhaint as an Airteagal sin mar bhunús chun forálacha a ghlacadh arb é a n-éifeacht shubstaintiúil na Conarthaí a leasú gan cloí leis an nós imeachta a sholáthraíonn siad chuige sin.

## 43. Dearbhú maidir le hAirteagal 355(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Comhaontaíonn na hArdpháirtithe Conarthacha go nglacfaidh an Chomhairle Eorpach, de bhun Airteagal 355(6) cinneadh as a dtiocfaidh modhnú ar stádas Mayotte i leith an Aontais chun réigiún forimeallach a dhéanamh den chríoch sin de réir bhrí Airteagal 355(1) agus Airteagal 349 nuair a chuirfidh údaráis na Fraince in iúl don Chomhairle Eorpach agus don Choimisiún go gceadaítear sin leis an éabhlóid atá ar siúl maidir le stádas inmheánach an oileáin.

## B. DEARBHUITHE A BHAINEANN LE PRÓTACAIL ATÁ I gCEANGAL LEIS NA CONARTHAÍ

### 44. Dearbhú maidir le hAirteagal 5 den Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh

Tugann an Chomhdháil dá haire gurb amhlaidh, i gcás ina mbeidh fógra tugtha ag Ballstát faoi Airteagal 5(2) den Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh nach mian léi a bheith rannpháirteach i dtogra nó i dtionscnamh, go bhféadfar an fógra a tharraingt siar tráth ar bith sula nglacfar an beart chun cur le *acquis* Schengen.

### 45. Dearbhú maidir le hAirteagal 5(2) den Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Chomhdháil gurb amhlaidh, aon uair a chuirfidh an Ríocht Aontaithe nó Éire in iúl don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn aici gan bheith rannpháirteach i mbeart a chuireann le cuid de *acquis* Schengen ina bhfuil sí rannpháirteach, go ndéanfaidh an Chomhairle dianphlé ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr neamh-rannpháirtíocht an Bhallstáit sin sa bheart sin. Seolfar an plé sa Chomhairle i bhfianaise na sonraí a thabharfaidh an Coimisiún maidir leis an ngaol idir an togra agus *acquis* Schengen.

### 46. Dearbhú maidir le hAirteagal 5(3) den Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Chomhdháil gurb amhlaidh, mura nglacfaidh an Chomhairle cinneadh tar éis di an t-ábhar a phlé go substaintiúil den chéad uair, go bhféadfaidh an Coimisiún togra arna leasú a chur faoina bráid chun go ndéanfadh an Chomhairle athscrúdú substaintiúil air laistigh den teorainn ama 4 mhí.

### 47. Dearbhú maidir le hAirteagal 5(3), (4) agus (5) den Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh

Tugann an Chomhdháil dá haire go bhféadfadh na coinníollacha a bheidh le cinneadh sa chinneadh dá dtagraítear i mír 3, 4 nó 5 d'Airteagal 5 den Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh a chinneadh go n-iompróidh an Ballstát lena mbaineann na hiarmhairtí díreacha airgeadais, más ann, a thabhófar le riachtanas agus ar dhóigh dhosheachanta de bhrí gur scoir sé a rannpháirtíocht i gcuid den *acquis* nó san *acquis* ina iomláine dá dtagraítear in aon chinneadh arna ghlacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 4 den Phrótacal sin.

## 48. Dearbhú maidir leis an bPrótacal maidir le seasamh na Danmhairge

Tugann an Chomhdháil dá haire, i ndáil leis na gníomhartha dlí atá le glacadh ag an gComhairle ag gníomhú di ina haonar nó i gcomhpháirt le Parlaimint na hEorpa agus ina bhfuil forálacha is infheidhme maidir leis an Danmhairg chomh maith le forálacha nach bhfuil infheidhme maidir leis an Danmhairg toisc go bhfuil bunús dlí acu a bhfuil feidhm ag Cuid I den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge ina leith, go ndearbhaíonn an Danmhairg nach n-úsáidfidh sí a ceart vótála chun glacadh forálacha nach bhfuil infheidhme maidir leis an Danmhairg a chosc.

Fairis sin, tugann an Chomhdháil dá haire go ndearbhaíonn an Danmhairg, ar bhonn an Dearbhaithe ón gComhdháil maidir le hAirteagal 222 go mbeidh rannpháirtíocht na Danmhairge i ngníomhaíochtaí nó i ngníomhartha dlí de bhun Airteagal 222 i gcomhréir le Cuid I agus Cuid II den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge.

## 49. Dearbhú maidir leis an Iodáil

Tugann an Chomhdháil dá haire a raibh ráite sa Phrótacal maidir leis an Iodáil a cuireadh i gceangal i 1957 leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, mar atá arna leasú tráth an Conradh ar an Aontas Eorpach a ghlacadh:

"TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna áirithe ar leith a bhaineann leis an Iodáil a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

TÓGANN BALLSTÁIT AN CHOMHPHOBAIL

SUNTAS DE go bhfuil Rialtas na hIodáile ag gabháil do chlár deich mbliana d'fhorbraíocht eacnamaíoch atá ceaptha chun na míchothromaíochtaí i ngréasán eacnamaíoch na hIodáile a cheartú, go háirithe trí bhonneagar a chur ar fáil do na limistéir lagfhorbartha i nDeisceart na hIodáile agus ar oileáin na hIodáile agus trí phoist nua a chruthú d'fhonn an dífhostaíocht a dhíchur.

TUGANN SIAD CHUN CUIMHNE go bhfuil prionsabail agus cuspóirí chlár seo Rialtas na hIodáile breithnithe agus formheasta ag eagraíochtaí um chomhar idirnáisiúnta ar comhaltaí díobh na Ballstáit.

AITHNÍONN SIAD gurb é a gcomhleas é go mbainfí amach cuspóirí chlár na hIodáile.

COMHAONTAÍONN SIAD, chun cuidiú le Rialtas na hIodáile an cúram sin a thabhairt chun críche, ar a mholadh d'institiúidí an Chomhphobail leas a bhaint as na modhanna agus na nósanna imeachta go léir dá bhforáiltear sa Chonradh seo agus, go háirithe, úsáid iomchuí a dhéanamh d'acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus Chiste Sóisialach na hEorpa.

IS É A dTUAIRIM gur chóir d'institiúidí an Chomhphobail, ag cur an Chonartha seo chun feidhme dóibh, aird a thabhairt ar an iarracht leanúnach atá le déanamh ag geilleagar na hIodáile sna blianta le teacht agus ar a mhéad is inmhianaithe go seachnófaí strusanna contúirteacha, go háirithe i gcomhardú na n-íocaíochtaí nó i leibhéal na fostaíochta, a d'fhéadfadh bheith ina mbaol d'fheidhmiú an Chonartha seo san Iodáil.

AITHNÍONN SIAD go mbeidh sé riachtanach, má chuirtear Airteagail 109h agus 109i i bhfeidhm, cúram a ghlacadh nach rachaidh aon bhearta dá n-éileofar ar Rialtas na hIodáile chun dochair do chomhlíonadh a chláir chun forbraíocht eacnamaíoch a chur chun cinn agus caighdeán maireachtála an phobail a ardú.".

## 50. Dearbhú maidir le hAirteagal 10 den Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseacha

Iarrann an Chomhdháil ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún féachaint, faoi chuimsiú a bhfeidhmeanna faoi seach, leis na gníomhartha dlí lena leasófar na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseacha nó na gníomhartha dlí a ghabhfaidh a n-ionad a ghlacadh sna cásanna iomchuí a mhéad is féidir laistigh den tréimhse 5 bliana dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Phrótacal sin.

# C. DEARBHUITHE Ó BHALLSTÁIT

## 51. Dearbhú ó Ríocht na Beilge maidir leis na Parlaimintí náisiúnta

Is mian leis an mBeilg a chur i bhfios, i gcomhréir lena dlí bunreachtúil, go ndéanann Teach Ionadaithe agus Seanad na Parlaiminte Cónaidhme mar aon le tionóil pharlaiminteacha na bPobal agus na Réigiún, i bhfianaise na n-inniúlachtaí arna bhfeidhmiú ag an Aontas, gníomhú mar chomhpháirteanna den chóras parlaiminteach náisiúnta nó mar sheomraí den Pharlaimint náisiúnta.

## 52. Dearbhú ó Ríocht na Beilge, ó Phoblacht na Bulgáire, ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, ón bPoblacht Heilléanach, ó Ríocht na Spáinne, ó Phoblacht na hIodáile, ó Phoblacht na Cipire, ó Phoblacht na Liotuáine, ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, ó Phoblacht na hUngáire, ó Phoblacht Mhálta, ó Phoblacht na hOstaire, ó Phoblacht na Portaingéile, ón Rómáin, ó Phoblacht na Slóivéine agus ó Phoblacht na Slóvaice maidir le siombail an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic go leanfaidh an bhratach a bhfuil ciorcal de dhá cheann déag de réaltaí órga ar chúlra gorm uirthi, an roscamhrán "Óid don Aoibhneas" as Naoú Siansa Ludwig van Beethoven, an mana "Aontaithe san éagsúlacht", an euro mar airgeadra an Aontais Eorpaigh agus lá na hEorpa an 9 Bealtaine de bheith ina siombailí dóibhsean de bhallraíocht choiteann na ndaoine san Aontas Eorpach agus den cheangal atá acu leis an Aontas Eorpach.

## 53. Dearbhú ó Phoblacht na Seice maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

1. Meabhraíonn Poblacht na Seice gur ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh atá forálacha Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh dírithe agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta agus ar roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, faoi mar a athdhaingnítear i nDearbhú (Uimh. 18) maidir le hinniúlachtaí a theorannú. Cuireann Poblacht na Seice i bhfios go láidir nach ndírítear forálacha na Cairte ar na Ballstáit seachas nuair a bhíonn dlí an Aontais á chur chun feidhme acu agus nach ndírítear orthu iad nuair a bhíonn dlí náisiúnta á ghlacadh ná á chur chun feidhme acu gan spleáchas ar dhlí an Aontais.

2. Cuireann Poblacht na Seice i bhfios go láidir freisin nach ndéantar raon feidhme dhlí an Aontais a leathnú leis an gCairt ná nach mbunaítear aon chumhacht nua de chuid an Aontais léi. Ní laghdaítear raon feidhme an dlí náisiúnta léi ná ní chuirtear srian léi ar aon chumhachtaí atá ag na húdaráis náisiúnta sa réimse seo faoi láthair.

3. Cuireann Poblacht na Seice i bhfios go tréan, maidir le cearta bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha, a mhéid a aithnítear sa Chairt iad mar a eascraíonn siad as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, nach mór iad a léiriú i gcomhréir leis na traidisiúin sin.

4. Cuireann Poblacht na Seice i bhfios go daingean, lena chois sin, nach bhféadfar rud ar bith atá sa Chairt a léiriú ar bhealach a chuirfeadh srian ar chearta an duine ná ar shaoirsí bunúsacha ná a dhéanfadh dochar dóibh, mar a aithnítear ina raon feidhme faoi seach iad le dlí an Aontais agus le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas nó na Ballstáit uile ina bpáirtithe iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus le Bunreachtanna na mBallstát.

## 54. Dearbhú ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, ó Éirinn, ó Phoblacht na hUngáire, ó Phoblacht na hOstaire agus ó Ríocht na Sualainne

Tugann an Ghearmáin, Éire, an Ungáir, an Ostair agus an tSualainn dá n-aire nach ndearnadh croí-fhorálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a leasú go substaintiúil ó tháinig sé i bhfeidhm agus gur gá iad a thabhairt suas chun dáta. Mar sin, tá siad i bhfabhar Comhdháil d'Ionadaithe Rialtais na mBallstát a chomóradh a luaithe is féidir.

## 55. Dearbhú ó Ríocht na Spáinne agus ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Tá feidhm ag na Conarthaí maidir le Giobráltar mar chríoch Eorpach a bhfuil Ballstát freagrach as a chaidreamh eachtrach. Ní leanfaidh uaidh sin aon athrú i seasaimh faoi seach na mBallstát i dtrácht.

## 56. Dearbhú ó Éirinn maidir le hAirteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais

Daingníonn Éire a tiomantas don Aontas mar limistéar saoirse, slándála agus ceartais a urramaíonn cearta bunúsacha agus córais dlí éagsúla agus traidisiúin éagsúla na mBallstát agus ina gcuirtear ardleibhéal sábháilteachta ar fáil do na saoránaigh.

Dá réir sin, dearbhaíonn Éire go bhfuil sé de rún daingean aici a ceart a fheidhmiú, faoi Airteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, chun bheith rannpháirteach i nglacadh beart de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a mhéid a mheasann sí is féidir.

Beidh Éire, go háirithe, rannpháirteach a mhéid is féidir i mbearta i réimse an chomhair phóilíneachta.

Fairis sin, meabhraítear d'Éirinn gurb amhlaidh, i gcomhréir le hAirteagal 8 den Phrótacal, go bhféadfaidh sí fógra a thabhairt i scríbhinn don Chomhairle nach mian léi a thuilleadh a bheith folaithe ag téarmaí an Phrótacail. Tá sé d'intinn ag Éirinn oibriú na socruithe sin a athbhreithniú laistigh de thrí bliana ó theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin.

## 57. Dearbhú ó Phoblacht na hIodáile maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa

Tugann an Iodáil dá haire go bhfuil Parlaimint na hEorpa comhdhéanta d'ionadaithe de shaoránaigh an Aontais a ndéanfar ionadaíocht chomhréireach chéimlaghdaitheach orthu, i gcomhréir le hAirteagal 10 agus le hAirteagal 14 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Tugann an Iodáil dá haire freisin gur saoránach den Aontas é gach duine a bhfuil náisiúnacht Ballstáit aige, de bhun Airteagal 9 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus de bhun Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Dá bhrí sin, measann an Iodáil gur cheart do gach cinneadh a ghlacfaidh an Chomhairle Eorpach, ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa agus lena toiliú, lena socrófar comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa, na prionsabail dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) a urramú, gan dochar don chinneadh maidir leis an téarma parlaiminte 2009-2014.

## 58. Dearbhú ó Phoblacht na Laitvia, ó Phoblacht na hUngáire agus ó Phoblacht Mhálta maidir le litriú ainm an airgeadra aonair sna Conarthaí

Gan dochar do litriú aontaithe ainm airgeadra aonair an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear sna Conarthaí agus mar atá ar na nótaí bainc agus ar na monaí, dearbhaíonn an Laitvia, an Ungáir agus Málta nach bhfuil aon éifeacht ag litriú ainm an airgeadra aonair, lena n-áirítear a dhíorthaigh, mar atá arna úsáid sa leagan Laitvise, sa leagan Ungáirise agus sa leagan Máltaise de na Conarthaí, ar rialacha láithreacha na Laitvise, na hUngáirise agus na Máltaise.

## 59. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le hAirteagal 312 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Comhaontóidh Ríocht na hÍsiltíre le cinneadh dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 312(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a luaithe a bheidh réiteach sásúil maidir lena glanriocht diúltach iomarcach íocaíochtaí i leith bhuiséad an Aontais curtha ar fáil don Ísiltír le coigeartú ar an gcinneadh dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 311 den Chonradh sin.

## 60. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le hAirteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Dearbhaíonn Ríocht na hÍsiltíre nach dtíolacfar tionscnamh do chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 355(6) arb é is aidhm dó stádas Aintillí na hÍsiltíre agus/nó Aruba i leith an Aontais a mhodhnú, ach amháin ar bhonn cinneadh arna ghlacadh ar cothrom leis an gCairt do Ríocht na hÍsiltíre.

## 61. Dearbhú ó Phoblacht na Polainne maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

Ní dhéanann an Chairt difear ar aon dóigh do cheart na mBallstát reachtú i réimse na morálachta poiblí, an dlí teaghlaigh, chosaint dhínit an duine agus an mheasa ar iomláine choirp agus mhorálta an duine.

## 62. Dearbhú ó Phoblacht na Polainne maidir leis an bPrótacal maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir leis an bPolainn agus leis an Ríocht Aontaithe

Dearbhaíonn an Pholainn, ag féachaint do thraidisiún na gluaiseachta "Solidarnosc" agus dá rannchuidiú suntasach don streachailt ar son ceart daonna agus oibre, go n-urramaíonn sí cearta sóisialta agus oibre go hiomlán, mar atá siad bunaithe le dlí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe na cearta a athdhearbhaítear i dTeideal IV de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 63. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le sainiú an téarma "náisiúnaigh"

I ndáil leis na Conarthaí agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus le haon cheann de na gníomhartha a chineann ó na Conarthaí sin nó a leanann de bheith i bhfeidhm de bhua na gConarthaí sin, athdhéanann an Ríocht Aontaithe an Dearbhú a rinne sí an 31 Nollaig 1982 maidir le sainiú an fhocail "náisiúnaigh" ach amháin go dtuigfear an tagairt do "dhaoine is saoránaigh de na spleáchríocha Briotanacha" mar thagairt do "dhaoine is saoránaigh de Chríocha Briotanacha thar lear".

## 64. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gceart vótála sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa

Tugann an Ríocht Aontaithe dá haire nach bhfuil Airteagal 14 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus forálacha eile de na Conarthaí ceaptha chun an bonn atá leis an gceart vótála sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a athrú.

## 65. Dearbhú ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le hAirteagal 75 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Tugann an Ríocht Aontaithe lántacaíocht do ghníomhaíocht láidir i dtaca le smachtbhannaí airgeadais a ghlacadh a cheapfar chun an sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chosc agus a chomhrac. Dearbhaíonn an Ríocht Aontaithe, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn aici a ceart faoi Airteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais a fheidhmiú bheith rannpháirteach i nglacadh gach togra a dhéanfar faoi Airteagal 75 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

# TÁBLAÍ COMHGHAOIL (*)

## An Conradh ar an Aontas Eorpach

| Seanuimhriú sa Chonradh ar an Aontas Eorpach | Uimhriú nua don Chonradh ar an Aontas Eorpach |
|---|---|
| TEIDEAL I – FORÁLACHA COITIANTA | TEIDEAL I – FORÁLACHA COITIANTA |
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| | Airteagal 2 |
| Airteagal 2 | Airteagal 3 |
| Airteagal 3 (aisghairthe) (1) | |
| | Airteagal 4 |
| | Airteagal 5 (2) |
| Airteagal 4 (aisghairthe) (3) | |
| Airteagal 5 (aisghairthe) (4) | |
| Airteagal 6 | Airteagal 6 |
| Airteagal 7 | Airteagal 7 |
| | Airteagal 8 |
| TEIDEAL II – FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH AG BUNÚ CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA d'FHONN AN COMHPHOBAL EORPACH A BHUNÚ | TEIDEAL II – FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA PRIONSABAIL DHAONLATHACHA |
| Airteagal 8 (aisghairthe) (5) | Airteagal 9 |
| | Airteagal 10 (6) |

(1) Déantar Airteagal 7 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear an CFAE anseo feasta) agus Airteagal 13(1) agus an dara fomhír de mhír 3 d'Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (dá ngairtear "an Conradh AE" anseo feasta) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

(2) Cuirtear an tAirteagal seo in ionad Airteagal 5 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (dá ngairtear an Conradh CE anseo feasta).

(3) Cuirtear Airteagal 15 in ionad shubstaint an Airteagail sin.

(4) Cuirtear mír 2 d'Airteagal 13 in ionad shubstaint an Airteagail sin.

(5) Le hAirteagal 8 den Chonradh AE a bhí i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin (dá ngairtear "an Conradh AE mar atá" anseo feasta), modhnaíodh an Conradh CE. Cuirtear na modhnuithe sin isteach sa Chonradh sin agus aisghairtear Airteagal 8. Úsáidtear a uimhir chun foráil eile a chur isteach.

(6) Cuirtear mír 4 in ionad shubstaint na chéad mhíre d'Airteagal 191 den Chonradh CE.

(*) Tá an dá thábla seo bunaithe ar na táblaí dá dtagraítear in Airteagal 5 de Chonradh Liospóin, gan an colún láir inar tugadh an t-uimhriú idirmheánach atá i gConradh Liospóin.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ar an Aontas Eorpach** | **Uimhriú nua don Chonradh ar an Aontas Eorpach** |
|---|---|
| | Airteagal 11 |
| | Airteagal 12 |
| TEIDEAL III – FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO GHUAL AGUS CRUACH | TEIDEAL III – FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA hINSTITIÚIDÍ |
| Airteagal 9 (aisghairthe) (7) | Airteagal 13 |
| | Airteagal 14 (8) |
| | Airteagal 15 (9) |
| | Airteagal 16 (10) |
| | Airteagal 17 (11) |
| | Airteagal 18 |
| | Airteagal 19 (12) |
| TEIDEAL IV – FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO FHUINNEAMH ADAMHACH | TEIDEAL IV – FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHAR FEABHSAITHE |
| Airteagal 10 (aisghairthe) (13)<br>*Airteagail 27a go 27e (ar cuireadh Airteagail eile ina n-ionad)*<br>*Airteagail 40 go 40b (ar cuireadh Airteagail eile ina n-ionad*<br>*Airteagail 43 go 45 (ar cuireadh Airteagail eile ina n-ionad)* | Airteagal 20 (14) |

(7) Le hAirteagal 9 den Chonradh AE mar atá, modhnaíodh an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach. Chuaigh an Conradh sin in éag an 23 Iúil 2002. Aisghairtear Airteagal 9 agus úsáidtear a uimhir chun foráil eile a chur isteach.

(8) — Cuirtear mír 1 agus mír 2 in ionad shubstaint Airteagal 189 den Chonradh CE;
— Cuirtear míreanna 1 go 3 in ionad shubstaint Airteagal 190(1) go (3) den Chonradh CE;
— Cuirtear mír 1 in ionad shubstaint na chéad mhíre d'Airteagal 192 den Chonradh CE;
— Cuirtear mír 4 in ionad shubstaint na chéad mhíre d'Airteagal 197 den Chonradh CE.

(9) Cuirtear an tAirteagal sin in ionad shubstaint Airteagal 4.

(10) — Cuirtear mír 1 in ionad shubstaint na chéad fhleisce agus an dara fleasc d'Airteagal 202 den Chonradh CE;
— Cuirtear mír 2 agus mír 9 in ionad shubstaint Airteagal 203 den Chonradh CE;
— Cuirtear mír 4 agus mír 5 in ionad shubstaint Airteagal 205(2) agus (4) den Chonradh CE.

(11) — Cuirtear mír 1 in ionad shubstaint Airteagal 211 den Chonradh CE;
— Cuirtear mír 3 agus mír 7 in ionad shubstaint Airteagal 214 den Chonradh CE;
— Cuirtear mír 6 in ionad shubstaint Airteagal 217(1), (3) agus (4) den Chonradh CE.

(12) — Cuirtear an tAirteagal sin in ionad shubstaint Airteagal 220 den Chonradh CE;
— Cuirtear an chéad fhomhír de mhír 2 in ionad shubstaint na chéad mhíre d'Airteagal 221 den Chonradh CE.

(13) Le hAirteagal 10 den Chonradh AE mar atá, modhnaíodh an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach. Cuirtear na modhnuithe sin isteach sa Chonradh sin agus aisghairtear Airteagal 10. Úsáidtear a uimhir chun foráil eile a chur isteach.

(14) Cuirtear an tAirteagal sin in ionad Airteagail 11 agus 11a den Chonradh CE freisin.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ar an Aontas Eorpach** | **Uimhriú nua don Chonradh ar an Aontas Eorpach** |
|---|---|
| TEIDEAL V – FORÁLACHA MAIDIR LE COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA | TEIDEAL V – FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS AGUS FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA |
| | Caibidil 1 – Forálacha ginearálta maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais |
| | Airteagal 21 |
| | Airteagal 22 |
| | Caibidil 2 – Forálacha sonracha maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála |
| | Roinn 1 – Forálacha coiteanna |
| | Airteagal 23 |
| Airteagal 11 | Airteagal 24 |
| Airteagal 12 | Airteagal 25 |
| Airteagal 13 | Airteagal 26 |
| | Airteagal 27 |
| Airteagal 14 | Airteagal 28 |
| Airteagal 15 | Airteagal 29 |
| *Airteagal 22 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 30 |
| *Airteagal 23 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 31 |
| Airteagal 16 | Airteagal 32 |
| Airteagal 17 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 42* |
| Airteagal 18 | Airteagal 33 |
| Airteagal 19 | Airteagal 34 |
| Airteagal 20 | Airteagal 35 |
| Airteagal 21 | Airteagal 36 |
| Airteagal 22 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 30* |
| Airteagal 23 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 31* |
| Airteagal 24 | Airteagal 37 |

| **Seanuimhriú sa Chonradh ar an Aontas Eorpach** | **Uimhriú nua don Chonradh ar an Aontas Eorpach** |
|---|---|
| Airteagal 25 | Airteagal 38 |
| | Airteagal 39 |
| *Airteagal 47 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 40 |
| Airteagal 26 (aisghairthe) | |
| Airteagal 27 (aisghairthe) | |
| Airteagal 27a (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) (15) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 27b (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)1 (15) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 27c (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) 1 (15) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 27d (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) 1 (15) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 27e (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) 1 (15) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 28 | Airteagal 41 |
| | Roinn 2 – Forálacha maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta |
| *Airteagal 17 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 42 |
| | Airteagal 43 |
| | Airteagal 44 |
| | Airteagal 45 |
| | Airteagal 46 |
| TEIDEAL VI – FORÁLACHA MAIDIR LE COMHAR PÓILÍNEACHTA AGUS COMHAR BREITHIÚNACH IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA (aisghairthe) (16) | |
| Airteagal 29 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) (17) | |
| Airteagal 30 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) (18) | |
| Airteagal 31 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) (19) | |

(15) Cuirtear Airteagail 326 go 334 den CFAE freisin in ionad Airteagail 27a go 27e den Chonradh AE mar atá maidir leis an gcomhar feabhsaithe.

(16) Cuirtear forálacha Chaibidlí 1, 4 agus 5 de Theideal IV (a athuimhrítear mar V) de Chuid a Trí den CFAE in ionad fhorálacha Theideal VI den Chonradh AE mar atá a bhaineann le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla.

(17) Ar cuireadh Airteagal 67 den CFAE ina ionad.

(18) Ar cuireadh Airteagail 87 agus 88 den CFAE ina ionad.

(19) Ar cuireadh Airteagail 82, 83 agus 85 den CFAE ina ionad.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ar an Aontas Eorpach** | **Uimhriú nua don Chonradh ar an Aontas Eorpach** |
|---|---|
| Airteagal 32 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([20]) | |
| Airteagal 33 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([21]) | |
| Airteagal 34 (aisghairthe) | |
| Airteagal 35 (aisghairthe) | |
| Airteagal 36 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([22]) | |
| Airteagal 37 (aisghairthe) | |
| Airteagal 38 (aisghairthe) | |
| Airteagal 39 (aisghairthe) | |
| Airteagal 40 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([23]) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 40a (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)1 ([23]) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 40b (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)1 ([23]) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 41 (aisghairthe) | |
| Airteagal 42 (aisghairthe) | |
| TEIDEAL VII – FORÁLACHA MAIDIR LE COMHAR NÍOS DLÚITHE (ar cuireadh forálacha eile ina ionad) ([24]) | *TEIDEAL IV – FORÁLACHA MAIDIR LE COMHAR NÍOS DLÚITHE* |
| Airteagal 43 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([24]) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 43a (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)2 ([24]) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 43b (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)2 ([24]) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 44 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([24]) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 44a (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)2 ([24]) | *Airteagal 20* |
| Airteagal 45 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([24]) | *Airteagal 20* |
| TEIDEAL VIII – FORÁLACHA CRÍOCHNAI-THEACHA | TEIDEAL VI – FORÁLACHA CRÍOCHNAI-THEACHA |
| Airteagal 46 (aisghairthe) | |
| | Airteagal 47 |

([20]) Ar cuireadh Airteagal 89 den CFAE ina ionad.
([21]) Ar cuireadh Airteagal 72 den CFAE ina ionad.
([22]) Ar cuireadh Airteagal 71 den CFAE ina ionad.
([23]) Cuirtear Airteagail 326 go 334 den CFAE freisin in ionad Airteagail 40 go 40b den Chonradh AE mar atá a bhaineann leis an gcomhar feabhsaithe.
([24]) Cuirtear Airteagail 326 go 334 den CFAE freisin in ionad Airteagail 43 go 45 agus Theideal VII den Chonradh AE mar atá a bhaineann leis an gcomhar feabhsaithe.

| Seanuimhriú sa Chonradh ar an Aontas Eorpach | Uimhriú nua don Chonradh ar an Aontas Eorpach |
|---|---|
| Airteagal 47 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) | *Airteagal 40* |
| Airteagal 48 | Airteagal 48 |
| Airteagal 49 | Airteagal 49 |
| | Airteagal 50 |
| | Airteagal 51 |
| | Airteagal 52 |
| Airteagal 50 (aisghairthe) | |
| Airteagal 51 | Airteagal 53 |
| Airteagal 52 | Airteagal 54 |
| Airteagal 53 | Airteagal 55 |

## An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|
| CUID A hAON – NA PRIONSABAIL | CUID A hAON – NA PRIONSABAIL |
| Airteagal 1 (aisghairthe) | |
| | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 (aisghairthe) ([25]) | |
| | Teideal I – Catagóirí agus réimsí inniúlachta an Aontais |
| | Airteagal 2 |
| | Airteagal 3 |
| | Airteagal 4 |
| | Airteagal 5 |
| | Airteagal 6 |
| | Teideal II – Forálacha a bhfuil feidhm ghinearálta acu |

([25]) Déantar Airteagal 3 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|
| | Airteagal 7 |
| Airteagal 3(1) (aisghairthe) ([26]) | |
| Airteagal 3(2) | Airteagal 8 |
| Airteagal 4 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 119* |
| Airteagal 5 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([27]) | |
| | Airteagal 9 |
| | Airteagal 10 |
| Airteagal 6 | Airteagal 11 |
| *Airteagal 153(2) (ar athraíodh a hionad)* | Airteagal 12 |
| | Airteagal 13 ([28]) |
| Airteagal 7 (aisghairthe) ([29]) | |
| Airteagal 8 (aisghairthe) ([30]) | |
| Airteagal 9 (aisghairthe) | |
| Airteagal 10 (aisghairthe) ([31]) | |
| Airteagal 11 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([32]) | *Airteagail 326 go 334* |
| Airteagal 11a (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) ([32]) | *Airteagail 326 go 334* |
| Airteagal 12 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 18* |
| Airteagal 13 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 19* |
| Airteagal 14 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 26* |
| Airteagal 15 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 27* |
| Airteagal 16 | Airteagal 14 |
| *Airteagal 255 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 15 |
| *Airteagal 286 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)* | Airteagal 16 |

([26]) Déantar Airteagail 3 go 6 den CFAE a chur in ionad shubstaint na míre sin.
([27]) Cuirtear Airteagal 5 den Chonradh AE in ionad an Airteagail sin.
([28]) Cuirtear isteach téarmaí achtaithe an Phrótacail maidir le cosaint agus leas ainmhithe.
([29]) Déantar Airteagal 13 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([30]) Déantar Airteagal 13 den Chonradh AE agus mír 1 d'Airteagal 282 den CFAE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([31]) Déantar mír 3 d'Airteagal 4 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([32]) Déantar Airteagal 20 den Chonradh AE freisin a chur in ionad an Airteagail sin.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| | Airteagal 17 |
| CUID A DÓ – SAORÁNACHT AN AONTAIS | CUID A DÓ – NEAMHIDIRDHEALÚ AGUS SAORÁNACHT AN AONTAIS |
| *Airteagal 12 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 18 |
| *Airteagal 13 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 19 |
| Airteagal 17 | Airteagal 20 |
| Airteagal 18 | Airteagal 21 |
| Airteagal 19 | Airteagal 22 |
| Airteagal 20 | Airteagal 23 |
| Airteagal 21 | Airteagal 24 |
| Airteagal 22 | Airteagal 25 |
| CUID A TRÍ – BEARTAIS AN CHOMHPHOBAIL | CUID A TRÍ – BEARTAIS AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INMHEÁNACHA AN AONTAIS |
| | Teideal I – An margadh inmheánach |
| *Airteagal 14 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 26 |
| *Airteagal 15 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 27 |
| Teideal I – Saorghluaiseacht earraí | Teideal II – Saorghluaiseacht earraí |
| Airteagal 23 | Airteagal 28 |
| Airteagal 24 | Airteagal 29 |
| Caibidil 1 – An tAontas Custaim | Caibidil 1 – An tAontas Custaim |
| Airteagal 25 | Airteagal 30 |
| Airteagal 26 | Airteagal 31 |
| Airteagal 27 | Airteagal 32 |
| *Cuid a Trí, Teideal X, Comhar custaim (ar athraíodh a ionad)* | Caibidil 2 – Comhar custaim |
| *Airteagal 135 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 33 |
| Caibidil 2 – Srianta cainníochtúla idir na Ballstáit a thoirmeasc | Caibidil 3 – Srianta cainníochtúla idir na Ballstáit a thoirmeasc |
| Airteagal 28 | Airteagal 34 |

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|
| Airteagal 29 | Airteagal 35 |
| Airteagal 30 | Airteagal 36 |
| Airteagal 31 | Airteagal 37 |
| Teideal II – An talmhaíocht | Teideal III – An talmhaíocht agus an t-iascach |
| Airteagal 32 | Airteagal 38 |
| Airteagal 33 | Airteagal 39 |
| Airteagal 34 | Airteagal 40 |
| Airteagal 35 | Airteagal 41 |
| Airteagal 36 | Airteagal 42 |
| Airteagal 37 | Airteagal 43 |
| Airteagal 38 | Airteagal 44 |
| Teideal III – Saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil | Teideal IV – Saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil |
| Caibidil 1 – Oibrithe | Caibidil 1 – Oibrithe |
| Airteagal 39 | Airteagal 45 |
| Airteagal 40 | Airteagal 46 |
| Airteagal 41 | Airteagal 47 |
| Airteagal 42 | Airteagal 48 |
| Caibidil 2 – Ceart bunaíochta | Caibidil 2 – Ceart bunaíochta |
| Airteagal 43 | Airteagal 49 |
| Airteagal 44 | Airteagal 50 |
| Airteagal 45 | Airteagal 51 |
| Airteagal 46 | Airteagal 52 |
| Airteagal 47 | Airteagal 53 |
| Airteagal 48 | Airteagal 54 |
| *Airteagal 294 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 55 |
| Caibidil 3 – Seirbhísí | Caibidil 3 – Seirbhísí |
| Airteagal 49 | Airteagal 56 |

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|
| Airteagal 50 | Airteagal 57 |
| Airteagal 51 | Airteagal 58 |
| Airteagal 52 | Airteagal 59 |
| Airteagal 53 | Airteagal 60 |
| Airteagal 54 | Airteagal 61 |
| Airteagal 55 | Airteagal 62 |
| Caibidil 4 – Caipiteal agus íocaíochtaí | Caibidil 4 – Caipiteal agus íocaíochtaí |
| Airteagal 56 | Airteagal 63 |
| Airteagal 57 | Airteagal 64 |
| Airteagal 58 | Airteagal 65 |
| Airteagal 59 | Airteagal 66 |
| Airteagal 60 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 75* |
| Teideal IV – Víosaí, tearmann, inimirce agus beartais eile a bhaineann le saorghluaiseacht daoine | Teideal V – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais |
| | Caibidil 1 – Forálacha ginearálta |
| Airteagal 61 | Airteagal 67 (33) |
| | Airteagal 68 |
| | Airteagal 69 |
| | Airteagal 70 |
| | Airteagal 71 (34) |
| *Airteagal 64(1) (ar cuireadh foráil eile ina ionad)* | Airteagal 72 (35) |
| | Airteagal 73 |
| *Airteagal 66 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)* | Airteagal 74 |
| *Airteagal 60 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 75 |
| | Airteagal 76 |

(33) Cuirtear an tAirteagal sin freisin in ionad Airteagal 29 den Chonradh AE mar atá.
(34) Cuirtear an tAirteagal sin in ionad Airteagal 36 den Chonradh AE mar atá.
(35) Cuirtear an tAirteagal sin freisin in ionad Airteagal 33 den Chonradh AE mar atá.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| | Caibidil 2 – Beartais maidir le seiceálacha teorann, le tearmann agus le hinimirce |
| Airteagal 62 | Airteagal 77 |
| Airteagal 63, pointe 1 agus pointe 2, agus Airteagal 64(2) ([36]) | Airteagal 78 |
| Airteagal 63, pointe 3 agus pointe 4 | Airteagal 79 |
| | Airteagal 80 |
| Airteagal 64(1) (ar cuireadh foráil eile ina ionad) | *Airteagal 72* |
| | Caibidil 3 – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta |
| Airteagal 65 | Airteagal 81 |
| Airteagal 66 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) | *Airteagal 74* |
| Airteagal 67 (aisghairthe) | |
| Airteagal 68 (aisghairthe) | |
| Airteagal 69 (aisghairthe) | |
| | Caibidil 4 – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla |
| | Airteagal 82 ([37]) |
| | Airteagal 83 ([37]) |
| | Airteagal 84 |
| | Airteagal 85 ([37]) |
| | Airteagal 86 |
| | Caibidil 5 – Comhar póilíneachta |
| | Airteagal 87 ([38]) |
| | Airteagal 88 ([38]) |
| | Airteagal 89 ([39]) |

([36]) Cuirtear Airteagal 78(1) agus (2) den CFAE in ionad Airteagal 63, pointí 1 agus 2, den Chonradh CE agus cuirtear Airteagal 78(3) den CFAE in ionad Airteagal 64(2).

([37]) Cuirtear an tAirteagal sin in ionad Airteagal 31 den Chonradh AE mar atá.

([38]) Cuirtear an tAirteagal sin in ionad Airteagal 30 den Chonradh AE mar atá.

([39]) Cuirtear an tAirteagal sin in ionad Airteagal 32 den Chonradh AE mar atá.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| Teideal V – Iompar | Teideal VI – Iompar |
| Airteagal 70 | Airteagal 90 |
| Airteagal 71 | Airteagal 91 |
| Airteagal 72 | Airteagal 92 |
| Airteagal 73 | Airteagal 93 |
| Airteagal 74 | Airteagal 94 |
| Airteagal 75 | Airteagal 95 |
| Airteagal 76 | Airteagal 96 |
| Airteagal 77 | Airteagal 97 |
| Airteagal 78 | Airteagal 98 |
| Airteagal 79 | Airteagal 99 |
| Airteagal 80 | Airteagal 100 |
| Teideal VI – Comhrialacha maidir le hiomaíocht, le cánachas agus le comhfhogasú reachtaíochta | Teideal VII – Comhrialacha maidir le hiomaíocht, le cánachas agus le comhfhogasú reachtaíochta |
| Caibidil 1 – Rialacha iomaíochta | Caibidil 1 – Rialacha iomaíochta |
| Roinn 1 – Rialacha a bhaineann le gnóthais | Roinn 1 – Rialacha a bhaineann le gnóthais |
| Airteagal 81 | Airteagal 101 |
| Airteagal 82 | Airteagal 102 |
| Airteagal 83 | Airteagal 103 |
| Airteagal 84 | Airteagal 104 |
| Airteagal 85 | Airteagal 105 |
| Airteagal 86 | Airteagal 106 |
| Roinn 2 – Cabhracha ó Stáit | Roinn 2 – Cabhracha ó Stáit |
| Airteagal 87 | Airteagal 107 |
| Airteagal 88 | Airteagal 108 |
| Airteagal 89 | Airteagal 109 |
| Caibidil 2 – Forálacha cánachais | Caibidil 2 – Forálacha cánachais |

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| Airteagal 90 | Airteagal 110 |
| Airteagal 91 | Airteagal 111 |
| Airteagal 92 | Airteagal 112 |
| Airteagal 93 | Airteagal 113 |
| Caibidil 3 – Dlíthe a chomhfhogasú | Caibidil 3 – Dlíthe a chomhfhogasú |
| *Airteagal 95 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 114 |
| *Airteagal 94 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 115 |
| Airteagal 96 | Airteagal 116 |
| Airteagal 97 | Airteagal 117 |
| | Airteagal 118 |
| Teideal VII – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta | Teideal VIII – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta |
| *Airteagal 4 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 119 |
| Caibidil 1 – Beartas eacnamaíoch | Caibidil 1 – Beartas eacnamaíoch |
| Airteagal 98 | Airteagal 120 |
| Airteagal 99 | Airteagal 121 |
| Airteagal 100 | Airteagal 122 |
| Airteagal 101 | Airteagal 123 |
| Airteagal 102 | Airteagal 124 |
| Airteagal 103 | Airteagal 125 |
| Airteagal 104 | Airteagal 126 |
| Caibidil 2 – Beartas airgeadaíochta | Caibidil 2 – Beartas airgeadaíochta |
| Airteagal 105 | Airteagal 127 |
| Airteagal 106 | Airteagal 128 |
| Airteagal 107 | Airteagal 129 |
| Airteagal 108 | Airteagal 130 |
| Airteagal 109 | Airteagal 131 |
| Airteagal 110 | Airteagal 132 |

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| Airteagal 111(1) go (3) agus (5) (ar athraíodh a n-ionad) | *Airteagal 219* |
| Airteagal 111(4) (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 138* |
| | Airteagal 133 |
| Caibidil 3 – Forálacha institiúideacha | Caibidil 3 – Forálacha institiúideacha |
| Airteagal 112 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 283* |
| Airteagal 113 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 284* |
| Airteagal 114 | Airteagal 134 |
| Airteagal 115 | Airteagal 135 |
| | Caibidil 4 – Forálacha is sonrach do Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu |
| | Airteagal 136 |
| | Airteagal 137 |
| Airteagal 111(4) (ar athraíodh a ionad) | Airteagal 138 |
| Caibidil 4 – Forálacha idirthréimhseacha | Caibidil 5 – Forálacha idirthréimhseacha |
| Airteagal 116 (aisghairthe) | |
| | Airteagal 139 |
| Airteagal 117(1), (2), an séú fleasc, agus (3) go (9) (aisghairthe) | |
| Airteagal 117(2), na cúig fhleasc thosaigh (ar athraíodh a n-ionad) | *Airteagal 141(2)* |
| *Airteagal 121(1) (ar athraíodh a ionad)*<br>*Airteagal 122(2), an dara habairt (ar athraíodh a ionad)*<br>*Airteagal 123(5) (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 140 ([40]) |
| Airteagal 118 (aisghairthe) | |
| *Airteagal 123(3) (ar athraíodh a ionad)*<br>*Airteagal 117(2), na cúig fhleasc thosaigh (ar athraíodh a n-ionad)* | Airteagal 141 ([41]) |

([40]) — Cuirtear mír 1 d'Airteagal 121 in ionad mhír 1 d'Airteagal 140;
— Cuirtear an dara habairt de mhír 2 d'Airteagal 122 in ionad mhír 2 d'Airteagal 140;
— Cuirtear mír 5 d'Airteagal 123 in ionad mhír 3 d'Airteagal 140.

([41]) — Cuirtear mír 3 d'Airteagal 123 in ionad mhír 1 d'Airteagal 141;
— Cuirtear na cúig fhleasc thosaigh d'Airteagal 117(2) in ionad mhír 2 d'Airteagal 141.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| *Airteagal 124(1) (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 142 |
| Airteagal 119 | Airteagal 143 |
| Airteagal 120 | Airteagal 144 |
| Airteagal 121(1) (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 140(1)* |
| Airteagal 121(2) go (4) (aisghairthe) | |
| Airteagal 122(1), (2), an chéad abairt, (3), (4), (5) agus (6) (aisghairthe) | |
| Airteagal 122(2), an dara habairt (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 140(2), an chéad fhomhír* |
| Airteagal 123(1), (2) agus (4) (aisghairthe) | |
| Airteagal 123(3) (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 141(1)* |
| Airteagal 123(5) (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 140(3)* |
| Airteagal 124(1) (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 142* |
| Airteagal 124(2) (aisghairthe) | |
| Teideal VIII – Fostaíocht | Teideal IX – Fostaíocht |
| Airteagal 125 | Airteagal 145 |
| Airteagal 126 | Airteagal 146 |
| Airteagal 127 | Airteagal 147 |
| Airteagal 128 | Airteagal 148 |
| Airteagal 129 | Airteagal 149 |
| Airteagal 130 | Airteagal 150 |
| Teideal IX – Comhbheartas tráchtála (ar athraíodh a ionad) | *Cuid a Cúig, Teideal II, Comhbheartas tráchtála* |
| Airteagal 131 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 206* |
| Airteagal 132 (aisghairthe) | |
| Airteagal 133 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 207* |
| Airteagal 134 (aisghairthe) | |
| Teideal X – Comhar custaim (ar athraíodh a ionad) | *Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2, Comhar custaim* |

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| Airteagal 135 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 33* |
| Teideal XI – Beartas sóisialta, oideachas, gairmoiliúint agus an óige | Teideal X – Beartas sóisialta |
| Caibidil 1 – Forálacha sóisialta (aisghairthe) | |
| Airteagal 136 | Airteagal 151 |
| | Airteagal 152 |
| Airteagal 137 | Airteagal 153 |
| Airteagal 138 | Airteagal 154 |
| Airteagal 139 | Airteagal 155 |
| Airteagal 140 | Airteagal 156 |
| Airteagal 141 | Airteagal 157 |
| Airteagal 142 | Airteagal 158 |
| Airteagal 143 | Airteagal 159 |
| Airteagal 144 | Airteagal 160 |
| Airteagal 145 | Airteagal 161 |
| Caibidil 2 – Ciste Sóisialta na hEorpa | Teideal XI – Ciste Sóisialta na hEorpa |
| Airteagal 146 | Airteagal 162 |
| Airteagal 147 | Airteagal 163 |
| Airteagal 148 | Airteagal 164 |
| Caibidil 3 – Oideachas, gairmoiliúint agus an óige | Teideal XII – Oideachas, gairmoiliúint, an óige agus an spórt |
| Airteagal 149 | Airteagal 165 |
| Airteagal 150 | Airteagal 166 |
| Teideal XII – Cultúr | Teideal XIII – Cultúr |
| Airteagal 151 | Airteagal 167 |
| Teideal XIII – Sláinte phoiblí | Teideal XIV – Sláinte phoiblí |
| Airteagal 152 | Airteagal 168 |
| Teideal XIV – Cosaint an tomhaltóra | Teideal XV – Cosaint an tomhaltóra |

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|
| Airteagal 153(1), (3), (4) agus (5) | Airteagal 169 |
| Airteagal 153(2) (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 12* |
| Teideal XV – Gréasáin thras-Eorpacha | Teideal XVI – Gréasáin thras-Eorpacha |
| Airteagal 154 | Airteagal 170 |
| Airteagal 155 | Airteagal 171 |
| Airteagal 156 | Airteagal 172 |
| Teideal XVI – Tionscal | Teideal XVII – Tionscal |
| Airteagal 157 | Airteagal 173 |
| Teideal XVII – Comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta | Teideal XVIII – Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach |
| Airteagal 158 | Airteagal 174 |
| Airteagal 159 | Airteagal 175 |
| Airteagal 160 | Airteagal 176 |
| Airteagal 161 | Airteagal 177 |
| Airteagal 162 | Airteagal 178 |
| Teideal XVIII – Taighde agus forbairt theicneolaíoch | Teideal XIX – Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás |
| Airteagal 163 | Airteagal 179 |
| Airteagal 164 | Airteagal 180 |
| Airteagal 165 | Airteagal 181 |
| Airteagal 166 | Airteagal 182 |
| Airteagal 167 | Airteagal 183 |
| Airteagal 168 | Airteagal 184 |
| Airteagal 169 | Airteagal 185 |
| Airteagal 170 | Airteagal 186 |
| Airteagal 171 | Airteagal 187 |
| Airteagal 172 | Airteagal 188 |
| | Airteagal 189 |

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| Airteagal 173 | Airteagal 190 |
| Teideal XIX – Comhshaol | Teideal XX – Comhshaol |
| Airteagal 174 | Airteagal 191 |
| Airteagal 175 | Airteagal 192 |
| Airteagal 176 | Airteagal 193 |
| | Teideal XXI – Fuinneamh |
| | Airteagal 194 |
| | Teideal XXII – Turasóireacht |
| | Airteagal 195 |
| | Teideal XXIII – Cosaint shibhialta |
| | Airteagal 196 |
| | Teideal XXIV – Comhar riaracháin |
| | Airteagal 197 |
| Teideal XX – Comhar um fhorbairt (ar athraíodh a ionad) | *Cuid a Cúig, Teideal III, Caibidil 1, Comhar um fhorbairt* |
| Airteagal 177 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 208* |
| Airteagal 178 (aisghairthe) ([42]) | |
| Airteagal 179 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 209* |
| Airteagal 180 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 210* |
| Airteagal 181 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 211* |
| Teideal XXI – Comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha (ar athraíodh a ionad) | *Cuid a Cúig, Teideal III, Caibidil 2, Comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha* |
| Airteagal 181a (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 212* |
| CUID A CEATHAIR – TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR A CHOMHLACHÚ | CUID A CEATHAIR – TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR A CHOMHLACHÚ |
| Airteagal 182 | Airteagal 198 |
| Airteagal 183 | Airteagal 199 |

([42]) Cuirtear an dara habairt den dara fomhír d'Airteagal 208(1) den CFAE in ionad shubstaint an Airteagail sin.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| Airteagal 184 | Airteagal 200 |
| Airteagal 185 | Airteagal 201 |
| Airteagal 186 | Airteagal 202 |
| Airteagal 187 | Airteagal 203 |
| Airteagal 188 | Airteagal 204 |
| | CUID A CÚIG – GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS |
| | Teideal 1 – Forálacha ginearálta maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais |
| | Airteagal 205 |
| *Cuid a Trí, Teideal IX, Comhbheartas tráchtála (ar athraíodh a ionad)* | Teideal II – Comhbheartas tráchtála |
| *Airteagal 131 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 206 |
| *Airteagal 133 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 207 |
| | Teideal III – Comhar le tríú tíortha agus cabhair dhaonnúil |
| *Cuid a Trí, Teideal XX, Comhar um fhorbairt (ar athraíodh a ionad)* | Caibidil 1 – Comhar um fhorbairt |
| *Airteagal 177 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 208 (43) |
| *Airteagal 179 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 209 |
| *Airteagal 180 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 210 |
| *Airteagal 181 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 211 |
| *Cuid a Trí, Teideal XXI, Comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha (ar athraíodh a ionad)* | Caibidil 2 – Comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha |
| *Airteagal 181a (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 212 |
| | Airteagal 213 |
| | Caibidil 3 – Cabhair dhaonnúil |
| | Airteagal 214 |
| | Teideal IV – Bearta sriantacha |

(43) Cuirtear an dara habairt den dara fomhír de mhír 1 in ionad shubstaint Airteagal 178 den Chonradh CE.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| *Airteagal 301 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)* | Airteagal 215 |
| | Teideal V – Comhaontuithe idirnáisiúnta |
| | Airteagal 216 |
| *Airteagal 310 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 217 |
| *Airteagal 300 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad)* | Airteagal 218 |
| *Airteagal 111(1) go (3) agus (5) (ar athraíodh a n-ionad)* | Airteagal 219 |
| | Teideal VI – Caidreamh an Aontais le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tríú tíortha agus toscaireachtaí an Aontais |
| *Airteagail 302 go 304 (Airteagail eile curtha ina n-ionad)* | Airteagal 220 |
| | Airteagal 221 |
| | Teideal VII – Clásal dlúthpháirtíochta |
| | Airteagal 222 |
| CUID A CÚIG – INSTITIÚIDÍ AN CHOMHPHOBAIL | CUID A SÉ – FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA AGUS AIRGEADAIS |
| Teideal I – Forálacha ag rialú na n-institiúidí | Teideal I – Forálacha ag rialú na n-institiúidí |
| Caibidil 1 – Na hInstitiúidí | Caibidil 1 – Na hInstitiúidí |
| Roinn 1 – Parlaimint na hEorpa | Roinn 1 – Parlaimint na hEorpa |
| Airteagal 189 (aisghairthe) ([44]) | |
| Airteagal 190(1) go (3) (aisghairthe) ([45]) | |
| Airteagal 190(4) agus (5) | Airteagal 223 |
| Airteagal 191, an chéad mhír (aisghairthe) ([46]) | |
| Airteagal 191, an dara mír | Airteagal 224 |
| Airteagal 192, an chéad mhír (aisghairthe) ([47]) | |
| Airteagal 192, an dara mír | Airteagal 225 |
| Airteagal 193 | Airteagal 226 |

([44]) Déantar mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 14 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([45]) Déantar míreanna 1 go 3 d'Airteagal 14 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint na míreanna sin.
([46]) Déantar mír 4 d'Airteagal 11 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint na míre sin.
([47]) Déantar mír 1 d'Airteagal 14 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint na míre sin.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| Airteagal 194 | Airteagal 227 |
| Airteagal 195 | Airteagal 228 |
| Airteagal 196 | Airteagal 229 |
| Airteagal 197, an chéad mhír (aisghairthe) ([48]) | |
| Airteagal 197, an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír | Airteagal 230 |
| Airteagal 198 | Airteagal 231 |
| Airteagal 199 | Airteagal 232 |
| Airteagal 200 | Airteagal 233 |
| Airteagal 201 | Airteagal 234 |
| | Roinn 2 – An Chomhairle Eorpach |
| | Airteagal 235 |
| | Airteagal 236 |
| Roinn 2 – An Chomhairle | Roinn 3 – An Chomhairle |
| Airteagal 202 (aisghairthe) ([49]) | |
| Airteagal 203 (aisghairthe) ([50]) | |
| Airteagal 204 | Airteagal 237 |
| Airteagal 205(2) agus (4) (aisghairthe) ([51]) | |
| Airteagal 205(1) agus (3) | Airteagal 238 |
| Airteagal 206 | Airteagal 239 |
| Airteagal 207 | Airteagal 240 |
| Airteagal 208 | Airteagal 241 |
| Airteagal 209 | Airteagal 242 |
| Airteagal 210 | Airteagal 243 |
| Roinn 3 – An Coimisiún | Roinn 4 – An Coimisiún |

([48]) Déantar mír 4 d'Airteagal 14 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint na míre sin.
([49]) Déantar mír 1 d'Airteagal 16 den Chonradh AE agus Airteagail 290 agus 291 den CFAE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([50]) Déantar mír 2 agus mír 9 d'Airteagal 16 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([51]) Déantar mír 4 agus mír 5 d'Airteagal 16 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint na míreanna sin.

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|
| Airteagal 211 (aisghairthe) ([52]) | |
| | Airteagal 244 |
| Airteagal 212 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 249(2)* |
| Airteagal 213 | Airteagal 245 |
| Airteagal 214 (aisghairthe) ([53]) | |
| Airteagal 215 | Airteagal 246 |
| Airteagal 216 | Airteagal 247 |
| Airteagal 217(1), (3) agus (4) (aisghairthe) ([54]) | |
| Airteagal 217(2) | Airteagal 248 |
| Airteagal 218(1) (aisghairthe) ([55]) | |
| Airteagal 218(2) | Airteagal 249 |
| Airteagal 219 | Airteagal 250 |
| Roinn 4 – An Chúirt Bhreithiúnais | Roinn 5 – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh |
| Airteagal 220 (aisghairthe) ([56]) | |
| Airteagal 221, an chéad mhír (aisghairthe) ([57]) | |
| Airteagal 221, an dara mír agus an tríú mír | Airteagal 251 |
| Airteagal 222 | Airteagal 252 |
| Airteagal 223 | Airteagal 253 |
| Airteagal 224 ([58]) | Airteagal 254 |
| | Airteagal 255 |
| Airteagal 225 | Airteagal 256 |
| Airteagal 225a | Airteagal 257 |

([52]) Déantar mír 1 d'Airteagal 17 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([53]) Déantar mír 3 agus mír 7 d'Airteagal 17 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([54]) Déantar mír 6 d'Airteagal 17 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint na míreanna sin.
([55]) Déantar Airteagal 295 den CFAE a chur in ionad shubstaint na míre sin.
([56]) Déantar Airteagal 19 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([57]) Déantar an chéad fhomhír de mhír 2 d'Airteagal 19 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint na míre sin.
([58]) Déantar an dara fomhír de mhír 2 d'Airteagal 19 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint na chéad abairte den chéad mhír den Airteagal sin.

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|
| Airteagal 226 | Airteagal 258 |
| Airteagal 227 | Airteagal 259 |
| Airteagal 228 | Airteagal 260 |
| Airteagal 229 | Airteagal 261 |
| Airteagal 229a | Airteagal 262 |
| Airteagal 230 | Airteagal 263 |
| Airteagal 231 | Airteagal 264 |
| Airteagal 232 | Airteagal 265 |
| Airteagal 233 | Airteagal 266 |
| Airteagal 234 | Airteagal 267 |
| Airteagal 235 | Airteagal 268 |
| | Airteagal 269 |
| Airteagal 236 | Airteagal 270 |
| Airteagal 237 | Airteagal 271 |
| Airteagal 238 | Airteagal 272 |
| Airteagal 239 | Airteagal 273 |
| Airteagal 240 | Airteagal 274 |
| | Airteagal 275 |
| | Airteagal 276 |
| Airteagal 241 | Airteagal 277 |
| Airteagal 242 | Airteagal 278 |
| Airteagal 243 | Airteagal 279 |
| Airteagal 244 | Airteagal 280 |
| Airteagal 245 | Airteagal 281 |
| | Roinn 6 – An Banc Ceannais Eorpach |
| | Airteagal 282 |
| *Airteagal 112 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 283 |

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| *Airteagal 113 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 284 |
| Roinn 5 – An Chúirt Iniúchóirí | Roinn 7 – An Chúirt Iniúchóirí |
| Airteagal 246 | Airteagal 285 |
| Airteagal 247 | Airteagal 286 |
| Airteagal 248 | Airteagal 287 |
| Caibidil 2 – Forálacha is coiteann d'institiúidí éagsúla | Caibidil 2 – Gníomhartha dlí an Aontais, nósanna imeachta glactha agus forálacha eile |
| | Roinn 1 – Gníomhartha dlí an Aontais |
| Airteagal 249 | Airteagal 288 |
| | Airteagal 289 |
| | Airteagal 290 [59] |
| | Airteagal 291 [59] |
| | Airteagal 292 |
| | Roinn 2 – Nósanna imeachta chun gníomhartha agus forálacha eile a ghlacadh |
| Airteagal 250 | Airteagal 293 |
| Airteagal 251 | Airteagal 294 |
| Airteagal 252 (aisghairthe) | |
| | Airteagal 295 |
| Airteagal 253 | Airteagal 296 |
| Airteagal 254 | Airteagal 297 |
| | Airteagal 298 |
| Airteagal 255 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 15* |
| Airteagal 256 | Airteagal 299 |
| | Caibidil 3 – Comhlachtaí comhairleacha an Aontais |
| | Airteagal 300 |
| Caibidil 3 – An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta | Roinn 1 – An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta |

[59] Cuirtear an tAirteagal sin in ionad shubstaint an tríú fleasc d'Airteagal 202 den Chonradh CE.

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|
| Airteagal 257 (aisghairthe) ([60]) | |
| Airteagal 258, an chéad mhír, an dara mír agus an ceathrú mír | Airteagal 301 |
| Airteagal 258, an tríú mír (aisghairthe) ([61]) | |
| Airteagal 259 | Airteagal 302 |
| Airteagal 260 | Airteagal 303 |
| Airteagal 261 (aisghairthe) | |
| Airteagal 262 | Airteagal 304 |
| Caibidil 4 – Coiste na Réigiún | Roinn 2 – Coiste na Réigiún |
| Airteagal 263, an chéad mhír agus an cúigiú mír (aisghairthe) ([62]) | |
| Airteagal 263, an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír | Airteagal 305 |
| Airteagal 264 | Airteagal 306 |
| Airteagal 265 | Airteagal 307 |
| Caibidil 5 – An Banc Eorpach Infheistíochta | Caibidil 4 – An Banc Eorpach Infheistíochta |
| Airteagal 266 | Airteagal 308 |
| Airteagal 267 | Airteagal 309 |
| Teideal II – Forálacha airgeadais | Teideal II – Forálacha airgeadais |
| Airteagal 268 | Airteagal 310 |
| | Caibidil 1 – Acmhainní dílse an Aontais |
| Airteagal 269 | Airteagal 311 |
| Airteagal 270 (aisghairthe) ([63]) | |
| | Caibidil 2 – An creat airgeadais ilbhliantúil |
| | Airteagal 312 |
| | Caibidil 3 – Buiséad bliantúil an Aontais |

([60]) Déantar mír 2 d'Airteagal 300 den CFAE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([61]) Déantar mír 4 d'Airteagal 300 den CFAE a chur in ionad shubstaint na míre sin.
([62]) Déantar mír 3 agus mír 4 d'Airteagal 300 den CFAE a chur in ionad shubstaint na míreanna sin.
([63]) Déantar mír 4 d'Airteagal 310 den CFAE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| *Airteagal 272(1) (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 313 |
| Airteagal 271 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 316* |
| Airteagal 272(1) (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 313* |
| Airteagal 272(2) go (10) | Airteagal 314 |
| Airteagal 273 | Airteagal 315 |
| *Airteagal 271 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 316 |
| | Caibidil 4 – An buiséad a chur chun feidhme agus a urscaoileadh |
| Airteagal 274 | Airteagal 317 |
| Airteagal 275 | Airteagal 318 |
| Airteagal 276 | Airteagal 319 |
| | Caibidil 5 – Forálacha coitianta |
| Airteagal 277 | Airteagal 320 |
| Airteagal 278 | Airteagal 321 |
| Airteagal 279 | Airteagal 322 |
| | Airteagal 323 |
| | Airteagal 324 |
| | Caibidil 6 – An comhrac in aghaidh na calaoise |
| Airteagal 280 | Airteagal 325 |
| | Teideal III – Comhar feabhsaithe |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 326 ([64]) |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad* | Airteagal 327 ([64]) |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad* | Airteagal 328 ([64]) |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad* | Airteagal 329 ([64]) |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad* | Airteagal 330 ([64]) |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 331 ([64]) |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad* | Airteagal 332 ([64]) |

([64]) Gabhann an tAirteagal seo freisin ionad Airteagal 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 den Chonradh AE reatha.

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad* | Airteagal 333 (64) |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad* | Airteagal 334 (64) |
| CUID A SÉ – FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA | CUID A SEACHT – FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA |
| Airteagal 281 (aisghairthe) (65) | |
| Airteagal 282 | Airteagal 335 |
| Airteagal 283 | Airteagal 336 |
| Airteagal 284 | Airteagal 337 |
| Airteagal 285 | Airteagal 338 |
| Airteagal 286 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) | *Airteagal 16* |
| Airteagal 287 | Airteagal 339 |
| Airteagal 288 | Airteagal 340 |
| Airteagal 289 | Airteagal 341 |
| Airteagal 290 | Airteagal 342 |
| Airteagal 291 | Airteagal 343 |
| Airteagal 292 | Airteagal 344 |
| Airteagal 293 (aisghairthe) | |
| Airteagal 294 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 55* |
| Airteagal 295 | Airteagal 345 |
| Airteagal 296 | Airteagal 346 |
| Airteagal 297 | Airteagal 347 |
| Airteagal 298 | Airteagal 348 |
| Airteagal 299(1) (aisghairthe) (66) | |
| Airteagal 299(2), an dara fomhír, an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír | Airteagal 349 |
| Airteagal 299(2), an chéad fhomhír, agus (3) go (6) (ar athraíodh a n-ionad) | *Airteagal 355* |

(64) Gabhann an tAirteagal seo freisin ionad Airteagal 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 den Chonradh AE reatha.

(65) Déantar Airteagal 47 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

(66) Déantar Airteagal 52 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint na míre sin.

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|
| Airteagal 300 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) | *Airteagal 218* |
| Airteagal 301 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) | *Airteagal 215* |
| Airteagal 302 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) | *Airteagal 220* |
| Airteagal 303 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) | *Airteagal 220* |
| Airteagal 304 (ar cuireadh Airteagal eile ina ionad) | *Airteagal 220* |
| Airteagal 305 (aisghairthe) | |
| Airteagal 306 | Airteagal 350 |
| Airteagal 307 | Airteagal 351 |
| Airteagal 308 | Airteagal 352 |
| | Airteagal 353 |
| Airteagal 309 | Airteagal 354 |
| Airteagal 310 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 217* |
| Airteagal 311 (aisghairthe) ([67]) | |
| *Airteagal 299(2), an chéad fhomhír, agus (3) go (6) (ar athraíodh a n-ionad)* | Airteagal 355 |
| Airteagal 312 | Airteagal 356 |
| Forálacha críochnaitheacha | |
| Airteagal 313 | Airteagal 357 |
| | Airteagal 358 |
| Airteagal 314 (aisghairthe) ([68]) | |

([67]) Déantar Airteagal 51 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.
([68]) Déantar Airteagal 55 den Chonradh AE a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

# CAIRT UM CHEARTA BUNÚSACHA AN AONTAIS EORPAIGH

(2012/C 326/02)

BROLLACH . . . . . 395

TEIDEAL I DÍNIT . . . . . 396

TEIDEAL II SAOIRSÍ . . . . . 397

TEIDEAL III COMHIONANNAS . . . . . 399

TEIDEAL IV DLÚTHPHÁIRTÍOCHT . . . . . 401

TEIDEAL V CEARTA NA SAORÁNACH . . . . . 403

TEIDEAL VI CEARTAS . . . . . 405

TEIDEAL VII FORÁLACHA GINEARÁLTA A bhFUIL LÉIRIÚ AGUS CUR I bhFEIDHM NA CAIRTE FAOINA RIALÚ . . . . . 406

# CAIRT UM CHEARTA BUNÚSACHA AN AONTAIS EORPAIGH

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an téacs seo a leanas a fhógairt go sollúnta mar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh:

# CAIRT UM CHEARTA BUNÚSACHA AN AONTAIS EORPAIGH

*Brollach*

Tá sé beartaithe ag pobail na hEorpa, trí aontas níos buandlúithe fós a chruthú eatarthu, todhchaí shíochánta arna fothú ar chomhluachanna a roinnt.

Ós feasach dó an oidhreacht spioradálta, mhorálta atá aige, tá an tAontas fothaithe ar luachanna dodhealaithe uilechoiteanna dhínit an duine, na saoirse, an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta; tá sé bunaithe ar phrionsabail an daonlathais agus an smachta reachta. Cuireann sé an duine i gceartlár a ghníomhaíochtaí trí shaoránacht an Aontais a chur ar bun agus trí limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú.

Rannchuidíonn an tAontas leis na comhluachanna sin a chaomhnú agus a fhorbairt agus urraim á tabhairt aige d'éagsúlacht chultúir agus thraidisiúin phobail na hEorpa, d'fhéiniúlacht náisiúnta na mBallstát agus d'eagrúchán a n-údarás poiblí ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal áitiúil; féachann sé le forbairt chothromúil inbhuanaithe a chur chun cinn agus áirithíonn sé saorghluaiseacht daoine, seirbhísí, earraí agus caipitil, agus saoirse bunaíochta.

Chuige sin, is gá cosaint na gceart bunúsach a neartú i bhfianaise an fhoráis sa tsochaí, an dul chun cinn sóisialta agus forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha trí na cearta sin a dhéanamh níos sofheicthe i gCairt.

Athdhaingníonn an Chairt seo, ag féachaint go cuí d'inniúlachtaí agus do chúraimí an Aontais agus do phrionsabal na coimhdeachta, na cearta a leanann go háirithe as na traidisiúin bhunreachtúla agus as na hoibleagáidí idirnáisiúnta is coiteann do na Ballstáit, as an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, as na Cairteanna Sóisialta arna nglacadh ag an Aontas agus ag Comhairle na hEorpa, agus as cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh cúirteanna an Aontais agus na mBallstát an Chairt a léiriú le haird chuí ar na míniúcháin arna n-ullmhú faoi údarás Praesidium an Choinbhinsiúin a dhréachtaigh an Chairt agus arna dtabhairt suas chun dáta faoi fhreagracht Praesidium an Choinbhinsiúin Eorpaigh.

Tá freagrachtaí agus dualgais i dtaca le daoine eile, leis an bpobal daonna agus leis na glúnta atá le teacht ag gabháil le teachtadh na gceart sin.

Dá dheasca sin, aithníonn an tAontas na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá leagtha amach anseo thíos.

# TEIDEAL I

## DÍNIT

*Airteagal 1*

**Dínit an duine**

Tá dínit an duine dosháraithe. Ní mór an dínit sin a urramú agus a chosaint.

*Airteagal 2*

**Ceart chun beatha**

1. Tá ag gach duine an ceart chun beatha.

2. Ní dhéanfar aon duine a dhaoradh chun pionós an bháis ná a chur chun báis.

*Airteagal 3*

**An ceart chun iomláine an duine**

1. Tá ag gach duine an ceart go dtabharfar meas ar a iomláine nó ar a hiomláine choirp agus mheabhrach.

2. I réimsí na míochaine agus na bitheolaíochta, ní mór na nithe seo a leanas go háirithe a urramú:

(a) toiliú saor feasach an duine i dtrácht, de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos le dlí;

(b) toirmeasc ar chleachtais dea-ghinice, go háirithe na cleachtais sin arb é is aidhm dóibh daoine a roghnú;

(c) toirmeasc ar fhoinse bhrabúis a dhéanamh den chorp daonna agus de bhaill den chorp, ina gcáil mar chorp agus mar bhaill den chorp;

(d) toirmeasc ar chlónáil atáirgeach daoine.

*Airteagal 4*

**Toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach**

Ní dhéanfar céastóireacht ar aon duine ná ní chuirfear aon íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach ar aon duine.

*Airteagal 5*

**Toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe**

1. Ní dhéanfar aon duine a choimeád faoi sclábhaíocht nó faoi dhaoirse.

2. Ní dhéanfar iallach a chur ar aon duine saothar éignithe nó éigeantach a dhéanamh.

3. Toirmisctear an gháinneáil ar dhaoine.

TEIDEAL II

**SAOIRSÍ**

*Airteagal 6*

**An ceart chun saoirse agus slándála**

Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse agus slándála pearsan.

*Airteagal 7*

**Meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh**

Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú.

*Airteagal 8*

**Sonraí pearsanta a chosaint**

1. Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

2. Ní mór sonraí den sórt sin a phróiseáil go cóir ar mhaithe le cuspóirí sonracha agus ar bhonn thoiliú an duine i dtrácht nó ar bhonn dlisteanach éigin eile arna leagan síos le dlí. Tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar shonraí atá bailithe agus a bhaineann leis nó léi, agus an ceart go ndéanfar na sonraí sin a cheartú.

3. Beidh comhlíonadh na rialacha sin faoi réir a rialaithe ag údarás neamhspleách.

*Airteagal 9*

**An ceart chun pósadh agus an ceart chun teaghlach a bhunú**

Déanfar an ceart chun pósadh agus an ceart chun teaghlach a bhunú a ráthú i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta lena rialaítear feidhmiú na gceart sin.

*Airteagal 10*

**Saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin**

1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin. Tá ar áireamh sa cheart sin saoirse chun reiligiún nó creideamh a athrú agus saoirse, mar dhuine aonair nó i gcomhluadar le daoine eile agus go poiblí nó go príobháideach, reiligiún nó creideamh a léiriú trí adhradh, trí theagasc, trí chleachtas agus trí dheasghnátha.

2. Aithnítear an ceart chun agóid choinsiasach a dhéanamh i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta lena rialaítear feidhmiú an chirt sin.

*Airteagal 11*

**Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil**

1. Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse nochtaithe tuairime. Folóidh an ceart sin saoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus ar neamhaird ar theorainneacha.

2. Déanfar saoirse agus iolrachas na meán a urramú.

*Airteagal 12*

**Saoirse comhthionóil agus comhlachais**

1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse comhthionóil shíochánta agus chun saoirse comhlachais ar gach leibhéal, go háirithe in ábhair pholaitiúla, ceardchumainn agus sibhialta, rud a thugann le tuiscint go bhfuil ag gach duine an ceart chun ceardchumainn a chur ar bun agus an ceart chun bheith mar bhall de cheardchumainn chun a leasanna a chosaint.

2. Rannchuidíonn na páirtithe polaitiúla ar leibhéal Aontais chun toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl.

*Airteagal 13*

**Saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí**

Beidh na healaíona agus an taighde eolaíoch saor ó shriantacht. Déanfar an tsaoirse acadúil a urramú.

*Airteagal 14*

**An ceart chun oideachais**

1. Tá ag gach duine an ceart chun oideachais agus chun rochtain a fháil ar ghairmoiliúint agus ar oiliúint leanúnach.

2. Folaíonn an ceart sin an chaoi chun saoroideachas éigeantach a fháil.

3. Déanfar an tsaoirse chun forais oideachasúla a chur ar bun le hurraim chuí do phrionsabail dhaonlathacha agus do cheart tuismitheoirí a áirithiú go ndéanfar a leanaí a oiliúint agus a theagasc i gcomhréir lena n-áitiúis reiligiúnacha, fhealsúnacha agus oideolaíocha, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta lena rialaítear feidhmiú na saoirse agus na gceart sin.

*Airteagal 15*

**Saoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh**

1. Tá ag gach duine an ceart chun obair a dhéanamh agus gabháil do shlí bheatha atá roghnaithe nó glactha go saorálach aige nó aici.

2. Tá ag gach saoránach den Aontas an tsaoirse chun fostaíocht a lorg, chun obair a dhéanamh, agus chun an ceart chun gnóthas a chur ar bun agus seirbhísí a sholáthar nó a fháil in aon Bhallstát a fheidhmiú.

3. Tá náisiúnaigh tríú tíortha atá údaraithe chun obair a dhéanamh ar chríoch na mBallstát i dteideal dálaí oibre a bheith acu atá coibhéiseach leis na dálaí oibre atá ag saoránaigh an Aontais.

*Airteagal 16*

**Saoirse chun gnó a sheoladh**

Aithnítear an tsaoirse chun gnó a sheoladh i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

*Airteagal 17*

**An ceart chun maoine**

1. Tá ag gach duine an ceart chun a shealúchais nó a sealúchais arna bhfáil go dleathach a shealbhú, a úsáid, a dhiúscairt agus a thiomnú. Ní fhéadfar a shealúchais nó a sealúchais a cheilt ar dhuine ach amháin ar mhaithe leis an leas poiblí agus sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí, ach sin faoi réir cúiteamh cóir a íoc in am trátha mar chomaoin ar chailleadh na sealúchas sin. Féadfar úsáid maoine a rialáil le dlí a mhéad is gá sin ar mhaithe leis an leas ginearálta.

2. Déanfar an mhaoin intleachtúil a chosaint.

*Airteagal 18*

**An ceart chun tearmainn**

Ráthófar an ceart chun tearmainn agus urraim chuí á tabhairt do rialacha Choinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 agus Phrótacal an 31 Eanáir 1967 a bhaineann le stádas dídeanaithe agus i gcomhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'na Conarthaí' anseo feasta).

*Airteagal 19*

**Cosaint i gcás ina dtarlaíonn aistriú, díbirt nó eiseachadadh**

1. Toirmiscfear díbirtí comhchoiteanna.

2. Ní fhéadfar aon duine a aistriú, a dhíbirt nó a eiseachadadh chuig Stát ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfar é nó í a chur faoi phionós an bháis nó a chéasadh nó íde nó pionós eile atá mídhaonna nó táireach a chur air nó uirthi.

TEIDEAL III

**COMHIONANNAS**

*Airteagal 20*

**Comhionannas os comhair an dlí**

Is comhionann gach duine os comhair an dlí.

*Airteagal 21*

**Neamh-idirdhealú**

1. Toirmiscfear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.

2. Laistigh de raon feidhme na gConarthaí, agus gan dochar d'aon cheann dá bhforálacha sonracha, toirmiscfear aon idirdhealú ar fhoras náisiúntachta.

*Airteagal 22*

**Éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga**

Déanfaidh an tAontas an éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga a urramú.

*Airteagal 23*

**Comhionannas idir mná agus fir**

Ní mór an comhionannas idir mná agus fir a áirithiú i ngach réimse, lena n-áirítear fostaíocht, obair agus pá.

Ní chuirfidh prionsabal an chomhionannais cosc ar bhearta a choimeád ar bun nó a ghlacadh lena bhforáiltear do bhuntáistí sonracha i bhfabhar an ghnéis thearcionadaithe.

*Airteagal 24*

**Cearta an linbh**

1. Beidh ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail. Féadfaidh siad a dtuairimí a nochtadh go saorálach. Cuirfear na tuairimí sin san áireamh i dtaca le hábhair a bhaineann leo i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht.

2. I ngach gníomh a bhaineann le leanaí, bíodh sé á ghlacadh ag údaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha, ní mór leas an linbh a bheith ar na dálaí is tábhachtaí atá le cur san áireamh.

3. Beidh ag gach leanbh an ceart chun caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a bheith aige nó aici go tráthrialta lena bheirt nó lena beirt thuismitheoirí mura rud é go bhfuil sé sin contrártha le leasanna an linbh.

*Airteagal 25*

**Cearta daoine scothaosta**

Aithníonn agus urramaíonn an tAontas cearta daoine scothaosta chun saol faoi dhínit agus neamhspleáchas a bheith acu agus chun páirt a ghlacadh sa saol sóisialta agus cultúrtha.

*Airteagal 26*

**Daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú**

Aithníonn agus urramaíonn an tAontas ceart daoine faoi mhíchumas chun tairbhiú de bhearta atá ceaptha chun neamhspleáchas na ndaoine sin, a lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú.

## TEIDEAL IV

## DLÚTHPHÁIRTÍOCHT

*Airteagal 27*

**Ceart oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin sa ghnóthas**

Ní mór a ráthú go dtabharfar faisnéis d'oibrithe nó dá gcuid ionadaithe agus go ndéanfar comhairliúchán leo, ar gach leibhéal iomchuí agus in am trátha, sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i ndlí an Aontais agus i ndlíthe agus i gcleachtais náisiúnta.

*Airteagal 28*

**An ceart chun comhargántaíochta agus chun gníomhaíochta comhchoitinne**

Tá an ceart ag fostóirí agus ag fostaithe, nó ag a n-eagraíochtaí faoi seach, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta, dul i mbun caibidlíochta agus comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích ar na leibhéil iomchuí agus, má tá coinbhleacht leasa ann, chun gníomhaíocht chomhchoiteann a ghlacadh, lena n-áirítear dul ar stailc, chun a leasanna féin a chosaint.

*Airteagal 29*

**An ceart chun rochtain a fháil ar sheirbhís socrúcháin**

Tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil saor in aisce ar sheirbhís socrúcháin.

*Airteagal 30*

**Cosaint i gcás ina dtarlaíonn dífhostú neamh-inleithscéil**

Tá ag gach oibrí an ceart chun cosaint a fháil ar dhífhostú neamh-inleithscéil, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

*Airteagal 31*

**Dálaí oibre cothroma agus córa**

1. Tá ag gach oibrí an ceart chun dálaí oibre lena n-urramaítear a shláinte nó a sláinte, a shábháilteacht nó a sábháilteacht agus a dhínit nó a dínit.

2. Tá ag gach oibrí an ceart chun go mbeidh teorainn leis an líon uasta uaireanta oibre, chun tréimhsí sosa in aghaidh an lae agus in aghaidh na seachtaine agus chun tréimhse saoire le pá in aghaidh na bliana.

*Airteagal 32*

**Toirmeasc ar leanaí a bheith ag obair agus cosaint daoine óga ag an obair**

Toirmisctear fostaíocht a thabhairt do leanaí. Ní fhéadfaidh an aois íosta chun dul i mbun fostaíochta a bheith níos ísle ná an aois íosta chun an scoil a fhágáil, gan dochar do cibé rialacha atá níos fabhrúla do dhaoine óga agus seachas i gcás maoluithe teoranta amháin.

Daoine óga a gceadaítear dóibh dul i mbun fostaíochta, ní mór dálaí oibre a bheith acu a oireann dá n-aois agus ní mór iad a chosaint ar dhúshaothrú eacnamaíoch agus ar aon obair ar dóigh di a sábháilteacht, a sláinte, a bhforbairt choirp, mheabhrach, mhorálta nó shóisialta a dhochrú nó cur isteach ar a n-oideachas.

*Airteagal 33*

**Saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil**

1. Beidh ag an teaghlach cosaint dhlítheanach, eacnamaíoch agus shóisialta.

2. Chun gur féidir comhréiteach a fháil idir saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil, beidh ag gach duine an ceart chun cosaint a fháil ar dhífhostú ar chúis atá bainteach le máithreachas agus an ceart chun saoire mháithreachais le pá agus chun saoire do thuismitheoir tar éis breithe nó uchtála linbh.

*Airteagal 34*

**Slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta**

1. Aithníonn agus urramaíonn an tAontas an teideal chuig liúntais slándála sóisialta agus seirbhísí sóisialta lena soláthraítear cosaint i gcásanna amhail máithreachas, breoiteacht, tionóiscí tionsclaíocha, cleithiúnas nó seanaois agus i gcásanna ina gcailltear fostaíocht, ach sin i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

2. Tá gach duine a chónaíonn agus a ghluaiseann go dleathach laistigh den Aontas Eorpach i dteideal liúntais slándála sóisialta agus buntáistí sóisialta a fháil i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

3. D'fhonn eisiamh sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac, aithníonn agus urramaíonn an tAontas an ceart chun cúnamh sóisialta agus tithíochta a fháil chun a áirithiú go bhfuil caighdeán maireachtála cuibhiúil ag na daoine sin go léir gan acmhainní leordhóthanacha, de réir na rialacha atá leagtha síos le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

*Airteagal 35*

**Cúram sláinte**

Tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus chun tairbhiú den chóireáil leighis faoi na coinníollacha atá bunaithe le dlíthe agus cleachtais náisiúnta. Déanfar ardleibhéal cosanta ar shláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.

*Airteagal 36*

**Rochtain ar sheirbhísí ar mhaithe le leas eacnamaíoch ginearálta**

Aithníonn agus urramaíonn an tAontas rochtain ar sheirbhísí ar mhaithe le leas eacnamaíoch ginearálta dá bhforáiltear i ndlíthe agus i gcleachtais náisiúnta, i gcomhréir leis na Conarthaí, d'fhonn comhtháthú sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn.

*Airteagal 37*

**Cosaint an chomhshaoil**

Ní mór ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a lánpháirtiú i mbeartais an Aontais, agus a áirithiú i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe.

*Airteagal 38*

**Cosaint tomhaltóirí**

Déanfar ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú i mbeartais an Aontais.

TEIDEAL V

**CEARTA NA SAORÁNACH**

*Airteagal 39*

**An ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa**

1. Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát ina gcónaíonn sé nó sí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin.

2. Toghfar comhaltaí do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, trí shaorbhallóid rúnda

*Airteagal 40*

**An ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha**

Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát ina gcónaíonn sé nó sí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin.

*Airteagal 41*

**An ceart chun dea-riaracháin**

1. Tá ag gach duine an ceart go ndéanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta.

2. Folaíonn an ceart sin:

(a) ceart gach duine chun éisteacht a fháil sula nglactar aon bheart leithleach i ndáil leis nó léi ar beart é a dhéanfadh dochar dó nó di;

(b) ceart gach duine rochtain a fháil ar a chomhad nó a comhad, agus leasanna dlisteanacha rúndachta agus sicréideachta gairmiúla agus gnó á n-urramú ag an am céanna;

(c) an oibleagáid atá ar an lucht riaracháin cúiseanna a thabhairt lena chinntí.

3. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, tá ag gach duine an ceart go ndéanfaidh an tAontas aon damáiste a shlánú a raibh a institiúidí nó a oifigigh ina siocair leis i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna.

4. Féadfaidh gach duine scríobh chuig institiúidí an Aontais i gceann de theangacha na gConarthaí agus caithfidh sé nó sí freagra a fháil sa teanga chéanna.

*Airteagal 42*

**An ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid**

Tá ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, is cuma cén meán ina bhfuil siad.

*Airteagal 43*

**Ombudsman Eorpach**

Tá ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát an ceart chun cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach, a tharchur chuig an Ombudsman Eorpach.

*Airteagal 44*

**An ceart chun achainí a dhéanamh**

Tá ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát an ceart chun achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa.

*Airteagal 45*

**Saoirse gluaiseachta agus saoirse cónaithe**

1. Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát.

2. Féadfar saoirse gluaiseachta agus cónaithe a dheonú, i gcomhréir leis na Conarthaí, do náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar chríoch Ballstáit.

*Airteagal 46*

**Cosaint taidhleoireachta agus chonsalach**

Beidh gach saoránach den Aontas, ar chríoch tríú tíre nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnach de é nó í, i dteideal cosaint a fháil ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit sin.

## TEIDEAL VI

## CEARTAS

*Airteagal 47*

**An ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil**

Tá ag gach duine a ndéantar a chearta nó a cearta agus a shaoirsí nó a saoirsí, arna ráthú le dlí an Aontais, a shárú, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ó bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí. Beidh an chaoi ag gach duine go ndéanfar é nó í a chomhairliú, a chosaint agus a ionadú.

Déanfar cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu a mhéad is gá an cúnamh sin chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú.

*Airteagal 48*

**Toimhde na neamhchiontachta agus ceart chun cosaint a fháil**

1. Toimhdeofar gach duine atá cúisithe a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar é nó í a bheith ciontach de réir dlí.

2. Déanfar urraim ar na cearta maidir le cosaint aon duine atá cúisithe a ráthú.

*Airteagal 49*

**Prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis**

1. Ní bhfaighfear aon duine ciontach in aon chion coiriúil i ngeall ar aon ghníomh nó neamhghníomh nár chion coiriúil é faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta tráth a dhéanta. Ná ní ghearrfar pionós is troime ná mar dob inghearrtha an tráth a rinneadh an cion coiriúil. Más rud é, tar éis an cion coiriúil a dhéanamh, go bhforáiltear do phionós níos éadroime sa dlí, beidh an pionós sin infheidhme.

2. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do thriail agus do phionósú aon duine i ngeall ar aon ghníomh nó neamhghníomh a bhí, tráth a dhéanta, coiriúil de réir na bprionsabal ginearálta atá aitheanta ag pobal na náisiún.

3. Ní ceadmhach déine na bpionós a bheith neamhchomhréireach leis an gcion coiriúil.

### *Airteagal 50*

**An ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna**

Ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh é nó í go críochnaitheach san Aontas i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí.

## TEIDEAL VII

## FORÁLACHA GINEARÁLTA A bhFUIL LÉIRIÚ AGUS CUR I bhFEIDHM NA CAIRTE FAOINA RIALÚ

### *Airteagal 51*

**Raon feidhme**

1. Tá forálacha na Cairte seo dírithe ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais le hurraim chuí do phrionsabal na coimhdeachta, agus ar na Ballstáit an tráth a gcuireann siad dlí an Aontais chun feidhme, agus an tráth sin amháin. Dá dheasca sin, tabharfaidh siad aird ar na cearta, déanfaidh siad na prionsabail a urramú agus cuirfidh a gcur i bhfeidhm chun cinn i gcomhréir lena gcumhachtaí faoi seach agus na teorainneacha atá ar chumhachtaí an Aontais mar atá siad tugtha dó sna Conarthaí á n-urramú acu.

2. Ní dhéanann an Chairt seo raon feidhme dhlí an Aontais a fhorleathnú thar chumhachtaí an Aontais ná aon chumhacht ná aon chúram nua a bhunú don Aontas, ná cumhachtaí agus cúraimí atá sainithe sna Conarthaí a mhodhnú.

### *Airteagal 52*

**Raon feidhme agus léiriú na gceart agus na bprionsabal**

1. Ní mór foráil le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo agus ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

2. Déanfar cearta arna n-aithint sa Chairt seo agus dá bhforáiltear sna Conarthaí a fheidhmiú faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá sainithe sna Conarthaí sin.

3. A mhéid a chuimsíonn an Chairt seo cearta a fhreagraíonn do chearta arna ráthú leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, is ionann an bhrí agus an raon feidhme a bheidh ag na cearta sin agus an bhrí agus an raon feidhme atá leagtha síos leis an gCoinbhinsiún sin. Ní choiscfidh an fhoráil seo dlí an Aontais ar chosaint níos forleithne a sholáthar.

4. A mhéid a aithníonn an Chairt seo saoirsí bunúsacha mar a leanann siad ó na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, déanfar na cearta sin a léiriú ar aon dul leis na traidisiúin sin.

5. Forálacha den Chairt seo ina bhfuil prionsabail, féadfar iad a chur chun feidhme le gníomhartha reachtacha agus feidhmiúcháin arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus le gníomhartha ó na Ballstáit nuair a bhíonn dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, i bhfeidhmiú a gcumhachtaí faoi seach. Ní fhéadfar iad a agairt os comhair cúirte ach amháin i dtaca le léiriú na ngníomhartha sin agus le rialú ar a ndlíthiúlacht.

6. Tabharfar aird iomlán, faoi mar atá sonraithe sa Chairt seo, ar dhlíthe agus ar chleachtais náisiúnta.

7. Tabharfaidh cúirteanna an Aontais agus na mBallstát aird chuí ar na mínithe arna dtarraingt suas mar threoir ar mhaithe leis an gCairt seo a léiriú.

*Airteagal 53*

**Leibhéal na cosanta**

Ní léireofar aon fhoráil sa Chairt seo sa chaoi go ndéanfar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a shrianadh nó a dhochrú mar atá siad arna n-aithint, ina raonta feidhme faoi seach, le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta agus le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas nó na Ballstáit uile ina bpáirtithe iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus le bunreachtanna na mBallstát.

*Airteagal 54*

**Toirmeasc ar chearta a mhí-úsáid**

Ní léireofar aon ní sa Chairt seo ar dhóigh a thabharfadh le tuiscint go bhfuil aon cheart ann chun gabháil le haon ghníomhaíocht nó aon ghníomh a dhéanamh arb é is aidhm dó na cearta nó na saoirsí atá aitheanta sa Chairt seo a mhilleadh nó iad a theorannú níos mó ná mar a fhoráiltear sa Chairt.

° ° °

Ionchorpraítear sa téacs seo thuas, arna leasú, an Chairt a fógraíodh an 7 Nollaig 2000 agus gabhfaidh sé a hionad ón lá a dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm.

## COSTAS SÍNTIÚIS 2012 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---|---|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + DVD bliantúil | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 310 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 840 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, DVD míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 100 sa bhliain |
| Forlíonadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, DVD, eagrán amháin sa tseachtain | Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C — comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Dhá shraith atá san Iris Oifigiúil, L (Reachtaíocht) agus C (Faisnéis agus Fógraí).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, a foilsíodh in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl ceangal ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi láthair, na gníomhartha go léir a tharraingt suas as Gaeilge ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Dá bhrí sin, déantar na heagráin Gaeilge den Iris Oifigiúil a dhíol astu féin leis an bpobal.

Is éard atá san Fhorlíonadh ar an Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar DVD ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat Iarscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi Iarscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

## Díolacháin agus síntiúis

Na síntiúis do thréimhseacháin éagsúla a gcaithfear íoc astu, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá siad ar fáil ónár n-oifigí díolacháin. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

**Tairiscíonn EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu**

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA